



Provided by the author(s) and University of Galway in accordance with publisher policies. Please cite the published version when available.

Title	Gearaltaigh Dheasmhumhan mar Phátrúin agus mar Údair i Réimse Léann agus Litríocht na Gaeilge
Author(s)	Ó Catháin, Dónal
Publication Date	2016-09-16
Item record	http://hdl.handle.net/10379/6499

Downloaded 2024-04-20T02:04:04Z

Some rights reserved. For more information, please see the item record link above.



**Gearaltaigh Dheasmhumhan mar
Phátrúin agus mar Údair i Réimse
Léann agus Litríocht na Gaeilge**

Tráchtas PhD

**Roinn na Nua-Ghaeilge,
Ollscoil na hÉireann, Gaillimh
Gaillimh**

Stiúrthóirí: An Dr. Clodagh Downey
An Dr. Nollaig Ó Muraíle

Dónal Ó Catháin
Meán Fómhair, 2016

Gearaltaigh Dheasmhumhan mar Phátrúin agus mar Údair i Réimse Léann agus Litríocht na Gaeilge

Achoimre

Sa tráchtas seo pléitear an phátrúnacht a dhein na Gearaltaigh, Iarlaí Dheasmhumhan, ar theaghlaigh léannta na hÉireann agus an caidreamh a bhí ag an teaghlach sin le léann agus cultúr na Gaeilge sna meánaoiseanna déanacha. Féachtar ach go háirithe ar na nascanna a bhí acu le teaghlaigh léannta na hÉireann, idir staraithe, scríobhaithe, filí agus taidhleoirí. Pléitear cás na nGearaltach agus iad suite idir an dá chultúr.

Féachtar ar na cuntais staire is tábhachtaí a scríobhadh dosna Gearaltaigh agus fúthu. Scrúdaítear na lámhscríbhinní a bhí i seilbh na nGearaltach agus na nascanna a bhí acu le lámhscríbhinní móra na hÉireann. Deintear na saothair staire a foilsíodh go dtí seo a mheas i gcomhthéacs na bhfoinsí Gaelacha, amhail na hAnnála, filíocht na mbard agus ábhar eile a fuarthas sna lámhscríbhinní. Féachtar ach go háirithe ar lámhscríbhinní agus ar fhoinsí foilsithe a raibh dlúthbhaint ag na Gearaltaigh leo. Mar chuid de seo, tugtar an t-ábhar neamhfhoilsithe is tábhachtaí, a bhaineann leis na Gearaltaigh, sna hAguisíní.

An Clár

Achoimre		ii
Buíochas		vi
Noda		viii
Réamhrá		1
	Na hIarlaí	8
Caibidil 1	‘Seanchas Gearaltach’	14
1.1	Réamhrá	14
1.2	<i>Seanchas na nGearaltach</i>	16
1.2.1	Na Leaganacha Éagsúla	16
1.2.2	<i>Seanchas na nGearaltach</i> (1)	17
1.2.3	<i>Seanchas na nGearaltach</i> (2)	24
1.2.4	<i>Seanchas na nGearaltach</i> (3)	29
1.2.5	Difríochtaí agus Comparáid	36
1.3	Na Dánta	39
1.3.1	Na Dánta mar Sheanchas	39
1.3.2	<i>Cá méad gabhál fhuair Éire?</i>	40
1.3.3	<i>Canfaidher (Leanfaidher) liom lorg na bhfear</i>	46
1.4	Na Cuntais Eile	52
1.4.1	<i>Craobhsgaoileadh Sleachta na hIarlachta</i>	52
1.4.2	<i>Obitus</i> na nGearaltach	54
1.4.3	Stair na nGearaltach i Láimh Uí Ghormáin	58
Caibidil 2	Lámhscríbhinní	60
2.1	Réamhrá	60
2.2	Lámhscríbhinní i Seilbh na nGearaltach	60
2.2.1	Lámhscríbhinní i Seilbh Ghearaltaigh na Mumhan	60
2.2.2	Leabharlanna Gearaltacha	65
2.3	<i>Seanchas na nGearaltach</i> - Na Lámhscríbhinní	70
2.3.1	<i>Seanchas na nGearaltach</i> (1)	70
2.3.2	<i>Seanchas na nGearaltach</i> (2) - Leaganacha agus Lámhscríbhinní	78
2.3.3	<i>Seanchas na nGearaltach</i> (3) agus an Traidisiún Cóipeála san 18 ^ú hAois	78
2.4	Duanairí agus Lámhscríbhinní Tábhachtacha Eile	80
2.4.1	Na Duanairí	80
2.4.2	An Duanaire Núinseannach	81
2.4.3	Leabhar Uí Chonchobhair Dhoinn	86
2.4.4	BL Add. 31156 agus NUIM C 63	88
Caibidil 3	An Tréimhse Luath (1200-1400)	91
3.1	Réamhrá	91
3.2	An Cúlra Stairiúil	92
3.2.1	Tomás Mór (†1213)	92
3.2.2	Seán Challainne agus Muiris (†1261)	93
3.2.3	Tomás ‘an Ápa’ (†1298)	94

3.2.4	Muiris mac Thomáis, Céad Iarla Dheasmhumhan (†1356)	97
3.2.5	Muiris Óg, Dara hIarla Dheasmhumhan (†1358)	101
3.3	Nascanna leis na Gaeil agus le Gaeilge sa Tréimhse Luath	103
3.3.1	Sadhbh, Bean Thomáis Mhóir	103
3.3.2	Seanaid i Litríocht na Gaeilge	104
3.3.3	Cath Challainne agus Idirghabháil leis na Cárthaigh	106
3.3.4	Callainn i Litríocht na Gaeilge	108
3.3.5	<i>Mise a Aimi ar h'inchaibh féin</i>	110
3.3.6	Leabhar Fhear Maighe, Aimi agus Gearóid Iarla	118
Caibidil 4	Gearóid Iarla, Clann Ghearóid agus Cúrsaí Teanga	127
4.1	Réamhrá	127
4.2	An Cúlra Stairiúil	127
4.2.1	Saol Ghearóid Iarla	127
4.2.2	Bean agus Clann Ghearóid Iarla	135
4.2.3	Gearóid Iarla: Bás agus Béaloideas	149
4.3	Teangacha na nGearaltach sa Tréimhse Luath	152
4.3.1	Béarla, Laidin agus Gaeilge	152
4.3.2	Na hIarlaí Luatha agus an Fhraincis	157
4.4	Filíocht Ghearóid Iarla	164
4.4.1	An Duanaire agus Gearóid mar Fhile	164
4.4.2	Tionchar Fhilíocht na Fraince agus na hÉireann ar Ghearóid Iarla	175
Caibidil 5	Gofraidh Fionn Ó Dálaigh	180
5.1	Réamhrá	180
5.2	Bunús agus Óige Ghofraidh Fhinn	180
5.2.1	Gofraidh Fionn agus <i>Madh fiafraidheach budh feasach</i>	180
5.2.2	Óige agus Oiliúint Ghofraidh	185
5.3	Pátrúin Ghofraidh	191
5.4	Gofraidh agus na Gearaltaigh	198
5.4.1	Gofraidh mar Fhile na nGearaltach	198
5.4.2	<i>A Ghearóid déana mo dháil</i>	199
5.4.3	<i>Mór ar bfearg riot, a rí Saxan</i>	204
5.4.4	<i>Iongaibh thú orm, a Iarla</i>	208
Caibidil 6	Na Gearaltaigh, na Teaghlaigh Léannta, agus Pátrúnacht sa Chúigiú agus sa Séú hAois Déag	211
6.1	Réamhrá	211
6.2	Na Gearaltaigh agus na Teaghlaigh Léannta	211
6.2.1	Teaghlaigh Léannta ar Thailte na nIarlaí, 1584	211
6.2.2	Na Gearaltaigh agus Muintir Dhálaigh sa Chúigiú hAois Déag	214
6.2.3	Muintir Dhálaigh mar Thaidhleoirí	219
6.2.4	Cúchonnacht, Conchobhar na Scoile, agus an tAth. Domhnall Ó Dálaigh	224
6.2.5	Donnchadh an tSneachta Mac Craith	236
6.2.6	<i>Liaigh mo thuirse tásg mo ríogh</i>	240
6.2.7	Muintir Ifearnáin agus Clann Bhruaideadha	243
6.2.8	Filí Gearaltacha agus Tagairtí do Theaghlaigh Léannta Eile ag Deireadh na 16 ^ú hAoise	253
6.3	Na Gearaltaigh agus Clann Uí Mhaoil Chonaire	255

6.3.1	Clann Uí Mhaoil Chonaire	255
6.3.2	Na Gearaltaigh agus Idirphósadh leis na Buitléaraigh 1468-1614	257
6.3.3	Clann Uí Mhaoil Chonaire, na Gearaltaigh, agus na Buitléaraigh 1468-1600	258
6.3.4	Na Gearaltaigh, Laud Misc. 610, agus Clann Uí Mhaoil Chonaire	261
6.4	Séamus mac Ghearóid Iarla, Tomás an Droichid, agus an Léann sa Chúigiú hAois Déag	269
6.4.1	Séamus mac Ghearóid Iarla agus an tAos Léinn	269
6.4.2	Tomás an Droichid agus a Chlann mar Phátrúin	274
6.4.3	Seán ‘Mac an Iarla’ (†1536)	276
Conclúid		278
Aguisíní		285
Aguisín 1	Craobhacha Ginealaigh na nGearaltach	286
Aguisín 2	<i>Seanchas na nGearaltach</i> (3)	291
Aguisín 3	<i>Canfaidher liom lorg na bhfear</i>	309
Aguisín 4	Muiris Ó Gormáin - ‘Dhá bliaghain 7 dá fhichid’	342
Aguisín 5	‘Instructions for the Earl of Desmond’ (1584)	343
Lámhscríbhinní		349
Leabharliosta		352

Buíochas

Buíochas ó chroí leis an Dr Clodagh Downey agus leis an Dr Nollaig Ó Muraíle, as a gcomhairle, a dtacaíocht, a bhflaithiúlacht agus a bhfoighne. Táim go mór fé chomaoín acu as ucht a gcuid moltaí agus a gcuid eolais a roinnt liom go fial flaithiúil le blianta beaga anuas. Táim thar a bheith buíoch díobh freisin as fadhbanna agus ceisteanna a phlé liom, as tagairtí agus foinsí a sholáthar dom, as a gcuid ama a roinnt go fial liom agus as a bheith i gcónaí ar fáil leis an tráchtas a phlé. Mo bhuíochas freisin leis an Dr Graham Isaac agus an Ollamh Gearóid Denvir, a bhí ar mo choiste taighde, agus a roinn a gcuid ama agus a gcomhairle liom. Táim fé chomaoín mhór freisin ag an Ollamh Máire Ní Mhaonaigh agus an Dr Pádraig Lenihan as a gcabhair agus a gcomhairle.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le mo mhuintir, go háirithe le mo thuismitheoirí, a thug gach cabhair agus tacaíocht dom agus mé i mbun taighde. Táim an-bhuíoch díobh as na leabhair a cheannaíodar dom agus as ábhar an tráchtais a phlé liom. Go háirithe, táim thar a bheith buíoch díobh as tacaíocht agus uchtach a thabhairt dom gan stad.

Táim fé chomaoín mhór freisin ag an Dr Eamon Darcy, céile mo dheirféar, a thug tacaíocht agus dea-chomhairle dom go minic. Táim thar a bheith buíoch freisin d'Eoin, d'Úna, de Chliona (agus d'Aoife), as misneach, cabhair agus spreagadh a thabhairt dom agus an tráchtas á scríobh. Mo bhuíochas freisin leis an Ollamh Próinséas Ní Chatháin, a thug an-chabhair dom agus, go háirithe, as na dánta agus foinsí eile a phlé liom.

Fuaireas tacaíocht agus eolas ó scoláirí éagsúla agus mé i mbun taighde, idir ábhar neamh-fhoilsithe agus foilsithe a sholáthraíodar dom, ceisteanna a phléadar liom agus fadhbanna a réitíodar dom. Luaitear cuid de na daoine seo i bhfonótaí sa tráchtas féin, ach ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil go sonrath leis an Dr Peter Crooks, an Dr Katharine Simms, an Ollamh Seán Ó Coileán, an Dr David Edwards, an Dr Joseph Flahive, Julian Walton, an Dr Dagmar Ó Riain-Raedel, an Dr Cornelius Buttimer, an Dr Breandán Ó Cíobháin agus an tOllamh Máirín Nic Dhonnchadha. Táim thar a

bheith buíoch de Kenneth Nicholls, a bhí i gcónaí sásta ceisteanna fén tráchtas, fé ghinealaigh agus fé fhoinsí éagsúla a phlé liom. Mar aon leis na scoláirí seo, táim thar a bheith buíoch de Sir Adrian FitzGerald, Ridire Chiarraí, de na Ranna Gaeilge agus Staire in Ollscoil na hÉireann Gaillimh agus go háirithe de rúnaí Roinn na Gaeilge, Fiona de Paor.

Táim go mór fé chomaoin ag foirne na leabharlann i gColáiste na hOllscoile Corcaigh agus in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil go háirithe le Mary Lombard i gCOC agus le Kieran Hoare agus Dave Finn in OÉG.

Táim an-bhuíoch den Chomhairle um Thaighde in Éirinn agus den Roinn Oideachais agus Scileanna a mhaoinigh cuid den taighde seo.

Ar deireadh, táim thar a bheith buíoch de mo chomhghleacaithe agus mo chairde in Éirinn agus thar lear. Ba mhór an tairbhe a bhain mé as comhráite a bhí agam leis na hiarchéimithe ó ranna éagsúla in OÉG, go háirithe an Dr Séan Ó Duibhir, an Dr Hanne-Mette Alsos-Raae, an Dr Martin O'Donoghue, Ciaran McDonough, Eamonn Gardiner, Séarlas Ó Dubhghaill, Cian Moran agus Aogán Ó hIarlaithe. Chomh maith leis sin, mo bhuíochas ó chroí leis an gCumann Staire agus an Dr Sarah-Anne Buckley agus Comhaltas na gCumann Staire in Éirinn, a thacaigh go mór liom. Fuair mé mórán cabhrach agus tacaíochta ó mo chairde go léir. Míle buíochas le Louise, Séagh, Eoin, Sharon, Emma, Teresa, Tonai, Robert, Nessa agus mórán eile as tacaíocht agus uchtach leanúnach a thabhairt dom ó thosaigh mé ar an tráchtas seo.

Noda

- Aber Leabharlann Náisiúnta na Breataine Bige, Aberystwyth.
- ABM McManus, D. & Ó Raghallaigh, E., (eds.), *A Bardic Miscellany: Five Hundred Bardic Poems from Manuscripts in Irish and British Libraries* (TCD, Dublin, 2010).
- AC Murphy, D., (ed.), *The Annals of Clonmacnoise being Annals of Ireland from the earliest period to A.D. 1408, translated into English A.D. 1627* (University Press, Dublin, 1896 - athchló, Llanerch Publishers, Somerset, 1993).
- AConn Freeman, A. M., (ed.), *Annála Connacht: The Annals of Connacht (A.D. 1224-1544)* (DIAS, Dublin, 1944 - athchló, 1983).
- Add. Additional
- AI Mac Airt, S., (ed.), *The Annals of Inisfallen (MS. Rawlinson B. 503)* (DIAS, Dublin, 1951 - athchló, 1977).
- AithD. McKenna, L., (ed.), *Aithdhioghluim Dána: Bardic Poems from the Yellow Book of Lecan* (2 imleabhar - ITS xxxvii & xl) (ITS, Dublin, 1935-8).
- AL O'Donovan, J., (ed.), 'The Annals of Ireland, from the Year 1443 to 1468, translated from the Irish by Dudley Furbise, or as he is more usually called, Duaid Mac Furbis, for Sir James Ware in the Year 1666', in *Misc. Ir. Arch. Soc.*, i (1846), 198-302.
- ALC Hennessy, W. M., (ed.), *Annála Loch Cé: Annals of Loch Cé, a Chronicle of Irish Affairs 1014-1590* (2 imleabhar) (Longman et al., Oxford, 1871 - athchló 2000).
- AMF Williams, B., (ed.), *The 'Annals of Multifarnham': Roscommon and Connaught Provenance* (FCP, Dublin, 2012).
- AN Gleeson, D. F., (ed.), 'The Annals of Nenagh', in *Anal. Hib.*, 12 (1943), 155-64.
- Anal. Hib.* *Analecta Hibernica*
- ARÉ O'Donovan, J., (ed.), *Annála Ríoghachta Éireann: Annals of the Kingdom of Ireland by the Four Masters from the Earliest Period to the Year 1616* (7 n-imleabhar) (Hodges

- & Smith, Dublin, 1848-51 - athchló, de Búrca, Dublin, 1990).
- AT* Stokes, W., (ed.), ‘The Annals of Tigernach’, in *Revue Celtique*, 16 (1895), 374-419; 17 (1896), 6-33, 116-263, 337-420; 18 (1897), 9-59, 150-303 (athchló - Llanerch Publishers, Somerset, 1993) (2 imleabhar).
- AU* Hennessy, W. M. & Mac Carthy, B., (eds.), *Annála Uladh: Annals of Ulster from the Earliest Times to the Year 1541* (4 imleabhar) (Stationery Office, Dublin, 1887-1901 - athchló, [Ó Muraíle, N., (ed.)], de Búrca, Dublin, 1998).
- AWare* Hazard, B. & Nicholls, K. W., (eds.), *Annales Dominicani de Roscoman* (2012) [www.ucc.ie/celt/published/L100015A/index.html].
- BÁC* Baile Átha Cliath
- Betham, Pedigree* Graves, J., Rev., (ed.), ‘Pedigree A: Pedigree of the Earls of Desmond; from the MSS of Sir William Betham, Ulster King at Arms, 1834. (As given in Sainthill’s “Old Countess of Desmond,” corrected and enlarged from the Four Masters, Mac Firbis, O’Clery, the Russell MS., the Cotter MS., the State Papers, the Cotton Harleian and Additional MSS. B. Museum, the Carewe Pedigrees, O’Daly, Sir Bernard Burke, Lodge, Lynch, &c.)’, in ‘No. 2. The Earls of Desmond’, in *JRSAI*, 10 (1868-9), 459-498.
- Bergin, IBP* Greene, D. & Kelly, F., (eds.), *Irish Bardic Poetry: Texts and Translations, Together with an Introductory Lecture by Osborn Bergin* (DIAS, Dublin, 1970 - athchló, 1974).
- BL* Leabharlann na Breataine
- BOCD* The Book of the O’Conor Don / Leabhar Uí Chonchobhair Dhoinn
- Bodl.* Leabharlann Bodley, Ollscoil Oxford
- BST* McKenna, L., (ed.), *Bardic Syntactical Tracts* (DIAS, Dublin, 1944).
- Burke, Peerage (1975)* Townend, P. et al., (eds.), *Burke’s Peerage and Baronetage: One Hundred and Fifth Edition* (Burke’s Peerage Ltd., London, 1970 - athchló, 1975)
- Cal. Carew MSS* Brewer, J. S. & Bullen, W., (eds.), *Calendar of the Carew Manuscripts, Preserved in the Archiepiscopal Library at*

	<i>Lambeth</i> (6 imleabhar) (Public Record Office, London, 1867-73 - athchló, Kraus-Thomson, Nendeln, 1974).
<i>Cal. Cl. Rol.</i>	<i>Calendar of Close Rolls</i>
<i>Cal. Fin. Rol.</i>	<i>Calendar of Fine Rolls</i>
<i>Cal. Pap. Reg. Let.</i>	<i>Calendar of Papal Registers Relating to Great Britain and Ireland: Letters</i>
<i>Cal. Pap. Reg. Pet.</i>	<i>Calendar of Papal Registers Relating to Great Britain and Ireland: Petitions</i>
<i>Cal. Pat. Rol.</i>	<i>Calendar of Patent Rolls</i>
<i>Cal. Inq. Post Mort.</i>	<i>Calendar of Inquisitions Post Mortem</i>
Camb	Ollscoil Cambridge
Card.	Leabharlann na Cathrach, Cardiff
<i>Cat. BL</i>	Flower, R. & O'Grady, S. H., <i>Catalogue of Irish Manuscripts in the British Museum</i> (3 imleabhar) (British Museum, London, 1926-53).
<i>Cat. LNÉ</i>	Ní Shéaghdha, N. et al., <i>Catalogue of Irish Manuscripts in the National Library of Ireland</i> (13 imleabhar) (DIAS, Dublin, 1967-96).
<i>Cat. RIA</i>	O'Rahilly, T. F. et al., <i>Catalogue of Irish Manuscripts in the Royal Irish Academy</i> (9 n-imleabhar) (RIA, Dublin, 1926-70).
<i>Cat. TCD</i>	Abbott, T. K. & Gwynn, E. J., <i>Catalogue of the Irish Manuscripts in the Library of Trinity College, Dublin</i> (Hodges Figgis, Dublin, 1921).
<i>CDI</i>	Sweetman, H. S. & Hancock, G. F., (eds.), <i>Calendar of Documents Relating to Ireland, Preserved in her Majesty's Public Record Office, London</i> (5 imleabhar) (Longmans et al., London, 1875-86).

CF	Coláiste Cholmáin, Mainistir Fhear Maighe
<i>Chart. St. Mar.</i>	Gilbert, J. T., (ed.), <i>Chartularies of St. Mary's Abbey, Dublin with the Register of its House at Dunbrody, and Annals of Ireland</i> (2 imleabhar) (Longman & Co., London, 1884).
Chat.	Áras Chatsworth, Derbyshire
Chat. LLM	Leabhar Leasa Móir / Leabhar Mhic Cárthaigh Riabhaigh
CIRCLE	A Calendar of Irish Chancery Letters c. 1244-1509 [https://chancery.tcd.ie]
<i>Clyn</i>	Williams, B., (ed.), <i>The Annals of Ireland by Friar John Clyn</i> (FCP, Dublin, 2007).
Cop.	Det Kongelige Bibliotek, Copenhagen
CSPI	<i>Calendar of the State Papers Relating to Ireland</i>
CT	O'Grady, S. H., (ed.), <i>Caithréim Thoirdhealbháigh</i> (2 imleabhar - ITS xxvi & xxvii) (ITS, London, 1929).
CUP	Cork University Press
DAR	Dinneen, P. & O'Donoghue, T., <i>Dánta Aodhagáin Uí Rathaille, The Poems of Egan O'Rahilly</i> (ITS iii) (ITS, London 1900 - dara heagrán, 1911)
DB	Mac Erlean, J. C., (ed.), <i>Duanaire Dháibhidh Uí Bhruadair: The Poems of David Ó Bruadair</i> (3 imleabhar - ITS xi, xiii & xviii) (ITS, London, 1910-17).
DIAS	Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath
DIB	McGuire, J., Quinn, J. et al., (eds.), <i>Dictionary of Irish Biography from the Earliest Times to the Year 2002</i> (9 n-imleabhar) (RIA/University Press, Cambridge, 2009).
DiD.	Mac Cionnaith, L., (eag.), <i>Dioghluim Dána</i> (Oifig an tSoláthair, BÁC, 1938 - athchló, 1969).
DIL	Quin, E. G. et al., (eds.), <i>Dictionary of the Irish Language</i> (RIA, Dublin, 1913-76). [http://edil.qub.ac.uk/]
DMacF	Ó Muraíle, N., (ed.), <i>Leabhar Mór na nGenealach, The Great Book of Irish Genealogies Compiled (1645-66) by Dubhaltach Mac Fhirbhisigh</i> (5 imleabhar) (De Búrca, Dublin, 2003).

<i>Dowling</i>	Butler, R., (ed.), <i>The Annals of Ireland by Friar John Clyn and Thady Dowling together with the Annals of Ross</i> (Irish Archaeological Society, Dublin, 1849).
eag.	Eagarthóir(í)
<i>Earls</i>	Kildare, Marquis of, <i>The Earls of Kildare and their Ancestors: From 1057 to 1773</i> (Hodges, Smith & Co., Dublin, 1857 - tríú heagrán, 1858).
ed(s).	Editor(s)
Eg.	Egerton
FCP	Four Courts Press
<i>FFÉ</i>	Comyn, D. & Dinneen, P. S., <i>Foras Feasa ar Éirinn le Seathrún Céitinn, D.D.: The History of Ireland by Geoffrey Keating, D.D.</i> (4 imleabhar - ITS iv, viii, ix & xv) (ITS, London, 1902-14).
<i>Frag</i>	Ó Cuív, B., (ed.), ‘A Fragment of Irish Annals’, in <i>Celtica</i> , xiv (1981), 96-104.
<i>Frag West</i>	Gwynn, E., (ed.), ‘Fragmentary Annals from the West of Ireland’, in <i>PRIA</i> , 37C (1924-7), 149-57.
G.E.C., <i>Peerage</i>	Cokayne, G. E. & Gibbs, V. et al., (eds.), <i>The Complete Peerage of England, Scotland, Ireland, Great Britain and the United Kingdom, Extant, Extinct or Dormant</i> (14 imleabhar) (St. Catherine Press, London, 1910-98).
<i>Geraldines</i>	FitzGerald, B., <i>The Geraldines: An Experiment in Irish Government 1169-1601</i> (Devin-Adair, New York, 1951 - athchló, 1952).
<i>GJ</i>	<i>Irisleabhar na Gaedhilge</i>
<i>Grace</i>	Butler, R., (ed.), <i>Jacobi Grace, Kilkenniensis, Annales Hiberniae</i> (Irish Archaeological Society, Dublin, 1842).
<i>Grace, Ob. Ger.</i>	‘Geraldini’, <i>Grace</i> , 162-167
Harl.	Harleian
Harris, <i>Ware: Antiquities</i>	Harris, W., (ed.), <i>The Whole Works of Sir James Ware Concerning Ireland. Revised and Improved in Three Volumes</i> , ii (E. Jones, Dublin, 1745).

Harris, <i>Ware: Bishops</i>	Harris, W., (ed.), <i>The Whole Works of Sir James Ware Concerning Ireland. Revised and Improved in Three Volumes</i> , i (E. Jones, Dublin, 1739).
Harris, <i>Ware: Writers</i>	Harris, W., (ed.), <i>The Whole Works of Sir James Ware Concerning Ireland. Revised and Improved in Three Volumes</i> , iii (E. Jones, Dublin, 1746).
IAP	Irish Academic Press
IGT	Bergin, O., (ed.), 'Irish Grammatical Tracts', in <i>Ériu</i> , 8 (1916), i-60; 9 (1921/3), 61-124; 10 (1926/8), 125-66; 14 (1946), 165-257 & 17 (1955), 259-93.
IL	Leabharlann na nÍosánach, Sráid Liosáin, BÁC
<i>Initium</i>	O Daly, D., <i>Initium, Incrementa et Exitus Familiae Geraldinorum Desmoniae Comitum, Palatinorum Kyerriae in Hybernia, ac persecutionis haereticorum descriptio. Ex nonnullis fragmentis collecta, ac Latinitate donata. Per Fratrem Dominicum de Rosario O Daly, Ordinis Praedicatorum, S. Theologiae professorem, in supremo S. Inquisitionis Senatu censorem, in Lusitaniae Regnis quondam Visitatorem Generalem, & modo Vicarium Generalem, ac fundatore Conuentuum Hybernorum eiusdem Ordinis in Portugalia</i> (Officina Craesbeeckiana, Ulyssippone, 1655).
Ir. Arch. Celt. Soc.	Irish Archaeological and Celtic Society
<i>Ir. Ecc. Rec.</i>	<i>Irish Ecclesiastical Record</i>
<i>Ir. Gn. Tr.</i>	Ó Raithbheartaigh, T., <i>Genealogical Tracts I</i> (Stationery Office, Dublin, 1932).
<i>Ir. Monthly</i>	<i>Irish Monthly</i>
<i>Ir. Monthly 47</i>	McKenna, L., 'Historical Poems of Gofraidh Fionn Ó Dálaigh', in <i>Ir. Monthly</i> , 47 (1919), 1-5, 102-7, 166-70, 224-8, 283-6, 341-4, 397-403, 455-9, 509-14, 563-9 & 622-6.
ISOS	Irish Script on Screen / Meamram Páipéar Ríomhaire [http://www.isos.dias.ie]
ITS	Cumann na Scríbeann nGaedhilge
JCHAS	<i>Journal of the Cork Historical and Archaeological Society</i>

JGAHS	<i>Journal of the Galway Archaeological and Historical Society</i>
JKAHS	<i>Journal of the Kerry Archaeological and Historical Society</i>
JRSAI	[#21-141] <i>Journal of the Royal Society of Antiquaries of Ireland</i> ; [#20] <i>Index to the Journal of the Society, Vols. I-XIX., 1849-1889, Being Volume XX. of the Consecutive Series, Issued as the Extra Volume of the Royal Society of Antiquaries of Ireland for 1898-1901</i> (Hodges, Figgis, & Co., Dublin, 1902); [#11-19] <i>Journal of the Royal Historical and Archaeological Society of Ireland</i> ; [#10] <i>Journal of the Historical and Archaeological Society of Ireland</i> ; [#4-9] <i>Journal of the Kilkenny and South-East of Ireland Archaeological Society</i> ; [#3] <i>Proceedings and Transactions of the Kilkenny and South-East of Ireland Archaeological Society</i> ; [#1-2] <i>Transactions of the Kilkenny Archaeological Society</i> .
K.M.	Knight of Malta
LCC	<i>Léachtaí Cholm Cille</i>
LGÉ	Macalister, R. A. & Ó Riain, P., (eds.), <i>Lebor Gabála Éirenn: The Book of the Taking of Ireland</i> (6 imleabhar - ITS xxxiv, xxxv, xxxix, xli, xliv & lxiii) (ITS, London & Dublin, 1938-1941 - athchló, 1993-7; 1956 - athchló, 2008; 2009).
Liv	Ollscoil Learphoill
LM	Ó Donnchadha, T., (eag.), <i>An Leabhar Muimhneach Maraon le Suim Aguisíní</i> (Oifig Díolta Foillseacháin Rialtais, BÁC, 1940).
LNA	Leabharlann Náisiúnta na hAlban
LNÉ	Leabharlann Náisiúnta na hÉireann
Lodge (1754)	Lodge, J., <i>The Peerage of Ireland, or, A Genealogical History of the Present Nobility of that Kingdom</i> (4 imleabhar) (Johnston, London, 1754).
Lodge & Archdall	Archdall, M., & Lodge, J., <i>The Peerage of Ireland, or, a Genealogical History of the Present Nobility of that Kingdom</i> (7 n-imleabhar) (Moore, Dublin, 1789).
Luim	Teach an Easpaig, Luimneach

MARLOC	Manuscripts and Archives Research Library Online Catalogue [http://marloc.library.tcd.ie/calmview]
<i>Marys A</i>	<i>Annales Monasterii Beate Marie Virginis, juxta Dublin</i> [Chart. St. Mar., 241-86]
<i>Marys B</i>	<i>Annales Monasterii Beate Marie Virginis, juxta Dublin</i> [Chart. St. Mar., 287-92]
<i>Marl.</i>	Marleborough, H., <i>The Chronicle of Ireland</i> in Ware, J., (ed.), <i>Ancient Irish Histories, the Works of Spenser, Campion, Hanmer, and Marleborough</i> , ii (athchló, Kennikat Press, New York, 1970 - céad eagrán: <i>The Historie of Ireland</i> , Dublin, 1633).
Maz.	Bibliothèque Mazarine
<i>Misc. Ir. An.</i>	Ó hInnse, S., (ed.), <i>Miscellaneous Irish Annals, A.D. 1114-1437</i> (DIAS, Dublin, 1947).
<i>Misc. Ir. Arch. Soc.</i>	<i>Miscellany of the Irish Archaeological Society</i>
ML	Coláiste Naomh Mel, Longfort
<i>NHI</i>	<i>New History of Ireland</i>
NUIM	Ollscoil na hÉireann, Má Nuad
<i>Ó Cléirigh</i>	Pender, S., (ed.), 'The O Clery Book of Genealogies: 23 D 17 (R.I.A.)', in <i>Anal. Hib.</i> , 18 (1951), 1-198.
O.F.M.	Order of the Friars Minor (Proinsiasaigh)
<i>Onom. Goed.</i>	Hogan, E., S. J., <i>Onomasticon Goedelicum Locorum et Tribuum Hiberniae et Scotiae: An Index, with Identifications, to the Gaelic Names of Places and Tribes</i> (Hodges, Dublin, 1910 - athchló, FCP, 2000).
O.P.	Order of Preachers (Doiminicigh)
O.S.A.	Order of St. Augustine (Agaistínigh)
O.S.F.	Order of St. Francis (Proinsiasaigh)
Ox	Ollscoil Oxford
<i>OxDNB</i>	<i>Oxford Dictionary of National Biography</i> [http://www.oxforddnb.com/]

<i>Pembridge</i>	<i>Annales Hiberniae</i> - John Pembridge [<i>Chart. St. Mar.</i> , 303-98]
<i>Per. A</i>	‘Annales Anonymi (Hanmer MS)’, in Nicholls, K. W., (ed.), ‘Late Medieval Irish Annals: Two Fragments’, in <i>Peritia</i> , 2 (1983), 87-102.
<i>Per. B</i>	‘The Annals of Duisk’, in Nicholls, K. W., (ed.), ‘Late Medieval Irish Annals: Two Fragments’, in <i>Peritia</i> , 2 (1983), 87-102.
<i>PRIA</i>	<i>Proceedings of the Royal Irish Academy</i>
<i>RCH</i>	Tresham, E., (ed.), <i>Rotulorum Patentium et Clausorum Cancellariae Hiberniae Calendarium Vol. I. Pars. I. Hen. II.-Hen. VII.</i> (His Majesty’s Printers, Dublin, 1828).
<i>RIA</i>	Acadamh Ríoga na hÉireann
<i>Rot. Chart. Lond.</i>	Hardy, T., (ed.), <i>Rotuli Chartarum in Turri Londinensi Asservati</i> , 1:1 (Public Records Office, London, 1837).
<i>Rot. Lit. Claus. Joh.</i>	Hardy, T., (ed.), <i>Rotuli Litterarum Clausarum in Turri Londinensi Asservati</i> (2 imleabhar) (Eyre & Spottiswoode, London, 1833 & 1844).
<i>Rot. Ob. Fin. Joh.</i>	Hardy, T., (ed.), <i>Rotuli de Oblatis et Finibus in Turri Londinensi Asservati, Tempore Regis Johannis</i> (Public Records Office, London, 1835).
<i>RSAI</i>	Cumann Ríoga Ársaíochta na hÉireann
<i>Russell</i>	Hayman, S., (ed.), ‘Unpublished Geraldine Documents. No. 1. - Russell’s “Relation of the FitzGerald of Ireland”’, in <i>JRSAI</i> , 10 (1868-9), 361-93.
<i>s.a.</i>	sub anno
<i>Stud. Hib.</i>	<i>Studia Hibernica</i>
<i>TCD</i>	Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath
<i>TCM</i>	Teach Cluain Mhalais, Ros Comáin
<i>TD</i>	Knott, E., (ed.), <i>The Bardic Poems of Tadhg Dall Ó Huiginn (1550-1591)</i> (2 imleabhar - ITS xxii & xxiii) (ITS, London, 1922-6).
<i>Theiner</i>	Theiner, A., (ed.), <i>Vetera Monumenta Hibernorum et Scotorum Historiam Illustrantia, Quae ex Vaticani,</i>

Neapolis ac Florentiae Tabulariis Deprompsit et Ordine Chronologico Deposuit Augustinus Theiner...Ab Honorio PP. III. Usque ad Paulem PP. III. 1216-1547 (Typis Vaticanis, Romae, 1864).

UCC	Coláiste na hOllscoile, Corcaigh
UCD	An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath
<i>Unpub. Ger. Docs</i>	Hayman, S. et al., (eds.), <i>Unpublished Geraldine Documents</i> (4 imleabhar) (University Press & Gill, Dublin, 1870-81).
<i>Vesp.</i>	Flower, R., 'Manuscripts of Irish Interest in the British Museum', in <i>Anal. Hib.</i> , 2 (1931), (292-340) 330-40: 'The Kilkenny Chronicle'.
Wis	Ollscoil Wisconsin-Madison
<i>ZCP</i>	<i>Zeitschrift für celtische Philologie</i>

Réamhrá

I measc theaghlaigh Shean-Ghallda na hÉireann ar tháinig Gaelú orthu sna meánaoiseanna in Éirinn, tá tús áite ag Gearaltaigh Dheasmhumhan. Le leathchéad bliain anuas tá méadú thar na bearta tagtha ar an staidéar atá déanta ar na Sean-Ghaill agus an cur amach a bhí acu ar léann agus ar chultúr na Gaeilge.¹ Cé go bhfuil curtha go mór ag na scoláirí leis an tuiscint ar an *milieu* ina raibh na teaghlaigh seo ag feidhmiú, le leathbhróg Ghaelach agus leathbhróg Ghallda, tá mórán staidéir le déanamh go fóill ar na foinsí dúchasacha Gaelacha. Sna foinsí seo, mar shampla, filíocht na mbard,² agus ábhar eile sna lámhscríbhinní, faightear léargas ar an idirphlé a d'fhás idir na Sean-Ghaill agus teaghlaigh léannta na hÉireann.

Ní féidir tráchttaireacht chuimsitheach a dhéanamh ar na Sean-Ghaill in Éirinn sna meánaoiseanna déanacha gan tionchar na dteaghlach léannta a chur san áireamh. Bhí tábhacht fé leith ag córas na pátrúnachta a nasc na huaisle Gaelacha leis na teaghlaigh léannta ar dtús, agus na Sean-Ghaill leis na teaghlaigh chéanna ar ball. An fhadhb atá ann, áfach, ná an scrios nach mór iomlán a d'imigh ar fhormhór na gcáipéisí agus na dtaifead a scríobhadh sa tréimhse sin:

Munster had its poets and annalists; there must have been in Cork and Kerry – probably one of the richest and most populous parts of the island – a wealth of ancient record, but most of it has now perished. How this has happened we can make a fairly good guess. First there was the devastation of the three Desmond wars in Elizabeth's reign. But this fell chiefly on the men of Norman race. The Irish clans, mostly on the Government side, came through these troubles almost unscathed. But it is to the war of 1641 that we

¹ Féach, mar shampla, Nicholls, K., *Gaelic and Gaelicized Ireland in the Middle Ages* (dara heagrán – Lilliput, Dublin, 2003); Simms, K., *From Kings to Warlords: The Changing Political Structure of Gaelic Ireland in the Later Middle Ages* (dara heagrán - Boydell, Woodbridge, 2000); de Buitléir, G., *Buitléaraigh agus Cultúr na Gaeilge* (Tráchtas PhD, Corcaigh, 2007); Crooks, P., (ed.), *Government, War and Society in Medieval Ireland: Essays by Edmund Curtis, A.J. Otway-Ruthven and James Lydon* (FCP, Dublin, 2008).

² Tá an-scoláireacht déanta agus fós á déanamh ar na foinsí sár-luachmhara seo. Féach, mar shampla, Simms, K., 'Bardic Poetry as a Historical Source', in Dunne, T., (ed.), *The Writer as Witness: Literature as Historical Evidence (Historical Studies XVI)* (Cork, CUP, 1987), 58-75; *ABM*; <http://bardic.celt.dias.ie> [30 Márta 2017] (Tabharfar céadlínte na ndánta éagsúla a luaitear sa tráchtas seo, mar a thugtar iad in innéacs an bhunachair seo - ar fáil ar <https://www.tcd.ie/irish/database/> [30 Márta 2017]).

should probably attribute the loss of the greater part of the records which must have existed. When in 1642 the men of Bandon took and plundered Kilbrittain, when in 1647 the Puritans of Inchiquin stormed the Rock of Cashel, and turned the interior of the Cathedral into a shambles, there must have perished a mass of material at whose extent we can only guess.³

Mar sin, caithfear léargas a fháil ar an bpátrúnacht a dhein na Gearaltaigh ó cháipéisí scáinte atá tagtha anuas go dtí ár linn féin agus ó thagairtí a dheintear do phátrúnacht na nGearaltach sna hannála, sna lámhscríbhinní, agus i gcorrfoinse eile a tháinig slán.

Fiú leis an léirscríos sin a deineadh ar cháipéisí agus ar lámhscríbhinní na hÉireann ón séú haois déag anall, tá fianaise shaibhir inmhuiníne tagtha anuas chugainn a thugann léargas áirithe ar neart agus ar thábhacht na pátrúnachta i measc na nGearaltach. Ní mhaireann ach beagán foinsí lámhscríofa anois, áfach, agus is cóipeanna déanacha mórán díobh, mar a luaigh Brian Ó Cuív:

...we are fortunate that the “backward look” was so much a part of the scribal tradition, for it has left us a literature spanning more than thirteen centuries in spite of wars and calamities, oppression and deliberate destruction, which otherwise might have left us with so little. [...] It is obvious that over the centuries many thousands of manuscripts must have been written – indeed, I would say that thousands of manuscripts were written even before the end of the 16th century.⁴

Is sna foinsí seo atá tagtha anuas chugainn, áfach, a fhaighimid léargas ar neart na pátrúnachta in Éirinn agus mar a thugann Ó Cuív le fios, is léir go raibh i bhfad níos

³ Butler, W. F. T., *Gleanings from Irish History* (Longmans, Green & Co., London, 1925), 164. Féach freisin McCormack, A. M., *The Earldom of Desmond 1463-1583: The Decline and Crisis of a Feudal Lordship* (FCP, Dublin, 2005), 20: ‘Part of the reason for this has been due to the absence of a Desmond archive. The administrative records, documents and personal papers of the Desmonds were destroyed in the conflicts that engulfed Munster in the late sixteenth century, a difficulty compounded by the destruction of the Public Record Office at the Four Courts in 1922 when vast quantities of the records of central government and the law courts were destroyed. As a result, almost nothing remains of the written records of the Desmonds, their earldom or their lordship, save for occasional items copied by industrious antiquarians in the nineteenth century. What does remain is largely to be found in large collections such as the State Papers, as well as other smaller collections.’

⁴ Ó Cuív, B., ‘Ireland’s Manuscript Heritage’, in *Éire-Ireland*, 19:1 (1984), 89.

mó lámhscríbhinní agus foinsí a scríobhadh ach a scriosadh idir an dá linn. Dá mbeidís sin fós ar fáil, is cinnte go mbeadh níos mó fianaise den chóras pátrúnachta a bhí i réim in Éirinn sna meánaoiseanna.

Ar feadh i bhfad, bhí sé de nós ag staraithe agus ag tráchtairí cur síos a dhéanamh ar an nGaelú a chuaigh ar na Sean-Ghaill agus tagairt dóibh a bheith éirithe *hiberniores ipsis hibernis*. Tá maolú tagtha ar úsáid an natha sin ó dhein Art Cosgrove plé air sa bhliain 1979.⁵ Ach fós féin, go háirithe i gcás na nGearaltach, is léir go raibh an-chuid acu chomh Gaelach leis na Gaeil féin. Níl dabht ach go raibh Iarlaí áirithe Dheasmhumhan cosúil le tiarnaí dúchasacha agus mhair cuimhne ar a leithéid i dtraidisiúin na tíre:

One of the reasons, perhaps the main reason, for the hold that the earls of Desmond exercised over their Gaelic neighbours was their rapid inculturation into Irish manners and customs. Their patronage of the bardic system, and their own skills in Irish poetry and music made them *sui generis* as Anglo-Normans. Close behind them in this matter were their traditional enemies and relatives through marriages, the Butlers, earls of Ormond.⁶

Sa tráchtas seo, déanfar iarracht ar thagairtí agus ar fhoinsí scaipthe a tharraingt le chéile le tionchar na Gaeilge agus traidisiúin léinn na hÉireann ar Ghearltaigh Dheasmhumhan a thaispeáint. Tabharfar léargas ar thábhacht na nascanna idir Iarlaí Dheasmhumhan agus na Gaeil i gcoitinne agus ar an bpátrúnacht a dhein na hIarlaí ar an aos léinn. Deintear trácht ar na Gearaltaigh go minic mar ‘Angla-Normannaigh’ nó ‘Angla-Éireannaigh’. Ach ba theaghlach Normannach iad ar dtús, ansin ba theaghlach Cambra-Normannach iad agus, ar deireadh, b’fhearr b’fhéidir teaghlach Gall-Ghaelach a thabhairt orthu, go háirithe agus cur síos á dhéanamh ar an tréimhse inar mhair an Iarlacht .i. go dtí deireadh na séú haoise déag. Bhí spéis acu i léann agus stair na hÉireann agus bhí bua na filíochta ag cuid acu. Ní hamháin

⁵ Cosgrove, A., ‘Hiberniores Iphis Hibernis’, in Cosgrove, A. & McCartney, D., (eds.), *Studies in Irish History Presented to R. Dudley Edwards* (UCD, Dublin, 1979), 1-14.

⁶ Mac Curtain, M., ‘A Lost Landscape: the Geraldine Castles and Tower Houses of the Shannon Estuary’, in Bradley, J., (ed.), *Settlement and Society in Medieval Ireland: Studies Presented to F.X. Martin*, O.S.A. (Boethius Press, Kilkenny, 1988), 435.

sin, ach tá fianaise leanúnach ar marthain dá nascanna le ríochtaí agus le teaghlaigh uaisle na Mór-Roinne. Bhí nascanna traidisiúnta acu leis an mBreatain Bheag, leis an bhFrainc, agus le Flórans na hIodáile, agus dheineadar sár-iarracht iad féin a cheangal le stair mhiotaseolaíoch na hÉireann agus na Mór-Roinne, leis an dúchas idirnáisiúnta ilchultúrtha a bhí acu a thaispeáint.

Sa saothar seo, níor mhiste iarracht a dhéanamh ar stair an teaghlaigh a phlé agus a shoiléiriú, óna dteacht go Cúige Mumhan ag deireadh na dara haoise déag go dtí lár na cúigiú haoise déag. Tá mórán oibre déanta ar stair na nGearaltach sa séú haois déag.⁷ Mar sin, ní phléifear a stair san aois sin, seachas na nascanna a bhí idir iad agus aos léinn na hÉireann ag an am. Ós rud é nach bpléifear na hIarlaí go léir sa tráchtas seo, cé go luafar iad ó am go ham, tabharfar léargas tapaidh ar na hIarlaí éagsúla agus ar ord na nIarlaí ag deireadh an réamhrá.

Pléitear le mórán foinsí dúchasacha sa tráchtas seo, filíocht na mbard, téacsanna seanchais éagsúla agus na hAnnála ina measc. Caithfear a thabhairt fé deara go mbíonn claonadh i gceist go minic sna foinsí éagsúla sin. Maidir leis na dánta, bhíodh na filí a chum iad ag lorg luach saothair óna bpátrúin. Mar sin, seachas i gcásanna áirithe inar deineadh a leithéid d'aon ghnó, dheineadh na filí moladh thar bearta a thabhairt dá bpátrúin sna dánta seo. Caithfear é sin a chur san áireamh agus plé á dhéanamh orthu. Ar an gcaoi chéanna, agus na téacsanna seanchais á scríobh, bheadh gné pholaitiúil ag baint leo agus gan amhras, arís, ní theastódh ó na scríobhaithe olc a chur ar na pátrúin ach an oiread. É sin ráite, i gcás fhormhór na bhfoinsí seo, bíonn eolas luachmhar stairiúil le fáil iontu freisin - eolas arb fhéidir é a bhaint astu agus a úsáid mar fhianaise le haghaidh stair na nGearaltach. Go minic, ní bhíonn i gceist ach tagairtí d'áiteanna ina bhfuair na Gearaltaigh bás, nó tagairtí dá sinsir is dá gclanna. Sna cásanna seo, ní léir cén fáth go mbeadh bréaga á insint ag filí comhaimseartha fé ghnáthfhórais mar sin. Dá réir sin, is féidir brath ar shonraí dá leithéid.

⁷ Pléann formhór na scoláireachta ar na Gearaltaigh leis an tréimhse seo. Féach, mar shampla, *Initium; Geraldines*, go háirithe 254-307; *Unpub. Ger. Docs*; Chambers, A., *Eleanor, Countess of Desmond* (Wolfhound, Dublin, 2000 - céad eagrán, 1986); O'Carroll, G., *The Earls of Desmond: The Rise and Fall of a Munster Lordship* (Polymaths, Kerry, 2013), go háirithe 28-64; McCormack, *Earldom*, 63-197; idem., 'Interneccine Warfare and the Decline of the House of Desmond, c. 1510-c. 1541', in *IHS*, 30:120 (1997), 497-512; idem., 'The Social and Economic Consequences of the Desmond Rebellion of 1579-83', in *IHS*, 34:133 (2004), 1-15.

I gcás na nAnnála, ní mór do scoláirí a bheith an-chúramach agus iad á láimhseáil acu. Bhíodh claonadh polaitiúil fite fuaite le tráchttaireacht na nAnnála agus ní mór a leithéid a chur san áireamh agus iad á bplé. Is iad na hAnnála is mó a úsáidtear sa tráchtas seo ná na cnuasaigh Annála a tháinig as Cúige Chonnacht, nó cnuasaigh a bhí bunaithe cuid mhaith ar na hAnnála sin .i. *Annála Chonnacht, Annála Loch Cé* agus *Annála Ríoghachta Éireann*. Tá plé déanta ag scoláirí áirithe ar na nascanna éagsúla atá le haithint idir na cnuasaigh seo.⁸ Sa tráchtas seo ní bhaintear úsáid as na cnuasaigh seo ach le tagairt do shonraí cinnte, neamhpholaitiúla, sa mhéid is gur féidir. Nuair nach féidir, luaitear go sonrach nach mór a bheith cáiréiseach fén bhfaisnéis a thugann na foinsí áirithe sin.

Is í an phátrúnacht a dhein na Gearaltaigh ar theaghlaigh léannta na hÉireann, go háirithe ar Chlann Uí Mhaoil Chonaire agus ar Mhuintir Dhálaigh, croílár an tráchtais seo. Le tuiscint cheart a fháil ar thábhacht agus ar thorthaí na pátrúnachta sin, ní mór súil a chaitheamh ar na scríbhinní agus na téacsanna a sholáthraigh na teaghlaigh léannta dá phátrúin. Dá réir sin, sa chéad chaibidil tugtar cur síos ar na téacsanna staire is tábhachtaí atá tagtha anuas chugainn, a dhéileálann agus a phléann le Gearaltaigh Dheasmhumhan. D'fhéadfaí 'Seanchas Gearaltach' a thabhairt ar na téacsanna uile sin. Pléifear na leaganacha éagsúla den téacs *Seanchas na nGearaltach*, na dánta a nascann na leaganacha sin le chéile, *Cá méad gabhál fhuair Éire?* agus *Canfaidher liom lorg na bhfear*, agus téacsanna áirithe eile a aimsíodh sna lámhscríbhinní a bhaineann leis an traidisiún seanchais céanna.

Gan amhras agus tráchttaireacht á déanamh ar na meánaoiseanna in Éirinn, ní mór súil a chaitheamh ar *corpus* na lámhscríbhinní .i. na foinsí is luachmhara atá tagtha anuas chugainn. Mar sin, sa dara caibidil, pléifear na lámhscríbhinní is tábhachtaí a raibh seilbh ag Gearaltaigh Dheasmhumhan orthu - san áit inar féidir a leithéid a rianú - agus iad siúd ina bhfuil na téacsanna is tábhachtaí a bhaineann leis na Gearaltaigh le fáil. Lámhscríbhinn an-tábhachtach ó thaobh stair na nGearaltach de

⁸ Féach, mar shampla, Mac Niocaill, G., *The Medieval Irish Annals* (Dublin Historical Association, Dublin, 1975), go háirithe 29-32; O'Dwyer, B. W., 'The Annals of Connacht and Loch Cé and the Monasteries of Boyle and Holy Trinity', in *PRIA*, 72C (1972); Mc Carthy, D. P., *The Irish Annals: Their Genesis, Evolution and History* (FCP, Dublin, 2008), go háirithe, 12, 44-53 agus 245-70.

ná Leabhar Fhear Maighe. Pléifear leis an lámhscríbhinn sin ag deireadh na tríú caibidle, mar is mó a bhaineann sí le hábhar sa chuid sin den tráchtas.

Tar éis na foinsí éagsúla sin a lua, leagtar an tráchtas amach go croineolaíoch, le hiarracht a dhéanamh ar leanúnachas phátrúnacht na nGearaltach a rianú, go háirithe ón gceathrú haois déag go dtí an séú haois déag. Tá dlúthbhaint ag scéal na pátrúnachta agus stair na nGearaltach lena chéile. Mar sin, i gcaibidil 3, ar dtús tabharfar sraicfhéachaint ar stair na nGearaltach ó aimsir theacht Thomáis Mhóir (†1213) go Cúige Mumhan go dtí bhás an dara hIarla, Muiris Óg (†1358). Ina dhiaidh sin, déanfar plé ar na nascanna is luaithe a bhí ag na Gearaltaigh le saol na Gaeilge agus ar na traidisiúin a lean ón dara haois déag ar aghaidh go dtí an naoú haois déag i léann na hÉireann ar na Gearaltaigh.

I gcaibidil 4 déanfar iarracht ar scéal Ghearóid Iarla (†1398), mac Mhuiris (†1356), a insint. Is é an tIarla is iomráití d'Iarlaí Dheasmhumhan é, ach ní mór an t-eolas ar a shaol. Pléifear go háirithe óige Ghearóid, agus fiosrófar an fhéidearthacht gur i Londain a tógadh é. Mar chuid den fhiosrú seo, lorgófar fianaise ar chumas teanga na nIarlaí sa cheathrú haois déag. Féachfar ar áit na Fraincise mar theanga Shean-Ghallda sa tréimhse sin. File Gaelach ab ea Gearóid Iarla chomh maith. Cé go bhfuil tráchttaireacht áirithe déanta ar a chuid filíochta,⁹ agus an-chuid le déanamh go fóill, ní dhéanfar anailís mhion ar dhánta Ghearóid sa tráchtas seo. Tá géarghá le scoláireacht bhreise ar a chuid filíochta agus, go deimhin, le heagrán nua dá chuid dánta. Is tráchtas é seo a phléann le stair phátrúnacht na nGearaltach i gcoitinne, áfach, agus theastódh saothar ann féin le staidéar cuimsitheach ceart a dhéanamh ar shaothar fileata Ghearóid. É sin ráite, déanfar gach iarracht sa chaibidil sin ar cur síos a thabhairt don léitheoir ar cé acu dánta atá tagtha anuas chugainn i nDuanaire Ghearóid i Leabhar Fhear Maighe, ar na meadarachtaí a d'úsáid Gearóid, agus ar a bhfuil sna dánta úd. Féachfar freisin sa chaibidil sin ar thábhacht na nascanna idir na Gearaltaigh, na teaghlaigh léannta, agus teaghlaigh uaisle eile i gCúige Mumhan sa tréimhse sin.

⁹ Féach Caibidil 4.4.

Sa chúigiú caibidil breathnófar ar shaol agus ar shaothar Ghofraidh Fhinn Uí Dhálaigh (†1387), file agus ard-ollamh Éireann, agus an chéad bhall de theaghlaigh léannta na hÉireann, dá maireann fianaise gur dhein na Gearaltaigh pátrúnacht air. Ní féidir plé a dhéanamh ar na Gearaltaigh agus a mbaint le léann na hÉireann gan Muintir Dhálaigh a chur san áireamh. Mar sin tabharfar cur síos ar chúlra Ghofraidh agus ar cháil an léinn a bhí ar an teaghlach sin. Déanfar scrúdú freisin ar thrí dhán a chum Gofraidh dosna Gearaltaigh i lár na ceathrú haoise déag, mar léiriú ar thábhacht phátrúnacht na nGearaltach san aois sin.

Cé gur cailleadh taifid luachmhara i ndiaidh theacht na Normannach go hÉirinn, níor deineadh scrios leanúnach d'aon ghnó ar fhoinsí cultúrtha na hÉireann go dtí aimsir Eilís Shasana agus ina diaidh. Fós féin, is ón séú haois déag formhór na bhfoinsí ar marthain, a thaispeánann an spéis a bhí ag na Gearaltaigh sa léann. Sa séú caibidil den tráchtas seo, tabharfar léargas ar na tagairtí atá le fáil fós do phátrúnacht na nGearaltach ón gcúigiú haois déag (ní mhaireann ach beagán fianaise dá leithéid ón aois sin). Ansin, leanfar le scéal na nascanna pátrúnachta a bhí ag na Gearaltaigh le Muintir Dhálaigh agus déanfar fiosrú ar na nascanna pátrúnachta eile a bhí ag na Gearaltaigh le Muintir Ifernáin, le Clann Bhruaideadha, agus le teaghlaigh léannta eile sa séú haois déag. Ní féidir a rá ar tháinig borradh sa séú haois déag ar an bpátrúnacht a dhein na Gearaltaigh mar go bhfuil fianaise na pátrúnachta céanna ón tréimhse roimhe sin cailhte. Tugann na foinsí a mhaireann súil eile ar an teaghlach san aois sin, a chuirfidh leis an scoláireacht atá déanta orthu cheana féin.

Pléifear le téacsanna áirithe neamhfhoilsithe, nó nach bhfuil eagar curtha orthu go fóill in aon chor, sa tráchtas seo. Mar chúnaimh don léitheoir, soláthrófar téacsanna áirithe díobh seo sna hagusíní .i. téacsanna a ndeintear tagairt rialta dóibh sa tráchtas féin. Sa chéad agusín tabharfar craobhacha ginealaigh éagsúla mar áis tagartha don léitheoir. Sa dara hagusín, tabharfar leagan den téacs *Seanchas na nGearaltach* (3), téacs a phléitear i gcaibidil 1, ón lámhscríbhinn is sine ina bhfaightear é. Ar an gcaoi chéanna, in agusín 3, tabharfar an leagan is sine den dán *Canfaidher liom lorg na bhfear*, le comparáid le leagan eile níos gaire de atá foilsithe, *Leanfaidher liom lorg na bhfear*. Sa cheathrú hagusín, tabharfar cuntas staire an-ghairid ón ochtú haois déag, i láimh Mhuiris Uí Ghormáin, a thugann faisnéis ar na Gearaltaigh nach bhfuil le fáil in aon chuntas eile orthu. Sa chúigiú hagusín tabharfar liosta de na bail

éagsúla den aos léinn a bhí ina gcónaí ar thailte na hIarlachta ag deireadh na séú haoise déag, taifead ar marthain a thugann léargas ar shaibhreas thraidisiúin na pátrúnachta i gcríocha na nGearaltach.

Na hIarlaí¹⁰

Shíolraigh Gearaltaigh na hÉireann ó fhear darbh ainm Otho, nó Other. Mhair a mhac Walter in aimsir theacht na Normannach go Sasana san aonú haois déag. Óna mhac siúd, Gerald de Windsor (†a. 1136), a tháinig an sloinne. Ba é mac Gerald, Muiris (†1176), an chéad duine díobh a tháinig go hÉirinn le teacht na Normannach go dtí an tír seo. Bhí clann mhór ag Muiris agus is óna mhac Gearóid (†1204) a shíolraigh Gearaltaigh Chill Dara agus ó mhac eile leis, Tomás Mór (†ca. 1213), a shíolraigh Gearaltaigh Dheasmhumhan. Cailleadh a mhac Seán agus a gharmhac Muiris ag troid i gcoinne Chlann Chárthaigh i gCath Challainne sa bhliain 1261. Fágadh oidhre amháin, Tomás ‘An Ápa’, mac Mhuiris, a bhí níos óige ná bliain d’aois ag an am. Cailleadh Tomás an Ápa sa bhliain 1298 agus a mhac, Muiris, fós óg go leor.

Sa bhliain 1329 deineadh Iarla den Mhuiris seo, Muiris mac Thomáis (†1356). Tiarna thar a bheith cumhachtach ab ea Muiris agus bhí caidreamh casta aige leis na Gaeil agus na Gaill araon. Chaith sé seal i ngéibheann agus tagraítear dó fiú sa lá atá inniu ann mar Iarla ‘réabhlóideach’. Is ó aimsir Mhuiris a mhaireann fianaise na pátrúnachta ar an aos léinn den chéad uair i gcomhthéacs na nGearaltach. Is léir go raibh spéis aige féin sa litríocht chomh maith, agus maireann dánta i bhFraincis a leagtar air. Bhí beirt mhac leis, Muiris ‘Óg’ (†1358) agus Gearóid ‘Iarla’ (†1398), ina nIarlaí ina dhiaidh. Tá éiginnteacht áirithe fé chomharbacht na hIarlachta sa tréimhse sin áfach. Níor mhair Muiris Óg i bhfad tar éis bhás a athar, agus thit an Iarlacht ar Ghearóid go luath ina dhiaidh sin. Fear thar a bheith spéisiúil ab ea Gearóid, agus mar a dúradh cheana, ba é an duine ba chluíití d’Iarlaí Dheasmhumhan

¹⁰ Sa tráchtas seo, ní chloífead go hiomlán le hord na nIarlaí mar atá sé le fáil in *NHI*, ix, 168. Tá an t-ord anseo bunaithe ar fhianaise a thug an Dr. Peter Crooks chun solais le blianta beaga anuas. Féach, mar shampla, Crooks, P., ‘James the Usurper of Desmond and the origins of the Talbot-Ormond feud’, in Duffy, S., (ed.), *Princes, Prelates and Poets in Medieval Ireland: Essays in Honour of Katherine Simms* (FCP, Dublin, 2013), 159-84. Pléifead an fhianaise seo i gCaibidil 4.2.2. Tagrófar dosna hIarlaí mar atá leagtha amach in Aguisín 1.

é. Tá fianaise na nascanna a bhí aige le saol, le cultúr agus le léann na Gaeilge le feiscint sa traidisiún. Pearsa thábhachtach ab ea Gearóid sa bhéaloideas, agus tá níos mó ná tríocha dán Gaeilge a chum sé tagtha anuas chugainn. I ndiaidh a bháis, thit an Iarlacht ar a mhac, Seán ‘na Siúire’, a cailleadh go luath ina dhiaidh sin.

Níl scoláirí ar aon fhocal fé chomharbacht na hIarlachta tar éis bhás Sheáin. Dar le húdair áirithe, agus orthusan na ginealaigh is coitianta de Ghearlaigh na Mumhan, thit an Iarlacht ar dheartháir leis, Muiris (†1401), go ceann bliana nó níos mó. Tá fianaise áirithe tagtha chun solais le blianta beaga anuas, áfach, a chaitheann amhras ar an tuairim sin. Is dóichí mar sin, nár deineadh Iarla de Mhuiris, agus gurbh é Tomás (†1420), mac Sheáin ‘na Siúire’, an cúigiú hIarla. Maireann scéal an-spéisiúil a deir gur chum Tomás féin dán Gaeilge do bhean de shliocht na nGael ach ní mór an fhianaise atá tagtha slán a chruthódh a leithéid. Dfbríodh Tomás as Éirinn sa bhliain 1411 agus ghabh a uncail, Séamus, an Iarlacht chuige féin. Níor deineadh Iarla de go hoifigiúil go dtí go bhfuair Tomás bás (sa Fhrainc), sa bhliain 1420. Bhí Séamus ina Iarla ó 1420 go 1463: lena linn, tháinig borradh ar an spéis a bhí ag na Gearaltaigh sa léann agus ar an bpátrúnacht a dheineadar ar na teaghlaigh léannta. Má mhaireann cáipéisí nó dánta Gaeilge ar bith ón tréimhse ina raibh Séamus mar Iarla, níl siad tagtha chun solais go fóill. Is léir ó thagairtí do phátrúnacht Shéamuis ón am sin agus ón idirphlé le léann na Gaeilge a bhí ag na hIarlaí a tháinig ina dhiaidh gur sa tréimhse seo a cuireadh go mór leis na nascanna a bhí ag na Gearaltaigh le traidisiún liteartha na hÉireann. (Ní haon ionadh, b’fhéidir, gur tharla a leithéid, ós rud é gur mac le Gearóid Iarla a bhí ann, agus gur chaith sé cuid mhaith dá óige ar altramas leis na Brianaigh.)

Cailleadh Séamus sa bhliain 1463 agus deineadh seachtú hIarla Dheasmhumhan dá mhac, Tomás ‘Dhroichead Átha’ nó Tomás ‘an Droichid’. Tá scoláirí áirithe den tuairim gur in aimsir Thomáis a shroich na Gearaltaigh barr a réime. Is léir go raibh an-chuid cumhachta bailithe acu chucu féin in aimsir Shéamuis (†1463), agus deineadh Giúistís Éireann de Thomás sa bhliain 1463. Fear mór léinn ab ea Tomás freisin, agus tá an cháil sin air i gcáipéisí na hÉireann agus na Breataine araon: luaitear fiú gur chum sé filíocht, ach ní mhaireann aon rian dá leithéid. Dícheannadh i nDroichead Átha sa bhliain 1468 é agus tugann staraithe cúiseanna éagsúla lena

bhás. Mar shampla, dar le húdair áirithe, d'ordaigh banríon Shasana go gcuirfí é chun báis.¹¹

I ndiaidh bhás Thomáis an Droichid, bhí aighneas agus cogáocht i measc Ghearaltaigh na Mumhan. Cé gur bronnadh gabhátais na hIarlachta ar an mac ba shine leis, Séamus 'Ráth Caola', sa bhliain 1468, níor ghlac formhór na nGearaltach agus a lucht leanúna leis mar Iarla go dtí 1471. Tharlódh gur mar thoradh ar an easaontas seo, le dlisteanacht Shéamuis mar Iarla a thaispeáint, a chum Torna Ó Maoil Chonaire an dán is cáiliúla ar fad fé na Gearaltaigh, *Cá méad gabhál fhuair Éire?* Más do Shéamus a cumadh an dán, mar a dhealraíonn sé, b'fhéidir gur in aimsir Shéamuis a cuireadh tús leis an nasc pátrúnachta idir na Gearaltaigh agus Clann Uí Mhaoil Chonaire, a bhí mar ollúna ag Muintir Chonchobhair Chonnacht roimhe sin. Bhí daoine áirithe nár ghlac le Séamus mar Iarla áfach, agus dúnmharaíodh é i Ráth Caola sa bhliain 1487. Deirtear go raibh lámh ag deartháir leis ina bhás. Deineadh Iarla ansan den deartháir sin, Muiris 'Bacach' nó Muiris 'na gCarbad'. Deirtear gur fear mór achrann ab ea Muiris agus nár réitigh sé go minic le coróin Shasana. É sin ráite, i ndiaidh bhás Thomáis an Droichid, bhí teannas nach mór leanúnach ann idir Iarlaí Dheasmhumhan agus ríocht Shasana. Pátrún an-mhór ab ea Muiris agus i gcuntas staire ar na Gearaltaigh, a breacadh sa séú haois déag, *Seanchas na nGearaltach* (1), dúradh go raibh an oiread sin 'd'ollamnaibh, d'éigsibh agus d'filedaib, d'eisrehtaibh agus d'obhlóraib agus do lucht cecha céirde ar chena'¹² á leanúint is a dhéanfadh airm dó.

Cailleadh Muiris Bacach sa bhliain 1520 agus deineadh Iarla dá mhac, Séamus. Cé nár mhair Séamus ar feadh i bhfad, is léir go raibh sé gnóthach sa tréimhse sin, agus tá an chuma ar an scéal gur chuir sé i gcoinne réimeas Shasana in Éirinn. Bhí nascanna éagsúla ag Séamus le móruaisle na hEorpa, Séarlas V, an tImpire Rómhánach Naofa, agus Proinsias I, Rí na Fraince, ina measc. Síníodh conradh idir Séamus agus Proinsias i gCaisleán Eas Géitine ar an bhfichiú lá de mhí an Mheithimh 1523. Níor tháinig aon toradh ar an gconradh sin áfach,¹³ cailleadh Séamus sa bhliain 1529 agus níor chuir sé cogadh ar Rí Shasana idir an dá linn, mar

¹¹ Féach, mar shampla, *Initium*, 16-8. Féach freisin Cosgrove, A., 'The Execution of the Earl of Desmond, 1468', in *JKAHS*, 8 (1975), 11-27, ina bpléitear na traidisiúin éagsúla fé bhás Thomáis.

¹² *CT*, i, 170.

¹³ Féach Caibidil 6.2.3.

a bhí leagtha amach sa chonradh. Bhí iníon amháin ag Séamus, Siobhán, a phós Séamus ‘Bacach’, naoú hIarla Urmhumhan (†1546), agus mac leo ab ea Tomás Dubh, deichiú hIarla Urmhumhan, a bhí ar an duine ba mhó in Éirinn a throid i gcoinne na nGearaltach ar ball.

I ndiaidh bhás Shéamuis, thit an Iarlacht ar uncail leis,¹⁴ Tomás ‘Maol na Madhmann’. Bhí Tomás pósta le Caitilín, ‘Sean-Chuntaois Dheasmhumhan’.¹⁵ Cailleadh Tomás sa bhliain 1534. Bhí mac amháin aige, Muiris ‘an Ghuagáin’, ach cailleadh eisean den phlá i Mainistir Sheireapúin i gCo. Chill Chainnigh sa bhliain 1529, go luath i ndiaidh dá athair teacht i gcomharbacht. Thit an Iarlacht ar mhac Mhuiris, Séamus, mar sin. Glaodh ‘The Court Page’ air sna foinsí Béarla, mar tógadh i gcúirt Anraí VIII Shasana é. Níor ghlac na Gearaltaigh féin leis mar Iarla nuair a d’fhill sé ar Éirinn agus dá bharr sin, cé go raibh sé ina Iarla *de iure*, ba é a shean-uncail, Seán mac Thomáis an Droichid, an tIarla *de facto*. Mharaigh mac le Seán, Muiris ‘an Torteáin’ (uaireanta ‘an Tóiteáin’), nó Muiris ‘Dubh’, Séamus i Leac an Scáil i gCo. Chiarraí thart ar an mbliain 1540. Glacadh le Seán mar Iarla ón mbliain 1534 go dtí 1536 áfach.

Fear spéisiúil é Seán ó thaobh léann na Gaeilge de. Is pearsa é sa scéal cáiliúil *Ceithearnach Uí Dhomhnaill* agus leagtar leathrann filíochta Ghaeilge air sa scéal sin freisin. Chomh maith leis sin, i lámhscríbhinn i bPáras maireann tráchtas gairid cráifeach Laidine agus nóta Gaeilge a bhreac sé sarar ghabh sé an Iarlacht chuige féin. Ag deireadh a shaoil, chuaigh Seán le sagartóireacht, agus cailleadh é in 1536 i mainistir na nDoiminiceach i dTrá Lí. Nuair a cailleadh Seán, cé go raibh Séamus (thuasluaite) mac Mhuiris mhic Thomáis Mhaoil fós beo, glacadh le mac Sheáin, Séamus eile, mar Iarla. Maireann cóip Bhéarla de litir Ghaeilge a chuir an tIarla seo chuig cúirt Shasana ag gearán fé dhúnmharú a sheanathar, Tomás an Droichid. Bhí caidreamh casta idir Séamus agus cúirt Shasana, agus is léir go raibh caidreamh níos fearr aige leis an mbanríon Máire I (†1558) ná lena hathair. Shíolraigh cuid mhaith

¹⁴ Bhí deartháir amháin ag Séamus, Tomás, ach cailleadh é roimh a athair, Muiris Bacach.

¹⁵ Féach, mar shampla, Chambers, *Eleanor, Countess of Desmond*, 233-5; Sainthill, R., *The Old Countess of Desmond: An Inquiry, Did She Ever Seek Redress at the Court of Queen Elizabeth, as Recorded in the Journal of Robert Sydney, Earl of Leicester? And Did She Ever Sit for Her Portrait?* (University Press, Dublin, 1861); Hardinge, W. H., ‘On the Old Countess of Desmond’, in *PRIA*, 8 (1861-4), 477-83; Tait, C., ‘The Old Countess, the Geraldine Knight and the Lady Antiquarian: a Conspiracy Theory Revisited’, in *History Ireland*, 21:3 (May/June 2013).

de na fadhbanna a bhí aige le hAnraí VIII ón bpáirt a ghlac Séamus i Léig na nGearaltach. Cailleadh é go luath sarar deineadh banríon ar Shasana d'Eilís ag deireadh na bliana 1558. Pátrún mór eaglasta ab ea Séamus freisin, agus is dá bharr sin a tugadh cosaint áirithe dosna mainistreacha ar dhein na Gearaltaigh pátrúnacht orthu, nuair a bhí na mainistreacha i gCúige Mumhan á ndíscaoileadh thart ar 1541. Ní mór an fhianaise atá tagtha anuas chugainn ar an bpátrúnacht a dhein Séamus ar na teaghlaigh léannta, ach tá fianaise chinnte ann go raibh nascanna aige le Muintir Ifearnáin, teaghlach léannta a chum filíocht dosna Gearaltaigh ar ball.

I ndiaidh bhás Shéamuis, deineadh Iarla dá mhac, Gearóid. Bhí Gearóid pósta ar feadh tamaill le Siobhán, iníon Shéamuis (deichiú hIarla, †1529), agus máthair Thomáis Duibh Urmhumhan. Lean aighneas agus cogaíocht idir na Gearaltaigh agus na Buitléaraigh in aimsir Ghearóid agus, ar deireadh, bhí ina chogadh dearg idir Gearóid agus fórsaí Shasana. Dúnmharaíodh Gearóid sa bhliain 1583. Aontaíonn scoláirí gur tháinig deireadh le hIarlacht Dheasmhumhan lena bhás, ach bhronn na Sasanaigh an Iarlacht ar a mhac ag deireadh na haoise sin agus dhein gaoil leis iarracht ar an Iarlacht a ghabháil chucu féin thart ar an am céanna. Tá mórán fianaise tagtha anuas chugainn den phátrúnacht a dhein Gearóid ar aos léinn na hÉireann agus is ón tréimhse díreach i ndiaidh a bháis agus na filí ag caoineadh imeacht agus bhás na nGearaltach formhór na ndánta a cumadh dosna Gearaltaigh. Lena linn, is féidir nascanna pátrúnachta a aithint idir na Gearaltaigh agus teaghlaigh léannta éagsúla, mar shampla, Clann Chraith, Muintir Ifearnáin, Muintir Dhálaigh agus Clann Bhruaideadha. Ní hamháin sin, ach mhair cuimhne na nGearaltach mar phátrúin i bhfad i ndiaidh a bháis.

Mar is léir, ní hamháin gur thiarnaí cumhachtacha iad Iarlaí Dheasmhumhan, ach bhí an-spéis acu sa léann agus sa litríocht. Dheineadar pátrúnacht ar an eaglais agus ar mhórtéaghlaigh léannta na hÉireann agus is féidir saothair léinn Iarlaí éagsúla a aithint i dtraidisiún na lámhscríbhinní. Déanfar iarracht sa tráchtas seo ar na nascanna éagsúla seo idir na Gearaltaigh agus léann na Gaeilge a shoiléiriú agus a cheangal le chéile, le léargas a thabhairt ar thábhacht an mhórtéaghlaigh Shean-Ghallda seo mar phátrúin agus mar údair ar léann agus ar litríocht na Gaeilge. Pléifear go háirithe an tréimhse is luaithe ina bhfeictear fianaise na pátrúnachta .i. an ceathrú haois déag. Ar dtús, áfach, tabharfar léargas ar thorthaí na pátrúnachta .i. ar

na téacsanna is tábhachtaí a tháinig as an spéis a chuir na Gearaltaigh sa léann, ar féidir tagairt dóibh uile mar ‘Sheanchas Gearaltach’.

Caibidil 1: ‘Seanchas Gearaltach’

1.1 Réamhrá

Sa chaibidil seo, pléifear le seanchas Gearaltach .i. cuntais staire agus dánta ginealais a phléann Gearaltaigh, Iarlaí Dheasmhumhan.¹ D’fhéadfaí ginealaigh na nIarlaí a thabhairt ar chuid mhaith de na scéalta seo, ach tá difríochtaí áirithe idir iad agus ginealaigh thraidisiúnta a fhaightear sna lámhscríbhinní. Tá tábhacht fé leith ag baint leis na cuntais éagsúla seo don té a dheineann staidéar ar scéal na nGearaltach. Ar an gcéad dul síos, cuireann siad leis an mbeagán fianaise atá tagtha anuas chugainn maidir leis na Gearaltaigh, ach, thairis sin, nuair a dheintear comparáid agus grinnscrúdú orthu agus eatarthu, tugann siad breis eolais don scoláire ar shaibhreas na nascanna a bhí ann go flúirseach idir na Gearaltaigh agus teaghlaigh léannta na hÉireann. Go deimhin, leagtar formhór na gcuntas seo ar bhail éagsúla de na teaghlaigh léannta sin. Don tráchtas seo, cíoradh lámhscríbhinní Gaeilge do chuntais mar seo. Fuarthas na cuntais seo a leanas:

Téacs	Bliain	Údar (?) / Scríobhaí	Saghas
BL Harl. 3756, f. 190	ca.1512	?	Obitus
<i>Cá méad gabhál fhuair Éire?</i>	a. 1520	Torna Ó Maoil Chonaire	Dán
<i>Seanchas na nGearaltach</i> (1)	ca.1530	Torna Ó Maoil Chonaire	Cuntas
<i>Grace, Ob. Ger.</i>	ca.1558	?	Obitus
Leabhar Bhinn Éadair, ff. 60r-61r	ca.1571	?	Obitus
<i>Canfaidher liom lorg na bhfear</i>	1601?	Muireadhach Ó Dálaigh	Dán
<i>DMacF</i> , §§785-787.18, 787A.1, §798A.2	a. 1653	<i>Amanuensis</i> ²	Ginealach
<i>Seanchas na nGearaltach</i> (2)	a. 1664	Cú Choigríche Ó Cléirigh	Cuntas
BL Harl. 546, f. 57	ca.1609	?	Obitus

¹ Deintear idirdhealú sa tráchtas seo idir ‘seanchas Gearaltach’ .i. cuntais staire ar fáil fé Gheartaigh (go háirithe Gearaltaigh Dheasmhumhan) agus ‘Seanchas na nGearaltach’ .i. trí chuntas stairiúla fé Gheartaigh Dheasmhumhan.

² Fé stiúir an Dubhaltaigh Mhic Fhirbhisigh

<i>Seanchas na nGearaltach</i> (3)	17 ^ú hAois	‘Torna Ó Maoil Chonaire’	Cuntas
<i>Craobhsgaoileadh Sleachta na hIarlachta</i>	17 ^ú hAois	?	Ginealach
‘Dhá bliaghain 7 dá fichit’	ca.1767	Muiris Ó Gormáin	Cuntas

Is féidir gach foinse díobh seo a áireamh mar chuid den seanchas Gearaltach, mar cuireann siad leis an bhfaisnéis stairiúil atá tagtha anuas chugainn fé na Gearaltaigh.

Ar an gcéad dul síos, pléifear na leaganacha éagsúla den scéal ar a nglaoitear *Seanchas na nGearaltach*. Mar a phléifear, is trí théacs éagsúla iad seo i ndáiríre, a ndeintear nasc eatarthu mar gheall ar an ainm sin. É sin ráite, is féidir nascanna áirithe a rianú idir a bhfuil iontu. Tabharfar sracfhéachaint ar ábhar na gcuntas agus déanfar comparáid eatarthu. Ansin, féachfar ar dhá dhán luachmhara, a cumadh do Ghearaltaigh, atá tagtha anuas chugainn .i. *Cá méad gabhál fhuair Éire?*, ón gcúigiú haois déag, agus *Canfaidher liom lorg na bhfear*, ó thús na seachtú haoise déag. Tá difríocht idir na dánta seo agus dánta eile de chuid fhilíocht na scol a cumadh do Ghearaltaigh, mar is dánta ginealais iad ar féidir iad a cheangal leis na leaganacha éagsúla den seanchas. Ina ndiaidh sin, féachfar ar na cuntais eile atá sa liosta thuas, i gcomhthéacs na dtéacsanna is tábhachtaí .i. *Seanchas na nGearaltach* (1), (2) agus (3) agus na dánta. Ag deireadh na caibidle, déanfar iarracht ar na cuntais agus na dánta éagsúla a tharraingt le chéile trí na nascanna agus an leanúnachas eatarthu a thaispeáint.

Luafar duine amháin de na fir léinn a bhí ag saothrú dosna Gearaltaigh, Torna Óg Ó Maoil Chonaire, go minic sa chaibidil seo, mar leagtar téacsanna áirithe díobh seo air. Pléifear le scéal Chlann Uí Mhaoil Chonaire agus na nascanna a bhí acu leis na Gearaltaigh ar ball,³ ach is fiú a rá ag an bpointe seo gur staraí agus file ab ea Torna, a mhair ag deireadh na cúigiú agus tús na séú haoise déag, de phór Chlann Uí Mhaoil Chonaire, a bhí mar staraithe oidhreachtúla ag Muintir Chonchobhair, Ríthe Chúige Chonnacht go dtí lár na cúigiú haoise déag. Tá an chuma ar an scéal go raibh Torna Óg ag saothrú léinn d’Iarlaí Dheasmhumhan áirithe agus dá bpáistí. Mar a phléifear i

³ Féach Caibidil 6.3.

gCaibidil 2, is dócha gurbh é a bhreac *Seanchas na nGearaltach* (1) ar dtús.⁴ Dhealródh sé gurbh é a chum *Cá méad gabhál fhuair Éire?* freisin.⁵ Leagtar *Seanchas na nGearaltach* (3) air ach ní fhéadfadh gurbh é a bhreac.⁶

1.2 *Seanchas na nGearaltach*

1.2.1 Na Leaganacha Éagsúla

Den trí théacs a nglaoitear *Seanchas na nGearaltach* orthu agus atá tagtha anuas chugainn, is é *Seanchas na nGearaltach* (1) an téacs is sine díobh.⁷ Maireann an leagan is luaithe de ó thart ar an mbliain 1530.⁸ Is cuid de ghinealaigh Uí Chléirigh atá in RIA 790 [23 D 17] é *Seanchas na nGearaltach* (2). Tá ginealaigh Ghearlaigh Chill Dara agus Dheasmhumhan, mar aon le ginealaigh na gcraobhacha éagsúla go léir le chéile sa lámhscríbhinn sin.⁹ Is é *Seanchas na nGearaltach* (3) an leagan is coitianta sna lámhscríbhinní ach is leagan déanach é, ón seachtú haois déag agus ní féidir brath air. Níor foilsíodh eagrán de riamh. Tugtar an leagan is sine de, atá sa lámhscríbhinn RIA 153 [23 M 17], i láimh Shéain Mhic Solaidh, in Aguisín 2 a ghabhann leis an tráchtas seo agus nótaí míniúcháin áirithe in éineacht leis, le malairt leagain ó lámhscríbhinní tábhachtacha eile. I ngach leagan díobh seo, deintear cur síos ar Thiarnaí na nGearaltach óna dteacht i dtír in Éirinn go dtí deireadh na hIarlachta (seachas *Seanchas na nGearaltach* (1), a breacadh sarar tháinig deireadh leis an Iarlacht). Tabharfar cur síos gairid ar inneachar na gcuntas anseo thíos.

⁴ Féach Caibidil 2.3.1.

⁵ Féach thíos, Caibidil 1.3.2.


⁶ Féach thíos, Caibidil 1.2.4.

⁷ I gcló in *CT*, i, 168-171, le haistriúchán Béarla in *CT*, ii, 178-81.

⁸ Maidir leis na lámhscríbhinní ina bhfaightear na leaganacha éagsúla den *Seanchas*, féach Caibidil 2.3.

⁹ I gcló in *Ó Cléirigh*, §§2123a-2240.

1.2.2 Seanchas na nGearaltach (1)



Tugann *Seanchas na nGearaltach* (1) cur síos ar Thiarnaí na nGearaltach ó aimsir Ghearóid mhic Mhuiris, céad Bharún Ó bhFailí go dtí bás Shéamus, deichiú hIarla Dheasmhumhan sa bhliain 1529. Tá an chóip is luaithe de *Sheanchas na nGearaltach* (1) tagtha anuas chugainn i lámh Thorna Óig Uí Mhaoil Chonaire sa lámhscríbhinn BL Add. 30512.¹⁰ Ós rud é gur cailleadh Torna Óg sa bhliain 1532, is féidir dáta cinnte a chur leis an téacs seo. Mar a tharlaíonn, is é an leagan sin den *Seanchas* an t-aon cheann nach nglaoitear ‘Seanchas na nGearaltach’ air sna lámhscríbhinní. Tá an chuma ar an scéal gur bhaist Standish Hayes O’Grady an t-ainm sin air agus é ag cur eagar ar an téacs.¹¹ Glaoitear ‘*Craobh comhneas Gearaltaibh Eireann*’¹² agus ‘*Bladh d’iris Gearaltach do reir Leabhair na Cathrach*’¹³ air i lámhscríbhinní áirithe ach níl aon ainm air sa leagan is luaithe atá tagtha anuas chugainn.¹⁴

¹⁰ Pléifear scéal Thorna agus an nasc a bhí aige leis na Gearaltaigh go mion ar ball, ach sa chaibidil seo, is leor a rá gur fear léinn a bhí ann a bhí ag saothrú léinn do hIarlaí Dheasmhumhan nó dá bpáistí ag deireadh na cúigiú haoise déag agus ag tús na séú haoise déag. Féach thíos, Caibidil 1.3, Caibidil 2.3 agus Caibidil 6.3.


¹¹ *CT*, i, 168.

¹² RIA 1404 [24 P 41], f. 145.

¹³ RIA 154 [23 M 18], ff. 382; RIA 756 [23 E 26], ff. 288.

¹⁴ Add. 30512, f. 12b.

Tosnaíonn an téacs le scéal Ghearóid, céad Bharún Ó bhFailí, a cailleadh sa bhliain 1205,¹⁵ agus lena mhac, Muiris, an dara Barún, a cailleadh sa bhliain 1257. Níor shíolraigh Gearaltaigh Dheasmhumhan ón mbeirt seo. Go dtí an naoú haois déag, áfach, cheap staraithe áirithe gur scar an dá theaghlach óna chéile le bás Mhuiris in 1257, ach ní fíor.¹⁶ Shíolraigh Gearaltaigh na Mumhan ó dheartháir Ghearóid, Tomás Mór (†1213), an chéad duine eile a luaitear sa *Seanchas*. Cheap údar an téacs gur mhac le Muiris (†1257), é Tomás, ach uncaíl leis an Muiris sin a bhí ann.



¹⁵ Mac le Muiris Mac Gearailt (†1176), an chéad Ghearlacht a tháinig i dtír in Éirinn, ab ea an Gearóid seo. Shíolraigh Gearaltaigh uile na hÉireann óna athair, Muiris mac Gerald ‘de Windsor’, mac le Walter Fitz Other nó Otho. Bhí Walter agus a mhac, Gerald, ina dhiaidh, ina gcaisealóirí ar chaisleán Windsor i Sasana. Ní fios cad as ar tháinig a athair, Other nó Otho, ach luaitear a ainm sa Leabhar Brátha (Domesday Book), sa bhliain 1086, nuair a bhí seilbh ag ‘Walter fitz Oter’ ar thailte éagsúla i Sasana. Phós Walter bean darbh ainm Beatrice agus phós Gerald, a mhac, bean darbh ainm Nesta, a raibh cáil uirthi dá háilleacht. Féach, mar shampla, Round, J. H., ‘The Origin of the FitzGerald’, in *The Ancestor; A Quarterly Review of County and Family History, Heraldry and Antiquities*, 1 (April 1902), 119-26; idem. ‘The Origin of the FitzGerald II’, in *The Ancestor; A Quarterly Review of County and Family History, Heraldry and Antiquities*, 2 (July 1902), 91-8; Jones, T., (ed.), *Brut Y Tywysogyn or The Chronicle of the Princes: Red Book of Hergest Version* (University of Wales Press, Cardiff, 1955 - athchló, 1973), 48 agus 56; idem., (ed.), *Brut Y Tywysogyn or The Chronicle of the Princes: Peniarth MS. 20 Version* (University of Wales Press, Cardiff, 1952), 28; Dimock, J. F., (ed.), *Giraldi Cambrensis Opera: Vol VI: Itinerarium Kambriae, et Descriptio Kambriae* (Longmans, Green, Reader, & Dyer, London, 1868), 89; Mac Cotter, P. & Nicholls, K., ‘Feudal Warlords: the Knights of Glencorby’, in Donovan, T., (ed.), *The Knights of Glin: Seven Centuries of Change* (Glin Historical Society, Limerick, 2009), 48-50; <http://opendomesday.org/name/564300/walter-son-of-other/> [30 Márta 2017]; Stevenson, J., (ed.), *Chronicon Monasterii de Abingdon*, ii (Longman, Brown, Green, Longman, & Roberts, London, 1858), 132; Mullally, E., (ed.), *The Deeds of the Normans in Ireland: La Geste des Engleis en Yrlande* (FCP, Dublin, 2002), *passim*; Martin, F.X. & Scott, A.B., (eds.), *Expugnatio Hibernica: The Conquest of Ireland by Giraldus Cambrensis* (RIA, Dublin, 1978), *passim*; Duffy, S., ‘Gerald of Windsor and the Origins of the Geraldines’, in Crooks, P. & Duffy, S., (eds.), *The Geraldines and Medieval Ireland: the Making of a Myth (Trinity Medieval Ireland Series 1)* (FCP, Dublin, 2016), 21-52.

¹⁶ Féach, mar shampla, *Seanchas na nGearlatch* (1) (1530); *Initium*, ‘Propagatio Geraldinorum in Hybernia ex quibusd codicibus antiquis tum Vernaculis, t Anglicis’ lxxi-lxxxm go háirithe lxxi-ii (1655); Lodge (1754), i, 7; Lodge & Archdall, i, 61 (1789). I bhfoinsí ón naoú haois déag deirtear gur mac le Muiris Mac Gearailt (†1176) ab ea Tomás Mór. Féach, mar shampla, *Earls*, 10 (1857); Burke, B., *A Genealogical History of the Dormant, Abeyant, Forfeited, and Extinct Peerages of the British Empire* (Harrison, London, 1866), 204 (1866). I gcuntais áirithe, deirtear gur scar an dá theaghlach óna chéile in aimsir Thomáis an Ápa (†1298), athair chéad Iarla Dheasmhumhan.

Luann an iontráil ar Ghearóid gur Ghiúistís Éireann a bhí ann.¹⁷ Ní mhaireann aon fhianaise de seo lasmuigh de théacsanna a phléann na Gearaltaigh. Tharlódh gur chaith Gearóid tréimhse ghairid ina Ghiúistís, mar tá ord Ghiúistísí na hÉireann an-éiginnte sa tréimhse seo, ach ní féidir é sin a chruthú agus ní áirítear é i liostaí na nGiúistísí.¹⁸ Tá an dáta báis a thugann an téacs, 1205, cruinn áfach.¹⁹ Maidir lena mhac, Muiris, deir an téacs go bhfuair sé bás sa bhliain 1207. Tharlódh gur botún é seo ag an scríobhaí, mar cailleadh Muiris sa bhliain 1257. Luaitear freisin gur bhunaigh Muiris mainistir na bProinsiasach in Eochaille. Maireann traidisiúin éagsúla fé bhunú na mainistreach seo, ach an-seans gurbh é Muiris a bhunaigh, mar bhí smacht ag Gearaltaigh Ó bhFáilí ar cheantar Eochaille sa tréimhse seo.²⁰

Tar éis cur síos a thabhairt ar Ghearóid agus Muiris, pléann an seanchas Tiarnaí luatha na nGearaltach i gCúige Mumhan .i. Tomás Mór (†1213),²¹ Seán Challainne, mac

¹⁷ Aontaíonn formhór na dtéacsanna a phléitear sa chaibidil seo leis seo (*Seanchas na nGearaltach* (2), (3), ginealach Mhic Fhirbhisigh, Harl. 3756, Harl. 546, liosta nótaí báis Grace agus Leabhar Bhinn Éadair). Féach *Ó Cléirigh*, §2126; Aguisín 2, §3; *DMacF*, §786.3; Mac Niocaill, G., (ed.), *Crown Surveys of Lands 1540-41 with the Kildare Rental Begun in 1518* (Irish Manuscripts Commission, Dublin, 1992), 353; BL Harl. 546, f. 57a; *Grace, Ob. Ger.; Cal. Carew MSS.*, v [*The Book of Howth*], 118. Féach freisin Lodge & Archdall, i, 59: ‘He is said to have been Chief Justice of Ireland’; Lodge (1754), i, 5. Ar an taobh eile den scéal, ní ghlaitear Giúistís air sna dánta, in aon chnuasach annála, ná i mórán saothar eile, amhail *Initium, Russell, Burke, Peerage* (1975), Orpen, G. H., *Ireland under the Normans* (4 imleabhar) (Clarendon, Oxford, 1911-20), idem, ‘The Fitz Gerald, Barons of Offaly’, in *JRSAI*, 44 (1914), 99-113, Gilbert, J. T., *History of the Viceroy of Ireland; with Notices of the Castle of Dublin and its Chief Occupiers in Former Times* (James Duffy, Dublin, 1865).

¹⁸ Féach, mar shampla, Orpen, *Normans*, ii, 109: ‘The period from the death of Hugh de Lacy [1186] to the beginning of John’s reign [1289] is one of great obscurity in the history of the Anglo-Norman settlement in Ireland. [...] Even the succession of justiciars is uncertain...’; idem, *Normans*, i, 15-17; *NHI*, ix, 470: ‘For the period 1272-1377 reasonably accurate dates for [tréimhsí oifige] can be garnered [...] Before and after this period, however, such detailed guidance is lacking...’.

¹⁹ Níl scoláirí ar aon fhocal an in 1204 nó 1205 a cailleadh é. Dar le húdair áirithe, shuigh sé sa pharlaimint in 1205. Féach, mar shampla, *Earls*, 11; Betham, *Pedigree*.

²⁰ Féach, mar shampla, FitzMaurice, E. B. & Little, A. G., (eds.), *Materials for the History of the Franciscan Province of Ireland: A.D. 1230-1450* (University Press, Manchester, 1920), xi-xii, xv agus 2; O’Sullivan, D. ‘Youghal: the First House of the Friars Minor in Ireland’, in O’Callaghan, J., O. F. M., (ed.), *Franciscan Cork: Souvenir of St. Francis Church, Cork* (Four Masters Press, Killiney, 1953), 28-9; Ó Clabaigh, C., *The Friars in Ireland 1224-1540* (FCP, Dublin, 2012), 11-12; *ARÉ*, s.a. 1224.16; Hayman, S., *The Hand-Book for Youghal...* (W. G. Field, Youghal, 1896 - athchló, T. Lindsey Field, Youghal, 1973), xvi; Gwynn, A. & Hadcock, R. N., *Medieval Religious Houses: Ireland* (IAP, Dublin, 1970 - athchló, 1988), 261; Bradshaw, B., *The Dissolution of the Religious Orders in Ireland under Henry VIII* (Cambridge University Press, Cambridge, 1974), 156. Bhí mainistir Dhoiminiceach in Eochaille freisin, a bhunaigh Gearaltach. Dar le formhór na scoláireachta, ba é Tomás an Ápa (†1298), athair chéad Iarla Dheasmhumhan, a bhunaigh í, ach ní raibh sé ach 7 mbliana d’aois ag an am (1268). Tharlódh, áfach, gur Tomás, athair chéad Iarla Chill Dara, agus mac le Muiris (†1257), a bhunaigh í. Féach, mar shampla, Gwynn & Hadcock, *Medieval Religious Houses*, 261; FitzMaurice & Little, *Materials*, 28: ‘Thomas may be Thomas MacMaurice (father of John Fitz-Thomas, first Earl of Kildare) who died 1271.’

²¹ Féach Caibidil 3.2.1.

Thomáis agus a mhac siúd, Muiris,²² agus mac Mhuiris, Tomás an Ápa.²³ Dar leis an téacs, cailleadh Tomás in 1260. Ceaptar gur cailleadh Tomás idir 1213 agus 1215, agus 1213 an dáta a thugann formhór na scoláirí, bunaithe ar na hAnnála agus na páipéir stáit, ach i gcuntais áirithe díobh sin a bpléitear leo sa chaibidil seo, tugtar 1260 mar dháta a bháis.²⁴ Tharlódh gur mheasc scríobhaí éigin an Tomás seo le duine de shliocht Mhic Mhuiris agus gur chóipeáil scríobhaithe eile an leagan sin.²⁵ Maidir le Seán Challainne agus Muiris, luaitear gur bhunaigh Seán mainistir i dTrá Lí. Seo an mhainistir Dhoiminiceach sa bhaile sin, ar dhein na Gearaltaigh pátrúnacht uirthi agus. Aontaíonn formhór na scoláirí gurbh é Seán a bhunaigh an mhainistir sin in 1243.²⁶ Deir an seanchas gur adhlacadh Seán agus Muiris inti freisin. Go deimhin, adhlacadh mórán dá shliocht ann: Tomás an Ápa (†1298);²⁷ Muiris (céad Iarla, †1356);²⁸ Gearóid Iarla (3^ú hIarla, †1398);²⁹ Tomás an Droichid (7^ú hIarla, †1468);³⁰ Muiris Bacach (9^ú hIarla, †1520);³¹ Séamus (10^ú hIarla, †1529);³² Seán (12^ú hIarla, *de facto*, †1536);³³

²² Féach Caibidil 3.2.2.

²³ Féach Caibidil 3.2.3.

²⁴ 1260 a thugtar i *Seanchas na nGearaltach* (1), (2), *Grace, Ob. Ger.*, Harl. 546 agus i Leabhar Bhinn Éadair. Féach freisin Lodge (1754), i, 7; Lodge & Archdall, i, 61.

²⁵ Féach, mar shampla, Nicholls, K. W., ‘The FitzMaurices of Kerry’, in *JKAHS*, 3 (1970), 25-29, ina bpléann sé fear darbh ainm ‘Thomas fitz Robert’, sinsear Mhuintir Mhic Mhuiris. Mac ab ea an Roibeard sin le Muiris Mac Gearailt (†1176), an chéad Ghearaltach a tháinig go hÉirinn. Dar le Nicholls, cailleadh an Tomás seo uair éigin i ndiaidh 1261, ach tharlódh gur eascair an éiginnteacht maidir le bás Thomáis Dheasmhumhan (†1213) as gan idirdhealú a dhéanamh idir é agus Tomás Chiarraí.

²⁶ Féach, mar shampla, Coleman, A., O.P., (ed.), *The Irish Dominicans of the Seventeenth Century by Father John O’Heyne, O.P., First Published at Louvain in 1706* (William Tempest, Dundalk, 1902), 108-110; idem, *The Ancient Dominican Foundations in Ireland: An Appendix to O’Heyne’s “Epilogus Chronologicus”* (William Tempest, Dundalk, 1902), 64-5; Harris, *Ware: Antiquities*, 277; Pochin Mould, D. D. C., *The Irish Dominicans: The Friars Preachers in the History of Catholic Ireland* (Dominican Publications, Dublin, 1957), 17; Flynn, T. S., O. P., *The Irish Dominicans 1536-1641* (FCP, Dublin, 1993), 2; *DMacF*, §786.6; , Dwyer, J. A., O. P., *The Dominicans of Cork City and County* (Guy & Co., Cork, 1896), 113; O’Sullivan, B., O.P., (ed. Fenning, H., O.P.), *Medieval Irish Dominican Studies* (FCP, Dublin, 2009), 37.

²⁷ *Seanchas na nGearaltach* (1), (2), Harl. 546, *Grace, Ob. Ger.* Dar le húdair áirithe, adhlacadh Tomás an Ápa i mainistir na nDoiminiceach in Eochail, toisc go ndeirtear gur bhunaigh sé an mhainistir sin. Féach nóta 20 thuas.

²⁸ *DIB*, ‘Fitzgerald, Maurice fitz Thomas (1293-1356)’; Dar le *Pembridge*, adhlacadh Muiris i mainistir na nDoiminiceach i mBaile Átha Cliath ar dtús agus aistríodh a chorp go Trá Lí ina dhiaidh sin. *Pembridge*, s. a. 1355.

²⁹ I gcuntais Mhuiris Uí Ghormáin, deirtear gur adhlacadh é i dTrá Lí. Ní luaitear ionad a adhlactha in aon chuntas eile a fuarthas ar na Gearaltaigh. Féach thíos, Caibidil 1.4.3.

³⁰ *AConn*, s.a. 1468.2; *ARÉ*, s.a. 1468.2; MacNiocaill, *Crown Surveys of Lands*, 353.

³¹ *DIB*, ‘Fitzgerald, Maurice fitz Thomas (c. 1460-1520)’; G.E.C., *Peerage*, iv, 249. Dar le *Seanchas na nGearaltach* (1), cuireadh é in Eochail. Féach *CT*, i, 170.

³² *DIB*, ‘Fitzgerald, James fitz Maurice (a. 1500-1529)’; G.E.C., *Peerage*, iv, 249.

³³ Manach a bhí ann i ndeireadh a shaoil: G.E.C., *Peerage*, iv, 251, nóta (b); Coleman, *Appendix to O’Heyne*, 64-5; Meehan, C. P., *The Geraldines, Earls of Desmond, and the Persecution of the Irish Catholics. Translated from the Original Latin, with Notes and Illustrations* (Duffy, Dublin, 1847 - dara heagrán: *The Rise, Increase, and Exit of the Geraldines, Earls of Desmond and Persecution after Their*

Séamus (13^ú hIarla, †1558).³⁴ Luann an téacs go bhfuair Seán agus Muiris bás ‘i cath callainn glind Ua Ruachtain’.³⁵ Pléifear an cath seo agus an tábhacht a bhain leis ar ball.³⁶

Ina dhiaidh sin, luann an seanchas bás Thomáis an Ápa. Ba é Tomás athair an chéad Iarla, Muiris. Luaitear sa seanchas gur cailleadh Tomás in 1296 (*recte* 1298) agus gur cuireadh i ‘medón na coradh’ i dTrá Lí é.³⁷ Tar éis bhás Thomáis, pléann an téacs na hIarlaí éagsúla, ó aimsir an chéad Iarla, Muiris, go dtí aimsir an deichiú hIarla, Séamus. Dosna hIarlaí ó Mhuiris go dtí Séamus (séú hIarla, †1463) mac Ghearóid Iarla, ní thugann an téacs ach sonraí ginearálta fé conas ar cailleadh iad agus moltar na hIarlaí, mar a dhéanfaí san fhilíocht nó sna hAnnála. Luaitear gur deineadh Giúistís Éireann de Mhuiris, an chéad Iarla, gur bádh Seán, an ceathrú hIarla (glaonn an téacs an cúigiú hIarla air), sa tSiúir agus gur cailleadh Tomás an cúigiú hIarla (séú sa téacs) ‘a cathair *Rotomagi*’.³⁸ Is fíor na sonraí seo go léir. Deineadh Giúistís de Mhuiris sa bhliain 1355, go luath sara bhfuair sé bás, bádh Seán sa tSiúir (agus é ar slógadh i dtailte na mBuitléarach de réir dealraimh), agus cailleadh Tomás i Rouen na Fraince, tar éis dá uncail, Séamus, é a dhíbirt as an Iarlacht.³⁹ Ábhar spéise sa chuid seo den seanchas ná go bhfaightear, roimh bhás Thomáis, an t-aon iontráil sa seanchas nach bpléann le hIarla, agus, go deimhin, an t-aon tagairt do bhean i *Seanchas na nGearaltach* (1): ‘Ailghenór Builtér bean Geróitt .m. Muiris *mortua est ando domini* míle ceithre céd a dó’.⁴⁰ Mar a phléifear i gCaibidil 6, bhí go leor idirphósadh ar siúl idir na Gearaltaigh agus na Buitléaraigh sa chúigiú agus sa séú haois déag.⁴¹ (Tharlódh go raibh baill de Chlann Uí Mhaoil Chonaire ag bogadh ó theaghlach go teaghlach mar thoradh ar na póstaí sin.) Sa séú haois déag, bhí Siobhán, iníon le Séamus, deichiú hIarla Dheasmhumhan, agus an duine deireanach a luaitear i *Seanchas na nGearaltach* (1), pósta le Séamus Bacach, naoú hIarla Urmhumhan. Cá bhfios mar sin, ach gur bhreac

Fall. Translated from the Latin of Dominic O’Daly, O.P., With Memoir and Notes (Duffy, Dublin, 1878), 39n.

³⁴ Grace, *Ob. Ger.* Ní bhfuarthas aon chuntas eile a deir gur adhlacadh Séamus i dTrá Lí. Dar le G.E.C. agus an *DIB*, adhlacadh Séamus in mainistir na bProinsiasach in Eas Géitine.

³⁵ *CT*, i, 168.

³⁶ Féach Caibidil 3.2.2 agus 3.3.3.

³⁷ Féach freisin *Grace, Ob. Ger.*: ‘in medio Chori’; Harl. 546, f. 57a.

³⁸ *CT*, i, 169.

³⁹ Féach Caibidil 4.2.2.

⁴⁰ *CT*, i, 169.

⁴¹ Féach Caibidil 6.3, go háirithe 6.3.1-6.3.2.

Torna Óg an téacs seo di siúd agus gur mar gheall ar a pósadh le hIarla Urmhumhan a chuir sé iontráil fé Eilionóir san áireamh.

I ndiaidh na hiontrála maidir le Tomás, an tIarla a fuair bás sa Fhrainc, pléann an seanchas a uncaíl Séamus (séú hIarla, †1463), a dhíbir é, agus mac Shéamuis, Tomás an Droichid (seachtú hIarla, †1468). Tá na hiontrálacha níos faide ina dhiaidh seo ach de ghnáth ní bhíonn iontu ach moladh ginearálta ar an gcaoi chéanna leis na hiontrálacha luatha. É sin ráite, insítear dhá scéal nó eachtra a tharla d'Iarlaí iontu. San iontráil ar Thomás an Droichid, tugtar cur síos ar a bhás agus insítear gur dhícheann 'Seon *Tiptó* .i. iarla *hó bhrétra*' (John Tiptoft, Iarla Worcester, †1470) é i nDroichead Átha (agus mar sin thugtaí Tomás 'an Droichid' air), in 1467 (*recte* 1468).⁴² Tá scéal níos faide fós sa chéad iontráil eile, ar mhac Thomáis, Séamus Ráth Caola, agus ar an mbás fealltach a fuair sé. Mar a insíonn an téacs, dhícheann 'Seaán manntach .m. Emaind Meicc Gibún .i. fuigheall fochaidmidh agus fanamhaid bhfer nEirenn',⁴³ é i Ráth Caola sa bhliain 1486 (*recte* 1487). Is léir ón iontráil seo gur cuireadh olc ollmhór ar an bhfile. Tá an iontráil níos faide ná aon cheann eile sa téacs agus chomh maith leis sin, tá dhá ghiota filíochta ann, rud nach bhfuil in aon áit eile. Caitheann an dá ghiota seo anuas go láidir ar Sheán Mantach. Ábhar spéise é go bhfuil níos mó san iontráil seo ná in aon iontráil eile sa téacs. Sa dhá iontráil ina dhiaidh, casann Torna ar na hIarlaí (Muiris, naoú hIarla (†1520) agus Séamus, deichiú hIarla (†1529)) a mholadh arís agus cúinsí a mbásanna a lua ag deireadh na n-iontrálacha. Is spéisíúil é, áfach, go luann Torna gur thug Séamus, an deichiú hIarla, bronntanais do dhaoine thar lear:

...agus nír bo clú cin fhotha dósom sin, ár is imdha seoid agus maoine agus ór agus airget agus ilchenél cecha cethra do rat d'allmarachaib agus d'echtarcríchaib ciana comaightecha...⁴⁴

Gan dabht, bhí Torna ag tagairt don chaidreamh a bhí ag an Séamus seo, an deichiú hIarla, le cúirteanna ríoga na hEorpa.⁴⁵ Maidir le Séamus Ráth Caola (†1487), áfach,

⁴² Féach Caibidil 6.4.2, ina bpléitear an tIarla seo agus a chlann. Féach freisin Cosgrove, 'Execution of the Earl of Desmond'.

⁴³ *CT*, i, 169.

⁴⁴ *Ibid.*, 171.

⁴⁵ Féach Caibidil 6.2.3.

b'fhéidir gurb í an chúis gur chuir an scéal isteach ar Thorna chomh mór sin ná gur phátrún aige féin ab ea Séamus, agus Torna níos óige. Mar a dúradh thuas, cailleadh Torna in 1532 agus mar sin, bhreac sé *Seanchas na nGearaltach* (1) ag deireadh a shaoil. Tharlódh, áfach, gur chum sé an dán *Cá méad gabhál fhuair Éire?* agus é i bhfad níos óige, mar ní phléann an dán sin leis na hIarlaí i ndiaidh aimsir Shéamuis Rath Caola (†1487), cé go dtagann an dán céanna díreach roimh an seanchas sa lámhscríbhinn.⁴⁶ An é go raibh Séamus mar phátrún ag Torna agus é óg, agus gur i gcuimhne ar an bhfeall a deineadh ar a phátrún ar leag sé an oiread sin béime ar bhás Shéamuis i *Seanchas na nGearaltach*?

Gan dabht, leagann *Seanchas na nGearaltach* (1) an-bhéim ar phátrúnacht Iarlaí áirithe. Arís is arís eile feictear tagairtí ann d'fhlaithiúlacht na nIarlaí leis na fir léinn. Agus é ag caint ar Sheán na Siúire, luaigh Torna gurbh 'imdhá a derlaici do sgolaib Eirenn' agus deir sé gur 'aithghein Cuinn cétcathaig' é Séamus Ráth Caola 'ar derlacadh duas do dámhscolaib'. Thagair sé freisin do Thomás an Droichid (seachtú hIarla †1468) agus do Shéamus (deichiú hIarla, †1529) mar 'superláid fher nEireann' agus 'superláit iarthair Eorpa' fé seach, maidir le tabhartas agus tólacadh d'údair agus d'ollúna.⁴⁷ D'fhéadfaí a rá gur gnáthreitic a bhíonn i gceist nuair a úsáidtear nathanna mar sin i dtéacs mar seo, ar an gcaoi chéanna go ndeir an téacs gur 'giallsad goill agus gaoidil' do Ghearóid (céad Bharún Ó bhFailí, †1205), do Mhuiris (céad Iarla Dheasmhumhan, †1356) agus do Thomás an Droichid (seachtú hIarla, †1468); nó go bhfuil trácht ann ar 'oinigh (einech)' agus 'engnam' na dTiarnaí agus na nIarlaí éagsúla. Ach sa chás seo, is d'Iarlaí fé leith a thagair Torna. Gan dabht, is foirmlí seanbhunaithe iad 'tabartus agus tíodhlacadh' agus 'derlacadh duas do dámhscolaibh', ach ní mór aird a tharraingt ar na hIarlaí a roghnaigh Torna chun an moladh seo a thabhairt dóibh. Seachas Seán na Siúire, a raibh nascanna éagsúla aige leis an nGaeilge agus ar phearsa lárnach é i *Seanchas Buillearach*,⁴⁸ gach duine de na hIarlaí a luaigh Torna, bhí sé féin ina bheatha agus iad i réim. Bheadh aithne aige orthu, nó tharlódh go raibh sé ag saothrú dóibh. Ní dócha gur comhtharlúint é gur chuir sé béim fé leith ar na nascanna a bhí ag Muiris, an naoú hIarla (†1520), agus Séamus Ráth Caola (†1487), leis an léann, go háirithe ós rud é go bhfuil fianaise áirithe ann go raibh Torna

⁴⁶ Féach thíos, Caibidil 1.3.3 ina bpléitear an dán sin.


⁴⁷ *CT*, i, 169-71.

⁴⁸ Féach Caibidil 4.2.2.

ag saothrú don bheirt sin. Maidir le Muiris, scríobh Torna sliocht fada ina ndúirt sé go raibh lucht leanúna ollmhór ag an Iarla, a d'fhéadfadh cath a throid ar a shon.⁴⁹ Mar a phléifear i gCaibidil 6, chaith Torna tréimhse ag leasú na lámhscríbhinne Laud Misc. 610, a bhí i seilbh Mhuiris.⁵⁰

Mar a pléadh cheana, dhealródh sé gur chum Torna *Cá méad gabhál fhuair Éire?* in aimsir Shéamuis Ráth Gaola, agus go bhfuil fianaise áirithe sa téacs seo gur ghoil a bhás go mór ar Thorna. Más fíor, ní haon ionadh go nglaofadh sé 'cenduidhe dámh agus deoradh agus ollaman agus eigní eisrehta agus oblóiredh Eireann'⁵¹ ar Shéamus, cur síos a thabharfadh an meas a bhí ag Torna ar Shéamus le fios.

1.2.3 Seanchas na nGearaltach (2)



Faightear leagan eile de *Seanchas na nGearaltach* i nginealaigh Uí Chléirigh.⁵² *Seanchas na nGearaltach* (2) a thugtar ar an téacs sin sa tráchtas seo, ón teideal a bhí

⁴⁹ Féach Caibidil 6.2.1.

⁵⁰ Féach Caibidil 6.3.4.

⁵¹ *CT*, i, 170.

⁵² Chuir Séamus Pender an téacs iomlán in eagar sa bhliain 1951 agus chuir Samuel Hayman eagar ar chuid de sa naoú haois déag, ach níor éirigh leis é a chríochnú sarar cailleadh é (1886). Féach *Ó Cléirigh*, §§2124-2240; Hayman, S., (ed.), 'The Geraldines of Desmond', in *JRSAI*, 15 (1879-82), 211-35, 410-40; idem., (ed.), 'The Geraldines of Desmond (Continued)', in *JRSAI*, 17 (1885-6), 66-92.

ag Ó Cléirigh ar an téacs: ‘Do mhiniugad Senchusa Geraltach, dia n-oidhedhaibh, et dia mbas indso.’⁵³ Go bunúsach is ginealach na nGearaltach é an téacs seo, lena n-áirítear Iarlaí Dheasmhumhan, agus Tiarnaí na nDéise,⁵⁴ Iarlaí Chill Dara agus Gearaltaigh Laighean,⁵⁵ agus craobhacha na nGearaltach i gCúige Mumhan.⁵⁶ Mar atá in BL Add. 30512, tugtar an dán *Cá méad gabhál fhuair Éire?* roimh an seanchas.⁵⁷ Mheas Brian Ó Cuív go raibh nasc idir *Seanchas na nGearaltach* (1) agus (2):

Ó Cléirigh seems to have drawn on the work of Torna Ó Maoil Chonaire [.i. *Seanchas na nGearaltach* (1)] which dates from the first decades of the sixteenth century, but his account of the Fitzgeralds of Desmond is continued to the end of that century, as is Mac Fir Bhisigh’s account in his Book of Genealogies.⁵⁸

Más fíor gur úsáid Ó Cléirigh saothar Thorna agus é i mbun a shaothair féin, is léir nár aontaigh sé leis na dátaí báis a thug Torna. Go deimhin, tá na blianta a thugann Ó Cléirigh i bhfad níos cóngaraí dosna dátaí a fhaightear in *Obitus* na nGearaltach atá i gcló in aguisín le *Annales* Grace.⁵⁹ Cé gur fuirist ginealach na nGearaltach i *Leabhar Mór na nGenealach* an Dubhaltaigh Mhic Fhirbhisigh a mheas mar leagan eile de *Seanchas na nGearaltach* (2), ós rud é gur breacadh an dá théacs sin thart ar an am céanna .i. i lár na seachtú haoise déag, is cóngaraí ginealach an Dubhaltaigh le hOrd na nIarlaí mar atá sé i *Seanchas na nGearaltach* (1) nó mar atá sé i dtéacs Uí Chléirigh. Tharlódh gur ar BL Add. 30512 féin a bhunaigh Mac Fhirbhisigh, nó a *amanuensis*, an ginealach sin. Dealraíonn sé go raibh an lámhscríbhinn in úsáid ag Mac Fhirbhisigh agus *Leabhar Mór na nGenealach* á thiomsú aige.⁶⁰ Ni léir, áfach, an raibh an lámhscríbhinn chéanna ag Ó Cléirigh agus é i mbun oibre. Go deimhin, is mó ar fad

⁵³ Ó Cléirigh, §2124.

⁵⁴ Ó Cléirigh, §§2124-2160; §2191; §§2225-2228.

⁵⁵ Ibid., §§2161-2190; §§2192-2224.

⁵⁶ Ibid., §§2229-2240.

⁵⁷ Ibid., §2123a.

⁵⁸ Ó Cuív, B., (ed.), ‘A Fragment of Irish Annals’, in *Celtica*, xiv (1981), 85.

⁵⁹ Féach thíos, Caibidil 1.4.2.

⁶⁰ Féach, mar shampla, Ó Muraíle, N., *The Celebrated Antiquary Dubhaltach Mac Fhirbhisigh (c. 1600-71): His Lineage, Life and Learning (Maynooth Monographs 6)* (An Sagart, Maynooth, 1996), 180, 203, nóta 37 agus 205, nóta 100.

an nasc is féidir a aithint idir na hAnnála agus saothar Uí Chléirigh ó thaobh na dátaíochta de agus ó am go ham, ó thaobh ábhar na n-iontrálacha de.⁶¹

Is féidir ginealach na nGearaltach i saothar Uí Chléirigh a roinnt ina chúig chuid.⁶²

1) §§2123a-2124: Réamhrá

Ar dtús ar fad, tugtar an dán *Cá méad gabhál fhuair Éire?* agus cúlra ginearálta fé theacht na nGall go hÉirinn, ina dtagraítear do shliocht Nesta, .i. Gearaltaigh nó a ngaoil, amháin.

2) §§2125-2160: Ginealach Dheasmhumhan

Ina dhiaidh sin, tugtar ginealach Iarlaí Dheasmhumhan, le ginealach Thiarnaí na nDéise mar chuid de sin. Seo an chuid is toirtiúla den ghinealach agus sin atá i gceist i ndáiríre sa tráchtas seo, nuair a thagraítear do *Seanchas na nGearaltach* (2), mar is í sin an chuid a phléann Iarlaí Dheasmhumhan. Den chuid is mó ní luaitear ach an Tiarna Gearaltach agus bliain a bháis, ach uaireanta tugtar eolas breise. Mar shampla, ar an gcaoi chéanna le *Seanchas na nGearaltach* (1), deirtear gur ‘Justis na hErenn’⁶³ ab ea Gearóid, céad Bharún Ó bhFailí (†1205); gur bhunaigh Muiris, dara Barún Ó bhFailí, mainistir na bProinsiasach in Eochaille agus gur bhunaigh Seán Challainne mainistir na nDoiminiceach i dTrá Lí, sarar cailleadh é féin agus a mhac, Muiris, i gcath Challainne.⁶⁴ Freisin, luaitear gur bádhdh Seán na Siúire sa tSiúir;⁶⁵ gur mharaigh ‘Seon Tipto .i. iarla o Busetar’⁶⁶ Tomás an Droichid, agus gur mharaigh Seán mantach Séamus Ráth Chaola.⁶⁷

Difríocht shuntasach idir an dá leagan ná go luann an ginealach seo clann mhídhlisteanach Sheáin:

⁶¹ Féach, mar shampla, iontrálacha §2152 agus §2156 i gcomparáid le *ARÉ*, s.a. 1582.11 agus 1580.13 fé seach.

⁶² Fite fuaite trína codanna seo tá corr-iontráil ann a thugann ginealach Iarlaí Dheasmhumhan nó ginealach Iarlaí Chill Dara .i. §§2192-3, §2198, §§2224-5. Úsáidtear uimhríocht Pender sa liosta seo chun deighilt na gcodanna a thaispeáint.

⁶³ *Ó Cléirigh*, §2126.

⁶⁴ *Ibid.*, §2127 agus §2129.

⁶⁵ *Ibid.*, §2135.

⁶⁶ *Ibid.*, §2139.

⁶⁷ *Ibid.*, §2140.

...et do baoi an Seaan sin gan sliocht air ag fagail bás do acht bean a mic torrach [ní fíor seo: saolaíodh an leanbh roimhe sin], et do cuireadh clann mor oile chuidece riana bás .i. Muiris buidhe ua Cinneidigh o bfuilit clann mic an Ridire, et Gibun úa Cuindin o tat clann Gibún, Seaan mór ua Cuilein a quo clann Seagain moir na sursuindi, Tomais a quo clann Tomais an triucha.⁶⁸

Tagraítear do shleachta na bpáistí a bhí ag Seán sa téacs seo, agus go deimhin, is ó pháistí mídhlisteanacha a shíolraigh craobhacha sóisearacha Gearaltacha na Mumhan .i. na Ridirí Fionna (nó Clann Giobúin) ó Ghiobún Ó Cuinnín, Ridirí Chiarraí ó Mhuiris Ó Cinnéide, agus Ridirí an Ghleanna ó Sheán Mór Ó Coileáin. B'iad seo na craobhacha is tábhachtaí de chuid na nGearaltach i gCúige Mumhan, seachas na hIarlaí féin agus Muintir Mhic Mhuiris i gCo. Chiarraí, a shíolraigh ó dheartháir le Tomás Mór (†1213), sinsear na nIarlaí. (Bhí spéis ag ridirí áirithe díobh i léann na Gaeilge freisin, agus tá fianaise tagtha anuas chugainn de phátrúnacht a dheineadar ar theaghlaigh léannta - go háirithe i gcás Thiarnaí na Claonglaise, fochraobh de Ridirí an Ghleanna.)⁶⁹

Tá iontrálacha áirithe i *Seanchas na nGearaltach* (2) a thugann faisnéis bhreise ar na daoine atá á bplé acu. Tugtar sliocht fada ag cur síos ar an scrios a dhein Gearóid na Déise, mac le Séamus, séú hIarla Dheasmhumhan, nuair a maraíodh a dheartháir, Tomás an Droichid.⁷⁰ Tá go leor iontrálacha fé Thiarnaí na nDéise,⁷¹ nach bhfaightear

⁶⁸ Ibid., §2129.

⁶⁹ Maidir leis na craobhacha seo, féach, mar shampla, Mac Cotter & Nicholls, 'Feudal Warlords'; Lee, G. A., 'The White Knights and Their Kinsmen', in Rynne, E., (ed.), *North Munster Studies: Essays in Commemoration of Monsignor Michael Moloney* (Thomond Archaeological Society, Limerick, 1967); Donovan, T., (ed.), *The Knights of Glin: Seven Centuries of Change* (Glin Historical Society, Limerick, 2009); O'Byrne, R., *The Last Knight: A Tribute to Desmond FitzGerald 29th Knight of Glin* (Lilliput, Dublin, 2013). Maidir le fianaise na pátrúnachta atá tagtha anuas chugainn, féach de Brún, P., 'The Glin Family and Irish Poetry', in Donovan, T., (ed.), *The Knights of Glin: Seven Centuries of Change* (Glin Historical Society, Limerick, 2009), 273-301; FitzGerald, A., 'The Knights of Kerry', in Donovan, T., (ed.), *The Knights of Glin: Seven Centuries of Change* (Glin Historical Society, Limerick, 2009), 419-25. (Is é Sir Adrian FitzGerald 24^ú Ridire Chiarraí. Mo bhuíochas leis as an eolas a roinn sé liom maidir le Ridirí Chiarraí agus na Gearaltaigh i gcoitinne); Mac Cotter, P., 'Lordship and Colony in Anglo-Norman Kerry', in *JKAHS*, 2:4 (2004), 39-85. Féach freisin Caibidil 1.3.3, 1.4.1, 3.3.2, 3.3.4, 6.2.4 agus 6.2.5 ina dtagraítear do nascanna áirithe a bhí ag na teaghlaigh sin leis an léann agus leis na teaghlaigh léannta i gcoitinne.

⁷⁰ Ó Cléirigh, §2142.

⁷¹ Go háirithe, ibid., §§2145-2148. Ní hamháin go luaitear sliocht na nDéise ach tugtar ginealaigh eile nach bhfaightear i nginealaigh nó i leaganacha eile den *Seanchas*, amhail sliocht Ghearóid 'Ó Mhoigh Colpta', mac Thomáis an Droichid (§§2152 agus 2156); sliocht Sheáin, an dara hIarla déag (*de facto*), agus a bpáistí (§§2153-5; §§2159-60) agus deartháireacha Ghearóid, Iarla deireanach Dheasmhumhan (†1583) (§§2150, 2152 agus 2158)

i nginealaigh Ghearaltacha eile agus i gceann amháin acu, tagraítear do mhac garchlainne le Gearóid na Déise, Muiris, mar ‘rí na nDeisi’.⁷² An scéal aonair is mó a insítear sa ghinealach áfach, ná cur síos ar idirghabháil idir Iarlaí Dheasmhumhan, Iarlaí Chill Dara, cúirt Shasana agus ‘Eduard Ponis’ .i. Edward Poynings i lár na 1490idí [1522 dar leis an téacs], agus aighneas ar siúl mar thoradh ar ghníomhaíochtaí Perkin Warbeck in Éirinn agus thar lear.⁷³

I gcomparáid le *Seanchas na nGearaltach* (1), níl mórán tagairtí don léann sa téacs seo. Ó thaobh Iarlaí Dheasmhumhan de, ní luaitear ach go raibh Tomás an Droichead ‘eolach i Laitin, i mBerla, et i senscrepraibh Gaoidilge’.⁷⁴ Ábhar spéise, áfach, ná an nóta atá i lár an téacs fhada thuasluaite:

Ba h-isin bliadhain sin at-bath contaois Cille dara, ben Geroitt iarla .i. Allsun Usdas, i n-Ath cliath duiblinne. At-berat aroile gurab do chumaidh an iarla at-bath. Bá dainimh, tra, d’fhiledhaibh Érenn an scel sin.⁷⁵

Seo tagairt do Alison Eustace, bean chéile Ghearóid Mhóir, 9^ú hIarla Chill Dara. D’fhéadfaí a thuiscint ón nóta seo gur bhanphátrún í. Cinnte, ní ar mhaithe lena bás a luadh anseo í, is de bharr an mheasa a bhí ag an aos léinn uirthi.

3) §§2161-2190: Ginealach Laighean

Tar éis ghinealach Ghearaltaigh Dheasmhumhan tugtar ginealach Iarlaí Chill Dara agus craobhacha éagsúla den mhuintir sin. Ní thugtar sa chuid seo ach línte gairide a insíonn cén Tiarna a bhí á phlé agus bliain a bháis.

4) §§2193-2197 agus 2199-2223: ‘An dara king Henri ri Saxan’

Sa cheathrú cuid, tugtar téacs ginealais a dheineann cur síos ar na céad Normannaigh a tháinig i dtír in Éirinn agus a sleachta síos go dtí aimsir chéad Iarla Chill Dara

⁷² Ibid., §2146.

⁷³ Ibid., §§2143-2144. Maidir leis an bhaint a bhí ag na Gearaltaigh leis na himeachtaí seo, féach, mar shampla, Bryan, D., *The Great Earl of Kildare (Gerald FitzGerald) (1456-1513)* (Phoenix Publishing, Dublin, 1933), 196-212; Ellis, S., ‘The Great Earl of Kildare (1456-1513) and the creation of the English Pale’, in Crooks, P. & Duffy, S., (eds.), *The Geraldines and Medieval Ireland: The Making of a Myth (Trinity Medieval Series 1)* (FCP, Dublin, 2016), 325-40.

⁷⁴ Ó Cléirigh, §2138.


⁷⁵ Ibid., §2143.

(†1316). I lámhscríbhinní áirithe, faightear leagan de ghinealach na nGearaltach ó shaothar Uí Chléirigh atá ina chíor thuathail agus a thosnaíonn le §2193. Is dócha gur mheas scríobhaithe na lámhscríbhinní sin gurbh fhearr an téacs a thosnú le teacht na n-ionraitheoirí.⁷⁶

5) §§2226-2240: Craobhacha Dheasmhumhan

Ag deireadh an téacs, tugtar ginealaigh craobhacha éagsúla i gCúige Mumhan .i. Sliocht Sheáin Sarsaing, Tiarnaí na Claonghlaise, agus na Ridirí Fionna. Díol spéise é go riantar ginealach an Ridire Fhinn siar go dtí teach Windsor, ónar shíolraigh na Gearaltaigh i gcoitinne.

1.2.4 *Seanchas na nGearaltach (3)*



⁷⁶ TCD 1366 [H.4.25], ff. 160-4; TCD 1378 [H.5.6], ff. 7-9; RIA 236 [B v 1], ff. 7a-9a; TCD 1372 [H.4.31], ff. 78-81; LNE G 192, f. 330; RIA 781 [23 G 5], ff. 27-32. Bíonn sé an-deacair ciall a bhaint as ord na ngealach sna lámhscríbhinní seo. B'fhéidir nár aithin Micheál Ó Cathasaigh, a bhreac RIA 781, an téacs nuair a thosaigh sé á scríobh, mar tá gnáthleagan de *Seanchas na nGearaltach* (2) ina lámhscríbhinn sin freisin ar ff. 103-9.

Tá cuntas staire eile tagtha anuas chugainn, dar teideal *Seanchas na nGearaltach* sna lámhscríbhinní. Tá níos mó ná fiche cóip de seo ar marthain.⁷⁷ Leagtar an téacs seo ar Thorna Ó Mhaoil Chonaire:

Even a cursory search through the indexes of various catalogues of Irish manuscripts reveals the existence of another tract on the Fitzgeralds – one which begins ‘Muiris mac Gearailt an céad-duine táinig in Éirinn díobh’. Occurring in numerous manuscripts (nine in the RIA alone), it, too, is attributed to one Torna Ó Maoil Chonaire, but whether or not this is Torna mac Torna is not clear.⁷⁸

Is spéisiúil an rud é nach bhfuil eagar curtha ar an téacs seo go dtí seo. Go deimhin, ní luann formhór na scoláirí a phléann na Gearaltaigh an téacs seo ar chor ar bith. Ní féidir muinín iomlán a bheith ag scoláirí as an téacs. Is téacs déanach go leor é, agus tá cuid de na sonraí ann iomlán mícheart. I gcuid mhaith de na lámhscríbhinní, tugtar leagan éigin den teideal: ‘*Seanchus Gearaltac[h] an so síos le Torna Ó Maolchonaire, ó theacht Mhuiris mac Gearailt ar ttús an Eirinn go haimsir Sheamuis mac Gearóid an Dana.*’⁷⁹ Ní Gearóid Iarla (†1398) atá i gceist sa ghiota seo, ach Gearóid, Iarla deireanach Dheasmhumhan (†1583). Ní fios cén fáth go nglaoitear Gearóid ‘an Dána’ air sa lámhscríbhinn seo. Gach áit eile ina n-úsáidtear é, is leasainm do Ghearóid Iarla atá i gceist.⁸⁰ Tá an leagan seo den scéal beagán níos faide ná *Seanchas na nGearaltach* (1).⁸¹ Tugann sé eolas breise nach bhfaightear i *Seanchas na nGearaltach* (1) ná (2). An rud is spéisiúla fé, ná go luann sé mná céile na nIarlaí agus go minic na hiníonacha freisin. Chomh maith leis sin, tugann sé cur síos ar an gcúis gur díbríodh Tomás, an cúigiú hIarla, agus is léir ón scéal go raibh a chlann mídhlisteanach.⁸² Ní féidir brath go hiomlán ar na sonraí a thugann an téacs seo, ach tá cuid de, go háirithe an chuid a bhaineann leis an tréimhse dhéanach (.i. an séú haois déag), cruinn go leor.

⁷⁷ Tá iarracht déanta ar eagrán den téacs seo a sholáthar, agus pléitear na lámhscríbhinní is sine agus is tábhachtaí as ar tógadh é in Aguisín 2.

⁷⁸ Ó Muraíle, N., ‘*Caithréim Thoirdealbhaigh: The Appendices*’, in Ó Murchú, L. P., (ed.), *Caithréim Thoirdealbhaigh: Reassessments* (ITS, Dublin, 2012), 46-7.

⁷⁹ RIA 153 [23 M 17], f. 158a. Féach freisin Aguisín 2, nótaí i-iv.

⁸⁰ Aguisín 2, §§15, 16 agus 18.

⁸¹ Tá ca. 1700 focal i *Seanchas na nGearaltach* (1) agus ca. 2000 focal i *Seanchas* (3). Tá *Seanchas* (2) i bhfad níos faide, mar tá ábhar ann a bhaineann le Gearaltaigh Chill Dara agus le craobhacha éagsúla sóisearacha Gearaltacha chomh maith.

⁸² Féach Caibidil 4.2.2.

An chéad rud a thugtar fé deara sa téacs seo ná gur féidir dlúthcheangal a aithint idir é agus an dán *Canfaidher liom lorg na bhfear*. Go deimhin, ar mhórán slite, is leagan próis é den dán sin, ach tá eolas áirithe curtha leis, mar shampla, ainmneacha na mban agus na n-iníonacha a bhí ag na hIarlaí. In §2, deintear cur síos ar an ionradh a dhein Muiris Mac Gearailt (†1176) ar bhailte agus ar áitribh éagsúla in Éirinn. Má chuirtear i gcomparáid é le véarsaí 7-14 de *Canfaidher liom lorg na bhfear*, feictear go bhfuil na háiteanna ceannann céanna luaite sa dán sin.⁸³ Den chuid is mó, tugann an leagan seo den *Seanchas* na sonraí céanna fé na Tiarnaí agus na hIarlaí luatha is atá sna leaganacha eile. Deir sé gur bhunaigh Muiris (†1257) mainistir Eochaille;⁸⁴ gur Ridire an Ghairteir ab ea Seán Challainne, gur bhunaigh sé mainistir Thrá Lí agus gur cailleadh é féin agus a mhac, Muiris i gCath Challainne;⁸⁵ go raibh clann mhídhlisteanach aige;⁸⁶ gur bádh Seán, an ceathrú hIarla sa tSiúir;⁸⁷ gur maraíodh Tomás an Droichid in 1468;⁸⁸ agus gur mharaigh Seán Mantach Séamus Ráth Caola.⁸⁹ Sa bhreis ar na téacsanna eile, luann sé gur ó Thomás Mór a shíolraigh Iarlaí Chill Dara agus Dheasmhumhan araon.⁹⁰ Chomh maith leis sin, deirtear go bhfuair Muiris Óg, dara hIarla Dheasmhumhan bás ‘a nDún Garbhán re plaghá’,⁹¹ rud nach fíor - cailleadh é ar muir in 1358. Níl an scéal seo ag teacht le haon chuntas eile díobh sin atá idir lámha. Tá cuntas fada ann ar dhíbhirt Thomáis, an cúigiú hIarla agus luaitear gur thóg a uncail sin (Séamus, séú hIarla, †1463) an Halla Mór i gCaisleán Eas Géitine mar aon le cur síos ar an bhfás a tháinig ar thailte na nIarlaí lena linn.⁹²

Duine amháin a dtugtar cur síos air sa *Seanchas* seo, nach bpléitear go mion in aon tuairisc eile ná Muiris (†1529), mac Thomáis (11^ú hIarla, †1534). Glaoitear ‘Muiris an Ghuagáin’ air agus deirtear gur rugadh é i nGuagán Barra in Iarthar Chorcaí.⁹³ Chomh

⁸³ Féach Aguisín 2, §2 agus Aguisín 3, véarsaí 7-14.

⁸⁴ Aguisín 2, §2.

⁸⁵ Ibid., §6.

⁸⁶ Ibid., §9.

⁸⁷ Ibid., §15.

⁸⁸ Ibid., §20.

⁸⁹ Ibid., §21.

⁹⁰ Ibid., §§5 agus 7. Aontaíonn sé seo le *Canfaidher lorg na bhfear* agus *Craobhsgaoileadh Sleachta na hIarlachta*. Féach thíos, Caibidil 1.3.3 agus 1.4.1.

⁹¹ Aguisín 2, §12.

⁹² Ibid., §§17-8. Maidir le díbhirt Thomáis, féach Caibidil 4.2.2. Pléitear Séamus agus an spéis a bhí aige sa léann i gCaibidil 6.4.1.

⁹³ Aguisín 2, §26.

maith leis sin, deirtear gur chaith sé tréimhse sé bliana ina Iarla, rud nach fíor, ós rud é go bhfuair sé bás agus a athair fós ina bheatha. Is léir arís go bhfuil an cuntas seo bunaithe ar an dán *Canfaidher liom lorg na bhfear*. I véarsa 41 den leagan den dán sin dár tús *Leanfaidher liom lorg na bhfear*,⁹⁴ tugtar an t-eolas (mícheart) céanna fén bhfear seo:

Mac an Mhaoil ba trén i ttreas,
Muiris, muirnín na n-égeas,
sé bliadhna do bí a smacht,
iarla gan chlaó ar a dháonnacht.⁹⁵

Ag deireadh an téacs seo, cé go luaitear Gearóid, an ceathrú hIarla déag, agus Iarla deireanach Dheasmhumhan, is mó ar fad a phléitear sliocht eile Shéamuis (13^ú hIarla, †1558),⁹⁶ agus ag deireadh an chuntais ar fad, deintear cur síos gairid ar na hiarrachtaí a dhein cúirt Shasana agus na Gaeil chun an Iarlacht a athbheochan.⁹⁷

Níl aon tagairt sa leagan seo den *Seanchas* do theaghlaigh léannta nó don phátrúnacht. Tugann an téacs seo mórán faisnéise ar mhná agus ar iníonacha na nIarlaí, áfach. Mar a dúradh thuas, bíonn an t-eolas lochtach go maith sa phlé ar an tréimhse luath, ach bíonn sé níos cruinne ag druidim le deireadh na séú haois déag, mar is léir ón tábla thíos:

Iarla / Tiarna	Bean	Recte
Tomás Mór (†1213)	<i>Inghean Mheic Muiris</i>	Sadhbh (gan sloinne)
Muiris (†1261)	<i>Inghean tSeafra Muireis</i>	Matilda de Barry
Tomás an Ápa (†1298)	<i>Eilis inghean an Bharraigh Mhóir</i>	Margaret de Berkeley
Muiris [1 ^ú hIarla] (†1356)	<i>Ingean Dhiúce Ó Buicingam</i>	Caitilín de Búrca Aibhilín Nic Mhuiris

⁹⁴ Féach thíos, Caibidil 1.3.3 ina bpléitear na leaganacha difriúla den dán seo.

⁹⁵ Aguisín 3, *Leanfaidher*, véarsa 41.

⁹⁶ Aguisín 2, §§30-36.

⁹⁷ *Ibid.*, §37.

Muiris Óg [2 ^ú hIarla] (†1358)	<i>Inghean</i> Ui Bhríain	Beatrice de Stafford (Iníon Dhiúc Buckingham)
Gearóid Iarla [3 ^ú hIarla] (†1398)	Eilionóir, <i>inghean</i> Riosdaird Buitléir	Eilionóir, iníon Shéamuis de Buitléir
Seán na Siúire [4 ^ú hIarla] (†1399)	<i>Inghean</i> mheic Murchaidh Laighean	? ⁹⁸
Tomás [5 ^ú hIarla] (†1420)	<i>Inghean</i> Ui Súileabain mhoir	?
Muiris mac Thomáis [5] (†1452)	<i>Inghean</i> meig Carrthaigh	?
Séamus [6 ^ú hIarla] (†1463)	Maire <i>inghean</i> Uilliam a Burc	= Máire de Búrca
Tomás an Droichid [7 ^ú hIarla] (†1468)	Eilís <i>inghean</i> an Bharraigh Mhóir	= Eilís de Barra
Muiris an Charbuid [9 ^ú hIarla] (†1520)	<i>Inghean</i> an Roisdigh	= Elén de Róiste
Séamus [10 ^ú hIarla] (†1529)	<i>Inghean</i> an Easbuig Í Bhriain	= Amy Ní Bhriain
Tomás [11 ^ú hIarla] (†1534)	Eibhilín <i>inghean</i> Chormaic Óig	= Gille Nic Cárthaigh (?)
Muiris an Ghuagáin mac Thomáis [11] (†1529)	<i>Inghean</i> an Ridire Finn	= Siobhán Nic Giobún
Séamus [12 ^ú hIarla <i>de</i> <i>iure</i>] (†1540)	<i>Inghean</i> Piarrus Buitléar	Máire Nic Cárthaigh
Seán [12 ^ú hIarla <i>de</i> <i>facto</i>] (†1536)	Mór Ní Bhriain <i>inghean</i> Tigearna Chairrge Ó gCoineall	= Mór Ní Bhriain
Séamus [13 ^ú hIarla] (†1558)	1. Siobhán, <i>inghean</i> an Roisdig	= 1. Siobhán de Róiste 2. Mór Ní Chearbhaill 3. Caitilín de Buitléir

⁹⁸ Dar le Kenneth Nicholls, ní luaitear ainmneacha na mban a phós Seán na Siúire, a mhac Tomás (†1420), nó a mhac siúd, Muiris (†1452), in aon fhoinsé atá léite aige, seachas an leagan seo den *Seanchas*.

	2. Mór <i>inghean</i> Uí <i>Chearbhuill</i> 3. Caitilín <i>inghean Phiarrus</i> Rúaidh 4. <i>Inghean Dhomhnaill</i> <i>Mheig Carrthaigh</i>	4. Eibhlín Nic Cárthaigh
Gearóid [14 ^ú hIarla] (†1583)	Eilionóir Buitléir	= Eilionóir de Buitléir
Muiris (†1564) mac Sheáin [12 <i>de facto</i> , †1536]	Síle Ní Maoilriaghain	= Síle Ní Maoilrian

Maidir leis na hiníonacha, luaitear iad féin, na fir a phósadar agus na clanna a bhí orthu. Ní thugtar na sonraí seo in aon chuntas eile a phléitear sa chaibidil seo.

Gearaltach	Iníon	Fear Chéile	Clann
Muiris an Charbuid [9 ^ú hIarla] (†1520)	Siobhán	Cormac Óg Mac Cárthaigh	Ceallachán Cormac
	Eilís	Conchobhar Ó Briain	Ceathrar mac
Séamus [10 ^ú hIarla] (†1529)	Siobhán	Séamus Bacach Urmhumhan	Tomás Dubh Urmhumhan
Séamus [13 ^ú hIarla] (†1558)	Mairghréag	Domhnall na bPíopuidhe Mac Cárthaigh	
	Caitilín		
	Eilís	Éadbhard Buitléir	Séamus
Muiris (†1564) mac Sheáin [12 <i>de facto</i> , †1536]	Siobhán	Donnchadh Mac Cárthaigh	Finghín Diarmaid
	Síle	Ó Súilleabhán Mór	
	Eibhlín	Diarmaid Mac Cárthaigh Múscraí	
	Eilionóir	Muiris de Róiste	

Mar a dúradh thuas, leagtar an leagan seo den scéal ar Thorna Ó Maoil Chonaire in aon lámhscríbhinn ina luaitear údar leis. Tugann formhór na lámhscríbhinní eolas ar na hIarlaí go dtí 1607 agus tá eolas breise fairis sin i gcuid acu. Mar sin, ní féidir gurbh é Torna Óg (†1532) a scríobh an téacs. Ainm coitianta go maith i sliocht Uí Mhaoil Chonaire ab ea Torna, ach tharlódh gur traidisiún atá i gceist .i. gur chreid na scríobhaithe déanacha gur Torna Óg (nó Torna Mór fiú) Ó Maoil Chonaire a bhreac *Seanchas na nGearaltach* (1) an chéad lá riamh. Tá tagairt eile den saghas céanna, atá thar a bheith spéisiúil, sa lámhscríbhinn Béarla RIA 3 B 40,⁹⁹ a foilsíodh sna *Unpublished Geraldine Documents* sa naoú haois déag:

The lineall descent and pedegree of the Whyte Knight, Coppied out of Mullonexs books of Collections. Hee also describes the Coates of Armes of the Geraldines at theyre first arrival to the conquest of Ireland with Richard Strongbow, Earle of Pembroke. I will translate the same the best I can, out of the Irish tongue, in which I found the same. [...] This Molonex, in his booke of collections, as he received it from his Forefathers, who were (as I have sayed before) the chroniclers of the Geraldines since theyre first coming into Ireland.¹⁰⁰

Sa ghinealach seo, de chraobh shóisearach Ghearaltaigh na Mumhan, na Ridirí Fionna, rianaíonn an t-údar, a dtugtar ‘Old Throna Mulionox’ air, na Gearaltaigh siar go huaisle Flórans na hIodáile.¹⁰¹ Dar le William Hennessy, ba é Torna Mór Ó Maoil Chonaire a bhí i gceist leis an té darbh ainm Mullonex / Molonex.¹⁰² Faraor, ní léir cad

⁹⁹ Lámhscríbhinn Bhéarla de chuid an acadaimh ina bhfuil cóip de *Relation of the Fitzgeralds of Ireland*, le Thomas Russell, a breacadh in 1638. Féach Caibidil 6.2.4.

¹⁰⁰ *Unpub. Ger. Docs*, iv, 27-8.

¹⁰¹ Féach thíos, Caibidil 1.3.2.

¹⁰² *Unpub. Ger. Docs*, iv, 35: ‘This name, which is variously written by our Author “Mulionox,” “Mullonex,” and “Molonex,” has been sadly blundered either by him or his authorities; and but for his preservation of the Christian name in a somewhat less corrupt form, might have eluded identification. Having submitted a proof of the passage above cited to Mr. William M. Hennessy, we are enabled, on his authority, to state that this “old Throna Mulionox” can be no other than Torna O’Maelconaire, who died A.D. 1467, according to the “Annals of Lough Cé” [...]. This work, lately edited for the Master of the Rolls by Mr. Hennessy, states in a note, that Torna O’Maelconaire (or O’Mulconry) died, according to the “Annals of Connaught,” at his own house at Lis Ferbain, or Lis Gerbain. There was an older Torna who died in 1310, but it cannot be to him that our Author refers by the term “old.” Under the year 1532, the “Annals of Lough Cé” record the death of a Torna, the son of Torna O’Maelconaire, and it is probably to distinguish his authority from this younger Torna that the epithet “old” was used’.

é an fhoinsé a bhí i gceist le ‘*Mullonexs books of Collections*’ agus tá an lámhscríbhinn sin cailte anois, de réir dealraimh.

1.2.5 Difríochtaí agus Comparáid

Mar is léir ón méid seo thuas, is téacsanna an-difriúla iad *Seanchas na nGearaltach* (1), (2) agus (3). Níl siad ag teacht le chéile agus, cé go bpléann siad uile le hIarlaí Dheasmhumhan agus a sleachta, ní hionann an tráchttaireacht a dheintear orthu sna leaganacha éagsúla. Go deimhin, caithfear na téacsanna seo a mheas mar shaothair aonair, cé go dtugtar an t-ainm céanna orthu uile. Is annamh a thagraítear do mhná i *Seanchas na nGearaltach* (1) nó (2) ach is cuid lárnach den tráchttaireacht iad i *Seanchas na nGearaltach* (3). Thairis sin, tá difríochtaí suntasacha idir na téacsanna maidir le hOrd na nIarlaí agus dátaí a mbás.¹⁰³

Tiarna/Iarla	SG1	SG2	SG3
Muiris Mac Gearailt (†1176)		X (†____)	X
Gearóid 1 Ó bhFailí (†1205)	X (†1205)	X (†1205)	X
Muiris 2 Ó bhFailí (†1257)	X (†1207)	X (†1257)	X
Tomás Mór (†1213)	X (†1260)	X (†1260)	X
Seán Challainne (†1261)	X (†1260)	X (†1270)	X
Muiris (†1261)	X (†1260)	X (†1270)	X
Tomás an Ápa (†1298)	X (†1296)	X (†1296)	X
Muiris [1] (†1356)	X [1] (†1345)	X [1] (†1355)	X [1]
Muiris [2] (†1358)	X [2] (†1347)	X [2] (†1357)	X [2]
Seán (mac [1]) (†1369) ¹⁰⁴	X [3] (†1369)	X [3] (†1369)	X [3]
Gearóid Iarla [3] (†1398)	X [4] (†1397)	X [4] (†1399)	X [4]
Seán [4] (†1399)	X [5] (†1402/9)	X [5] (†1400)	X [6]
Muiris (mac [3]) (†1401)		X [6] (†1401)	X [5]
Tomás [5] (†1420)	X [6] (†1420)	X [7] (†1420)	X [7]

¹⁰³ Ní thugann formhór na leaganacha de *Seanchas na nGearaltach* (3) dátaí báis na dTiarnaí. Ciallaíonn ‘X’ sa tábla seo go luaitear an duine sa téacs sin.

¹⁰⁴ Níl aon fhianaise ann gur deineadh Iarla de Sheán, mac Mhuiris, an chéad Iarla. Go deimhin, is beag an fhianaise go raibh ann don té seo in aon chor. Fós féin, luaitear mar Iarla é sna foinsí Gaelacha go minic. Ábhar spéise é áfach, nach luaitear é i *Cá méad gabháil fhuair Éire?*.

Muiris (mac [5]) (†1452)			X
Séamus [6] (†1463)	X [7] (†1462)	X [8] (†1462)	X [8]
Tomás [7] (†1468)	X [8] (†1467)	X [9] (†1467)	X [9]
Séamus [8] (†1487)	X [9] (†1486)	X [] (†1471)	X [10]
Muiris [9] (†1520)	X [10] (†1520)	X []	X [11]
Gearóid na Déise (mac [6]) (†1486)		X (†)	X
Séamus [10] (†1529)	X [11] (†1529)	X	X [12]
Tomás [11] (†1534)			X [13]
Muiris (mac [11]) (†1529)			X [14]
Séamus [12a] (†1540)			X [15]
Seán [12b] (†1536)		X []	X [16]
Séamus [13] (†1558)		X [] (†1558)	X [17]
Gearóid [14] (†1583)		X []	X [18]
Séamus na dTionól (mac [13]) (†1580)		X (†1580)	X
Seán m [13] (†1582)		X (†1582)	X
Muiris (mac [12b]) (†1564)		X (†1564)	X
Séamus mac Muiris (†1579)		X (†1579)	X

Tá gaol áirithe idir na téacsanna seo, áfach. Mar a pléadh cheana, ní dócha go raibh rochtain ag an údar ar *Seanchas na nGearaltach* (1) nuair a bhí *Seanchas na nGearaltach* (2) á thiomsú. Ar an taobh eile den scéal, tá leagan de *Cá méad gabhál fhuair Éire?* ceangailte leis an dá théacs agus mar sin, ós rud é go bhfuil an dán sin breac le tagairtí do ghinealach na nGearaltach,¹⁰⁵ is féidir a bheith cinnte go raibh cur amach ag Ó Cléirigh ar an eolas atá sa dán sin agus *Seanchas na nGearaltach* (2) á thiomsú aige. Ar an gcaoi chéanna, cé nach féidir nascanna cinnte a rianú idir *Seanchas na nGearaltach* (3) agus an dá leagan eile, is léir an gaol a tá ag an téacs sin le *Canfaidher liom lorg na bhfear*. Mar sin, cé go bhfuil deighilt idir na leaganacha, tá siad ceangailte le chéile trí thionchar na ndánta.

¹⁰⁵ Féach thíos, Caibidil 1.3.2.

Rud suntasach fé *Seanchas na nGearaltach* (1) ná go ndeineann an téacs sin plé níos cuimsithí ar na hIarlaí ná mar a dheineann na cuntais eile a luadh thuas. Tá eolas áirithe breise in *Seanchas na nGearaltach* (2) agus (3), ach go hiondúil, níl iontu ach liostaí de nótaí báis agus ginealaigh. Ach i gcás *Seanchas na nGearaltach* (1), tugtar cur síos ar na Tiarnaí Gearaltacha éagsúla a luaitear ann, ar a n-éachtaí agus, go hiondúil, ar chúinsí a mbás. Ní hamháin go bhfuil an téacs seo ar na blúirí staire is sine a mhaireann fé na Gearaltaigh, ach chomh maith leis sin, tá an nasc idir an téacs seo agus na teaghlaigh léannta níos inmhuiníne ná formhór na dtéacsanna eile, ós rud é go maireann cóip de i lámh Thorna Óig Uí Mhaoil Chonaire, file agus staraí. Cé gur reitric sheanbhunaithe agus moladh ginearálta, den chuid is mó, atá sa téacs, fós féin, is féidir faisnéis fhiúntach stairiúil a bhaint as na hiontrálacha ann, agus ní hamháin sin, ach bíonn eolas le fáil ann freisin fén bpátrúnacht a dhein na hIarlaí ar an aos léinn. Gan amhras, ní féidir lán-mhuinín a bheith ag an léitheoir as gach a deir an cuntas fé Thiarnaí luatha na nGearaltach, ós rud é gur thart ar 1530 a scríobhadh é agus go bpléann sé Gearaltaigh a mhair sa dara agus sa tríú haois déag. Don tréimhse ó lár na cúigiú haoise déag go dtí tús na séú haois déag, áfach, is féidir glacadh leis an méid atá ann. Ar an gcaoi chéanna, cé nach féidir iontaoibh a bheith ag an léitheoir as formhór na sonraí a sholáthraíonn *Seanchas na nGearaltach* (2) agus (3), ó thaobh na séú haois déag de, tá siad cruinn agus mar sin, is fiú iad mar chuntais staire iontu féin. É sin ráite, áfach, ar an gcéad dul síos, is fearr i bhfad na foinsí seo mar léiriú ar an spéis a chuir na Gearaltaigh sa léann agus ar na fir léannta a d'fhostaíodar chun na cuntais sin a scríobh. Gan dabht, ní raibh Cú Coigríche Ó Cléirigh nó an Dubhaltach Mac Fhirbhisigh ag saothrú ar son na nGearaltach, ach mar a dúradh thuas, tá fianaise sna saothair sin, gur ar fhoinsí níos luaithe, a cumadh nó a breacadh dosna Gearaltaigh féin, a bunaíodh iad. Dhealródh sé go raibh Ó Cléirigh agus Mac Fhirbhisigh ag baint leas as *Cá méad gabhál fhuair Éire?*, agus i gcás an Dubhaltaigh, *Seanchas na nGearaltach* (1), agus na saothair seo á dtiomsú acu. Chomh maith leis sin, tá cosúlachtaí nach beag le rianú idir *Seanchas na nGearaltach* (3) agus an dán *Canfaidher liom lorg na bhfear*. Chun tuiscint níos fearr a fháil ar na saothair seo agus na daoine a bhreac iad, ní mór, mar sin, súil a chaitheamh ar na dánta fíorthábhachtacha seo.


1.3 Na Dánta

1.3.1 Na Dánta mar Sheanchas

Tá fadhbanna bunúsacha ag baint le húsáid fhilíocht na mbard mar fhoinsí staire. Gan amhras, is saothair an-saibhre iad ó thaobh cur amach a fháil ar an bpátrúnacht agus ar an léann in Éirinn sna meánaoiseanna. É sin ráite, caithfear iad a mheas go cúramach mar chuntais staire iontu féin. Bhíodh tionchar á imirt ag claonadh polaitiúil nó pearsanta ar an bhfile proifisiúnta go minic agus é ag cumadh filíochta, is cuma an dánta molta nó aortha a bhí á gcumadh aige. I gcás na ndánta atá fé chaibidil anseo .i. *Cá méad gabhál fhuair Éire?* agus *Canfaidher liom lorg na bhfear*, áfach, is mar chuntais staire a cumadh na dánta seo d'aon ghnó. Is dánta ginealais iad, a dheineann cur síos ar shleachta na nGearaltach i bhfoirm véarsaíochta. Gan amhras, tá claonadh áirithe iontu. Sa dán *Cá méad gabhál fhuair Éire?* críochnaíonn an file a insint le scéal Shéamuis (8^ú hIarla, †1487). Lena linn bhí aighneas ar siúl idir sliocht na nIarlaí agus sliocht a uncail Gearóid, Tiarnaí cumhachtacha na nDéise. Tharlódh mar sin, gur iarracht é an dán ar dhlisteanacht a bhronnadh ar Shéamus. I gcás an dara dáin, *Canfaidher liom lorg na bhfear*, bhí na hIarlaí marbh fén am gur chum an file é. Mar sin, tá cur síos an-dearfach ar na hIarlaí ann agus freisin, ós rud é go bhfuil an chuma ar an scéal gur do chraobh shóisearach de chuid na nGearaltach a bhreac an file an dán, chuir sé béim ann ar chraobhacha eile an teaghlaigh seachas ar na hIarlaí féin. É sin ráite, is féidir brath ar bhunfhianaise na ndánta seo .i. an t-eolas a thugtar fé ord na nIarlaí agus na móreachtraí a tharla lena linn. Gan amhras, toisc gur ag tús na seachtú haoise déag a cumadh *Canfaidher liom lorg na bhfear*, bíonn an t-eolas ann fé na hIarlaí luath mícheart ó am go ham, go háirithe ó thaobh na croineolaíochta de. Os a choinne sin, tá an t-eolas chéanna i *Cá méad gabhál fhuair Éire?* i bhfad níos cruinne, mar i lár na cúigiú haoise déag a cumadh é.

1.3.2 Cá méad gabhál fhuair Éire?

Seanchas na nGearaltach (1)



Tá an leagan is sine den dán seo sa lámhscríbhinn BL Add. 30512 i lámh Thorna Óig Uí Mhaoil Chonaire.¹⁰⁶ Tá tábhacht fé leith ag an dán, mar deineann sé iarracht ar na Gearaltaigh a nascadh le stair mhíotaseolaíoch na hÉireann. Ní hamháin go raibh spéis ag na Gearaltaigh i léann agus litríocht na hÉireann, ach bhí an-dúil acu ina gcúlra féin. Is léir ó fhianaise na bhfoinsí agus na ndánta gur thógadar cúlra míotaseolaíoch Gréagach chucu féin. Tá traidisiúin éagsúla ceangailte le chéile sa chúlra seo. Mheas na Gearaltaigh ón gcúigiú haois déag anall, agus roimhe sin, b'fhéidir, go raibh gaol acu le teaghlach uasal ó Fhlórans na hIodáile, na Gherardini.¹⁰⁷ Mar a luaigh Mac Giolla Eáin:

¹⁰⁶ BL Add. 30512, ff. 12a-12b. Níl eagar ar an leagan seo go fóill. Tá eagar ar chóipeanna luatha eile áfach. Féach *DMacF*, §§789.1-792.3; *Ó Cléirigh*, §2123a; Hayman, 'Geraldines of Desmond', 214-23.

¹⁰⁷ Tá scrúdú áirithe déanta ag údair éagsúla ar na nascanna idir na Gearaltaigh agus Flórans na hIodáile, go háirithe ag tús na cúigiú haois déag. Féach, mar shampla, Ó Catháin, D., 'Some Reflexes of Latin Learning and of the Renaissance in Ireland c. 1450-c. 1600' in Harris, J. & Sidwell, K., (eds.), *Making Ireland Roman: Irish Neo-Latin Writers and the Republic of Letters* (CUP, Cork, 2009), go háirithe 27-35; Bergin, *IBP*, 234, nóta 6; *DB*, i, 146, nóta 2; Fitzgibbon, A., 'Appendix to the Unpublished Geraldine Documents: The Gherardini of Tuscany', in *JRSAI*, 14 (1877), 246-64. Tá an chuma ar an scéal gur in

Similarity of name was taken to indicate similarity of family. So the Fitzgeralds were of Italian origin, were in fact of the same family as the Dukes of Tuscany. Now it was a canon of the medieval continental genealogists that the noble families of Italy were of Trojan origin. Vergil had settled all that long ago. Hence the Fitzgeralds had a Trojan ancestor, who was present at the siege of Troy. [...] Trojan would have been, no doubt, a more accurate epithet; but ethnological minutiae were not much attended to by believers in such legends.¹⁰⁸

Ní hamháin sin, ach bhí sé de thuiscint ag na Normannaigh a chónaigh i Sasana agus sa Bhreatain Bheag gur ó Bhrotus agus Camber, pearsana miotaseolaíoch Gréagacha, a shíolraíodar.¹⁰⁹ Chreid Giraldus Cambrensis sin freisin, agus mhaígh sé gur de phór na Traoi na Gearaltaigh (.i. a ghaolta féin):

O genus! O gens! Gemina natura a Troianis animositatem, a Gallis armorum usum originaliter trahens.¹¹⁰

Mar sin, bhí dhá traidisiún fite fuaite le chéile ag na Gearaltaigh .i. bunmhiotas na Sasanach agus na mBreatain agus an stair mhiotaseolaíoch maidir le bunús Troíach a bheith acu féin. Bheadh a fhios ag aon fhile a bhí ag cumadh filíochta dosna Gearaltaigh gur thábhachtach leis na Gearaltaigh an mórtas cine. Tharlódh gur theastaigh ó na Gearaltaigh féin, nó ó Thorna b'fhéidir, na traidisiúin sin a nascadh le

aimsir an séú hIarla, Séamus (†1463) ar cuireadh tús leis an idirghabháil idir na teaghlaigh. Pléitear cuid de na nascanna luatha eatarthu i gCaibidil 6.4.1.

¹⁰⁸ *DB*, i, 146, nóta 2. Tá mórán dánta a dheineann gearrthagairt dosna Gearaltaigh nach bpléitear iad go léir sa tráchtas seo. Go minic tagraítear dóibh mar ‘Ghréagaigh’ sna dánta sin, mar shampla, *Fada ó chéile gasraidh Ghréag*, le file anaithnid; *Liaigh mo thuirse tásg mo ríogh*, le Donnchadh an tSneachta Mac Craith; *Fada re a choimhead clú Roisdeard*, le Torna mac Maoilín Ó Maoil Chonaire; *A bháis ar mharbhuis Muiris*, le Diarmaid Riabhach Ó Dálaigh; *Dursan éag Éamoinn Mhic Gearailt*, le Dáibhí O Bruadair; *Créad é an tIacht so air cheannaibh Éirionn*, le hAogán Ó Raithille; *A chara mo chléibh*, le hEoghan Rua Ó Súilleabháin; *Turrainn Támhtha Sheáin Mhic Ghearailt*, le Liam Inglis; *Do bhíos-sa i nDé ar thaobh chnuic sínte*, le hÉamonn de bhFál. Mar a dúirt Mac Giolla Eáin: ‘Grecian is a standing epithet of the Fitzgeralds in Irish poetry’. *DB*, i, 146, nóta 2. Féach freisin *Cat. BL*, i, 428-9, nótaí 1 agus 3.

¹⁰⁹ Féach, mar shampla, Kendrick, T.D., *British Antiquity* (Methuen, London, 1950), go háirithe 1-4, 11-14, 89-90.

¹¹⁰ Martin & Scott, *Expugnatio Hibernica*, 157: ‘A leithéid de shliocht! A leithéid de phór! Dhá thaobh dá nádúr – laochas ó na Traígh agus cleachtadh arm ó na Francaigh’. Féach freisin *ibid.*, 46-8, in óráid Roibeárd mac Stiabna, ina ndeir sé ‘Troiano partim ex sanguine linea descendimus originali’ .i. ‘Ó bhunphór Traíoch a shíolraímid de pháirt amháin’.

traidisiún léinn na hÉireann ar shlí éigin agus mar sin, gur iarracht iad véarsaí tosaigh an dán seo ar na Gearaltaigh a shuíomh i gcúlra an *Lebor Gabála*. Sa chéad ocht véarsa den dán, tugann Torna cur síos ar na ciníocha éagsúla a ghabh an tír seo, dar leis an *Lebor Gabála*. Sa naoú véarsa, tarraingíonn sé na Gearaltaigh isteach sa traidisiún sin. Dar leis ba í gabháil na nGearaltach an gabháil ab fhearr a fuair Éire:

Ar chrích Fhodhla, gá fearr cairt?
gabháil Mhuiris mec Gearailt,
geall uaim nocha n-foláir dhí
gabhail is fearr fuair Éri.¹¹¹

Is é seo an chéad dán atá tagtha anuas chugainn a nascann na Gearaltaigh leis an scéal seo. É sin ráite, ní ghlaonn Torna ‘Gréagaigh’ ar na Gearaltaigh sa dán seo, agus b’fhéidir mar sin, nach raibh sé de nós ag filí an t-ainm sin a thabhairt ar na Gearaltaigh go dtí níos déanaí.¹¹² Má bhí Torna ag iarraidh na Gearaltaigh a shuíomh i dtraidisiúin na hÉireann agus a scéal a scaipeadh, is léir gur éirigh leis - is é *Cá méad gabháil fhuair Éire?* an dán is cáiliúla a cumadh fé na Gearaltaigh.

Ní haon ionadh, mar sin, go mbeadh an dán cruinn ó thaobh na meadarachta de. Bhreac Torna an dán ar mheadaracht an *deibhí*. Tá an mheadaracht foirfe tríd síos sa dán, cé go bhféadfaí a bheith amhrasach fé ‘Semus-soin’ mar *airdrinn* ag aontú le ‘thosaigh’ i véarsa 29.¹¹³ D’fhéadfaí bheith amhrasach freisin fé véarsa 5 i leagan an Dubhaltaiigh.¹¹⁴

¹¹¹ *DMacF*, §789.9. Féach freisin *TD*, i, xlix-1: ‘When the exigencies of the case require it, the poets are ready to admit or suggest that the Milesian claims have been superseded, as when Torna Ó Maoil Chonaire, in the poem *Gá mhéd gabháil uair Éire*, adds to the six occupations enumerated in *Lebor Gabála* a seventh, that of the Fitzgeralds.’

¹¹² Tá líne i ndán le Gofraidh Fionn Ó Dálaigh do Ghearóid Iarla, ina nglaoon sé ‘a Iarla Inse Finn-Ghéag’ ar Ghearóid. Tharlódh gur ag tagairt don chúlra ‘Gréagach’ seo a bhí sé, ach ní féidir a bheith cinnte nach ag tagairt do thraidisiúin an *Lebor Gabála* a bhí sé. Féach *Ir. Monthly* 47, 568. In *Cat. BL*, i, 454, rinne O’Grady iarracht ar mhíniú a thabhairt ar dhán eile ina luaitear ‘inse Ghrég’: ‘Why Ireland should be towed around from the Atlantic to the Egean is not self-evident; perhaps the poet under tyranny of ‘verszwang’ grasps at the fact that she contained Geraldines.’ Féach freisin *TD*, i, lix: ‘A name which seems to have no parallel is that in which the qualifying element is *Gréag*, ‘of the Greeks’, or ‘Grecian’. Irishmen are often *Gaoidhil Gréag*. [...] This [tuairim O’Grady] may be the correct explanation; as to the Grecian origin ascribed to the Fitzgeralds, [...], but it might also be a reminiscence of the Grecian sojourn ascribed to some of the early invaders of Ireland in *Lebor Gabála*’. Féach freisin *DMacF*, §1376.3: ‘Gearailt (ó Fhuinsior; ar a bhreith isin cathraigh sin i Saxuibh fuair forainm) mac Roibird, aderid gurob do Ghreccaibh a bhunadhus’.

¹¹³ *DMacF*, §791.6, cd.

¹¹⁴ *Ibid.*, §789.5.

I gcrích Fhodhla an fhocainn toigh
tig Parthalón d'és Fhionntain,
Nemheadh i *ndeóigh* na druinge,
ní *dereadh eóil* aguinne.

Sa bhunchóip,¹¹⁵ áfach, is ‘glain’ a bhí ag Torna in áit ‘toigh’, atá níos deise ó thaobh *rinn* agus *airdrinn* le ‘Fhionntain’ de.¹¹⁶ Toisc go ndeineann Torna cur síos ar ghabhálacha na hÉireann, ní haon ionadh é go mbaineann sé úsáid as roinnt mhaith ainmneacha a bhí ag na filí d’Éirinn .i. ‘fiadh brofhionnglan bFáil’,¹¹⁷ ‘críoch Fhodhla’,¹¹⁸ ‘tíre fódglain Fail’,¹¹⁹ ‘Clár Cuinn’,¹²⁰ ‘Inis Laoghaire’,¹²¹ ‘Inis Airt’,¹²² ‘Banbha’,¹²³ agus ‘foid fionn-Mhaighe’.¹²⁴

Den chuid is mó leanann an dán leagan amach an tseanchais a leanann é. Tosnaíonn sé (véarsaí 13-16) le scéal Ghearóid, céad Bharún Ó bhFailí (†1205), agus a mhac, Muiris (†1257). Mar is gnáth deintear mac den Mhuiris seo de Thomás Mhór (†1213) (17). Luaitear Cath Challainne agus bás Sheáin agus Mhuiris agus tagraítear do Sheán mar chéile Éireann:

Seaan as Muiris a mhac,
tú at’ aonar d’és na sáorshlat
fríth mur sin, [a] Ere, t’faill
tré ghuin do chéle i gC<a>lluinn.¹²⁵

Ina dhiaidh sin luaitear Tomás an Ápa (20) agus ansin tugtar cúpla véarsa (21-3) fé Mhuiris mac Thomáis, an chéad Iarla (†1356). Sa dara véarsa díobh seo, deirtear go

¹¹⁵ BL Add. 30512, f. 12a.

¹¹⁶ Féach freisin *Ó Cléirigh*, §2123a, véarsa 5: ‘gloin’.

¹¹⁷ *DMacF*, §789.3.

¹¹⁸ *Ibid.*, §§789.6 agus 789.9.

¹¹⁹ *Ibid.*, §789.8.

¹²⁰ *Ibid.*, §798.10.

¹²¹ *Ibid.*, §§789.11 agus 792.2.

¹²² *Ibid.*, §790.4.

¹²³ *Ibid.*

¹²⁴ *Ibid.*, §790.10.

¹²⁵ *Ibid.*, §790.8

raibh Muiris ‘ar Eirinn in ionadh ríogh’.¹²⁶ Ó Mhuiris go dtí Séamus, an t-ochtú hIarla, (†1487), tugann Torna ord ceart na nIarlaí, ord nach dtugann aon cheann eile de na foinsí atá idir lámha sa chaibidil seo: Muiris [1], Muiris Óg [2], Gearóid Iarla [3], Seán na Siúire [4], Tomás [5], Séamus [6], Tomás an Droichid [7] agus Séamus Ráth Caola [8]. Ní hamháin sin, ach má dheintear na tréimhsí ama a luaitear sa dán a ríomh, ó aimsir Mhuiris mhic Thomáis, an chéad Iarla, go dtí deireadh an dáin, tá siad an-chruinn.¹²⁷ Ag deireadh an dáin, faightear an véarsa seo:

Ní fuighthí ag eolchuibh oile
d’égsib Innsi Laoghaire,
gídhbé dhiobh bú diamhra fios,
an líon iarla do áirmhios.¹²⁸

An é go raibh sé ag rá go raibh na dánta eile, nó na cuntais fiú, mícheart ó thaobh ord na nIarlaí de, b’fhéidir? Eascraíonn ceist eile as seo, áfach. Dá mba rud é gurbh é Torna Óg a chum an dán seo agus a bhreac *Seanchas na nGearaltach* (1), cén fáth nach bhfuil an dá téacs ag teacht le chéile ó thaobh ord na nIarlaí de? Tharlódh gur ina óige a chum sé an dán agus gur i bhfad níos déanaí a bhreac sé an *Seanchas*, ós rud é go n-insítear scéal na nIarlaí síos go dtí 1529 sa *Seanchas* agus go stopann an dán roimh 1487.

Ós cionn an dáin in BL Add. 30512, tá nóta i lámh Thorna Óig a deir gur ‘Torna .h. Máoilconaire *cecinnit* in danso’.¹²⁹ Ós rud nach ‘Torna mac Torna’ a scríobh sé, níl scoláirí ar aon fhocal fé cé acu, Torna Óg nó Torna Mór, a chum an dán seo. Bhí sé de nós ag Torna Óg ‘Torna mac T[h]orna’ a ghlaoch air féin sna lámhscríbhinní. Mar sin, dar le Bláithín: ‘This is perhaps the father of the scribe’.¹³⁰ Ní léir cathain go díreach a scríobhadh an dán seo, ach is dócha go raibh Séamus, ochtú hIarla Dheasmhumhan (†1487), fós beo ag an am. Ach luann an dán na deacrachtaí a bhí aige agus é ag iarraidh smacht a fháil ar an Iarlacht:

¹²⁶ Ibid., §790.11. Tagraítear dosna Gearaltaigh go rialta sa dán mar ríthe. Féach, mar shampla, *ibid.*, §790.2, §790.3 agus §791.2.

¹²⁷ Féach an chraobh ginealaigh thuas.

¹²⁸ *DMacF*, §792.2.

¹²⁹ BL Add. 30512, f. 12b.

¹³⁰ *Cat. BL*, ii, 475.

Seacht mbliadhna, fá bhorb an pháis,
don iarlacht tar és Tomáis
mar *bhragaid* do bhí i nglas
no go rainig sí Seamas.


Séumus Iarla 'na ionadh,
mo chion úaidh don aitshiubhal,
ní bfuair í an cédsheal lé ceart,
do ní égean fan oighreacht.¹³¹

Ós rud é go bhfuair Torna Mór bás sa bhliain 1468, ní dócha gurbh é a scríobh an chuid seo den dán, ar a laghad, mar fuair Tomás an Droichid bás sa bhliain chéanna. Níor thit an Iarlacht ar Shéamus go dtí níos déanaí, mar a luann an dán (cé nár thóg sé seacht mbliana – bhí smacht aige ar an Iarlacht in 1471 ar a dhéanaí). Tharlódh mar sin gurbh é Torna Óg a chum an dán, nó b'fhéidir gur chum Torna Mór é, agus gur chuir Torna Óg véarsaí breise leis i ndiaidh bhás Thorna Mhóir. É sin ráite, mar a phléifear ar ball, níl aon fhianaise go raibh baint ag Torna Mór leis na Gearaltaigh, agus tá an chuma ar an scéal gur cailleadh é agus é fós ina ollamh ag Muintir Chonchobhair.¹³² Mar sin is ceart an dán a leagadh ar Thorna Óg.

¹³¹ *DMacF*, §§791.10-791.11.

¹³² Féach thuas, Caibidil 6.3.3.

1.3.3 Canfaidher (*Leanfaidher*) liom lorg na bhfear



¹ Ní hionann a sinne baine in *Leanfaidher*. Ghníomhar 'naic Gearalt' air, ach léiríonn curdaing an Dubhadach leis an Éire.

² Boinn ó seo.

³ 'Dearbhathair mac Muiris Óg' [recre: 'Dearbhathair maith Muiris Óg' mar atá i *Canfaidher*].

Tá dhá leagan den dán seo le fáil i lámhscríbhinní éagsúla,¹³³ *Leanfaidher liom lorg na bhfear* agus *Canfaidher liom lorg na bhfear*. Ar nós *Cá méad gabhál fhuair Éire?*, is dán ginealais é fé hIarlaí Dheasmhumhan, agus fé chraobhacha na nGearaltach i gCúige Mumhan, a cumadh sa seachtú haois déag. Is giota as an dán seo é an dán *Do cuireadh ceathrar cloinne* atá le fáil mar chuid den chuntas staire *Craobhsgaoileadh Sleachta na hIarlachta*.¹³⁴ Deir an file anaithnid¹³⁵ gur chum Torna (Ó Maoil Chonaire) dán ginealais ar Ghearlaigh Dheasmhumhan (*Cá méad gabhál fhuair Éire?*), agus gur chum an file seo an dán seo le cur le dán Thorna:

Do chom Tórna gan *chláon* gcam
 dúain tseanchuis na ríogh rómhain
 dúain a ndiaigh dhúaine Thórna
 bíaidh úainne go húghdardha.¹³⁶

¹³³ Féach Aguisín 3.

¹³⁴ Féach thíos, Caibidil 1.4.1.

¹³⁵ Tharlódh gur duine de Mhuintir Dhálaigh a chum an dán mar a phléitear thíos.

¹³⁶ Aguisín 3, *Canfaidher*, véarsa 2.

Tá leaganacha agus giotaí éagsúla den dán seo tagtha anuas. Tá dhá véarsa, ach go háirithe, den dán a fhaightear leo féin i gcáipéisí éagsúla. Faightear an véarsa dar tosach *Seaán ba sine don chloinn*, véarsa 35,¹³⁷ a thagraíonn do chéad Iarla Chill Dara, mar chuid den tráchtas staire *Craobhsgaoileadh Sleachta na hIarlachta*.¹³⁸

Seaán badh sine don cloinn
‘s nar bhfearr file lé foghlúim
céad Iarla Laighean dar liom
*Deaghfhear fa cialldha cóingheall.*¹³⁹

Baintear úsáid as an véarsa sa téacs sin leis an argóint a neartú gur ó bheirt mhac le Tomás Mór (†1213) a shíolraigh Gearaltaigh Dheasmhumhan agus Chill Dara.¹⁴⁰ Faightear véarsa 6, dar tús *Aois mhic Dé is dearbh in chairt* leis féin i gceithre lámhscríbhinn¹⁴¹ agus mar chuid den dán *Trí bliadhna triochad is sé chéad* in RIA 153 [23 M 17].¹⁴² Is dócha gur iarracht é úsáid an véarsa seo leis féin nó mar chuid den dán sin le háit lárnach na nGearaltach i stair na hÉireann a léiriú:

Áois mhic Dé is dearbh in cairt.
An tan thainig mac Gearailt
Seacht mbliadhna seasgad as céad
*Is míle nochá móir bhreag.*¹⁴³

Faightear an giota den dán seo a thosnaíonn leis an líne *Do cuireadh ceathrar cloinne* mar chuid de *Craobhsgaoileadh Sleachta na hIarlachta* i lámhscríbhinní éagsúla.¹⁴⁴ Ní fhaightear leis féin é ach aon uair amháin, sa lámhscríbhinn BL Add. 31156, [f.

¹³⁷ Úsáidtear córas uimhrithe *Canfaidher liom lorg na bhfear* ó RIA 153 [23 M 17]. Féach Aguisín 3. Tugtar córas uimhrithe *Leanfaidher liom lorg na bhfear*, nuair is gá, ó *DMacF.* (§§793-98).

¹³⁸ *LM*, 286.

¹³⁹ Aguisín 3, *Canfaidher*, véarsa 35.

¹⁴⁰ Féach thíos, Caibidil 1.4.1.

¹⁴¹ RIA 153 [23 M 17]; RIA 156 [23 D 5]; LNÉ G 534; LNÉ G 193.

¹⁴² Mar sin, faightear an dán nó an véarsa seo trí huair sa lámhscríbhinn RIA [23 M 17] .i. leis féin [f. 8]; mar chuid den dán *Trí bliadhna triochad is sé chéad* [f. 143] agus mar chuid den dán *Canfaidher liom lorg na bhfear* [f. 168].

¹⁴³ RIA 156 [23 D 5], f. 280.

¹⁴⁴ Faightear an dán nó an giota mar chuid de leaganacha déanacha de *Seanchas na nGearaltach* (3) chomh maith, sa 19^ú haois.

242] ina dtugtar aistriúchán leis.¹⁴⁵ Tugtar an leagan seo sa *Craobhsgaoileadh*, mar deineann sé cur síos ar bhunús chraobhacha na Mumhan:¹⁴⁶

<i>LM</i> , 287	
Do cuireadh ceathrar clainne go Seán caomhghlan Callainne fir luatha nár lom le cam is uatha an drong adéaram.	<i>Canfaidher</i> (42)
Anmanna an cheathrair chain atáid linne inár leabhraibh Giobún Ua Coinín i gcéin is Seaán Mór Ó Coiléin.	<i>Canfaidher</i> (43) <i>Leanfaidher</i> (794.4cd)
Muiris Ó Cinnéidigh gan choir Tomás cruaidh Ó Conchobhair is iad sin, ní bréag an bhladh, na fir gan éad gan uamhan.	<i>Canfaidher</i> (44); <i>Leanfaidher</i> (794.5)
An Ridire Fionn go fíor ó Ghiobún chaomh Ó Choinín; ó Sheán Ó Choileain glan ghlé clann tSeain mhóir na Sursainge.	<i>Canfaidher</i> (45); <i>Leanfaidher</i> (794.6)
An rádh so ní rádh bréige: ó Mhuiris, mac Cinnéide, uadha ro chin, ní daor a dhreach, an Ridire caomh Ciarraigheach.	<i>Canfaidher</i> (64); <i>Leanfaidher</i> (794.7)
Sliocht Seaáin ní hiad nach fuil ó Thomás Ó Chonchubhair Triúcha na nAicme[adh] uimné Ciarraighe is Corca Dhuibhne. ¹⁴⁷	<i>Canfaidher</i> (68); <i>Leanfaidher</i> (794.8)

¹⁴⁵ Tá eagrán de ón lámhscríbhinn seo foilsithe in *Unpub. Ger. Docs.*, iv, 29-40. Tugtar leagan eile den dán as RIA 12 [23 G 12], f. 204 sa saothar sin freisin. Faightear an dán mar chuid de *Seanchas na nGearaltach* (3) sa lámhscríbhinn sin.

¹⁴⁶ I leaganacha áirithe, ní thugtar ach an chéad véarsa .i. an véarsa dar thús *Do cuireadh ceathrar cloinne*.

¹⁴⁷ *LM*, 287.

Ní fhaightear an chéad véarsa go leith den dán i *Leanfaidher liom lorg na bhfear* ach tá an chuid eile de go léir le chéile. I *Canfaidher*, tá na véarsaí scartha óna chéile agus tá difríochtaí áirithe sa véarsa deireanach de *Do cuireadh ceathrar cloinne*:

<i>LM</i> , 287	RIA 153 [23 M 17], f. 172
Sliocht Seaáin ní hiad nach fuil ó Thomás Ó Chonchubhair Triúcha na nAicme[adh] uimné Ciarraighe is Corca Dhuibhne.	(68): Cuirfiod sa <i>chraoibhsi mur fhuil</i> Tomás crúaidh Ó <i>Conarbhair</i> a Tríocha na nAicme <i>im né</i> Uí <i>Chiarruidhe Chorca Duibhne</i>

Is é *Leanfaidher liom lorg na bhfear* an leagan is sine den dán seo. Tá an chóip is sine de¹⁴⁸ i Leabhar Mór na nGenealach an Dubhaltaigh Mhic Fhirbhisigh (ca. 1649). Dar leis an véarsa deireanach de *Leanfaidher*, is sa bhliain 1601 a cumadh é:

Míle bliadhain sé chéd cain,
is bliadhain bheag do bliadhnaibh,
aoís Mhec De go dearbh um chairt,
gan fherg 'm an ré do iarras.¹⁴⁹

Ní thugtar an véarsa seo i *Canfaidher* áfach. Ní fios go cinnte cé a chum an dán seo (*Leanfaidher*). Ní luann ach aon lámhscríbhinn amháin, LNÉ G 144, file. Sa lámhscríbhinn sin, a bhreac Muiris Ó Gormáin sa bhliain 1767, is é ‘Tadhg mhac Dáire’ a ainmnítear mar fhile. Is dócha gurb é Tadhg mac Dáire Mhic Bhruaidealha (ca. 1570 - ca. 1652) atá i gceist anseo. Ní léir áfach, cad as a bhfuair Ó Gormáin ainm Thaidhg mhic Dháire mar údar. Tá an chóip seo an-chosúil leis an leagan atá i Leabhar Mór na nGenealach.¹⁵⁰ File ag na Brianaigh ab ea Tadhg mac Dáire Mhic Bhruaidealha, a raibh páirt lárnach aige in Iomarbhágh na bhFileadh.¹⁵¹ Scríobh deartháir leis, Domhnall mac Dáire, dán amháin, ar a laghad, do na Gearaltaigh, *Cia as sine cairt ar chrích Néill?* (do Shéamas mac Mhuiris Mhic Gearailt (†1579)).¹⁵² I

¹⁴⁸ Ó Muraíle, *DMacF*, i, 31.

¹⁴⁹ *DMacF*, §798.6.

¹⁵⁰ De ghnáth, bíonn gach cóip den dán seo a scrúdaíodh nach mór díreach mar an gcéanna ach tá cosúlachtaí suntasacha le feiscint idir *DMacF* agus cóip Uí Ghormáin.

¹⁵¹ Féach Caibidil 6.2.7.

¹⁵² Féach Caibidil 2.4.2.

Craobhsgaoileadh Sleachta na hIarlachta, deirtear gurbh é Domhnall a chum *Do cuireadh ceathrar cloinne* freisin:

Gon[adh] ar an gceathrar cloinne sin tSeáin Challainne adubhairt Domhnall,
mac Dáire, Mic Bruaideadha na rainn so...¹⁵³

Ní deirtear in aon áit eile, áfach, gur duine de Mhuintir Bhruaideadha a chum an leagan seo nó *Canfaidher liom lorg na bhfear*. Go deimhin, in gach lámhscríbhinn, nach mór, ina bhfaightear *Canfaidher liom lorg na bhfear*,¹⁵⁴ is é Muireadhach (nó ‘Murchadh’) Ó Dálaigh a ainmnítear mar fhile. Tharlódh mar sin gur duine de Mhuintir Dhálaigh a chum an dán ar dtús, nó b’fhéidir a scríobh an leagan dar theideal *Canfaidher*.

Tá i bhfad níos mó cóipeanna de *Canfaidher liom lorg na bhfear* ná de *Leanfaidher* tagtha anuas chugainn. Ós rud é nach maireann cóip ar bith den leagan seo ón seachtú haois déag, tharlódh gur cumadh na véarsaí breise atá ann níos déanaí ná *Leanfaidher*. Bíonn líon difriúil véarsaí sa leagan seo i lámhscríbhinní éagsúla. De ghnáth, áfach, bíonn thart ar 96 véarsa i *Canfaidher* agus gan ach 62 i *Leanfaidher*. Ós rud é go ndéileálann na véarsaí breise i *Canfaidher* le craobhacha sóisearacha Ghearaltaigh na Mumhan (.i. na Ridirí Fionna, Ridirí Chiarraí, Clann Mhic Thomáis agus Ridirí an Ghleanna (agus Tiarnaí na Claonghlaise)), tharlódh gur dhuine de chraobh éigin acu seo an pátrún a bhí ag an bhfile. Luann an file gur chaith sé tréimhse i gcomhlúadar Thiarnaí na Claonghlaise agus go raibh cur amach aige ar an gceab sin:

A ndiaigh Ghiobúin glacfaidh mé
sliocht Sheain mhóir na Sursainne
mar fúarus fios na feadhna
dar núadhlas lios loinneardha.

An chéad fhear airmhead dhíobh
do shliocht Sheain mhóir gan fheilghníomh

¹⁵³ *LM*, 287.

¹⁵⁴ Féach Aguisín 3.

tríath na Clainghlaise nadh cruinn
o mbíodh aolmhaise aguinn.¹⁵⁵

Ba phátrúin ar fhilí iad Tiarnaí na Claonghlaise gan dabht. Chum Dáibhí Ó Bruadair filíocht dóibh agus bhí scoil filíochta ag Cúchonnacht Ó Dálaigh ar a gcuid tailte sa seachtú haois déag.¹⁵⁶ An é gur ghaol éigin le Cúchonnacht é an Muireadhach (nó Murchadh) seo? Is dócha gur athair Éamonn Mhic Gearailt (†ca. 1666), agus sean-athair Sheáin Mhic Gearailt, a bhí ina Thiarna na Claonghlaise ag an am.¹⁵⁷ I nginealach comhaimseartha le bás Sheáin (†ca. 1703), glaoitear Tomás ar a shean-athair:

Geinealach Tighearna na Claonghlaisi annso. Sir Seón, mac Éamuinn mhic
Tomáis Chaim...¹⁵⁸

Tá suas agus anuas le 55 véarsa i *Canfaidher* nach bhfuil sa leagan *Leanfaidher*. Díobh sin, pléann fiche véarsa leis na Gearaltaigh luatha (Muiris †1176 - Tomás an Ápa †1298);¹⁵⁹ dhá cheann le moladh ginearálta;¹⁶⁰ dhá cheann go leith le hIarlaí Dheasmhumhan;¹⁶¹ trí cinn le Gearaltaigh Laighean;¹⁶² ceithre cinn le Muintir Mhic Thomáis;¹⁶³ deich gcinn le sliocht Ghiobúin;¹⁶⁴ ocht gcinn le sliocht Sheáin Mhóir na Sursainge;¹⁶⁵ trí cinn le sliocht Mhuiris Bhuídhe;¹⁶⁶ ceann amháin le Tomás an Triúcha¹⁶⁷ agus ceann go leith leis an gceathrar mac a bhí ag Seán Challainne (.i. Muiris Buídhe, Seán Mór, Tomás agus Giobún).¹⁶⁸ Níl an dátaíocht chomh soiléir sin sa dán seo, ós rud é nach luaitear i gcónaí an fad a mhair Tiarnaí nó Iarlaí áirithe. Chomh maith leis sin, ó am go ham, ní luaitear ach an fad a bhí an té atá fé chaibidil

¹⁵⁵ RIA 153 [23 M 17], f. 171. Féach Aguisín 3, véarsaí 56-7.

¹⁵⁶ Féach Caibidil 6.2.4.

¹⁵⁷ Is don bheirt thiarnaí seo de chuid an teaghlaigh a chum Cúchonnacht dánta.

¹⁵⁸ LNÉ G 117, lch. 184. Tharlódh freisin gurbh é an Tomás seo a bhí mar phátrún ag Cúchonnacht Ó Dálaigh (†1642), roimh a mhac, Éamonn.

¹⁵⁹ .i. (16)-(30); (39)-(41); (71) agus (72).

¹⁶⁰ (5); (98).

¹⁶¹ (74); (77a); (82).

¹⁶² (31); (33); (36).

¹⁶³ (37)-(38); (77b)-(79a).

¹⁶⁴ (46)-(55).

¹⁶⁵ (56)-(63).

¹⁶⁶ (65)-(67).

¹⁶⁷ (69).

¹⁶⁸ (42)-(43a).

ina Iarla. Cé gur féidir iarracht a dhéanamh croineolaíocht na nIarlaí a rianú i *Cá méad gabhal fuair Ére?*, ní hamhlaidh an scéal le *Canfaidher* (nó *Leanfaidher*) *liom lorg na bhfear áfach*.

Ós rud é nach bhfaightear mórán eolais ar shliocht mídhlisteanach Sheáin Challainne i *Leanfaidher liom lorg na bhfear* agus go gcuirtear go mór leis an eolas sin sa leagan seo, tharlódh gur chuir an file (b'fhéidir Muireadhach nó Murchadh Ó Dálaigh, mar a tuairimíodh thuas) leis an dán sin do phátrún de shliocht Sheáin Mhóir na Sursainge nó de shliocht Chlann Ghiobúin.

1.4 Na Cuntais Eile

1.4.1 Craobhsgaoileadh Sleachta na hIarlachta

Seachas *Seanchas na nGearaltach* (1), (2), agus (3), is é *Craobhsgaoileadh Sleachta na hIarlachta* an téacs próis is tábhachtaí faoi Ghearaltaigh Dheasmhumhan atá le fáil sna lámhscríbhinní. Tá cúig lámhscríbhinn is fiche ar marthain ina bhfaightear an téacs seo.¹⁶⁹ Tá an téacs i gcló ag Tadhg Ó Donnchadha .i. Torna, mar chuid den *Leabhar Muimhneach*.¹⁷⁰ Tugann an téacs ginealach Iarlaí Dheasmhumhan agus ginealach Iarlaí Chill Dara, ach tá béim ar chraobhacha sóisearacha na nGearaltach, nó sliocht Sheáin Challainne, sa téacs, lena n-áirítear ginealaigh an Ridire Fhinn, Thiarna na Claonghlaise, Ridire an Ghleanna, agus craobhacha eile leo. Is spéisiúil, áfach, go bhfuil sé soiléir ón téacs seo go raibh sliocht Sheáin Challainne (†1261), ónar shíolraigh na craobhacha seo go léir, mídhlisteanach. Ní minic a fhaightear an leagan sin den scéal sna foinsí. Den chuid is mó, deirtear gur phós Seán duine de Mhuintir Chonchobhair, agus gur ón bpósadh sin a shíolraigh na craobhacha úd. Chomh maith leis na ginealaigh atá sa téacs seo, tugtar rann amháin leis féin go luath sa téacs dar tús *Seaán ba sine don chloinn*, agus i lár an téacs tugtar sé rann a thosnaíonn le *Do*

¹⁶⁹ RIA 541 [23 E 23], ff. 324-6; UCC M 62, ff. 389-92; LNÉ G 117, ff. 181-5; Luim O, ff. 303-4; LNÉ G 140, ff. 411-5; RIA 247 [24 M 6], ff. 210-2; TCD 1365 [H.4.24], ff. 182-5; Maz 4470, ff. 116-116v; LNÉ G 22, ff. 175-6; NUIM C 25 [3 A 24], ff. 125-9; LNÉ G 193, ff. 136-9; RIA 71 [24 L 15], ff. 95-6; RIA 781 [23 G 5], ff. 33-5; RIA 673 [23 C 23], ff. 19-21; RIA 87 [23 E 2], ff. 402[Lochtach]; RIA 99 [23 L 1], ff. 213-8; RIA 816 [24 L 21], ff. 320-1; RIA 701 [23 Q 20], ff. 283-5; RIA 517 [23 D 37], ff. 43-44; RIA 297 [23 B 14], ff. 3-6; RIA 435 [23 B 12], ff. 133-138; RIA 497 [23 B 22], ff. 131i-135; RIA 596 [24 C 5], ff. 559-565; CF 9, ff. 355-60.

¹⁷⁰ *LM*, 286-90.

cuireadh ceathrar cloinne. Tugtar iad mar dhánta aonair, cé go dtagann na véarsaí seo go léir ón dán *Canfaidher liom lorg na bhfear*, mar a pléadh thuas.¹⁷¹

Seachas na dánta, is ginealaigh amháin atá sa téacs seo, seachas giota amháin ina bpléitear Seán Challainne féin:

Isé an Seán Challuinne so fuair bheith 'na Ridire an Ghairteir, agus an céadfhear do Ghearaltachaibh fuair treise agus tighernas na nDéise nDeisgirt ar dtús ón dtreas Henrí, Ri Sagsan an 13 bliadhain dá fhlaithios *Anno Domini* 1229; agus is ar a shliocht atáid Gearaltaigh Laighean uile. Agus is uime tugadh Seán Calluinne d'ainm air, óna bháthadh i gCalluinn Ghlinn[e] Ó Ruachta maraon agus a mhac oighreachta .i. Muiris mac Seáin. Agus ní raibh do shliocht ar Ghearaltachaibh uile an tan sin acht bean a mhic torrach. Agus rug sí mac .i. Tomás an Apa, ó bhfuilid Gearaltaigh uile acht sleachta an cheatrair thuas.¹⁷²

Ní léir cén fáth go nglaoitear Ridire an Ghairteir ar Sheán anseo agus i *Seanchas na nGearaltach* (3). Níor cuireadh tús leis an Ord sin go dtí aimsir Éadbhaird III Shasana in 1348.¹⁷³ Díol spéise sa sliocht seo áfach ná go gcuireann sé in iúl gur shíolraigh na Gearaltaigh uile ó Sheán Challainne agus gur shíolraigh na Gearaltaigh uile seachas craobhacha sóisearacha na Mumhan óna gharmhac, Tomás an Ápa, rud a thabharfadh le fios gurbh iad Gearaltaigh Dheasmhumhan líne shinsearach na nGearaltach. Cé go ndeir an téacs é seo, áfach, bréagnaíonn sé é féin díreach i ndiaidh an tsleachta thuas, nuair a thugtar ginealach Chill Dara, a deir gur shíolraigh na Gearaltaigh uile ó bheirt mhac le Muiris, dara Barún Ó bhFailí (†1257 - *recte* beirt mhac lena sheanathair sin, Muiris Mac Gearailt, †1176), Tomás agus Gearalt. Fós áfach, luaitear Gearaltaigh Dheasmhumhan ar dtús, rud a thabharfadh le fios gur sinsirí iad ná craobh Chill Dara. É sin ráite, mar a dúradh cheana, tugtar an véarsa a thosnaíonn le *Seaán ba sine don chloinn* ó *Canfaidher liom lorg na bhfear* ag tús an téacs, a chuireann in iúl go soiléir gurbh iad Iarlaí Chill Dara an chraobh shinsearach.

¹⁷¹ Féach thuas, Caibidil 1.3.3.

¹⁷² *LM*, 288.

¹⁷³ Féach, mar shampla, <https://www.royal.uk/order-garter> [30 Márta 2017].

1.4.2. *Obitus* na nGearaltach

Is féidir ceithre phríomhthéacs a áireamh fé cheannteideal ‘*Obitus*’ na nGearaltach .i. liostaí Laidine de nótaí báis na nIarlaí (agus baill eile thábhachtacha den teaghlach in éineacht leo ó am go ham): liosta na nótaí báis sna lámhscríbhinní BL Harl. 3756,¹⁷⁴ BL Harl. 546,¹⁷⁵ in aguisín le *Annales Jacobi Grace*,¹⁷⁶ agus i Leabhar Bhinn Éadair.¹⁷⁷ Tá an liosta in BL Harl. 3756 go háirithe spéisiúil toisc go bhfaightear i lár lámhscríbhinne é a bhain le Gearaltaigh Chill Dara, *The Kildare Rental*, mar a ghlaoitear air. Níl ginealach nó nótaí báis Iarlaí Chill Dara féin le fáil ar chor ar bith sa lámhscríbhinn seo. Ceaptar gur scríobhadh cuid den lámhscríbhinn seo roimh 1505.¹⁷⁸ Caithfidh gur scríobhadh na hiontrálacha seo roimh 1520, ón uair nach dtugtar nóta báis Mhuiris (9^ú hIarla, †1520), a fuair bás sa bhliain 1520. Críochnaíonn siad le nóta báis Shéamuis mhic Thomáis an Droichid sa bhliain 1487 [1478 a thugtar sa lámhscríbhinn]. Mar sin, tá an liosta seo níos sine ná aon téacs ginealais eile, atá tagtha anuas chugainn, dár scríobhadh mar gheall ar na Gearaltaigh seachas an dán *Cá méad gabháil fhuair Éire*, a cumadh roimh 1487. Maidir leis an dara liosta, tá sé le fáil i leathanaigh a cuireadh leis an lámhscríbhinn leighis BL Harl. 546 ón 15^ú haois. Sa 16^ú agus sa 17^ú haois a scríobhadh na nótaí agus giotaí eile ar an leathanach seo.¹⁷⁹ Caithfidh gur scríobhadh na nithe seo i ndiaidh 1609, an dáta is déanaí a luaitear ar an leathanach.¹⁸⁰

BL Harl. 546, f. 57a-b	Aistriúchán
[57a] Obiit Geraldus filius Mauricii Justiciarius Hibernie Anno Domini 1200.	Cailleadh Gearalt mac Muiris, Giúistis Éireann, A.D. 1200.
Obiit Mauricius filius eiusdem Geraldi frater minor et primo fundator convento	Cailleadh Muiris mac an Ghearóid chéanna, bráthair mionúr agus céad

¹⁷⁴ I gcló ag Gearóid Mac Niocaill. Mac Niocaill, *Crown Surveys of Lands*, 353-4.

¹⁷⁵ Neamhfhoilsithe, tugtar an téacs seo thíos.

¹⁷⁶ *Grace, Ob. Ger.*

¹⁷⁷ *Cal. Carew MSS.*, v [*The Book of Howth*], 118-9.

¹⁷⁸ Féach, mar shampla, Byrne, A., ‘The Earls of Kildare and their Books at the End of the Middle Ages’, in *The Library: Transactions of the Bibliographical Society*, 14 (2013), 129-153.

¹⁷⁹ *Cat. BL*, i, 200.

¹⁸⁰ *Ibid.*, 201; http://www.bl.uk/manuscripts/Viewer.aspx?ref=harley_ms_546_f057r [30 Márta 2017].

<p>fratrum minorum de Youghull Anno Domini 1254.</p> <p>Obit Thomas filius eiusdem Mauricii Anno Domini 1260.</p> <p>Obierunt Johannes filius Thome fundator primo convento de Traly et Mauricius Johannis eius filius qui occubuit in Callayn Desmunda et sepulti sunt in monasterio de Tralie in borialii parte Anno m.cc.lx.</p> <p>Obiit Thomas filius Mauricii qui dicitur Thomas Simius et sepultus est in Tralii in medio Chori in Anno 1296.</p> <p>Mauricius filius Thome primus comes Desme[] et Justiciarius Hibernie obiit apud Dublinium anno 1355.</p> <p>Mauricius filius Mauricii secundus comes obiit in Anno 1357.</p> <p>Johannes filius Mauricii 3 comes obiit in Anno 13697 [sic].</p> <p>Geraldus filius Mauricii alias Geraldus poet 4 comes obiit Anno 1397.</p> <p>Johannes filius Geraldi 5 comes et submersus fuit in Suira anno 1410.</p> <p>[57b] Thomas filius Johannes 6 comes qui obiit in Francia Anno 1420.</p> <p>Jacobo filius Geraldi 7 comes obiit 1462.</p> <p>Thomas filius Jacobi Justiciarius Hibernie 8 comes qui decollata fuit apud Drohedaha in Anno 1467.</p>	<p>bhunaitheoir mhainistir na mbráithre mionúr in Eochail, A.D. 1254.</p> <p>Cailleadh Tomás, mac an Mhuiris chéanna, A.D. 1260.</p> <p>Cailleadh Seán mac Thomáis, céad bhunaitheoir mhainistir Thrá Lí agus Muiris mac Sheáin, a d'éag i gCallainn Dheasmhumhan agus adhlacadh iad i mainistir Thrá Lí sa taobh ó thuaidh, A.[D.] 1260.</p> <p>Cailleadh Tomás mac Muiris, a dtugtar Tomás an Ápa air, agus adhlacadh é i dTrá Lí i lár na córlainne sa bhliain 1296.</p> <p>D'éag Muiris mac Thomáis, céad Iarla Dheasmhumhan agus Giúistís Éireann i mBaile Átha Cliath sa bhliain 1355.</p> <p>Muiris mac Mhuiris, dara hIarla, d'éag sa bhliain 1357.</p> <p>Seán, mac Mhuiris, 3^ú hIarla, d'éag sa bhliain 1369/7.</p> <p>Gearóid mac Mhuiris, .i. Gearóid 'an Dána', 4^ú hIarla, d'éag sa bhliain 1397.</p> <p>Seán mac Ghearóid, 5^ú hIarla agus bádh é in abhainn na Siúire sa bhliain 1410.</p> <p>Tomás mac Sheáin, 6^ú hIarla a cailleadh sa Fhrainc sa bhliain 1420.</p> <p>Séamus mac Ghearóid, 7^ú hIarla, d'éag 1462.</p> <p>Tomás mac Shéamuis, Giúistís Éireann, 8^ú hIarla, a dícheannadh i nDroichead Átha, sa bhliain 1467.</p>
---	--

Jacobo filius dicte Thome 9 comes qui occubuit in Rath Gealy <i>per</i> Johannem Edmondi in <i>Anno</i> 1486.	Séamas mac Thomáis ráite, 9 ^ú hIarla a mharaigh Seán mac Éamoinn i Ráth Caola sa bhliain 1486.
Mauricius claudus filius Thome germanus eiusdem Jacobi 10 comes obiit in <i>Anno</i> 1519.	Muiris Bacach, mac Thomáis, deartháir an tSéamais chéanna, 10 ^ú hIarla, d'éag sa bhliain 1519.
Jacobo filius dicti Mauricii 11 comes 1520.	Séamus, mac an Mhuiris ráite, 11 ^ú hIarla, 1520.
Thomas calvonus tertius filius dicte Thome {12 comes} ¹⁸¹ obiit <i>Anno</i> 1534.	Tomás Maol, tríú mac an Tomáis ráite, 12 ^ú hIarla, d'éag sa bhliain 1534.
Jacobus filius Mauricii m Thomas occisus [est] <i>Anno</i> 1535.	Maraíodh Séamus mac Mhuiris [mhic] Thomáis sa bhliain 1535.
Johannes quartus filius dicte Thome obiit 1536.	Seán, ceathrú mac an Tomáis ráite, d'éag 1536.
Jacobus filius Johannes Thome obiit in <i>Anno</i> 1558.	Cailleadh Séamus mac Sheáin [mhic] Thomáis sa bhliain 1558.
Geraldus filius dicti Jacobi <i>Anno</i> 1583.	Gearóid, mac Shéamuis ráite, sa bhliain 1583.

Tá an stíl chéanna sa liosta seo is atá sna liostaí eile thuasluaite. Den chuid is mó níl iontu ach ainmneacha na dTiarnaí, mar aon le blianta agus áiteanna a mbásanna. Ní léir cad as ar tháinig an tríú liosta, atá ceangailte le hannála Grace. Mheas eagarthóir an chnuasaigh sin, Richard Butler, gur ó lámhscríbhinn de chuid na nGearaltach féin a tháinig sé:

This page of the Obits of the Geraldines is written in a different hand and ink from the Annals and Obits of the Butlers, and seems to have been transcribed from the Mortilage of Askeaton, or of some other house founded by the Desmonds.¹⁸²

¹⁸¹ MS {supra}.

¹⁸² *Grace*, 163-4, nóta r.

Ábhar spéise amháin sa liosta seo, nach bhfuil in aon cheann eile díobh, ná go luann sé bás bheirt de mhná céile Shéamuis, an 13^ú hIarla, .i. Mór Ní Chearbhaill (†1548) agus Caitilín de Buitléir (†1553).

Maidir leis an gceathrú liosta, i Leabhar Bhinn Éadair, arís tá an t-eolas a bheag nó a mhór mar an gcéanna, seachas an iontráil dheireanach a thugann cur síos tapaidh ar Iarlaí Dheasmhumhan ó 1534 go dtí 1565, agus luann sé cath Átha Mheadháin, a throid na Gearaltaigh sa bhliain sin (1564 a thugann an téacs) i gcoinne na mBuitléarach. Chomh maith leis sin, ag barr an liosta, faightear ginealach Iarlaí Chill Dara agus Dheasmhumhan. Mar is gnáth sa tréimhse luath sin, síolraítear an dá chraobh ó Mhuiris, Barún Ó bhFailí (†1257).

Ní féidir ceangal cinnte a dhéanamh idir na liostaí éagsúla seo. Cé go bhfuil an chuma chéanna orthu go léir agus go bpléann siad a bheag nó a mhór leis na Tiarnaí céanna, níl na dátaí a thugann siad ag teacht le chéile agus mar sin, is deacair traidisiún leanúnach a aithint iontu:

D = Deasmhumhan CD = Cill Dara Ó bhF = Ó bhFailí	Harl. 3756	Harl. 546	<i>Grace, Ob.</i> <i>Ger.</i>	LBÉ
Muiris (†1176)	X †1180			
Gearóid (†1205) [1 Ó bhF]	X †1205	X †1200	X †1205	X †1205
Muiris (†1257) [2 Ó bhF]	X †1257	X †1254	X †1207	X †1257
Tomás Mór (†1213)	X †____	X †1260	X †1260	X †1260
Seán Challainne (†1261)	X †1260	X †1260	X †1270	X †126_
Muiris (†1261)	X †1260	X †1260	X †1270	X †1260
Tomás an Ápa (†1298)	X †1289	X †1296	X †1296	X †1296
Muiris (†1356) [1D]	X †1355	X †1355	X †1360	X †1355
Seán (†1316) [1CD]	X <i>fl.</i> 1292			
Muiris (†1358) [2D]	X †____	X †1357	X †1357	X †1349
Seán (†1369) [mac 1D]		X †1369/7	X †1369	
Gearóid (†1398) [3D]	X †1____	X †1397	X †1401	X †1398

Seán (†1399) [4D]	X †1401	X †1410		X †1399
Muiris (†1401) [mac 3D]				X †1410
Tomás (†1420) [5D]	X †[1]420	X †1420	X †1420	X †
Séamus (†1463) [6D]	X †_____	X †1462	X †1462	X †1462
Tomás (†1468) [7D]	X †1467	X †1467	X †1468	X †1467
Séamus (†1487) [8D]	X †1478	X †1486	X †1486	X †1487
Muiris (†1520) [9D]		X †1519	X †1_29	X †1519
Mór (†1548) [bean 13D]			X †1548	
Caitilín (†1553) [bean 13D]			X †1553	
Séamus (†1529) [10D]		X †1520		X †1529
Tomás (†1534) [11D]		X †1534	X †1_34	X †1534
Séamus (†1540) [12(a)D]		X †1535		X
Seán (†1536) [12(b)D]		X †1536	X †1536	X
Séamus (†1558) [13D]		X †1558	X †1558	X
Gearóid (†1583) [14D]		X †1583		X <i>fl.</i> 1564

1.4.3 Stair na nGearaltach i Láimh Uí Ghormáin¹⁸³

Tá cuntas eisceachtúil ar na Gearaltaigh le fáil in dhá lámhscríbhinn, ceann i gColáiste na Tríonóide .i. TCD 1345 [H.4.2], agus ceann eile sa Leabharlann Náisiúnta .i. LNÉ G 144. Téacs próis thart ar 360 focal ar fhad é seo a thugann cur síos ar na Gearaltaigh go croineolaíoch ó theacht Mhuiris Mhic Gearailt ag deireadh na dara haoise déag go dtí gur bádh Seán na Siúire, ceathrú hIarla Dheasmhumhan, sa bhliain 1399. Ba é Muiris Ó Gormáin, scríobhaí clúiteach san ochtú haois déag, a bhreac an téacs seo.¹⁸⁴ Tharlódh gurbh é féin a chum é, agus tá sé bunaithe ar leagan éigin de *Seanchas na nGearaltach*, de réir dealraimh.¹⁸⁵ Ní léir cén fáth go ndéanfaidh sé a leithéid, áfach. Tá cuid den dátaíocht sa téacs cruinn go maith (mar shampla, Cath Chlainne 1261,

¹⁸³ Tugtar an téacs seo in Aguisín 4.

¹⁸⁴ Féach, mar shampla, Mac Cathmhaoil, N., *Muiris Ó Gormáin: Beatha agus Saothar Fileata* (An Clóchomhar, Conamara, 2013), go háirithe, 11-68.

¹⁸⁵ Ní léir cé acu leagan áfach. Luaitear bhás Choileáin Uí Choileáin sa téacs seo agus i *Seanchas na nGearaltach* (2) ach ní thugtar na dátaí céanna don eachtra sin. Féach Aguisín 4 agus *Ó Cléirigh*, §2125.

bás Ghearóid céad Bharún Ó bhFailí 1205, bás Mhuiris mhic Gearóid, 1257) ach tá fadhbanna le dátaí eile (mar shampla, teacht Mhuiris Mhic Gearailt, 1179 *recte* 1170-1, bunú mhainistir Thrá Lí, 1236, *recte* 1243). Tá cur síos gairid ann ar chath Challainne agus ar shliocht Sheáin Challainne. An rud is spéisiúla fén téacs, áfach, ná go dtugann sé eolas uathúil ar bhás Ghearóid Iarla:

Dhá bhliághain ar xx. iar sin bás Ghearoid Íarla san Chaislean Núa, agus a adhlacadh a tTráigh Lí.

Ní luaitear in aon áit eile gur adhlacadh Gearóid Iarla (†1398) i mainistir Thrá Lí. Murab é Ó Gormáin féin údar an chuntais seo, tá an chuma ar an scéal go bhfuil an bhunchóip cailte anois.

Cé nach féidir ceangal cinnte a aithint idir na téacsanna seanchais éagsúla seo, seachas b'fhéidir na leaganacha éagsúla de *Seanchas na nGearaltach* agus na dánta, tá siad go léir suite sa traidisiún ceanna agus taispeánann siad an leanúnachas a bhain le breacadh stair agus sheanchas na nGearaltach i measc an aosa léinn ón gcúigiú haois déag (agus b'fhéidir níos luaithe) anuas go dtí an naoú haois déag. Go deimhin, d'fhéadfaí dhá mhórtéacs staire a scríobhadh fé Ghearaltaigh Dheasmhumhan sa séú haois déag .i. *Initium, Incrementa et Exitus Familiae Geraldinorum*, a d'fhoilsigh an tAth. Domhnall Ó Dálaigh in 1655 agus *Relation of the Fitzgeralds of Ireland* a bhreac Thomas Russell in 1638, a nascadh leis an traidisiún céanna sin.¹⁸⁶ Is léir gur chuir na hIarlaí féin nó a sleachta na téacsanna seo á dtíomsíú agus, nuair a dheintear imscrúdú ar na lámhscríbhinní ina bhfaightear cuntais dá leithéid, go háirithe na lámhscríbhinní a raibh nasc ag na hIarlaí féin leo, is féidir méid an mheasa a bhí acu ar théacsanna den saghas sin, gan trácht ar fhilíocht na mbard, a fheiscint.

¹⁸⁶ Féach Caibidil 6.2.4.

Caibidil 2: Lámhscríbhinní

2.1 Réamhrá

Sa chaibidil seo, pléifear na lámhscríbhinní is tábhachtaí a bhain nó a bhaineann le hIarlaí Dheasmhumhan. Is iad sin, lámhscríbhinní a bhí i seilbh an teaghlaigh féin, lámhscríbhinní ina bhfuil na príomhthéacsanna a phléann leis an teaghlach nó lámhscríbhinní tábhachtacha eiseamláireacha, a raibh nasc idir iad agus na Gearaltaigh.¹

Ar dtús, pléifear na lámhscríbhinní ar féidir iad a cheangal go díreach leis na hIarlaí. Ansin, ag cur le hinneachar na dtéacsanna a luadh i gcaibidil 1, pléifear na lámhscríbhinní is tábhachtaí ina bhfaightear téacsanna áirithe díobh sin,² .i. na leaganacha is sine díobh agus freisin, na lámhscríbhinní ina bhfaightear lear mór téacsanna agus dánta a bhaineann le Gearaltaigh. Ansin pléifear duanairí agus lámhscríbhinní ina maireann cóipeanna aonair de dhánta a cumadh dosna Gearaltaigh. Ar deireadh, déanfar cur síos gairid ar lámhscríbhinní áirithe eile, a bhfuil tábhacht ag baint leo i gcomhthéacs an tráchtas seo.

2.2 Lámhscríbhinní i Seilbh na nGearaltach

2.2.1 Lámhscríbhinní i Seilbh Ghearltaigh na Mumhan

Mar a phléifear sa chaibidil seo agus tríd síos sa tráchtas, is féidir roinnt mhaith lámhscríbhinní a nascadh leis na Gearaltaigh, agus go deimhin, is féidir mórlámhscríbhinní na hÉireann ón gceathrú chuig an séú haois déag a cheangal leo.

¹ Ní phléifear gach lámhscríbhinn thábhachtach go mion sa chaibidil seo. Áit ina n-oireann plé ar lámhscríbhinn níos fearr i gcaibidil eile, pléifear ansin í .i. nuair is tábhachtai na fir léinn a bhreac na lámhscríbhinní agus an plé a bhí acu leis na Gearaltaigh, ná ábhar na lámhscríbhinní féin. Luafar cuid de na cáipéisí sin go tapaigh sa chaibidil seo, áfach, agus tagrófar sna fonótaí don chaibidil ina bpléitear iad. I gcás Leabhar Fhear Maighe (RIA 1134 [23 E 29]), go háirithe, is mó a oireann an plé ar an lámhscríbhinn sin do Chaibidil 3.3.6.

² Ní phléifear lámhscríbhinní áirithe go mion, mar shampla RIA 790 [23 D 17], ginealaigh Uí Chléirigh nó UCD Add Ir. 14, Leabhar Mór na nGenealach. ós rud é nach bhfuil iontu ach ginealaigh ghinearálta agus go bhfuil go leor staidéir déanta ag scoláirí éagsúla orthu cheana féin. Luafar lámhscríbhinní eile ina bhfaightear *Seanchas na nGearaltach* (2), áfach, nuair a oireann san le plé ar théacsanna eile agus tábhacht an traidisiúin chóipeála.

Agus plé á dhéanamh ar lámhscríbhinní a raibh baint ag na Gearaltaigh leo, ní mór súil a chaitheamh ar an bhfianaise atá tagtha anuas chugainn maidir le lámhscríbhinní a bhí i seilbh na nGearaltach féin tráth. Faraor, mar thoradh ar an léirscris a deineadh i gCúige Mumhan, go háirithe in aimsir an Iarla dheireanaigh,³ ní mhaireann ach tagairtí fánacha a luann iad agus níl ach blúirí beaga tagtha anuas chugainn mar fhianaise ar a leithéid.

Níl ach dhá lámhscríbhinn ar marthain a bhfuil fianaise chinnte iontu a léiríonn go rabhadar nó codanna áirithe díobh tréimhse i seilbh Iarlaí Dheasmhumhan, Laud Miscellany 610 atá i leabharlann Bodley in Oxford anois agus MS celtique 1 in Bibliothèque nationale de France i bPáras. Maidir le Laud Misc. 610, is lámhscríbhinn an-tábhachtach í seo a léiríonn saibhreas na pátrúnachta i measc na Sean-Ghall sa chúigiú haois déag. Feictear an tábhacht a leag na Gearaltaigh ar lámhscríbhinní den saghas seo ó na nótaí imill sa lámhscríbhinn, a thugann le fios gur tógadh an lámhscríbhinn seo ó na Buitléaraigh i ndiaidh chath Bhaile an Phoill i gCo. Chill Chainnigh sa bhliain 1462 mar luach fuascailte d'Éamonn mac Risteaird, nia le ceathrú hIarla Urmhumhan, Séamus, an tIarla Fionn.⁴ Tiomsaíodh codanna éagsúla den lámhscríbhinn seo d'Éamonn agus do Shéamus.⁵ Bhí an lámhscríbhinn seo fós i seilbh na nGearaltach thart ar an mbliain 1520, nuair a bhí baill éagsúla de Chlann Uí Mhaoil Chonaire á deisiú do Mhuiris, Iarla Dheasmhumhan, agus bhreacadar nótaí imill inti ag an am céanna. Tá ar a laghad nóta imill amháin sa lámhscríbhinn ó aimsir Thomáis, seachtú hIarla Dheasmhumhan (†1468), agus dar le Simms, 'he treasured it also'.⁶

Bhreac beirt scríobhaí formhór na lámhscríbhinne MS celtique 1 .i. an scríobhaí clúiteach Uilliam Mac an Leagha,⁷ agus a mhac, Maileachlainn. Sa lámhscríbhinn sin,

³ Féach, mar shampla, an Réamhrá, ina ndeintear plé air seo.

⁴ Féach, mar shampla, Simms, K., 'The Geraldines and Gaelic Culture', in Crooks, P. & Duffy, S., (eds.), *The Geraldines and Medieval Ireland: The Making of a Myth (Trinity Medieval Ireland Series 1)* (FCP, Dublin, 2016), 268. Mo bhuíochas leis an Dr. Simms as an alt seo agus ábhar eile a sholáthar dom.

⁵ Déanfar plé níos cuimsithí ar an lámhscríbhinn seo i gCaibidil 6.3.4.

⁶ Simms, 'The Geraldines and Gaelic Culture', 269. Tugtar an nóta imill seo, mar aon leis na nótaí eile thíos, sa phlé ar an lámhscríbhinn i gCaibidil 6.3.4.

⁷ Féach, mar shampla, Henry, F. & Marsh-Micheli, G., 'Manuscripts and Illuminations, 1169-1603', in *NHI*, ii, 803-4; *Cat. BL*, ii 470; Mac Niocaill, G., 'Uilliam Mac an Leagha cecinit', in *Éigse*, viii (1956-7), 133-4; Breeze, A., 'The Charter of Christ in Medieval English, Welsh and Irish', in *Celtica*, xix (1987), 117-8; O'Sullivan, W., 'The Manuscript Collection of Dubhaltach Mac Fhirbhisigh', in Smyth, A. P., (ed.), *Seanchas: Studies in Early and Medieval Irish Archaeology, History and Literature in Honour of Francis J. Byrne* (FCP, Dublin, 2000), 445-6; Poppe, E., 'Codes of Conduct and Honour in

maireann téacs Laidine, i láimh eile, dar tús ‘Prima autem die azumorum accesserunt discipuli ad Iesum.’ Tá an leagan is cáiliúla den téacs seo le fáil sa lámhscríbhinn chluíteach, an Leabhar Breac.⁸ In MS celtique 1, tá teideal Gaeilge ar an téacs .i. ‘Briathra ar-an sacrabhuic’.⁹ Chomh maith leis sin, tá colafan ag an scríobhaí a thugann a ainm agus an log inar scríobhadh an téacs: ‘Sean mac indiarrla, a Carraig o Coinnell’.¹⁰ Níl ach duine amháin de shliocht na nIarlaí a d’fhéadfadh a bheith i gceist: Seán, dara hIarla déag *de facto* Dheasmhumhan (†1536).¹¹ Is léir ón nóta nach raibh sé ina Iarla ag an am sin, ach bhí sé aosta nuair a ghlac sé an Iarlacht chuige féin. Ní hamháin go dtugann sé seo le fios go raibh an Ghaeilge agus an Laidin ar a thoil aige, ach chomh maith leis sin, is léir go raibh an lámhscríbhinn áirithe sin i gCarraig Ó gCoineall, i gcroílár thailte na nGearaltach.

Mar a phléifear ar ball, i lár na cúigiú haoise déag, cóipeáladh isteach i Leabhar Fhear Maighe as sean-lámhscríbhinn an fhilíocht a chum Ghearóid Iarla, agus dar leis an scríobhaí, ‘is garb clumach in meamram a fuil sé’.¹² Tá an ‘meamram’ sin cailte anois, ach tharlódh gur lámhscríbhinn a bhí i seilbh na nGearaltach féin ar dtús a bhí i gceist agus gur scríobhaí de chuid na nGearaltach a bhreac í (nó b’fhéidir gur Ghearóid féin a bhreac í fiú). Pléifear na cúiseanna ar cuireadh na dánta sin le Leabhar Fhear Maighe ar ball.¹³

Cé nach mbaineann sé leis na hIarlaí féin, maireann fianaise a thabharfadh le fios go raibh ar a laghad Duanaire amháin i seilbh Mhuintir Mhic Mhuiris, Tiarnaí Chiarraí, a bhí gaolmhar leis na hIarlaí. In alt leis in *Iris Chumann Seandálaíochta is Staire*

Stair Bibuis’, in Picard, J-M. & Richter, M., (eds.), *Ogma: Essays in Celtic Studies in Honour of Próinséas Ní Chatháin* (FCP, Dublin, 2002), 200-10.

⁸ Tá eagar curtha ar an téacs seo, mar aon le hábhar eile as an Leabhar Breac in Atkinson, R., *The Passions and the Homilies from Leabhar Breac: Text, Translation, and Glossary* (RIA, Dublin, 1887), 430-1. Féach freisin *Cat. RIA*, 3396.

⁹ Omont, H., ‘Catalogue des MSS. Celtiques et Basques de la Bibliothèque Nationale’, in *Revue Celtique*, xi (1890), 403. Féach freisin Todd, J. H., ‘On an Irish Manuscript Preserved in the Royal Library, Paris’, in *PRIA*, 3 (1844-47), 228.

¹⁰ Omont, ‘Catalogue’, 228.

¹¹ Bhí mac darbh ainm Seán ag Gearóid Iarla (†1398), an tríú hIarla, ach cailleadh é in 1399. Bhí mac ag Séamus (†1558), an tríú hIarla déag, ach níor rugadh é go dtí tar éis 1533 (an bhliain a rugadh a dheartháir, 14^ú hIarla Dheasmhumhan, Gearóid (†1583)). Ós rud é go raibh Uilliam agus Maileachlainn Mac an Leagha ag saothrú léinn ag deireadh na cúigiú haoise déag, ní fhéadfadh gurbh iad ceachtar den bheirt seo a bhí i gceist. Mar sin, fágann sin gur Seán (†1536) mac Thomáis an Droichid (†1468) a bhí i gceist. Féach G.E.C., *Peerage*, iv, 245 agus 251-2. Chomh maith leis sin, maireann foinse eile ina nglaoitear Seán ‘mac in iarla’ ar an Seán seo .i. *Ceithearnach Uí Dhomhnaill*. Féach Caibidil 6.4.3.

¹² RIA 23 E 29 [Leabhar Fhear Maighe], f. 168.

¹³ Féach Caibidil 3.3.6.

Chiarraí, in 1983, chuir Pádraig de Brún síos ar thagairt don *Duanaire* sin atá imithe ó thuairisc ó shin. Dar le de Brún, is féidir trácht ar *Dhuanaire* a aithint ó cháipéisí ('Notes of Ancient Recordes and Rolles for the lord of Kiery etc.')¹⁴ a bhí in úsáid ag Tiarnaí Chiarraí le linn aighnis sa Pharlaimint ag tús na seachtú haoise déag:

'Notes out of ancient Irish escripts for the appelac[i]on of the Lo: M^c: Moris Baron of kirij [...] A booke Composed for severall lords McMoriss of Keyry in a book of poetrie [...]

Mar chuid de na 'Notes of Ancient Recordes and Rolles' seo, tá liosta iontu de línte nó giotaí, a tógadh as dánta, a thagraíonn do Chontae Chiarraí. Dar le de Brún, caithfidh gur tagairtí do leathanaigh ó *Dhuanaire* de chuid na muintire sin a bhí i gceist leis na línte filíochta. Más fíor, is léir gur leabhar toirtiúil a bhí ann:

If it contained nothing but poems – and the distribution of the folio-references suggests as much – it must have been one of the larger collections of its kind, perhaps more extensive than any such compilation of similar date now extant.¹⁵

Is deacair aon dán a aithint ón liosta, mar níl ann ach giotaí as línte:

'*andhiogh cruidh on Ciaruidh*' (fo. 4);

'*Barun Ciaruidh*' (fo. 18);

'*Se ar Ciaruidhe is cnu mullaigh:clu m Ciaruidhe do cennaigh*' (fo. 48);

'*Fa barun clair Ciaruidhe*' (fo. 62);

'*aoduire clair Ciaruidh*' (fo. 62);

'*Mac Muris clair Ciaruidhe*' (fo. 83);

'*Por cedgall Ciaruidhe*' (fo. 98);

'*ceile clair Ciaruidhe*' (fo. 98).¹⁶

¹⁴ de Brún, P., 'A Lost FitzMaurice *Duanaire*', in *JKAHS*, 15-16 (1983), 58: 'The item printed below [i.e. liosta de ghiotaí as dánta] has been taken from a section of British Library Cotton MS Titus B X headed (f. 385), [...], assembled in connection with the dispute between the barons of Kerry and Slane regarding precedence in the Irish house of lords in the parliament of 1613-15'.

¹⁵ *Ibid.*

¹⁶ *Ibid.*, 60.

D’ aithin de Brún dán amháin sa liosta, *Ná tréig, a Thomáis, mheise*, a chum Fear Feasa Ó an Cháinte roimh 1617:

This suggests that at least part of the contents of the *duanaire* was of recent composition at the time these notes were made [...], we have no means of establishing the time-span covered by the book.¹⁷

Luann de Brún dánta áirithe eile a scríobhadh do Mhuintir Mhic Mhuiris nach féidir a cheangal leis an liosta seo. Dán amháin a scríobhadh i ndiaidh thiomsú an liosta is ea *Ní bean aonothruis Éire*, a scríobh Diarmuid Riabhach Ó Dálaigh ar bhás Thomáis, Tiarna Chiarraí agus Barún Leac Snámha, sa bhliain 1630. Deineann an dán seo ceangal idir Tiarnaí Chiarraí agus Iarlaí Dheasmhumhan, nuair a dheineann an file comparáid idir bás Thomáis agus bás Thomáis an Droichid, 7^ú hIarla Dheasmhumhan, i nDroichead Átha sa bhliain 1468:

Bás an cheadTomáis, teidhm te
bás an Tomáis óig eile
da ghríbh chabhra ar séanmhúir slím
ar éanúir tarla a ttuitim.

Dá ghéig a haoinphréibh ordhruic
tús is deireadh docharluit
tredóimh cosgarbhuan na ccath
Grégoidh Osgarshluagh éachtach.¹⁸

Mar a dúradh thuas, is é ‘*ceile clair Ciaruidhe*’ (fo. 98) an giota deireanach a thugtar sa liosta seo.¹⁹ Sa dán *Truagh sin, a chinn mo chroidhe*, a scríobh file anaithnid do Sheán (†1582), deartháir Iarla dheireanaigh Dheasmhumhan, faightear an líne ‘a chéile cláir Chiaruidhe’.²⁰ Sa dán seo, samhlaítear an file ina sheasamh os comhair chaisleán

¹⁷ Ibid., 59.

¹⁸ *ABM*, #358, [497], véarsa 15 agus 16.

¹⁹ de Brún, ‘*Duanaire*’, 60.

²⁰ *ABM*, #484, [678], véarsa 10.

Bhaile Átha Cliath, ag féachaint ar cheann Sheáin, atá in airde ar spor²¹ ar an gcaisleán. Ábhar spéise é an líne seo i gcomhthéacs na línte a thugann Pádraig de Brún. Tharlódh, mar sin, go raibh cóip den dán seo sa Duanaire cailte seo cé nach léir cén nasc a bheadh ag an dán le Muintir Mhic Mhuiris Chiarraí.²²

2.2.2 Leabharlanna Gearaltacha

Cé nach maireann a leithéid, níl dabht ach go raibh Duanaire nó Duanairí éagsúla ag Iarlaí Dheasmhumhan. Má bhailítear na tagairtí fánacha le chéile, is féidir fianaise áirithe a fheiscint de leabharlanna a bhain leis na Gearaltaigh, nó a raibh baint ag na Gearaltaigh leo, go háirithe i gcomhthéacs na mainistreacha ar dhein na Gearaltaigh pátrúnacht orthu. Is léir i gcásanna áirithe go raibh dlúthcheangal idir na mainistreacha sin agus na hIarlaí. Arís, áfach, mar a tharla leis na lámhscríbhinní, scriosadh na leabharlanna agus na mainistreacha éagsúla sa séú agus sa seachtú haois déag, agus ní fairsing an trácht a dhéantar orthu, ná an fhaisnéis atá tagtha anuas chugainn fé cad a bhí iontu.

Ábhar spéise ná go maireann dhá chatalóg de leabharlann Iarlaí Chill Dara. Tá tábhacht fé leith ag baint leo seo, mar níl ach blúiríní fianaise tagtha anuas chugainn fé hIarlaí Chill Dara agus an phátrúnacht a dheineadar ar na teaghlaigh léannta. Tugann na liostaí seo le fios go raibh suim nár bheag acu i léann na Gaeilge, léann na Laidine, léann na Fraincise agus léann an Bhéarla, ag tús na séú haoise déag, ar a laghad, agus ón méid sin, is féidir a shamhlú go mbeadh tuilleadh fianaise ann ó thréimhsí eile, murach an scrios uile a tharla. Tá roinnt áirithe scoláireachta déanta ar chatalóga na leabharlainne sin le blianta beaga anuas,²³ agus tharlódh go bhfuil ábhar áirithe ón leabharlann fós ar marthain.²⁴

²¹ Ibid., véarsa 1: ‘mur taoi ar cuaille ós cionn Danar’.

²² Féach leis an t-amhras a bhí ar de Brún mar gheall ar an dán *Ní dual cairde ar creich ngeimhil* - de Brún, ‘*Duanaire*’, 59.

²³ Féach, mar shampla, Ó Catháin, ‘Some Reflexes of Latin Learning’, 22-6; Lyons, M. A., ‘Maynooth: A Select Bibliography of Printed Sources’, in *IHS*, 29:116 (1995), 441-74; Mac Niocaill, *Crown Surveys of Lands*, 312-4 agus 355-6; Byrne, ‘The Earls of Kildare and their Books’, 129-153.

²⁴ Mar shampla, measann Aisling Byrne go raibh aistriúchán Gaeilge de *Expugnatio Hibernica* Giraldus Cambrensis sa leabharlann. Tá leagan de seo ar marthain i gColáiste na Tríonóide in TCD 1298 [H. 2. 8]. Féach, mar shampla, Byrne, ‘The Earls of Kildare and their Books’, 153; TCD 1298 [H. 2. 8], ff. 422-31; Stokes, W., ‘The Irish Abridgment of the ‘Expugnatio Hibernica’’, in *The English Historical Review*, 20:77 (Jan., 1905), 77-115.

Tá catalóg eile ar marthain ó thart ar an aimsir chéanna, a thugann cur síos ar an leabharlann a bhí i mainistir na bProinsiasach in Eochail in 1494 agus 1523.²⁵ Bhí tábhacht fé leith ag an mainistir seo, dosna Gearaltaigh agus dosna Proinsiasaigh féin. Ba í an mhainistir Phroinsiasach is sine sa tír í agus bhraití gurbh í an máthairtheach a bhí ag na Proinsiasaigh dá bharr. Cé gur bhunaigh dara Barún Ó bhFáilí, Muiris (†1257), an mhainistir seo, fé lár na ceathrú haoise déag, bhí Iarlaí Dheasmhumhan mar phatrúin aici.²⁶ Deirtear gur cuireadh go leor den teaghlach sa mhainistir seo: Seán (†1369) mac Mhuiris (céad Iarla, †1356);²⁷ Seán na Siúire (4^ú hIarla, †1399);²⁸ Séamus (6^ú hIarla, †1463);²⁹ Séamus Ráth Caola (8^ú hIarla, †1487);³⁰ Muiris Bacach (9^ú hIarla, †1520);³¹ Tomás Óg (11^ú hIarla, †1534);³² Séamus (12^ú hIarla, *de iure*, †1540);³³ Tomás Ruadh (†1595), mac Shéamuis (13^ú hIarla, †1558).³⁴

Den chuid is mó is leabhair nó lámhscríbhinní cráifeacha a bhí sa leabharlann, a bhain le diagacht scolaíoch, leis an Scriptor Naofa, le téacsanna deabhóideacha agus le seanmóireacht. Freisin, bhí lámhscríbhinní inti a scríobh Proinsiasaigh Éireannacha. Ní raibh mórán téacsanna inti, áfach, a bhain le stair, fealsúnacht nó cúrsaí teanga.³⁵ Thabharfadh an méid sin le fios gur leabharlann eaglasta amháin a bhí inti. Is féidir tionchar na nGearaltach a aithint ar an leabharlann chéanna áfach. Ar an gcéad dul síos, is léir ó inneachar na leabharlainne go raibh nasc láidir idir mainistir Eochaille

²⁵ Tugtar an chatalóg seo ina hiomláine in Ó Clabaigh, C., *The Franciscans in Ireland 1400-1534: From Reform to Reformation* (FCP, Dublin, 2000), 158-80.

²⁶ Maidir leis an mainistir seo, féach Caibidil 1.2.2.

²⁷ *Lodge* (1754), i, 10; *Lodge & Archdall*, i, 65; Hayman, *Hand-Book*, xvi; Ronayne, Charles O’L, *History of the Earls of Desmond and Earl of Cork and Sir Walter Raleigh in Munster and a History and Guide to the Religious and Collegiate Foundations in Youghal* (McCaw, Stevenson, & Orr, London & Belfast, 1929), 34.

²⁸ *DIB*, ‘FitzGerald, John (a. 1377-1399)’; Hayman, *Hand-Book*, xvi; G.E.C., *Peerage*, iv, 245; Ronayne, *History of the Earls of Desmond and Earl of Cork*, 34. Adhlacadh a mhac, Tomás (5^ú hIarla), i bPáras sa bhliain 1420 - *Marl.*, 1420: ‘in the Convent of the Fryers Preachers’. Féach freisin G.E.C., *Peerage*, iv, 246: ‘in the Church of the Franciscans, or in that of the Dominicans.’ Dar le Dowling, adhlacadh é in Rouen - *Dowling, s.a.* 1420: ‘sepultus in civitate Rothmangens’.

²⁹ Hayman, *Hand-Book*, xvi; Ronayne, *History of the Earls of Desmond and Earl of Cork*, 34. Dar le G.E.C., *Peerage*, iv, 247, cuireadh in Eochail é ach ní deirtear cé acu mainistir atá i gceist. Ba é Séamus a bhunaigh mainistir na bProinsiasach in Eas Géitine. Tharlódh, mar sin, gur sa mhainistir sin a adhlacadh é. Dar le húdair eile, adhlacadh i mainistir na nDoimniceach i gcathair Luimnigh é.

³⁰ Hayman, *Hand-Book*, xvi; Ronayne, *History of the Earls of Desmond and Earl of Cork*, 34. Féach freisin *DIB*, ‘FitzGerald, James fitz Thomas (c. 1459-1487)’: ‘He was buried in Youghal.’

³¹ *CT*, i, 170. Dar leis an *DIB* agus G.E.C., *Peerage*, iv, is in eaglais na nDoimniceach i dTrá Lí a adhlacadh é.

³² *DIB*, ‘FitzGerald, Thomas (1454-1534)’: ‘buried at Youghal’; Hayman, *Hand-Book*, xvi; Ronayne, *History of the Earls of Desmond and Earl of Cork*, 34; G.E.C., *Peerage*, iv: ‘was bur. at Youghal.’

³³ G.E.C., *Peerage*, iv, 251, ‘...was bur. with his grandfather at Youghal.’

³⁴ Hayman, *Hand-Book*, xvi.

³⁵ Bradshaw, *Dissolution*, 14-5.

agus an Mhór-Roinn.³⁶ Gan dabht, bhíodh teagmháil ann idir ionaid léinn agus eaglasta na nOrd Rialta ar fud na hEorpa i rith na meánaoiseanna ach freisin, bhí go leor nascanna idir na Gearaltaigh agus an Mhór-Roinn sa chúigiú haois déag, agus tharlódh gur ar longa de chuid na nGearaltach a thaistil na manaigh nó gur tríd an gcomhfhreagras agus idirghabháil a bhí ag na Gearaltaigh leis an Mór-Roinn a tháinig cuid de na leabhair eachtrannacha seo go hEochail.³⁷ Chomh maith leis sin bhí ar a laghad lámhscríbhinn amháin mar gheall ar na Gearaltaigh sa leabharlann sin, ‘*cronicis Geraldinorum*’.³⁸ Ós rud é gur scríobhadh na catalóga seo sarar scríobhadh *Seanchas na nGearaltach*, tharlódh gur chóip de chuntas luath de stair an teaghlaigh é seo.³⁹ Ní féidir a rá gur leabharlann ‘Ghearaltach’ an leabharlann seo ach fós féin, tá fianaise ann go raibh ceangal ag na hIarlaí léi. Ní haon ionadh ach oiread nach mbeadh an-chuid lámhscríbhinní staire sa leabharlann sin ag deireadh na cúigiú haoise déag, ós rud é gur bhunaigh na hIarlaí eaglais choláisteach sa bhaile chéanna in 1464.

Cé nach maireann aon chatalóg ó Eas Géitine, tá fianaise áirithe ar marthain a thabharfadh le fios go raibh leabharlann amháin ar a laghad agus b’fhéidir dhá leabharlann sa bhaile sin ar féidir iad a cheangal leis na hIarlaí. Ar an gcéad dul síos, is léir go raibh leabharlann sa mhainistir Phroinsiasach in Eas Géitine, a bhunaigh Séamus, séú hIarla Dheasmhumhan, in 1420.⁴⁰ Ní hamháin gur mhainistir í, ach b’ionad léinn, nó *studium* í freisin. Go deimhin, bhí an *studium* ag feidhmiú i mainistir Eas Géitine agus Séamus ina Iarla. Bhí nascanna idir í agus an Mhór-Roinn. Luaitear in 1441 gur tháinig duine de Mhuintir Mhic Aodhagáin, Matha, go hEas Géitine le bheith mar léachtóir sa *studium*:

In 1441, Thaddeus MacGillacundain was appointed lector at Ennis, while in the same year, Matthew MacEgan, a member of the celebrated hereditary

³⁶ Ó Clabaigh, *The Friars in Ireland*, 288.

³⁷ Luafar na nascanna éagsúla seo ar ball. Féach Caibidil 6.2.3 agus Caibidil 6.4.1. Dhealródh sé go raibh manaigh Phroinsiasacha ag feidhmiú mar idirghabhálaithe agus mar thaidhleoirí dosna Gearaltaigh freisin ó am go ham. Féach Caibidil 6.2.3.

³⁸ Ó Clabaigh, *The Franciscans in Ireland, 1400-1534*, 175. Féach freisin idem., *The Friars in Ireland*, 12 agus 110.

³⁹ Mar a pléadh i gCaibidil 1, tá liosta nótaí báis na nGearaltach le fáil in BL Harl. 3756. Tharlódh gur théacs mar sin a bhí in Eochail. Féach Caibidil 1.4.2; Mac Niocaill, *Crown Surveys of Lands*, 353-4.

⁴⁰ Féach Caibidil 6.4.1.

learned family, was appointed lector in Askeaton on his return from studies in Bologna.⁴¹

Má bhí *studium* sa mhainistir seo, gan dabht, bhí leabharlann inti freisin, agus ón ndlúthbhaint a bhí ag na Gearaltaigh leis an mainistir sin, go háirithe sna tréimhsí ina raibh caisleán Eas Géitine mar cheannáras acu, is dócha go raibh tionchar acu ar an leabharlann sin, mar a bhí in Eochail. Scriosadh mainistir na bProinsiasach an chéad uair in 1579 i rith éirí amach na nGearaltach. Tá go leor cuntas tagtha anuas chugainn fén tslí ar réab fórsaí Nicholas Malby,⁴² ceannaire ar fhórsaí Shasana i gCúige Mumhan, an áit i mí Dheireadh Fómhair na bliana sin.⁴³ Cé nach luaitear an leabharlann go sonrach, is dóichí gur dódh í nó gur creachadh í ag an am sin. De réir tuairisce, bhog na manaigh ar ais isteach ann in 1627. Agus deisiú á dhéanamh aige ar an lámhscríbhinn Laud Misc. 610 roimh an mbliain 1520, luaigh Sigráidh Ó Maoil Chonaire go sonrach go raibh sé ag obair ar an lámhscríbhinn sin ‘a nEas Geibhtine’⁴⁴ agus go raibh sé i gcomhlúadar an Iarla. Mar sin, is dóichí gur sa chaisleán a dhein sé an obair sin agus tharlódh, mar sin, go raibh leabharlann Ghearaltach sa chaisleán sin. Aimsir na cogaíochta in 1642, réabadh baile Eas Géitine arís. Is spéisiúil áfach, gur tugadh cead ag an am sin leath na leabhar sa chaisleán a thógaint as an áit:

Articles agreed by and betweene Leiftennant-Gennerall Purcell and the Counsell of his Majestie’s Catholique forces for the Province of Munster, of the one partye, and the Warders of Askeaton, of the other parte, viz: the 14th day of Aug. 1642. [...] Likewise, itt is further concluded that the sayd warders as well English as Irish shall have their lives with a safe conduct [...] with

⁴¹ Ó Clabaigh, C., O.S.B., ‘Friar Maurice Hanlan, his books and the Franciscan *studium* in Medieval Youghal’, in Harbison, P. & Hall, V., (eds.), *A Carnival of Learning: Essays to honour George Cunningham and his 50 conferences on medieval Ireland in the Cistercian Abbey of Mount St Joseph, Roscrea, 1987-2012* (Cistercian Press, Roscrea, 2012), 136. Féach freisin idem., *The Franciscans in Ireland*, 126; FitzMaurice & Little, *Materials*, 192.

⁴² Féach, mar shampla, Lambert, G. W., ‘Sir Nicholas Malby and His Associates’, in *JGAHS*, 23 (1948), 1-13; Bagwell, R., *Ireland under the Tudors; with a Succinct Account of the Earlier History* (Longmans et al., London, 1890), iii, *passim*.

⁴³ *ARÉ*, s.a., 1579.14. Féach freisin *CSPI*, ii [1574-1585], 189 [10 Deireadh Fómhair 1579]; McCormack, *Earldom*, 146 agus 164; idem., ‘Social and Economic Consequences’, 4; Seoighe, M., *The Story of Kilmallock* (Kilmallock Historical Society, Limerick, 1987 - athchló, 2012), 71-73.

⁴⁴ Ox. Bodl. Laud Misc. 610, f. 4v.

all their proper goods [...] together with one halfe of all the bookes within the castle.⁴⁵

Cé gur tar éis tréimhse na nGearaltach a tharla an eachtra seo, tharlódh go raibh leabharlann sa chaisleán in aimsir na nIarlaí freisin.

Ní hamháin gur féidir nasc a rianú idir na Gearaltaigh agus leabharlanna éagsúla ach chomh maith leis sin, ó líon na bhfear léinn a bhí ag saothrú dosna Gearaltaigh, is féidir a bheith cinnte go raibh lámhscríbhinní á dtiomsú acu dosna hIarlaí. Mar a dúradh cheana, bhí baill éagsúla de Chlann Uí Mhaoil Chonaire ag obair ar an lámhscríbhinn Laud Misc. 610 agus í i seilbh na nGearaltach sa chúigiú agus sa séú haois déag. Chomh maith leis sin, tá liosta tagtha anuas chugainn ón mbliain 1584 de na fir léinn éagsúla a bhí ina gcónaí ar thailte Iarla Dheasmhumhan. Mar chuid den liosta seo, ainmnítear cúig ‘chronicler’, sé ‘harper’, fiche seacht ‘rhymer’ nó ‘bard’, beirt bhanfhilí san áireamh, agus san iomlán luaitear seachtó daoine a bhí bainteach le saol an léinn agus ag saothrú léinn ar thailte Iarla Dheasmhumhan.⁴⁶ Agus an oiread sin den aos léinn ar thailte an Iarla sa tréimhse, gan amhras, bheidís ag tiomsú lámhscríbhinní.

Cé nach bhfuil fágtha ach tagairtí fánacha do lámhscríbhinní, leabharlanna agus scríobhaithe i gcomhthéacs nascanna Gearaltacha le léann na Gaeilge, caithfidh gur próiseas leanúnach a bhí i gceist, agus nach ó am go ham a tharla a leithéid. Fiú i ndiaidh aimsir Iarlaí Dheasmhumhan, bhí fianaise ann gur lean craobhacha éagsúla Gearaltacha leis an traidisiún seo. Ar feadh i bhfad bhí cnuasach páipéar agus lámhscríbhinní ó na meánaoiseanna i seilbh Ridirí Chiarraí. Faraor, dhóigh duine de na Ridirí sin formhór na gcáipéisí sa seachtú aois déag agus níl fágtha anois ach corr-cháipéis a scríobhadh roimh an ochtú haois déag.⁴⁷ Chomh maith leis sin, is féidir rian an traidisiúin seo a thabhairt fé deara sa naoú haois déag nuair a bhreac Eoghan Ó

⁴⁵ Gilbert, J. T. (ed.), *History of the Irish Confederation and the War in Ireland, 1641-1643...*, ii (Gill & Son, Dublin, 1882), 51. Féach freisin, Westropp, T. J., ‘Notes on Askeaton, County Limerick: Part II. - The History after 1579’, in *JRSAI*, 33 (1903), 168.

⁴⁶ Féach Aguisín 5. Féach freisin Caibidil 6.2.1.

⁴⁷ Tá na cáipéisí atá fágtha i leabharlann na Breataine nó i seilbh Sir Adrian Fitzgerald i Londain anois. Mo bhuíochas le Sir Adrian as an eolas seo a roinnt liom.

Comhraí lámhscríbhinn dhátheangach do cheathrú Dhiúc Laighean, mar a luaigh Donogh Bryan:

On the Gaelic side I had the good fortune to be able to make use of a large modern manuscript volume at Carton known as “The Geraldine Collection,” which was compiled in 1847 and presented to the 4th Duke of Leinster on his marriage. It consists of extracts referring to the Geraldines of Desmond and Kildare taken from Gaelic sources; the Gaelic being written on the left hand page with English translations by Eugene O’Curry on the right. Its full title is as follows: “The History of the Geraldines as presented in the native literature of Erin containing notices of their descent and history extracted from the genealogical books of Peregrine O’Clery and Duaid Mac Firbis, the Annals of the Four Masters of Inisfallen and of Ulster, Transcribed and Translated for the Marquis of Kildare by Eugene O’Curry, MDCCCXLVII”.⁴⁸

Mar a phléifear ag deireadh na caibidle seo, maireann lámhscríbhinn le nótaí Uí Chomhraí ón tréimhse chéanna, agus é ag obair ar an lámhscríbhinn seo.⁴⁹

2.3 *Seanchas na nGearaltach* - Na Lámhscríbhinní

2.3.1 *Seanchas na nGearaltach* (1)

Cé nach mór líon na lámhscríbhinní atá fágtha ar féidir iad a nascadh go díreach leis na Gearaltaigh, agus go háirithe le hIarlaí Dheasmhumhan, tá go leor lámhscríbhinní tagtha anuas chugainn ina bhfuil ábhar a bhaineann leis na hIarlaí, agus taispeánann na lámhscríbhinní sin an áit lárnach a bhí ag na hIarlaí i dtraidisiúin léinn na hÉireann. Ar an gcéad dul síos, tá mórán lámhscríbhinní ina bhfuil leaganacha éagsúla de *Seanchas na nGearaltach*.

Is í LS Additional 30512 i Leabharlann na Breataine an lámhscríbhinn is sine ina bhfaightear *Seanchas na nGearaltach* (1). Tharlódh gurb é seo bunleagan an téacs, cé

⁴⁸ Bryan, *Great Earl of Kildare*, xvii. Féach freisin Dooley, T., *The Decline and Fall of the Dukes of Leinster, 1872-1948: Love, War, Debt and Madness* (FCP, Dublin, 2014), 26 agus 236, nóta 75.

⁴⁹ Féach thíos, Caibidil 2.4.4.

nach féidir é sin a chruthú go cinnte. Ag deireadh an téacs, tugann an scríobhaí le fios gur ‘Torna mac Torna’ ab ainm dó féin.⁵⁰ Mar a phléifear i gcaibidil 6, tá fianaise áirithe tagtha anuas chugainn go raibh Torna Óg Ó Maoil Chonaire, an fear seo, ag saothrú dosna Gearaltaigh ag tús na séú haoise déag.⁵¹ Tá stair chasta agus éiginnte ag an lámhscríbhinn seo, go háirithe i gcomhthéacs a tiomsaithe. Tá go leor scoláireachta déanta ag staraithe agus ag údair éagsúla ar an lámhscríbhinn agus mheas scoláirí éagsúla gurbh ionann í agus lámhscríbhinní eile a luadh sna foinsí.⁵² Den chuid is mó, is díolaim filíochta agus ábhar diagachta atá sa lámhscríbhinn seo. Ba é an scríobhaí clúiteach Uilliam Mac an Leagha a bhreac an chuid is luaithe den lámhscríbhinn.⁵³ Mheas Bláithín go raibh an lámhscríbhinn i seilbh na nGearaltach ar feadh tréimhse, ach bhí an méid sin bunaithe ar an tuairim aige gur ‘leabur na Carruigi’ a bhí sa lámhscríbhinn seo.⁵⁴ É sin ráite, cé gur cheap sé gur Leabhar na Carraige a bhí i gceist, luaigh Bláithín nár chuid den bhunlámhscríbhinn an t-ábhar a bhreac Torna ann: ‘The following five articles, written on an inserted quire *of six leaves, are in the hand of Torna mac Torna Uí Mhaoilchonaire (d. 1532).’⁵⁵ Ní fios, áfach, cathain a cuireadh an t-ábhar sin léi.

Tá cúig lámhscríbhinn eile ann, ina bhfaightear téacs *Seanchas na nGearaltach* (1). Is iad sin TCD 1285 [H.1.11] (1753), RIA 781 [23 G 5] (1798), RIA 1404 [24 P 41] (ca. 1725), RIA 154 [23 M 18] (1718) agus RIA 756 [23 E 26]. (1716-9). Is cóip dhíreach í TCD 1285 de BL Add. 30512. Cóipeáladh an t-ábhar go léir a bhaineann le Gearaltaigh in RIA 781 as lámhscríbhinní éagsúla, ach is léir gur cóipeáladh an téacs

⁵⁰ BL Add. 30512, f. 15. Tá ‘Uí Maoil Chonaire’ curtha leis an nóta seo ag Cathal Ó Conchobhair Bhéal Átha na gCarr. Féach *Cat. BL*, ii, 476.

⁵¹ Féach Caibidil 6.3.3-6.3.4.

⁵² Mheas Bláithín gur ‘leabur na Carruigi’ a bhí i gceist, ach is dóichí gur cuid den lámhscríbhinn Bodl. Laud Misc. 610 a bhí i gceist leis sin. Féach Caibidil 6.3.4; *Cat. BL*, ii, 470-1. Ghlaigh Ó Comhraí ‘Leabhar Uí Maolchonaire’ ar an lámhscríbhinn, ach mheas Bláithín gur ‘a rather unsatisfactory title which doubtless originated with him’ a bhí ansan. Féach BL Add. 30512, f. 1 (a); *Cat. BL*, ii, 473. Tharlódh gurbh í an lámhscríbhinn seo ‘Leabhar ruadh Meic Aodhagáin’ a bhí in úsáid ag Céitinn. Féach, mar shampla, Ó Muraíle, ‘*Caithréim Thoirdealbhaig: The Appendices*’, 45; Cunningham, B., *The World of Geoffrey Keating: History, Myth and Religion in Seventeenth-Century Ireland* (FCP, Dublin, 2000), 77-8.

⁵³ Maidir leis an nasc a bhí ag Muintir Mac an Leagha leis na Gearaltaigh, féach thuas, Caibidil 2.2.1.

⁵⁴ Féach, mar shampla, *Cat. BL*, ii, 471; O Lochlainn, C., (ed.), *Irish Men of Learning: Studies by Father Paul Walsh* (Sign of the Three Candles, Dublin, 1947), 38; O’Sullivan, A. & O’Sullivan, W., ‘Three Notes on Laud Misc. 610 (or the Book of Pottlerath)’, in *Celtica*, ix (1971), 139; de Buitléir, *Buitléaraigh*, 73-4; Dillon, M., ‘Laud Misc. 610’, in *Celtica*, v (1960), 67: ‘it is more probable that the name [i. leabur na Carruigi] belongs to the section of Laud Misc. 610 that was written in Carrick, beginning with f. 34. Another section is called *Leabur na Ratha*, “The Book of Pottlerath”’.

⁵⁵ *Cat. BL*, ii, 475. Tá ábhar eile a bhreac Torna ar f. 87b sa lámhscríbhinn, ach tharlódh gur scríobh sé an t-ábhar sin ar leathanach bán sa lámhscríbhinn nuair a chuir sé an t-ábhar eile léi.

seo inti as an leagan atá in BL Add. 30512 nó as cóip den lámhscríbhinn sin.⁵⁶ Tá na cóipeanna éagsúla a bheag nó a mhór díreach mar an gcéanna lena chéile, seachas leagan RIA 1404, a bhreac Tadhg mac Sheáin Uí Neachtain thart ar an mbliain 1725. Meascra abhar atá sa lámhscríbhinn seo, a bhreac Ó Neachtain idir 1723 agus 1741, le haistriúcháin, scéalta, filíocht agus ábhar ginealais agus gramadaí inti. Tá an chóip de *Seanchas na nGearaltach* (1) in RIA 1404 lochtach – is leagan achomair é den téacs agus briseann an téacs i lár baill ag bun folio 145. Tugtar comparáid ghairid anseo thíos idir leagan BL Add. 30512 agus leagan RIA 1404:

CT, i, 168-9.	RIA 1404 [24 P 41], f. 145
1.Geralt .m. Muiris .m. Gerailt: cend oinigh agus engnama, agus fer ro bo mó duas agus derlaici dá roibhi a nEirinn ina aimsir, agus giusdís Eirenn eisidéin; agus fer d’ar giallsad goill agus gaoidil Eirenn. agus ised rob aois do Chríst a ninbaidh a páis sidhein .i. míle bliadan agus dá chéd agus cúic bliadna	<i>Gearalt .m. Muiris .m. Gearailt ceann oinigh mór duaiseach 7 déarlacaibh Eireann, 7 do bhí an téagnach na Justís Éireann san bhliadhuin 1205.</i>
[...]	[...]
13. Tomás .m. Sémuís .m. Geróid iarla: cleithe agus superláid fher [...] agus as hé sin an tochtmad iarla. agus a ndroichet átha ro díchendadh an Tomás sin le Seon <i>Tiptó</i> .i. iarla <i>hó bhrétra</i> , in cethramad lá dég do mhí fhebhra [...]	<i>Tomas .m. Seamuis .m. Gearóid Justís Eireann, 7 an tochtugad Íarla do dithcheanna a nDroithchead Átha san bhliadhuin 1467.</i>

⁵⁶ Níl ach dhá dhifríocht idir *Seanchas na nGearaltach* (1) in BL Add. 30512 agus RIA 781 [23 G 5]. In RIA 781, deirtear gur cailleadh Gearóid Iarla in 1390 (1397 in BL Add. 30512). Ós rud é go bhfuil an dá leagan chomh cosúil sin, is dócha gur botún cóipeála é seo. Tá an dara difríocht ag deireadh an téacs, áit ina scríobhann Micheál Ó Cathasaigh, a bhreac RIA 781 (f. 102) ‘...do budh mionca idir namhod do loscadh agus da léircreachadh agus do bam o allach agus oirdearcus idir fodhal rannaibh...’ agus is é ‘...do budh *mínca* hitír námhod da loscad[h] agus da léircrechad[h] agus do budh *mhó* alladh agus oirdearcus hitri fodhalranno...’ atá in 30512 (f. 15). Is dócha mar sin gur drochléamh ag Ó Cathasaigh nó ag scríobhaí a eiseamláire a bhí i gceist. Seachas sin, tá an dá leagan díreach mar an gcéanna ó thaobh ábhair de. ‘a ttír’ agus ‘do thrí’ atá i leaganacha Thuibéar agus Mhic Sholaidh (RIA 154, f. 387; RIA 756, f. 290).

<i>ando domini</i> míle ceithre céd trí fichit a secht.	
14. Sémus .m. Tomáis .m. Shémais .m. Geróid an naomhad hiarla...	<i>Seamus</i> .m. Tomais, .m. <i>Seamus</i> -

Ní léir go bhfuil leathanach in easnamh i lámhscríbhinn RIA 1404 agus tosaíonn *Seanchas na nGearaltach* (3) ar bharr leathanaigh 146. Ní léir cad as a bhfuair Ó Neachtain an téacs, mar tá difríochtaí áirithe idir an beagán atá ann agus na leaganacha eile. Tharlódh, áfach, gur achoimre ar an téacs in BL Add. 30512 a bhí i gceist, agus gur athraigh Tadhg sonraí áirithe inti, mar bhí an lámhscríbhinn ina sheilbh sa chéad leath den ochtú haois déag.⁵⁷ Ní hamháin sin, ach tá téacsanna agus ábhar eile sa lámhscríbhinn seo, RIA 1404, a chóipeáil Ó Neachtain as BL Add. 30512 agus as RIA 153-4 [23 M 17-18], a bhreac Seán Mac Solaidh.⁵⁸ Tá cóip eile de *Seanchas na nGearaltach* (1) in RIA 154,⁵⁹ agus chóipeáil Ó Neachtain *Seanchas na nGearaltach* (3) agus *Canfaidher liom lorg na bhfear* as RIA 153.⁶⁰ Ní léir, áfach, cén fáth go n-athródh sé na sonraí sin, ós rud é go bhfuil an t-eolas in BL Add. 30512 níos cruinne. I leagan Uí Neachtain, ní luaitear na Tiarnaí agus na hIarlaí uile a luaitear sna leaganacha eile. Freisin, tá dátaíocht difriúil ann in áiteanna áirithe. Deirtear ann gur cailleadh Tomás an Ápa (†1298) in 1276 in ionad 1296; Muiris (céad Iarla, †1356) in 1305, in ionad 1345; Gearóid Iarla (tríú hIarla, †1398) in 1377 in ionad 1397 agus deirtear gur cailleadh Seán na Siúire (ceathrú hIarla, †1399) agus Eilionóir (†1392), bean Ghearóid Iarla, beirt in 1411 in ionad 1402. Ní mhaireann aon leagan eile den téacs a thugann na dátaí sin.

Maidir leis na leaganacha eile, in RIA 154 (a bhreac Seán Mac Solaidh) agus in RIA 756 (a bhreac Riostaird Tuibéar),⁶¹ níl difríocht ar bith eatarthu agus is léir gur ón

⁵⁷ *Cat. BL*, ii, 473. Mar a luann Bláithín, tá síniú Uí Neachtain le fail ar f. 74b.

⁵⁸ Féach, mar shampla, *Cat. RIA*, 3611-3628.

⁵⁹ RIA 154, ff. 382-7.

⁶⁰ RIA 153, ff. 158-63; 167-74; RIA 1404, (b), 146-52; 157-65.

⁶¹ Is lámhscríbhinní ginealais iad seo. Ghlaogh Ó Muraíle ‘The great Mac Solaidh-Tipper collection’ ar RIA 153-4 a bhreac Mac Solaidh agus LNÉ G 177 a bhreac Ristead Tuibéar. Féach Ó Muraíle, *DMacF*, i, 13. Is cóip de RIA 153 í LNÉ G 177. Tá tábhacht fé leith ag baint le RIA 756 mar dhíolaím ghinealais mar is í an phríomhchóip í den chnuasach ginealais *An Leabhar Muimhneach*. Féach, mar shampla, *ibid.*; *Cat. RIA*, 2327-2335; *LM*, xxvi-xxix. Ábhar spéise sa chuid seo de *LM* (lch. xxviii) ná go luann an t-údar go sonrach nach bhfuil ‘stair Mhaoilín Uí Mhaoil Chonaire ar Ghearlatachaibh’ i gcló go fóill agus gur seanchas tábhachtach é. Seo an leagan de *Seanchas na nGearaltach* (1) atá fé chaibidil anseo thuas.

lámhscríbhinn chéanna a shíolraíodar.⁶² Cé nach bhfuil siad focal ar fhocal leis an leagan is sine in BL Add. 30512, tá na trí théacs an-chosúil lena chéile. Tugtar na difríochtaí idir na leaganacha éagsúla anseo thíos:

CT, i (ó BL Add. 30512)	RIA 154 [23 M 18]	RIA 756 [23 E 26]
168: (4) ‘...d’fagáil bháis i cath callainn glind ua Ruachtain a nDesmumain iar mbuaidh creidme...’	f. 383: ‘...dfaghail bháis agus alladh ghlinn O Ruachtuin a nDesmumain iar mbúaidh chreidmhe...’	f. 288: ‘dfaghail bháis agus alladh ghlinn O Ruachtuinn a nDesmumain iar mbuaidh chreidmhe...’
168: (6) ‘Muiris .i. an chéd Iarla...anno domini mile trí céd dá fhichit a cúig.’	f. 383: ‘Muiris .i. an 100 Iarla... Anno Domini 1340’	f. 288: ‘Muiris .i. an 100 Iarla... Anno D. 1340’
168: (8) ‘Seaán .m. Muiris...do ég. anno domini míle agus trí céd trí fichet a naoi áis an tigerna in tan sin, agus ní fri mem céile ro caith a áis.’	f. 384: ‘Seán mac Muiris...do ég anno domini 1369.’	f. 288: ‘Seán mac Muiris...do ég anno domini 1369.’
169: (10) ‘...ro bo forshail a maith...’	f. 384: ‘...ro badh fairsing a mhaith...’	f. 289: ‘...ro badh fairsing a mhaith...’
169: (11) ‘...agus is hé an Tomás sin fuair bás a cathair Rotomagi...’	f. 384: ‘agus ase an Tomas sin a chathair Rotómaigi’	f. 289: ‘agus asé an Tomais sin a chathair Rotomaigi’
169: (12) ‘...eisdhein ar righdacht; ár ní beiredh gúreith, agus ní dernaidh lethsmacht ná lethtrom le caroid...’	f. 384: ‘...eision ar ríoghacht, oir ni dernadh letrom no leathsmacht le caraid...’	f. 289: ‘...eision ar rioghacht, oir ni dhernadh letrom no leathsmacht le caraid...’

⁶² Ó Muraíle, ‘Caithréim Thoirdealbhaig: The Appendices’, 45, nóta 31: ‘The two manuscripts, thought to derive from a common exemplar, were penned in 1718 and 1719 respectively by the Meath scribe Seán Mac Solaidh and his close colleague from Fingal, Richard Tipper’.

169-170: (14) ‘...agus sí caolcorr cruaidhreach; agus no fimseochaind an tuarascbáil ar eglam’eimeltais, ár is ed is dech aoic ái gaoth ghairid. agus ní raibe...’	f. 385: ‘...agus í cáol corr <i>crúadhingnech agus ní raib...</i> ’	f. 289: ‘...agus í cáoil corr <i>chruaidhingnech agus ní raibh...</i> ’
170: (14) ‘...do Sheaán manntach, an tan doróine dia indechad fair mar ba dú dia drochairilliudh fodhein .i. cethramhna do dénamh dhe...’	f. 386: ‘...do Shean <i>mhantach</i> , an tan do rinne día <i>innechadh air .i. cethromhna do dhenamh dhe...</i> ’	f. 289-90: ‘do Sheain <i>mhantach</i> an tan do rinne día <i>innechaidh air .i. cethromhna do dhenamh dhe...</i> ’

Is spéisiúil áfach go bhfuil cosúlachtaí móra idir an dá leagan seo agus BL Add. 30512. Mar shampla, aon uair a úsáideann Torna Óg ‘mortuus est’ sa lámhscríbhinn sin, úsáidtear an nath Laidine céanna i leaganacha Mhic Sholaidh agus Thuibéir. Freisin, tá botún in áit amháin sa bhunleagan, ina nglaoonn Torna ‘Geróit .m. Muiris .m. Muiris .m. Thomáis’⁶³ ar Ghearóid Iarla .i. gur mhac le Muiris Óg é. Tá an botún céanna i dtéacsanna Mhic Sholaidh agus Thuibéir, cé go ndeir gach leagan den téacs in áiteanna eile gur mac le Muiris mac Thomáis a bhí ann. Mar sin, tá an chuma ar an scéal go bhfuil lochtanna sa téacs a bhreac Mac Solaidh agus Tuibéar, agus tharlódh mar sin, gur chóip de BL Add. 30512 a bhí san eiseamláir acu sin, mar a phléifear thíos.

Chuir Standish Ó Gráda eagar ar an leagan is sine mar aguisín le *Caithréim Thoirdhealbhaigh* sna 1920idí agus d’aistrigh sé an téacs, ach níor luaigh sé aon lámhscríbhinn leis an eagrán. D’aithin scoláirí ó shin áfach gur ó BL Add. 30512 a tháinig sé.⁶⁴ San eagrán seo, ghlaigh Ó Gráda *Senchas Geraltach* ar an téacs. Tharlódh gurbh é Ó Gráda féin a bhaist sin ar an téacs (macalla ar *Senchas Buitléarach*

⁶³ *CT*, i, 168.

⁶⁴ Féach, mar shampla, Ó Cuív, ‘A Fragment of Irish Annals’, 85, nóta 6; Ó Muraíle, ‘*Caithréim Thoirdhealbhaig: The Appendices*’, 45; idem., *Celebrated Antiquary*, 180 agus 205, nn 99-103; *Cat. BL*, ii, 475-6.

is dócha), mar ní luaitear an t-ainm sin leis an téacs seo in aon leagan de atá le fáil sna lámhscríbhinní.⁶⁵

Ós rud é go luann an téacs bás Shéamuis (deichiú hIarla Dheasmhumhan, †1529), agus gur sa bhliain 1532 a cailleadh Torna Óg Ó Maoil Chonaire, a bhreac an chóip is luaithe den téacs,⁶⁶ is fuirist dáta a chur ar an leagan seo den téacs .i. idir 1529 agus 1532. Leagtar an téacs seo ar Thorna Óg go minic, ós rud é gurbh é a bhreac an téacs in BL Add. 30512, agus mar a dúradh cheana, measann formhór na scoláirí go raibh Torna ag saothrú léinn d'Iarlaí Dheasmhumhan. Dá bharr seo, cheap scoláirí áirithe go raibh nasc cinnte idir Iarlaí Dheasmhumhan agus BL Add. 30512. Níor ghá áfach gur chaith an lámhscríbhinn seo aon tréimhse i seilbh na nGearaltach:

Níl nóta dá leithéid [.i. den saghas atá in Laud 610, a mhíníonn cé dó a raibh Torna ag scríobh] anseo. Tharlódh mar sin nach do Shéamas, Iarla Dheasmhumhan [deichiú hIarla, †1529], ach dá iníon, Siobhán, agus dá fear céile siúd, Séamas de Buitléir (naóú hIarla Urmhumhan ar ball), a bhí Torna ag saothrú. Is cosúil go raibh baint áirithe ag muintir Mhaolchonaire leis na Buitléaraigh ag an am seo. [...] Níor ghá mar sin go raibh an lámhscríbhinn seo i seilbh na nGearaltach riamh.⁶⁷

Cé go leagtar an téacs ar Thorna, ní gá gurbh é a chum. Níl aon teideal ná nótaí imill leis an téacs, seachas 'Misi Torna mac Torna Ui Maoilchonaire' ag deireadh an *Seanchas*.⁶⁸ Ní thugtar aon nóta imill ná colafan sna cóipeanna den téacs seo in RIA 1404 nó RIA 781. Tugtar ainm Thorna sa chóip in TCD 1285 le nóta a deir gur chóipeáil Aodh Ó Dálaigh an téacs thart ar an mbliain 1752-3.⁶⁹ Ach mar a dúradh cheana, is cóip as BL Add. 30512 an leagan sin. Sna leaganacha a bhreac Tuibéar agus Mac Solaidh, áfach, ní ar Thorna a leagtar an téacs, ach ar Mhaoilín Ó Maoil Chonaire

⁶⁵ Ghlaogh Tadhg Ó Neachtain 'Craobh comhneas Gearaltaibh Eireann' air. RIA 1404 [24 P 41], f. 145.

⁶⁶ *AConn*, s.a. 1532.9; *ALC*, s.a. 1532; *ARÉ*, s.a. 1532.12.

⁶⁷ de Buitléir, *Buitléaraigh*, 80. Féach freisin *ibid.*, 74-95.

⁶⁸ BL Add. 30512, f. 15.

⁶⁹ TCD 1285 [H.1.11], f. 123.

agus deirtear gur as Leabhar na Cathrach, lámhscríbhinn atá cailte anois is cosúil, a cóipeáladh an téacs:⁷⁰

Bladh d'iris Gearaltach do reir Leabhair na Cathrach [...] Maoilín Ó Máoilchnaire do chum an iris so um dhíáigh, 7 Seón mac Solaidh do sgríobh í an 7mh la deag do mhí Ienuari 1718.

Bladh d'iris Gearaltach do reir Leabhair na Cathrach [...] Maoilín Ó Máoilchnaire do chum an iris so um dhíáigh et Riosdaird Tuibear do sgríobh í an cúigeadh lá do mhí Iulí 1719.⁷¹

Ní léir cérbh é an Maoilín Ó Maoil Chnaire a luaitear anseo. Cailleadh Maoilín, deartháir Thorna Óig, sa bhliain 1519 agus mar sin, ní dócha gurbh é sin údar an *Seanchas*. B'fhéidir gurbh é an Maoilín Óg a bhreac conradh idir Iarla Chill Dara agus Mag Raghnaill in 1530 atá i gceist anseo.⁷² Fiú más fíor gurbh é Maoilín an t-údar, áfach, ní gá gurbh é a 'chum an iris', ós rud é go bhfuil easnaimh agus lochtanna sna leaganacha seo den téacs, agus go deimhin, i gcásanna áirithe, mar thoradh ar na heasnaimh sin, níl ciall le baint as abairtí áirithe. Mar sin, fiú má scríobh Maoilín Ó Maoil Chnaire nó Maoilín Óg an téacs a bhíodh, de réir tuairisce, i Leabhar na Cathrach, tharlódh nárbh í an bhunchóip í, mar is deacair a chreidiúint go ndéanfadh scríobhaithe ar ardchaighdeán amhail Mac Solaidh agus Tuibéar botúin chomh minic, nó chomh follasach sin. B'fhéidir mar sin, gur chóip lochtach den téacs atá in BL Add. 30512 a bhí sa leagan i Leabhar na Cathrach, nó gur shíolraigh an dá leagan .i. in BL Add. 30512 agus i Leabhar na Cathrach, ó eiseamláir aonair. Más fíor, fós féin, is mó seans gurbh é Torna Óg a chum an téacs, go háirithe ós rud é gur mó seans gurbh é a chum *Cá mead gabhál fhuair Éire?* ná a athair agus go bhfuil nasc idir an dá théacs le tabhairt fé deara.⁷³

⁷⁰ Tharlódh gurbh í BL Add. 30512 atá i gceist le Leabhar na Cathrach, ach ní léir cén fáth go ndéarfadh Tuibéar agus Mac Solaidh gur Maoilín a bhreac an téacs más ea. Ní luaitear a ainm leis an téacs in aon lámhscríbhinn eile. Féach freisin O Lochlainn, *Irish Men of Learning*, 38; Ó Muraíle, 'Caithréim Thoirdealbhaig: The Appendices', 45; de Buitléir, *Buitléaraigh*, 111-4. Dá mba rud é gur BL Add. 30512 a bhí i gceist, áfach, ní léir cén fáth go mbeadh na lochtanna thuasluaite i gcóipeanna Mhic Sholaidh agus Thuibéir. Cé go bhfuil cuid de nach lochtanna céanna sa trí lámhscríbhinn, tá easnaimh i lámhscríbhinní Mhic Sholaidh agus Thuibéir nach bhfuil in BL Add. 30512. Mar sin, is dócha gur chóip den lámhscríbhinn sin a bhí á húsáid acu.

⁷¹ RIA 154 [23 M 18], ff. 382 agus 387; RIA 756 [23 E 26], ff. 288 agus 290.

⁷² Féach Caibidil 6.3.3.

⁷³ Féach Caibidil 1.3.2.

2.3.2 *Seanchas na nGearaltach (2) – Leaganacha agus Lámhscríbhinní*

Maireann *Seanchas na nGearaltach (2)* i sé lámhscríbhinn, .i. RIA 790 [23 D 17], bunchóip ginealaigh Uí Chléirigh, a bhreac Cúchoigríche Ó Cléirigh féin,⁷⁴ RIA 679 [23 G 4], a bhreac Seán Ó Catháin idir 1722 agus 1729,⁷⁵ trí chóip den téacs as RIA 790 .i. LNÉ G 87 agus RIA 975 [23 P 4], a bhreac Seán Ó Cléirigh in 1823 agus RIA 865 a bhreac J O’Beirne Crowe níos déanaí sa naoú haois déag, agus cóip in RIA 781 [23 G 5] a dhein Micheál Ó Cathasaigh as RIA 679 sa bhliain 1798.⁷⁶ Tá leagan measctha den téacs seo, ina bhfuil na giotaí éagsúla fite fuaite lena chéile, le fáil i sé lámhscríbhinn eile.⁷⁷ Tosnaíonn an leagan seo leis an ngiota dár tús ‘An dara king Henri rí Saxon, an 17 do December do gabh righe, anno Domini 1154’.⁷⁸

2.3.3 *Seanchas na nGearaltach (3) agus an Traidisiún Cói-peála san 18^ú haois*

Tá i bhfad níos mó cóipeanna de *Seanchas na nGearaltach (3)* tagtha anuas chugainn ná mar atá den dá sheanchas eile. Is ón ochtú haois déag a mhaireann thart ar leath na gcóipeanna.⁷⁹ Maidir leis an leath eile is cóipeanna níos déanaí iad ó na lámhscríbhinní luatha sin.⁸⁰ Tá traidisiún cói-peála spéisiúil le rianú ar na lámhscríbhinní luatha (ón ochtú haois déag) ach go háirithe. I lámhscríbhinní áirithe, tugann na scríobhaithe le fios cad as a bhfuairadar an leagan den seanchas a bhí á aistriú acu. Tagraíonn siad do lámhscríbhinní agus do scríobhaithe a bhí ag gabháil don téacs rompu. Tharlódh

⁷⁴ Féach, mar shampla, *Cal. RIA*, 2502-2512; Cunningham, B., *The Annals of the Four Masters: Irish History, Kingship and Society in the Early Seventeenth Century* (FCP, Dublin, 2010), 72; Walsh, P., (ed. Ó Muraíle, N.), *Irish Leaders and Learning Through the Ages* (FCP, Dublin, 2003), 567; Ó Muraíle, *DMacF*, i, 12; Mac Giolla Easpaig, F., ‘The Gaelic Families of Donegal’, in Nolan, W., Ronayne, L. & Dunlevy, M., (eds.), *Donegal History & Society: Interdisciplinary Essays on the History of an Irish County* (Geography Publications, Dublin, 1995), 798-9.

⁷⁵ Luafar an lámhscríbhinn seo agus traidisiún cói-peála na lámhscríbhinne i gcomhthéacs *Seanchas na nGearaltach (3)* thíos.

⁷⁶ Dhein Ó Comhraí aistriúchán ar chuid den téacs do Dhiúc Laighean sa naoú haois déag freisin. Féach thuas, Caibidil 2.2.2 agus thíos, Caibidil 2.4.4.

⁷⁷ TCD 1366 [H.4.25], TCD 1378 [H.5.6], RIA 236 [B v 1], agus TCD 1372 [H.4.31] ón seachtú haois déag; LNÉ G 192 agus RIA 781 [23 G 5] ón ochtú haois déag.

⁷⁸ *Ó Cléirigh*, §2193.

⁷⁹ RIA 153 [23 M 17] (p. 1714), LNÉ G 177 (ca. 1724), RIA 1404 [24 P 41] (ca. 1725), LNÉ G 534 (a. 1740), CF 23 (ca. 1747), IL 1 (a. 1767), RIA 489 [23 N 14] (a. 1774), RIA 781 [23 G 5] (1798), RIA 87 [23 E 2] (18^ú haois), Camb. Add. 6557 (18^ú haois), RIA 710 [23 H 25] (18^ú haois), RIA 673 [23 C 23] (18^ú haois).

⁸⁰ LNÉ G 433 (18^ú-19^ú haois), RIA 32 [23 L 16] (18^ú-19^ú haois), NUIM M 40 [3 E 6] (1817), LNÉ G 87 (ca. 1823), UCC M 1 (ca. 1825), RIA 596 [24 C 5] (1842), CF 9 (1842), RIA 12 [23 G 12] (19^ú haois), RIA 622 [23 K 34] (19^ú haois).

gur iarracht iad na tagairtí dó seo sna lámhscríbhinní ar an téacs a shuíomh i dtraidisiún chóipeáil lámhscríbhinní na hÉireann.

Is é an leagan atá le fáil in RIA 153 [23 M 17], ó thart ar 1714, an leagan is luaithe den téacs seo atá tagtha anuas chugainn. Ba é Seán Mac Solaidh a bhreac an téacs sa lámhscríbhinn seo. Tharlódh mar sin gur cóip de théacs níos luaithe atá i gceist. Is í tuairim Kenneth Nicholls gur uair éigin sa seachtú haois déag a cumadh an cuntas seo.⁸¹

Tá dhá nóta i lámhscríbhinní éagsúla a thugann leide áirithe fé cad as ar cóipeáladh an téacs seo. I gcóip dhéanach den téacs ó thart ar 1825, atá i leabharlann na hOllscoile i gCorcaigh anois [UCC M 1], dhein an scríobhaí, Seán Ó Cléirigh,⁸² cur síos ar thraidisiún cóipeála an scéil seo:

As leabhar Ardmacha do sscríobh an brathair bocht Micheál O Cleirigh san mbliadhain 1627[.] As leabhar Micheáil Ui Cleirigh do sgríobh Seán O Cathain san mbliadhain 1722[.] As leabhar Sheaghain Uí Chathain do sscríobh Michéil O Cathasaigh Anno Domini 1798 an reim Gearaltach soinn[.] As leabhar Michéil Ui Chathasaigh do sscríobh Seaghan O Cleirigh Ano Domini 1825[.]⁸³

Gan amhras, ní raibh aon rian de *Seanchas na nGearaltach* le fáil riamh sa lámhscríbhinn cháiliúil Codex Armachanus nó Leabhar Ard Mhacha ach sa lámhscríbhinn RIA 679 [23 G 4] chóipeáil an scríobhaí Seán Ó Catháin⁸⁴ ábhar áirithe a bhreac an Bráthair Micheál Ó Cléirigh as lámhscríbhinn dárbh ainm ‘Leabhar Ard Mhacha’ dar leis.⁸⁵ Faraor, tá formhór na lámhscríbhinne RIA 679 caillte anois, ach is

⁸¹ Mo bhuíochas le Kenneth Nicholls as an téacs seo, agus mórán cúrsaí eile maidir leis na Gearaltaigh, a phlé liom agus mé i mbun taighde don tráchtas seo.

⁸² Gaol le Cúchoigeríche Ó Cléirigh agus an té a thóg ginealaigh Uí Chléirigh go Baile Átha Cliath leis sa bhliain 1817. Féach, mar shampla, Sharpe, R., ‘Seán Ó Cléirigh and his Manuscripts’, in Moran, P. & Warntjes, I., (eds.), *Early Medieval Ireland and Europe: Chronology, Contacts, Scholarship: A Festschrift for Dáibhí Ó Cróinín* (Brepols, Turnhout, 2015), 645-70.

⁸³ UCC M 1, f. 203.

⁸⁴ Féach, mar shampla, Mahon, W., ‘Scríobhaithe Lámhscríbhinní Gaeilge i nGaillimh 1700-1900’, in Moran, G. & Gillespie, R., (eds.), *Galway History & Society: Interdisciplinary Essays on the History of an Irish County* (Geography Publications, Dublin, 1996), 632-3.

⁸⁵ Féach, mar shampla, *Cat. RIA*, 2102. Faraor, ní léir cén lámhscríbhinn a bhí i gceist ag an gCathánach.

léir go raibh cóip de *Seanchas na nGearaltach* (1) agus (3) sa lámhscríbhinn sa bhliain 1798, nuair a chóipeáil Mícheál Ó Cathasaigh iad as an lámhscríbhinn sin:

As *Leabhar Arda Macha* do sgríbh an *Brathair bocht* Micéil Ó Cleire sin *mbliadhain* 1627[.] As *leabhar* Miceil Uí Cleire do sgríbh *Seaan Ó Cathain* sin *mbliadhain* 1722[.] As *leabhar Sheain Uí Chathain* do sgríbh Miceil Ó Cathasaigh *Anno Domini* 1798 an Reim *Gearaltach* sonn.⁸⁶

Ní léir áfach cad as a bhfuair Seán Mac Solaidh an téacs agus é á chóipeáil sa lámhscríbhinn RIA 153 [23 M 17] .i. an leagan is sine den téacs, ach ní haon ionadh é gur chuir sé an téacs seo lena bhailiúchán ginealais toisc an lear mór eolais a thugann an téacs fé na Gearaltaigh, go háirithe sa tréimhse dhéanach.

2.4 Duanairí agus Lámhscríbhinní Tábhachtacha Eile

2.4.1 Na Duanairí

Tá dhá dhuanaire ann nach mór iad a lua i gcomhthéacs na pátrúnachta a dhein na Gearaltaigh ar an aos léinn .i. an Duanaire Núinseannach agus *Leabhar Uí Chonchobhair Dhoinn*. Is í fianaise na ndánta a bhaineann leis na Gearaltaigh sna duanairí seo a thacaíonn le tábhacht na nGearaltach i gcomhthéacs an léinn agus na pátrúnachta in Éirinn a léiriú. Cnuasaigh iad an Duanaire Núinseannach agus *Leabhar Uí Chonchobhair Dhoinn* inar bailíodh eiseamláir agus sárdhánta. Cé gur tiomsaíodh lámhscríbhinní áirithe eile ar an tslí chéanna leis an dá lámhscríbhinn seo .i. mar bhailiúchán iontu féin, le téama nó aidhm amháin acu, tá difríochtaí idir na duanairí seo agus iad. Sampla de lámhscríbhinn a tiomsaíodh le haidhm nó téama amháin ná RIA 153-4 (ina bhfuil *Seanchas na nGearaltach* (1) agus ábhar Gearaltach eile), a tiomsaíodh mar bhailiúcháin ginealais. Tá difríocht idir RIA 153-4 agus lámhscríbhinní mar sin, agus na duanairí mar, cé go raibh aidhm amháin lárnach ag

⁸⁶ RIA 781 [23 G 5], f. 32. Féach freisin *Cat. RIA*, 2461. Tá nóta eile a thacaíonn leis an traidisiún cóipeála seo sa lámhscríbhinn RIA 667 [23 H 22], a bhreac Peadar Ó Conaill in 1803, *ibid.*, 2057: ‘Sliocht Psaltrach Chaisil ann sin arna scríbhadh a cCill Dara an naomhadh la Juli a.t. 1628 ag an mbrathair Mícheal Ua Clerigh agus arna athscríbhadh la Séean Ua Cathain a cCluain Ua Muirnin an xxix la do Sheptember 1722 agus arna s[c]ríbhadh go nuadh anos la Pettar Ua Conaill san cCethramhain Dhoithe a cContaoi an Chláir a.t. 1803’.

scríobhaithe na lámhscríbhinní sin, dhealródh sé go raibh aidhm, nó feidhm, fé leith ag na duanairí seo. Breacadh iad do dhaoine fé leith, nó do theaghlach fé leith. Is leabhair iontu féin iad agus mar sin, is fiú scrúdú a dhéanamh orthu gan dearmad a dhéanamh air sin.

2.4.2 An Duanaire Núinseannach⁸⁷

Duanaire tábhachtach é seo, a tiomsaíodh ag deireadh na séú haoise déag. Tharlódh go raibh an lámhscríbhinn i seilbh Chlann Chobhthaigh ar dtús agus gur tháinig sé chuig na Nuinseannaigh leo sin.⁸⁸ Tá 49 ndán sa lámhscríbhinn a cumadh ón tríú haois déag go dtí an séú haois déag.⁸⁹ Is filí de chuid Chlann Chobhthaigh a chum formhór na ndánta agus tharlódh gur bhaill den teaghlach sin a bhreac an lámhscríbhinn ar fad.⁹⁰ Tá go leor dánta sa duanaire a scríobhadh do Nuinseannaigh éagsúla agus bhí sé i seilbh na Nuinseannach ó dheireadh na séú haois déag go dtí 1999 nuair a cheannaigh Leabharlann Náisiúnta na hÉireann é.⁹¹ Ó nótaí imill sa lámhscríbhinn, is féidir dáta 1577 a chur leis an lámhscríbhinn, agus mar a luaigh Ó Raghallaigh: ‘As these notes occur near the beginning of the manuscript, it seems reasonable to assume that the writing of the manuscript may have continued into the following year.’⁹² Cé nach féidir a bheith cinnte cathain go díreach a tháinig an lámhscríbhinn chuig Muintir Nuinseann, aontaíonn scoláirí anois go raibh sé i seilbh Uilliam (†1625), dara mac Risteáird, Barún Dealbhna agus deartháir le Criostóir Nuinseann, an fear a d’ullmhaigh bunleabhar Gaeilge d’Eilís Shasana.⁹³ File ab ea Uilliam féin agus maireann dánta áirithe dá

⁸⁷ Cé go raibh an lámhscríbhinn seo i seilbh Leabharlann Náisiúnta na hÉireann le blianta beaga anuas, níl aon mhórstaidéar ná dianscagadh déanta uirthi go fóill. Tá gá lena leithéid. Sa mhír seo, déantar tagairt don scoláireacht atá déanta go dtí seo – deascoláireacht, ach is beag an méid atá déanta go fóill.

⁸⁸ Ó Cuív, B., *The Irish Bardic Duanaire or Poem-Book* (Malton Press, Dublin, 1973), 23-4: ‘Since all the Nugent poems are by Ó Cobhthaighs it is impossible to say whether it was for a Nugent or for an Ó Cobhthaigh that the manuscript was first written. All that we can be sure of is that the Nugents eventually had it in their possession.’

⁸⁹ *Ibid.*, 13.

⁹⁰ Féach, mar shampla, Ó Cróinín, D., ‘A Poem to Toirdhealbhach Luinneach Ó Néill’, in *Éigse*, xvi:i (1975), 50-1; Ó Raghallaigh, E., *Poems from the Nugent Manuscript* (Tráchtas PhD, TCD, 2008), 2.

⁹¹ Breatnach, D. & Ní Mhurchú, M., (eag.), *Beathaisnéis*, 7 (1560-1781) (An Clíochomhar, BÁC, 2001), 96.

⁹² Ó Raghallaigh, *Poems from the Nugent Manuscript*, 1.

⁹³ Féach, mar shampla, Casey, D., *The Nugents of Westmeath and Queen Elizabeth’s Irish Primer (Maynooth Studies in Local History 123)* (FCP, Dublin, 2016); Ó Macháin, P., ‘Two Nugent Manuscripts: The Nugent Duanaire and Queen Elizabeth’s Primer’, in *Ríocht na Midhe: Records of the Meath Archaeological and Historical Society*, 23 (2012), 121-42, go háirithe, 129-37.

chuid.⁹⁴ Tá nóta sa lámhscríbhinn, nár bhreac scríobhaithe na lámhscríbhinne, a thacódh leis an tuairim seo: ‘Ag so Duanaire Uilliam mac an Bharon on Rose’.⁹⁵

Is lámhscríbhinn thábhachtach agus eiseamláireach é an Duanaire Núinseannach i gcorpus lámhscríbhinní na hÉireann. Ó thaobh an tráchtais seo de, is spéisiúil go bhfuil dhá dhán a bhaineann leis na Gearaltaigh sa lámhscríbhinn .i. *A Ghearóid, déana mo dháil*, a chum Gofraidh Fionn Ó Dálaigh do Mhuiris mac Thomáis, céad Iarla Dheasmhumhan (†1356),⁹⁶ agus *Cia as sine cairt ar chrích Néill*, a chum Domhnall mac Dáire Mhic Bhruaideadha do Shéamus mac Muiris Mhic Gearailt (†1579),⁹⁷ colceathrar agus comhghuaillí Iarla dheireanaigh Dheasmhumhan. Ní hamháin gur ábhar spéise é roghnú na ndánta seo, ach freisin, is iad seo na cóipeanna is luaithe de na dánta seo. Go deimhin, ní mhairfeadh an dán *A Ghearóid déana mo dháil*, murach gur cóipeáladh isteach sa lámhscríbhinn seo é, mar a phléifear thíos. An-seans gur cuireadh an dán seo leis an duanaire mar dhán eiseamláireach. Ba dhual do thiomsaitheoirí na nDuanairí dánta mar sin a chur iontu.⁹⁸ Mar a phléifear ar ball, is minic a thagraítear d’fhillíocht Ghofraidh Fhinn Uí Dhálaigh sna Tráchtaisí Gramadaí agus sna Tráchtaisí Comhréire.⁹⁹ Is sampla é an dán *A Ghearóid déana mo dháil* dá leithéid agus mar sin, tharlódh gur mar thoradh ar an stádas seo mar dhán eiseamláireach, a cuireadh sa Duanaire Núinseannach é an chéad lá riamh.¹⁰⁰

Mar a dúradh thuas, is é an Duanaire Núinseannach an chéad lámhscríbhinn ina bhfaightear an dán seo. Tá trí chóip eile den dán ar marthain, in RIA 1 [23 D 14], RIA 5 [23 D 4] agus NUIM C 87. Is cóipeanna iad RIA 1 agus NUIM C 87 den Duanaire Núinseannach. Maidir le RIA 5, is díolaim filíochta í ón seachtú haois déag, ina bhfuil dánta ó lámhscríbhinní éagsúla eile. Mheas Ó Cuív gur ón Duanaire Núinseannach a

⁹⁴ Ó Macháin, ‘Two Nugent Manuscripts’, 126-7; Casey, *Nugents of Westmeath*, 16; Murphy, G., ‘Poems of Exile by Uilliam Nuinseann mac Barúin Dealbhna’, in *Éigse*, vi:i (1948), 8-15; Ó Tuathail, E., ‘Nugentiana’, in *Éigse*, ii:i (1940), 4-14.

⁹⁵ LNE G 992, f. 22v.

⁹⁶ Féach Caibidil 5.4.2.

⁹⁷ Féach Caibidil 6.2.7

⁹⁸ Thagair Katharine Simms don nós seo dánta eiseamláireacha a bhailiú le chéile i nDuanairí agus ghlaigh sí ‘golden oldies’ ar na dánta sin. Féach Caibidil 5.2.2, ina luaitear an nós sin.

⁹⁹ Féach Caibidil 5.2.1.

¹⁰⁰ Féach, mar shampla, Bergin, O. J., (ed.), ‘Irish Grammatical Tracts’, in *Ériu*, 8 (1916), 59; idem., (ed.), ‘Irish Grammatical Tracts III and IV’, in *Ériu*, 14 (1946), 190 agus 235; McManus, D., ‘The Irish Grammatical and Syntactical Tracts: A Concordance of Duplicated and Identified Citations’, in *Ériu*, 48 (1997), 91.

tháinig cuid de na dánta sa lámhscríbhinn seo, rud a mhíneodh cad as ar tháinig an chóip de *A Ghearóid déana mo dháil* atá inti.¹⁰¹ In RIA 5, leanann an dán seo an dán Gearaltach eile atá sa Duanaire Núinseannach, *Cia as sine cairt ar chrích Néill*.

Mar a luafar i gcaibidil 6,¹⁰² cumadh an dán seo do Shéamus mac Muiris Mhic Gearailt (†1579) agus é fós ina bheatha. Ceannaire de chuid na nGearaltach a bhí ann in aimsir éirí amach na nGearaltach ag druidim le deireadh na séú haoise déag. Ábhar spéise é go bhfuil an dán seo le fáil sa Duanaire Núinseannach, ós rud é gur cumadh é thart ar an am a breacadh an duanaire, mar a luaigh Katharine Simms;

Poems first recorded in the Nugent manuscript and Brian Mág Niallghuis's UCD-OFM MS A 25 before they appeared in BOCD include [...] and most interesting of all, since it was presumably added to the Nugent Manuscript very shortly after it was first composed, the as yet unpublished poem *Cia as sine cairt ar chrích Néill* (f. 379v), addressed by Domhnall mac Dáire to the rebel leader James fitz Maurice FitzGerald (d. 1579).¹⁰³

Cé gur féidir a rá gur cuireadh *A Ghearóid déana mo dháil* leis an duanaire mar ba shean-dán eiseamláireach é, ní féidir san a rá i gcás *Cia as sine cairt ar chrích Néill*, a bhí úrnua agus nach raibh cur amach ag filí air go fóill. Tá an dán agus an lámhscríbhinn comhaimseartha lena chéile agus mar sin, ní mór féachaint ar chomhthéacs stairiúil na lámhscríbhinne le noda a lorg a mhíneodh an scéal. Ní léir go bhfuil aon tagairt tagtha anuas chugainn a thaispeánfadh nasc díreach idir na Gearaltaigh agus Muintir Chobhthaigh. Ceal fianaise mar sin, ní féidir ceangal a rianú fé láthair idir na scríobhaithe ar dócha gurbh iad a bhreac an lámhscríbhinn agus ábhar an dáin. Más fíor, áfach, go raibh an duanaire ag Uilliam Nuinseann agus go mb'fhéidir gurbh é pátrún na lámhscríbhinne é,¹⁰⁴ tharlódh gurbh é a roghnaigh an dán seo le bheith mar chuid den duanaire nó gur dó a roghnaíodh é. Bhíodh aighneas idir Gearaltaigh Chill Dara agus na Nuinseannaigh ó am go chéile: comharsana ab ea iad


¹⁰¹ Ó Cuív, *The Irish Bardic Duanaire or Poem-Book*, 11.

¹⁰² Féach Caibidil 6.2.7.

¹⁰³ Simms, K., 'The Selection of Poems for Inclusion in the Book of the O'Conor Don', in Ó Macháin, P., (ed.), *The Book of the O'Conor Don: Essays on an Irish Manuscript* (DIAS, Dublin, 2010), 35-6.

¹⁰⁴ Féach Ó Macháin, 'Two Nugent Manuscripts', 126: '[Uilliam] ...the owner, and probable patron, of the Nugent Manuscript.'

ach bhíodh i bhfad níos mó cumhachta ag na Gearaltaigh ná mar a bhí ag na Nuinseannaigh.¹⁰⁵ Fén tréimhse inar breacadh an Duanaire áfach, tá an chuma ar an scéal go raibh caidreamh níos fearr idir an dá theaghlach, agus go deimhin, bhíodh idirphósadh ar siúl eatarthu. Shíolraigh Uilliam agus a dheartháir, Criostóir, ó Ghearóid Óg, naoú hIarla Chill Dara agus phós Criostóir Nuinseann Máire Nic Gearailt, iníon le Gearóid, aonú hIarla déag Chill Dara.¹⁰⁶



Bhí nascanna áirithe ag na Nuinseannaigh le Gearaltaigh Chill Dara mar sin. Cé nach le hiníonacha de phór Ghearltaigh Dheasmhumhan a bhíodar pósta, tharlódh bá áirithe a bheith acu le hIarlaí Dheasmhumhan agus an seasamh a bhí acu sin i gcoinne choróin Shasana. Bhí meas ar Chriostóir, deartháir Uilliam, i gcúirt Shasana: mar a dúradh thuas, ba é a d’ullmhaigh an bunleabhar Gaeilge d’Eilís Shasana; chabhraigh sé le fórsaí Shasana i gcoinne Mhuintir Néill, agus dhein Henry Sidney ridire de. Ag tús na 1570idí, thit an caidreamh sin as a chéile áfach. In 1574, dhiúltaigh sé ‘ostensibly on procedural grounds’,¹⁰⁷ a ainm a chur le forógra reibiliúin in aghaidh Iarla Dheasmhumhan.¹⁰⁸ Tógadh raic mhór fé seo,¹⁰⁹ agus gabhadh Criostóir agus Uilliam i ndiaidh do Chriostóir a dhiúltú an forógra a shíniú.¹¹⁰

Gan amhras, bhí páirt nár bheag ag Séamus mac Muiris Mhic Gearailt in éirí amach na nGearaltach i gCúige Mumhan sa tréimhse sin.¹¹¹ Measann scoláirí áirithe gur thart ar 1570 a cumadh an dán *Cia as sine cairt ar chrích Néill*.¹¹² Tharlódh, mar sin, gur

¹⁰⁵ Casey, *Nugents of Westmeath*, 11-2.

¹⁰⁶ Tá an chraobh ginealaigh seo bunaithe ar Breatnach & Ó Murchú, *Beathaisnéis*, 7, 96-7; *Earls*, 122; Ó Tuathail, ‘Nugentiana’, 5; Casey, *Nugents of Westmeath*, 17 agus 33.

¹⁰⁷ Casey, *Nugents of Westmeath*, 23.

¹⁰⁸ *Ibid.*; Breatnach & Ó Murchú, *Beathaisnéis*, 7, 97; *CSPI*, ii [1574-85], 36 [2 Lúnasa 1575]: ‘Gormanstown and Delvin refuse to sign the proclamation of rebellion.’

¹⁰⁹ *Ibid.*, 41 [20 agus 25 Deireadh Fómhair 1574]; 45 [Samhain 1574]; 49 [7 Eanáir 1575]; 52 [9 agus 10 Feabhra 1575]; 54 [28 Feabhra 1575].

¹¹⁰ *Ibid.*, 63 [8 Bealtaine 1575]: ‘Barons Delvin and Louth and William Nugent restrained.’

¹¹¹ Féach, mar shampla, McCormack, *Earldom*, 109-26.

¹¹² *Ibid.*, 116; Ó Raghallaigh, *Poems from the Nugent Manuscript*, 30: ‘...appears to have been composed in the initial stages of fitz Maurice’s captaincy of the Desmonds’, i. p. 1567.

thacaigh Uilliam (agus b'fhéidir Criostóir) ós íseal le Gearóid, Iarla Dheasmhumhan, agus Séamus mac Muiris Mhic Gearailt. Cé go raibh dea-chaidreamh idir Uilliam agus cúirt Shasana ar ball, go háirithe ag tús na seachtú haoise déag,¹¹³ níor réitigh Uilliam go maith le fórsaí Shasana sa tréimhse atá idir chamáin .i. sna 1570idí agus 1580idí. Bhí sé páirteach ar ball in éirí amach ina gcoinne sa bhliain 1581 nuair a d'éirigh Séamus Eustace, Víocúnta Baltinglass, amach i gcoinne choróin Shasana,¹¹⁴ mar a dhein Uilliam féin ina dhiaidh sin.¹¹⁵ Ní raibh dlúthcheangal ag ceachtar den dá éirí amach seo le héirí amach na nGearaltach i nDeasmhumhain. Deirtear gur éirigh Eustace amach as a stuaim féin de bharr chúinsí creidimh.¹¹⁶ É sin ráite, bhí nascanna áirithe idir an trí éirí amach agus idir na teaghlaigh. Ar an gcéad dul síos, bhí gaol áirithe idir Muintir Eustace agus Gearaltaigh Dheasmhumhan. Bhí uncail Shéamuis Eustace, Éamonn (11^ú Barún Dhún Bóinne), pósta le hEibhlín, iníon le Gearóid, Iarla deireanach Dheasmhumhan.¹¹⁷ Chomh maith leis sin, bhí teagmháil áirithe ann idir na Gearaltaigh, go háirithe Séamus mac Muiris Mhic Gearailt, agus Séamus Eustace. Bhuail le chéile sa Róimh,¹¹⁸ agus bhí comhfhreagras áirithe idir Eustace agus na Gearaltaigh:

‘...there were some links with the Desmond rebellion, although not of Desmond’s making. As part of his attempt to recruit allies, fitz Maurice had written to Baltinglass in July 1579, and also to Gerald, earl of Kildare, with whom Baltinglass discussed his intentions. Furthermore, the bearer of the letter for Baltinglass was Fr Rochford, who had taught in a school at Youghal in the late 1570s and was known to the Geraldines. The following year,

¹¹³ *DIB*: ‘Nugent, William (Uilliam Nuinseann) (1550-1625)’: ‘He did not join his brother Christopher, who submitted to Hugh O’Neill during the Nine Years’ War and who subsequently died in prison. After the war, in 1607, William obtained a warrant from the lord deputy, Sir Arthur Chichester, restoring him to the blood and guaranteeing his male heirs the right to his lands.’; Hickey, E., (Basil Iske), *The Green Cockatrice* (Meath Archaeological and Historical Society, Dublin, 1978), 14-5.

¹¹⁴ Féach, mar shampla, *DIB*: ‘Nugent, William (Uilliam Nuinseann) (1550-1625)’: Breatnach & Ó Murchú, *Beathaisnéis*, 7, 97-8; Mhág Craith, C., O. F. M., (eag.), *Dán na mBráthar Mionúr*, ii (DIAS, BÁC, 1980), 122-3; Ó Tuathail, ‘Nugentiana’, 7-8; Fitzsimons, H., *The Great Delvin* (Dublin, 1975), 28.

¹¹⁵ *DIB*: ‘Nugent, William (Uilliam Nuinseann) (1550-1625)’: Hickey, *The Green Cockatrice*, 58-61.

¹¹⁶ Féach, mar shampla, Hickey, *The Green Cockatrice*, 52-3; *DIB*: ‘Eustace, James (1530-85)’: McCormack, *Earldom*, 185-6.

¹¹⁷ Ba í Siobhán (deirfiúr le hÉamonn), iníon Shéamuis, 10^ú Barún Dhún Búinne, máthair Shéamuis Eustace. Ábhar spéise freisin ná go raibh gaol i bhfad amach ag Séamus Eustace le hAlison Eustace, bean chéile Ghearóid Mhóir, 9^ú hIarla Chill Dara agus pátrún mór ar fhilí. Col ceathrar lena sheanathair, Tomás ab í Alison. Féach freisin Caibidil 1.2.3. Maireann dhá dhán a cumadh d’Eibhlín, iníon Ghearóid Iarla Dheasmhumhan agus dá fear céile, Éamonn. Féach Caibidil 6.3.2, nóta 195.

¹¹⁸ *DIB*: ‘Eustace, James (1530-85)’.

Baltinglass sent at least three messages to Desmond, inviting him to join in defence of the Catholic church.’¹¹⁹

Tá nasc soiléir le rianú idir na héirithe amach éagsúla .i. go raibh an triúr (Séamus, Éamonn agus Uilliam) in ainm is a bheith ag troid ar son an chreidimh Chaitlicigh. Tharlódh mar sin, go raibh bá éigin ag Eustace agus ag Uilliam le cás na nGearaltach. Cá bhfios, mar sin, ach gur theastaigh ó Uilliam, pátrún Dhuanair na Núinseannach, go gcuirfí an dán seo leis toisc go raibh bá aige le téama an dáin .i. bonn cirt a chur fé éirí amach na nGearaltach.¹²⁰

2.4.3 Leabhar Ui Chonchobhair Dhoinn

Duanair déanach é seo, a bhfuil cíoradh agus dianstaidéar déanta air ag scoláirí.¹²¹ Díolaim filíochta le thart ar 400 folio é an leabhar seo ina bhfuil níos mó ná 340 dán ar marthain go fóill agus, i gcás cuid mhaith acu, is iad na leaganacha is luaithe de na dánta sin iad.¹²² Bhreac Aodh Ó Dochartaigh é in Ostend in 1631 agus is é ‘the greatest single source for Irish poetry composed during the bardic era, from the 13th to the 17th century.’¹²³ Creidtear go bhfuair Donnchadh Liath Ó Conchobhair (†1750) seilbh ar an lámhscríbhinn seo thart ar an mbliain 1720 agus tá sí fós i seilbh Mhuintir Chonchobhair sa lá atá inniu ann, ar choimeád i dTeach Cluain Mhalais i gCo. Ros Comáin.¹²⁴

¹¹⁹ McCormack, *Earldom*, 186.

¹²⁰ Dá mba rud é gurbh é Uilliam a roghnaigh an dán seo, d’fhéadfaí a mholadh gur roghnaigh sé *A Ghearóid déana mo dháil* freisin. Mar a dúradh thuas, duine de shliocht na Sean-Ghall ab ea Uilliam a chum filíocht agus dar ndóigh, ba cheannródaí é Gearóid Iarla ó thaobh na Sean-Ghail a chum filíocht de. Tharlódh go raibh dáimh ag Uilliam leis.

¹²¹ Le blianta beaga anuas, tá cnuasach aistí den scoth foilsithe, a dheineann plé cuimsitheach ar an lámhscríbhinn seo. Féach Ó Macháin, P., (ed.), *The Book of the O’Connor Don* (FCP, Dublin, 2010).

¹²² Ó Cuív, *The Irish Bardic Duanair or Poem-Book*, 10; Simms, ‘Selection of Poems’, 32: ‘...of the 371 first lines obtained by adding in missing poems listed in the BOCD index to the 341 surviving texts, in the case of 222 I have noted (not infallibly) that BOCD was the earliest datable manuscript and a further 18 in two earlier manuscripts, 13 in three earlier manuscripts, and 5 in four earlier manuscripts [...] it is clear that for the vast preponderance of poems contained in BOCD, this manuscript represents their earliest dateable source, though they may appear in many later copies.’

¹²³ Ó Macháin, ‘Preface’, *The Book of the O’Connor Don*.

¹²⁴ Mo bhuíochas le Marguerite agus Pyers O’Conor Nash as an lámhscríbhinn seo agus ábhar spéisíúil eile i dTeach Cluain Mhalais a thaispeáint dom.

Ós rud é go bhfuil an-scoláireacht déanta ar an lámhscríbhinn seo cheana féin, ní phléifear ach an t-ábhar Gearaltach amháin sa tráchtas seo.¹²⁵ Tá dhá dhán a bhaineann le Gearaltaigh sa lámhscríbhinn seo .i. *Liaigh mo thuirse tásg mo ríogh* agus *Cia as sine cairt ar chrích Néill*. Maidir leis an gcóip seo de *Cia as sine cairt ar chrích Néill*, braitheann Katharine Simms go raibh nasc idir an Duanaire Núinseannach, LS UCD A 25 agus BOCD agus mar sin gur cóipeáladh an dán, mar aon le dánta eile, mar thoradh ar an nasc sin.¹²⁶ Maidir leis an dara dán, *Liaigh mo thuirse tásg mo ríogh*, ní fios cad as ar tháinig sé, nó cén fáth go díreach go bhfuil sé sa lámhscríbhinn seo. Níl ach cóip amháin eile den dán ar marthain, in RIA 626 [3 C 13], cóip déanach de Leabhar Uí Chonchobhair Dhoinn a bhreac Eoghan Ó Comhraí.¹²⁷ Cé gur féidir an dán seo a cheangal le *Cia as sine cairt ar chrích Néill*, mar pléann siad leis an tréimhse chéanna agus le hábhar den sórt céanna,¹²⁸ tharlódh nach bhfuil i gceist ach gur theastaigh ón scríobhaí dán eile Gearaltach a chur le *Cia as sine cairt ar chrích Néill*. Is gné lárnach é de Leabhar Uí Chonchobhair Dhoinn go bhfuil ord fé leith ag na dánta agus go roinntear iad de réir na dteaghlach go mbaineann siad leo. Mar sin, tá an dhá dhán seo le chéile i roinn na nGearaltach. B'fhéidir gur aimsigh an scríobhaí an dán seo in eiseamláir a bhí aige, atá cailte anois, agus gur chuir sé le chéile é agus *Cia as sine cairt ar chrích Néill*. Ós rud é go bhfuil téama an dá dhán chomh cosúil sin le chéile agus nach bhfuil aon leaganacha eile den dán *Liaigh mo thuirse tásg mo ríogh* tagtha anuas chugainn, ní féidir cúis chinnte a thabhairt dá gcur san áireamh sa lámhscríbhinn seo.

Tá dán amháin eile sa lámhscríbhinn ar féidir nasc a aithint idir é agus na Gearaltaigh, *A mheic, ná meabhraigh éigse*, a chum Mathghamhain Ó hIfearnáin ag tús na seachtú haoise déag mar chaoineadh ar an easpa pátrúnachta i gCúige Mumhan i ndiaidh

¹²⁵ Cé nach bhfuil baint aige leis an lámhscríbhinn, tá nasc eile idir ábhar Gearaltach i lámhscríbhinní agus Muintir Chonchobhair - tá an iontráil annála seo a leanas ar marthain in RIA 775 [F v 4] (f. 49v), a bhreac Cathal Ó Conchobhair Bhéal Átha na gCarr, mac Dhonnchaidh Léith, thart ar 1785 fé Shéamus mac Muiris Mhic Gearailt: '1579 A. T. Semus m. Muiris Duibh mac mic Iarla Deasmhumhan do theacht a nErinn an seisiúdh la deg do mhi Iuil. Cogadh mor do erg[h]i re linn tShémuis et go háirirghthe etir Ghearaltachaibh et Saxanaigh et Uilliam Drury .i. an giusdis do dhul ar slúagadh don Mhumhain, et tar a éisi sin breith ar Romhánchoibh do bhí ar énsligeadh re Sémus ac teacht on Róimh 7 a gcur do docum baís go midhlisdeanach ac iarraidh orra an droch chredeamh do bhí ag fearaibh. Saxan do ghabhail chuchtha 7 dob iad na Romhánaidh sin, Conn Mac Briain Ui Ruairc bráthair maith minúr 7 an tEasboc O hÉilidhe'. Ní léir cad as a fuair Ó Conchobhair an giota seo, ach ba Ruarcach í a mháthair. Féach freisin *ALC*, s.a. 1579 agus *ARÉ*, s.a. 1579.

¹²⁶ Simms, 'Selection of Poems', 35.

¹²⁷ Pléitear an dán seo i gCaibidil 6.2.6

¹²⁸ Féach, mar shampla, Simms, 'The Geraldines and Gaelic Culture', 272-4.

imeacht na nGearaltach.¹²⁹ Ní dán Gearaltach é, mar dhea, ach luann sé na Gearaltaigh agus bhí nasc pátrúnachta áirithe idir na Gearaltaigh agus Muintir Ifearnáin. Níl an dán in éineacht leis na dánta Gearaltacha sa lámhscríbhinn seo. Cuireadh é le dánta eile a phléann leis an bhfilíocht agus le polaitíocht.¹³⁰ Is féidir a mhaíomh gur toisc gur dán eiseamláireach atá ann a cuireadh *A mheic ná meabhraigh éigse* leis an lámhscríbhinn seo.¹³¹ Is dóichí gur cóipeáladh é go minic mar gur dán é a phléann le ceird na filíochta, agus mar sin, thaitin sé le filí i gcoitinne.

2.4.4 BL Add. 31156 agus NUIM C 63

Tá dhá lámhscríbhinn dhéanacha a bhaineann leis na Gearaltaigh inar tiomsaíodh lear mór eolais ar an teaghlach. San ochtú haois déag, bhreac duine anaithnid de Chlann Ghiobún an lámhscríbhinn BL Add. 31156.¹³² Tá formhór na lámhscríbhinne seo i mBéarla, agus is cuntais staire agus ginealais éagsúla ar Ghearlaigh na Mumhan atá ann. Tosnaíonn an lámhscríbhinn le cuntas fada (lgh 1-226) dar teideal ‘Historical Memoirs of the Geraldine Earls of Desmond to the Period of their Extinction in the Reign of Elizabeth’. Tugann nótaí imill sa téacs seo le fios go bhfuil sé bunaithe den chuid is mó ar *Initium* an Athar Dhomhnaill Uí Dhálaigh (1655),¹³³ ach cuireadh leis ó shaothair Stanihurst, Hooker, Camden agus *Pacata Hibernia*. Ina dhiaidh sin, tugtar ginealach Mhuintir Grandison ó lch 227 go 232, ginealach Mhuintir Mhic Thomáis ó 233-5, ginealach na Ridirí Fionna ó 235-244, ginealach an ‘tSean-Ridire’ .i. craobh de chuid na Ridirí Fionna, ó 244-53, agus ó 253 go deireadh na lámhscríbhinne tugtar ginealaigh na Ridirí Fionna arís, agus ginealaigh na gcraobhacha sóisearacha eile i gCúige Mumhan. Tá giota eile curtha le deireadh na lámhscríbhinne a scríobh Abraham Fitz Gibbon áirithe ag deireadh na naoú haoise déag agus ba é a thug an

¹²⁹ Pléitear an dán seo i gCaibidil 6.2.7.

¹³⁰ Simms, ‘Selection of Poems’, 59.

¹³¹ Go deimhin, tá níos mó cóipeanna den dán seo ar marthain ná aon dán eile a phléann leis na Gearaltaigh agus bíonn sé le fáil leis féin i lámhscríbhinní nach bhfuil aon dán nó téacs Gearaltach eile iontu.

¹³² Féach, mar shampla, *Cat. BL*, ii, 627-9. Measann Julian Walton gur idir 1739 agus 1746 a scríobhadh an lámhscríbhinn. Mo bhuíochas leis as eolas ar an lámhscríbhinn seo agus lámhscríbhinn eile, RIA 3 B 40, a roinnt liom i gcumarsáid phearsanta.

¹³³ Féach Caibidil 6.2.4

lámhscríbhinn do Leabharlann na Breataine.¹³⁴ Sna *Unpublished Geraldine Documents*, glaoitear ‘The Cotter MS’ ar an lámhscríbhinn seo.¹³⁵

Tá giotaí Gaeilge áirithe sa lámhscríbhinn seo, áfach, atá spéisiúil i gcomhthéacs na nGearaltach. Tá siad seo i gcló sna *Unpublished Geraldine Documents*,¹³⁶ ach tá ar a laghad rann amháin inti nach bhfuil, a leagtar ar Ghearóid (†1583), Iarla deireanach Dheasmhumhan:¹³⁷

...and in a letter *which* he [.i. Gearóid] wrote on the same occasion to this James FitzMaurice, he is sayd to have [*supra*] also subjoyned the following verse in Irish:

Iona bhfuil *theas* deugcoir *bhu*[a?]gnois aca red lin
Fuil, gad, smearoid, feuch leo a *bhfocair* gach fuing
Cur caith *threunmhor*, *thiagharnos* osnadh mo *chuim*
Fut, Fat, Feasog: ealoghuidh boduigh *tar* tuing.

In English thus

T’avenge those wrongs *which* in the south prevaile
let fire: let sword: let rope enough availe
and t’ease those sobbs *which* labour in my breast
in battle vanquish to secure me rest:
then Fee, Fa, Fum, the clowns must once againe
with horror steal their flight across the maine.¹³⁸

Ós rud é nach maireann aon ghiota Gaeilge eile a chum an tIarla deireanach, is tagairt thar a bheith luachmhar é seo, fiú más foinse dhéanach í an lámhscríbhinn chéanna. Ó fhianaise na pátrúnachta a dhein Gearóid ar fhilí éagsúla, níl dabht ann ach go raibh

¹³⁴ Féach freisin Gilbert, J. T., ‘Historical Memoirs of the Geraldine Earls of Desmond’, in Bruce, H. A. (ed.), *Third Report of the Royal Commission on Historical Manuscripts Presented to Both Houses of Parliament by Command of her Majesty* (Eyre & Spottiswoode, London, 1872), 431-2. Tá cóip de chuid den lámhscríbhinn seo in Acadamh Ríoga na hÉireann .i. RIA 1097 [3 C 28], a bhreac John Windele sa naoú haois déag.

¹³⁵ Bhí sí i seilbh George E. Cotter i Mala i gCo. Chorcaí go dtí 1870. Tá mórán nótaí sna *Unpublished Geraldine Documents* bunaithe ar ábhar a baineadh as an lámhscríbhinn seo.

¹³⁶ Féach, mar shampla, *Unpub. Ger. Docs*, iv, 29-40.

¹³⁷ Tá an scríbhneoireacht Gaeilge an-éadrom agus tá sé deacair í a léamh in áiteanna áirithe. Tá an t-aistriúchán sa lámhscríbhinn níos soiléire agus tugtar anseo é mar fhaisnéis bhreise don léitheoir.

¹³⁸ BL Add. 31156, lch. 73.

Gaeilge ar a thoil aige go flúirseach. Ní dócha mar sin go mbeadh aon deacracht aige véarsa dá leithéid a chumadh.

Lámhscríbhinn eile a bhfuil baint aici leis na Gearaltaigh is ea NUIM C 63, cóipleabhar le hEoghan Ó Comhraí, inar bhailigh sé ábhar a bhain leis na Gearaltaigh. Faraor mar is léir ó chóras uimhrithe leathanach na lámhscríbhinne, tá cuid mhaith den lámhscríbhinn in easnamh anois. Is léir go raibh níos mó ná cúig chéad leathanach inti ar dtús. Is éard atá sa lámhscríbhinn seo ná aistriúcháin ar ábhar a bhailigh Ó Comhraí ó fhoinsí Gaeilge le cabhrú le Diúc Laighean agus é ag scríobh *The Earls of Kildare and their Ancestors*.¹³⁹ Chomh maith le hiontrálacha annála, eolas ginealais ó ghinealaigh Uí Chléirigh agus Leabhar Mór na nGenealach, tá aistriúcháin le hÓ Comhraí in NUIM C 63 ar dhá dhán, *Cá méad gabháil fhuair Éire?*, ó f. 129 (275) go 136 (282), agus *Canfaidher liom lorg na bhfear*, ó f. 138 (283) go 157 (302).¹⁴⁰

Mar a luadh ag tús na caibidle,¹⁴¹ is léir gur cóip Uí Chomhraí féin í seo agus gur bhreac sé cóip cheart do Dhiúc Laighean. Cé gur lámhscríbhinn an-déanach an chóip sin, fós féin, taispeánann sí suim a bheith ag Gearaltaigh i lámhscríbhinní agus go deimhin, i saol agus cultúr na Gaeilge fiú sa naoú haois déag.

¹³⁹ *Earls*, go háirithe 28, ina dtugann sé dhá véarsa den dán *Canfaidher liom lorg na bhfear*, le nóta: ‘Translated from the Irish, by Eugene Curry’.

¹⁴⁰ Tugtar aistriúchán Uí Chomhraí ar *Canfaidher liom lorg na bhfear* in Aguisín 3.

¹⁴¹ Féach thuas, Caibidil 2.2.2.

Caibidil 3: An Tréimhse Luath (1200-1400)



3.1 Réamhrá

Sa chaibidil seo déanfar cur síos ar thús scéal na nGearaltach agus a nascanna le saol agus le léann na Gaeilge. Pléifear na Gearaltaigh a mhair ó dheireadh na dara haoise déag go dtí lár na ceathrú haoise déag, roimh aimsir Ghearóid Iarla (tríú hIarla Dheasmhumhan, ca. 1338-1398).¹ Cé nach flúirseach na tagairtí do nascanna idir na Gearaltaigh agus na Gaeil sa tréimhse seo, go háirithe sa tríú haois déag, tagraíonn foinsí níos déanaí, go háirithe dánta, siar don tréimhse seo agus mar sin, is fiú súil a chaitheamh uirthi.

Ar dtús tabharfar cúlra stairiúil gairid ar an tréimhse, ina bpléifear na tiarnaí Gearaltacha a mhair ag an am agus a móréachtaí. Ina dhiaidh sin déanfar cur síos ar na nascanna éagsúla a bhí ag na tiarnaí sin leis na Gaeil agus le saol na Gaeilge i gcoitinne. Cé go mbeifear ag plé le dánta ó am go ham sa chaibidil seo, ní dhéanfar dianscrúdú orthu. Go minic is dánta iad a cumadh níos déanaí ná ré fhilíocht na scol agus go hiondúil, ní bhíonn sna dánta sin ach corrrthagairt fhánach dosna Gearaltaigh. Mar chuid den phlé sin, tabharfar léargas ar na tagairtí a fhaightear i ndánta déanacha do ‘Challainn’ agus do ‘Sheanaid’, dhá logainm a raibh feidhmeanna tábhachtacha acu sa litríocht, mar bhuafhocail Ghearaltacha. Is fiú go mór na tagairtí fánacha seo a lua, mar léiríonn siad go soiléir an tslí gur suíodh na Gearaltaigh, nó gur shuíodar iad féin i

¹ Cé gur mhair Gearóid Iarla sa tréimhse atá idir lámha sa chaibidil seo (i. 1200-1400), mar gheall ar an tábhacht a bhaineann leis i gcomhthéacs na pátrúnachta agus i saol na Gaeilge, pléifear leis i gcaibidil ar leith. Féach Caibidil 5.

gcroílár na litríochta. Ag deireadh na caibidle, pléifear dán a cumadh do dhuine de Ghearaltaigh Dheasmhumhan, Aimi, i lár na ceathrú haoise déag agus na nascanna a bhí ag na Gearaltaigh leis an lámhscríbhinn thábhachtach, Leabhar Fhear Maighe.

3.2 An Cúlra Stairiúil

3.2.1 Tomás Mór (†1213)

Ba é Tomás Mór (†1213) mac Mhuiris Mhic Gearailt (1176), an chéad Ghearaltach a tháinig go Cúige Mumhan agus is uaidh siúd a shíolraigh Gearaltaigh uile na Mumhan seachas Muintir Mhic Mhuiris, Tiarnaí Chiarraí.² Tháinig Tomás go Cúige Mumhan thart ar an mbliain 1199, nuair a bronnadh tailte air i gCo. Luimnigh.³ I ndiaidh dó na tailte sin a fháil, ba é caisleán Sheanaid an *caput*, nó an ceanncheathrú a bhí aige. Dá thoradh seo, ghairtí ‘the most ancient house’ of his successors, the earls of Desmond, in Connello’ ar Sheanaid.⁴ Níor thábhachtach caisleán Sheanaid i ndáiríre mar lárionad míleata ag Gearaltaigh i gCúige Mumhan, cé go raibh sé in úsáid in aimsir an Iarla dheireanaigh, ach sa seanchas Gaelach luaitear an t-áitreabh seo arís is arís eile leo mar a phléifear ar ball.⁵ Mar a pléadh i gCaibidil 1, luann foinsí áirithe an dáta báis 1260 le Tomás,⁶ ach is botún é sin. Cailleadh é thart ar an mbliain 1213.⁷

² Shíolraigh Muintir Mhic Mhuiris ó dheartháir leis, Roibeárd. Féach Nicholls, ‘The Fitzmaurices of Kerry’.

³ G.E.C., *Peerage*, iv, 233, nóta (b); *Rot. Chart. Lond.*, 19b. [6 Meán Fómhair 1199].

⁴ Orpen, *Normans*, iii, 114. Féach freisin idem., *Normans*, ii, 164; *Cal. Carew MSS.*, ii [1575-1588], 236: ‘Desmond’s first and most ancient house of Castle Shenet.’ [29 Márta 1580 - ‘Pelham to the Lords of the Council in England’]. Ní luaitear an caisleán féin go dtí 1298, ach aontaíonn scoláirí gur thart ar aimsir Thomáis a tógadh é. Féach, mar shampla, Orpen, G. H., ‘Notes on Some County Limerick Castles’, in *JRSAI*, 39 (1909), 39; Westropp, T. J., ‘The Desmonds’ Castle at Newcastle Oconyll, Co. Limerick’, in *JRSAI*, 39 (1909), 43; idem., ‘On Certain Typical Earthworks and Ring-Walls in County Limerick’, in *PRIA*, 33C (1916/17), 37: ‘It is very probably a fortification of about 1200...’; *CDI*, iv, [1293-1301], 258; Mills, J., (ed.), *The Thirty-Eighth Report of the Deputy Keeper of the Public Records and Keeper of the State Papers in Ireland* (Stationery Office, London, 1906), 40: ‘...receipts from manor of Senede (belonging to the said Thomas [i.e. Tomás an Ápa] for the time as in account for Newcastle), and also receipts from gardens, &c., and mill of new grange, all amounting to 19l. 4s. 5d. From this there is paid to the Bishop of Lymerick, for certain land which the grandfather [i.e. Seán mac Thomáis Mhóir] of the said Thomas gave to the nuns of OKonyl, 4s for said term...’ Mo bhuíochas leis an Dr. Breandán Ó Cíobháin as an eolas seo agus tagairtí eile do Sheanaid a roinnt liom, mar aon le heolas eile fé logainmneacha a luaitear sa tráchtas seo.

⁵ Féach thíos, Caibidil 3.3.2.

⁶ Féach Caibidil 1.2.2.

⁷ *Rot. Lit. Claus. Joh.*, 185; Orpen, *Normans*, iii, 116; *NHI*, ix, 166 agus 168.

3.2.2 Seán Challainne agus Muiris (†1261)

Bhí beirt mhac ag Tomás Mór (†1213), Seán Challainne⁸ agus Muiris. Ní mór an t-eolas a mhaireann mar gheall ar Mhuiris. Dhein Orpen amach gur sinsear Mhuintir Mhic Mhuiris Chiarraí a bhí ann, ach chruthaigh Kenneth Nicholls nárbh ea.⁹ Ní luaitear Muiris sna foinsí tar éis 1215.¹⁰ Ní raibh Seán tagtha in aois fir nuair a fuair a athair bás. Mar sin, deineadh coimircí le Thomas FitzAnthony, Seanascal Laighean, de.¹¹ Phós Seán iníon Thomas, Margery,¹² agus tháinig méadú ar thailte na nGearaltach i gCúige Mumhan de bharr an phósta sin.¹³ Bhí ar a laghad mac amháin acu le chéile, Muiris, a phós Matilda de Barry.¹⁴ Mar a pléadh i gCaibidil 1, bhí clann mhídhlisteanach ag Seán freisin, ónar shíolraigh craobhacha sóisearacha na nGearaltach i gCúige Mumhan.¹⁵ Sa naoú haois déag, mheas scoláirí áirithe go raibh beirt pháistí eile aige, ‘Olyvia’,¹⁶ agus ‘Osbrwn Wyddel’,¹⁷ fear a chuaigh go dtí an

⁸ Bíonn litriú difriúil ar an ainm seo i gcáipéisí éagsúla. .i. Callaine; Challuinne; Challainne; Callainn. Úsáidtear ‘Challainne’ sa tráchtas seo, mar atá ag Torna sa *Leabhar Muimhneach*. *LM*, 286.

⁹ Orpen, G. H., ‘The Origin of the FitzMaurices, Barons of Kerry and Lixnaw’, in *The English Historical Review*, 29 (1914), 308-15; Nicholls, ‘The Fitzmaurices of Kerry’, 23-42.

¹⁰ MacCotter & Nicholls, ‘Feudal Warlords’, 52.

¹¹ Prendergast, J. P., ‘An Ancient Record Relating to the Families into Which Were Married the Co-Heiresses of Thomas Fitz Anthony, Seneschal of Leinster’, in *JRSAI*, 8 (1864), 140.

¹² Glaoitear ‘Margaret’ ar an mbean seo go minic sna foinsí. Dar le Kenneth Nicholls, i léacht a thug sé i nDrom Eanaigh (3 Iúil 2015: ‘The Geraldines of the Decies’), ‘Marcella’ a thugtar uirthi sna cáipéisí ón tréimhse. Dar leis, ní Margaret a bhíonn i gceist sna cáipéisí nuair a úsáidtear ‘Marcella’ ach Margery.

¹³ Nicholls, *Gaelic and Gaelicised*, 191. Cé gurbh í Margery an ceathrú hiníon a bhí ag FitzAnthony, fuair Seán greim ar fhorhmór na dtailte a bhí ag FitzAnthony ó Rí Shasana, mar thoradh ar aighneas a tharla i gCo. Chill Dara sa bhliain 1234. Bhíodh Seán soir siar go Londain go minic sna 1250idí ag iarraidh seilbh oifigiúil a fháil ar na tailte. Bhronn prionsa Éadbhard Shasana na tailte air sa bhliain 1259. Féach, mar shampla, Prendergast, ‘An Ancient Record’, 140-2; Frame, R., *Colonial Ireland 1169-1369* (Educational Company of Ireland, Dublin, 1981 - dara heagrán, FCP, Dublin, 2012), 35; *CDI*, ii, [1252-1284], 102 [7 Samhain 1259], 279 [13 Iúil 1278] agus 426 [13 Aibreán 1282]; G.E.C., *Peerage*, iv, 233-4, go háirithe nóta (f); Lynch, W., *A View of the Legal Institutions, Honorary Hereditary Offices, and Feudal Baronies, Established in Ireland during the Reign of Henry the Second. Deduced from the Court Rolls, Inquisitions, and Other Original Records* (Longman et al., London, 1830), 233; Burke, *A Genealogical History*, 204.

¹⁴ Féach, mar shampla, *CDI*, ii, [1252-1284], 429 [13 Aibreán 1282]: ‘...the Lady Matilda de Barry, who was the wife of Maurice Fitz John...’; Burke, *A Genealogical History*, 204; Lynch, *A View...*, 234. Dar le húdair áirithe, phós sé fé dhó agus Juliana (nó Johanna/Joan) de Cogan ab ainm don chéad bhean chéile. Ní fíor sin, áfach: Juliane de Cogan an t-ainm pósta a bhí ag iníon le Gearóid Mac Gearailt (†1243), mac le dara Barún Ó bhFailí, Muiris (†1257). Bhí sí pósta le John de Cogan. Féach, mar shampla, Lodge & Archdall, i, 62; Betham, *Pedigree*; Hickson, M., ‘John Fitz Thomas, Son-in-Law of Thomas Fitz Anthony’, in *JRSAI*, 23 (1893), 90; G.E.C., *Peerage*, iv, 234-5, nóta (d); *NHI*, ix, 167.

¹⁵ Féach Caibidil 1.2.3.

¹⁶ Burke, *A Genealogical History*, 204; Betham, *Pedigree*.

¹⁷ Wynne, W. W. E. (?), (ed.), ‘Pedigree of Osborn Wyddel’, in *Archaeologia Cambrensis*, 3:ix (1863), 56; Betham, *Pedigree*. Féach freisin *OxDNB*, ‘Osbrwn Wyddel’: ‘According to tradition he was a member of the Geraldine (Fitzgerald) lineage and therefore a descendant of Gerald of Windsor and his wife, Nest, the daughter of the Welsh king Rhys ap Tewdwr (d. 1093). There is no firm evidence to confirm this but his name may suggest Norman antecedents.’

Bhreatain Bheag ó Éirinn sa tríú haois déag. Ní flúirseach ná iontaofa an fhianaise a mhaireann do cheachtar acu áfach. Maraíodh Seán agus a oidhre, Muiris, i gcath Challainne sa bhliain 1261.¹⁸

3.2.3 Tomás ‘an Ápa’ (†1298)

Bhí mac amháin ag Muiris, Tomás. Dar le foinsí áirithe, níor rugadh Tomás go dtí tar éis chath Challainne.¹⁹ Is léir gur rugadh é sa bhliain chéanna, mar tháinig sé in aois fir sa bhliain 1282.²⁰

Glaoitear Tomás ‘An Ápa’ ar Thomás sna foinsí de thoradh eachtra a tharla, dar le traidisiún na nGearaltach, sarar shroich sé bliana d’aois. Luaitear an eachtra seo i *Seanchas na nGearaltach* (2) ach ní thugtar mórán eolais eile fé:

...et as é an Tomas so an naoidhe rug an appa lé ar beind mainistrech Tragha lí...²¹

Cé go bhfaightear an leasainm seo i bhfoinsí éagsúla, ní fhaightear an chéad tagairt eile don eachtra seo i bhfoinse Ghaeilge go dtí lár na hochtú haoise déag,²² sa ghiota staire atá le fáil i lámhscríbhinní a bhreac Muiris Ó Gormáin:

Agus ase an Tomas sin na naoidhin, rug an Apa le na crobhaibh air bhairt Mhainistre Thrágha Lí.²³

¹⁸ Féach thíos, Caibidil 3.2.2.

¹⁹ *Seanchas na nGearaltach* (2), cuntas Mhuiris Uí Ghormáin, *Canfaidher liom lorg na bhfear*, véarsaí 41 agus 70; *Leanfaidher liom lorg na bhfear*, véarsa 21. Féach *Ó Cléirigh*, §§2129-30; Aguisín 1.

²⁰ *CDI*, ii, [1252-1284], 424 [13 Aibreán 1282].

²¹ *Ó Cléirigh*, §2130.

²² Tagraítear do Thomás ‘an Ápa’ áfach i Leabhar Mór na nGenealach agus sa dán *Leanfaidher liom lorg na bhfear*. Féach *DMacF*, §786.8, §787A.1, §794.9, §794.11, agus §795.1.

²³ TCD 1345 [H.4.2], f. 141. Tharlódh gur bhunaigh Ó Gormáin an giota staire seo ar leagan éigin de *Seanchas na nGearaltach*. Féach Caibidil 1.4.3. Tugann saothar Thomas Russell ó 1638 cur síos ar an eachtra mar a leanas: ‘At this tyme the whole Race of the Geraldines of Munster were vtterly destroyed, an infant of one yeare old only remaineing. This young child was called Thomas, the only son of John Fitz Thomas, both beeing slayne (as you haue heard) by the Irish. This young babe at the tyme of his father’s death, beeing nursed and fostered at Traley; the report and rumor of this ouerthrow comeing thither, suddainly the nurses running forth cryeing and lamenting, the childe was left all alone, when a monkey that was kept in the house tooke him out of the cradle, carryed him to the topp of the castle, there vnwrapped him out of the swadling cloathes, licked and lapped the childe, and folded y^e child vp in the cloathes againe, and (contrary to the expectation of such as beheld them) brought him down againe in safety, and left the sayd child where first he found him, and finding the nurse setting by the cradle,

Bhí leagan den scéal ag Gearaltaigh Chill Dara freisin,²⁴ agus go deimhin, tá moncaí le feiscint fós sa lá atá inniu ann ar armas Dhiúc Laighean ach ní léir go raibh ar armas Iarlaí Dheasmhumhan. Ní féidir a rá go cinnte cé acu teaghlach a raibh an scéal acu i dtús báire ach, de ghnáth, aontaíonn scoláirí agus údair ar na Gearaltaigh gur láidre argóint na Muimhneach sa chás seo, toisc go nglaoití ‘Thomas Simiacus’ nó Tomás an Ápa ar an Tomás seo.²⁵

Bhí tuairim eile ag an tAth. Benedict O’Sullivan fé seo:

The story is, of course, purely apocryphal. It is what is technically known as an etiological legend, one, that is, which is coined in order to give a plausible but fictitious explanation of a natural phenomenon or an historic event. It is easy to see how the legend in question arose. The child in the story grew up to succeed to the vast Geraldine possessions and became known to history as Tomás an Ápa – Thomas the Ape – the nickname being given to him from the fact that he was hunchbacked and repulsive in figure and appearance. In course of time, the family, to obliterate the memory of this disagreeable fact,

gaue her a sound boxe on the eare, as it is thought thereby warneing and admonishing her to looke better hereafter to her charge. You may be sure this is noe fable; for he euer after, during his life tyme, boare the name of Thomas an Appa.’ *Russell*, 363. Tá an cuntas a bheag nó a mhór focal ar fhocal in *Initium... Uí Dhálaigh* (1655). *Initium*, 9-10.

²⁴ Thug Diúc Laighean an dá leagan in *The Earls of Kildare and their Ancestors. Earls*, 20-21. Bhí Betham den tuairim gur botún a bhí ann ar dtús. Féach Betham, W., *Irish Antiquarian Researches, Part I* (William Curry, Jun. and Co., Dublin, 1826), 227-8: ‘The supporters of the house of Kildare, were originally *two lions*, but, from the odd way of sketching or painting them, have been mistaken *for monkies*, an error which has been perpetuated, and established. It is remarkable also, that the story of the ape conveying the child to the top of the castle, from which the earls of Kildare *are said to have taken their crest, of a monkey*, was told of *one of the Desmond family*, viz., Thomas Nappagh, or the ape, third lord of Desmond. The truth is that the crest was also originally *a lion passant*, but ignorantly changed to a monkey, from the same cause as the supporters, added to the tradition alluded to, but which was not at all applicable to any one of the Kildare family’

²⁵ Féach, mar shampla, Lodge (1754), i, 8; Lodge & Archdall, i, 62; Burke, *A Genealogical History*, 204; Croker, T. C., *Researches in the South of Ireland; Illustrative of the Scenery, Architectural Remains and the Manners and Superstitions of the Peasantry with an Appendix containing a Private Narrative of the Rebellion of 1798* (John Murray, London, 1824 - athchló, Irish University Press, Shannon, 1969), 147; Synnott, P. N. N., *Kilkea Castle: A History* (Mount Offaly Press, Kildare, 1973), 31. Ní bhfuarthas aon tagairt don ainm seo níos luaithe ná tús na seachtú haoise déag, nuair a thugtar ‘Tomás na nApa’ ar Thomás sa dán *Leanfaidher liom lorg na bhfear*. Féach Aguisín 3. Glaoitear ‘Thomas Simius’ ar Thomás i nótaí báis na nGearaltach in BL. Harl. 546 a breacadh thart ar an tréimhse chéanna.

invented and put into circulation the story of the ape and the child whom it placed in peril and then brought to safety.²⁶

Ní luaitear in aon áit go raibh máchail ar Thomás ach b'fhéidir gur leide dá leithéid a bhí sa leasainm eile ar Thomás sna hAnnála, 'an tOidhre Cam', a luaitear i nóta a bháis in Annála Uladh:

Tomas Fitz Muiris, barun mór do Clainn Gerailt, fhrisi n-abairthea in t-eighri cam, quieuit in Christo.²⁷

Ní mór an t-eolas a fhaightear ar shaol Thomáis. Is léir gur chaith sé cuid mhaith ama i Sasana ina óige.²⁸ I ndiaidh dó filleadh ó Shasana chaith sé tréimhse sa bhliain 1295 mar *custos* Rí Shasana in Éirinn: '*custos* or keeper, the term normally applied to an emergency appointment in the earlier medieval period',²⁹ agus tréimhse mar leas-Ghiúistís na hÉireann.³⁰ Ní raibh an post aige ar feadh i bhfad áfach; d'éirigh sé as arís ar an dara lá de mhí na Nollag sa bhliain chéanna.³¹ Cailleadh Tomás go hóg ar an gceathrú lá de mhí an Mheithimh 1298.³²

Tá an chuma ar an scéal go raibh Tomás ina choimircí ag Thomas de Berkeley ina óige agus gur phós sé iníon Thomas, Margaret.³³ Bhí ar a laghad beirt mhac dlisteanach ag Tomás an Ápa, Tomás agus Muiris. Luaitear iníon leis, Siobhán, i *Genealogical History* Burke, a bhí in ainm is a bheith pósta le duine de Mhuintir de Barra, Seán

²⁶ O'Sullivan, *Medieval Irish Dominican Studies*, 38.

²⁷ *AU*, s.a. 1298. Féach freisin *AConn*, s.a. 1298.2; *ALC*, s.a. 1298; *ARÉ*, s.a. 1298.6. Tá na hiontrálacha eile seo an-chosúil leis an iontráil in *AU*. Dhein Cokayne aistriú ar an ainm seo mar 'the Crooked Heir'. Féach G.E.C., *Peerage*, iv, 234.

²⁸ *CDI*, ii, [1252-1284], 430 [15 Aibreán 1282], 458 [25 Samhain 1282], 486 [1 Iúil 1283], 500 [12 Nollaig 1283], 504 [7 agus 8 Feabhra 1284] agus 513 [9 Bealtaine 1284]. Féach freisin G.E.C., *Peerage*, iv, 235 agus 235, nóta (b).

²⁹ *NHI*, ix, 469.

³⁰ *Ibid.*, 472: 'Deputy Justiciar'. Féach freisin *Pembridge*, s.a. 1295; *Grace*, s.a. 1295; *Marl.*, s.a. 1295.

³¹ *NHI*, ix, 472.

³² *CDI*, iv [1293-1301], 254. 1296 an dáta a thugtar i *Seanchas na nGearaltach* (1), (2) agus i leagan amháin ar a laghad de *Seanchas na nGearaltach* (3). Féach *CT*, i, 168; *Ó Cléirigh*, §2130; Aguisín 2, nóta xl.

³³ *CDI*, ii, [1252-1284], 563 [30 Nollaig 1284]. Féach freisin Round, J. H., 'Decies and Desmond', in *The English Historical Review*, 18:72 (Oct. 1903), 709; G.E.C., *Peerage*, iv, 236; 236 nóta (a); Frame, R., *English Lordship in Ireland 1318-1362* (Clarendon, Oxford, 1982), 50, nóta 139.

Ciotach.³⁴ Cailleadh an t-oidhre, Tomás, ina óige, sa bhliain 1308.³⁵ Tháinig Muiris ina ionad mar oidhre agus deineadh céad Iarla Dheasmhumhan de ar ball. Is cosúil go raibh ar a laghad mac amháin mídhlisteanach ag Tomás an Ápa, Seán. Ní mór an t-eolas atá sna foinsí fé Sheán. Is é tuairim Kenneth Nicholls gur in Éirinn a rugadh é sarar shroich Tomás an Ápa aois fir (1282).³⁶ Maíonn an scoláire céanna freisin gur ón Seán seo a shíolraigh Muintir Mhic Thomáis. Tacaíonn seo le tuairimí Burke agus Lodge agus Archdall:

John, ancestor to the family of Mac-Thomas of the Decies and Connelloe.³⁷

Dar le cnuasaigh annála áirithe, dhóigh Seán baile Áth Íseal sa bhliain 1319,³⁸ agus deirtear gur cailleadh é sa bhliain 1324.³⁹ Bhí ar a laghad mac amháin aige, Tomás ‘Le Neve’.⁴⁰

3.2.4 Muiris mac Thomáis, Céad Iarla Dheasmhumhan (†1356)

Scéal casta é scéal Mhuiris mhic Thomáis, céad Iarla Dheasmhumhan. Go deimhin, níl staraithe ar aon fhocal fén bhfear seo le fada. Dar le húdair áirithe, ba thíoránach é, a bhí de shíor ag éirí amach i gcoinne rialtas agus Rí Shasana. Ón seachtú haois déag anall ba dhiúltach an meas a bhí ag staraithe áirithe ar Mhuiris.⁴¹ Luann scríobhneoirí

³⁴ Burke, *A Genealogical History*, 204: ‘Kittogh’. Tugann Betham agus Edmond Barry an t-eolas seo freisin. Betham, *Pedigree*; Barry, E., Rev., *Barrymore: Records of the Barrys of County Cork: From the Earliest to the Present Time with Pedigrees* (Guy & Co., Cork, 1902), 24 agus 38.

³⁵ *AI*, s.a. 1308.2; G.E.C., *Peerage*, iv, 236; Lynch, *A View...*, 236. Féach freisin *CDI*, iv, [1293-1391], 531, 533.

³⁶ Nicholls, (3 Iúil 2015, ‘The Geraldines of the Decies’)

³⁷ Lodge & Archdall, i, 62. Féach freisin Burke, *A Genealogical History*, 204.

³⁸ *Grace*, s.a. 1319; *Pembridge*, s.a. 1319; *Marl.*, s.a. 1319.

³⁹ *Clyn*, s.a. 1324.

⁴⁰ Féach, mar shampla, MacCotter & Nicholls, ‘Feudal Warlords’, 57.

⁴¹ Mhaígh cuid acu gurbh é Muiris an chéad duine de shliocht na nGall a chleacht an coinnmheadh. Maidir le *coinnmheadh*, féach, mar shampla, Nicholls, *Gaelic and Gaelicized*, 36-39; Empey, C. A. & Simms, K., ‘The Ordinances of the White Earl and the Problem of Coign in the later Middle Ages’, in *PRIA*, 75C:8 (1975), 161-87. Maidir le Muiris agus *coinnmheadh*, féach Davis, J., *Historical Relations: or, a Discovery of the True Causes why Ireland was never Subdu’d nor Brought under Obedience of the Crown of England until the Beginning of the Reign of King James of Happy Memory* (London, 1612 - tríú heagrán, Samuel Dancer, Dublin, 1666), 25-6. Harris, *Ware: Antiquities*, 76-77; Lodge & Archdall, i, 63n. Féach freisin Watt, J. A., ‘The Anglo-Irish Colony under Strain, 1327-99’, in *NHI*, ii, 356; McCormack, *Earldom*, 56; 56, nóta 98. Thaispeáin Simms nárbh é Muiris a chuir tús leis áfach, ach Uilliam de Burgh sa tríú haois déag; Simms, *Kings to Warlords*, 119. Féach freisin *ALC*, s.a. 1202.

áirithe ‘his violent career’,⁴² ‘the catalogue of crime’,⁴³ agus glaoitear ‘a tyrant, a traitor, and a felon’⁴⁴ ar Mhuiris. Den chuid is mó, is cosúil, is ar shaothar G. O. Sayles i lár na haoise seo caite atá na léargais seo bunaithe:

For a quarter of the fourteenth century the activities of the first earl of Desmond made orderly government in the south-west of Ireland very largely impossible...⁴⁵

Téann Sayles thar fóir ina phlé ar Mhuiris áfach. Is fearr an léamh ar an scéal a bhí ag Michael FitzGerald, a dhein anailís ar thuirimí Sayles i gcomhthéacs na scoláireachta a deineadh ó shin:

Is Sayles to be faulted? Of course not. He was working with researchable material on the earl and favoured it over conjectured interpretation before a coalescing of scholars to the banners of Otway-Ruthven, Frame, Lydon, Gwynn and Hadcock, and Nicholls. All published significant works in the following two decades, weaving a rich tapestry of Irish medieval scholarship affecting our understanding of the men these magnates were, the women they were bound to, and the Gaelic lords they struggled with, and with whom they eventually assimilated.⁴⁶

Gan dabht, Iarla trodach agus achrannach ab ea Muiris go minic, ach ba thiarna feodach é i dtír ina raibh dhá chultúr agus is léir gur dhein sé a dhícheall an dá thaobh a thabhairt leis lena leathbhróg Ghaelach agus a leathbhróg Ghallda.

⁴² McCormack, *Earldom*, 20.

⁴³ ‘The Impact of the Bruce Invasion, 1315-27’, in *NHI*, ii, 298. Féach freisin idem, *The Lordship of Ireland in the Middle Ages* (Gill & Macmillan, Dublin, 1972 - athchló, FCP, Dublin, 2003), 128-30.

⁴⁴ Watt, ‘Anglo-Irish colony’, 356.

⁴⁵ Sayles, G. O., ‘The Rebellious First Earl of Desmond’, in Martin, F. X., O.S.A., Morrall, J. B., & Watt, J. A., (eds.), *Medieval Studies Presented to Aubrey Gwynn, S.J.* (Three Candles, Dublin, 1961), 203. Féach freisin idem, ‘The Legal Proceedings against the First Earl of Desmond’, in *Anal. Hib.*, 23 (1966), *passim*.

⁴⁶ FitzGerald, M. J., ‘The First Earl of Desmond as Other than “Rebellious”: a Challenge to G.O. Sayles’, in *JKAHS*, 2:9 (2009), 6. Féach freisin Frame, *English Lordship*, 180-2; 213; 267-73.

Rugadh Muiris sa bhliain 1293.⁴⁷ I ndiaidh bhás a athar bhí sé mar choimircí ag Seán mac Thomáis, cúigiú Barún Ó bhFailí, ar deineadh céad Iarla Chill Dara de ar ball.⁴⁸ Sa bhliain 1314, bronnadh tailte na nGearaltach i gCúige Mumhan air.⁴⁹ Cé go raibh sé páirteach i gcogadh Ghaill Éireann i gcoinne Éadbhard de Brús idir 1316 agus 1318, ní mór an pháirt a ghlac sé ann. Idir an tréimhse sin agus na 1330idí bhí sé ag cur go mór lena chuid gabháltas agus ba mhinic gur eascair aighneas as an ngníomhaíocht sin.⁵⁰ Go háirithe, lean aighneas idir Muiris agus Muintir de Clare ar feadh i bhfad,⁵¹ agus bhí an nimh san fheoil aige féin agus Arnold le Poer, Seanascal Chill Chainnigh agus Tiarna na bPaorach i bPort Láirge. D'éirigh eatarthu go minic agus ar deireadh bhí an lámh in uachtar ag Muiris agus gabhadh Arnold agus fuair sé bás i ngéibheann.⁵²

Is léir go raibh an-chumhacht bailithe ag Muiris chuige féin fán am seo agus go raibh lucht leanúna líonmhar aige. Dar le Nicholls, b'fhearr leis na tiarnaí agus na taoisigh áitiúla i nDeasmhumhain tacú le Muiris:

But Maurice fitz Thomas's power in the county was never simply a matter of acquiring landed possessions or feudal authority. One can see from the names on the lists of his supporters how he drew into his clientage so many of the Munster gentry, not only his own Geraldine kinsmen, the discontented like Adam de Barry or the lineage-heads without feudal status, like the Barrets and the sons of Piers de Caunton, but the heads of many established knightly families as well. To enter into Desmond's clientage was safer than to remain outside it.⁵³

⁴⁷ G.E.C., *Peerage*, iv, 236-7.

⁴⁸ MacCotter & Nicholls, 'Feudal Warlords', 56.

⁴⁹ *Cal. Pat. Rol.* Edw. II, [20 Aibreán 1317]; G.E.C., *Peerage*, iv, 237.

⁵⁰ Féach, mar shampla, Waters, K. A., 'The Earls of Desmond and the Irish of South-western Munster', in *Journal of Medieval History*, 32 (2006); McCormack, *Earldom*, 31-2; O'Brien, A. F., 'The Territorial Ambitions of Maurice Fitz Thomas, First Earl of Desmond, with Particular Reference to the Barony and Manor of Inchiquin' in *PRIA*, 82C (1982), 59-88.

⁵¹ *Ibid.*, *passim*.

⁵² Lydon, 'Bruce Invasion', 300; Richardson, H. G. & Sayles, G. O., (eds.), *Parliaments and Councils of Mediaeval Ireland*, i (Stationery Office, Dublin, 1947), 202-204.

⁵³ Nicholls, K. W., 'The Development of Lordship in County Cork 1300-1600', in Buttimer, C. G. & O'Flanagan, P., (eds.), *Cork History & Society: Interdisciplinary Essays on the History of an Irish County* (Geography Publications, Dublin, 1993), 189.

Fén mbliain 1329 bhí rachmas, tailte agus lucht leanúna láidir cnuasaithe ag Muiris. Deineadh Iarla de ar an seachtú lá fichid de mhí Lúnasa 1329.⁵⁴ Ní hamháin sin ach tugadh ceannas dó ar Phalaitíneacht Chiarraí.⁵⁵ D'éirigh idir Muiris agus Anthony de Lacy, Giúistís Éireann, agus gabhadh Muiris agus cuireadh i bpríosún i mBaile Átha Cliath é sa bhliain 1331 agus chaith sé dhá bhliain ann.⁵⁶ Chuaigh mórán tiarnaí eile i mbannaí ar Mhuiris chun go scaoilfí é, rud a léiríonn an chumhacht agus an stádas a bhí aige.⁵⁷ Thug Muiris geallúint dílseachta do Rí Shasana,⁵⁸ sa bhliain 1333 i gCill Chríost. Bhris sé an gheallúint seo sa bhliain 1345 nuair nár fhreastail sé ar pharlaimint, a thionól Ralph D'Ufford, an Giúistís nua, i mBaile Átha Cliath. Dá bharr seo baineadh tailte de chuid de na huaisle a bhí tar éis dul i mbannaí air,⁵⁹ agus ní bhfuairadar ar ais iad go dtí 1355.⁶⁰

Ó 1333 go 1345, agus dea-chaidreamh idir Muiris agus cúirt Shasana, bhí sé fós ag bailiú cumhachta agus gabháltas chuige féin. Go deimhin, i ndiaidh bhás Iarla Uladh sa bhliain 1333, ba é Muiris an tiarna Sean-Ghallda ba mhó cumhacht in Éirinn.⁶¹ I ndiaidh dó an gheallúint dílseachta a bhriseadh in 1345, chuaigh Muiris ar a choimeád leis na Gaeil.⁶² Nuair a fuair D'Ufford bás áfach, sa bhliain 1346, cuireadh Roger Darcy go hÉirinn agus ghéill Muiris dó. Tugadh cead do Mhuiris ansin dul go Sasana leis an scéal a phlé i gcúirt an Rí féin.⁶³ Chuaigh Muiris ar bord loinge in Eochail ar an tríú lá déag de mhí Mheán Fómhair 1346, agus a bhean chéile agus beirt pháistí in

⁵⁴ Féach, mar shampla, *Clyn, s.a.* 1329; G.E.C., *Peerage*, iv, 237; Lodge & Archdall, i, 63; Lynch, *A View...*, 179.

⁵⁵ McCormack, *Earldom*, 42.

⁵⁶ *Vesp. sa* 1331; Sayles, 'Rebellious Earl', 212-3; G.E.C., *Peerage*, iv, 238;

⁵⁷ Féach, mar shampla, Lynch, *A View...*, 240; Richardson & Sayles, *Parliaments and Councils*, i, 12-14; *Pembridge, s.a.* 1333; G.E.C., *Peerage*, iv, 239 nóta (c); Sayles, 'Rebellious Earl', 214.

⁵⁸ I bhFraincis. Féach Caibidil 4.3.3.

⁵⁹ Féach, mar shampla, *Pembridge, s.a.* 1345; *Grace, s.a.* 1345. Tugtar liosta na n-urraitheoirí sna hiontrálacha seo chomh maith.

⁶⁰ Féach, mar shampla, *Cal. Pat. Rol. Edw. III* [10 Iúil 1355]; Lynch, *A View...*, 97; G.E.C., *Peerage*, iv, 239, nóta (c); Sayles, 'Rebellious Earl', 214. I gcásanna áirithe bhí na huaisle marbh fán am sin agus ba iad a n-oidhrí a fuair a dtailte.

⁶¹ Féach, mar shampla, Orpen, *Normans*, iv, 249; Lynch, *A View...*, 238; FitzGerald, 'Other than Rebellious', 5-6; Frame, *English Lordship*, 15; Donnelly, C. J., 'Tower Houses and Late Medieval Secular Settlement in County Limerick', in Duffy, P. J., Edwards, D., & FitzPatrick, E., (eds.), *Gaelic Ireland c. 1250 – c. 1650: Land, Lordship and Settlement* (FCP, Dublin, 2004), 324: 'From the fourteenth century onwards, however, overall power in the county [Luimneach] rested with the Fitzgeralds, the earls of Desmond.'

⁶² Féach, mar shampla, G.E.C., *Peerage*, iv, 239; Sayles 'Rebellious Earl', 220-1.

⁶³ *Cal. Pat. Rol. Edw. III* [28 Meitheamh 1346].

éineacht leis.⁶⁴ Cuireadh Muiris i ngéibheann i Londain ar feadh i bhfad. Scaoileadh saor é in 1348 agus in 1349 thug Rí Shasana pardún iomlán dó ach bhí air a bheirt mhac a fhágaint mar ghialla ag an Rí.⁶⁵ D'fhill Muiris ar Éirinn thart ar mhí Bealtaine 1350. Deineadh Giúistís na hÉireann de i mí Iúil na bliana 1355.⁶⁶ Ní raibh an post aige i bhfad, mar cailleadh é i mBaile Átha Cliath ar an gcúigiú lá fichead de mhí Eanáir 1356. Cuireadh é i mainistir na nDoiminiceach i mBaile Átha Cliath agus aistríodh a chorp go dtí mainistir na nDoiminiceach i dTrá Lí ar ball.⁶⁷

Bhí ar a laghad beirt bhan ag Muiris. Phós sé Caitilín de Búrca, iníon an Iarla Rua, sa bhliain 1312,⁶⁸ agus, cinnte, bhí beirt iníonacha acu, Aimi agus Siobhán. Cailleadh Caitilín uair éigin ag tús mhí na Samhna 1331, 'circum festum omnium sanctorum' agus Muiris sa phríosún.⁶⁹ Phós sé Aibhilín Nic Mhuiris, iníon Thiarna Chiarraí, ar ball agus bhí triúr nó ceathrar páistí acu le chéile, Muiris Óg, Nioclás, Gearóid agus b'fhéidir Seán, cé nach mór an fhianaise a mhaireann fé Sheán. I ndiaidh bhás Mhuiris, thit an Iarlacht ar Mhuiris Óg.

3.2.5 Muiris Óg, Dara hIarla Dheasmhumhan (†1358)

Rugadh Muiris Óg mac Mhuiris sa bhliain 1336.⁷⁰ Ní mór an t-eolas atá tagtha anuas chugainn fé shaol Mhuiris Óig, ós rud é gur cailleadh é sarar shroich sé dhá bhliain is fiche d'aois:

⁶⁴ *Pembridge, s.a.* 1346; *Grace, s.a.* 1346. Is dócha gurbh iad Muiris Óg agus Gearóid Iarla an bheirt a chuaigh ar an turas seo go Sasana. Féach thíos, Caibidil 3.2.5 agus Caibidil 5.2.1.

⁶⁵ *Cal. Pat. Rol. Edw. III* [28 Samhain 1350]. Féach freisin G.E.C., *Peerage*, iv, 239; Sayles, 'Rebellious Earl', 224.

⁶⁶ *Cal. Pat. Rol. Edw. III* [8 Iúil 1355]; McCormack, *Earldom*, 59, nóta 2; *NHI*, ix, 473; Sayles, 'Rebellious Earl', 225; *Pembridge, s.a.* 1355; *Ó Cléirigh*, §2131.

⁶⁷ *Pembridge, s.a.* 1355; G.E.C., *Peerage*, iv, 240; Sayles, 'Rebellious Earl', 225.

⁶⁸ De réir *Seanchas na nGearaltach* (3), bhí sé pósta le 'hingeon Dhiúce Ó Buicingam, noch do bhí amrid' ar dtús ach ní fíor seo. Ba í Beatrice de Stafford iníon Dhiúic Buckingham agus bhí sí sin pósta le hoidhre Mhuiris, .i. Muiris Óg. Dar leis an Ath. Domhnall Ó Dálaigh, phós sé iníon 'Galfridi Morisoni, Hyberniae Iusticarii' .i. 'Geoffrey Morison, Giúistís Éireann'. Ní léir cé atá i gceist: ní raibh aon duine den ainm sin ina Ghiúistís. *Initium*, 11. Féach freisin *NHI*, ix, 472-3.

⁶⁹ *Vesp., s.a.* 1331: 'thart ar Lá na Naomh'.

⁷⁰ *Cal. Inq. Post Mort., x*, 325-6, #397. Féach freisin G.E.C., *Peerage*, iv, 241: 'at Newcastle in Connello, Co. Limerick.'

... fili suum Mauritium Og, idest juniorem, de cuius rebus gestis nihil fere ad posteros deuenit, eo quod biennio tantum paterno ornatus titulo, dum in Angliam transfretaret, submersus est, anno 1358.⁷¹

Chuaigh sé go Sasana le Muiris mac Thomáis, a athair, sa bhliain 1346 agus d' fhan sé mar ghiall ann i ndiaidh do Mhuiris filleadh ar Éirinn in 1350.⁷² Phós sé Beatrice, iníon Ralph de Stafford, Tiarna cumhachtach a bhí mar chomhairleoir ag Rí Shasana, sa bhliain 1350.⁷³ Chaith Muiris Óg tréimhse sa Fhrainc i mbun cogaíochta le Rí Shasana agus le Ralph de Stafford sa bhliain 1355,⁷⁴ ach bhí sé ar ais in Éirinn nuair a cailleadh a athair in 1356. Fuair sé seilbh ar thailte na hIarlachta sa bhliain 1356 ach ní bhfuair sé teideal na hIarlachta go dtí gur shroich sé aois fir i lár na bliana dar gcionn.⁷⁵ Aontaíonn formhór na bhfoinsí gur bádh é agus é ar bord loinge idir Éirinn agus an Bhreatain, nó 'ac dol taris' mar a deir cuid de na hAnnála.⁷⁶ Tugtar dátaí éagsúla dá bhás ach is léir ó pháipéir stáit na Breataine gur cailleadh é idir an fichiú lá de mhí Aibreáin agus an tríú lá déag de mhí Bealtaine 1358.⁷⁷ Duine le Dia ab ea a dheartháir Nioclás, agus mar sin, thit an Iarlacht ar Ghearóid Iarla ar ball.⁷⁸

⁷¹ *Initium*, 12: '...a mhac, Muiris Óg, .i. Óg, nach maireann aon tuairisc dá éachtaí, tagtha anuas chugainn, mar ní raibh teideal a athar aige ach le dhá bhliain nuair a bádh é, agus é ag taisteal go Sasana, sa bhliain 1358.' Féach freisin *Russell*, 364: 'This Maurice Oge, the son and heyre of the above Maurice, succeeded his father in the Earldome of Desmond, of whose Acts there is small mention or relation made, in regard he liued but two yeares after the death of his father.'

⁷² *Cal. Pat. Rol. Edw. III* [13 agus 20 Bealtaine 1350].

⁷³ Is féidir dáta a chur leis an bpósadh seo mar fuair an chéad Iarla tailte i gcontae Chill Chainnigh ó de Stafford go ceann deich mbliana. I gcáipéis ón gcéad lá de mhí Lúnasa 1358 luaitear go raibh ocht mbliana imithe thart ón gcomhaontú seo. *RCH*, 69b, §56 [1 Lúnasa 1358]: '10 an' quor' 8 sunt elapsi'. Féach freisin Waters, K. A., *The Earldom of Desmond in the Fourteenth Century* (Tráchtas PhD, Durham, 2004), 90. Dar le Lodge, phós Muiris Óg 'Elizabeth, daughter of Raymond, Lord Condon' roimhe sin, ach ní mhaireann aon fhianaise den phósadh seo: Lodge & Archdall, i, 64. Bhí Muiris Óg trí bliana déag d'aois [.i. roimh 1 Lúnasa 1350] nuair a phós sé Beatrice agus, mar sin, ní dócha go raibh sé pósta roimhe sin. Deir Lodge chomh maith go raibh iníon aige le Beatrice, Siobhán, a phós Domhnall Óg Mac Cárthaigh Mór. *Ibid.*, 65. Féach freisin Burke, *A Genealogical History*, 204; Betham, *Pedigree*.

⁷⁴ Frame, R., 'Rebellion and Rehabilitation: the First Earl of Desmond and the English Scene' in Crooks, P. & Duffy, S., (eds.), *The Geraldines and Medieval Ireland: the Making of a Myth (Trinity Medieval Ireland Series 1)* (FCP, Dublin, 2016), 221.

⁷⁵ Féach, mar shampla, *Cal. Cl. Rol. Edw. III* [11 agus 14 Feabhra 1356]; *Cal. Fin. Rol. Edw. III* [1 Iúil 1356]; *Cal. Cl. Rol. Edw. III* [16 Deireadh Fómhair 1357].

⁷⁶ Féach, mar shampla, *AConn*, s.a. 1357.4; *ALC*, s.a. 1357. AC, s.a. 1357: 'passing over.' Deir *Seanchas na nGearaltach* (3) go bhfuair sé bás den phlá i nDún Garbhán áfach. Féach Aguisín 2, §12.

⁷⁷ Féach, mar shampla, *Cal. Fin. Rol. Edw. III* [13 Bealtaine 1358]; G.E.C., *Peerage*, iv, 241; *RCH*, 70a, §79 [20 Aibreán 1358] agus 71a, §100 [5 Meitheamh 1358]; Mac Niocaill, G., (eag.), 'Duanaire Ghearóid Iarla', in *Stud. Hib.*, 3 (1963), 9.

⁷⁸ Féach Caibidil 5.2.1.

3.3 Nascanna leis na Gaeil agus le Gaeilge sa Tréimhse Luath

3.3.1 Sadhbh, Bean Thomáis Mhóir

Bhí Tomás Mór (†1213) pósta le bean de shliocht na nGael, ach níl ach a hainm baiste, Sabina, nó Sadhbh na Gaeilge,⁷⁹ tagtha anuas chugainn. Níl scoláirí ar aon fhocal féna hainm baiste. Ní luaitear ach go hannamh í. Mheas staraithe agus scoláirí éagsúla go raibh sé pósta le bean de shliocht Marisco nó ‘Morrie’,⁸⁰ ach níl aon fhianaise a thabharfadh sin le fios.⁸¹ Luaitear an bhean a phós Tomás i bpáipéir stáit na Breataine, i ndiaidh do Tomás bás a fháil,⁸² agus tugtar a hainm baiste i dtaifead eile sna páipéir stáit sin. Sa cháipéis áirithe sin, luaitear gur dhein baintreach Thomáis, ‘Sabina’, agus Nicholas fitz Leon, iarracht ar choimircí a dhéanamh dá oidhre, Seán Challainne, agus seilbh a fháil ar na tailte dá réir sin.⁸³ Níor éirigh leo, nó fuair sí bás go luath ina dhiaidh sin, agus fuair Thomas FitzAnthony seilbh mar sin ar na tailte sin in 1215.⁸⁴

Ní fios cérbh í an Sabina seo, ach dar le Kenneth Nicholls, ba ghnáth sna páipéir stáit Shasanacha go n-úsáidte ‘Sabina’ mar aistriúchán Laidine ar ‘Shadhbh’ na Gaeilge. Dar le hOrpen, Brooks, Nicholls,⁸⁵ agus scoláirí eile, is féidir a bheith réasúnta cinnte gur bean de shliocht na nGael an ‘Sabina’ nó ‘Sadhbh’ seo. Mar sin is cosúil go raibh na Gearaltaigh ag pósadh ban de shliocht na nGael ag deireadh na dara haoise déag cheana féin.

⁷⁹ Féach, mar shampla, Nicholls, *Gaelic and Gaelicized*, 16.

⁸⁰ Féach mar shampla, Burke, *A Genealogical History*, 204. Féach freisin Betham, *Pedigree*; Round, ‘Origin’, 120: ‘...the authorized version of the origin, that which was given in The Earls of Kildare and steadily repeated in Burke’s Peerage’; *Earls*, 10; *Geraldines*, 310; Lodge & Archdall, i, 61.

⁸¹ Féach, mar shampla, Orpen, *Normans*, iii, 116; St. John Brooks, E., ‘The Family of Marisco (Concluded)’, in *JRSAI*, 62 (1932), 71.

⁸² *CDI*, i [1171-1251], 84 [1 Feab. 1214-15].

⁸³ *Rot. Ob. Fin. Joh.*, 527 [1214].

⁸⁴ *Ibid.*, 551-2 agus 556 [1215]; Orpen, *Normans*, iii, 116, nóta 1; G.E.C., *Peerage*, iv, 232: ‘Thomas Fitz Anthony, Seneschal of Leinster, obtained from King John, 3 July 1215, a grant of the custody of co. Waterford and Desmond – except the city of Waterford – and of the castles of Waterford and Dungarvan and the city of Cork, at a rent of 250 marks a year. Next day, 4 July, the custody of the lands and the heirs of Thomas fitz Morice were committed to him.’

⁸⁵ *NHI*, ix, 168; Nicholls, *Gaelic and Gaelicized*, 16.

3.3.2 Seanaid i Litríocht na Gaeilge

Mar a dúradh thuas, ba é caisleán Sheanaid an ceanncheathrú a bhí ag Tomás Mór, an chéad duine de shliocht na nGearaltach a fuair tailte i gCúige Mumhan. Níor thábhachtach caisleán Sheanaid i ndáiríre mar lárionad míleata amach ansan ag Gearaltaigh i gCúige Mumhan, cé go raibh sé in úsáid in aimsir an Iarla dheireanaigh, ach sa seanchas Gaelach luaitear an t-áitreabh seo arís is arís eile leo:

Ní mhaireann acht a n-iarmhar
Crú na n-iarladh ó Sheanaid
Laochraidh Máighe agus Méinne
Mo thruaighe gléire Gearailt.⁸⁶

Véarsa é seo as dán le Fear Flatha Ó Gnímh, *Beannacht ar anmain Éireann*, a deirtear a scríobhadh thart ar 1609.⁸⁷ ‘Iarla Seanaide, Callaine⁸⁸ is Méinne’,⁸⁹ a thug Seán Ó Conaill ar Shéamas mac Thomáis Rua Mac Gearailt (†1608), i d*Tuireamh na hÉireann*,⁹⁰ i lár na seachtú haoise déag.⁹¹ Ní hionadh b’fhéidir go luaitear Seanaid i ndánta Dháibhí Uí Bhruadair, ós rud é go raibh Tiarnaí na Claonghlaise, fochraobh de Ghearaltaigh Dheasmhumhan, mar phátrúin aige. Sa dán *Créacht do dháil me im ártach galair*,⁹² ina ndeineann sé caoineadh ar bhás agus ar scaipeadh ‘Ghaedhealaibh Fáil’,⁹³ caoineann sé imeacht na nGearaltach:

Fraochealta áluinn Áine is tSeannuid,
Gan aon ‘na n-áit acht láthair fhalamh.⁹⁴

⁸⁶ Bergin, *IBP*, #26, véarsa 9; O’Rahilly, T. F., *Measgra Dánta: Miscellaneous Irish Poems*, ii (CUP, Corcaigh, 1977 - céad eagrán, Brown and Nolan, Dublin, 1977), #55, línte 33-36.

⁸⁷ Bergin, *IBP*, 115; O’Rahilly, *Measgra Dánta*, ii, 206: ‘Mícheál Óg Ó Longáin gives the date as 1609, which is much more accurate than such guesses of his usually are.’

⁸⁸ Féach thíos, Caibidil 3.3.4.

⁸⁹ Don logainm seo féach O’Rahilly, *Measgra Dánta*, ii, 270; *DB*, i, 163, nóta 7.

⁹⁰ O’Rahilly, C., *Five Seventeenth-Century Political Poems* (DIAS, Dublin, 1952), 75 (líne 345).

⁹¹ *Ibid.*, 54: ‘It seems likely that the poem was composed between 1655 and 1659.’

⁹² *DB*, i, 26-51 (Dán V).

⁹³ *Ibid.*, 26.

⁹⁴ *Ibid.*, 28.

In *Dursan éag Éamoinn Mhic Gearailt*,⁹⁵ ina gcaoineann sé bás a phátrúin, Éamonn (†1666-7), Tiarna na Claonghlaise, luann sé Sheanaid arís:

Is guirt an gháir seo i ndeaghaidh an mhairbh,
Chois Daoile is timcheall ar Sheanaid⁹⁶

Is ó Sheanaid a fuair Iarlaí Dheasmhumhan an rosc catha a d’fhan acu:

Despite the obscurity of its history and the greater importance of Newcastle and Askeaton from about 1280 onward, it was recognized as the chief and oldest house of the Geraldines, and their battle-cry “Shanid aboo!” is thus marked as very old.⁹⁷

Maireann samplaí éagsúla de roisc Ghaeilge a chleacht teaghlaigh Shean-Ghallda. ‘Seanaid Abú!’⁹⁸ an rosc a bhí ag Gearaltaigh Dheasmhumhan, agus ‘Crom Abú!’, ag Gearaltaigh Chill Dara:

Abú, or abo! an exclamation of terror and defiance. [...] The war cries of the ancient Irish, and Anglo-Irish, were made of abó, or abú, and the name, or crest of the family, or place of residence, as *Grásach abó! Fionnóg abú! Seabhac abú! Cromadh abú, Seanaid abú!*⁹⁹

‘Butler Abú!’ an rosc a bhí ag Buitléirigh Urmhumhan. B’olc le rialtas Shasana na roisc seo agus achtaíodh dlíthe i bParlaimint Poyning i nDroichead Átha sa bhliain

⁹⁵ Ibid., 138-83 (Dán XIV).

⁹⁶ Ibid., 150.

⁹⁷ Westropp, ‘Typical Earthworks’, 36.

⁹⁸ Pine, L. G., *A Dictionary of Mottoes* (Routledge & Kegan Paul, London, 1983), 212; Féach freisin *Earls*, 20; O’Reilly, E., *Sanas Gaoidhíge-Sagsbhearla. An Irish-English Dictionary...* (Barlow, Dublin, 1817), ‘Abu’; O’Donovan, J., (ed.), *An Irish-English Dictionary... by Edward O’Reilly, A New Edition, Carefully Revised and Corrected* (Duffy, Dublin, 1864), 8; Greene, D., ‘The Irish War-Cry’, in *Ériu*, 22 (1971), 167.

⁹⁹ O’Donovan, J., *A Grammar of the Irish Language* (Hodges & Smith, Dublin, 1845), 327. San ochtú haois déag, chuir Walter Harris go mór leis an gcuntas a bhí ag James Ware fé roisc, ach is léir nach raibh cur amach aige ar chaisleán Sheanaid, toisc nach raibh a fhios aige cad ba bhrí le ‘Seanaid Abú’. Harris, *Ware: Antiquities*, 163: ‘They chiefly terminated in the Word, *aboe*, which seems to come from an obsolete *Irish* Word, *Aba*, signifying *Cause* or *Business* [...] The Earl of *Kildare’s* (*Fitz-Gerald’s*) Cry, *Crom-aboe*; as I take it, from a strong Castle called *Crom*, in the County of *Limerick*, belonging to that family [...] The E. of *Desmond’s* Cry, *Shan-net-aboe. Quare?*’

1495¹⁰⁰ le stop a chur leo .i. ‘An Act abolishing these words Cromabo & Butlerabo’.¹⁰¹ Is léir nár éirigh leis an acht seo mar tá na roisc chatha le feiscint ar armas na nGearaltach ar chaisleáin agus ar thuamaí Gearaltacha timpeall na tíre go dtí an lá atá inniu ann.¹⁰² Is léir go raibh an nós Gaelach seo ag na Sean-Ghaill, anuas go dtí deireadh na séú haoise déag ar a laghad.¹⁰³

3.3.3 Cath Challainne agus Idirghabháil le Clann Cárthaigh¹⁰⁴

Cailleadh Seán agus Muiris, mac agus garmhac Thomáis Mhóir fé seach, i gCath Challainne sa bhliain 1261. Taispeánann an eachtra seo idirghabháil áirithe a bhí ag na Gearaltaigh is luaithe i gCúige Mumhan leis na Gaeil áitiúla. I lár na tríú haoise déag, bhí aighneas agus easaontas i measc Clainne Cárthaigh. Bhí Seán mac Thomáis ag cur

¹⁰⁰ Ba í an Pharlaimint seo an chéad uair a reachtaíodh achtanna i mBéarla. Féach, mar shampla, Butler, J. G., Vesey, F. et al., (eds.), *The Statutes at Large, Passed in the Parliaments Held in Ireland*, i (Grierson, Dublin, 1765), 41; Quinn, D. B., ‘The Bills and Statutes of the Irish Parliaments of Henry VII and Henry VIII’, in *Anal. Hib.*, 10 (1941), 73: ‘The language in which they are printed is not always that in which they were originally entered on the Rolls. Up to Poyning’s Parliament the language used was Norman French, with occasional citations of documents in Latin or English. In 1494 and thereafter, until they disappeared after 1516, the three traditional Statutes retained their French forms, but all other enactments were in English.’

¹⁰¹ Butler et al., *The Statutes at Large*, i, 41: ‘Stat’ Ordination’ & Actus in quod’ Parlamento apud Drogheda, die Lunae prox’ post festum sancti Andrae apost. Anno regni Regis Henrici septimi decimo, coram Edwardo Poryngs milite deputato ipsius domini Regis terrae suae *Hiberniae* edita in haec verba, Anno Dom. 1495’. Féach freisin *Ibid.*, 55 (Chap. XX); *Earls*, 56 agus 307 (Appendix II); Bryan, *The Great Earl*, 192; Quinn, ‘Bills and Statutes’, 91 agus 94.

¹⁰² Mar shampla, tá armas Gheartaigh Chill Dara, leis an rosc ‘*Si Dieu plet Crom abo*’, le feiscint ar leac uaighe a bhí in eaglais Bheighthí i gContae na Mí agus atá i músaem na hOifige Ginealais anois. Féach Greene, ‘War-Cry’, 170.

¹⁰³ Bhí roisc chatha in úsáid ag Gearaltaigh Dheasmhumhan go fóill in aimsir éirí amach an Iarla dheireanaigh. Sa chogadh sin ‘Pápa Abú!’ an rosc a bhí in úsáid acu mar is léir ó litir a scríobh William Burghley, comhairleoir a bhí ag Eilís Shasana, chuig Iarla Urmhumhan ag rá (go searbhásach is dócha), gur cheart ‘Butler Abú!’ a úsáid ina choinne. *CSPI*, ii [1574-1585], 206 [26 Eanáir 1580]: ‘Burghley to the Earl of Ormond. [...] He was long in writing news. Sorry that for lack of furniture he should suffer such indignities committed by the rebels. Some fault in the hasty proclaiming the rebel, with lack of provision to pursue him. The lacks now supplied from England, ‘so as now merely I must saye, Butleraboo, ageynst all that cry as I here in a new language Papeaboo.’; Féach freisin Greene, ‘War-Cry’, 170: ‘This was, of course, a mild joke, but the fact that the rebels had utilised *abú* in their war-cry shows how common these slogans must have been at the time.’

¹⁰⁴ Gan amhras, ós rud é go dtagann cuid mhaith den fhianaise agus, mar thoradh ar sin, den tráchtairacht ar Chath Challainne ó na hAnnála, caithfidh amhras éigin a bheith ar an léitheoir fén tsli a n-insítear an scéal. Den chuid is mó sa mhír seo, ní úsáidtear fianaise na nAnnála ach ar mhaithe le dátú na n-eachtraí. Ní mór a chur san áireamh áfach, gurb iad Annála Inis Faithleann agus Leabhar Mhic Cárthaigh (nó *Misc. Ir. Ann.*) na hAnnála atá idir lámha anseo agus mar sin go bhfuil claonadh Muimhneach iontu. Go háirithe, sa chás seo, caithfear a bheith amhrasach fé Leabhar Mhic Cárthaigh ós rud é gur eachtra í seo a raibh páirt ag an teaghlach sin inti. Tugtar cuntas ar an gcath i bhformhór na gcnuasach eile freisin. Tacaíonn an iontráil in Annála Connacht le hAnnála Inis Faithleann agus, dá bharr, tá an leagan céanna in *ALC* agus *ARE*. Féach an plé ar na hAnnála sa Réamhrá. Féach freisin *AConn*, s.a. 1261.6; *ALC*, s.a. 1261; *ARE*, s.a. 1261.6. Ní luann annála eile ach go bhfuair Seán agus Muiris bás. Féach, mar shampla, *Pembridge*, s.a. 1261; *Grace*, s.a. 1261; *AU*, s.a. 1261; *Clyn*, s.a. 1261; *Dowling*, s.a. 1261; *AMF*, s.a. 1261.2.

isteach ar an aighneas seo freisin. Is ón aighneas sin a d'eascair Cath Challainne ar ball. Dar leis na hAnnála, cailleadh Rí Chlainne Cárthaigh, Cormac Óg Liathánach, sa bhliain 1244.¹⁰⁵ Sa bhliain chéanna, mharaigh Seán, mac le Cormac Óg, Domhnall Ruadh, i ndiaidh dá dheartháir, Domhnall Gall, é a thabhairt ar lámh do Sheán.¹⁰⁶ Go luath ina dhiaidh sin, in 1252, mharaigh Seán agus a mhac, Muiris, col ceathrar le Cormac Óg, Domhnall God¹⁰⁷ Cairbreach, Rí Chlainne Cárthaigh, 'in spite of royal protection given that year'.¹⁰⁸

Dar le hAnnála *Inis Faithleann*, bhí lámh ag iníon de chuid na mBrianach sa 'bhfeall' sin.¹⁰⁹ Ina dhiaidh sin, ba é Finghín, mac Dhomhnaill, Rí Chlainne Cárthaigh, agus ó 1252 go 1261 bhí ina chogadh dearg sa Mhumhain agus díoltas á bhaint amach ag Finghín mar gheall ar bhás a athar. Mharaigh sé Sadhbh, iníon Uí Bhriain thuasluaite, agus a fear céile, Séfraidh Ó Donnchadha, sa bhliain 1253.¹¹⁰ Dhein sé scrios ar chaisleáin na Normannach i gCúige Mumhan freisin. Ar deireadh, sa bhliain 1261, bhailigh Seán mac Thomáis agus an Giúistís, William de Dene, arm agus chuireadar cath ar an gCárthach agus a lucht leanúna i nGleann na Ruachtaí, gar don Neidín, i gCo. Chiarraí.¹¹¹ Bhí an bua ag na Gaeil agus maraíodh Seán agus Muiris.¹¹² Buille trom ab ea cath Challainne do na Gearaltaigh. 'One of the most decisive battles to occur in the first century of Norman occupation, [that] set the pattern of history in south-west Munster for three hundred years', a thug Diarmuid Ó Murchadha ar an gcath seo.¹¹³

¹⁰⁵ Féach, mar shampla, *AI*, s.a. 1245[1244].1.

¹⁰⁶ *Misc. Ir. Ann.*, s.a. 1244.1. Féach freisin *AI*, s.a. 1245[1244].2: 'Domhnall Ruadh mc. Cormaic Liathanaig do marbad la Seoan fi Tomas arna tidnucud do Domhnall Gall Ma Cartaigh, da dearbratair fein.'

¹⁰⁷ 'Got' [leagan níos sine den fhocal] a thugtar air in *NHI*, ix, 154.

¹⁰⁸ Curtis, E., *A History of Medieval Ireland: From 1086-1513* (Methuen, London, 1923 - dara heagrán, 1938), 141. Féach freisin *Misc. Ir. Ann.*, s.a. 1252.1; Ó Murchadha, D., 'Cath Maighe Léana and some West Munster Placenames', in *JCHAS*, 110 (2005), 97: '...the killing of their reigning king, Domhnall God Cairbreach, by John fitzThomas Fitzgerald goaded Domhnall's son Finghin, into a series of attacks on both Normans and their Irish allies.'

¹⁰⁹ *AI*, s.a. 1252[1253].1.

¹¹⁰ *Ibid.*, s.a. 1253[1254].1.

¹¹¹ Ó Murchadha, 'Cath Maighe Léana...', 110, nóta 20: "'Callan Battle Field' is marked on the 1st ed. OS 6' map (Kerry 84), on the northern slope of Carrignagown hill (980') in tl. Slaheny, par. Kilgarvan. The river flowing beside it (a tributary of the Roughty) is also named Slaheny, obviously derived from the townland. Its former name was probably **Calla(i)nn*, also found as a river name in Cos. Armagh, Kilkenny and Mayo'. Féach freisin Murray, K., Ó Murchadha, D., & Ó Riain, P., (eag.), *Foclóir Stairiúil Áitainmneacha na Gaeilge, Fascúl 3 [C-Ceall Fhursa]* (ITS, BÁC, 2008), 39: 'Callann (2)'.

¹¹² Féach, mar shampla, G.E.C., *Peerage*, iv, 234; Frame, *Colonial Ireland*, 45; Lydon, J., 'A Land of War', in *NHI*, ii, 251-2.

¹¹³ Ó Murchadha, D., 'The Battle of Callan, A.D. 1261', in *JCHAS*, lxvi (1961), 105.

3.3.4 Callainn i Litríocht na Gaeilge

De thoradh ar an gcath seo, glaoth Seán ‘Challainne’ ar Sheán mac Thomáis Mhóir agus is fén leasainm sin a thagraítear dó go minic sna foinsí Gaeilge.¹¹⁴ Faightear an leasainm seo i leaganacha áirithe de *Seanchas na nGearaltach* (3)¹¹⁵ agus i *Craobhsgaoileadh Sleachta na hIarlachta*:

Is é an Seán Challuinne seo fuair bheith ‘na Ridire an Gháirtéir, agus an céadfhear do Ghearaltachaibh fuair treise agus tighernas na nDéise nDeisgirt ar dtús ón dtreas Henrí, Rí Sagsan...¹¹⁶

I ndánta áirithe, úsáidtear an leasainm mar a úsáidtear ‘Seanaide’, le tagairt a dhéanamh do Ghearaltaigh na Mumhan. Is é *Canfaidher liom lorg na bhfear* an dán is sine ina bhfaightear é. Sa dán sin glaoitear ‘Seán caoimhfhlaithe Callaine’ ar Sheán.¹¹⁷ Tagraítear mar seo do na Gearaltaigh, ach go háirithe, i ndánta a cumadh do bhaill de chraobhacha na nGearaltach sa seachtú haois déag agus san ochtú haois déag. Luann Cúchonnacht Ó Dálaigh ‘sliocht Seain Calluinne’ i ndán leanbaíochta Sheáin Mhic Gearailt (†p. 1703), *A hógaibh éirgheas fine*,¹¹⁸ agus sa dán *Dursan éag Éamoinn Mhic Gearailt*, a scríobh Dáibhí Ó Bruadair ar bhás Éamoinn (†1666/7), athair Sheáin, Tiarna na Claonghlaise, luaitear Callainn freisin:

Leonadh laoch an taom ler teascadh
cnuas an choill choinnigh ó Challuinn,
ní fhuil sceol don fhóirlioch againn
acht gur scuir a ghéibheann géag don ghaisce.¹¹⁹

¹¹⁴ Dar le Meehan: ‘Earl John, who, with his son was slain by Fineen MacCarthy, was ever afterwards known as John of Callan’: Meehan, *The Rise, Increase, and Exit of the Geraldines...*, 38n.

¹¹⁵ Féach Aguisín 2, §8. Seán ‘Chaille’ a ghlaitear air in RIA 153 [23 M 17], an leagan is sine den téacs sin a fuarthas.

¹¹⁶ *LM*, 288.

¹¹⁷ Véarsa 42b. Féach Aguisín 3. Tá an line seo sa dán fé dhó. Mar a luadh i gCaibidil 1.3.3, faightear véarsaí áirithe den dán seo mar dhán iontu féin .i. *Do cuireadh ceathrar cloinne*. Tá an líne seo le fáil sa chéad véarsa den dán sin, arb é véarsa 29 de *Canfaidher é*.

¹¹⁸ *DB*, i, 188.

¹¹⁹ *Ibid.*, 144. I nóta ar an leathanach céanna, deir Mac Erlean: ‘From this battle [.i. Cath Challainne] John fitz Thomas fitz Thomas Fitzgerald is known in Irish history as Seán na Callainne, John of Callainn.’

Thagair Aogán Ó Rathaille do Challainn chomh maith, i ndán a chum sé do Ghearóid, mac le Ridire an Ghleanna, a scríobhadh thart ar 1709:¹²⁰

Fíonúir áluinn, bláth na féinne;
Fíonúir cinidh na bhfionnamhach laochais;
Fíonúir ochta na gConallach séadach;
Fíonúir Calainne, asna na laochradh.¹²¹

Tagraítear don áit seo i ndánta éagsúla a scríobhadh san ochtú haois déag, mar shampla: *Mo thubaist mo dhanaid*, a scríobh Éamonn de bhFál ar bhás Sheáin Mhic Gearailt, Ridire an Ghleanna (†1737):

Mo chás mo dhanaid mo dheacair mo léan mo scíos
Seán an Gearaltach calma fan san gcill –
bráthair Charathaigh Chaisil Chuirce, Néill is Chuinn,
d’ard-shliocht Seanaide, Chalainne is Méin’ na ríogh.¹²²

Agus luann Éadbhard de Nóglá Seán Challainne sa dán *Mo chumha is mo dhanaid*, mar fhreagra ar dhán leis an Ath. Liam Inglis, *Leastar an Bhráthar*, sa bhliain 1757:

...Triatha Gearaltach, Bharraigh is Cárthaigh,
bha dhian sa sparainn ‘s i machaire an ármhaigh
Sliocht Sheáin Challainne, aicme nár cáineadh...¹²³

Níl amhras, mar sin, ach go raibh cuimhne ar feadh i bhfad ag filí na Mumhan ar chath Challainne agus an pháirt a ghlac na Gearaltaigh ann.

¹²⁰ *DAR*, 146: ‘...a knight of Glin, who made a deed of settlement of his estate in 1672 [...] His son, Thomas, who was also Knight of Glin, was no doubt father of Gerald, the subject of this elegy [...] written about 1709...’ [Céad Eagrán: 140]

¹²¹ *DAR*, 148. [Céad Eagrán: 142]

¹²² Ó Foghludha, R., (eag.), *Cois Caoin-Reathaighe .i. Filidheacht Éamuinn de bhFál ó Dhún Guairne* (Oifig an tSoláthair, BÁC, 1946), 86.

¹²³ Ó Foghludha, R., (eag.), *Cois na Bride: Liam Inglis, O.S.A. 1709-1778* (Oifig Díolta Foillseacháin Rialtais, BÁC, 1937), 28.

3.3.5 *Mise, a Aimi, ar h'inchaibh féin*

a) An Cúlra Stairiúil

Méadaíonn fianaise na nascanna a bhí ag na Gearaltaigh leis an nGaeilge nuair a fhéachtar ar Ghearaltaigh na ceathrú haoise déag agus na foinsí a luann iad. Is ón bpátrúnacht a dhein na Gearaltaigh ar theaghlaigh léannta san aois sin is féidir an fhianaise sin a fháil. Mar a phléifear ar ball, dhein an chéad trí hIarla, Muiris, Muiris Óg agus Gearóid Iarla pátrúnacht ar mhórfhile a linne, Gofraidh Fionn Ó Dálaigh,¹²⁴ agus bhí dlúthcheangal idir Gearóid Iarla, a mhuintir agus an Ghaeilge.¹²⁵ Gan trácht ar na hIarlaí, áfach, tá foinse eile tagtha anuas chugainn a thaispeánann ceangal eile idir Gearaltach agus léann na Gaeilge .i. an dán *Mise, a Aimi, ar h'inchaibh féin*. Dán é seo a chum file darbh ainm Maolmhuire Mac Craith d'iníon le Muiris, céad Iarla Dheasmhumhan, Aimi. Ghlaoiigh scoláirí éagsúla Amy,¹²⁶ Áine,¹²⁷ Aoimhe,¹²⁸ agus Emma¹²⁹ uirthi go dtí seo. ‘Anna’ agus ‘Anne’ a thugtar uirthi san *RCH*.¹³⁰ agus ‘Amya’ a bhí ag Theiner.¹³¹ Gan amhras, sa lá atá inniu ann, d’fhéadfaí ‘Amy’ a thabhairt uirthi. Ach is dócha gur ainm Fraincise a bhí i gceist ag an am, ‘Amée’ nó ‘Aimi’.¹³² Tharlódh, mar sin, go bhfuil an litriú a thugtar ar ainm an chailín seo i gcéadlíne an dáin, ‘Aimi’, ceart. Is i gcomhfhreagrú leis an bpápa a fhaightear an tagairt is luaithe d’Aimi. Sa bhliain 1343, lorg Muiris cead len í a phósadh le Dáibhí de Róiste, Tiarna Fhear Maí.¹³³ Tugadh an cead sin dóibh ar an gceathrú lá de mhí Bealtaine 1343.¹³⁴

¹²⁴ Féach Caibidil 5.4.

¹²⁵ Féach Caibidil 4.

¹²⁶ Mar shampla, Katharine Simms. Féach, mar shampla, <https://bardic.celt.dias.ie> [30 Márta 2017]; Simms, ‘The Geraldines and Gaelic Culture’, 266.

¹²⁷ Mar shampla, Keith Waters, Paul Mac Cotter agus Kenneth Nicholls. Féach Waters, *Earls of Desmond in the Fourteenth Century*, 64; MacCotter, P. & Nicholls, K. W., (eds.), *The Pipe Roll of Cloyne: Rotulus Pipae Clonensis* (Cloyne Literary and Historical Society, Innygrega, 1996), 183.

¹²⁸ Mar shampla, Damian McManus agus Eoghan Ó Raghallaigh. Féach *ABM*, #335 [Ich 461].

¹²⁹ Mar shampla, James Todd. Féach Todd, J. H., ‘A Descriptive Catalogue of the Contents of the Irish Manuscript, Commonly Called ‘The Book of Fermoy’’, in *PRIA*, Irish MSS series, 1:1 (1870), 39.

¹³⁰ *RCH*, 97a, §234 [11 Bealtaine 1375] agus 98b, §271 [6 Lúnasa 1375].

¹³¹ *Theiner*, 279.

¹³² Féach Caibidil 4.3.2, ina bpléitear úsáid na Fraincise i measc na nGearaltach sa tréimhse atá idir lámha.

¹³³ *Cal. Pap. Reg. Pet.*, i, 15. Féach freisin MacCotter & Nicholls, *The Pipe Roll of Cloyne*, 183-4. Duine de lucht leanúna Mhuiris ab ea Dáibhí. Féach, mar shampla, *Cal. Pat. Rol. Edw. III* [28 Bealtaine 1358].

¹³⁴ *Cal. Pap. Reg. Let.*, iii, 87; *Theiner*, 279. (‘Avinione iiiii. Nonas Maii’ a thugann Theiner. ‘3 Non. May’ a thugann *Cal. Pap. Reg. Pet.*). Féach freisin Waters, *Earls of Desmond in the Fourteenth Century*, 64, nóta 254; Frame, *English Lordship*, 279 agus 283.

Ní luann scoláirí Aimi ach go hannamh. Níl a hainm le fáil in aon tráchtas staire ná in aon ghinealach de chuid na nGearaltach, roimh *Pedigree* Betham sa naoú haois déag – seachas tagairt mheasctha di ag De Burgo i bhfonóta in *Hibernia Dominicana* (1762):


*David Magnus Filius fuit Mauritií de Rupe, Domini de Fermoy, ex Amia, Mauritií Geraldini, Comitís Desmondíae Filia, hujusque Mater pro Patre habuit Raphaelem Stafford, Comitem de Stafford in Anglia, qui obiit Anno 1375.*¹³⁵

Ní léir cé atá i gceist leis an dáta báis 1375. Tharlódh gur fear céile Aimi, Dáibhí de Róiste, atá i gceist sa ghiota seo, ach cailleadh eisean roimh 1366. Freisin, ba mhac garchlainne le hAimi é an fear darbh ainm ‘Dáibhí Mór’ de Róiste (†p. 1467), céad Bhíocunta Fhear Maighe. Is léir ón ngiota measctha seo nach bhfuil eolas de Burgo cruinn, agus b’fhéidir go raibh sé measctha idir Dáibhí Mór agus Dáibhí, fear céile Aimi. Ó fhianaise na rollaí seansaíreachta Éireannacha, dhealródh sé go bhfuair a fear céile bás roimh an mbliain 1366 agus go bhfuair an t-oidhre, Muiris, bás thart ar 1375, mar luaitear gur thug Rí Shasana cosaint d’Aimi agus do ghabháltais na Róisteach sa bhliain sin.¹³⁶ Phós iníon léi, Caitilín, Diarmuid Mac Cárthaigh Múscraighe (†1381) agus tugadh cead speisialta d’Aimi mac leo, Cormac (†1410), a thógaint ar altramas sa bhliain chéanna, rud a bhí glan i gcoinne Statúid Chill Chainnigh.¹³⁷

¹³⁵ de Burgo, T., *Hibernia Dominicana. Sive Historia Provinciae Hiberniae Ordinis Praedicatorum...* (Coloniae Agrippinae, Typographia Metternichiana, 1762 - athchló, Dublin, 1773), 334n: ‘Dáibhí Mór, mac le Muiris de Róiste, Tiarna Fhear Maighe, ó Aimi, iníon le Muiris na nGearaltach, Iarla Dheasmhumhan, arbh é athair a máthar Ralph de Stafford, Iarla Stafford i Sasana, a [i. Dáibhí Mór] cailleadh sa bhliain 1375.’ Níl an t-eolas seo ag de Burgo an-chruinn. Deir sé go raibh mac ag Aimi le Muiris de Róiste (garmhac léi). Chomh maith leis sin, ghlaoigh sé iníon Ralph de Stafford ar a máthair, ach bhí iníon de Stafford pósta le Muiris Óg, dara hIarla Dheasmhumhan. Bunaithe ar an tagairt seo, dúirt Betham go raibh seans ann gur iníon í Aimi le Muiris Óg: Betham, *Pedigree*: ‘Bishop Burke, in “Hibernia Dominicana” gives of this marriage a daughter Amy, who became wife of Maurice de Rupe, Lord of Fermoy, and was mother of David de Rupe, or Roche, called “The Great,” who was created Viscount Fermoy by Edward IV.’

¹³⁶ *RCH*, 97a, §234 [11 Bealtaine 1375]. Féach freisin MacCotter & Nicholls, *The Pipe Roll of Cloyne*, 183-4.

¹³⁷ *RCH*, 98b, §271 [6 Lúnasa 1375].



Iníon le Caitilín de Búrca, céad bhean Mhuiris mhic Thomáis, ab ea Aimi, agus mar sin, ba de phór Iarlaí Dheasmhumhan agus Iarlaí Uladh í. Ní léir cathain a cailleadh Aimi, ach is dócha gur roimh 1387 a cailleadh í, nuair a cailleadh mac léi, Seán, Tiarna Fhear Maighe, agus tugadh smacht ar ghabháitais na Róisteach do Ghearóid Iarla, leathdheartháir léi.

b) An File

Dar leis an scríobhaí a bhreac an dán, Domhnall Ó Leighin,¹³⁸ b'fhile darbh ainm Maolmhuire Mac Craith a chum an dán seo. Ní léir go cinnte cérbh é an file seo. Ní thugann sé aon eolas féna shaol féin dúinn sa dán. Tá foinsí áirithe ann, áfach, a luann, nó a chum, fear den ainm seo timpeall ar Chúige Mumhan san aimsir inar cumadh an dán seo. Maireann dánta éagsúla a chum file darbh ainm Maolmhuire 'Bacach' Mac Craith ón tréimhse seo.¹³⁹ Do Mhathghamhain Ó Briain, a cailleadh in 1369, a cumadh an dán is déanaí leis (nó an dán is déanaí atá tagtha anuas chugainn, pé scéal é).¹⁴⁰ Is dócha chomh maith gurb é seo an file céanna a chum an dán *Mairg chaitheas dlús re dhalta* fé Ghofraidh Fionn Ó Dálaigh.¹⁴¹ Ós rud é go ndeir an dán sin gur fhreastail Maolmhuire agus Gofraidh ar an scoil filíochta chéanna (scoil a bhain le Muintir Mhic Craith, de réir dealraimh), agus ós rud é go raibh Gofraidh ag cumadh filíochta d'athair

¹³⁸ Féach thíos, Caibidil 3.3.6.

¹³⁹ Féach, mar shampla, <https://bardic.celt.dias.ie> [30 Márta 2017]; Simms, 'Selection of Poems', 48, 55 agus 57.

¹⁴⁰ *Dlighidh ollamh urraim ríogh*. Féach, mar shampla, <https://bardic.celt.dias.ie> [30 Márta 2017]. I *DiD.*, #80, deir Mac Cionnaith gur Seaán Buidhe Mac Bruaideadha a chum, mar atá le fáil i lámhscríbhinní áirithe .i. RIA 1387 [23 O 78]; RIA 3 [23 L 17] agus RIA 7 [24 L 13]. Ní thugtar ainm an fhile sa chóip is luaithe i Leabhar Uí Chonchobhair Dhoinn, ach deirtear gurb é Maolmhuire a chum an dán in LNA 72.4.44 (ón seachtú haois déag).

¹⁴¹ Féach Caibidil 5.2. Féach freisin Simms, K., 'Literacy and the Irish bards', in Pryce, H., (ed.), *Literature in Medieval Celtic Societies* (Cambridge University Press, Cambridge, 1998), 249-50.

agus do dheartháireacha Aimi ar ball, is dócha gurb é an Maolmhuire Mac Craith céanna a bhí i gceist leis an té a chum *Mise, a Aimi, ar h'inchuibh féin*. B'fhéidir freisin gurbh é an fear céanna é le Maolmhuire Óg Mac Craith a luann na hannála a bhás sa bhliain 1367, cé nach luaitear gurbh fhile an fear sin.¹⁴² Ní bhfuarthas ach dhá thagairt eile d'fhear den ainm agus sloinne seo ó thart ar an tréimhse sin. Tá dhá dhán i *Caithréim Thoirrdhealbhaigh* a luann Maolmhuire Mac Craith áirithe agus a theaghlach.¹⁴³ Ós rud é go mbaineann na tagairtí seo go léir le Cúige Mumhan sa dara leath den cheathrú haois déag, cá bhfios ach go dtagraíonn siad go léir don fhear céanna .i. Maolmhuire (Bacach/Óg) Mac Craith?

Bhí scoil filíochta ag Muintir Mhic Craith sa cheathrú haois déag, b'fhéidir an scoil inar fhoghlaim Gofraidh Fionn Ó Dálaigh a cheard, mar a luadh thuas. Chum Gearóid Iarla dán gairid níos déanaí a dhein gearán mar gheall ar aor a dhein ceann na scoile sin air:

Ní buidheach mé do Mhág Craith
gion gur aor sé go maith mhé;
an rann beag do rinne dham,
ní do mholadh is gar é.¹⁴⁴

Is í tuairim Katharine Simms gurbh é Maolmhuire, nó a mhac, an té ar dhein Gearóid tagairt dó sa dán seo:

It is a fact that one of Gerald's earlier poems, apparently pre-dating his defeat and capture at the battle of Monasternenagh in 1370, complains that he has just been satirised by the head of the Mág Raith school, either Maolmhuire *Bacach* Mág Raith or his son Tomás *Mór*, though it contains no direct

¹⁴² *AConn*, s.a. 1367.12: 'Maelmure Oc Mag Craith do ec in hoc anno'. Féach freisin *ALC*, s.a. 1367; *ARÉ*, s.a. 1367.8. Cheap Mac Cionnaith go raibh Maolmhuire ag cumadóireacht thart ar 1390 ach ní mór an chiall a bheadh leis sin, ós rud é go raibh Gofraidh marbh fán am sin, agus gur dócha go raibh Aimi marbh freisin, ós rud é gur phós sí in 1343. Féach McKenna, L., 'Fellow Scholars Should Not Fight', in *Ir. Monthly*, 57 (1929), 41. An-seans gur thóg McKenna an t-eolas seo ó *Irish Writers O'Reilly*. Féach O'Reilly, E., *A Chronological Account of Nearly Four Hundred Irish Writers* (Iberno-Celtic Society, Dublin, 1820), civ, #cxlv: '[1390] At this period flourished Maolmhuire Mac Craith, poet of Desmond, or South Munster.'

¹⁴³ *CT*, i, 63 agus 69.

¹⁴⁴ Mac Niocaill, 'Duanaire Ghearóid Iarla', 43, #XXIV, véarsa 1.

evidence for a connection between his argument and his half-sister's quarrel with Maolmhuire.¹⁴⁵

Is léir go dtacaíonn Simms leis an tuairim gurbh ionann iad an Maolmhuire Mac Craith seo agus Maolmhuire Bacach Mac Craith. Ó na tagairtí éagsula, is léir an ceart a bheith ag Simms agus gurbh é Maolmhuire Bacach Mac Craith an fear céanna leis an bhfear a chum an dán *Mise, a Aimi ar h'inchuibh féin* agus go raibh an fear sin ag saothrú an léinn i lár na ceathrú haoise déag.

c) An Dán

Ar an gcéad dul síos, is dán é *Mise, a Aimi, ar h'inchuibh féin*, ina lorgaíonn an file, Maolmhuire Mac Craith maithiúnas óna phátrún, Aimi, do 'mícheill' áirithe a dhein sé uirthi. Tugann sé le fios ag tús an dáin gur chuir sé olc, nó 'grug',¹⁴⁶ nár bheag ar Aimi:

Misi a Aimi ar h'inchuibh féin
logh damh da ndernaind mícheill
ac sud m'anmain ar h'inchuibh
grug amhlaid ní hinimchair.¹⁴⁷

Mheas Katharine Simms go mb'fhéidir go raibh Maolmhuire ag lorg maithiúnais i ndiaidh dó gearán a dhéanamh fé luach saothair a fuair sé uaithi.¹⁴⁸ Tugann an file le fios sa dán, áfach, go raibh feall níos measa déanta aige ar Aimi: is léir gur mhaslaigh sé í i ndán a chum sé agus gur iarracht é an dán seo ar í a shuaimhniú agus nach ag lorg luach saothair dó féin atá sé ach gur tarraingt siar ar an gcáineadh, nó 'oir[bheire]'¹⁴⁹ a rinne sé atá i gceist:

¹⁴⁵ Simms, 'The Geraldines and Gaelic Culture', 267. Luaitear bás Thomáis Mhóir sna hAnnála sa bhliain 1410. Féach, mar shampla, *AConn*, s.a. 1410.8: 'Tomas mac Mailmure Meg Craith ollam Tuadmuman mortuus est.'

¹⁴⁶ *DIL*: 'grúc'. <http://dil.ie/26719> [30 Márta 2017].

¹⁴⁷ *ABM*, #335, véarsa 1.

¹⁴⁸ Simms, 'The Geraldines and Gaelic Culture', 266.

¹⁴⁹ *DIL*: 'airbire'. <http://dil.ie/1636> [30 Márta 2017].

Mar sin tanac-sa dod tigh
d'eis cuarta gacha cuigidh
ag iarraid dína ar do dhoirr
a milla ciallaidh chunoill,

Aguib no gur eirigh grug
rím mar nac roibhi a-allud
cert let-sa in breath fa mbeinds-si
mu breat-sa at leth leig[im-se?]

Da ndernaind ar do dreich gil
taem letruim a laidh eig[in]
ni har tuar in taim leatruim
laidh uaim a n-aineachlainn

Neamhuaibreac in breath bere
laidh a n-eruic th'oirbheire
beim nochan uamhan ortsa
fa n-eir d'uabur indot[-sa?]¹⁵⁰

Cuireann Maolmhuire in iúl gur chúis inní é seo dó agus nach dteastaíonn uaidh a phátrún a chailliúint. Dar leis, chaith sé tréimhse fhada ag taisteal agus ag lorg pátrúnachta sarar tháinig sé ar Aimi. Deineann sé cur síos meafarach air féin mar éan a d'fhág long, ar lorg na mórthíre. Tharlódh go bhfuil an file ag rá gur fhág sé tigh Aimi agus gur fhill sé uirthi:

Dala an eoin legar a luing
d'fis digi []
cuairt fhairsing do fhuair an t-en
ar glaislinn fhuair []

¹⁵⁰ *ABM*, #335, véarsaí 24-27.

Cuairt an eoin ní haister gar
ag iarraidh aiti a n[-anadh?]
[] sibhal suail a tarbha
's nach fuair inadh ana[mh]n[a]?

Tir in trath nach tarla air
tic an t-en d' aithle a sibhail
[] ar an aird cedna
tar ramhuir n-aird n-aigenda.¹⁵¹

Mar a dúradh thuas, sa chuid is mó den dán deineann an file iarracht ar Aimi a shuaimhniú agus ar mhaithiúnas a fháil uaithi don 'leatruim' a dhein sé. Tugann sé cur síos ar a fearg agus deineann sé comparáid idir é agus tuile in abhainn nó stoirm ar muir.¹⁵² Mar is iondúil i bhfilíocht na scol, áfach, baineann sé leas as gnáthfhríotal na mbard le cur síos a dhéanamh ar Aimi, ag tagairt dá 'rosg corr', 'dreach mínnderg' 'm(h)allaig[h] reidh', agus dá h'abra' bog agus glan.¹⁵³ Ní hamháin sin, ach deineann sé tagairt fé leith dá 'ciall',¹⁵⁴ agus dá 'féli'.¹⁵⁵ Tharlódh gur freagairt é an chiall seo ar an 'mícheill' a dhein sé féin.

Mar is léir ó na véarsaí thuas, tá drochbhail ar an leathanach seo sa lámhscríbhinn. Ciallaíonn sé sin nach féidir ciall iomlán a bhaint as an dán seo, nó as véarsaí áirithe go minic. Is i meadaracht *deibhí* a scríobhadh an dán agus is léir, den chuid is mó, ón méid den dán is féidir a dhéanamh amach go soiléir, go leanann sé na rialacha go foirfe. Tá *rinn* agus *airdrinn* ag aontú le chéile i ngach leathrann sa dán agus, sa mhéid is féidir a dhéanamh amach, tá *comhardadh* inmheánach sna véarsaí go léir freisin. Cé nach féidir an dán iomlán a léamh go soiléir, ó am go ham, ciallaíonn an cloí seo leis na rialacha gur féidir corrfhocal easnamhach a dhéanamh amach.

¹⁵¹ Ibid., véarsaí 20-22.

¹⁵² Ibid., véarsa 8: 'Mar a[....] a rosg corr, tosach tuille na habhond' agus 10: '[in] uair nac inmara in muir'.

¹⁵³ Ibid., véarsaí 8, 9, 13, 28 agus 29.

¹⁵⁴ Ibid., véarsaí 24 agus 32.

¹⁵⁵ Ibid., véarsaí 34 agus 37.

Ag deireadh an dáin, tugann an file léargas ar shinseareacht Aimi, agus tugann sé le fios gurbh é Iarla Dheasmhumhan athair Aimi, agus gur Iarla é athair a máthar freisin. Thug sé le tuiscint freisin gurbh é Iarla Uladh a sean-athair:

Iarla h'athair-si a ucht glan
iarla athair do mhathar
slicht [a?] riadhla fuil ort-sa
fuil da iarla indott-sa.

Glegar [.i. Dleaghthar]¹⁵⁶ duit iarla Ulad
t'athair iarla Desmhumhan
a ciabh minreidh fhiarglan fhi[o]nn
is d'firreimh iarlad[h] nEiri[o]nd.¹⁵⁷

Arís, baineann an file leas as friotal na mbard le cur síos a dhéanamh ar Iarla Dheasmhumhan lena 'ucht glan' agus 'a ciabh minreidh fhiarglan fhionn'. Ábhar spéise é go dtugtar moladh do Mhuiris ach nach moltar Iarla Uladh anseo. Is dócha, áfach, go raibh an tIarla sin marbh le fada nuair a cumadh an dán seo.¹⁵⁸ Fós féin, tugann an líne 'is d'firreimh iarlad[h] nEiri[o]nd' tuairim éigin fén meas a bhí ag filí ar Mhuiris mac Thomáis.

Ag deireadh an dáin, ainmníonn Maolmhuire máthair Aimi. Is léir gur Caitilín de Búrca a máthair agus mar sin, ó na tagairtí éagsúla a dheintear d'Iarla Dheasmhumhan, caithfidh gurbh é Muiris, fear céile Chaitilín, a bhí i gceist. Freisin, mar a luadh thuas, ar bhonn rialacha na meadarachta, is féidir ainmneacha Mhuiris agus Thomáis (a athair) a chur sna bearnaí atá fágtha sa lámhscríbhinn:

Ceinelta in craebh danat cnu
Caitilin do-clos [a morchlú?]

¹⁵⁶ *DIL*: 'dligid'. <http://dil.ie/17037> [30 Márta 2017]. Mo bhuíochas leis an Dr. Feargal Ó Béarra as a chomhairle fén véarsa seo agus fén dán i gcoitinne a roinnt liom.

¹⁵⁷ *ABM*, #335, véarsaí 14 agus 15.

¹⁵⁸ Cailleadh Iarla Uladh, sean-athair Aimi, in 1333. Féach thuas, Caibidil 3.2.4.

a fholt saer fa croinn ceinil
an coill dan craebh C[aitilín].

An mein-sin ní mairg ar fhas
urdraic maithes meic T[homás?]
gnai t'feli ac leabrugad leis
meabhrugad mene [Muiris?].¹⁵⁹

Sna véarsaí seo agus na véarsaí thuas fé na hIarlaí, arís is fiú trácht ar úsáid an fhriotail fhileata, amhail ‘craebh’ agus ‘crú’ agus an cur síos ar Chaitilín agus ‘a fholt [sic] saer’.

Faraor, ní fios cad a tharla idir Maolmhuire agus Aimi ina dhiaidh seo, mar níl aon dán eile a cumadh d’Aimi tagtha anuas chugainn. É sin ráite, tá dán nó dhó eile a chum filí de shliocht Chlann Craith do Mhuintir de Róiste ar marthain sa lámhscríbhinn chéanna le *Mise, a Aimi, ar h’inchaibh féin* .i. Leabhar Fhear Maighe.

3.3.6 Leabhar Fhear Maighe, Aimi agus Gearóid Iarla

Níl ach cóip amháin den dán *Mise a Aimi ar h’inchaibh féin* tagtha anuas chugainn, sa lámhscríbhinn cháiliúil, RIA 1134 [23 E 29] .i. Leabhar Fhear Maighe. Cé nach bhfuil aon mhionstaidéar nua-aimseartha i gcló ar an ‘leabhar’ seo, is fíor a rá gur cnuasach fíorthábhachtach é seo i measc lámhscríbhinní meánaoiseacha na Gaeilge. Díolaim ábhair a tiomsaíodh dosna Róistigh, Tiarnaí Fhear Maí, í an lámhscríbhinn seo den chuid is mó,¹⁶⁰ le dánta, cuntais staire agus ábhar cráifeach agus miotaseolaíoch inti. Is do Dháibhí Mór de Róiste, céad Bhíocunta Fhear Maighe (*fl.* ca. 1460), a tiomsaíodh an cnuasach ar dtús.¹⁶¹ Tá an chuma ar an scéal gur teaghlaim de lámhscríbhinní éagsúla

¹⁵⁹ *ABM*, #335, véarsaí 36 agus 37.

¹⁶⁰ Todd, ‘Descriptive Catalogue’, 4: ‘The book of Fermoy might, with equal propriety, be called the Book of Roche’. Cé nach féidir a leithéid a rá fén lámhscríbhinn iomlán, mar atá sí inniu, d’fhéadfaí Leabhar na Róisteach a ghlaoch ar an gcuid sin den lámhscríbhinn ar bhaist Todd ‘the true Book of Fermoy’ uirthi .i. lgh 17-216. *Ibid.*, 7. Féach freisin *Cat. RIA*, 3092.

¹⁶¹ *Ibid.*, 3093: ‘The patron of the main group of these scribes of the *second type* would seem to have been David [*Mór*] son of Maurice son of John Roche [...]. The poem on p. 81 appears to have been composed in his honour, and doubtless other mentions of David Roche “An Róitseach,” etc., in other bardic poems in the ms., refer to him; but, as so many Davids son of Maurice Roche exist, it would be rash for one not an expert in Roche history to decide definitely at what dates, and for whom, many of these poems were written’.

é an cnuasach mar atá sé anois.¹⁶² Breacadh an lámhscríbhinn thar thréimhse fhada ach tá tábhacht fé leith ag baint leis an ábhar a breacadh sa chúigiú haois déag. Tá ábhar breise ag tús agus ag deireadh na lámhscríbhinne a cuireadh léi ag amanna éagsúla, ach ní féidir a bheith cinnte cathain. Ag tús na lámhscríbhinne tá leagan den *Lebor Gabála* a breacadh ag deireadh na ceathrú haoise déag nó tús na cúigiú haoise déag. Is léir ó fhianaise na lámhscríbhinne RIA 671 [D iii 1] gur chuid den lámhscríbhinn chéanna é an leagan seo. Go deimhin, leanann an téacs ar f. 7r in RIA 671 díreach ar aghaidh ó lch 16 i Leabhar Fhear Maighe.¹⁶³ Ar chúl na lámhscríbhinne ó lch 217-232 tá ábhar agus cuntais éagsúla a bhaineann le cúrsaí leighis. Mhaígh Todd nach raibh baint ar bith ag na codanna seo den lámhscríbhinn le ‘the original Book of Fermoy’.¹⁶⁴ Is dócha gur bhail de Mhuintir Íceadha a bhreac iad, agus meastar go raibh an lámhscríbhinn i seilbh an teaghlach sin ag tréimhse áirithe. Faraor, ní fios cá raibh an lámhscríbhinn idir an séú haois déag agus 1805.¹⁶⁵ Tharlódh go bhfuair Muintir Íceadha seilbh ar an lámhscríbhinn ó na Róistigh féin agus go raibh na Róistigh acu mar phátrúin. Tá cuntas amháin (‘Betha Sain Seoirsi’) inti a bhreac duine den teaghlach léannta sin, a luann gurbh é Dáibhí Mór de Róiste an pátrún a bhí aige, chomh luath leis an mbliain 1457:

Oráid laiss in mbetuidh so sain Seoirsi o Uilliam Ó Íceadha do Daibith mac Muiris meic hSeáin do Róitsi, 7 dobád bliadhna in Tigearna an tan do sgríobadh annso hi .i. mile bliadhan 7 ceitri .c. bliadhan 7 secht mbliadhna deg 7 da fhichit.¹⁶⁶

Chomh maith leis sin, tá nóta imill ag deireadh an ‘true Book of Fermoy’ a bhreac duine de Mhuintir Íceadha.¹⁶⁷ Mar a dúradh thuas, ba lámhscríbhinn (nó cnuasach lámhscríbhinní) í a tiomsaíodh do Thiarnaí Fhear Maí. Go deimhin as ca. 30 dán a

¹⁶² Féach, mar shampla, Dahl Hambro, C., ‘‘Hiberniores ipsis hibernis’’: The Book of Fermoy as Text-Carrier of Anglo-Irish Identity’, in *Nordic Irish Studies*, 14 (2015), 102; O’Neill, T., *The Irish Hand*, (Dolmen, Porlaoise, 1984), 44; *Cat. BL*, ii, 506.

¹⁶³ Féach, mar shampla, *Cat. RIA*, 3096-7; RIA 671 [D iii 1], f. 7r; RIA 1134 [23 E 29 - Leabhar Fhear Maighe], lch. 16; Macalister, R. A. S., ‘The ‘Fermoy’ Copy of *Lebor Gabála*’, in *Ériu*, 11 (1932), 172; Todd, ‘Descriptive Catalogue’, 5-7.

¹⁶⁴ *Ibid.*, 5.

¹⁶⁵ *Cat. RIA*, 3094-5.

¹⁶⁶ RIA 1134 [23 E 29 - Leabhar Fhear Maighe], lch. 55.

¹⁶⁷ *Ibid.*, lch. 204: ‘Tabhair beanacht ar anam Phróinsias Uí Íocidhe ár son Dé sna ccarad’. Tharlódh gur san ochtú haois déag a breacadh an nóta seo. Féach, mar shampla, *Cat. RIA*, 3116. Tá stíl na scríbhneoireachta déanach go leor go bhféadfadh an ochtú haois déag a bheith i gceist.

bhaineann le traidisiún na scol (.i. nach dánta iad atá mar chuid de théacsanna níos faide),¹⁶⁸ tá ar a laghad 21 dán ann a cumadh do bhail de Mhuintir de Róiste.¹⁶⁹ Tá sé nach mór dodhéanta ginealach na Róisteach idir 1387 agus 1488 a dhéanamh amach. Bhí deacrachtaí ag Kenneth Nicholls, fiú, ag iarraidh ord na dtiarnaí agus na mban céile a bhí acu a dhéanamh amach. Ciallaíonn sé sin, den chuid is mó, nach féidir, fé láthair, na pátrúin Róisteacha a luaitear a aithint ó na nótaí imill a ghabhann le dánta áirithe sa lámhscríbhinn.¹⁷⁰ Mar shampla, tá dhá dhán, *Néal ríoghna ós ráith Iughaine* agus *Teach dá ríoghan ráith Caisil*, a cumadh do bhean darbh ainm Siobhán,¹⁷¹ agus ceithre dhán eile .i. *Cionnas íochtar séad suirghe?*, *Dleaghar cunnradh do chomhall*, *Formad ag cách re clú Muiris*, *Gach fonn go Fearaibh Muighe* ina bhfuil véarsaí ina moltar bean darbh ainm Siobhán, nó ina luaitear bean den ainm sin. Is léir go bhfuil beirt bhan ar a laghad i gceist. Sna dánta *Néal ríoghna ós ráith Iughaine*, *Teach dá ríoghan ráith Caisil* agus *Dleaghar cunnradh do chomhall* is léir gurbh í an bhean chéanna atá i gceist, ós rud é go nglaoitear iníon Chormaic agus Aibhilín uirthi. Ó na dánta seo, tá an chuma ar an scéal go raibh sí pósta le Tiarna Róisteach darbh ainm Dáibhí. Cumadh an dán *Formad ag cách re clú Muiris* do Mhuiris, mac Dháibhí mhic Mhuiris agus deirtear gurbh í Siobhán a mháthair. Cumadh an dán *Gach fonn go Fearaibh Muighe* do Dháibhí de Róiste agus dá bhean, Siobhán. Tharlódh gurbh í an Siobhán chéanna atá i gceist sa dhá dhán seo. B'fhéidir gur mhac le Dáibhí Mór é an Muiris in *Formad ag cách re clú Muiris* nó gur mhac garchlainne leis é. Maidir leis an dán *Cionnas íochtar séad suirghe?*, is léir gur Siobhán eile atá i gceist mar is máthair Dháibhí mhic Mhuiris í. Níl anseo ach sampla amháin den chastacht a bhaineann le pátrúin na ndánta a aithint sa lámhscríbhinn seo. Ní léir mar sin cé acu tiarnaí de chuid na Róisteach dár cumadh na dánta seo den chuid is mó.¹⁷² I gcás *Mise, a Aimi ar h'inchaibh féin*, níl aon amhras ann. Tugtar cur síos soiléir ar shinsir Aimi. Go

¹⁶⁸ Agus gan filíocht Ghearóid Iarla a chur san áireamh. Féach Caibidil 4.4.

¹⁶⁹ Ní féidir pátrún an dáin a aithint i gcásanna áirithe ós rud é go bhfuil an lámhscríbhinn i ndrochstaid.

¹⁷⁰ Féach, mar shampla, Mac Cotter & Nicholls, *The Pipe Roll of Cloyne*, 183-5, go háirithe 184-5: 'The greatest puzzle of all is presented by the Joan, daughter of Cormac mac Owen MacCarthy (of Coshmang, fl. 1420) and wife of a Roche, on whom, her parents and sister, three poems survive. All the indications suggest that she was the wife of David Mór, but the genealogies make her wife of John fitz David! If she was the mother of Maurice III [mac Dháibhí Mhóir], then the latter's second O'Brien wife in the genealogies was the daughter of Tadhg O'Brien who occurs in a praise poem with her husband, Maurice son of David and Joan.'

¹⁷¹ Cumadh *Teach dá ríoghan ráith Caisil* dá deirfiúr, 'Mór', freisin.

¹⁷² Is léir i gcás na ndánta *Cor testa gá maoinne as mo?*, *Dá fhíodh sheolta ar shéan nGall*, *Derg [...]* *imrid Frangcaigh, Geall...Frangcaigh, Gearr go laibheora an Lia Fáil / más lia laibheoras agus Téid oirbheart i n-inmhe ríogh* gur do Dháibhí, cúigiú Bíocunta Fhear Maí (†ca. 1583) a cumadh iad.

deimhin, ní luaitear a fear céile ann, fiú. Ábhar spéise é, áfach, gurb é an dán sin an dán is sine i Leabhar Fhear Maighe a cumadh do Róisteach, nó do chéile Róisteach.

Mar a pléadh thuas, tá an leathanach sa lámhscríbhinn ar a bhfuil *Mise, a Aimi, ar h'inchaibh féin* i ndrochstaid. Go deimhin, is amhlaidh an scéal i gcás fhormhór na leathanach sa lámhscríbhinn.¹⁷³ I gcás *lacunae* áirithe i Leabhar Fhear Maighe, tá an chuid eile den téacs sa lámhscríbhinn BL Eg. 92. Is cuid de Leabhar Fhear Maighe, nó den chnuasach lámhscríbhinní a nglaoitear Leabhar Fhear Maighe anois uirthi, í an lámhscríbhinn sin. Ní hamháin go mbaineann formhór an ábhair in Eg. 92 leis an gceantar thart ar Mhainistir Fhear Maí, ach leanann téacsanna áirithe sa lámhscríbhinn sin díreach ar aghaidh ón áit a mbriseann an téacs i Leabhar Fhear Maighe. Ní léir cathain a scaradh na lámhscríbhinní, ach is léir gur roimh 1858 a tharla, nuair a ceannaíodh Leabhar Fhear Maighe don Acadamh Ríoga.¹⁷⁴

Tá nascanna áirithe le rianú idir Leabhar Fhear Maighe agus lámhscríbhinní eile freisin.¹⁷⁵ Tá sé deacair a rá cé chomh láidir is a bhí na ceangail idir na lámhscríbhinní seo, nó cad as ar tháinig siad i gcásanna áirithe. Mar a dúradh cheana, tá nasc áirithe le haithint idir Leabhar Fhear Maighe agus RIA 671 [D iii 1]. Freisin, in 1838, bhraith Edward O'Reilly go raibh cosúlachtaí láidre le haithint idir an scríbhneoireacht i Leabhar Fhear Maighe agus Leabhar Mhic Cárthaigh Riabhaigh.¹⁷⁶ Tá roinnt mhaith de na téacsanna céanna sa dá lámhscríbhinn.¹⁷⁷ Cé gur luaigh Gearóid Ó Murchú i gcatálog an Acadaimh Ríoga gur bhraith sé go raibh cosúlachtaí ann,¹⁷⁸ bhí Brian Ó Cuív amhrasach:

While it is neither impossible nor unlikely that the same scribe, working in Cork in the second half of the fifteenth century, wrote for both the Roche and

¹⁷³ *Cat. RIA*, 3094: 'Indeed hardly any page of the manuscript from p. 17 on is wholly legible, and some pages are almost wholly illegible.'

¹⁷⁴ É sin ráite, tá ábhar áirithe dúbailte sa dá lámhscríbhinn, rud a thabharfadh le fios nach rabhadar go hiomlán ceangailte lena chéile. Féach, mar shampla, *ibid.*, 3091-3125, go háirithe 3094-6; *Cat. BL*, ii, 505-19, go háirithe 505-6.

¹⁷⁵ Féach, mar shampa, *Cat. RIA* 3094-6.

¹⁷⁶ Lloyd, H., Petrie, G., & Todd, J. H., 'February 26, 1838', in *PRIA*, i (1836-40), 136.

¹⁷⁷ Féach, mar shampla, Ó Cuív, B., 'Observations on the Book of Lismore', in *PRIA*, 83C:11 (1983), 284-7.

¹⁷⁸ *Cat. RIA*, 3096.

Mac Carthaigh patrons, I am not convinced that we can establish from the Book of Lismore and the Book of Fermoy that this actually happened.¹⁷⁹

Tá sé spéisiúil gur féidir nascanna áirithe a aithint idir Leabhar Fhear Maighe agus BL Add. 30512. Go háirithe, tá trí théacs .i. *Merugad cleirech Coluim Cille* (f. 2-6), *Aroile hoclach robaei a n-abdaine Druimenaigh* (f. 10b-11) agus *Cethra cletha fesa abhus* (f. 87b) in BL Add. 30512 atá i Leabhar Fhear Maighe freisin. I gcás an dara agus an tríú téacs, tá gaol gairid idir na leaganacha in BL Add. 30512 agus Leabhar Fhear Maighe. Anuas air sin, is i lámh Thorna Uí Mhaoil Chonaire atá an dá théacs sin.¹⁸⁰ Mar a luadh i gCaibidil 1, ba é Torna a bhreac *Cá méad gabhál fhuair Éire?* agus *Seanchas na nGearaltach* (1) in BL Add. 30512 agus tharlódh go raibh nasc pátrúnachta idir é agus Iarlaí Dheasmhumhan.¹⁸¹ Tá liosta de thailte na Róisteach ar lch 153 den lámhscríbhinn. Dar le Torna, bhreac an scríobhaí Domhnall Ó Leighin (an té a bhreac an dán *Mise a Aimi ar h'inchaibh féin*) an liosta seo ar dtús sa bhliain 1461, 're lind Daibith Moir meic Muiris Do Roidsigh',¹⁸² agus chóipeáil Torna isteach sa lámhscríbhinn é do Dháibhí, cúigiú Bíocunta Fhear Maighe, (†1583). Tugann sé liosta finnétithe ag bun an leathanaigh, ina bhfuil ainm Dhiarmada Uí Leighin, 'ollam an Roidsigh',¹⁸³ duine de shliocht Dhomhnaill, is dócha. Ábhar spéise sa liosta seo na go ndeir Torna go raibh fear eile ina fhinné, darbh ainm Gofraidh Ó Dálaigh. Is léir ón lámhscríbhinn go raibh baill éagsula de Mhuintir Dhálaigh ag cumadh filíochta dosna Róistigh.¹⁸⁴

¹⁷⁹ Ó Cuív, 'Observations', 282.

¹⁸⁰ Féach, mar shampla, *Cat. BL*, ii, 474-5, 500 agus 542; *Cat. RIA*, 3104; Hillers, B., 'The Abbot of Druimenaig: Genderbending in Gaelic Tradition', in *Proceedings of the Harvard Celtic Colloquium*, 15 (1995), 176. Féach freisin Bergin, O. J., Best, R. I., Meyer, K., & O'Keefe, J. G. (eds.), *Anecdota from Irish Manuscripts*, i, (Niemeyer, Halle an der Saale, 1907), 76-8; Ó Máille, T., 'Merugud Cléirech Choluim Chille', in Bergin, O. & Marstrander, C., (eds.), *Miscellany Presented to Kuno Meyer by Some of his Friends and Pupils on the Occasion of his Appointment to the Chair of Celtic Philology in the University of Berlin* (Niemeyer, Halle an der Saale, 1912), 307-26.

¹⁸¹ Féach Caibidil 6.3.3 agus 6.3.4.

¹⁸² RIA 1134 [23 E 29 - Leabhar Fhear Maighe], lch. 153.

¹⁸³ *Ibid.*

¹⁸⁴ Féach, mar shampla, *Ibid.*, lch 81: *Dleaghar cunnradh do chomhall* (Donnchadh mac Taidhg Ó Dálaigh); lch 124: *Ní fá hinmhe is measta Mór* (Eoghan mac Conchobhair Ó Dálaigh); lch 125: *Olc an cumthach an chumha* (Cearbhall mac Conchobhair Ó Dálaigh); lch 150: *Derg [...] imrid Frangcaigh* (Donnchadh mac Eoghain Ó Dálaigh); lch 166: *Néal ríoghna ós ráith Iughaine* (Eoghan mac Aonghuis Ó Dálaigh); lch 201: *Dlighim íoc as m'fhearacht gráidh* (Cormac mac Eoghain Ó Dálaigh). Chomh maith leis sin tá dán a bhreac Gofraidh Fionn Ó Dálaigh, *A toigh bheag tiaghar i dteagh mór* (lch 127), agus ceithre dhán a leagtar ar Dhonnchadh Mór Ó Dálaigh, *Gabham deachmhaidh ar ndána* (lch 117); *Garbh éirghe iodhan bhrátha* (lch 119); *A Mhuire, a mháthair ar nAthar* (lch 119); *Teagaisg meise, a Mhaire* (lch 192) sa lámhscríbhinn. Is dócha gur roghnaíodh na dánta sin toisc gur dhánta eiseamláireacha ab ea iad.

Is léir gur lámhscríbhinn í Leabhar Fhear Maighe atá suite go daingean i dtraidisiúin léann na Gaeilge. Cé gur theaghlach Normannach iad Muintir de Róiste, ní aithneofaí a n-oidhreacht ‘eachtrannach’ ar an lámhscríbhinn seo in aon chor. Go deimhin, níl ach blúire amháin sa lámhscríbhinn, gan ábhar cráifeach a áireamh, go bhféadfaí ceangal eachtrannach a shamhlú leis .i. an dán, *Baile suthach, síoth Eamhna*, a cumadh ag tús na tríú haoise déag fé Rí Mhanann, Ragnall mac Gofraidh (R gnvaldr Guðrøðarson), de shliocht na Lochlannach.¹⁸⁵ Seachas sin, ní phléann an lámhscríbhinn ach le hábhar Gaelach. Roinnt mhaith dosna téacsanna ann, is cuid de *corpus* stair mhiotaseolaíoch na hÉireann iad (.i. *Airne Finghin, Aithed Ruithcearna re Cuana Cailcin, Altram Tige Dá Medar, Bruiden meic Da Reo, Compert Mongáin ocus Sere Duibe-Lácha do Mongán, Eachtra Airt meic Cuind ocus Tochmarc Delbchaime Ingeine Morgain, Echtra Cormaic meic Airt, Noinden Ulaid, Scél Tuán meic Cairill, Tochmarc Emire, Togail Bruidne Da Derga*), le béim fé leith ar Chúige Mumhan. Roinnt eile díobh, is ábhar cráifeach (.i. *Beatha Bairre Corcuidhe, Beata Mo Laga, Betha Sain Seoirsi, Da brón flatha nimhe, Imruim churaig ua Corra, Scél Saltrach na Muic, Tuaruscáil Iudáis Scairioth*) atá i gceist. Arís, téacsanna áirithe díobh sin, tá béim Mhuimhneach iontu .i. *Beatha Bairre Corcuidhe* agus *Beata* [sic] *Mo Laga*. Mar sin, is féidir meon na Róisteach a aithint ó rogha na dtéacsanna. Is léargas í an lámhscríbhinn seo ar an nGaelú a chuaigh ar na Róistigh. Léiríonn sí an spéis a bhí acu i stair ársa agus reiligiúnach na hÉireann agus, go háirithe, stair Chúige Mumhan. Go deimhin, murach go luaitear na Róistigh go minic mar phátrúin sa lámhscríbhinn, b’éasca a mheas gur lámhscríbhinn í seo a tiomsaíodh do theaghlach Gaelach:

Thus, the Book of Fermoy in its entirety may be seen as a result of the dissociation of an Anglo-Norman family from English culture and their national and local affiliation to Ireland in general and to Munster in particular. The contents of the Book of Fermoy encapsulates the Irish cultural memory.

¹⁸⁵ Ibid., lch. 25. Féach freisin Ó Cuív, B., ‘A poem in Praise of Ragnall, King of Man’, in *Éigse*, 8 (1957), 283-301.

That the texts in the manuscript were compiled for the Roches is indicative of their sense of identity and belonging in Irish society and culture.¹⁸⁶

Gné an-tábhachtach den lámhscríbhinn seo ná an bhéim a chuirtear ar mhná inti. Mar a luadh cheana, tá sé dhán inti a luann bean nó mná darbh ainm Siobhán; dán amháin díobh, *Néal ríoghna ós ráith Iughaine*, do Shiobhán féin agus dán eile díobh, *Teach dá ríoghan ráith Caisil*, di féin agus dá deirfiúr, Mór. Ní hamháin sin ach tá trí dhán sa lámhscríbhinn do Mhór Ní Bhriain, bean chéile le Tiarna éigin de chuid na Róisteach (tharlódh gur bhean Dháibhí Mhóir í) .i. *Ní fá hinmhe is measta Mór, Ó mhnáibh ainmnightheair Éire agus Olc an cumthach an chumha*. Freisin, tá trí dhán sa lámhscríbhinn do bhean chéile ‘Dáibhí de Róiste’ eile, Caitilín .i. *Díleas gach énduine a eidhreacht, Dlighim íoc as m’fhearacht gráidh agus Fada is mná maithe mná Mumhan*. Is minic freisin go mbíonn *iargcomhairc* sna dánta eile a thagraíonn do mhná céile agus do mháithreacha na dTiarnaí Róisteacha. Ní haon ionadh mar sin go mbeadh dán molta ann d’Aimi, nach luann a fear céile fiú.¹⁸⁷

An t-ábhar is tábhachtaí ó thaobh léann na nGearaltach atá sa lámhscríbhinn seo ná an cnuasach filíochta a dtagraítear dó mar ‘Duanaire Ghearóid Iarla’.¹⁸⁸ Mar a phléifear ar ball,¹⁸⁹ is cnuasach é seo de thríocha dán a leagtar ar leathdheartháir Aimi, Gearóid Iarla, tríú hIarla Dheasmhumhan (†1398), an duine is cáiliúla de shliocht na nGearaltach i dtraidisiún léann na Gaeilge. Dar leis an scríobhaí, as ‘meamram’ a bhí ‘garb clumach’ a cóipeáladh an Duanaire.¹⁹⁰ Níl dabht ach gur de thoradh an phósta idir Aimi agus Dáibhí de Róiste a tharla an ‘meamram’ sin a bheith i seilbh na Róisteach, mar a mhaígh Katharine Simms:

¹⁸⁶ Dahl Hambro, ‘Hiberniores ipsis hibernis’, 107. Tá an cheist seo (.i. Leabhar Fhear Maighe mar lámhscríbhinn Ghaelach) pléite go cuimsitheach ag Dahl Hambro san alt tábhachtach seo.

¹⁸⁷ Phléigh an tOllamh Pádraig Ó Macháin an bhéim seo a chuirtear ar mhná san fhilíocht i Leabhar Fhear Maighe i léacht a thug sé maidir leis an bhfilíocht sa lámhscríbhinn sin [Fermoy Heritage Conference 2015: *The Medieval Book of Fermoy: Content & Context*, 3 Bealtaine 2015: ‘Poetry in the Book of Fermoy’]. Mo bhuíochas leis an Ollamh Ó Macháin as a chomhairle agus a thuairimí a roinnt liom agus mé ag plé leis an dán seo. Maidir le tábhacht na mná san fhilíocht sa lámhscríbhinn seo agus i bhfilíocht na scol i gcoitinne, féach McManus, D., ‘Celebrating the Female in Classical Irish Poetry: the Wife’, in *Ériu*, 65 (2015), 137-68.


¹⁸⁸ Leagtar dán eile, *Fuatha liom-sa fuatha Chormaic*, ar Ghearóid Iarla sa lámhscríbhinn seo. Níor áirigh Mac Niocaill an dán sa *Duanaire* áfach, mar faightear leis féin é i gcuid eile den lámhscríbhinn. Féach RIA 1134 [23 E 29 - Leabhar Fhear Maighe], lch 122: ‘Geroid Iarla (do) cum na fuatha bega so siis’. Féach freisin *ABM*, #254 (cóip dhéanach as RIA 487 [23 N 11]).

¹⁸⁹ Féach Caibidil 4.4.

¹⁹⁰ RIA 23 E 29 [Leabhar Fhear Maighe], lch. 168.

It was no doubt because of this family link [.i. Aimi] that the Roche's Book of Fermoy also contains an anthology of most of the extant poems attributed to *Gearóid Iarla* ('Earl Gerald'), apart from some of more doubtful authorship preserved in the early sixteenth-century Scottish Book of the Dean of Lismore.¹⁹¹

Is í Aimi an nasc lárnach idir Gearóid agus Leabhar Fhear Maighe. Tá nascanna éagsúla ann idir í, Gearóid agus an lámhscríbhinn mar a léirítear sa chraobh ghinealaigh thíos. Bhí iníon le hAimi agus Dáibhí, Caitilín, pósta le Diarmaid Mac Cárthaigh (Tiarna Mhúscraí, †1381) agus bhí mac leo siúd .i. garmhac Aimi, Cormac, ar altramas léi tar éis 1375. Freisin, i ndiaidh bhás Sheáin, mac le hAimi agus Dáibhí, thart ar an mbliain 1387, is do Ghearóid Iarla a tugadh smacht ar ghabháltais na Róisteach, ós rud é nach raibh garmhac eile le hAimi, Muiris, mac Sheáin agus Tiarna Fhear Maí ar ball, tagtha in aois fir.¹⁹² Agus smacht ag Gearóid ar thailte na Róisteach, is dócha go raibh idirphlé leanúnach eatarthu ag an am, gan trácht ar an ngaol a bhí acu le chéile. Ba do mhac leis an Muiris seo, Dáibhí Mór, a tiomsaíodh Leabhar Fhear Maighe. Leis na nascanna seo go léir idir Gearóid, na Róistigh agus an t-aos léinn ag an am, ní haon ionadh go bhfaighfí *Duanaire Ghearóid Iarla* sa lámhscríbhinn seo de chuid na Róisteach.¹⁹³




¹⁹¹ Simms, 'The Geraldines and Gaelic Culture', 266-7.

¹⁹² Mac Cotter & Nicholls, *The Pipe Roll of Cloyne*, 183; *RCH*, 133a, §92 [12 Feabhra 1387].

¹⁹³ Ábhar spéise eile ná go bhfaightear an t-ábhar go léir a léiríonn nascanna leis na Gearaltaigh sa chuid chéanna den LS seo .i. idir lch. 146 agus lch. 168. (Tá thart ar 240 leathanach sa lámhscríbhinn 23 E 29.) Mar shampla, i lár na lámhscríbhinne, faightear *Mise, a Aimi, ar h'inchaibh féin* (lch. 146); ábhar a bhreac Torna Óg Ó Maoil Chonaire (mar shampla, lch. 153: 'misi Torna (mac) Torna .h. Maoil Chonaire do scríbh an cairt so'); *Duanaire Ghearóid Iarla* (lch 159-164 agus 166-168); agus ábhar a bhaineann le Fionntán Mac Bóchra (lch 158). Maidir le Fionntán, féach Caibidil 6.4.1.

Is ionann is cinnte, mar sin, gur mar thoradh ar phósadh Aimi agus ar nascanna a sleachta le Gearóid Iarla, a tharla a chuid filíochta san a bheith i Leabhar Fhear Maighe. Is fianaise í an fhilíocht sin ar an nGaelú a chuaigh i bhfeidhm ar na Gearaltaigh agus ar an tábhacht a bhaineann le Gearóid Iarla mar phearsa lárnach i dtraidisiún léann na hÉireann.

Caibidil 4: Gearóid Iarla, Clann Ghearóid, agus Cúrsaí Teanga



4.1 Réamhrá

Sa chaibidil seo, pléifear an tríú hIarla, Gearóid Iarla, an té is iomráití d'Iarlaí Dheasmhumhan. Tabharfar gearr-chuntas ar a shaol, ar an gcaidreamh a bhí aige leis na Gaeil agus leis na Sean-Ghaill, agus ar a chlann. Scrúdófar ansin na teangacha a bhí á labhairt agus a bhí in úsáid ag na hIarlaí sa tréimhse seo agus, ar deireadh, déanfar plé ar fhilíocht Ghearóid i gcomhthéacs na gcúrsaí teanga sin.

4.2 An Cúlra Stairiúil

4.2.1 Saol Gearóid Iarla

Ba é Gearóid Iarla an tríú mac a bhí ag an gcéad Iarla, Muiris mac Thomáis, agus a bhean, Aibhilín Nic Mhuiris. Glactar leis gur rugadh Gearóid sa bhliain 1338,¹ ós rud

¹ Féach, mar shampla, Mhac an tSaoi, M., 'Ar Thóir Ghearóid Iarla', in *Oghma*, 2 (1990), 20; Cussen, C., *Gearóid Iarla 1338-1398: Nótaí* (Clódhanna Teoranta, BÁC, 1978), 6; Ó Tuama, S., *An Grá i bhFilíocht na nUaisle* (An Clóchomhar, BÁC, 1988), 12; Mac Craith, M. S., O. F. M., *Lorg na hIasachta ar na Dánta Grá* (An Clóchomhar, BÁC, 1989), 54. Is spéisiúil nach luann Cokayne dáta breithe Ghearóid in aon chor, cé go dtugann sé dátaí breithe na nIarlaí eile de ghnáth. Is dócha nár cheap Cokayne go bhféadfaí bheith cinnte gur in 1338 a rugadh é. Féach G.E.C., *Peerage*, iv, 243.

é gur bronnadh gabháltais na hIarlachta air i mí Iúil na bliana 1359 agus, dá bhrí sin, gur mheas staraithe go raibh sé tagtha in aois fir sa bhliain sin. Tharlódh, áfach, nach raibh an teideal faighte aige roimh shamhradh 1363, nuair a thagraítear dó sna cáipéisí oifigiúla mar Iarla Dheasmhumhan den chéad uair.² Mar sin, ní féidir a rá go sonrach gur in 1338 a rugadh Gearóid Iarla agus, go deimhin, b'fhéidir nár rugadh é go dtí 1342, nó thart air sin, sa tslí is go mbeadh aois fir sroichte aige thart ar 1363, nuair a thagraítear dó mar Iarla don chéad uair.

Mar a dúradh i gCaibidil 3, bhí ar Mhuiris, a bhean, Aibhilín, agus beirt pháistí leo dul go Sasana sa bhliain 1346 le maithiúnas a lorg ó Rí Shasana, agus coimeádadh na páistí mar ghialla i ndiaidh do Mhuiris filleadh ar Éirinn.³ Maireann cáipéis a chruthaíonn go raibh Muiris Óg in éineacht le Muiris agus Aibhilín,⁴ ach ní thugtar ainm an pháiste eile. Mheas scoláirí áirithe gur Nioclás a bhí i gceist,⁵ ach ós rud é gur duine le Dia ab ea Nioclás, tharlódh gur Gearóid a bhí ann. Dá mba rud é go mbeadh Nioclás in éineacht lena athair agus a dheartháir agus é i Sasana, is dócha go mbeadh aithne éigin curtha ag Rí Shasana air siúd chomh maith le Muiris Óg. Dá mbeadh, is ait go ndéanfaí imscrúdú ar chás Niocláis sa bhliain 1358, rud a tharla.⁶ Tugann an t-imscrúdú sin le fios nach raibh cás Niocláis, nó comharbacht na hIarlachta, cinnte ag an am sin. Is deacair, mar sin, a chreidiúint gurbh é Nioclás an dara mac a chuaigh go Londain le Muiris mac Thomáis. Fágann sin beirt mhac, Gearóid agus Seán, mar a luaigh Mhac an tSaoi:

Tugann Gofraidh Fionn, an file, ina dhán, leanbh 'ó Lunnainn na ríogh' ar Ghearóid, agus má ghlactar leis sin sa chiall litriúil thabharfadh sé le fios gurbh é Gearóid an dara mac a chuaigh go Londain cé nárbh é an dara mac de réir aoise é. [...] Ach mura bhfuil Gofraidh ach ag tagairt don cheangal idir an teaghlach i gcoitinne agus cumhacht Shasana, tharlódh gurbh iad Muiris óg agus an dara deartháir, Nioclás, [...] a chuaigh go Londain, nó Muiris óg agus an ceathrú deartháir féin, Seán Deasmhumhan...⁷

² *Cal. Pat. Rol.* Edw. III [30 Bealtaine agus 17 Meitheamh 1363]

³ Féach Caibidil 3.2.4 agus 3.2.5.

⁴ *Cal. Pat. Rol.* Edw. III [20 Bealtaine 1350].

⁵ Féach, mar shampla, Waters, *Earls of Desmond in the Fourteenth Century*, 90.

⁶ *Cal. Cl. Rol.* Edw. III [8 Deireadh Fómhair 1358].

⁷ Mhac an tSaoi, 'Ar Thóir Ghearóid Iarla', 26.

An fhadhb a bhaineann leis an tuairim seo fé Sheán ná nach bhfuil mórán fianaise ann in aon chor go raibh mac ag Muiris darbh ainm Seán. Ní luaitear ainm Sheáin sna cáipéisí roimh *Seanchas na nGearaltach* (1) in 1530, agus b'fhéidir go raibh dul amú ar staraithe. Fiú dá mba rud é go raibh an mac seo ag Muiris, bheadh sé an-óg in 1346 (ós rud é gur idir 1338 agus 1342 a rugadh Gearóid) agus ba luachmhaire ar fad Gearóid Iarla mar ghiall ná Seán nó, go deimhin, Nioclás, óir ba é Gearóid oidhre Mhuiris Óig. Dhealródh sé go bhfuil fianaise áirithe go raibh Gearóid i Londain ina óige sa dán *A Ghearóid, déana mo dháil*, a chum Gofraidh Fionn Ó Dálaigh agus Gearóid ina 'óigleanaibh'.⁸ Sa dán, glaonn Gofraidh 'a leinbh a Lunnainn na Ríogh' ar Ghearóid.⁹ Is léir ón dán go raibh Gearóid Iarla óg go leor agus Gofraidh á chumadh, agus b'fhéidir go raibh Gearóid i Londain agus an dán á dhéanamh ag Gofraidh.¹⁰ Dá mba rud é go raibh, bheadh Gearóid idir ceithre bliana d'aois agus ocht mbliana d'aois nuair a chuaigh sé sall, agus ina óg-leanbh dá réir. Luaigh Cussen an tuairim seo chomh maith, cé nach raibh sí cinnte fé:

Is dócha, mar sin, gurbh é Muiris a chuaigh go Sasana, agus b'fhéidir leis Nicholas ar dhuine le Dia é agus gan mórán eolais ina thaobh. I ndán eile deir Gofraidh faoi Ghearóid "a leinbh, ó Lunnainn na ríogh" [...] B'fhéidir go raibh Gearóid i Londain nuair a scríobhadh an dán, nó b'fhéidir gurb é a chine atá i gceist. Ní féidir a bheith cinnte ina thaobh san.¹¹

Tagraíonn Cussen agus Mhac an tSaoi araon don líne mar 'ó Lunnainn na ríogh'. Ní léir cén fáth. Sa bhun-lámhscríbhinn, is léir gur 'A leinb a Lunnainn na ríogh' atá i gceist.¹² D'fhéadfaí an líne a léamh mar 'a leanbh as Londain na Ríthe' agus, fós féin, d'fhéadfaí an chiall a bhaint as sin gur chaith Gearóid tréimhse ann. Maidir le tuairim Cussen fé chine Ghearóid, b'ait go ndéanfadh Gofraidh tagairt dó sin. Ní raibh aon nasc láidir ag cine Ghearóid le Londain, seachas a shean-mháthair, Margaret de Berkeley, a bhí marbh le fada fén am sin, agus ní léir cén fáth go ndéanfadh Gofraidh Fionn tagairt dá cine sin. Go deimhin, i ndán eile a chum Gofraidh do Ghearóid, *Iongaibh thú orm a Iarla*, ghlaigh Gofraidh 'a Iarla Inse

⁸ *DiD.*, #67, véarsa 1.

⁹ *Ibid.*, véarsa 42.

¹⁰ Is léir ón aistriúchán a dhein Mac Cionnaith nár cheap sé a leithéid. D'aistrigh sé an líne seo mar 'O youth from royal London' .i. ag aistriú 'a' mar 'as' na Nua-Ghaeilge. Féach *Ir. Monthly* 47, 513.

¹¹ Cussen, *Gearóid Iarla*, 8.

¹² LNÉ G 992 [An Duanaire Núinseannach], f. 18r, líne 8.

finnGhréag’ ar Ghearóid.¹³ (An-seans gur ag tagairt do chine ‘Gréagach’ Ghearóid a bhí Gofaidh anseo - ag tarraingt ar mhíotas bunaidh na nGearaltach,¹⁴ mar ba ghnáthnós é i measc na bhfilí a chum filíocht dosna Gearaltaigh ar ball.) B’aisteach d’fhile Gaelach tagairt do chine ‘Sasanach’ na nGearaltach.

D’fhéadfaí an chiall ‘i Londain na ríthe’ a bhaint as an líne seo freisin, agus dá mba rud é gurbh é sin a bhí i gceist ag Gofraidh, tharlódh gur tógadh Gearóid i Londain. B’fhéidir freisin, dá bhrí sin, go raibh aithne ag an Rí ar Ghearóid, agus gur mar thoradh ar an aithne sin a dhein sé Giúistís Éireann de ar ball, sa bhliain 1367, cé nach léir go raibh an-spéis ag Gearóid sa pholaitíocht.¹⁵ Cé nach féidir a mhaíomh le cinnteacht gurbh é Gearóid an dara mac a thaistil go Sasana le Muiris mac Thomáis in 1346, tá ar a laghad fianaise áirithe ann de seo, rud a chaitheann amhras ar an tuairim gurbh é Nioclás a bhí i gceist.

Ábhar spéise é nach luaitear Gearóid arís i bpáipéir stáit na Breataine tar éis 1368.¹⁶ Is dócha nach raibh mórán caidrimh aige le cúirt Shasana tar éis dó éirí as bheith ina Ghiúistís. Níl scoláirí ar aon fhocal fé stádas Ghearóid mar fheidhmeannach Sean-Ghallda in Éirinn. Ceapann cuid acu nár spéis leis bheith páirteach i rialtas na nGall sa tír, ach dar le húdair eile, bhí páirt thábhachtach aige ann:

The disparity of opinion which has resulted from this ambiguity [.i. fén gceangal a bhí ag Gearóid leis an rialtas Gallda] is striking. Richardson and Sayles tell us he avoided office, whereas Watt tells us he ‘filled a variety of posts under the crown’. Harbison and Curtis tell us that he was highly gaelicized but Watt shows some doubt...¹⁷

¹³ *DiD.*, #101, véarsa 56.

¹⁴ Féach Caibidil 1.3.2 agus Caibidil 6.4.1.

¹⁵ *Cal. Pat. Rol.* Edw. III [20 Feabhra 1367]; Richardson & Sayles, *Parliaments and Councils*, i, 24-5.

¹⁶ Féach, mar shampla, *Cal. Pat. Rol.* Edw. III [10 Meitheamh 1368]. Luaitear Cuntaois Dheasmhumhan ó am go ham sna páipéir stáit le linn Iarlacht Ghearóid ag plé le ‘the manor of Inskysty’ .i. mainéar Eas Géitine. Aibhilín, máthair Ghearóid, atá i gceist sna hiontrálacha seo. Féach, mar shampla, *Cal. Pat. Rol.* Edw. III [1 Samhain 1367 agus 2 Nollaig 1374]. Luaitear ainm Ghearóid freisin in 1384, agus litreacha óna thréimhse mar Ghiúistís á phlé. Féach *Cal. Pat. Rol.* Ric. II [20 Bealtaine 1384].

¹⁷ Waters, *Earls of Desmond in the Fourteenth Century*, 5. Féach freisin Richardson, H. G. & Sayles, G. O., *The Irish Parliament in the Middle Ages* (University of Pennsylvania, Philadelphia, 1952 - athchló, Oxford University, Oxford, 1964), 107; Watt, ‘Anglo-Irish colony’, 358; Curtis, *Medieval Ireland*, 280-1.

Ba in aimsir Ghearóid a reachtaíodh Statúid Chill Chainnigh.¹⁸ Iarracht a bhí sa reachtaíocht seo le méadú ar an deighilt idir na Gaeil agus na Sean-Ghaill. Tharlódh gur sampla é meon nó iompar Ghearóid Iarla féin den fáth nár éirigh leis an reachtaíocht seo. Go deimhin, ba é Gearóid Giúistís Éireann sa tréimhse a lean reachtú na Statúide agus ní dócha, i bhfianaise na spéise a bhí aige i gcultúr na Gaeilge agus ón gcaidreamh a bhí aige leis na Gaeil, gur thacaigh sé leo:

Bíodh is gurbh é bun-aidhm na ndlíthe sin an tsaíocht Angla-Normannach agus an tsaíocht Ghaelach a choimeád deighilte óna chéile, fós bhí Gearóid féin ar dhuine díobh sin a bhí imithe glan cheana féin leis an saíocht Ghaelach. Bhí sé imithe go speisialta le filíocht Ghaeilge agus le pátrúnacht ar fhilíocht Ghaeilge – rinne sé féin agus a mhuintir roimhe pátrúnacht ar an té ba mhó le rá d'fhillí na scoileanna sna haoiseanna sin, Gofraidh Fionn Ó Dálaigh.¹⁹

Is léir, cibé an do Ghearóid atá an buíochas le dul nó nach dó, nár éirigh leis an reachtaíocht seo ar chor ar bith.²⁰

Maidir le caidreamh Ghearóid leis na Gaeil, bhí nascanna láidre ag Gearóid leis na Cárthaigh agus bhí ceangal áirithe aige leis na Brianaigh, go háirithe tar éis 1380, ach deintear trácht air i gcomhthéacs theaghlaigh Ghaelacha eile sna rollaí seansaireachta Éireannacha freisin. Is mar idirghabhálaí idir na Gaeil agus cúirt Shasana a luaitear é go hiondúil. Sa bhliain 1375, luaitear gur bronnadh 'grant [...] of English liberty' ar 'Omolrony Ogriffa, chieftain of his lineage, Mulrony his son, and Nell Ogriffa and Dermitius Ogriffa, brothers of Mulrony, because they have become faithful lieges of the K[ing]...' ²¹ Ní hamháin sin, ach sa bhliain chéanna, deirtear go bhfuair Gearóid

¹⁸ Féach, mar shampla, Curtis, *Medieval Ireland*, 227-40; Otway-Ruthven, J., *A History of Medieval Ireland* (Barnes & Noble, New York, 1968 - tríú heagrán, 1993), 290-4; Nicholls, *Gaelic and Gaelicized*, 53-4; Hardiman, J., (ed.), *A Statute of the Fortieth Year of King Edward III., enacted in a parliament held in Kilkenny, A.D. 1367, before Lionel Duke of Clarence, Lord Lieutenant of Ireland* (Ir. Arch. Soc., Dublin, 1843).

¹⁹ Ó Tuama, *An Grá i bhFilíocht na nUaisle*, 12

²⁰ Lydon, J., 'The Problem of the Frontier in Medieval Ireland', in Crooks, P., (ed.), *Government, War and Society in Medieval Ireland: Essays by Edmund Curtis, A.J. Otway-Ruthven and James Lydon* (FCP, Dublin, 2008), 331.

²¹ CIRCLE, *Pat. Rol.* 49 Edw. III [6 Nollaig 1375]; *RCH*, 93a, 121-2 [6 Nollaig 1375].

agus an Giúistís William de Windsor²² cead do Mhaitiú Mac Conmara, cléireach ó dheoise Chill Dalua, dul ag staidéar go hOxford agus in ionaid léinn eile i Sasana:

At the request of Conmarre MacConmarre, chieftain of his lineage, and having accepted on his behalf the testimony of the venerable father Stephen [Valle], bishop of Meath, that Matheus McConmare, Irishman and clerk of the diocese of Killaloe, is at the K.'s peace and faith, the K. has granted him licence to cross to Eng. to study in the schools of Oxford or elsewhere in Eng. as he sees fit, and to remain there on his education for as long as he wishes, his Irish condition or any ordinance or proclamation made to the contrary before this time notwithstanding; so long as he maintains himself well and faithfully towards the K., his heirs and ministers, and keeps the K.'s peace. Attested: William Windsor, governor [and keeper] of Ire.²³

(Tharlódh go bhfuair Maitiú Mac Conmara an cead seo, ós rud é go raibh gaol leis, Cú Mara Mac Conmara, ar slógadh i gcoinne na mBrianach ar son na nGall i gCúige Mumhan thart ar an mbliain 1374.)²⁴

Is deacair tuairim shoiléir a fháil den chaidreamh a bhí ag Gearóid leis na Brianaigh. Tá an chuma ar an scéal gur réitíodar go maith le chéile sna 1380idí mar a phléifear thíos, ach roimhe sin, ní féidir léargas soiléir a fháil ar an scéal. Is léir go raibh cogadh dearg á chur ar Chúige Mumhan ag na Brianaigh in aimsir Ghearóid agus go raibh idir Ghaeil agus Ghaill sáite san aighneas. Sa bhliain 1370, briseadh ar fhórsaí Ghearóid ag Mainistir an Aonaigh agus é ag troid i gcoinne na mBrianach. Gabhadh

²² Giúistís Éireann ó 1373 go 1376. Féach, mar shampla, *NHI*, ix, 474.

²³ CIRCLE, *Pat. Rol.* 49 Edw. III [26 Iúil 1375]. Féach freisin *RCH*, 96b, §219 [26 Iúil 1375]; Cussen, *Gearóid Iarla*, 26; *Geraldines*, 105. Cé nach luaitear Gearóid Iarla san iontráil féin, luaigh Curtis go raibh baint aige leis an gcead seo a fháil do Mhac Conmara. Féach Curtis, *Medieval Ireland*, 280. Is ó *Collectanea* Walter Harris a fuair Curtis an tagairt seo do Ghearóid Iarla ('Harris, *Collect.* III, p. 209'). Is dócha gur luadh Gearóid sna rollaí seansaíreachta féin iontráil a bhain le Mac Conmara, agus gur chóipeáil Harris ón bhfoinse sin é. Scríosadh na rollaí sin in Oifig na dTaifead Poiblí in 1922. Féach freisin McNeill, C., 'Harris: Collectanea de Rebus Hibernicis', in *Anal. Hib.*, 6 (1934), 351. Cé nach dtugtar cur síos sa chatalóg seo ar a bhfuil i *Collectanea* III, deirtear gur ó na rollaí seansaíreachta a tháinig formhór an ábhair.

²⁴ *RCH*, 86a, §21 [7 Bealtaine 1374]. Féach freisin Harbison, S., 'William of Windsor and the Wars of Thomond', in *JRSAL*, 119 (1989), 98-112.

Gearóid agus cuireadh é i ngéibheann.²⁵ Bhí sé fós sa phríosún sa bhliain 1371 agus d’fhan sé ann go dtí gur fhuascail de Windsor é i ndeireadh na bliana sin:

Níor tháinig aon chabhair chuige go dtí gur íoc an Fear Ionaid de Windsor airgead mór leis an mBrianach chun é a fhuascailt. Ábhar suntais i ndánta Ghearóid nár ghlac sé olc leis an mBrianach fiú nuair a choimeád sé i bpríosún é. Ní braighdeanas ródhian a bhí ann ar ndóigh...²⁶

Mar a luaigh Cussen, níor caitheadh go ró-olc leis agus é i ngéibheann ag na Brianaigh. Is léir go raibh an deis aige filíocht a chumadh agus é ann agus luann sé i ndán leis go bhfuair sé beoir agus gur cuireadh ceol ar fáil dó agus é ann:

Cruit Í Bhriain fá sirim beoir
(fa hiad mo thrí ceoil do ghnáth)...
faoidh chluig Innse don taobh thiar,
nuall na lice ag triall sa sál:

giodh glé binn an leac rem’ thaoibh
agus gé binn faoidh an chluig
dar a’ rí fhuil os mo chionn
is robhinne liom an chruit.²⁷

Níor cheap Gearóid gur caitheadh go holc leis pé scéal é, mar a d’inis sé i ndán a chum sé dá chara Diarmaid Mac Cárthaigh (†1381):

Mór idir a-nocht ’s a-réir
ní thuigim féin mar a-táim
dar liom féin, ní holc mo ghean
gé tá mé re seal i láimh.²⁸

²⁵ *AConn*, s.a. 1369.11. Féach freisin *ALC*, s.a. 1369; *ARÉ*, s.a. 1369.11; *AU*, s.a. 1366; *Grace*, s.a. 1370; *Pembridge*, s.a. 1370; *Marys A*, s.a. 1370; *Per. B*, s.a. 1370; *Marl.*, s.a. 1370.

²⁶ Cussen, *Gearóid Iarla*, 20 agus 22. Féach freisin Richardson & Sayles, *Parliaments and Councils*, i, 43; Mac Niocaill, ‘Duanaire Ghearóid Iarla’, 9.

²⁷ *Ibid.*, 22, #VII, véarsaí 3 agus 4.

Feictear nár theastaigh uaidh troid i gcoinne na mBrianach arís sa bhliain 1382, nuair a ordaíodh dó ‘proceed to Limerick to subdue the malice of Obreen and his adherents’²⁹ ach ghabh sé leithscéal agus dúirt nárbh fhéidir leis ‘on account of the great expense he incurred fighting against his adversaries of the parts of Desmond’.³⁰ Tacaíonn an méid seo lena ndeir Gearóid ina dhán:

Fuilingim tír na nÉireannach
nach rachainn i gceann Ghaoidheal
mina tíosadh éigeantas
ó ríogh Shaxan dom laoideadh.³¹

Ní hamháin nár theastaigh ó Ghearóid troid i gcoinne na mBrianach, ach is follas go raibh cairdeas áirithe eatarthu, óir fuair Gearóid cead speisialta lena mhac, Séamus (séú hIarla, †1463), a chur ar altramas leis na Brianaigh sa bhliain 1388, rud a bhí glan i gcoinne Statúid Chill Chainnigh.³²

Cé gur réasúnta annamh a thagraíonn na foinsí don chairdeas seo leis na Brianaigh, tá go leor fianaise ann don dlúthchairdeas a bhí ag Gearóid le Cárthaigh na linne agus thug sé an méid sin le fios ina chuid filíochta. Bhí Carney den tuairim go mb’fhéidir go raibh Gearóid ar altramas leis na Cárthaigh agus é óg:

He had such a deep friendship for Diarmaid (d. 1381), son of Cormac Mac Carthaigh, that at some time in their lives he made a compact with him that he would include a reference to Diarmaid in every poem he wrote. Possibly the two were fostered together, but, however it be, this is a well-known bardic practice. He usually couples his stanza to Diarmaid with a stanza or two dealing with the hero of the Fianna, Diarmaid son of Donn Ó Duibhne, lover of Gráinne. It seems clear that in some playful way he identifies

²⁸ Ibid., 39, #XX, véarsa 1.

²⁹ CIRCLE, *Cl. Rol.* 5 Ric. II [18 Eanáir 1382].

³⁰ Ibid.

³¹ Mac Niocaill, ‘Duanaire Ghearóid Iarla’, 18, #V, véarsa 6.

³² Féach, mar shampla, *RCH*, 139a-b, §82 [*recte* §88]; *Geraldines*, 105; Cussen, *Gearóid Iarla*, 22; Lodge & Archdall, i, 65.

Diarmaid Mac Carthaigh with Diarmaid Ó Duibhne, and references to the latter are implicitly references to the former.³³

Ní hamháin gur chum sé dánta do Dhiarmaid ach chum sé dánta áirithe dá mhac, Cormac, chomh maith, mar a phléifear ar ball. Is é an Cormac seo an fear céanna a bhí ar altramas lena shean-mháthair, Aimi (.i. deirfiúr Ghearóid), sa bhliain 1375.³⁴ Bhí ar a laghad iníon amháin le Gearóid, Siobhán, pósta le duine de Chlann Chárthaigh, Tadhg na Mainistreach Mac Cárthaigh Mór.³⁵ Ní léir go raibh aon aighneas idir na Gearaltaigh agus na Cárthaigh sa tréimhse seo:

There is little evidence concerning this relationship during the careers of the second and third earls of Desmond. However, the lack of evidence for a breakdown in relations between the Anglo-Irish and the Mic Charthaigh Mór suggests that the earls retained their overlordship. A letter written by Tadhg Mac Carthaigh Mór to Richard II, king of England, at the close of the fourteenth century supports this. Tadhg himself states that he holds his lands of the king and *domini mei Comitis Dessemonie*.³⁶

4.2.2 Bean agus Clann Ghearóid Iarla

Phós Gearóid Eilionóir de Buitléir, iníon Shéamuis, dara hIarla Urmhumhan, nuair a fuair sé [.i. Gearóid] seilbh ar ghabháltais na hIarlachta in 1359.³⁷ Tharlódh go raibh Eilionóir ina pátrún ar an aos léinn, ós rud é go luaitear í sna foinsí seo agus go bhfuil cur síos uirthi ag Gofraidh Fionn Ó Dálaigh sa dán *Iongaibh thú orm, a Iarla*.³⁸ Chum Gearóid filíocht d'Eilionóir agus luaitear í go minic sa bhéaloideas atá tagtha anuas chugainn fé Ghearóid, mar a luafar ar ball. Ní fios go cinnte cé mhéad páistí a bhí acu le chéile, ach luaitear ar a laghad seachtar .i. Seán, Muiris, Séamus, Eilionóir, Eilís, Siobhán, agus Caitriona, i gcáipéisí éagsúla.

³³ Carney, J., 'Literature in Irish', in *NHI*, ii, 698. Féach freisin Cussen, *Gearóid Iarla*, 27-8; Mac Mathúna, S., 'An Filíocht a Leagtar ar Ghearóid Iarla i Leabhar Fhear Maí: Iontaofa nó Bréagach', in Burnyeat, A., Clancy, T. O., McLeod, W., Ó Maolalaigh, R., agus Stiúbhart, D. U., (eds.), *Bile ós chrannaibh: a Festschrift for William Gillies* (Clann Tuirc, Perthshire, 2010), 248-9.

³⁴ Féach Caibidil 3.3.6.

³⁵ Féach thíos, Caibidil 4.2.2.

³⁶ Waters, 'The Earls of Desmond and the Irish', 61.

³⁷ *Cal. Pat. Rol.* Edw. III [20 Iúil 1359].

³⁸ Féach Caibidil 5.4.4.

Ní luaitear formhór iníonacha Ghearóid ach go hannamh. Tá sé ráite go raibh iníon leis, Eilionóir, pósta le Brian Ó Ruairc, agus gur cailleadh í in 1389.³⁹ Bhí iníon eile leis, Eilís, pósta le duine de Mhuintir de Barra, Seán,⁴⁰ agus duine eile díobh, Siobhán, pósta le Tadhg na Mainistreach Mac Cárthaigh, agus luaitear í sin fé dhó sna hannála.⁴¹ Ní thugtar a thuilleadh eolais fé na hiníonacha seo sna cáipéisí atá tagtha anuas chugainn, ach maireann mórán eolais fé iníon amháin le Gearóid, Cairtríona. Tá cáil ar Chaitríona mar deintear cur síos ar an gcaidreamh a bhí idir í agus a huncail, Séamus, tríú hIarla Urmhumhan (†1405), mar chuid den scéal a thugtar i *Seanchas Buítléarach*.⁴² Is casta an scéal é, ach is cosúil gur fhág Cairtríona tigh a hathar⁴³ (nó gur díbríodh í) i ndiaidh scannail éigin, agus go raibh caidreamh aici le Séamus:

...the relationship between James, third earl of Ormond and his niece (sister's daughter), Katharine of Desmond, was probably not unique. The story, as told by a seventeenth-century genealogical collection, is highly scandalous (she left her father's home after being caught in an affair with her brother, was raped by her uncle Ormond with whom she had taken refuge, and thereafter regularized her position by poisoning his English countess, etc.) but much of this may be later imagination; that it should have been told in this form is however highly significant. From documentary evidence we know that the earl sought, apparently unsuccessfully, for a papal dispensation to marry her, in default of which he made an enormous settlement upon her and her sons by him, the ancestors of the later Butlers of Cahir.⁴⁴

³⁹ Cussen, *Gearóid Iarla*, 28. Ní léir dom, áfach, cá bhfuair Cussen an tagairt seo.

⁴⁰ CIRCLE, *Cl. Rol.* 17 Ric. II [26 Feabhra 1384]; Barry, *Barrymore*, 44.

⁴¹ *AConn*, s.a. 1411.2 [nóta báis Shiobháin]; *AI*, s.a. 1428.1 [nóta báis Thaidhg]. Dar le Lodge, bhí an bhean seo pósta le Tiarna Chiarraí ach níl aon fhianaise den phósadh sin. Féach Lodge & Archdall, i, 66.

⁴² Féach, mar shampla, *CT*, i, 164-6; *Ó Cléirigh*, §2107-2113. Féach freisin de Buítléir, *Buítléaraigh*, 15-53 agus 395-9. Pléitear ábhar agus leaganacha éagsúla an scéil i saothar de Buítléir.

⁴³ Glaoítear ‘Seán’ ar a hathair i leaganacha áirithe den téacs, ach ba é Seán an deartháir is sine a bhí aici.

⁴⁴ Nicholls, *Gaelic & Gaelicized*, 86. Féach freisin Hammond, G. P., ‘James Butler, 3rd Earl of Ormond, and Catherine FitzGerald: Concerning W.F. Butler’s Treatise on “An Irish Legend of the Origins of the Barons of Cahir”’, in *JKAHS*, 2:13 (2013), 51-65; Butler, W. F., ‘An Irish Legend of the Origins of the Barons of Cahir’, in *JRSAI*, 55 (1925), 6-14; Kenny, G., *Anglo-Irish and Gaelic Women in Ireland c. 1170-1540* (FCP, Dublin, 2007), 127-8; Ó hÓgáin, D., ‘Two Geraldines as Butler

Mar a deir Nicholls, tá áibhéil sa scéal in áiteanna áirithe, ach tá fianaise a mhaireann do chuid áirithe den scéal seo freisin, mar a phléigh Gearóidín de Buitléir:

Le féachaint ar an scéal mar gheall ar Chaitriona agus tríú hIarla Urmhumhan déarfá gur cumadóireacht ghlan é. Ach ní hamhlaidh atá. Tá creatlach an scéil bunaithe ar an bhfírinne, pé rud faoi na mionsonraí. [...] Cé go bhfuil an scéal míchruinn i dtaobh an ghaoil idir Seán, Iarla Dheasmhumhan [.i. oidhre Ghearóid], agus Caitriona tá bunús leis an gcuid is mó de na sonraí eile. Is eol dúinn ó chuntaisí sna hAnnála gur bádh an t-iarla, Seán, sa tSiúir sa bhliain 1398/99.⁴⁵ Tharlódh leis gur cailleadh bean tríú hIarla Urmhumhan timpeall an ama sin. Is cosúil gur scríobhadh go dtí an Róimh ag lorg dispeansáide le go gceadófaí pósadh Shéamais le Caitriona. Maireann cáipéis dar dháta 3 Nollaig 1399 a dréachtadh do Chaitriona a deir go bhfuil sí sásta cíos bliantúil a bhronn Séamas uirthi a chealú má scríobhann seisean go dtí an Róimh don dispeansáid chéanna. Maireann cáipéis eile, leis, a bhaineann leis an gcaidreamh idir tríú hIarla Urmhumhan agus Caitriona ina luaitear an ceathrar mac a saolaíodh dóibh. Ós rud é gur cáipéis é seo ón mbliain 1405 is cosúil gur mhair an gaol idir an bheirt go dtí gur cailleadh Séamas. Ní fíor mar sin gur chuir Iarla Urmhumhan uaidh í mar a deirtear sa scéal cé go raibh sí pósta le Mac Thomáis ina dhiaidh sin ceart go leor. Casadh é sin a chuirtear ar an scéal chun Caitriona a dhíspeagadh.⁴⁶

Mar a luaitear anseo, bhí clann mhídhlisteanach ag Séamus de Buitléir agus Caitriona le chéile. Is ón mbeirt a shíolraigh Buitléaraigh Chathair Dhún Iascaigh.⁴⁷ Cailleadh Caitriona roimh 1420.⁴⁸

Brides (Some Legends from Kilkenny and Tipperary)', in *Béaloideas*, 78 (2010), 187-204, go háirithe 188-92.

⁴⁵ Thaispeáin Kenneth Nicholls gur in 1399 a cailleadh Seán. Pléifear seo ar ball.

⁴⁶ de Buitléir, *Buitléaraigh*, 28-30. Féach freisin *RCH*, 179a, §17 [4 Bealtaine 1404], §18 [§19 a thugann CIRCLE] [10 Bealtaine 1404], agus 190b, §49 [16 Eanáir 1409], ina nglaoitear 'Katherine Dormond' uirthi.

⁴⁷ Féach, mar shampla, *NHI*, ix, 169; de Buitléir, *Buitléaraigh*, 30 agus 137-8, nóta 77; Nicholls, *Gaelic & Gaelicized*, 198-9.

⁴⁸ CIRCLE, *Pat. Rol.* 7 Hen. V [6 Feabhra 1420].

Bhí triúr mac ag Gearóid Iarla agus Eilionóir .i. Seán (†1399), Muiris (†1401), agus Séamus (†1463) agus bhí ar a laghad beirt acu ina nIarlaí ar Dheasmhumhain, cé nach mbíonn scoláirí ar aon fhocal fé ord na nIarlaí sa tréimhse seo. Ní fios cathain a rugadh Seán, an mac ba shine, ach is dócha gur i seascaidí na ceathrú haoise déag a rugadh é.⁴⁹ Deirtear gur chaith sé tréimhse ar slógadh Rí Shasana in Albain.⁵⁰ Deineadh Sirriam Phort Láirge de sa bhliain 1393,⁵¹ agus deineadh ridire de roimh Aibreán 1395.⁵² Ba é a bhuail le Risteard, Rí Shasana, nuair a tháinig sé siúd go hÉirinn in 1395, mar a luaigh Cussen:

...is léir ó na cáipéisí staire go raibh a mhac John ag glacadh roinnt mhaith dá chúramaí air féin sna blianta déanacha. Ba é Sior Seon a chuaigh le fáilte a chur roimh Richard II nuair a tháinig sé go hÉirinn i 1395. Ordaíodh do Ghearóid dul go dtí Comhdháil 1395 ach níl a fhios agam ar dhein.⁵³

Bhí ina chogadh dearg arís idir Iarlaí Dheasmhumhan agus Iarlaí Urmhumhan go luath ina dhiaidh seo. Tharlódh gur ar Sheán a bhí an locht. I gcnuasach annála amháin tugtar an cur síos seo a leanas ar an eachtra a chuir tús leis:

Anno Domini m ccc nonagesimo sexto. Shane⁵⁴ fitz Thomas apud Waterford iam cum sua sequela interfecit Thomam le Butler fratrem Comitis Ermonie unde plura damna evenerunt dominiis utriusque nationis sed Comes Desmonie pro sua nacione concordavit cum Comite Ermonie pro morte fratris sui pro viii marcis argenti.⁵⁵

⁴⁹ Tharlódh gurbh í Cairtróna an páiste is sine ag Gearóid agus Eilionóir, agus go raibh sí nach mór ar chomhaois lena huncail Séamus, agus gur as teagmháil lena chéile go hóg a d'eascair cleamhnas eatarthu. Mo bhuíochas leis an Dr. Gearóidín de Buitléir as an tuairim seo a roinnt liom, agus as caidreamh Ghearóid Iarla leis na Buitléaraigh i gcoitinne a phlé liom.

⁵⁰ Féach, mar shampla, Lodge & Archdall, i, 66.

⁵¹ CIRCLE, *Pat. Rol.* 16 Ric. II [17 Feabhra 1393]. Deir Lodge gur deineadh 'Sheriff of Kerry' de, ach, mar a luaigh Cokayne, duine de Mhuintir Mhic Mhuiris a bhí i gceist. Lodge & Archdall, i, 66; G.E.C., *Peerage*, iv, 245, nóta (a). Féach freisin *RCH*, 125a, §114-5 [12 Aibreán 1386].

⁵² *RCH*, 154b, §59 [gan dáta]. Féach freisin G.E.C., *Peerage*, iv, 245.

⁵³ Cussen, *Gearóid Iarla*, 30.

⁵⁴ Sa dara leagan [BL. Add. 4793] a mhaireann de na hAnnála seo, glaoitear 'Johannes' air.

⁵⁵ *Per. A.*, s.a. 1396: 'A.D. 1396. Mharaigh Seán mac Thomáis lena lucht leanúna Tomás de Buitléir, deartháir Iarla Urmhumhan i bPort Láirge as ar tháinig mórán gortuithe ar Thiarnaí an dá chine, ach ar son a chine féin, d'aontaigh Iarla Dheasmhumhan le hIarla Urmhumhan, 8 marc airgid [a íoc] ar son bhás a dhearthár.' Mar a luaigh Nicholls: 'It [na hAnnála seo] bears no resemblance to any of the better-known collections of Anglo-Irish annals touching this period, such as those published under the names of Marleburrough or Dowling. In spite of this, and of its containing one or two items otherwise

Ní léir ón méid seo cérbh é ‘Shane fitz Thomas’, ach tuigtear ón téacs gur duine de Ghearaltaigh na Mumhan a bhí i gceist. Ghlaigh Nicholls ‘John fitz Thomas of the Geraldines’ air,⁵⁶ ach bhí Dorothy Johnston den tuairim gur Seán mac Ghearóid Iarla a bhí i gceist.⁵⁷ Ní fios an é Seán a dhein an beart mar sin, ach ó na tuairiscí atá tagtha anuas chugainn féna bhás, is léir go raibh aighneas de shaghas éigin idir é féin agus na Buitléaraigh. Bád é in 1399 in abhainn na Siúire ag Ard Fhíonáin. Ar feadh i bhfad, ní raibh scoláirí ar aon fhocal fé cathain a fuair sé bás, nó fé cad a bhí ar siúl aige nuair a cailleadh é. Dar le húdair áirithe, bhí sé ag iarraidh síocháin a dhéanamh leis na Buitléaraigh,⁵⁸ ach den chuid is mó, aontaíonn scoláirí gur ar slógadh i dtailte na mBuitléarach a bhí Seán ag an am.⁵⁹

Tugtar blianta éagsúla dá bhás sna foinsí.⁶⁰ Aontaíonn na dánta ginealais .i. *Canfaidher liom lorg na bhfear agus Cá méad gabhál fhuair Éire?* nach raibh sé ina Iarla ach bliain amháin i ndiaidh dá athair, Gearóid, bás a fháil:

unrecorded [... an iontráil seo, mar shampla...] it appears to have been hitherto largely unnoticed.’ Nicholls, K., ‘Late Medieval Irish Annals: Two Fragments’, in *Peritia*, ii (1985), 87.

⁵⁶ Nicholls, ‘Late Medieval Irish Annals’, 87. Tá Peter Crooks den tuairim gur duine de shliocht Mhic Thomáis a bhí i gceist. Féach Crooks, ‘James the Usurper’, 168, nóta 60: ‘The annals give the name of the perpetrator as “Shane [or, in another version, ‘Johannes’] fitz Thomas” [...] He has been identified several times as John, the future fourth earl of Desmond (d. 1399); but it is by no means certain that this identification is correct. The fourth earl of Desmond’s father was Gerald (i.e. *not* Thomas). There was a contemporary ‘John fitz Thomas fitz John Mac Gybon’ of Kilbolane who did homage to the bishop of Cloyne in 1403 [...] It is more probable, however, that ‘Shane fitz Thomas’ came from the branch of the Desmond Geraldines that descended in an illegitimate line from Sir Thomas ‘le Neve’, nephew of the first earl of Desmond; this sept was known as Fitz Thomas (later MacThomas) and had its base in west Waterford...’ Féach freisin Mac Cotter & Nicholls, *The Pipe Roll of Cloyne*, 128-31 agus 243-4.

⁵⁷ Johnston, D., ‘The Interim Years: Richard II and Ireland, 1395-1399’, in Lydon, J. (ed.), *England and Ireland in the Later Middle Ages: Essays in Honour of Jocelyn Otway-Ruthven* (IAP, Dublin, 1981), 183.

⁵⁸ Féach, mar shampla, Lodge & Archdall, i, 66. Ní haon ionadh, b’fhéidir, nach luaitear cad a bhí á dhéanamh aige i saothair Uí Dhálaigh agus Russell, staraithe Gearaltacha. Féach *Initium*, 13; *Russell*, 364. Críochnaíonn cuntas gairid i lámh Mhuiris Uí Ghormáin [TCD 1345, ff. 140-2 agus LNÉ G 144, ff. 143-4] ar na Gearaltaigh le cur síos ar bhás Sheáin: ‘Agus blíaghain iar sin bás Sheáin Iarla .i. a mhac sin, 7 a bhathadh fuair Finghin.’ Féach Aguisín 4.

⁵⁹ Féach, mar shampla, McCormack, *Earldom*, 40; Nicholls, *Gaelic and Gaelicized*, 192.

⁶⁰ Dar le *Seanchas na nGearaltach* (1): ‘*ando domini* míle ceithre céd a dó nó a naoi áis an tigerna an tráth sin’. Féach *CT*, i, 169. 1400 a bhí ag *Seanchas na nGearaltach* (2) agus an Ath. Ó Dálaigh. Féach *Ó Cléirigh*, §2135; *Initium*, 13. 1401 atá i liosta na nótaí báis in BL. Harl. 3576 agus 1410 atá in BL. Harl. 546. Féach freisin *Russell*, 364, ina dtugann sé an dáta 1426, ach ní féidir brath ar dhátaíocht Russell de ghnáth. Dar le Lodge: ‘he was unfortunately drowned in the year 1399 (say the annals) but according to the pedigree [.i. ‘Earl of Plymouth’s Pedigree’] in 1402’. Féach Lodge & Archdall, i, 66.

An seiseadh Iarla an fhoid
Sean na Suirghe mac Gearoid

Ní raibh sé dom fhíadhain ann
acht bliadhain ge raí ró ghann.⁶¹

Do ghabh Seaan san aoís óig
an iarlacht tar és Ghearoid,
ní fhúair as é 'na iarla
do ré acht úain énbhliadhna.⁶²

Sholáthraigh Kenneth Nicholls freagra na ceiste nuair a d'fhoilsigh sé giota as *Annála an Aonaigh*, nach raibh ar fáil san eagrán a dhein Dermot Gleeson in 1943.⁶³ Tugann sé seo le fios gur in 1399 a cailleadh Seán agus tugann sé tuairim éigin don léitheoir fé cad a bhí ar siúl aige:

Its importance lies in the facts, not otherwise recorded, that Richard II's second arrival in Ireland was followed by a raid by certain of his [English] magnates against 'the son [John?] of the earl of Desmond' in which the castle of Dungarvan was taken and the surrounding country ravaged. The blame for this raid was laid by Desmond (or certain of his followers?) on Earl James of Ormond and the raid by Earl John into the Ormond territories (on returning from which he was drowned) was a consequence of this. The second important piece of new information is that it not only places the drowning firmly in the year of king Richard's second visit (1399) but gives the exact date as Saturday in the Octave of St Francis (11 October), a date which only fits the year 1399, when 11 October fell on a Saturday. The

⁶¹ *Canfaidher liom lorg na bhfear*, véarsa 81b-82a. Pé leagan a bhí ag Ó Comhraí agus é á aistriú, níor aontaigh sé leis seo: 'The sixth Earl of the territory/John of the Siur FitzGarret/His rule we know with certainty/was but six years - too short a period.' Féach Aguisín 3.

⁶² *DMacF*, §791.4.

⁶³ Nicholls, 'Late Medieval Irish Annals', 88: '...a single entry copied by Ware from the annals of Geoffrey Hogan, more usually known as the Annals of Nenagh. This item must have been unknown to the late Dermot F. Gleeson when he edited the surviving text of these annals, found elsewhere among Ware's manuscripts, in 1943.' Féach freisin Gleeson, *AN*. Aontaíonn scoláirí den chuid is mó gur sa bhliain sin, .i. 1399, a cailleadh é. Féach, mar shampla, McCormack, *Earldom*, 40; Nicholls, *Gaelic & Gaelicised*, 192; Lynch, *A View...*, 248; Burke, *A Genealogical History*, 204.

Hanmer annals date the event on Saturday after the octave of Michaelmas (9 October) 1400, while a series of inquisitions *post mortem* taken in 1421 give the date as Saturday before the feast of St Luke, 22 Richard II (12 October 1398)...⁶⁴

Seachas an méid seo thuas, ní mór an t-eolas a mhaireann fé Sheán, mar níor chaith sé ach tamall an-ghairid ina Iarla. Is spéisiúil, áfach, go maireann tagairt chomhaimseartha do bhás Sheáin sa lámhscríbhinn cháiliúil Leabhar Buí Leacáin. In 1401, bhreac Murchadh Ó Cuindlis giota beag ag deireadh colúin sa lámhscríbhinn, i ndiaidh colafain phearsanta, inar dhein sé cur síos ar mhór-imeachtaí na linne, bás an Iarla Seán ina measc:

...et Iarla Deasmuman do bádad *san* Siúir...⁶⁵

Dar le húdair áirithe, is i mainistir na bProinsiasach in Eochail a cuireadh é.⁶⁶

Is léir go raibh ar a laghad mac amháin ag Seán, Tomás, cúigiú hIarla Dheasmhumhan (†1420). Ní luaitear ainm mná céile Sheáin sna foinsí luatha in aon chor. Ón ochtú haois déag anall tá ainmneacha difriúla tugtha ag staraithe agus ag scoláirí.⁶⁷ Dar le Kenneth Nicholls, ní luaitear bean leis go dtí an t-ochtú haois déag:

The only source which gives the name of his [Tomás, mac Sheáin] mother is Richard Tipper's early 18th-century genealogical collection, National

⁶⁴ Nicholls, 'Late Medieval Irish Annals', 88-9. Mar a dúradh thuas, caithfear a thuiscint áfach, go raibh sean-nasc láidir ag na Buitléaraigh leis an Aonach agus mar sin, bíonn claonadh i bhfabhar na mBuitléarach sa chnuasach annála áirithe sin.

⁶⁵ TCD 1318 [H.2.16], f. 320b. Maidir le heolas ar Ó Cuindlis agus do chuid den cholafan, féach Ó Concheanainn, T., 'The scribe of the Leabhar Breac', in *Ériu*, 24 (1973), 67, nóta 21. Féach freisin Downey, C., 'Murchadh Ó Cuindlis and *Aided Muirchertaig Meic Erca*', in Carey, J., Murray, K., & Ó Dochartaigh, C., (eds.), *Sacred Histories: A Festschrift for Máire Herbert* (FCP, Dublin, 2015), 125-138, go háirithe 126-7; Nic Dhonnchadha, L., (ed.), *Aided Muirchertaig Meic Erca (Medieval and Modern Irish Series, xix)* (DIAS, Dublin, 1963), 35, ll. 996-1000.

⁶⁶ Lodge & Archdall, i, 66; Burke, *A Genealogical History*, 204; G.E.C., *Peerage*, iv, 245.

⁶⁷ Féach, mar shampla, Lodge & Archdall, i, 66: '...leaving by Joan, daughter of the Lord Fermoy, an only son, the very young...'; Burke, *A Genealogical History*, 204 : '...m. Joan, dau. of Roche, Lord Fermoy...'; G.E.C., *Peerage*, iv, 245: 'He is said to have m. Mary, da. of the MacWilliam Burk' agus 245, nóta (b): 'Thomas Burk (s. and successor of Edmund *Albanach*), Mac William Iochtar (*i.e.*, of Lower Connaught) from 1375 to 1401 [...] may be the person indicated: but it is somewhat suspicious that this Earl and his br. James should each be described as having m. a Mary, da. of a MacWilliam Burk.'

Library of Ireland MS G 177 f 85, which names her as the daughter of Mac Murrugh. While possibly preserving a genuine tradition, this may be no more than invention. The same source gives the mother of Thomas's (illegitimate[]) son Maurice (ancestor of the FitzGerald of Broghill) as the daughter of O Sullivan Mór, in contradiction to the legend that Thomas was deposed from the earldom in consequence of a *mésalliance* with a peasant girl.⁶⁸

Is ó *Seanchas na nGearaltach* (3) (ff. 84-87 de LNÉ G 177) a thagann an tagairt seo. Mar seo a thugtar an scéal sa leagan den téacs in RIA 153 [23 M 17], a bhreac Seán Mac Solaidh thart ar 1714:

(6) Seán na Siuire mac Gearóid an Dána, aon bliadhain amhain an Iarladh, do bhí posda re hinghean mheic Murchaidh Laighean. Do bathadh é a nAth Arda Fionnáin ar Siúr, 7 is dó badh mac Tomás an seachtmhadh hIarladh. Do bathadh Seadan sul do rugadh Tomas.⁶⁹

Ní fíor nach raibh Tomás ar an saol nuair a bádh Seán. Is léir ó rollaí seansaíreachta na hÉireann nach raibh teideal na hIarlachta faighte ag Tomás in 1406, cé go raibh smacht aige ar thailte Dheasmhumhan fán am sin.⁷⁰ Sna foinsí céanna, glaoitear Iarla Dheasmhumhan air in 1407.⁷¹ Is dócha gur shroich sé aois fir idir an dá linn. Mar sin, caithfidh go raibh sé thart ar trí bliana déag d'aois nuair a bádh a athair in 1399. Ceapann staraithe agus scoláirí áirithe gurbh ag a uncail, Muiris, a bhí an Iarlacht ar feadh tréimhse ghairid idir 1399 agus 1401. Ní aithníonn go leor foinsí agus scoláirí Muiris mac Ghearóid Iarla mar Iarla Dheasmhumhan, ach mar a luaigh Nicholls, aithníodh é mar Iarla i *Seanchas na nGearaltach* (2) agus (3), agus i gcáipéisí stáit na Breataine:

On 29 May 1400 custody of Desmond's lands was granted by the king to his son Thomas and his brother Maurice, but Maurice would appear to have been regarded as earl, being so styled in royal letters issued (17 March 1401

⁶⁸ Nicholls, 'Late Medieval Irish Annals', 89.

⁶⁹ Féach Aguisín 2, §16. Tá an t-ábhar céanna le fáil in LNÉ G 177 agus RIA 153-4 [23 M 17-18].

⁷⁰ *RCH*, 182b, §67 [13 Márta 1406].

⁷¹ *Ibid.*, 186b, §92 [8 Meán Fómhair 1407]. Féach freisin G.E.C., *Peerage*, iv, 245, nóta (f).

NS) on the complaint of a Bristol merchant who had been plundered at Dingle.⁷²

Chaith Peter Crooks amhras air seo áfach, i bhfianaise na cáipéise atá luaite ag Nicholls anseo:

It has been suggested that this Maurice fitz Gerald gained official recognition as earl of Desmond, but the evidence on which this conclusion is based – namely English letters patent of 17 March 1401 in which Maurice is styled ‘earl of Desmond’ – must be treated with circumspection. The letters were issued at the petition of John Hethe, a Bristol merchant who traded frequently with Ireland. We cannot, however, assume that he had mastered the intricacies of power-politics in Munster, and the description of Maurice as earl of Desmond may well stem from the unthinking regurgitation by an English chancery clerk of the language of this merchant’s petition. Certainly there was some confusion surrounding the status of the earldom of Desmond within the English chancery. [...] Another record, dating from after 17 June 1401, describes Maurice merely as ‘Moryssh de Decymond’, without according him the rank of earl. [...] The reference to ‘Maurice, earl of Desmond’ in the letters patent of 17 March 1401 is, then, probably best interpreted as mistaken in point of fact but nonetheless an accurate reflection of political realities. After the drowning of Earl John in 1399, leadership of the Desmond Geraldines had clearly passed to John’s brother Maurice, and in his custody the earldom might well have prospered into the fifteenth century.⁷³

Mar a deir Crooks, cé nach léir gur Iarla ‘oifigiúil’ ab ea Muiris, tugann fianaise na gcáipéisí le fios go raibh smacht áirithe aige ar ghabháiltais na hIarlachta ó bhás

⁷² Nicholls, ‘Late Medieval Irish Annals’, 89. Féach freisin *Cal. Pat. Rol.* Hen. IV [17 Márta 1401]: ‘Maurice, earl of Desmond’; *Ó Cléirigh*, §2136; Aguisín 2, §15.

⁷³ Crooks, ‘James the Usurper’, 169-70. Féach freisin Dryburgh, P. & Smith, B., *Handbook and Select Calendar of Sources for Medieval Ireland in the National Archives of the United Kingdom* (FCP, Dublin, 2005), 176. Mo bhuíochas leis an Dr. Crooks as comharbacht na hIarlachta sa tréimhse seo a phlé liom agus m’aird a tharraingt ar an eolas seo.

Sheáin anall.⁷⁴ Níor mhair seo i bhfad, áfach, mar cailleadh Muiris den phlá uair éigin in 1401.⁷⁵ Mar a dúradh thuas, deineadh Iarla de Thomás nuair a tháinig sé in aois fir (ca. 1407), ach dhíbir a uncail, Séamus, as Éirinn é sa bhliain 1411 agus ghabh sé an Iarlacht chuige féin. Tugtar cúiseanna éagsúla don díbirt seo. Dar le hÓ Dálaigh agus Russell, d'éirigh Tomás amach i gcoinne Rí Shasana:

Successit Ioanni Thomas filius, qui in Angliae coronam concitatur, quamobrem in jus[ticiarius] vocatus, duodecim Barones Anglo-Hybernicos, vades dare coactus est.⁷⁶

Tá traidisiún déanach go maith ann, a deir gur de thoradh pósta le hiníon le duine dá lucht leanúna a briseadh Tomás as an Iarlacht:

Thomas, the sixth Earl of Desmond, who unfortunately, after the Diversion of Hunting, being benighted between Tralee and Newcastle, was obliged to take up his Lodgings at the Abby of Feale, in the House of William M^c Cormac, Owner of the Place, who having a beautiful Daughter, named Catharine, he soon declared a Passion for her, and being prevailed upon to make her his Wife, did, by that imprudent and inferior Match, cause all his Friends and Followers to abandon him, and in particular received hard Usage from his Uncle James, who (after some faint Struggles to preserve himself) thrice expelled him from his Estate and Country...⁷⁷

⁷⁴ Féach, mar shampla, *RCH*, 157b, §92 [29 Bealtaine 1400] agus 159b, §8 [30 Bealtaine 1400]. Dar le Crooks: 'This does not, however seem to me to be sufficient reason to follow the numbering of the Desmond earls in *NHI*, [...] where Maurice is listed as *de facto* fifth earl of Desmond.' Crooks, 'James the Usurper', 170, nóta 73. Féach freisin *NHI*, ix, 168 agus 233.

⁷⁵ Nicholls, 'Late Medieval Irish Annals', 89. Féach freisin Crooks, 'James the Usurper', 170, nóta 74; *RCH*, 161a, §32 [11 Nollaig 1401] agus 161b, §58 [19 Nollaig 1401].

⁷⁶ *Initium*, 13: 'Tháinig mac Sheáin .i. Tomás i gcomharbacht air, a chuir olc ar choróin Shasana. Ar an ábhar sin, glaoth os comhair an Ghiúistís é, agus bhí air dhá Bharúin déag Gall-Ghaelacha a bhailiú le dul i mbannaí dó.' Féach freisin *Russell*, 364-5.

⁷⁷ Lodge, (1754), i, 12. Seo an leagan is luaithe a fuarthas den scéal seo. Ní léir cén fhoinsé a bhí in úsáid ag Lodge. Tharlódh go raibh an scéal sa bhéaloideas ag an am. Deir Lodge freisin gur ghéill Tomás an Iarlacht dá uncail, Séamus, sa bhliain 1418, os comhair Iarla Urmhumhan, ach ní mhaireann aon fhianaise de seo. Níor thit an Iarlacht ar Shéamus go dtí tar éis bhás Thomáis in 1420. Féach, mar shampla, G.E.C., *Peerage*, iv, 246.

San ochtú agus sa naoú haois déag, bhí an scéal céanna ag mórán a scríobh ar na Gearaltaigh.⁷⁸ Go deimhin, chum Thomas Moore amhrán bunaithe ar an scéal seo, *Desmond's Song*.⁷⁹ Ó thús na fichiú haoise, áfach, tá amhras ar scoláirí fén scéal. Dhein Otway-Ruthven cur síos air mar 'later Legend'.⁸⁰ Dar le Curtis:

For over ten years Thomas followed his father in the Desmond earldom, and then was expelled under circumstances very difficult to verify. Legend relates that the young Earl fell into unknightly and un-English ways, wrote Irish verse, and married Catherine Mac Cormack, the beautiful daughter of a common Irish tenant.⁸¹

Tharlódh gurb é *Do charas tar aon an Deirdre deaghnúiseach*,⁸² an 'Irish verse' atá i gceist ag Curtis anseo. Níl aon fhianaise ann, áfach, gurbh é Tomás a chum an dán. Chreid an tAth. Mac Giolla Eáin go mb'fhéidir gurbh é Seathrún Céitinn a chum, ós rud é go leagtar an dán air siúd i lámhscríbhinní áirithe, agus chuir sé é ina

⁷⁸ Féach, mar shampla, Leland, T., *The History of Ireland from the Invasion of Henry II. With a Preliminary Discourse on the Antient State of that Kingdom*, ii (Longman et al., London, 1773), 24-5; Fitzgerald, P., Rev. & McGregor, J. J., (eds.), *The History, Topography, and Antiquities, of the County and City of Limerick; with a Preliminary View of the History and Antiquities of Ireland*, ii (McKern, Limerick, 1827), 91; O'Donoghue, J., *Historical Memoir of the O'Briens, with Notes, Appendix, and a Genealogical Table of their Several Branches. Compiled from the Irish Annalists* (Hodges & Smith, Dublin, 1860), 140; Gilbert, *Viceroy*, 307-8; Westropp, 'The Desmonds' Castle at Newcastle', 50.

⁷⁹ Lake, J. W. & Moore, T., *The Poetical Works of Thomas Moore Including his Melodies, Ballads, etc. Complete in One Volume* (Galignani, Paris, 1829), 316. Maireann aistriúchán Gaeilge den amhrán seo dar teideal *Ar seoid dhamh 'ngar feala* i dtrí lámhscríbhinn .i. RIA 281 [24 C 2], RIA 769 [23 E 12] agus RIA 1258 [12 O 7]. Bhreac Nioclás Ó Cearnaigh ar a laghad dhá lámhscríbhinn díobh seo, agus tharlódh gurbh é féin a d'aistrigh an t-amhrán.

⁸⁰ Otway-Ruthven, *A History of Medieval Ireland*, 352. Féach freisin *Geraldines*, 106.

⁸¹ Curtis, *Medieval Ireland*, 294. Féach freisin Mac Mathúna, 'An Philíocht a Leagtar ar Ghearóid Iarla', 249. Curtis, E., 'The Spoken Languages of Medieval Ireland', in *Studies*, 8 (1919), 251: 'The Fitzgeralds themselves had a vein of poetry; the first Earl of Kildare, who died in 1316, was remembered in the sixteenth century as a Gaelic poet; Gerald, the fourth [*recte* third] Earl of Desmond, who died in 1398, has attributed to him some verses "on womankind"; and his successor, Thomas, is credited with an extant Irish poem.' Maidir le 'the first Earl of Kildare' (†1316); ní mhaireann aon fhianaise go raibh féith na filíochta ag Seán mac Thomáis Mhic Gearailt, céad Iarla Chill Dara. Tá tuairim seo Curtis bunaithe ar véarsa ón dán *Canfaidher liom lorg na bhfear* dar thagair Diúic Laighean. Féach *Earls*, 28: 'John [...], than whom no poet was more learned', nó "snar bhfearr file lé foghlaim" mar atá sa dán féin. Féach Agusín 3, véarsa 35.

⁸² Hardiman, J., *Irish Minstrelsy or Bardic Remains of Ireland with English Poetical Translations*, i (Joseph Robins, London, 1831 - athchló, Irish University Press, Shannon, 1971), 290-4; Mac Giolla Eáin, E., (eag.), *Dánta Amhráin is Caointe Sheathrúin Chéitinn Dochtúir Diadhachta (1570-1650 A.D.)* (Connradh na Gaedhilge, BÁC, 1900), 21-2; de Brún et al., (eag.), *Nua-Dhuanair*, i (DIAS, BÁC, 1971), 43-4 [#34].

bhailiúchán *Dánta Chéitinn* dá bharr.⁸³ Níor aontaigh eagarthóirí *Nua-Dhuanaire* leis seo, áfach:

In D [Dún Éideann, Gen. D43] deirtear gurbh é Tomás [Mac Gearailt], séú [recte cúigiú] hIarla Deasmhumhan, a chum an t-amhrán seo do Chaitríona Nic Cormaic timpeall na bliana 1400, agus in N [RIA 259] leagtar ar Shéathrún Céitinn é. Ní dócha gurbh é a chum é ámh.⁸⁴

Seo ['D'] lámhscríbhinn a bhreac Peadair Ó Gealacáin idir 1841 agus 1844, atá i leabharlann Ollscoil Dhún Éideann anois.⁸⁵ Ni fíor an ráiteas, áfach, go ndeir an lámhscríbhinn seo gurbh é Tomás a chum an dán. Dar leis an lámhscríbhinn:

About the year 1400, Thomas, the sixth [recte fifth] earl of Desmond, after the diversion of hunting, having been benighted between Tralee and Newcastle in the Co of Limerick, took up his lodgings at [scriosta: the Abbey of Feale, in the house of] the castle of William Mac Cormac, owner of the place, who had a beautiful daughter, whose name was Catherine. With this lady the young nobleman became enamoured, and soon after made her his wife. On this occasion, it is said the present stanzas were compos^d by one of the earl's bards. The fair one is addressed under the name of Déirdre, the celebrated Irish heroine of Antiquity...⁸⁶

Maireann an dán seo i gceithre lámhscríbhinn déag ar a laghad, ón seachtú go dtí an naoú haois déag. Ní leagtar an dán ar Chéitinn ach i dtrí lámhscríbhinn díobh seo (cé go ndeir lucht scríofa na gcatalóg go leagtar an dán ar Chéitinn i gcásanna áirithe eile), agus is lámhscríbhinní a bhreac Muintir Longáin sa naoú haois déag iad ar

⁸³ Mac Giolla Eáin, *Dánta Chéitinn*, 22: 'This piece has been published by Hardiman. The best copy is in 23 G 24 [RIA 257], from which the above text is published. It is ascribed to Dr. Keating in 23 G 24 [RIA 257], and M.M. vii [NUIM M 7]; in the other two MSS. the author is anonymous'.

⁸⁴ de Brún et al., *Nua-Dhuanaire*, i, 115.

⁸⁵ Dún Éideann, Gen. 43D. [olim. Db.7.1]. Féach freisin Ó Tuathail, E., 'The Contents of the Gallegan MS. in the Library of the University of Edinburgh.', i agus ii, in *Journal of the County Louth Archaeological Society*, 7:3 (1931), 390-401 agus 7:4 (1932), 532-45, go háirithe, ii, 532. Féach freisin Morris, H., 'Peadar O Gealacain: A Great Irish Scribe', in *Journal of the County Louth Archaeological Society*, 6:4 (1928), 167-80; Dawson, C., *Peadar Ó Gealacáin: Scríobhaí* (An Clóchomhar, BÁC, 1992).

⁸⁶ Dún Éideann, Gen. 43D. [olim. Db.7.1], lch. 386.

fad.⁸⁷ Ní luaitear Tomás mar fhile in aon lámhscríbhinn díobh. Tharlódh gurbh í *Irish Minstrelsy* Uí Argadáin an fhoinsé is luaithe ina ndeintear nasc idir scéal Thomáis agus Caitríona agus an dán seo.⁸⁸ Ní deir sé gur Tomás a chum ach gur ‘one of the earl’s bards’ a bhí i gceist,⁸⁹ mar atá sa lámhscríbhinn i nDún Éideann. Go deimhin, dhealródh sé go bhfuil an nóta sa lámhscríbhinn sin bunaithe ar shaothar Uí Argadáin. Ní fios cad as a bhfuair Ó hArgadáin téacs an dáin ach, bhí an lámhscríbhinn BL Eg. 118 ina sheilbh aige ar feadh tréimhse, agus tá an dán le fáil sa lámhscríbhinn sin. Ós rud é gur amhráin chlúiteacha a bhí ina bhailiúchán ag Ó hArgadáin, is dócha go raibh nasc idir an scéal traidisiúnta agus an dán seo.

Tá leagan eile den scéal le fáil i *Seanchas na nGearaltach* (3), ach ní Caitilín Nic Cormaic an bhean a bhí sa scéal sin, ach Máire Ní Shúilleabháin:

Tomas mac Seaáin na Siuire 28 mbliadhna an Íarladh ó aois leinbh an aimsir sin, 7 dearbrathair a athair iona Chai[p]tín ar Ghearaltaigh an feadh sin. Thug an Tomás sin a cheart ar an duthaigh uile do dhearbrathair a athair ar a bhfuair adhúadh dá cosnadh, 7 da coimhead. Níor chuir ar Sheamus .i. brathair a athair a ndáigh adhuatha, 7 a thabairtus do thabhairt go brath dhó féin, 7 da oighridhibh iona dháigh; acht bean úasal .i. inghean Uí Súileabain mhoir .i. Maire do bhi torrach úaidh .i. ón Tomas sin, beatha chosmhuil nó iomchuibhe do thabhairt don mnaoí úsail, 7 da mhac, dá madh mac do bhearadh, beatha meic Tigerna do thabhairt don mac, 7 da madh inghean, spréidh mna uaisle thabhairt dhi. Do rug an bhean uasalso mac, 7 tugadh Muiris d’ainm ar, 7 ní hé Seamus nar chomhaill a ghealladh,

⁸⁷ RIA 257 [23 G 24], RIA 259 [23 N 32] agus NUIM M 7.

⁸⁸ Hardiman, *Irish Minstrelsy*, i, 364.

⁸⁹ Ibid. Féach freisin Camb. Add. 6558, inar bhreac Standish O’Grady cuid de na hamhráin atá ag Ó hArgadáin, agus chuir sé nóta [f. 154] leis an dán seo, bunaithe ar nótaí Uí Argadáin: ‘Déirdre Dheagh ghnúiseach. Lá dá raibh an séismheadh Iarla Deasmhúmhan .i. Tomás Mac Gearailt ag fiadhach do rug an oídhche air soir Thráighlíogh 7 an Caisleán Nuadh a cconntae Luimneich, gur ghlac sé lóisdín oídhche a bhfochair Uilliam Mhic Chormaic láimh re Mainisdir na [supra] Féile. Do bhí cailín sgiamhach d’inghín ag an bhfear so 7 do ghabh a grádh an tIarla gur phós sé tar éis tamaill bhig í. As ann sin a dubhradh an tabhrán leannas le fear dá oireacht. Acht cheana ní mór raith ná sonas do fuair an tIarla as an ccleamhnas sin óir do ghlacadar a oireacht fearg leis do chionn a dhul a ccáirdeas le sloinne isioll, ionnus gur dhíbir dearbhráthair a athar .i. Séamus as a fhearann 7 as a stáit é, go bhfuair bás tré chúmhadh ’san bhFrainc aois Chríost ceithre chéad déag 7 fithche bliadhain. 1420.’

7 *thug trí tuatha dhó .i. Tuaithe Mhaighe Alla, Túaithe Chille Colmain, 7 Tuaithe Bhrothail. Inghéan meig Carrthaigh bean Mhuiris.*⁹⁰

Is dócha gur cumadh na scéalta éagsúla seo fé Thomás i ndiaidh dá uncail é a dhíbirt. Tharlódh nach raibh i gceist i ndíbirt Thomáis ach gur theastaigh cumhacht na hIarlachta ó Shéamus, agus go deimhin, bhí smacht aige ar ghabhátais na hIarlachta ó 1411 go 1420 agus ina dhiaidh sin bhí sé ina Iarla go dtí 1463 nuair a cailleadh é. Is spéisiúil, áfach, go bhfuil traidisiún áirithe ann gur chum Tomás an dán, nó gur chum sé ‘Irish verse’, pé scéal é, ós léir gurbh fhile é a shean-athair, Gearóid Iarla, agus gur léir go raibh Gaeilge ag a athair, Seán na Siúire, chomh maith.⁹¹

Cailleadh Tomás in 1420 i Rouen na Fraince. Deirtear gur fhreastail Rí Shasana ar a shochraid agus gur cuireadh Tomás i mainistir na nDoiminiceach i bPáras. Deineadh Iarla de Shéamus ansin.⁹²

The evidence suggests that John’s son Thomas had difficulty in establishing his right to succeed. He may have been of doubtful legitimacy. As is well known, he was banished from the earldom in 1411 by his uncle James and his attempt to recover his inheritance in 1413-4, with the aid of a body of archers and men-at-arms recruited in the west of England, seems to have been unsuccessful. The inquisitions of 1421, referred to above, found that James was the lawful heir to his brother, and mention Thomas and Maurice only as having occupied the possession of the earldom after the death of John.

Is in aimsir Shéamuis (séú hIarla), uncail Thomáis, agus a mhic, Tomás an Droichid (seachtú hIarla), a tháinig an bborradh is mó ar ghabhátais na hIarlachta agus ar

⁹⁰ Aguisín 2, §15.

⁹¹ Féach 4.3.2 thíos.

⁹² Nicholls, ‘Late Medieval Irish Annals’, 89: ‘The evidence suggests that John’s son Thomas had difficulty in establishing his right to succeed. He may have been of doubtful legitimacy. As is well known, he was banished from the earldom in 1411 by his uncle James and his attempt to recover his inheritance in 1413-4, with the aid of a body of archers and men-at-arms recruited in the west of England, seems to have been unsuccessful. The inquisitions of 1421, referred to above, found that James was the lawful heir to his brother, and mention Thomas and Maurice only as having occupied the possession of the earldom after the death of John.’

chumhacht na hIarlachta ó aimsir Mhuiris mhic Thomáis, an chéad Iarla.⁹³ Cuireadh Tomás chun báis (i nDroichead Átha, óna dtagann a leasainm) sa bhliain 1468, áfach, agus mhéadaigh ar an scoilt idir Gearaltaigh Dheasmhumhan agus coróin Shasana as san amach go dtí gur dúnmharaíodh an tIarla deireanach sa bhliain 1583.

4.2.3 Gearóid Iarla: Bás agus Béaloideas

Cailleadh Gearóid sa bhliain 1398. Ní fios, áfach, cad ba chúis lena bhás. Ní mhaireann ach dhá fhoinse a thugann níos mó eolais féna bhás ná bliain .i. ginealaigh Uí Chléirigh agus stair na nGearaltach a bhreac Muiris Ó Gormáin. Sa dá théacs sin deirtear gur sa Chaisleán Nua a cailleadh é. Dar le cuntas Uí Ghormáin, is i dTrá Lí a adhlacadh é - is dócha gur mainistir na nDoiminiceach an áit atá i gceist anseo:

*Dhá bhliághain ar xx. iar sin bás Ghearoid Íarla san Chaislean Núa, agus a adhlacadh a tTráigh Lí.*⁹⁴

Ní luaitear áit a adhlactha in aon fhoinse eile. Ní thugtar cúis a bháis ach an oiread, ach bhí ar a laghad scéal amháin ann gur dúnmharaíodh é:

Ábhar suime é gur chreid Sir George Carew sa 16ú haois, fear nach raibh dall ar nithiúlacht na polaitíochta, gur dúnmharaíodh Gearóid féin, agus gur cosa de chuid Uí Bhriain a chuir an feillbheart i gcrích. Mar is eol dúinn féin níor ghéill an gnáthphobal riamh ina bhás, ach chreid gur bhuail sé amach lá óna chúirt chónaithe ag gabháil an aeir dó féin, ar a chois nó ar muin capaill, agus nach bhfacthas é go brách arís.⁹⁵

⁹³ Féach, mar shampla, Crooks, 'James the Usurper', 171-8 agus Caibidil 6.4.1.

⁹⁴ Aguisín 4; *Ó Cléirigh*, §2134: 'Bas an cethraime h-iarla .i. Geroitt mac Muiris isin Caislen núa, M.CCC.XC.IX'.

⁹⁵ Mhac an tSaoi, 'Ar Thóir Ghearóid Iarla', 31. Tá an chuma ar an scéal gur mheas údair áirithe sa séú haois déag gur maraíodh Gearóid i gcath Mhainistir an Aonaigh. Féach, mar shampla, Hooker, J., et al., *Holinshed's Chronicles of England, Scotland and Ireland*, vi (1587 - athchló, J. Johnson et al., London, 1808), 258: 'In the yeare 1370 the lord Gerald Fitzmorice earle of Desmond, and the lord Iohn Fitzrichard, and the lord Iohn Fitziohn, and manie other noble men were slaine by Obren, and Mac Connard of Thomond in the month of Iulie.'

Maireann mórán scéalta fé Ghearóid sa bhéaloideas.⁹⁶ Baineann an chuid is mó den bhéaloideas sin lena bhás, áfach. Tharlódh gur de thoradh easpa na fianaise ar dháta agus ar shonraí bhás Ghearóid a d'éirigh na scéalta béaloidis fé. Is léir gur chuaigh sé féin i bhfeidhm ar an gcosmhuintir sa tslí is gur lean na scéalta anuas go dtí an naoú haois déag. Baineann cuid acu leis an gcaidreamh a bhí aige lena bhean Eilionóir - deirtear go raibh Gearóid agus Eilionóir beirt mídháil agus iad pósta le chéile.⁹⁷ Fiú sa seachtú haois déag agus an tAthair Ó Dálaigh agus Thomas Russell ag scríobh ar na Gearaltaigh, bhí cáil na draíodóireachta ar Ghearóid:

Garrett, son and heyre to the last Earle (as is sayed), was Earle of Desmond full thirty yeares, who was alsoe dureing that tyme a very powerfull, wise man. And some would haue it belieued that he had some skill in magicke; he was one of a proper stature and proportion of Body...⁹⁸

Ós léir go raibh cáil den saghas céanna ar aonú hIarla dhéag Chill Dara, Gearóid mac Ghearóid Óig, a cailleadh sa bhliain 1585, dhealródh sé go raibh scéalta fite fuaite ina chéile fán am seo. Maireann scéalta fé Iarla Chill Dara agus a bhean a luaitear le Gearóid agus Eilionóir freisin:

At any rate, the legends continued to grow. One of these is about an encounter with the Devil at Kilkea, arranged by the Earl to please his wife's curiosity, with the result that she fainted and he disappeared for ever. This was turned into ballad form by Mr. Thomas Greene of Millbrook, one of an old family of Leinster tenantry, settled there since the early 19th century, and still resident.⁹⁹

⁹⁶ Amhail filíocht Ghearóid, ós rud é go maireann scéalta éagsúla béaloidis fé Ghearóid, níor mhiste go ndéanfaí dianstaidéar cuimsitheach orthu. Ní dhéanfar sa tráchtas seo ach tagairt ghinearálta dóibh. Dhein Daithí Ó hÓgáin cur síos ar scéalta áirithe a bhain le Gearóid. Féach, mar shampla, Ó hÓgáin, D., *Myth, Legend and Romance: An Encyclopaedia of the Irish Folk Tradition* (Ryan Publishing, New York, 1990), 227-30; idem., 'An é an tAm Fós é? Staidéar ar Fhinscéal Bharbarossa (Móitíf D1960.2) in Éirinn', in *Béaloideas*, 42-44 (1974-6), 213-308; idem., 'An Stair agus an Seanchas Béil', in *LCC*, 14 (1983), 173-96. Féach freisin Cussen, *Gearóid Iarla*, 30-1; MacIvor, D., 'The Legend of Gearóid Iarla of Hacklim', in *Journal of the County Louth Archaeological Society*, 14:2 (1958), 68-81.

⁹⁷ Féach, mar shampla, de Buitléir, *Buitléaraigh*, 133-135; Mhac an tSaoi, 'Ar Thóir Ghearóid Iarla', 29.

⁹⁸ *Russell*, 364. Féach freisin *Initium*, 12.

⁹⁹ Féach Synnott, *Kilkea Castle*, 17.

An scéal is cáiliúla fé Ghearóid b'fhéidir, ná gur fhág sé slán ag an gCaisleán Nua oíche agus nár fhill sé, sa tslí is gur creideadh gur sciob na daoine maithe leo é, nó gur fágadh ina thámhchodladh fé Loch Gur (nó uaireanta Loch Deirgeirt) é. Chreideadh muintir na háite go n-éiríodh sé óna shuan gach seacht mbliana agus go dtéadh sé ag marcaíocht ar chapall crúb airgid ar bharr an locha. Chreidí go bhfillfeadh sé le teacht i gcabhair ar mhuintir na hÉireann nuair a thiocfadh an t-am cuí. Deirtí leis go raibh an scéal seo ag na Gaeil aimsir léigear Luimnigh sa bhliain 1691,¹⁰⁰ agus dar le húdair áirithe, bhí an scéal fós le fáil i Luimneach ag deireadh na hochtú haoise déag, cé go gcreidí fán am sin gur Ghearóid, Iarla deireanach Dheasmhumhan (†1583), a bhí i gceist:

About fifty years ago, Mr. Stackpoole Baylee of Loughgur, made some attempts to drain the lake. To effect this he sunk a channel some feet deep, by which the water was conveyed to the low grounds on the W. Some inconsiderable portion of land full of rocks was gained, but the farther progress of the work was stopped by the death of Mr. Baylee, who was killed by a fall from his horse, on his return at night from a neighbouring gentleman's house where he had dined. The country people, to this day, firmly believe that it was Garret Fitz Gerald, Earl of Desmond, that killed him for attempting to drain the lake. They also as firmly believe that Desmond at the end of every seven years, is seen riding and driving on the lake; and that when his horse's shoes, which are made of silver, are worn out, he will return to this life again, being now detained by enchantment. Such were the ideas they had of Desmond's greatness, that they supposed no earthly power superior to his. This was the unfortunate Earl who fought against Queen Elizabeth's forces in Munster.¹⁰¹

¹⁰⁰ Féach, mar shampla, G.E.C., *Peerage*, iv, 243-4, nóta (a): 'The Irish who besieged Limerick in 1691, are said to have expected that this Earl would come to their assistance. According to Harl. MSS., no. 1425, f. 41, and Cotton MSS., Titus, C10, f. 55, he was slain by O'Brien in 1397 or 1398, but in this statement there is perhaps some confusion with the battle in 1370, where, according to some ill-informed writers, he was killed.'

¹⁰¹ Fitzgerald & McGregor, *History, Topography, and Antiquities of Limerick*, i, 312n. Féach freisin Synnott, *Kilkea Castle*, 17; Ó hÓgáin, *Myth, Legend and Romance*, 228-9; *DIB*, 'Fitzgerald, Gerald fitz Maurice ('Gearóid Iarla') (1338-98)'.

Tharlódh gur ón gcáil a bhí ar Ghearóid don léann agus don fhilíocht a d'eascair na scéalta béaloidis seo .i. go raibh cuimhne ag muintir na tíre air agus i gcaitheamh na haimsire gur nascadh an draíocht lena cháil, go dtí gur dhein laoch béaloidis de.

4.3 Teangacha na nGearaltach sa Tréimhse Luath

4.3.1 Béarla, Laidin agus Gaeilge

Mar a luadh thuas, chum Gearóid Iarla ar a laghad dhá dhán dá bhean, Eilionóir de Buitléir.¹⁰² Dar le húdair áirithe, tá tionchar fhilíocht *amour courtois* na Fraince le tabhairt fé deara ar na dánta sin.¹⁰³ Cé nach bhfuil scoláirí ar aon fhocal fén tuairim seo, ní miste féachaint seal ar an *milieu* teangeolaíoch inar chum Gearóid a chuid filíochta.

Ar an gcéad dul síos, is fiú cás teangeolaíoch na hÉireann agus Shasana sa cheathrú haois déag a phlé - go háirithe is fiú féachaint ar na teangacha a bhíodh á n-úsáid ag na huaisle. Tá plé áirithe déanta ag scoláirí ar cheist na dteangacha in Éirinn le céad bliain anuas.¹⁰⁴ Ba é Curtis a chuir tús leis an scoláireacht seo sa bhliain 1919, san alt 'The Spoken Languages of Medieval Ireland'. San aiste sin, thug Curtis le fios gurbh iad an Fhraincis agus an Ghaeilge a bhí in uachtar in Éirinn tar éis teacht na Normannach. Dúirt sé go raibh an Fhraincis i bhfad níos láidre i measc na Sean-Ghall ná an Béarla, go háirithe sa tréimhse luath:

Of the three vernacular dialects, French (*i.e.*, Norman-French) was in Ireland as in England mainly an aristocratic language. The natural speech of the Fitzgeralds, Lacys, de Burgos, Marshalls, and others of the first conquerors was that of the ruling caste in the country they came from. It is

¹⁰² Mac Niocaill, 'Duanaire Ghearóid Iarla', 40-1, #XXI agus 51-2, #XXX. Dhein de Buitléir plé ar na dánta seo ina tráchtas. de Buitléir, *Buitléaraigh*, 126-32 agus 404-7.

¹⁰³ Féach Caibidil 4.4.2.

¹⁰⁴ Mar shampla, Curtis, 'Spoken Languages'; Hogan, J. J., *The English Language in Ireland* (Educational Company, Dublin, 1927); Ó Muirthe, D., *The English Language in Ireland (Thomas Davis Lecture Series)* (Mercier, Dublin, 1977); Mullally, E., 'Hiberno-Norman Literature and its Public', in Bradley, J., (ed.), *Settlement and Society in Medieval Ireland; Studies presented to F.X. Martin, O. S. A.* (Boethius Press, Kilkenny, 1988), 327-43; Carney, 'Literature in Irish'; Bliss, A. & Long, J., 'Literature in Norman French and English to 1534', in *NHI*, ii, 708-36; Picard, J., 'French Language in Medieval Ireland', in Cronin, M. & Ó Cuilleain, C., (eds.), *The Languages of Ireland* (FCP, Dublin, 2003), 57-77.

quite certain that they were not familiar with English; for it was not till the reign of Edward I., a century later, that the speech of the Anglo-Saxon population became a second language for the English aristocracy from the King downwards.¹⁰⁵

Cé go bhfuil corrshampla d'úsáid an Bhéarla mar theanga dlí in Éirinn sa cheathrú haois déag, amhail reachta Phort Láirge in 1365, ní raibh an Béarla in úsáid mar seo go coitianta go dtí deireadh na cúigiú haoise déag.¹⁰⁶ Ag druidim le deireadh na ceathrú haoise déag is cosúil gur tosaíodh ar an mBéarla a úsáid mar theanga dlí i Sasana. De réir dealraimh níor reachtaíodh dlíthe go hiomlán trí mheán an Bhéarla go dtí 1495 le Parlaimint Poyning.¹⁰⁷ Mar sin, ba iad an Laidin agus an Fhraincis teangacha an dlí, na heacnamaíochta, agus, go háirithe, teangacha na n-uasal sna ceantracha Normannacha i gcoitinne. Bhí an Laidin ag na huaisle in Éirinn. Ba í an Laidin an teanga a d'úsáidí mar theanga chomhfhreagrais eaglasta agus don léann eaglasta i gcoitinne. D'úsáidí an Laidin agus an Fhraincis mar theanga dlí sna ceantracha a bhí fé smacht na Normannach nó rialtas Bhaile Átha Cliath.

Gan amhras, tá dul chun cinn mór imithe ar scoláireacht maidir le staidéar ar na meánaoiseanna agus lamhseáil cáipéisí agus ceisteanna cultúir ó aimsir Curtis. Tá sár-scoláireacht déanta ag Patricia Palmer, ina saothar *Language and Conquest in Early Modern Ireland: English Renaissance Literature and Elizabethan Imperial Expansion* ar na teangacha a bhí in úsáid in Éirinn agus an druidim i dtreo an Bhéarla a bhí in Éirinn sa séú haois déag.¹⁰⁸ I dtéarmaí staidéar teanga áfach, den chuid is mó, go dtí seo, níor chrom scoláirí ar úsáid teangacha na hÉireann scrúdú go mion sna meánaoiseanna, seachas tráchtairacht ghinearálta ar úsáid an Bhéarla agus na Gaeilge.

Maidir leis na teangacha a bhí in úsáid sa cheathrú haois déag, áfach, agus go háirithe, ó thaobh na Fraincise de, is beag scoláireachta atá déanta ó aimsir Curtis, seachas tráchtairacht ar an lámhscríbhinn thábhachtach BL Harl. 913, a phléifear

¹⁰⁵ Curtis, 'Spoken Languages', 236.

¹⁰⁶ Picard, 'French Language', 60. Féach freisin Richardson & Sayles, *Parliaments and Councils*, i, 15-7, 19-22, 54-6 agus 104-5.

¹⁰⁷ Féach Caibidil 3.3.2.

¹⁰⁸ Palmer, P., *Language and Conquest in Early Modern Ireland: English Renaissance Literature and Elizabethan Imperial Expansion* (University Press, Cambridge, 2001).

thíos. Eisceacht amháin ó thaobh an easpa seo de ná aiste thábhachtach Jean-Michel Picard in 2003, ‘French Language in Medieval Ireland’, a dhein anailís ar alt Curtis agus a chuir go mór leis.

Dá réir sin, ní haon ionadh nach bhfuil dian-staidéar déanta ar chumas teanga Iarlaí Dheasmhumhan go fóill. Chun a leithéid a dhéanamh, is gá féachaint ar na foinsí fánacha atá tagtha anuas chugainn. Dar le Picard, is óna máithreacha a fuair na hIarlaí seo a gcuid teangoiliúna ar dtús:

The gaelicization of the Normans is not a late development and started with the marriages of the first settlers with Irish women. The importance of women in the transmission of language cannot be stressed enough. The sons and daughters of Thomas FitzMaurice (d. 1213) or of Richard de Carew (d. 1201) would have naturally spoken the language of their mothers who were both Irish. Conversely, French would have been the dominant language in households where the mothers came from French speaking families in England or from the continent.¹⁰⁹

Tomás Mór (†1213), sinsear Iarlaí Dheasmhumhan, atá i gceist ag Picard anseo, fear a phós bean Ghaelach darbh ainm Sadhbh.¹¹⁰ Ba í Margaret de Berkeley, bean uasal Shasanach, máthair Mhuiris, an chéad Iarla. Ba í Aibhilín Nic Mhuiris máthair Mhuiris Óig, an dara hIarla agus Ghearóid Iarla, an tríú hIarla. Mná uaisle ab iad na mná seo, a tógadh i mórtheaghlaigh ina mbeifí ag déileáil go leanúnach le cúrsaí polaitiúla, eaglasta, agus dlíthiúla. Níl dabht ach go mbeadh Laidin agus Fraincis cloiste go minic acu. Ós rud é go raibh mórán idirphlé ag Muintir Mhic Mhuiris leis na Gaeil sa tréimhse seo, is é is dóichí go raibh Gaeilge ar a toil ag Aibhilín freisin. Ós rud é gur i Sasana a tógadh Margaret de Berkeley, agus de réir cosúlachtaí gur

¹⁰⁹ Ibid., 58. Dhein Spenser gearán féna leithéid in *A View of the State of Ireland*: ‘...the chiefe cause of bringing in the Irish language, amongst them, was specially their fostering, and marrying with the Irish, the which are two most dangerous infections; for first the child that sucketh the milke of the nurse, must of necessity learne his first speach of her, the which being the first inured to his tongue, is ever after most pleasing unto him, insomuch as though hee afterwards be taught English, yet the smacke of the first will allwayes abide with him; and not onely of the speach, but also of the manners and conditions. [...] So that the speach being Irish, the heart must needes be Irish: four out of the abundance of the heart, the tongue speaketh.’ Hadfield, A. & Maley, W., (eds.), *Edmund Spenser, A View of the State of Ireland, from the First Printed Edition (1633)* (Blackwell, Oxford, 1997), 71. Mo bhfuóchas le hAogán Ó hIarlaithe, a dhírigh m’aird air seo.

¹¹⁰ Féach Caibidil 3.3.1.

chaith Muiris mac Thomáis go leor ama i Sasana agus é óg, is dócha go raibh cumas áirithe aige sa Bhéarla, chun go mbeadh sé in ann labhairt le searbhóntaí nach labhradh Francís, teanga na n-uasal, i dtithe móra i Sasana. Ní mhaireann aon fhianaise ná taifid de chumas Mhuiris sa Bhéarla, áfach. Ní léir go raibh an Béarla in úsáid go minic ag Muiris Óg ná ag Gearóid Iarla. Ní cosúil go bhfuil fianaise scríofa Béarla ar bith ar marthain ó Ghearltaigh Dheasmhumhan ag an am seo.

Is léir ó fhianaise na pátrúnachta amháin go raibh Gaeilge ar a dtoil ag an gcéad trí Iarla .i. Muiris, Muiris Óg, agus Gearóid, ó tharla gur chum Gofraidh Fionn Ó Dálaigh dánta moltacha dóibh.¹¹¹ Gan amhras, tugann saothar filíochta Ghearóid Iarla fianaise chinnte, ní hamháin go raibh labhairt na Gaeilge ar a thoil aige, ach go raibh sé oilte ar úsáid agus ar láimhseáil na Gaeilge mar theanga fhileata. Tá an chuma ar an scéal gur theaghlach Gaelaithe go hiomlán é teaghlach Ghearóid. Mar shampla, sa scéal *Seanchas Buitléarach* deirtear nach raibh aon chur amach ag Caitríona, a iníon, ar stíl éadaigh Shasanach.¹¹² Ní hamháin sin, ach, is léir go raibh Gaeilge ag Seán na Siúire (†1399), deartháir Chaitríona agus ceathrú hIarla Dheasmhumhan, mar luaitear é mar ateangaire sna cáipéisí a mhaireann ó thuras Rí Risteard II Shasana ar Éirinn ó 1394-5:

...anno MCCCXCV^o mensis Aprilis die sextodecimo in ecclesia conventuali Fratrum Predicatorum extra muros in suburbiis Kylkennye in excellentissimi etc. Principis Ricardi Regis etc. [...] constitutus Dormicius O Conhor de Faly, mantellum zonam et capicium ipsius a se amovens, genibus flexis [...] protulit hec verba in lingua hibernica que per Johannem Dessemond militem [...] linguam hibernicam [...] in lingua anglicana fuerunt exposita...¹¹³

¹¹¹ Féach Caibidil 5.4.2-5.4.4.

¹¹² Féach CT, i, 164; Nicholls, *Gaelic & Gaelicized*, 192.

¹¹³ Curtis, E., *Richard II in Ireland 1394-5 and the Submissions of the Irish Chiefs* (Clarendon, Oxford, 1927), 103-4 [Instrumentus XXVII]: ‘...ar an séú lá déag de mhí Aibreán na bliana 1395 in eaglais na Seanmóirithe lasmuigh de na fallaí i mbruachbhaile Chill Chainnigh i láthair a Mhórgachta Risteard ^{7th} [...] tháinig Diarmaid Ó Conchobhair Ó bhFailí, gur bhain a fhallaing, a chrois, agus a chaipín de féin, agus ar a dhá ghlúin, dúirt sé na focail seo i dteanga na Gaeilge, ar dhein Seán Dheasmhumhan, Ridire, aistriúchán orthu ón nGaeilge go Béarla.’ Tá botún san aistriúchán ag Curtis, ina ndeir sé gur Séamus, Iarla Urmhumhan a dhein ateangaireacht sa chás seo. Mar is léir ón téacs Laidine, áfach, Seán na Siúire a bhí i gceist. Féach *ibid.*, 43 agus 179-80.

Mheas Cussen go raibh Gaeilge ag na Gearaltaigh go léir ag an am seo:

Ag baile, b'í an Ghaeilge a labhradh na Gearaltaigh mar ná raibh ach í ag na daoine ina dtimpeall. I gcúirt Rí Shasana is dócha gur Béarla a labhraidís. Bhí an Béarla ag forbairt i Londain faoin am sin agus an Fhraincis ag imeacht. Sa bhliain 1340 a rugadh Chaucer agus tá rian na Fraincise go láidir ar a chuid Béarla. Bhí Fraincis ag na Gearaltaigh leis ar ndóigh mar bhíodh litreacha ag teacht ó Londain fós i bhFraincis an uair sin.¹¹⁴

Cé go ndeir Cussen go raibh Béarla 'ag forbairt i Londain faoin am sin', fós féin, mar a luaigh Picard, níorbh é teanga na n-uasal é go fóill i lár na ceathrú haoise déag. Dar le Nicholls, 'Maurice [.i. Muiris Óg (†1358)], who married an English wife, was probably more anglicized...'.¹¹⁵ Is dócha go raibh Muiris Óg fé anáil chúirt Shasana ós rud é gur ann a tógadh é. Mar sin féin, chum Gofraidh Fionn Ó Dálaigh dán ina onóir, rud a thabharfadh le fios go raibh Gaeilge ar a thoil aige. Thar aon ní eile, is dócha gur tógadh Gearóid Iarla agus Muiris Óg sa tslí chéanna. Mar sin, ní fhéadfadh Gearóid Iarla a bheith an-Ghaelaithe gan tionchar den chineál céanna a bheith ar Mhuiris. Freisin, ba í Aibhilín máthair Mhuiris Óig agus Ghearóid Iarla. Duine de shliocht na nGael, Sláine Ní Bhriain, ab ea a máthair siúd.¹¹⁶ Dá bhrí sin, is é is dóichí ná gur tógadh Aibhilín le Gaeilge agus gur thug sí an teanga chéanna dá páistí.

Tá fianaise áirithe ann sna foinsí go raibh iarrachtaí á ndéanamh leis an mBéarla a scaipeadh in Éirinn ag deireadh na ceathrú haoise déag ach ní minic a thagraítear dosna hiarrachtaí sin. Luann Robin Frame cás amháin ina fheictear a leithéid:

Different regions, communities and families stood at varying points on the path that led from Englishness to Irishness; and strong signs of Gaelicization could mark a man without extinguishing his sense of being 'English by blood', just as Gaelic leaders could absorb aspects of French or English society without abating their Irish Identity. Even within a family there could be marked divergences. In 1371-2 John son of William le Poer was

¹¹⁴ Cussen, *Gearóid Iarla*, 14.

¹¹⁵ Nicholls, *Gaelic and Gaelicized*, 192.

¹¹⁶ G.E.C., *Peerage*, vii, 207.

imprisoned because he knew no English; he was released when a senior – and by implication English-speaking – member of his lineage stood surety for his undertaking that he would do his best to learn it.¹¹⁷

Ní léir áfach gur gnáthchás a bhí i gceist anseo.

4.3.2 Na hIarlaí Luatha agus an Fhraincis

Ní dócha, mar sin, go raibh tionchar an Bhéarla le brath go láidir i measc na n-uasal in Éirinn ná i gcúirt Shasana in aimsir Mhuiris mhic Thomáis, Mhuiris Óig ná Ghearóid Iarla. Cé nach bhfuil aon fhoinsé Fraincise tagtha anuas chugainn a bhreac Gearóid Iarla, tá a dhóthain fianaise ar marthain, áfach, go raibh Fraincis ar a dtoil ag a dheartháir, Muiris Óg, agus ag a athair, Muiris. Ón bhfianaise sin amháin, is féidir a dhéanamh amach go raibh an teanga chéanna ar a thoil ag Gearóid.

Mar a dúradh cheana, is cosúil nárbh é an Béarla teanga na cúirte i gcúirt Shasana. Bhí tailte ag ríthe Shasana sa Fhrainc go fóill san am sin, agus, go deimhin, is de bharr na ngabháltas sin a throideadar an Cogadh Céad Bliain go dtí lár na cúigiú haoise déag. Fiú agus é ina chogadh dearg idir na Sasanaigh agus na Francaigh bhí trádáil láidir leanúnach idir an Fhrainc agus Sasana. Mar sin, ba mhó ar fad tábhacht agus stádas na Fraincise ag an am ná tábhacht an Bhéarla. Cé gur luaigh Cussen Geoffrey Chaucer, ní go dtí 1340 a rugadh é agus ní cosúil go raibh sé ag saothrú an léinn go dtí an bhliain 1368 ar a luaithe.¹¹⁸ Cé go raibh tionchar mór ag a chuid saothair ar an mBéarla agus ar úsáid an Bhéarla i gcoitinne, ní léir go raibh an tionchar sin le feiscint ar uasalaicme Shasana nó ar Shean-Ghail na hÉireann in aimsir Ghearóid Iarla. Mar a luaigh Picard, ‘Let us remember that between the Conquest and the accession of Henry IV in 1399, French was the mother tongue of all the kings of England.’¹¹⁹

¹¹⁷ Frame, *Colonial Ireland*, 153. Ní léir an Fraincis nó Gaeilge nó an dá theanga a labhair John le Poer.

¹¹⁸ Phléigh Michael Foster dáta scríofa *Book of the Duchess* le Chaucer, an téacs is luaithe dá chuid atá tagtha anuas chugainn. Féach Foster, M., ‘On Dating the Duchess: The Personal and Social Context of “The Book of the Duchess”’, in *The Review of English Studies*, 59:239 (April 2008), 185-196.

¹¹⁹ Picard, ‘French Language’, 59. Ní haon ionadh b’fhéidir gur i bhFraincis a scríobh Rí Éadbhard III Shasana chuig uaisle na hÉireann sa bhliain 1341. Féach Caibidil 3.2.4, nóta 58.

a) Muiris mac Thomáis

Cé nach léir go raibh aon tailte ag na Gearaltaigh sa Fhrainc sa cheathrú haois déag, is féidir a bheith cinnte go raibh nascanna trádála acu leis an tír sin, agus leis an Mór-Roinn i gcoitinne. Luann Gofraidh Fionn Ó Dálaigh ‘t’fhíon glan’¹²⁰ agus é ag gabháil leithscéil le Muiris mac Thomáis sa dán *A Ghearóid, déana mo dháil*. Mar a léirigh Katharine Simms agus scoláirí eile, bhí trádáil láidir, go háirithe trádáil fíona, ar bun idir Éire agus an Mhór-Roinn riamh roimh theacht na Normannach.¹²¹ Bhí nascanna trádála idir Éire, an Fhrainc, agus an Mhór-Roinn i gcoitinne an-choitianta sna meánaoiseanna.¹²² Mar a phléigh Niall O’Brien, bhí smacht ag Iarlaí Dheasmhumhan ar formhór na gcalafort i gCúige Mumhan .i. calafoirt a raibh nascanna trádála láidre acu le tíortha Eorpacha éagsúla leis na cianta:

Many of the ports of medieval Munster were under its [.i. an Iarlacht] control. These included Dingle, Tralee, Youghal and Dungarvan. The earls didn’t own Kinsale, but it was an important port of access to the earldom throughout its history. Cork was a royal city, yet its merchants were happy to trade with the earldom, which owned strategic positions around Cork, at Rostellan, Carragaline and Carrigrohane.¹²³

Fianaise eile atá tagtha anuas chugainn ná cáipéisí Fraincise atá i bpáipéir stáit na Breataine a scríobh Muiris mac Thomáis. Luaitear é agus Fraincis á húsáid aige go minic i bhfoinsí éagsúla.¹²⁴ Go deimhin, is líonmhaire na foinsí de chuid Mhuiris sna páipéirí stáit a breacadh i bhFraincis ná i mBéarla. Tharlódh gur mhó ar a chompórd a bhí sé agus Fraincis á húsáid aige sa chomhthéacs seo.

¹²⁰ *DiD.*, #67, véarsa 48.

¹²¹ Féach, mar shampla, Simms, K., ‘Guesting and Feasting in Gaelic Ireland’, in *JRSAI*, 108 (1978), 86-7; O’Neill, T., *Merchants and Mariners in Medieval Ireland* (IAP, Dublin, 1987), go háirithe 44-57.

¹²² Féach, mar shampla, Childs, W. & O’Neill, T., ‘Overseas Trade’, in *NHI*, ii, 492-524; O’Neill, *Merchants and Mariners*; Bowen, E. G., *Britain and the Western Seaways* (Thames & Hudson, London, 1972); Picard, ‘French Language’, 64: ‘...French was literally the *lingua franca* of trade and business in the fourteenth century. Dublin, Cork, Waterford, Drogheda traded not only with England and France but with the rest of Europe.’

¹²³ O’Brien, N., ‘The Earl of Desmond’s Navy’, in *JKAHS*, 2:8 (2008), 87.

¹²⁴ Féach, mar shampla, *Cal. Cl. Rol.* Edw. III, [2 Meitheamh agus 27 Iúil 1329]; O’Carroll, *The Earls of Desmond*, 6; Lynch, *A View...*, 240; Richardson & Sayles, *Parliaments and Councils*, 15-17.

Is í an fhianaise is mó atá tagtha anuas chugainn fé chumas Mhuiris sa Fhraincis ná na blúirí filíochta, nó sean-fhocail, a nglaoitear ‘*Proverbia Comitum Desmonie*’ orthu. Tá na blúirí seo ar marthain sa lámhscríbhinn chlúiteach BL Harl. 913, ina bhfuil mórán téacsanna eile Fraincise.¹²⁵

In 1327, ghlaoigh Arnold le Poer, tiarna cumhachtach i bPort Láirge, ‘rymoure’ ar Mhuiris mac Thomáis, an chéad Iarla:

A long drawn out feud existed between Maurice FitzThomas (created first Earl of Desmond in 1329) and Arnold le Poer. The latter jeeringly called FitzThomas a “rhymers”; the sting of the gibe, according to Dr Orpen, lay in the fact that Irish rhymers or bards used their art to incite the native clans to attack the English at every opportunity, and so recover their ancient inheritance. But the gibe would have been rather pointless if there had been no foundation for the nickname.¹²⁶

Tugann an leasainm ‘rymoure’ (mar atá sa bhuncháipéis) le fios gur chum Mhuiris filíocht. Má chum as Gaeilge, ní mhaireann a leithéid, go bhfios dúinn. Maireann sean-fhocail Fhraincise .i. *Proverbia Comitum Desmonie*, áfach, a chum sé, de réir tuairisce. Seo a leanas na dánta:¹²⁷

Folie fet qe en force s’afie;

Fortune fet force failire;

¹²⁵ Féach, mar shampla, Heuser, W., *Die Kildare-Gedichte: Die Ältesten Mittelenglischen Denkmäler in Anglo-Irischer Überlieferung* (Hanstein, Bonn, 1904 - athchló, Wissenschaftliche Buchgesellschaft, Darmstadt, 1965); Lucas, A. M., (ed.), *Anglo-Irish Poems of the Middle Ages* (Columba Press, Dublin, 1995); Benskin, M., ‘The Hands of the Kildare Poems Manuscript’, in *Irish University Review: A Journal of Irish Studies*, 20:1 (1990), 163-193; Bliss & Long, ‘Literature in Norman French’, 719-32; [Wanley, H. (†1726)], *A Catalogue of the Harleian Manuscripts in the British Museum*, i (British Museum, London, 1808), 473.

¹²⁶ Seymour, St. J. D., *Anglo-Irish Literature 1200-1582* (Cambridge, University Press, 1929), 91. Féach freisin Orpen, *Normans*, iv, 223.

¹²⁷ Tugtar téacs an dá dhán le chéile anseo, le haistriúcháin Picard (‘Soule Su’) agus Seymour (‘Folie Fet’) i bhfonótaí. Ós rud é nach luaitear ‘comitum Desmonie’ ach leis an dara dán (‘Soule Su’), níor dheimhniú Bliss agus Long nó Picard eagrán de ‘Folie Fet’. Féach Picard, ‘French Language’, 69; Bliss & Long, ‘Literature in Norman French’, 719. Féach freisin Butler, *Grace*, 137-8, nóta (m); [Croker, T. C. (†1854)], *Popular Songs of Ireland Collected By Thomas Crofton Croker With an Introduction by Henry Morley* (Routledge, London, 1886), 271. Tugtar téacs an dá dhán gan aistriúcháin in Orchard Halliwell, J. & Wright, T., (eds.), *Reliquiae Antiquae. Scraps from Ancient Manuscripts, Illustrating Chiefly Early English Literature and the English Language*, ii (John Russell Smith, London, 1845), 256.

Fiaux funt fort folie
Fere en favelous flatire.
Fere force fest fiaux fuir,
Faux fiers fount feble fameler.
Fausyne fest feble fremir,
Feie ferme fra fausyn fundre.¹²⁸

Proverbia comitis Desmonie

Soule Su, Simple e Saunz Solas
Seignury me Somount Sojorner
Si Suppris Sei de moune Solas
Sages Se deit Soul Solacer
Soule ne Solai Sojorner
Ne Solein estre de petit Solas
Sovereyn Se est de Se Solacer
Qe Se Sent Soule e Saunz Solas.¹²⁹

Cé gur leag údair áirithe na *Proverbia* seo ar Ghearóid Iarla,¹³⁰ dar le Wilhelm Heuser, a chuir eagar ar chuid den ábhar sa lámhscríbhinn, ba é Muiris mac Thomáis an ‘Comitis Desmonie’ a bhí i gceist:

Die alliterierenden altfranzösischen Verse auf fol. 15 b des Ms. [...] sind von gleicher Hand überschrieben:

Prouerbia comitis Desmonie

Der erste Earl of Desmond aber war Maurice Fitz Thomas aus der grossen Familie der Fitzgeralds, welche in der Geschichte Irlands eine hervorragende Rolle spielt. Seine Ernennung erfolgte im Jahre 1329 [...]. Es

¹²⁸ Seymour, *Anglo-Irish Literature*, 92: ‘Foolish is the man who puts his trust in brute force; fortune makes force to fail: treachery (or loyalty) by fair words can overthrow ill-advised insolence. Brute force puts to flight the treacherous (or the loyal), and violent treacherous men make the weak to die of hunger. Injustice makes the weak to tremble, but firm faith will confound injustice.’

¹²⁹ Picard, ‘French Language’, 69: ‘I am alone, simple and with no joy. The lordship commands me to stay, so that I am defrauded of my joy. A sage should be able to console himself alone; I have not been used to stay alone, or to be deprived from a little happiness. Sovereign it is to console oneself, whoever feels alone and with no joy.’

¹³⁰ Féach, mar shampla, Curtis, ‘Spoken Languages’, 239; Picard, ‘French Language’, 69.

unterliegt keinem Zweifel, dass er der als Dichter der merkwürdigen Verse genannte Comes Desmoniae ist, denn im Jahre 1327 brach ein grosser Streit zwischen ihm und Arnold Le Poer aus, weil dieser ihn einen: Rymoure (= Reimer) genannt hatte [...]. Vor ihm scheint es keinen "Earl of Desmond" gegeben zu haben.¹³¹

Thacaigh formhór na scoláirí leis an tuairim gurbh é Muiris a chum, agus creidtear anois gur thart ar 1330 a breacadh an lámhscríbhinn, sarar rugadh Gearóid Iarla:

The date of the manuscript can be determined with some confidence. One of the items, already referred to, is the work of John Pecham, archbishop of Canterbury from 1279 to 1292; another is by Theobald, archbishop of Assisi from 1296 to 1319; Piers de Bermingham, whose death is lamented in the poem which bears his name, died in 1308; the first earl of Desmond, to whom the Norman French proverbs are attributed, did not receive this title until 1329. It would seem that the manuscript cannot have been completed until about 1330; and the features of the language in which the English poems were written makes it difficult to date it much later than this.¹³²

Ba í tuairim Bliss agus Long gurbh é Muiris a scríobh na seanfhocail agus gur le linn dó bheith i bpríosún sa bhliain 1331 a scríobh sé iad.¹³³ Tá dhá dhán ar an leathanach sa lámhscríbhinn. Ní thugtar *Proverbia Comitibus Desmonie* ach ar cheann amháin acu,

¹³¹ Heuser, *Kildare-Gedichte*, 17-18: 'Ón lámh chéanna a thagann na véarsaí uamacha Sean-Fhraincise ar f. 15b den LS [...]: Proverbia comitibus Desmonie [Seanfhocail Iarla Dheasmhumhan]. Ba é Muiris mac Thomáis, as mórtheaghlach na nGearaltach, a raibh páirt shuntasach aige i stair na hÉireann, céad Iarla Dheasmhumhan. Deineadh Iarla de sa bhliain 1329 [...]. Níl dabht ann gurbh é file na véarsaí aisteacha a ainmnítear mar Iarla Dheasmhumhan, mar sa bhliain 1327, bhris aighneas amach idir é agus Arnold Le Poer, mar ghlaoigh sé siúd 'Rymoure' [i. file] air [...]. Dealraíonn sé nach raibh aon 'Iarla Dheasmhumhan' roimhe.'

¹³² Bliss & Long, 'Literature in Norman French', 721. Féach freisin Mullaly, 'Hiberno-Norman Literature', 332; Lucas, *Anglo-Irish Poems*, 14; Seymour, *Anglo-Irish Literature*, 91.

¹³³ Bliss & Long, 'Literature in Norman French', 720: 'It may well be that the newly-created earl found the leisure to indulge in such pieces of verbal jugglery, but the feeling expressed corresponds better to later circumstances. The fall of Roger Mortimer and the reversal of political fortunes in England brought about his undoing and his imprisonment in August 1331 at the hands of the justiciar, first in Limerick and afterwards in the castle of Dublin. The second line suggests just such a predicament: authority bids him to remain where he is. It is difficult to accept the suggestion of St John Seymour that *seignury* means the tyranny of love [...]'. Féach freisin Seymour, *Anglo-Irish Literature*, 91.

ach ós rud é go bhfuil stíl an dá dhán an-chosúil le chéile, mheas Seymour ‘it is possible that both may be attributed to the same author.’¹³⁴

Dar le Picard ‘Such poems may not be great works of literature, but they definitely show a sense of humour and a good feel for the French language.’¹³⁵ Cé nár cheap Bliss agus Long gur scaipeadh na véarsaí seo,¹³⁶ dar le Mullally, ní véarsaí simplí a bhí i gceist in aon chor:

Proverbs were universally popular in the Middle Ages: it is not surprising that the single medieval French manuscript in Trinity College, Dublin, which is certainly of Irish origin, should contain a copy of the Proverbs of Serlo of Wilton. But the earl of Desmond proverbs are something rather different and more sophisticated. Brief as they are, they show some sense of the trend which culminates in France with the work of the *grands rhétoriciens* in the fifteenth century: ingenious verbal jugglings on the basis of moral commonplaces.¹³⁷

Le déanaí, tá tráchtairacht déanta ag Deborah Moore ar na *Proverbia* seo agus chuir sí teoraic nua chun cinn:

Given the apparent predilection of Harley 913’s compiler for irony and satire, there remains another possibility not yet considered by scholars - one that bears some consideration here. It is possible that the compiler has attributed the poems to Maurice to prove that he *was* a ‘rhymmer’ - in other words, a terrorist, extortionist, and plunderer. [...] Such an interpretation would render both these poems highly ironic.¹³⁸

¹³⁴ Seymour, *Anglo-Irish Literature*, 92.

¹³⁵ Ibid.

¹³⁶ Bliss & Long, ‘Literature in Norman French’, 710: ‘...the few verses in a personal note from the hand of the earl of Desmond, if they were circulated at all, may not have been intended for more than a few friends.’

¹³⁷ Mullally, ‘Hiberno-Norman Literature’, 332-3. Luann Mullally nach luífeadh bua seo na filíochta le cáil na láimhe láidre a bheith ar Mhuiris, rud a chuir scoláirí áirithe ina leith le deireanas: ‘Recent historical research has cast the earl in a highly unflattering political light, and it is unexpected, to say the least, that such a violent character should be cultivated enough to compose verse in French.’ Ibid. 332.

¹³⁸ Moore, D. L., *Medieval Anglo-Irish Troubles: A Cultural Study of BL MS Harley 913* (Brepols, Turnhout, 2016), 110.

Bunaíonn Moore an teoraic seo ar an tuairim gur thiarna réabhlóideach agus trodach ab ea Muiris. Mar a pléadh i gCaibidil 3, áfach, ní mór amhras a chaitheamh ar an gcur síos seo ar Mhuiris. Cinnte, bhíodh sé trodach, ach ní hé sin iomlán a phearsantachta. Is léir nach gcreideann Moore go bhféadfadh Muiris iad seo a scríobh, mar ceapann sí gur gá gur ‘the touching repentance and final soul-searching despair of the ultimate sinner’¹³⁹ a bheadh i gceist sna *Proverbia* seo. Ach ón bpátrúnacht a dhein Muiris ar Ghofraidh Fionn agus ó na nascanna a bhí ag a chlann leis an léann, is léir gur chur sé spéis sa léann agus b’fhéidir fiú sa chumadóireacht. Ní dócha gur féidir a rá go cinnte gurbh é Muiris a chum na *Proverbia* seo. Ach is mó seans atá ann gurbh é a chum ná a mhalairt. Fiú gan na *Proverbia* san áireamh áfach, tá fianaise ann go raibh an Fhraincis ar a thoil aige.

b) Muiris Óg

Sa dán *Mór ar bfearg riot a rí Saxan* le Gofraidh Fionn Ó Dálaigh, tagraíonn sé do chur amach Mhuiris Óig ar an bhFraincis:

Sgéla na Fraince, fios Saxan,
suairc an comhrádh,
do-gébhthor ’gan ghasda ghealmhór,
bhlasda bonnbhán.¹⁴⁰

Gan amhras ní leor fianaise an dáin seo le maíomh go raibh cur amach ag Muiris Óg ar an bhFraincis. Tá fianaise ann, áfach, gur chaith Muiris Óg tréimhsí thar lear ar slógadh Rí Shasana sa Fhrainc. Cinnte bhí sé ann le hathair a chéile, Beatrice, Ralph de Stafford sa bhliain 1355.¹⁴¹ Chomh maith leis sin, nuair a deineadh Iarla de ar ball, is i bhFraincis a dhein sé an chéad bheart a luaitear a chuir sé i gcrích agus an teideal sin aige:

¹³⁹ Ibid., 112.

¹⁴⁰ Bergin, *IBP*, #17, véarsa 13.

¹⁴¹ Féach, mar shampla, Waters, *Earls of Desmond in the Fourteenth Century*, 100; Frame, ‘Rebellion and Rehabilitation’, 221.

Inspeximus and confirmation of letters patent (*in French*) of Maurice, earl of Desmond, dated at London on Tuesday, the day of St. Peter's Chains, 31 Edward III [.i. 1 Lúnasa 1357], granting, at the request of Lionel, earl of Ulster, to Geoffrey Styuecle the bailiwick of the chief serjeanty of Cork in Ireland, to hold to him and his assigns for his life at a rose rent.¹⁴²

Mar sin, is follas go raibh cur amach ag Muiris mac Thomáis agus ag Muiris Óg ar an bhFraincis. Má bhí san, ní haon ionadh go mbeadh cur amach ag Gearóid uirthi freisin. Chomh maith leis sin, gan amhras, mar a luadh cheana, ba é Gearóid Giúistís na hÉireann nuair a reachtaíodh Statúid Chill Chainnigh agus is i bhFraincis a reachtaíodh an Statúid sin. Is é is dóichí mar sin go raibh cur amach ag Muiris, Muiris Óg agus ag Gearóid Iarla ar an nGaeilge, ar an Laidin agus ar an bhFraincis, agus is dócha go raibh cur amach áirithe acu ar an mBéarla.

4.4 Filíocht Ghearóid Iarla

4.4.1 An Duanaire agus Gearóid mar Fhile

a) An Duanaire

Tá staidéar áirithe déanta ag scoláirí ar fhilíocht Ghearóid Iarla go dtí seo.¹⁴³ Mar a dúradh sa réamhrá, theastódh tráchtas dochtúireachta ann féin le staidéar cuimsitheach a dhéanamh ar fhilíocht Ghearóid Iarla, agus go deimhin, ba mhór an leas a bhainfeadh scoláirí as a leithéid. Déanfar scagadh áirithe ar a bhfuil sa chnuasach dánta anseo thíos, áfach. Faightear formhór fhilíocht Ghearóid sa

¹⁴² *Cal. Pat. Rol.* Edw III [20 Márta 1358]. Féach freisin Lodge & Archdall, i, 64-5; Lynch, *A View...*, 243-4.

¹⁴³ Féach, mar shampla, Mac Niocaill, 'Duanaire Ghearóid Iarla'; Cussen, *Gearóid Iarla*; Mhac an tSaoi, 'Ar Thóir Ghearóid Iarla'; eadem., 'Véarsaí de chuid Ghearóid Iarla', in *Comhar*, 44:11 (Aibreán, 1985), 30-1; Murphy, G., 'A Ughdar so Gearóid', in *Éigse*, ii (1940), 64; Ó Tuama, *An Grá i bhFilíocht na nUaisle, passim*, go háirithe 12-14; idem., 'Gearóid Iarla - 'The First Recorded Practitioner'?', in Watson, S., (eag.), *Féilscríbhinn Thomáis de Bhaldraithe* (Dundalgan Press, Dún Dealgan, 1986), 78-85; Mac Craith, *Lorg na hlasachta ar na Dánta Grá*, 42-61; idem., 'Gearóid Iarla agus "Mairg adeir olc ris na mnáibh"', in *Reviú Mhá Nuad*, 6:2 (Bealtaine, 1982), 72-92; Mac Mathúna, 'An Filíocht a Leagtar ar Ghearóid Iarla'; de Buitléir, *Buitléaraigh*, 126-37; Mac Ateer, S. M., 'Gearóid Íarla, Poète Irlandais du XVI^e s. d'Origine Normande et son Oeuvre', in *Études Celtiques*, 15 (1976), 577-598; Janoušek, H., 'Gearóid Iarla agus Dafydd ap Gwilym: Nuálaithe sa Traidisiún', in Marková, M., Markus, R., Pavelková, H. & Jenová, K., (eds.), *Boundary Crossings: New Scholarship in Irish Studies* (Centre for Irish Studies, Charles University, Prague, 2012), 150-60.

chnuasach *Duanaire Ghearóid Iarla* atá ar marthain anois sa lámhscríbhinn RIA 1134 [23 E 29], Leabhar Fhear Maighe. Meastar gur beirt scríobhaithe a bhreac *Duanaire Ghearóid Iarla*.¹⁴⁴ Dhein duine acu cur síos ar an bhfoinse a bhí aige:

*Duanaire Geroit Iarla co nice sin 7 is garb clumach in meamram a fuil se.
Orait do Daibith [a?] Du[ib...].*¹⁴⁵

Ní léir cérbh é an scríobhaí seo, ach tugann an méid seo le fios go raibh sean-lámhscríbhinn os a chomhair, as ar chóipeáil sé na dánta seo, ceann atá anois imithe ó thasc. Creidtear chomh maith, ós rud é go bhfuil briseadh sa téacs, go raibh níos mó sa bhunchóip ná an tríocha dán a thugtar sa lámhscríbhinn. Mar a dúradh i gCaibidil 3, is dócha gur trí phósadh Aimi, deirfiúr Ghearóid, le Dáibhí de Róiste agus an chlann a bhí orthu a tháinig na dánta chuig na Róistigh.

Seo thíos liosta na ndánta sa *Duanaire* agus faisnéis áirithe orthu:

DGI#	Dán	Meadaracht	Ábhar
VI	<i>A chailleach na foaire</i>	<i>Ae freislighe</i>	Gearóid i bpríosún ag na Brianaigh (ca. 1370-1) (féach VII agus XX)
XXVIII	<i>A chrích Chéir mhic Fhearghusa</i>	<i>Ae freislighe</i>	Áitribh na hIarlachta agus críoch Ó gConaill a rogha áit
XVI	<i>A ionmhain, do sheachnais-se</i>	<i>Ae freislighe</i>	A leannán imithe uaidh
XXVII	<i>A léine mhic Dhiarmada</i>	<i>Ae freislighe</i>	Caoineadh ar bhás Chormaic
XXVI	<i>A Mhairgréag, cuimhnigh ar</i>	<i>Ógláchas</i>	Dán do Mhairgréag

¹⁴⁴ Féach, mar shampla, Mac Niocaill, ‘*Duanaire Ghearóid Iarla*’, 7.

¹⁴⁵ RIA 23 E 29 [Leabhar Fhear Maighe], l. 168 [f. 104v]. Féach freisin *Cat. RIA*, 3112; Mac Niocaill, ‘*Duanaire Ghearóid Iarla*’, 52. Cé go bhfuil ‘O Duib...’ ag Mac Niocaill agus ag catalóg an Acadaimh, ní léir ón lámhscríbhinn gur ‘o’ atá i gceist. Tharlódh gur ‘a’ atá san LS.

	<i>ngaol</i>	<i>(Rannaíocht Mhór)</i>	(mídhílseacht Ghearóid?) ina luann Gearóid a ghaol leis na Brianaigh. Ba í Sláine Ní Bhriain a sheanmháthair.
XIX	<i>A Mhuire, ag so mhé chugat</i>	<i>Ógláchas (Rannaíocht Bheag)</i>	Dán in omós na Maighdine Beannaithe
V	<i>A-nois tráth an charadraidh</i>	<i>Ae freislighe</i>	Drogall ar Ghearóid troid lena chairde Gaelacha (Brianaigh?)
XXIII	<i>Ach, a Dhaoil!</i>	<i>Rannaigheacht Ghairid</i>	Cur síos ar aibhneacha na hÉireann (féach VIII)
XXI	<i>Aislingthe do-chonnac-sa</i>	<i>Ae freislighe</i>	Caoineadh ar bhás Eilionóra (†1392)
XIII	<i>A-táim ag dul risan tuaith</i>	<i>Ógláchas (Rannaíocht Mhór)</i>	Caoineadh ar chailliúint a chuid scileanna filíochta agus a ‘spéis i ngothaibh téad’
XI	<i>Bearradh geoin</i>	<i>Rannaigheacht Ghairid</i>	Gearán fé mhagadh a dhein bean air.
XXV	<i>Beir an Beatha 's sláinte-so</i>	<i>Ae freislighe</i>	Teachtairacht ó Ghearóid do bhean ‘i mBaile an Teampaill’ (mídhílseacht Ghearóid?)

II	<i>Cuin díolfas Cormac mo dhán?</i>	<i>Ógláchas</i> (<i>Rannaíocht Mhór</i>)	Gearóid ag lorg íocaíochta ó Chormac (féach IX)
XVII	<i>Dá mbeithe 'gam loscadh-sa</i>	<i>Ae freislighe</i>	A 'leannán' (Diarmaid?) imithe uaidh
I	<i>Dámadh lór leis a bhfuigheadh/Ní buidheach mé do Chormac</i>	<i>Ógláchas</i> (<i>Rannaíocht Bheag</i>)	Cormac mac Dhiarmada Mhic Cárthaigh ag imeacht ó Ghearóid
XIV	<i>Do-chonnaic mé aislingthe</i>	<i>Ae freislighe</i>	Aisling fé shíoga
XXII	<i>Do chuala scéal ó Dhior Bháil</i>	<i>Ógláchas</i> (<i>Rannaíocht Mhór</i>)	Aor ar Thomás Mac Craith (féach XXIV)
XII	<i>Do dhlighfinn druim ris an dán</i>	<i>Ógláchas</i> (<i>Rannaíocht Mhór</i>)	Cúl a thabhairt leis an aos dána
VII	<i>Gá la fhúigfead Innse an Laoigh?</i>	<i>Ógláchas</i> (<i>Rannaíocht Mhór</i>)	Gearóid i bpríosún ag na Brianaigh (ca. 1370-1) (féach VI agus XX)
XXIX	<i>Imthigh uaim, a theachtaire</i>	<i>Ae freislighe</i>	Cur síos ar scéalta éagsúla ó thraidisiúin na hÉireann
XXX	<i>Ionmhain agus aithionmhain!</i>	<i>Ae freislighe</i>	Eilionóir imithe uaidh (mídhílseacht Eilionóra?)
VIII	<i>Ionmhain liom aibhne Éireann</i>	<i>Ógláchas</i> (<i>Rannaíocht Bheag</i>) ¹⁴⁶	Cur síos ar aibhneacha na hÉireann (féach

¹⁴⁶ Dúirt Mac Niocaill gur *Ae freislighe* a bhí i gceist sa dán seo ach is léir gur *ógláchas* na *rannaíochta bige* atá i gceist. Tharlódh nach raibh i gceist ach gur chuir Mac Niocaill uimhir an dán seo sa liosta mícheart.

			XXIII)
X	<i>Is adhbhal an amhnáire</i>	<i>Ae freislighe</i>	Gearán fé dhaoine a dheineann cúlchaint (ar Ghearóid?)
XX	<i>Mór idir a-nocht 's a-réir</i>	<i>Ógláchas</i> (<i>Rannaíocht Mhór</i>)	Gearóid i bpríosún ag na Brianaigh (ca. 1370-1) (féach VI agus VII)
III	<i>Ní buidheach mé do m'Íde</i>	<i>Ógláchas</i> (<i>Rannaíocht Bheag</i>)	Dán fé Naomh Íde
XXIV	<i>Ní buidheach mé do Mhág Craith</i>	<i>Ógláchas</i> (<i>Rannaíocht Mhór</i>)	Gearán fé aor a scríobh Mac Craith fé Ghearóid (féach XXII)
XV	<i>Ní háil leam acht séad go rínn</i>	<i>Ógláchas</i> (<i>Rannaíocht Mhór</i>)	Dán fé bhean 'an fhuilt fhinn' - glacadh le 'séad' uaithi agus uaithi sin amháin.
IV	<i>Ní mhilleann cluiche crábhadh</i>	<i>Ógláchas</i> (<i>Rannaíocht Bheag</i>)	Súgradh Ghearóid
XVIII	<i>Ní thuigim dáil Diarmada</i>	<i>Ae freislighe</i>	Dán fé Dhiarmaid Mac Cárthaigh - rann le gach dán do Dhiarmaid
IX	<i>Ort do chonghall, a Chormaic!</i>	<i>Ógláchas</i> (<i>Rannaíocht Bheag</i>)	Gearóid ag lorg íocaíochta ó Chormac (féach II)

Gné amháin de dhánta Ghearóid is ea go gcríochnaíonn sé nach mór gach dán leis le trí véarsa ar na téamaí céanna. Sa chéad véarsa díobh, de ghnáth, is *iargcomharc* dá shean-chara Diarmaid Mac Cárthaigh atá i gceist. Sa dara véarsa, tagraíonn sé do scéal Dhiarmada agus Gráinne agus is ómós na Maighdine Beannaithe a bhíonn sa tríú véarsa.¹⁴⁷ I gcásanna áirithe ní bhíonn i gceist ach dhá véarsa, ceann don Mhaighdean Bheannaithe agus an ceann roimhe do ‘Dhiarmaid’. I gcásanna áirithe is Diarmaid Mac Cárthaigh a bhíonn i gceist ach i gcásanna eile, ní léir i gcónaí an Diarmaid Ó Duibhne nó an Cárthach atá á lua ag Gearóid.¹⁴⁸ I gcás amháin, níl ann ach an véarsa do Dhiarmaid Mac Cárthaigh (XXIII) agus i ndhá chás, níl ann ach an véarsa don Mhaighdean. I gceann acu seo, *A Mhuire, ag so mhé chugat* (XIX), is dán in ómós na Maighdine atá i gceist, agus mar sin, is dócha gur mheas sé nár cheart na véarsaí eile a chur i ndán mar sin. Maidir leis an dán eile, *Aislingthe do chonnacsá* (XXI), chum Gearóid é ar bhás a mhná céile. Mar a luaigh de Buitléir: ‘bhí an cúrsa ró-íogair, ró-phearsanta, is cosúil’.¹⁴⁹ Chomh maith leis sin, ós rud é gur ar bhás Eilionóra (†1392) a chum Gearóid an dán seo, bhí Diarmaid (†1381) marbh fén am sin. Tá dán amháin ann, nach bhfuil aon cheann de na véarsaí seo ann .i. *Ní buidheach mé do Mhág Craith* (XVI). Ós rud é gur gearán é seo fé dhuine de Chlann Craith a dhein Gearóid a aoradh, tharlódh gur mheas sé nár cheart véarsa ar an Maighdean a chur leis agus nár bhain na véarsaí eile le hábhar.

Is léir ón liosta thuas, ní hamháin go raibh cur amach ag Gearóid ar raon leathan meadarachtaí (cé nár úsáid sé ach leaganacha simplithe díobh) ach freisin, go raibh sé ar a chumas dánta a scríobh ar raon leathan ábhar agus tagairt do thraidisiúin na hÉireann go minic. Fiú más meadarachtaí simplithe a bhí in úsáid aige, fós féin, taispeánann ábhar na ndánta méid an Ghaelachais a bhí imithe i bhfeidhm air.

b) Gearóid Iarla mar Fhile

Ábhar conspóide i measc scoláirí é cumas fileata Ghearóid Iarla. Dar le Waters: ‘...the one thing that most historians and even the medieval annalists agree on is that

¹⁴⁷ Tá an trí véarsa seo leis na dánta uile seo a leanas: I-V, IX-XI, XII-XIII, XV-XVIII, XXII, XXVII-XXX.

¹⁴⁸ Dánta: VI-VIII, XX, XXV-XXVI. Sa dán *Do chonnaic mé aislingthe* (XIV), ní luann sé ach Diarmaid Ó Duibhne. Tharlódh go raibh Mac Cárthaigh marbh fén am gur chum sé é.

¹⁴⁹ de Buitléir, *Buitléaraigh*, 128.

he was a great poet...except that he wasn't.¹⁵⁰ Gan dabht, ní haon ionadh go mbeadh lucht scríofa na n-annála dearfach agus moltach fé chumas Ghearóid. Nuair a dúirt Waters an méid seo bhí sé ag cur leis an léargas a dhein Carney ar fhilíocht Ghearóid agus ar Ghearóid mar fhile. Dar le Carney:

Gearóid Iarla was not a great poet and it is doubtful if this collection would have survived were it not for his exalted public position. He could best be described as writing in a sub-bardic tradition. The approach is bardic, the ideas are bardic, but the material technique is amateur. He is, as one would expect, a poet without extensive training who does his best to imitate his professional predecessors and contemporaries.¹⁵¹

Dar le Mhac an tSaoi: 'ní filíocht thromchúiseach atá anseo – is sa mhéid sin a mhaireann a chuid éagsúlachta. Is filíocht ócáideach í, ach ní le hócáidí foirmeálta, nósmhara, ná le searmanais stáit agus deasghnátha a bhaineann sí, ach le tosca pearsanta aon duine amháin ó lá go lá.'¹⁵² Ach i bhformhór na tráchtairachta atá déanta ar Ghearóid,¹⁵³ áfach, nuair a phléitear a chumas filíochta agus na tréithe éagsúla atá le haithint ina chuid filíochta, deintear neamhaird den ábhar is suntasaí - go raibh filíocht á cumadh aige in aon chor. Ba thiarna de phór mhórtitheaghlach Sean-Ghallda é Gearóid a chrom ar fhilíocht a chumadh, agus í san as Gaeilge, rud nár tharla cheana agus nach mbeadh coitianta go ceann i bhfad ina dhiaidh sin. Thar aon bheart eile de chuid na Sean-Ghall in Éirinn go haimsir Ghearóid Iarla, taispeánann a chuid filíochta an Gaelú soiléir agus an-láidir a bhí tagtha ar na Normannaigh in Éirinn laistigh de thréimhse dhá chéad bliain:

...in the careers of many of the great magnates, one can trace the same process of assimilation at work. Perhaps the outstanding example in the

¹⁵⁰ Waters, *Earldom of Desmond in the Fourteenth Century*, 5. Féach freisin AC, s.a. 1398; ARÉ, s.a. 1398.9: 'Gearóid iarla Desmumhan, fer suaire soibhésach, do dearscnaigh do Gallaibh Ereann, 7 do moran da Gaoidealaibh i n-aithne, 7 i n-eolus Gaidhelce, i n-dán, 7 i senchus amaille re gach foghlaim ele da raibe aicce, 7 a écc iar m-buaidh n-aithrige.'

¹⁵¹ Carney, 'Literature in Irish', 698.

¹⁵² Mhac an tSaoi, 'Ar Thóir Ghearóid Iarla', 26. Féach freisin Cussen, *Gearóid Iarla*, 12: 'Bhain Gearóid le himeall saol na filíochta. Ní dánta deacra oifigiúla sna meadrachtaí clasaiceacha a scríobh sé. Go deimhin níor dhealbhaigh sé dánta ach i ndhá cheann de na meadrachtaí siollacha agus b'iad san na meadrachtaí ba shimplí.'

¹⁵³ Seachas scoláireacht Lydon, mar a luaitear thíos.

fourteenth century is the third earl of Desmond [...] That an earl of Desmond should write poetry in Irish in the fourteenth century is remarkable; that he should write such good poetry is astonishing. Here was a man who was so Irishized that he was one of the finest Gaelic poets of his generation.¹⁵⁴

Ní aontóidh formhór na scoláirí Gaeilge gur ‘one of the finest poets of his generation’ é Gearóid. Go deimhin, ní féidir a rá go raibh sé ar chomhchaighdeán le Gofraidh Fionn Ó Dálaigh nó le Tadhg Óg Ó hUigínn, ach fós féin, bhí oiliúint áirithe aige i gceard na filíochta agus an-chur amach aige ar an dúchas. Bhí cur amach nár bheag aige ar scéalaíocht agus ar thraidisiúin léinn na hÉireann. Tá an méid sin le feiscint fiú sna tagairtí a dheineann sé do scéalaíocht thraidisiúnta na hÉireann ina chuid filíochta:

Ní hé anáil na filíochta grá idirnáisiúnta an t-iontas mór, ámh, a bhaineann leis na dánta trí chéile aige, ach an méid de dhúchas na hÉireann – ó na seanscéalta go dtí ainmneacha na n-aibhneacha, ó mholadh nósúil na bhflaith uasal go dtí géire an tseanfhocail – atá imithe faoin gcráiceann aige. Tá íoróin agus greann agus braistint an tsaoil Ghaelaigh ar fud a chuid déantús.¹⁵⁵

Feictear óna dhánta go raibh sé ar a chompord ag tagairt don Rúraíocht agus don Fhiannaíocht araon. Ní hamháin sin, ach mar is léir ón liosta thuas, bhí cur amach ag Gearóid ar mheadarachaí éagsúla an dáin dhíriú, fiú murar úsáid sé i gceart ar fad iad. Tá macallaí de dhánta níos luaithe ina chuid filíochta - nós a bhí coitianta agus seanbhunaithe i measc fhilí na hÉireann. Mar shampla, sa dán *Aislingthe do-chonnac-sa*, a scríobh sé mar chaoineadh ar bhás a mhná, Eilionóir, tugann sé an véarsa:

Atá aithbhear agamsa
ar Chríost ris nár chóir deabhaidh:

¹⁵⁴ Lydon, ‘The Problem of the Frontier’, 329.

¹⁵⁵ Ó Tuama, *An Grá i bhFilíocht na nUaisle*, 13. Féach freisin Mac Niocaill, ‘Duanaire Ghearóid Iarla’, go háirithe 49-51, #XXIX; Carney, ‘Literature in Irish’, 698; Mhac an tSaoi, ‘Ar Thóir Ghearóid Iarla’, 21; Murphy, G., *Duanaire Finn: The Book of the Lays of Fionn*, iii (ITS, Dublin, 1953), 191; Mac Mathúna, ‘An Fhilíocht a Leagtar ar Ghearóid Iarla’, 245; Janoušek, H., ‘Gearóid Iarla agus Dafydd ap Gwilym’, go háirithe 156-7.

mar do scar sé mh'anamsa
riom féin, is mé im beathaidh.¹⁵⁶

Macalla é seo den dán clúiteach *M'anam do sgar riomsa a-raoir*, a chum Muireadhach Albanach sa tríú haois déag. Dar le Katharine Simms: 'his [Gearóid] own simple verses contain deliberate echoes of famous bardic odes that were given to student poets to memorize as models, for example Muireadhach Albanach Ó Dálaigh's lament for his dead wife...'¹⁵⁷

Mar sin, cé nach bhfuil filíocht Ghearóid ar ardchaighdeán Ghofraidh Fhinn, mar shampla, is léir óna chuid filíochta go raibh oiliúint nár bheag faighte aige mar fhile Gaelach agus gur chaith sé dua áirithe leis an oiliúint sin. Mar a dúradh thuas, áfach, i gcás Gearóid, cé gurb é a chumas mar fhile a bhíonn á phlé ag scoláirí de ghnáth, go minic ní luann siad an ghné is tábhachtaí de shaol fileata Ghearóid .i. go raibh fear dá stádas san ag cumadh filíochta in aon chor sa cheathrú haois déag. Thar aon ní eile - is léiriú nithiúil, suntasach í an spéis seo ag Gearóid san fhilíocht ar thionchar léann agus thraidisiúin na nGael ar na Gearaltaigh sa tréimhse luath san.

c) Amhras ar Scoláirí

Tá amhras caite ag scoláirí áirithe ar an tuairim gurbh é Gearóid a chum na dánta i Leabhar Fhear Maighe. Dar le Séamus Mac Mathúna:

Seans gur file a bhí ar conradh ag muintir Mhic Charthaigh Mhúscraí a chum na dánta sa Duanaire, file a fuair íocaíocht ar a son ó Dhiarmaid Mac Carthaigh agus amanta óna mhac Cormac Mac Carthaigh. D'fhéadfaí a mhaíomh go mbaineann an t-údar úsáid as an chonsaeit idir an taoiseach agus an file - an file mar leannán an taoisigh - chun Diarmaid agus muintir Mhic Charthaigh a mhóradh os cionn gach rítheaghlach eile i gCúige Mumhan. Ba dheacair seift níos fearr a cheapadh le sin a chur i gcrích ná

¹⁵⁶ Mac Niocaill, 'Duanaire Ghearóid Iarla', #XXI, véarsa 2.

¹⁵⁷ Simms, 'The Geraldines and Gaelic Culture', 266. Féach freisin de Buitléir, *Buitléaraigh*, 129-30.

príomh-ghiúistis na hÉireann agus an fear a ba chumhachtaí in Éirinn tráth a bheith mar íochtarán géilliúil ag taoisigh Mhic Charthaigh Mhúscraí.¹⁵⁸

Is deacair a chreidiúint, áfach, go mbeadh file ag cumadh filíochta in ainm Ghearóid agus an tIarla sin fós beo. Luaigh Mac Mathúna gur nós sean-bhunaithe é dánta, scéalta agus mar sin de a chumadh in ainm daoine cáiliúla sa tréimhse seo.¹⁵⁹ É sin ráite, mar a admhaíonn an t-údar seo féin, ní féidir a bheith cinnte nárbh é Gearóid a chum na dánta. Is í príomhargóint Mhic Mhathúna ná go bhfuil tionchar na Gaeilge agus a léinn le brath go láidir san fhilíocht sa Duanaire. Measann Mac Mathúna gur fiú a cheistiú arbh é Gearóid a chum mar deir sé go mbeadh sár-chur amach ag teastáil ó Ghearóid ar shaol agus ar shaíocht na Gaeilge chun a leithéid a dhéanamh:

Is léir go raibh Gearóid go mór faoi thionchar an chultúir Ghaelaigh agus d'fhéadfadh sé gurbh é féin a chum na dánta sa Duanaire. Níor thángthas ar aon rud iontu maidir lena shaolréim atá bunoscionn le fianaise foinsí eile. [...] Más dánta bréige iad, ar ndóigh, bheadh pearsa an Iarla ionchollaithe ag an fhile agus d'fhéadfadh sé a leithéid a rá *à la* Gearóid. [...] Ina theannta sin, ón eolas atá againn ar a shaol agus ar a chúlra, tá sé ionann is cinnte go raibh Gaeilge ar a thoil aige. [...] Bíodh sin mar atá, léirítear sna dánta a oiread sin doimhneachta i mbrainsí éagsúla den traidisiún dúchasach, go háirithe eolas ar thraidisiún an bhairdne agus traidisiún na hidirthéacsúlachta, agus go bhfuil sé réasúnta iontaofacht Ghearóid mar údar a cheistiú.¹⁶⁰


Gan amhras, tá sé réasúnta údaracht Ghearóid a cheistiú, ós rud é gur fheiniméin gan choinne a bhí ann go mbeadh tiarna Normannach ag cumadh filíochta sa cheathrú haois déag. Ní chuireann Mac Mathúna an fhianaise uile san áireamh, áfach. Ar an gcéad dul síos, mar a pléadh i gCaibidil 3, tá nascanna suntasacha le haithint idir na Gearaltaigh, na Róistigh agus Leabhar Fhear Maighe sa tréimhse inar tiomsaíodh an

¹⁵⁸ Mac Mathúna, 'An Fhilíocht a Leagtar ar Ghearóid Iarla', 264. Féach freisin Minahane, J., 'Gearóid Iarla', in *An Droichead* (Earrach 1988), 22-31.

¹⁵⁹ Mac Mathúna, 'An Fhilíocht a Leagtar ar Ghearóid Iarla', 260: 'Nós sean-bhunaithe is ea é dánta, scéalta, lámhscríbhinní, taisí agus saothair ealaíne a leagan ar phearsain cháiliúla atá tar éis dul i bhfeidhm ar shamhlaíocht na ndaoine nó a bhfuil clú faoi leith bainte amach acu mar scríbhneoirí nó ealaíontóirí cumasacha.'

¹⁶⁰ *Ibid.*, 263.

lámhscríbhinn sin. Is léir ón nóta a bhreac Dáibhí, scríobhaí an Duanaire, gur ag cóipeáil leagan níos sine den Duanaire a bhí sé, leagan a breacadh, mar sin, uair éigin i rith shaol Ghearóid nó go luath i ndiaidh a bháis (†1398) mar deir Dáibhí go bhfuil an bunleagan sin i ndrochstaid agus ‘clumach’ - rud a thabharfadh le fios gur seanlámhscríbhinn í fé lár na cúigiú haoise déag. Ó thaobh na croineolaíochta de, ní deacair a chreidiúint mar sin go bhfaigheadh Muiris de Róiste (†1448), nó Cormac Mac Cárthaigh (.i. Tiarna Mhúscraí ar phós gariníon leis, Caitilín, Dáibhí Mór de Róiste, dár tiomsaíodh Leabhar Fhear Maighe), nó a mhac siúd, Tadhg, seilbh ar an seanmheamram ina raibh an Duanaire sin ó Ghearóid féin, nó gur tháinig sé chuig Muiris nó Tadhg i ndiaidh bhás Ghearóid.¹⁶¹



Chomh maith leis sin, ní mór a chur san áireamh nach raibh sé i gceist riamh agus Gearóid ina óige gur Iarla a bheadh ann. Ba é Muiris Óg an t-oidhre. Go deimhin, bhí Gearóid idir sé bliana déag d’aois agus fiche bliain d’aois nuair a cailleadh Muiris. Ós rud é go raibh oidhre ann cheana féin, ní thabharfaí oiliúint Iarla do Ghearóid agus é ag fás aníos. Luíodh sé le réasún mar sin go mbeadh an t-am aige dúil a bheith aige sa léann. Go deimhin, ní cás ar leith é seo ach an oiread. Feictear an rud céanna ag tarlú i gcás Sheáin (†1536) mhic Thomáis an Droichid (†1468), ceathrú mac an Iarla sin, a raibh spéis aige sa léann agus ar thit an Iarlacht air i ndiaidh bhás a dheartháireacha.¹⁶² Mar sin, tá argóintí nach bhfuil gan dealramh, bunaithe ar chúlra stairiúil Ghearóid féin agus na lámhscríbhinne, ar gá iad a chur san áireamh agus údaracht Ghearóid Iarla den fhilíocht i nDuanaire Ghearóid Iarla á plé nó á ceistiú, rud nach bhfuil déanta ag formhór na scoláirí go dtí seo.

¹⁶¹ Féach Caibidil 3.3.6 ina bpléitear na nascanna idir na teaghlaigh éagsúla seo agus an lámhscríbhinn Leabhar Fhear Maighe.

¹⁶² Féach Caibidil 6.4.3.

4.4.2 Tionchar Fhilíocht na Fraince agus na hÉireann ar Ghearóid Iarla

a) An Fhrainc agus *Amour Courtois*

Mar a luadh thuas, tá conspóid i measc scoláirí maidir le filíocht Ghearóid Iarla, go háirithe maidir lena chuid filíochta grá. Phléigh údair éagsúla an tuairim gurbh é Gearóid a chuir tús le traidisiún na ndánta grá in Éirinn, ag tarraingt ar thraidisiún *amour courtois* na Fraince.¹⁶³ Chuir Bláithín tús leis an bplé seo:

... the *amour courtois*, which was first shaped into art for modern Europe in Provence, and found a home in all the languages of Christendom wherever a refined society and the practice of poetry met together. In Irish, too, it is clearly the poetry of society. To prove this, we need only point to the names of some of the authors of the poems: in Ireland, Gerald the Earl...¹⁶⁴

Níl scoláirí ar aon fhocal fé thuairim Bhláithín. Dar le Carney: ‘Any theory of influence of French verse upon Irish will not rest easily upon the figure of Gearóid Iarla, as is revealed in his poems.’¹⁶⁵ Phléigh an tOllamh Mícheál Mac Craith agus Seán Ó Tuama an tuairim seo leis. Bhí Ó Tuama an-deimhin de go bhféadfaí tionchar *amour courtois* a aithint ar shaothair Ghearóid.¹⁶⁶ Chíor an tOllamh Mícheál Mac Craith na hargóintí éagsúla a deineadh agus níor aontaigh sé leis an Tuamach áfach.¹⁶⁷ Tá ráite ag Mac Craith nár chuaigh tionchar an ghrá chúirtéisigh i bhfeidhm ar fhilíocht na nGael go dtí gur tháinig sé isteach trí léann an Bhéarla sa séú haois

¹⁶³ Le cur síos a fháil ar an seánra seo, go háirithe i gcomhthéacs na hÉireann, féach Ó Tuama, *An Grá i bhFilíocht na nUaisle*, go háirithe 11-16.

¹⁶⁴ Flower, R., ‘Reumhaiste’, in Ó Rathile, T., *Dánta Grádha: Cnósach de sna Dánta Grá is Fearr san Ghaelge (A.D. 1350-1750)* (Browne & Nolan, Dublin, 1916 - dara heagrán, Cólucht Oideachais na hÉireann, BÁC, 1926), xi. Luaigh Bláithín na dánta a scríobh Muiris in BL Harl. 913 freisin. Féach *ibid.*, xiii: ‘There are in Harley MS. 913 (fol. 15 b) certain Anglo-Norman verses, which have for a heading ‘Proverbia Comitum Desmonie’, and these have been attributed to our Gerald. But the manuscript was written before his day. They may serve, however, to prove the practice of French verse in his family.’ Féach freisin *idem.*, *The Irish Tradition* (Clarendon, Oxford, 1947 - athchló, 1978) 139-40 agus 144.

¹⁶⁵ Carney, ‘Literature in Irish’, 698.

¹⁶⁶ Ó Tuama, ‘The First Recorded Practitioner?’; *idem.*, *An Grá i bhFilíocht na nUaisle*, 12: ‘Ní fhéadfadh aon amhras a bheith ann dar liom, ná gur chum file fir amháin, ar a laghad, san 14^ú haois in Éirinn, liricí éadroma liteartha grá a bhí gaolmhar lena raibh á gcumadh i measc na n-uaisle sa bhFrainc agus i Sasana lena linn. Is é Gearóid Mac Gearailt, Gearóid Iarla, trúy hIarla Deasmhumhan, atá i gceist agam ar ndóigh...’ Féach freisin Cussen, *Gearóid Iarla*, 22-3.

¹⁶⁷ Mac Craith, *Lorg na hIasachta ar na Dánta Grá*, go háirithe 42-61.

déag.¹⁶⁸ Bhí Ó Tuama den tuairim nach raibh tionchar an Bhéarla le háireamh ar na dánta grá in Éirinn go dtí níos déanaí ná 1550.¹⁶⁹

Téann an bheirt scoláirí seo thar fóir ina gcuid argóintí. Ní gá gur tionchar láidir follasach a bheadh i gceist leis an tionchar a bheadh ag seánra filíochta. Is mó seans gur de réir a chéile a d'imir traidisiún an ghrá chúirtéisigh tionchar ar fhilí na Breataine agus na hÉireann araon. Ach má bhí stíl filíochta Fhrancach le tionchar a imirt ar dhuine d'fhilí na hÉireann sa cheathrú haois déag, is mó seans gur Gearóid Iarla a bheadh ann ná éinne eile. Mar a dúradh cheana, tá fianaise áirithe ann gur fhás Gearóid aníos i gcúirt Londan idir 1346 agus 1351. Cúirt le nascanna láidre leis an bhFrainc a bhí i gceist agus is í an Fhraincis a bhíodh á labhairt inti go laethúil mar theanga cúirte. Ní hamháin sin, ach mar is léir ó fhianaise na gcáipéisí comhaimseartha, bhí an Fhraincis go flúirseach ag teaghlach Ghearóid agus é ag fás aníos agus ba ghnách i saol agus i gcultúr chúirt na Sean-Ghall in Éirinn in aimsir Ghearóid iad a bheith ag feidhmiú trí mheán na Fraincise. Bhí nascanna láidre trádála idir deisceart na hÉireann agus an Fhrainc freisin. Níl dabht ach go raibh tionchar ag an bhFrainc agus ag an bhFraincis ar Ghearóid féin. Ní haon ionadh mar sin, go mbeadh tionchar ag filíocht Fhrancach ar a chuid filíochta. Mar a luaigh an Tuamach, ba thraidisiúin chumaisc, idirnáisiúnta, iad na traidisiúin as ar eascair Gearóid féin agus a chuid filíochta:

Ní foláir nó bhí an *milieu* dá-theangach nó trí-theangach, ar a dtráchtann Robin Flower, coitianta go maith sa cheathrú haois déag, agus go raibh amhráin agus dánta grá de chineálacha éagsúla le cloisteáil as Gaeilge, as Fraincis agus as Béarla ar fud na tíre. Is léir ar a chuid saothair gur shealbhaigh Gearóid Iarla, ach go háirithe, traidisiúin difriúla chultúrtha, agus gur éirigh leis filíocht ar fónamh a bhaint as na traidisiúin chumaisc sin.¹⁷⁰

Mar chuid dá thráchttaireacht, luaigh Mac Craith gur bhraith sé gur mhó an tionchar a d'imir Gofraidh Fionn Ó Dálaigh, file ar dhein na Gearaltaigh pátrúnacht air sa

¹⁶⁸ Ibid., go háirithe 58-60; idem, 'Gearóid Iarla agus "Mairg adeir olc ris na mnáibh"', 92

¹⁶⁹ Ó Tuama, *An Grá i bhFilíocht na nUaisle*, 60-1; idem., 'The First Recorded Practitioner?', go háirithe 82-5.

¹⁷⁰ Ó Tuama, *An Grá i bhFilíocht na nUaisle*, 15-6.

tréimhse seo, ar Ghearóid ná an Fhraincis. Luann sé an tionchar a bhí ag Gofraidh air agus an tábhacht a bhain le ‘tionchar an dúchais in ionad tionchar na hiasachta’.¹⁷¹ Ní gá, áfach, gur ceann amháin nó an ceann eile a bheadh i gceist. Tharlódh go bog go raibh tionchar ag domhan na Fraincise ar Ghearóid Iarla chomh maith le tionchar shaol na Gaeilge.

b) Éire agus Gofraidh Fionn Ó Dálaigh

Ó thaobh domhan na Gaeilge de, níl dabht ach go raibh tionchar mór ag a oide, Gofraidh Fionn Ó Dálaigh air. Luann Gofraidh go sonrath ina chuid dánta go raibh sé mar oide agus mar ollamh ar ball ag Gearóid Iarla. Sa dán *A Ghearóid, déana mo dháil* glaonn sé ollamh Ghearóid air féin agus impíonn sé ar Ghearóid glacadh lena chuid teagaisc. Thabharfadh an méid sin le fios gur oide Ghearóid a bhí ann:

Mo theagasg, a Ghearóid, gabh:

“feirde macámh a mhúnadh”;

dá dtugthar éara oirn-ne

déana mar a-déaraim-ne.¹⁷²

’N-a ucht ar chrodh ná ar chomhaidh

is a [.i. Muiris mac Thomáis] fhearg ret ollamhain,

a anam, ná haontaidh dol

go bhfagham aontaidh t’athar.¹⁷³

Ní hamháin sin, ach sa dán *Iongaibh thú orm a Iarla*, a chum sé do Ghearóid níos déanaí, nuair a bhí Gearóid ina Iarla, luann sé arís gurbh é ollamh Gearóid é:

Créad fhuil agaibh na aghaidh

Gan a íoc ret ollamhain

Lucht cogair fhaghla mh’fhine

Agaibh tarla i dtuinidhe.¹⁷⁴

¹⁷¹ Mac Craith, “Mairg adeir olc ris na mnáibh”, 91

¹⁷² *DiD.*, #67, véarsa 35.

¹⁷³ *Ibid.*, véarsa 37.

Cinnte, tugann an véarsa seo thuas le fios gur fear léinn i lucht leanúna Ghearóid ab ea Gofraidh nuair a deineadh Iarla de Ghearóid. Gan amhras lorgódh Gearóid comhairle óna fhile féin agus é i mbun cumadóireachta. Tacaíonn Katharine Simms leis an tuairim go raibh an caidreamh seo eatarthu.¹⁷⁵ Is léir ó fhilíocht Ghearóid go raibh sé go mór fé anáil thraidisiún liteartha na Gaeilge, agus thug Gofraidh Fionn an méid sin le fios ina chuid filíochta. Ós rud é gurbh é Gofraidh ard-ollamh filíochta na hÉireann, ní deacair a chreidiúint gur éirigh le Gearóid eolas cuimsitheach den chineál sin a fhoghlaim uaidh siúd. Mar a dúradh thuas, níl dánta Ghearóid ar an gcaighdeán is airde ó thaobh fhilíocht na mbard de, agus go deimhin, is ar mheadaracht *ae freislighe* cuid acu agus is *óglachas* atá i gceist sna dánta eile. É sin ráite, cé gur *óglachas* a bhíonn i gceist i gcuid mhaith dá dhánta, is léir fós féin go raibh cur amach aige ar na meadarachtaí éagsúla. Gan dabht, is ó fhile den aos léinn amháin a d'fhoghlaimedh sé a leithéid. Thar aon rud eile, tá fianaise i bhfilíocht Ghofraidh féin gur mhúinteoir ábalta é. Tugann dán le Gofraidh, *Madh fiafraidheach budh feasach* cumas Ghofraidh sa réimse seo le fios:

Madh fiafraidheach budh feasach
glic an éigse ilchleasach
solas an cleas-sa ad-chluinidh:
doras feasa fiarfaighidh.¹⁷⁶

Is fíor nach bhfuil na meadarachtaí go foirfe ag Gearóid, ach ar an taobh eile den scéal, ba thiarna ar mhórtitheaghlach Normannach é Gearóid agus mar sin, níor chaith

¹⁷⁴ *Ir. Montly* 47, 565, véarsa 16.

¹⁷⁵ Simms, 'The Geraldines and Gaelic Culture', 267: 'Gofraidh *Fionn* Ó Dálaigh had a hand in Gerald's literary formation.'

¹⁷⁶ McKenna, L., (ed.), 'A Poem by Gofraidh Fionn Ó Dálaigh', in Pender, S., (eag.), *Feilsgcríbhinn Torna* (Cló Ollscoile Chorcaí, Corcaigh, 1947), véarsa 1. Féach freisin Ó Cuív, B., 'The Linguistic Training of the Irish Medieval Poet', in *Celtica*, x (1973), 114-40 (athchló, DIAS, Dublin, 1973), 26: 'We have not much information as to who were the individual teachers, and it will, perhaps, have been noticed that I have named only two master-poets who set down their teaching in verse form: Tadhg Ó hUiginn and Gofraidh Fionn Ó Dálaigh. The first stanza of the Ó Dálaigh poem which I have mentioned earlier provides a fitting conclusion to this outline of the linguistic training of the poet, for it contains an unsurpassable maxim for the learner.'; Simms, 'The Geraldines and Gaelic Culture', 265: 'The poet, Gofraidh Fionn Ó Dálaigh was by far the most distinguished practitioner of the bardic art in the Ireland of his day, and author of at least two versified treatises on the composition of *dán díreach* or metrically perfect poetry.'; Breatnach, R.A., 'A Poem on Rime in Scholastic Verse', in *Éigse*, 3 (1941), 37-51.

sé na blianta ag foghlaim cruinneas sna meadarachtaí sin mar a bheadh caite ag file gairmiúil.

Ní haon ionadh, b'fhéidir, agus na Gearaltaigh ag cur spéise i léann agus litríocht na Gaeilge gur rugadar leo nós na nGael ar phátrúnacht a dhéanamh ar theaghlaigh léannta na hÉireann. Ach mar ba dhual do Ghearaltaigh Dheasmhumhan, dá mbeadh freastal nó seirbhís á éileamh acu, d'aimseoidís na daoine ab fhearr chun a leithéid a dhéanamh. B'intuigthe mar sin gurbh é Gofraidh Fionn Ó Dálaigh, ard-ollamh na hÉireann, a bhí mar fhile acu, mar ba bhall é den teaghlach ba mhó léann in Éirinn sa cheathrú haois déag, agus leis na cianta roimhe sin .i. Muintir Dhálaigh.

Caibidil 5: Gofraidh Fionn Ó Dálaigh

5.1 Réamhrá

Sa chaibidil seo, pléifear Gofraidh Fionn Ó Dálaigh, file a bhí ag saothrú dosna Gearaltaigh i lár na ceathrú haoise déag. Is é Gofraidh an chéad duine den aos dána a bhfuil fianaise ann gur dhein na Gearaltaigh pátrúnacht air. Bhí Gofraidh ag saothrú mar fhile leis na Gearaltaigh ó aimsir Mhuiris mhic Thomáis go dtí aimsir Ghearóid Iarla. Ar dtús scrúdófar óige agus cúlra Ghofraidh agus ansan tabharfar sracfhéachaint ar a chuid filíochta, ina bhfaightear eolas breise féna shaol agus fé na pátrúin a bhí aige, agus ansan déanfar iarracht ar chroineolaíocht phátrúnacht Ghofraidh a léiriú.

Beidh an chuid sin ina réamhrá leis an gcur síos ar an gcaidreamh a bhí ag Gofraidh le Gearaltaigh Dheasmhumhan. Ag deireadh na caibidle pléifear an nasc pátrúnachta a bhí idir Gofraidh agus Iarlaí Dheasmhumhan. Chun an nasc sin a léiriú, déanfar anailís ar thrí dhán a thiomnaigh Gofraidh do Mhuiris mac Thomáis, do Mhuiris Óg, agus do Ghearóid Iarla. Taispeánfar tábhacht na ndánta seo mar fhoinsí a chaitheann solas ar stair agus ar phátrúnacht na nGearaltach sa cheathrú haois déag.

5.2 Bunús agus Óige Ghofraidh Fhinn

5.2.1 Gofraidh Fionn agus *Madh fiafraidheach budh feasach*

Níl ach dhá dhán de chuid Ghofraidh Fhinn ann ina dtugtar eolas féna shinsir: *A Cholmáin mhóir mhic Léinín* agus *Madh fiafraidheach budh feasach*. Ní mhaireann an dán *A Cholmáin mhóir mhic Léinín* ach in aon lámhscríbhinn amháin.¹ Sa dán seo insíonn Gofraidh gur ó Dhálach, dalta le Colmán Naofa, a shíolraigh Muintir Dhálaigh:²

¹ RIA 743 [A iv 3], lch. 673.

² Féach, mar shampla, McGrath, C., ‘Ó Dálaigh Fionn cct.’, in *Éigse*, v:iii (Geimhreadh 1946), 189; Ó Cuív, B., ‘Béaltraidisiún Chorcaí: A Chúlra’, in *Béaloideas*, 58 (1990), 181-2.

Dob oirchios d'aicmi Dhálaigh,
dá ttug éicsi n-édálaigh,
dúana do dhérghadh dá ndán
d'érlamh Clúana, do Cholmán.³

Ní aontaíonn fianaise an dáin seo leis na ginealaigh éagsúla, áfach, ina ndeirtear gur shíolraigh Dálaigh uile na hÉireann ó Dhálach mac Fhachtna, duine de shliocht Mhaine.⁴ Tharlódh gur scríobhaí den ainm sin ó Dhíseart Tola a bhí i gceist.⁵

Tá fianaise airithe le fáil i ndán eile le Gofraidh, *Madh fiafraidheach budh feasach*, gur bhain Gofraidh le sliocht Dhálach Dhísirt Tola. Tá an dán, nó cuid mhaith de, le fáil i gceithre lámhscríbhinn.⁶ Tá an leagan is sine de le fáil i Leabhar Ua Maine, atá nach mór comhaimseartha le Gofraidh féin. Ní thugtar ainm Ghofraidh sa lámhscríbhinn sin, áfach. Tá cáil ar an dán seo mar thráchtas ar cheird na filíochta féin. Cé nach bhfuil ach ceithre chóip den dán iomlán nó den chuid is mó de, tagtha anuas chugainn, is minic a fhaightear véarsa nó líne nó dhó de i lámhscríbhinní éagsúla, rud a thugann le fios gur dán eiseamláireach a bhí ann.⁷ Ní hamháin sin, ach, bhí an dán

³ Bergin, *IBP*, #16, véarsa 13.

⁴ Féach, mar shampla, *Ó Cléirigh*, §589; *DMacF*, §§132.15-133.1; RIA 1233 [23 Q 10 - An Leabhar Donn], f. 36r-36v; O Flaherty, Roderico, *Ogygia: Seu Rerum Hibernicarum Chronologia* (Everingham, London, 1685), 401.

⁵ Féach, mar shampla, *AU*, s.a. 1010 [1011]; *ARÉ*, s.a. 1010.6 [1011]; Ó Murchadha, D., *Family Names of County Cork* (Collins, Cork, 1985), 114: 'The one from whom the Uí Dhálaigh took their surname may have been Dálach of Dísert Tola (Co. Westmeath), a distinguished scribe who died in 1011'. Bhraith Brian Ó Cuív go raibh fírinne áirithe sa tuairim go raibh Dálach eile Muimhneach ann, arbh é sinsear Ghofraidh é: 'My feeling at that time [.i. nuair a d'fhéach sé ar ghinealach Uí Dhálaigh ar dtús] was that the Munster Uí Dhálaigh poets, including Gofraidh Fionn and those of Muintear Bháire, were from a Munster Dálach and so could be left out of the discussion - cf. Gofraidh Fionn's account of his ancestor...' Litir ón Ollamh Brian Ó Cuív chuig an Ollamh John Kelleher, 18 Meán Fómhair 1987. Mo bhúiochas leis an Ollamh Seán Ó Coileán as an litir seo agus páipéir an Ollaimh Kelleher ar theaghligh léannta na hÉireann a roinnt liom.

⁶ RIA 1 [23 D 14]; RIA 727 [23 C 23]; RIA 744 [A v 2 - Duanaire na nDíolmhaineach]; RIA 1223 [D ii 1 - Leabhar Ua Maine]. Féach freisin McKenna, 'A Poem by Gofraidh Fionn Ó Dálaigh' [FS Torna], 66-76.

⁷ Mar shampla, RIA 34 [F v 3]; RIA 153 [23 M 17]; RIA 156 [23 D 5]; RIA 629 [23 A 45]; RIA 1427 [4 A 46]; BL Eg. 127; BL Add. 18749; TCD 1319 [H 2 17]; TCD 1415 [H 6 11]; TCD 1419 [H 6 15].

seo ina eiseamláir go minic sna Tráchtaisí Gramadaí agus sna Tráchtaisí Comhréire,⁸ mar a bhí dánta eile de chuid Ghofraidh.⁹

Ós rud é gur úsáideadh sleachta de dhánta Ghofraidh go minic sna Tráchtaisí, is léir gur mheas údair na dTráchtaisí sin go raibh a chuid dánta ar ardchaighdeán agus go bhféadfaí iad a úsáid mar eiseamláirí d'fhilí eile. Ní foláir mar sin, nó go mbíodh an-mheas ag filí agus ag aos léinn na hÉireann ar Ghofraidh mar fhile, agus iad ag bunú a gcuid saothar féin ar na dánta a chum sé agus ar na foirmlí fileata agus gramadaí a d'úsáid sé sna dánta sin.

Ní fios cé mhéad véarsa a bhí sa dán *Madh fiafraidheach budh feasach* an chéad lá riamh. Sna cóipeanna atá tagtha anuas chugainn, tá 54 véarsa sa leagan is faide. Ní féidir a bheith cinnte gur Gofraidh Fionn a chum gach véarsa díobh seo áfach. Pléitear locht áirithe sa dán sna Tráchtaisí Gramadaí¹⁰ ach dar le Mac Cionnaith, braitheann an locht seo ar an lámhscríbhinn a d'úsáid údar na dtráchtaisí. Mar a deir Mac Cárthaigh fén gceist chéanna:

Interestingly as pointed out by McKenna (1947, 66), 'this criticism applies to the M version alone in which stanzas 18-9 are absent' (with 'M' referring to the RIA D ii 1 version of the poem). Of course, this does not necessarily make the criticism invalid, as quatrains 18-9 need not have been present in the original poem composed by Gofraidh Fionn.¹¹

⁸ *IGT I*, §17, §129; *IGT II*, §1140, §1181; *IGT III*, §47, §564; *BST* §234.13-4. Féach freisin Knott, E., (ed.), *Irish Syllabic Poetry 1200-1600* (DIAS, Dublin, 1928 - dara heagrán, 1934 - athchló, 2005), 95: 'He is often referred to by poets of later ages as a model composer, and the grammarians cite his opinions on syntax'; *TD*, i, xxiii: 'Gofraidh Fionn Ó Dálaigh, Eóghan Mac Raith (an tÓrthóir), and Tadhg Óg Ó Huiginn are the three poets most frequently referred to as models by the profession during the 15th and 16th centuries.'

⁹ Tá go leor scoláireachta déanta ar thagairtí do dhánta éagsúla sna tráchtaisí gramadaí le blianta beaga anuas. Féach, mar shampla, McManus, 'Duplicated and Identified Citations'; de Brún, P., 'Varia IV. IGT Citations: Some Additional Identifications', in *Ériu*, 49 (1998), 175-6; McManus, D., 'Varia I. IGT Citations and Duplicate Entries, Further Identifications', in *Ériu*, 54 (2004), 249-251; Ó Riain, G., 'Varia I' (3), in *Ériu*, 63 (2013), 152. Féach freisin RIA 752 [24 P 8]; Mac Cárthaigh, E., *The Art of Bardic Poetry: A New Edition of Irish Grammatical Tracts I* (DIAS, Dublin 2014); Bergin, O. J., (ed.), 'Irish Grammatical Tracts', in *Ériu*, 8 (1916); 9 (1921/23); 10 (1926/28); 14 (1946); 17 (1955).

¹⁰ *IGT I*, §129, líne 1135: 'Ó. an tshloinntí 7 ailm na hagallmha do fháguibh Gofraidh Fionn; 7 do aguir Ceann Fáoladh Ó Cuill é 7 a-dubhairt gur mhó iná sin é 7 gurab díobh 'íar bhfior' 7 'ar bhfior' 7 íairmberla na guidhe.' Féach freisin Mac Cárthaigh, *The Art of Bardic Poetry*, 130. Is éard atá i gceist anseo ná nach úsáideann Gofraidh 'Ó' nuair a thugann sé sloinnté ná ní úsáideann sé an mhír 'a' sa tuiseal gairmeach.

¹¹ Mac Cárthaigh, *The Art of Bardic Poetry*, 280. 'M' a ghlaonn Mac Cárthaigh ar Leabhar Ua Maine.

Tugann véarsa 53 den dán eolas ar Ghofraidh féin:

Is mé Gofraidh mac meic Thaidhg
a n-deas ón Mhumhain mhíonaird
tearc trá ón lios i luighim
gá dtá fios a bhfiafruighim.¹²

Níl an véarsa seo le fáil sa chóip is sine den téacs, i Leabhar Ua Maine, ach tá sé in RIA 1 [23 D 14] agus RIA 727 [23 C 23]. Chomh maith leis sin áfach, is é Gofraidh a ainmnítear mar údar an dáin sna tráchtaisí:

The signature quatrain, unusual in itself for the period, is missing from the Book of Uí Mhaine but the scribe of RIA 23 D 14, the text of McKenna's edition and that of the later RIA 24 P 8, who seems to have used a version like M's had no difficulty in accepting it as Gofraidh's work.¹³

Más Gofraidh féin a chum an véarsa seo, d'fhéadfaí é a shuíomh i nginealach Uí Dhálaigh mar mhac nó mar nia le hAonghus (mac Cearbhaill Bhuidhe) Ó Dálaigh, fear a chum dánta éagsúla d'Aodh Ó Conchobhair, Rí Chonnacht (†1309).¹⁴ Ós rud é go dtagraíonn na Tráchtaisí do Ghofraidh Fionn mar fhear cumtha an dáin, is dócha gur féidir glacadh leis an tuairim sin.¹⁵ Tá fianaise áirithe bhreise le fáil ó fhilíocht eile Ghofraidh go raibh gaol gairid idir é, Aongus agus Cearbhall Buidhe. Chum Gofraidh an dán *A fhir théid i dTír Chonail*¹⁶ i lár na ceathrú haoise déag do Chonchobhar

¹² McKenna, 'A Poem by Gofraidh Fionn Ó Dálaigh' [FS Torna], 71.

¹³ Dooley, A., 'The Poetic Self-fashioning of Gofraidh Fionn Ó Dálaigh', in Picard, J. M. & Richter, M., (eds.), *Ogma: Essays in Celtic Studies in honour of Próinséas Ní Chatháin* (FCP, Dublin, 2002), 213.

¹⁴ Féach, mar shampla, *ibid.*, 216, nóta 21; O'Dwyer, P., O. Carm., (ed.), 'A Vision Concerning Hugh O'Connor †1309 by Mac Cearbhaill Bhuidhe Uí Dhálaigh', in *Éigse*, v (Samhradh 1946), 79-91; Féach freisin McManus, D., 'An Elegy on the Death of Aodh Ó Conchobhair (†1309)', in *Ériu*, 51 (2000), 69-91; *DiD.*, #119; McKenna, L., (ed.), 'Poem to Cloonfree Castle', in *Ir. Monthly*, 41:606 (Dec. 1923), 639-645. Maidir le Cearbhall Buidhe, tharlódh gurbh é an fear a luann na hAnnála a bhás fén mbliain 1245. Féach, mar shampla, *ARÉ*, s.a. 1245.7; *AComm*, s.a. 1245.8; *ALC*, s.a. 1245; *AU*, s.a. 1246; *AC*, s.a. 1246; *Misc. Ir. An.*, s.a. 1246.4. Féach freisin RIA 1233 [23 Q 10 - An Leabhar Donn], f. 36v.


¹⁵ Glac Diarmuid Ó Murchadha leis gur Gofraidh féin a chum. Féach Ó Murchadha, *Family Names*, 114-5: '...author of several poems in praise of the Mac Carthy chiefs as well as a poem on the descent of the Uí Dhálaigh. 'I am Gofraidh, grandson of Tadhg, from smooth lofty Mumha in the south', he tells us in one poem.' Féach freisin O Riordan, M., *Irish Bardic Poetry and Rhetorical Reality* (CUP, Cork, 2007), 201.

¹⁶ *DiD.*, #66; *Ir. Monthly* 47, 4-5.

(†1342), Ó Domhnaill na linne sin. Is é seo an t-aon dán do thaoiseach Ultach atá tagtha anuas chugainn dár chum Gofraidh. Dar le Katharine Simms:

A eulogy to Conchobhar O'Donnell composed by Gofraidh Fionn Ó Dálaigh pictures him banqueting in his stronghold of Murvagh, still a place-name for the southern bank of the Erne estuary, opposite the island of Inis Saimhéar, the traditional seat of the kings of Tír Conaill in the twelfth and thirteenth centuries. [...] Conchobhar's mother was one of the Clann Murtagh, whose last recorded location in 1311 was holding the narrow plain of Magh Céidne, between the Erne and the Drowse rivers.¹⁷

Dearbhfhorgaill Ní Chonchobhair ab ainm do mháthair Chonchobhair Uí Dhomhnaill. Ón gcraobh chéanna de Mhuintir Chonchobhair (i. Clann Mhuircheartaigh) le hAodh Ó Conchobhair (†1309) a shíolraigh sí. Col ceathracha ab iad. Ba é Aodh an fear a raibh Aonghus mac Cearbhaill Bhuidhe ina fhile flatha aige. Thacódh seo leis an tuairim gurbh é Aonghus athair Ghofraidh. Sa chás sin, bheadh an chuma seo a leanas ar ghinealach Ghofraidh:



¹⁷ Simms, K., 'A Lost Tribe: The Clan Murtagh O'Conors', in *JGAHS*, 53 (2001), 15.

5.2.2 Óige agus Oilúint Ghofraidh

Is tearc an t-eolas ar Ghofraidh Fionn sna foinsí atá ar marthain, seachas sna hannála ina dtugtar nóta a bháis, agus ina nglaoitear ard-ollamh na hÉireann air: ‘Goffraidh Fionn Ó Dálaigh ard-ollamh Ereann le dán [...] do écc.’¹⁸ Mar sin, caithfidh an scoláire a lorgóidh eolas air an t-eolas sin a bhaint as na dánta a chuirtear ina leith. Tugann dán le Gofraidh Mac an Bhaird, *Cuimhnigh A Mháire, an cunnradh do cheanglabhar*, le fios go nglaoití ‘Ó Dálaigh Fionn’ ar Ghofraidh:

Ó Dálaigh Fionn an rún fá rabhadar
gé do thoghadar mionn súl na seanoideadh
d'oidhir suadh fíonRuis do b'anobar;
níor ghabhadar uadh díoghras a dheaghoigeadh.¹⁹

Cé go dtugtaí an teideal sin, ‘Ó Dálaigh Fionn’, ar cheann chraobh Uí Dhálaigh Fhinn, ní gá gur mar sin a tharla i gcás Ghofraidh. Cé go raibh mac ag Aonghas Fionnabhrach Ó Dálaigh, seanathair Chearbhaill Bhuidhe, darbh ainm Cearbhall ‘Fionn’, níl aon fhianaise ann a chruthódh gur dhuine de shinsir Ghofraidh é. Mar sin, is dócha go raibh an ceart ag an Ath. Mac Craith nuair a dúirt sé: ‘it is possible, then, that in Gofraidh Fionn we have the eponym of this family.’²⁰

Ní mór an fhianaise atá ar fáil ar shaol nó ar shaothar Ghofraidh roimh lár na ceathrú haoise déag. Tá eolas áirithe le fáil i ndá dhán leis, *A chnuic thoir re taoibh Ealla*²¹ agus *Teach carad do-chiu folamh*.²² Cé nach féidir dátaí cinnte a chur leo, is léir gur luath ina shaol a chum sé ar a laghad ceann amháin acu. Tugann siad seo eolas áirithe féna shaol agus fé na pátrúin a bhí aige ina óige. Ní fhaightear an chéad dán ach in aon lámhscríbhinn amháin: RIA 743 [A iv 3]. Is do dhuine de Mhuintir Mhic Cárthaigh, Féilim, a cumadh an dán seo. Ní fios go cinnte cérbh é:

¹⁸ *ARÉ*, s.a. 1387.4. Féach freisin *AU*, s.a. 1387.

¹⁹ *Aithd. D.*, i, 76-77: *Cuimhnigh, A Mháire, an cunnradh do cheanglabhar*, véarsa 7. Féach freisin McGrath, ‘Ó Dálaigh Fionn’, 188: ‘We know [ón dán seo] that he was styled Ó Dálaigh Fionn’.

²⁰ *Ibid.*

²¹ *DiD.*, #64; *Ir. Monthly* 47, 166-170.

²² *DiD.*, #116; *Ir. Monthly* 47, 1-3.

...nor is any Féilim answering to the above indications recorded in the Genealogies. He may have been a son of Diarmuid Mág Carthaigh (slain at Tráigh Lí in 1325), son (according to McFirbis and the Book of Munster) of Domhnall Og (d. 1303).²³

Maraíodh Diarmaid mac Dhomhnaill Mhic Carthaigh i dTrá Lí sa bhliain 1325. Is i ndiaidh an dáta sin a cumadh an dán, mar caointear bás Dhiarmada i véarsa 5. Caoineann an dán bás Fhéilim ar chnoc Chláraigh (cnoc gar do Shráid an Mhuilinn i gContae Chorcaí sa lá atá inniu ann). Ní léir cathain a tharla an eachtra a luaitear sa dán ach is dócha gur uair éigin i lár na ceathrú haoise déag a tharla. Duine eile de na Cárthaigh a luaitear sa dán ná Domhnall Cairbreach. Cheap Mac Cionnaith gurbh é an duine céanna é go luaitear a bhás sna hannála sa bhliain 1414.²⁴ Más ea, ní dócha gur chomh luath le 1325 a cumadh an dán seo, ach am éigin i lár na haoise sin nó níos déanaí fiú. An t-eolas is tábhachtaí sa dán fé Ghofraidh féin, ná go ndeir sé gur gar don chnoc seo a tógadh é:

A chnuic thoir re taoibh Ealla
fá dtáid aicme Oilealla,
ciodh 'mud bhruach do hoileadh inn
fuath dot oireas im inntinn.²⁵

Tá an dán *Teach carad do-chiu folamh* le fáil i seacht lámhscríbhinn.²⁶ Is i Leabhar Dhéan Leasa Mhóir, ó thús na séú haoise déag, a fhaightear an chóip is sine den dán. Ar Eoghan Mhag Craith a leagtar an dán in RIA 1 [23 D 14] agus LNÉ G 992 [An Duanaire Núinseannach] agus ar Thadhg mac Dáire Mhic Bhruaideadha in RIA 380 [24 B 9], ach ba í tuairim Mhic Cionnaith gurbh é Gofraidh a chum an dán.²⁷

²³ *Ir. Monthly* 47, 166. Féach freisin *DMacF*, §1321.3; *LM*, 150, 210 agus 430; *AI*, s.a. 1320.1 [*recte* 1325]; 1328.1. [*recte* 1325].

²⁴ *ARÉ*, s.a. 1414.6: 'Mág Cárthaigh Cairbreach .i. Domhnall mac Domhnaill do écc' Féach freisin *Ir. Monthly* 47, 166.

²⁵ *DiD.*, #64, véarsa 1. Féach freisin *Ir. Monthly* 47, 167.

²⁶ RIA 1 [23 D 14]; RIA 3 [23 L 17]; RIA 380 [24 B 9]; RIA 488 [23 N 12]; NUIM C 88; LNÉ G 992 [An Duanaire Núinseannach]; LNA Adv. 72.1.37 [Leabhar Dhéan Leasa Mhóir].

²⁷ Féach, mar shampla, *DiD.*, #116; McKenna, L., (ed.), *Iomarbhágh na bhFileadh: The Contention of the Bards*, i (ITS, London, 1918), xii: 'Two poems, 'Tug dom aire a Innse an Laoigh', 'Teach carad do chiu folamh', sometimes ascribed to him [Eoin Mhag Craith] are more probably by Maoilin Og Mac Bruaideadha and Goffraidh [*sic*] Fionn O Dalaigh respectively'.

Caoineadh ar bhás Chonchobhair mhic Thoirrdhealbhaigh Uí Bhriain (†1328) agus cur síos ar a chaisleán atá sa dán seo. Is léir ón dán go raibh Gofraidh i mbun cumadóireachta do na Brianaigh agus é óg agus gur chaith sé tréimhse sa chaisleán áirithe sin:

Meinic do bhí meadhair mhór
San toigh-sin a-tá ar an-shrógh
Taraidh mé gion gur sean sinn
Gan teach amhail é i n-Éirinn²⁸

Mar a dúirt Mac Cionnaith ní féidir dáta a chur leis an dán seo, ach is léir gur dán é a chum Gofraidh luath go leor ina shaol:

Gofraidh appears [...] to have been already a qualified bard and in professional relations with the Ó Briains as early as 1328. His birth-year was probably therefore about 1300. There is no means of fixing the date of this poem.²⁹

Mar sin, is dócha gur thart ar 1300, gar do Dhúthaigh Ealla, a rugadh Gofraidh, agus i ndiaidh a chuid traenála mar fhile, gur chaith sé tréimhse i gcúirt na mBrianach. Rud eile sa dán seo ná go dtugann sé eolas fé chaidreamh Ghofraidh lena phátrún nuair a dheineann sé cur síos ar an gconradh a bhí idir é agus Conchobhar:

Connradh do rónsam a-raon
Is inn i n-aoir dá macaomh
A-tá tuirse ar gcul dom chur
San toighse dún gá dhéanamh

Is eadh do bhí dhó-san de
Rann ar gach dhuain dar ndáin-ne

²⁸ *DiD.*, #116, véarsa 5. Féach freisin *Ir. Monthly* 47, 2.

²⁹ *Ir. Monthly* 47, 1. Féach freisin Dooley, 'The Poetic Self-fashioning', 216: 'a poem which must be one of Gofraidh's earliest.'

Each gach bliadna do bhí dhamh
Rí liamhna nocha locfadh.³⁰

Mar atá le léamh sna véarsaí seo, gheall Gofraidh do Chonchobhar go gcuirfeadh sé *iargomharc*³¹ in onóir do Chonchobhar ag deireadh gach dáin a chumfadh sé agus is léir ón dán féin go bhfaigheadh sé capall gach bliain ó Chonchobhar dá bharr sin. Is léir ó fhianaise fhilíocht na séú haoise déag go raibh cuimhne ag na filí ar an gconradh seo. Luaitear ócáid i gcúirt Mhic Uidhir i ndán le hEochaidh Ó hEodhusa, thart ar an mbliain 1586:

It is at such a party, probably held at Enniskillen Castle about the year 1586 [...] One of the company on request recited a poem which a Munster poet, Gofraidh Fionn Ó Dálaigh [...], had made about two centuries before to a Northern prince. In this poem Gofraidh Fionn had included a single quatrain in praise of O'Brien of Thomond. Hugh was curious about this, or affected to be curious. 'Poets,' he asked, 'why did Ó Dálaigh make the quatrain for the Munster prince. Was it a sign of love?' Eochaidh was the one to answer and said that it was not because of his love for Conor O'Brien, but that O'Brien used to give Gofraidh a horse every year for this single-quatrain concession. In other words, it was strictly a business arrangement: O'Brien wanted publicity and Gofraidh Fionn, amongst other things, was an advertising agent. When Hugh heard this, Eochaidh tells us, he had a great wish for the same thing.³²

Dhein Eochaidh cur síos ar an eachtra seo sa dán leis *Connradh do cheanglas re hAodh*:

³⁰ *DiD.*, #116, véarsaí 20 agus 21. Féach freisin *Ir. Monthly* 47, 3.

³¹ Breatnach, P. A., 'A Covenant between Eochaidh Ó hEódhusa and Aodh Mág Uidhir', in *Éigse*, xxvii (1993), 59: 'A standard feature of the Classical Irish praise poem is the appending of supplementary quatrains with dedications to subjects other than the patron to whom the poem proper is addressed, such as the patron's spouse or a saint to whom the poet or his family had a particular devotion, or a separate, worldly patron. Such quatrains, for which the traditional term is *iargomharc/iargomharg* (<*iar*ⁿ + *comharc* 'invocation', 'quatrain'), naturally tended to be omitted in the process of transmission, being regarded by scribes as extraneous to the matter in hand.'

³² Carney, J., *The Irish Bardic Poet* (Dolmen, Dublin, 1967), 15.

Each gach bliadhna, buan an bhreath,
d'Ú Dhálaigh, díochra an t-eineach,
do bheireadh saorbharr sluaigh Fáil
ar an aonrann uaidh d'fhagháil.³³

Sa dán seo chomh maith, dhein Eochaidh conradh den saghas céanna le hAodh Mag Uidhir. Ní léir go maireann aon dán le Gofraidh cosúil leis an dán a luann Eochaidh anseo, inar chuir Gofraidh 'a single quatrain in praise of O'Brien of Thomond' le dán 'to a Northern prince'. Ní *Teach carad do-chiu folamh* a bhí i gceist. Ach is léir ón gcomhthéacs gur cheann de na 'golden oldies' a luann Katharine Simms a bhí ann:

...a pantheon of respected authors and a canon of exemplary poems came to be established over time, some of these poems eventually gaining the status of what Katharine Simms has referred to as 'golden oldies'. The use of such compositions at some remove from the time and place of their original performance is illustrated by the recitation of a poem, which was composed in the fourteenth century by Gofraidh Fionn Ó Dálaigh, as an item of entertainment over two hundred years later for Aodh Mág Uidhir (d. 1600).³⁴

Mar a dúradh thuas, dán luath eile le Gofraidh is ea *A fhir théid i dTír Chonaill*,³⁵ a chum sé idir 1333 agus 1342, do Chonchobhar Ó Domhnaill (†1342). Is léir gur cumadh an dán seo idir 1333 agus 1342, mar glaonn Gofraidh 'Ó Domhnaill' ar Chonchobhar sa dán agus cailleadh athair Chonchobhair i 1333.³⁶ Luann Gofraidh comhaontú den saghas céanna a bhí aige le hÓ Briain sa dán seo:

Fiarfaigh dhamh-sa dá deirc mhoill
cionnus dhíolfas Ó Domhnaill

³³ Breatnach, 'A Covenant', 64.

³⁴ Ó Macháin, P., 'Tadhg Ó Rodaighe and his School: Aspects of Patronage and Poetic Practice at the Close of the Bardic Era', in Duffy, S., (ed.), *Princes, Prelates and Poets in Medieval Ireland: Essays in honour of Katharine Simms* (FCP, Dublin, 2013), 538. Féach freisin Simms, 'Selection of Poems for Inclusion in the Book of the O'Connor Don', 34: '... acknowledged masterpieces of their kind, used as models for composition in the bardic schools. The kind of poem I have in mind are those which turn up in such earlier anthologies as the Book of the Dean of Lismore and the Nugent Manuscript before they appear in BOCD, poems I am irreverent enough to think of as 'golden oldies'.'

³⁵ *DiD.*, #66; *Ir. Monthly* 47, 4-5.

³⁶ Féach, mar shampla, *Ir. Monthly* 47, 4; *ARÉ*, s.a. 1333.11 agus 1342.16.

a bheith ag craoibh Ché 'n-a chairt
mé i ngach laoidh dá labhairt.³⁷

Is follas, mar a dúradh thuas, gur tógadh Gofraidh Fionn gar do Dhúthaigh Ealla uair éigin ag tús na ceathrú haoise déag agus gur chaith sé tamall i gcúirt na mBriannach roimh 1328. D'fhoghlaim sé a cheard i scoil filíochta a bhain le Clann Mhic Craith roimhe sin, mar a thugann an file Maolmhuire Mac Craith le fios sa dán *Mairg chaitheas dlús re dhalta*:³⁸

Ionann dúinn gliocas is gaois
ionann leabhair do léaghmaois
'gun mhór-oide do mhún sinn
córaide cúl réir gcoitinn.³⁹

Sa dán seo dhein Maolmhuire gearán fé Ghofraidh i ndiaidh coimhlinte eatarthu. Cé go bhfuil sé ag gearán fé, admhaíonn sé gur file máistriúil é Gofraidh:

Ceard Ghofradha as ghlan cridhe
ag cumhdach ar gceirdeí-ne;
maith bláth a oideachta air
do b'fháth coigealta ar chiontaibh.⁴⁰

Bhí ar a laghad mac amháin ag Gofraidh, Eoghan. File ab ea Eoghan agus bhí sé ina dhalta ag Gofraidh leis. Tugann Gofraidh an méid seo le fios sa dán *A chros thall ar an dtulaigh*,⁴¹ ina gcaoineann sé bás a mhic:

³⁷ *DiD*, #66, véarsa 14. Féach freisin Breathnach, 'A Covenant', 60. Níorbh é Gofraidh an t-aon duine de Mhuintir Dhálaigh le socrú dá leithéid dar le Quiggin: Quiggin, E., 'Prolegomena to the Study of the Later Irish Bards 1200-1500', in *Proceedings of the British Academy*, 5 (British Academy, Oxford, 1911 - athchló, American Committee for Irish Studies, New York, 1967), 24: 'Murray O'Daly represents himself as obtaining a steed every year and a golden beaker.'

³⁸ *DiD*, #104; McKenna, L., 'Fellow-Scholars Should Not Fight'.

³⁹ *Ibid.*, véarsa 7. Féach freisin, *Aithd. D.*, i, xxxii.

⁴⁰ *Ibid.*, véarsa 2. Féach freisin Dooley, 'The Poetic Self-fashioning', 213: 'The jealousy of his [Gofraidh] poetic contemporaries does not prevent them from making generous admission of his literary achievement as the complaint poem from Maolmhuire Mág Craith makes clear'. É sin ráite, dár leis an údar céanna: 'The compliment to his *oideacht* is a backhanded one as, on the evidence of this poem, Gofraidh was educated by the Mág Craiths'. *Ibid.*, nóta 9.

⁴¹ *DiD*, #65; *Ir. Monthly* 47, 622-626.

Mar tú dá bhás ní bhiadh mé
dámadh neach eile a oide;
cúis as ar fhoide, a Dhé, a dhol
is mé do b'oidhe dh'Eoghan.⁴²

Tharlódh gur mhac eile leis ab ea Tadhg, duine go luaitear a bhás sna hannála sa bhliain 1437.⁴³ Cailleadh Gofraidh féin sa bhliain 1387.⁴⁴

5.3 Pátrúin Ghofraidh

Bhí pátrúin éagsúla ag Gofraidh i rith a shaoil. Mar a dúradh thuas, is feasach gur chum sé dánta do Chonchobhar Ó Domhnaill (†1342),⁴⁵ Conchobhar Ó Briain (†1364),⁴⁶ agus Féilim Mac Cárthaigh (†p. 1325).⁴⁷

Dhealródh sé gur dhuine achrannach Gofraidh ó am go ham. Uaireanta bhíodh aighneas idir Gofraidh agus taoiseach nó tiarna a bhí mar phátrún aige. I ndán le Gofraidh Mac an Bhaird, *A Mháire, an cunnradh do cheanglabhar*, a cumadh sa séú haois déag, deineann sé cur síos ar ócáid amháin gur bhris Gofraidh leis na Brianaigh:

Triall Ó gCais ar gcall a n-oigeaghaoil
gan rann dá oigealaidh lais ón laggabháil;
an dán cumthar don fhearchoin ón eagarfháidh
dealbhthóir - níor bheaganáir - do Mhurchadh Ó Mhadagáin.⁴⁸

Is do Mháire, iníon Aodha Uí Néill, Iarla Thír Eoghain, a chum Mac an Bhaird an dán seo. Phós Máire Brian Mág Mathghamhna ag deireadh na séú haoise déag. Sa dán seo, tá Mac an Bhaird ag bagairt go bhfágfadh sé a phátrún, dá gcaithfí go holc leis, mar a

⁴² *DiD.*, #65, véarsa 38.

⁴³ *AConn*, s.a. 1437.7: 'Tadc mac meic h. Dalaig Find do marbad i trodan da muintir fein.'

⁴⁴ Féach thuas, nóta 18.

⁴⁵ *A fhir théid i dTír Chonaill*, *DiD.*, #66; *Ir. Monthly* 47, 4-5.

⁴⁶ *Teach carad do-chiu folamh*, *DiD.*, #116; *Ir. Monthly* 47, 1-3.

⁴⁷ *A chnuic thoir re taoibh Ealla*, *DiD.*, #64; *Ir. Monthly* 47, 166-170.


⁴⁸ *Aithd. D.*, #19 (76-77), véarsa 8. Féach freisin McGrath, 'Ó Dálaigh Fionn', 188.

dhein Gofraidh Fionn tráth.⁴⁹ Tá tagairt aige do Mhurchadh Ó Madagáin (†1371) sa véarsa seo. Tá dán amháin a chum Gofraidh do Mhurchadh, *Do tóghadh meirge Murchaidh*,⁵⁰ tagtha anuas chugainn. Dar le Mac Cionnaith, cumadh an dán seo uair éigin idir 1347 agus 1371.⁵¹

Bhí ceangal idir Gofraidh agus dhá mhór-theaghlach Ghaelacha na Mumhan, na Brianaigh agus na Cárthaigh. Dealraíonn sé gur leis na Brianaigh a bhí an nasc aige ar dtús. Chum sé ar a laghad dán amháin, *A toigh bheag tiaghar i dteagh mór*, do Dhiarmaid Ó Briain (†1364), Taoiseach na mBrianach.⁵² Gairmeadh Ó Briain de Dhiarmaid i 1343 ach dhíbir Brian Bán Ó Briain (†1350) é. Tar éis bhás Bhriain Bháin, deineadh taoiseach de Dhiarmaid arís go dtí 1360.⁵³ Is dócha gur sa tréimhse seo (1350-60) agus Diarmaid ina thaoiseach, a chum Gofraidh an dán. Cuireann an dán síos ar uaisleacht a mhuintire agus deintear comparáid idir é féin agus a shinsir roimis.

Seachas Iarlaí Dheasmhumhan, b'iad na Cárthaigh na príomhphátrúin a bhí ag Gofraidh.⁵⁴ Tá ar a laghad seacht ndán a chum Gofraidh do na Cárthaigh tagtha anuas chugainn. Léirítear anseo na Cárthaigh gur scríobh sé dánta dóibh:

Filiocht Ghofraidh Fhinn agus na Cárthaigh



⁴⁹ *Aithd. D.*, i, 76.

⁵⁰ *DiD.*, #85; *Ir. Monthly* 47, 102-107.

⁵¹ *Ir. Monthly* 47, 102.

⁵² McKenna, L, (ed.), 'A Poem by Gofraidh Fionn Ó Dálaigh', in *Ériu*, 16 (1952), 132. Mheas Ann Dooley go raibh mórán cosúlachtaí idir an dán *Damhaidh duinn coir a chleirche* a cumadh do Dhiarmaid agus saothair Ghofraidh. Ní mhaireann ach cóip amháin den dán seo, sa lámhscríbhinn LNÉ G 992 [An Duanaire Núinseannach] (agus trasscríobh de i NUIM C 81). Sa lámhscríbhinn sin, leagtar an dán ar Ghiolla Brighde Mac Con Midhe. Dooley, 'The Poetic Self-fashioning', 214-217. Féach freisin Ó Cuív, B., 'An Appeal on Behalf of the Profession of Poetry', in *Éigse*, xiv (1971-2), 87-106.

⁵³ Féach, mar shampla, *NHI*, ix, 152.

⁵⁴ Knott, *Irish Syllabic Poetry*, 95: 'Several of his poems are addressed to the earls of Desmond who were his contemporaries. These and the Mac Carthys seem to have been his principal patrons'.

Chum sé *A chnuic thoir re taoibh Ealla*, d’Fhéilim (†p. 1325) Mac Cárthaigh,⁵⁵ *Beir eolas dúinn, a Dhomhnuill*,⁵⁶ do chol ceathrar Fhéilim, Domhnall Óg, Taoiseach Chlainne Cárthaigh ó 1359-1391.⁵⁷ Chum sé dhá dhán do dheartháir Dhomhnaill Óig, Diarmaid, Tiarna Mhúscraí (†1381).⁵⁸ Sa chur síos a dhein sé ar an gcéad dán, *Fa ngníomhraidh measdar meic ríogh*,⁵⁹ luaigh Mac Cionnaith dáta báis 1368 le Diarmaid.⁶⁰ Ba de chraobh Mhic Cárthaigh Riabhaigh an Diarmaid a cailleadh i 1368.⁶¹ Ba mhac é le Cormac Donn (†1366),⁶² agus col ceathrar le Domhnall Riabhach (an chéad Tiarna Mhic Cárthaigh Riabhaigh, †1414).⁶³ Glaoitear ‘mac meic Dhomhnaill athláimh Óig’⁶⁴ ar Dhiarmaid sa dán seo. Is dócha mar sin gurbh é an fear a cailleadh i 1381 atá i gceist. Domhnall Cam ab ainm do sheanathair an fhir a cailleadh i 1368.⁶⁵

D’aithin McManus dán eile a chum Gofraidh do Dhiarmaid (†1381) Mac Cárthaigh, *Slán dona saothibh sealga*:⁶⁶

This poem has no ascription in the manuscript but it is an elegy on the hound of Diarmaid (mac Cormaic mhic Dhomhnaill) Mág Carthaigh (†1368) [*recte* 1381], a patron of Ó Dalaigh’s. In his elegy on Ábhartach, beloved hound of Cú Chonnacht Óg Mág Uidhir (†1608). Fearghal Óg Mac an Bhaird refers to an elegy by Gofraidh Fionn on the hound of a McCarthy chief (*Teasda easgcara an fhiadhaigh* ‘The enemy of game is dead’, *Dioghluim Dána* no. 118, qts 11-19) as a precedent for the composition of such a work in Dán Díreach. Clear echoes between Mac an Bhaird’s poem and *Slán dona*

⁵⁵ Féach thuas, nóta 47.

⁵⁶ *DiD.*, #74; *Ir. Monthly* 47, 283-286.

⁵⁷ Féach, mar shampla, *AI*, s.a. 1390.1; *ALC*, s.a. 1391; *AConn*, s.a. 1391.4; *Misc. Ir. An.*, s.a. 1392.16; *ARÉ*, s.a. 1391.2.

⁵⁸ *ARÉ*, s.a. 1381.4; *AU*, s.a. 1381.

⁵⁹ *DiD.*, 91; *Ir. Monthly* 47, 397-403.

⁶⁰ *Ir. Monthly* 47, 397.

⁶¹ *ALC*, s.a. 1368; *AConn*, s.a. 1368.7; *ARÉ*, s.a. 1368.7.

⁶² *ARÉ*, s.a. 1366.4; *ALC*, s.a. 1366; *AConn*, s.a. 1366.4.

⁶³ *AConn*, s.a. 1414.15; *ARÉ*, s.a. 1414.6. Féach freisin *ALC*, s.a. 1398; *AConn*, s.a. 1398.19; *Misc. Ir. An.*, s.a. 1398.3; *ARÉ*, s.a. 1398.17.

⁶⁴ *DiD.*, 91, véarsa 38.

⁶⁵ *NHI*, ix, 157.

⁶⁶ Ní mhaireann an dán seo ach in aon lámhscríbhinn amháin: UCD, A 25. Féach *ABM*, #431 (608-9).

saoithibh sealga ('Goodbye to the masters of the hunt') suggest that the latter is Gofraidh's composition.⁶⁷

Chum Gofraidh filíocht do pháistí Dhomhnaill Óig (†1391) Mhic Cárthaigh chomh maith. Chum sé an dán *Gaois Ailbhe i n-inghin Domhnaill*⁶⁸ dá iníon, Sadhbh, agus *Fuirigh go fóill, a Éire*⁶⁹ dá mhac, Tadhg na Mainistreach (†1428).⁷⁰ Bhí Tadhg fós óg go leor nuair a cumadh an dán seo. Mheas O'Grady gur thart ar 1376 a cumadh é:

If, as O'Harte [*sic*] states, Tadhg was born in 1340 this poem, addressed to him when a young boy, would have been written about 1356, but the chronology of the Mág Carthaigh pedigrees is in favour of a date about 20 years later.⁷¹

Phós Tadhg na Mainistreach Siobhán, iníon Ghearóid Iarla. Is dócha gur tar éis do Ghofraidh an dán seo a chumadh a phósadar mar ní luaitear í sa dán. Tagraítear do Shiobhán fé dhó sna hannála. Tugtar a nóta báis féin sa bhliain 1411: 'Siban ingen Iarla Desmuman uxur Meg Carthaig Moir mortua est',⁷² agus luaitear í i nóta báis Thaidhg freisin:

Tadhg Ma Carraigh, .i. mc. an Domnaill sin, .xxxviii. annis regnauit, 7 as e dob earr 7 bo mo 7 bo 7 dob inrada ol finna do bi do Gallaib 7 do Gaealaibh 'na aimser. Ge geadh soin, do bi saith a athar fein do mc. and. mortuus est a Caslen Bali I Cairbre 7 a anocudh annsa mainestir ceadna, Anno Domini Mcccc.xxviii; 7 as i dobo bean do, Seabhan ingen Geroid Iarla. Mortua est a Cais(lean) Mc. n-Aegain 7 sepulta est a Traig Ly.⁷³

⁶⁷ McManus, 'Varia I, Further Identifications', 250n.

⁶⁸ *DiD.*, #99; *Ir. Monthly* 47, 224-228.

⁶⁹ *DiD.*, #97; *Ir. Monthly* 47, 455-459.

⁷⁰ 1413 a thugann O'Grady, *Ir. Monthly* 47, 455, ach ní aontaíonn sé seo le fianaise na nAnnála. Féach freisin *AI*, s.a. 1428.1; *NHI*, ix, 155. Féach freisin *Misc. Ir. An.*, s.a. 1392.16 agus 1394.26.

⁷¹ *Ir. Monthly* 47, 455. Féach freisin O'Hart, J., *Irish Pedigrees; or, The Origin and Stem of the Irish Nation* (Duffy, Dublin, 1892 - 5^ú heagrán - athchló, Genealogical Publishing Co., Baltimore Md., 1999), i, 113.

⁷² *AConn*, s.a. 1411.2: 'Cailleadh Siobhán, iníon Iarla Dheasmhumhan, bean Mhic Cárthaigh Mhóir.'

⁷³ *AI*, s.a. 1428.1.

Is do bhall de chraobh Chárthach eile, sliocht Mhic Cárthaigh Riabhaigh, a chum Gofraidh an dán *Maith an locht airdríogh óige*.⁷⁴ Is do Dhomhnall Mac Cárthaigh Riabhach, an chéad duine ar glaodh Mac Cárthaigh Riabhach air a chum Gofraidh an dán seo.⁷⁵ Cailleadh Domhnall in 1414 ach dar le Mac Cionnaith is nuair a ghlac sé ceannas ar an teaghlach, sa bhliain 1366, a cumadh an dán seo dó:

An installation ode to Domhnall (son of Domhnall son of Domhnall) Mág Carthaigh Riabhach, who reigned 1366-1414.⁷⁶

Seachas na dánta do na Brianaigh agus na Cárthaigh, tá corrdhán eile le Gofraidh tagtha anuas chugainn. Ní fios go cinnte cé mhéad dán ar fad a scríobh sé. Ní thugtar ainm an fhile i ngach lámhscríbhinn agus uaireanta ní thugtar ach a shloinne. Chomh maith leis sin, bhí file eile darbh ainm Gofraidh Fionn Ó Dálaigh a mhair ag deireadh na cúigiú agus tús na séú haoise déag (†1507).⁷⁷

It is just possible that another Ó Dálaigh Fionn, Gofraidh son of Donnchadh, may have been the author of the religious poems above. Indeed one would gather from Poem 69 [*Corrach do shuan a shaoghail*] that its author was a monk and not the well-known Gofraidh Fionn.⁷⁸

Tharlódh, mar a mheas Mac Cionnaith, gurbh é Gofraidh Fionn na cúigiú haoise déag a chum an fhilíocht chráifeach a leagtar ar ‘Ghofraidh Fionn’ sna lámhscríbhinní. Ní mhaireann aon chóip chomhaimseartha d’aon dán díobh roimh an tréimhse sin, pé scéal é. Is minic freisin a leagtar dán ar ‘Ó Dálaigh Fionn’ sna lámhscríbhinní agus ní léir i gcónaí an é Gofraidh nó Aonghus Ó Dálaigh, nó duine eile den teaghlach céanna atá i gceist:

...there were, in all probability, many other Aonghuses besides Aongus na Diadhachta, and many chiefs of the same family bearing neither prenomens.

⁷⁴ *DiD.*, 105; McKenna, L., (ed.), ‘To Mag Carthaigh Riabhach’, in *Ir. Monthly*, 55 (1927), 664-8.

⁷⁵ Féach thuas, nóta 63.

⁷⁶ McKenna, ‘To Mag Carthaigh Riabhach’, 664.

⁷⁷ Féach, mar shampla, *AConn*, s.a. 1507.6; O Riordan, *Bardic Poetry and Rhetorical Reality*, 297-8, nóta 3.

⁷⁸ *Aithd. D.*, i, xxxii

Consequently we cannot immediately presume that “Ó Dálaigh Fionn” was synonymous with the various other headings mentioned which include the words “Ó Dálaigh.” And even if later scribes did presume that it was, their opinion is of no consequence. Further, we may not presuppose even “Ó Dálaigh Fionn” always referred to the same person...⁷⁹

Tá dánta áirithe eile a leagtar ar Ghofraidh Fionn, áfach. Mhol Bergin go mb’fhéidir gurbh é a chum an dán *A chláirseach Chnuic Í Chosgair*⁸⁰ do Dhiarmaid Mac Eochagáin (†1392):

The following is written in praise of a beautiful harp. The owner may have been Diarmaid, son of Donnchadh Mág Eochagáin, Lord of Cenél Fiachach, in Westmeath. Diarmaid, who died in 1392, succeeded his brother Fearghal in 1382. As the poet died in 1387, the last quatrain, referring to the owner by his official title, would point to a date 1382 to 1387.⁸¹

Tá cáil fé leith ar an dán *Filidh Éireann go haointeach*⁸² a chum Gofraidh d’Uilliam Ó Ceallaigh (†1381). Tugann an dán seo cur síos ar thionól a bhí ag an aos dána i dtigh Uí Cheallaigh um Nollaig 1351. Dar le *hAnnála Chluain Mhic Nóis*:

William o’Donogh Moyneagh o’Kelly inuited all the Irish Poets, Brehons, bards, harpers, Gamesters or common kearoghs, Jesters, & others of their kind of Ireland to his house upon Christmas this yeare, where euery one of them was well used dureing Christmas holy Dayes, & gae contenment to each of them at the tyme of their Departure, soe as euery one was well pleased and extolled William for his bounty, one of which assembly composed certaine Irish verses in commendation of William and his house which began thus: *Fidlidh Ereann go haointeach &c.*⁸³

⁷⁹ McGrath, ‘Ó Dálaigh Fionn’, 188.

⁸⁰ Bergin, *IBP*, #15.

⁸¹ *Ibid.*, 66

⁸² Féach, mar shampla, Knott, E., (ed.), ‘Filidh Éireann go Haointeach’, in *Ériu*, 5 (1911), 50-69. Dhein Ó Comhraí aistriúchán ar an dán seo sa naoú haois déag. Tá sé le fáil leis an ábhar a thiomsaigh sé ar na Gearaltaigh sa lámhscríbhinn NUIM C 63, ar ff. 163-173.

⁸³ *AC*, s.a. 1351.

Tugtar cur síos ar an eachtra seo in annála eile chomh maith, ach ní luaitear dán Ghofraidh.⁸⁴ Luann Gofraidh sa dán gur fhág an tionól seo pátrúin timpeall na tíre gan filí um Nollaig:

Níor cleachtadh ‘gun chineadh fhial,
Móide a noibhire ar Uilliam,
Re broinn shollamhna mar soin,
Gan ollamhna ag Cloinn Charrthoigh.⁸⁵

Tharlódh gur Gofraidh féin a bhí ina ollamh ag na Cárthaigh sa tréimhse seo. Is dócha áfach, gur do na Gearaltaigh a bhí sé ag obair fán am seo.⁸⁶ Dar le Katharine Simms, ba é seo an chéad uair a tharla a leithéid de thionól, ach dhein uaisle eile aithris air ina dhiaidh sin:

The earliest recorded instance of an Irish lay-patron providing a feast exclusively for the benefit of the learned classes comes in 1351, [...] an invitation possibly prompted by pride in the exceptional learning of his own *ollamh*, Seaán Mór Ó Dubhagáin [...]. The poem composed by Gofraidh Fionn Ó Dalaigh to celebrate this occasion *Filidh Eirionn go haointeach*, raises a number of interesting points. He calls this gathering of the learned classes a *gairm sgoile*, the summons of a bardic school, and indicates that such a summons might have been issued in former times by a leading brehon or poet, but that this invitation from a layman, “a man who never made a stanza”, was unprecedented. He comments that William’s initiative was all the more striking because bardic poetry in the mid-fourteenth century was suffering from a decline in popularity, a state of affairs reflected in other poems from this period [...]. He draws attention to William’s master-stroke in holding such a bardic convention at Christmastide. Not only will his own Christmas feast be the most celebrated of the century, but the other chieftains must hold their banquets without the presence of any noteworthy bard. To accommodate the men of learning from Ireland and Scotland, Ó Dalaigh says

⁸⁴ *ARÉ*, s.a. 1351.7; *AU*, s.a. 1348; *ALC*, s.a. 1351; *AConn*, s.a. 1351.5.

⁸⁵ Knott, ‘Filidh’, 54, véarsa 10.

⁸⁶ Féach Caibidil 5.4 thíos.

that a temporary town of wattled huts had been erected beside Ó Ceallaigh's castle, with a separate "street" for each profession [...]. It is possible that another such temporary "town" formed the basis of a tradition in the late sixteenth-century *Leabhar Eoghanach* that Aodh Mor O'Neill (†1364) had sixty houses built beside his chief residence, twenty in which he rewarded poets, and forty for the itinerant companies and lesser folk [...]. Certainly the idea of a *gairm sgoile* or school-summons issued by a lay patron, while it may have been unheard of before William Ó Ceallaigh's invitation, was to be revived on a number of occasions thereafter, as for instance by Domhnall MacCarthaigh Riabhach (†1531), and by Ruaidhrí son of Tadhg MacDiarmata in 1540 and again in 1549, the second time to celebrate his recent inauguration as chief [...].⁸⁷

Is léir go raibh pátrúin éagsúla ag Gofraidh agus gur chaith sé cuid mhaith dá shaol ag dul ó phátrún go pátrún.

Gofraidh Fionn was apparently of a restless disposition; and seems to have changed his patrons from time to time. It is not clear where he finally made his permanent abode.⁸⁸

Cé gur bhraith Mág Craith nár léir cár lonnagh Gofraidh é féin ar deireadh, is léir ó na dánta a bhí á gcumadh aige dosna Gearaltaigh gur chaith sé tréimhse fhada go leor leo sin, agus tharlódh go raibh sé fós mar fhile acu nuair a cailleadh é in 1387.

5.4 Gofraidh agus na Gearaltaigh

5.4.1 Gofraidh mar Fhile na nGearaltach

Mar a dúradh thuas, is é Gofraidh an chéad fhile ar féidir nasc pátrúnachta cinnte a aithint idir é agus na Gearaltaigh. Tá an chuma ar an scéal gurbh é Muiris mac Thomáis, céad Iarla Dheasmhumhan (†1356), a chur tús leis an nasc sin. Tá trí dhán

⁸⁷ Simms, 'Guesting and Feasting in Ireland', 91. Féach freisin Fletcher, A. J., *Drama, Performance and Polity in Pre-Cromwellian Ireland* (CUP, Cork, 2000), 209-10.

⁸⁸ McGrath, 'Ó Dálaigh Fionn', 189.

tagtha anuas chugainn a chum Gofraidh do na Gearaltaigh: *A Ghearóid, déana mo dháil*,⁸⁹ *Mór ar bfearg riot, a rí Saxan*,⁹⁰ agus *Iongaibh thú orm, a Iarla*.⁹¹ Tugann na dánta seo eolas tábhachtach dúinn mar gheall ar Iarlaí Dheasmhumhan sa cheathrú haois déag. I gcásanna áirithe, níl an t-eolas seo le fáil in aon fhoinsé eile. Mar sin, ní hamháin gur fhianaise iad na dánta seo ar an bpátrúnacht a dhein na Gearaltaigh ar Ghofraidh, ach chomh maith leis sin, tá siad luachmhar mar fhoinsí ó thaobh na staire de. Gan amhras, mar a luadh cheana,⁹² caithfear dánta mar seo a mheas i gcónaí i gcomhthéacs an chlaonta pholaitiúil arbh fhéidir a bheith ag an bhfile. Go háirithe, ós rud é go raibh Gofraidh ag fáil luach saothair ó na hIarlaí, bheadh claonadh láidir sna dánta seo a bheith dearfach fúthu. I gcás an eolais stairiúil atá i gceist sa phlé seo, áfach, ní gá bheith buartha fé chlaonadh Ghofraidh, ós rud é nach bhfuil iontu, den chuid is mó, ach tagairtí fánacha a luann máithreacha na nIarlaí nó an áit ina rabhadar ag am fé leith. Ní léir cén fáth go n-inseodh an file bréag nó go mbeadh áibhéil i gceist agus na nithe sin á lua.

5.4.2 *A Ghearóid déana mo dháil*

Is é *A Ghearóid déana mo dháil* an dán is luaithe atá tagtha anuas chugainn a chum Gofraidh dosna Gearaltaigh. Mar a dúradh i gCaibidil 2, tá leagan amháin den dán seo tagtha anuas chugainn, sa lámhscríbhinn G992 .i. an Duanaire Núinseannach.⁹³ Ó fhianaise an dáin féin, is dócha gur idir 1346 agus 1356 a cumadh é. Tagraíonn Gofraidh do Ghearóid mar ‘a leanbh a Lunnainn na ríogh’.⁹⁴ Mar a dúradh cheana, is cosúil gur i 1346 a d’imigh Gearóid go Londain agus cailleadh Muiris mac Thomáis sa bhliain 1356.⁹⁵

Dán é seo ar mheadaracht an *deibhí*. Mar a bheifí ag súil ó ‘ard-ollam’ Éireann ó thaobh na filíochta de, tá an mheadaracht foirfe, nó ionann is foirfe. D’fhéadfaí amhras a chaitheamh ar chéadlínte véarsaí áirithe nuair is deacair siolla amháin a dhéanamh

⁸⁹ *DiD.*, #67; *Ir. Monthly* 47, 509-514.

⁹⁰ Bergin, *IBP*, #17.

⁹¹ *DiD.*, #101; *Ir. Monthly* 47, 563-569.

⁹² Féach Caibidil 1.3.1.

⁹³ Féach Caibidil 2.4.2. Tá trí chóip den leagan seo tagtha anuas chugainn sna lámhscríbhinní RIA 1 [23 D 14]; RIA 5 [23 D 4] agus NUIM C 87.

⁹⁴ *DiD.*, #67, véarsa 42.

⁹⁵ Féach Caibidil 4.2.1.

as focal a chríochnaíonn ar ghuta agus an focal ina dhiaidh .i. ‘Gá dú, *achd do bhí siad mar sin*’⁹⁶ agus ‘Tú, a Ghearóid, a ghein shochair,’⁹⁷ ach is saothíneacht a bheadh i gceist le botúin a ghlaoch ar na cásanna sin. Cloíonn siad, go teoriciúil, le rialacha an *deibhí*. Áit amháin eile, ara bhféadfaí amhras a chaitheamh ná véarsa 37:

’N-a ucht ar chrodh ná ar *chomhaidh*
is a fhearg ret *ollamhain*,
a anam, ná haontaidh dol
go bhfagham aontaidh t’athar.

Is léamh scaoilte go maith é *rinn* agus *airdrinn* a léamh idir ‘dol’ agus ‘athar’, ach arís, níl sé iomlán mícheart ó thaobh na rialacha de. D’fhéadfadh freisin sna cásanna seo gur bhotún cóipeála sa lámhscríbhinn a bhí i gceist. Ní féidir a leithéid a chruthú, áfach, mar níl ach leagan amháin tagtha anuas chugainn.

Cé go ndíríonn Gofraidh an achainí atá á déanamh aige sa dán ar Ghearóid Iarla, is léir gur do Mhuiris, an chéad Iarla, a cumadh an dán. Tugann Gofraidh le fios sa dán gur dhein sé rud éigin a chuir olc ar Mhuiris:

Dídin mé a mheic an Iarla,
ar fheirg flatha finnLiamhna
gidh bé fachain feirge fuair
t’athair, a mheirge an mhórshluaigh.⁹⁸

Insíonn sé dúinn go raibh argóint eatarthu agus gur tháinig taom feirge air sa tslí is gur fhág sé caisleán Mhuiris, agus go bhfuil sé ar fán sa dorchadas anois, rud nach bhfuil sé cleachtach air. Impíonn sé ar Ghearóid teacht chuige agus iarrann sé air maithiúnas a fháil dó ó Mhuiris:

Fóir mo ghuasacht, a Ghearóid,
tairr romhuinn don Ríphealóid;

⁹⁶ *DiD*, #67, véarsa 26.

⁹⁷ *Ibid.*, véarsa 29.

⁹⁸ *DiD*, #67, véarsa 2. Féach freisin véarsa 33.

ar th'eineacht dhamh diall oirn-ne
gabh, a chiall, mo chomairghe.⁹⁹

Saor mhé ar oirbhire th'athar
go mbeinn agad bheannachadh;
ar gcomairghei-ne is doirbh dhi
tromoirbhire oirn aige.¹⁰⁰

Agus iad i mbun argóna lena bpátrúin, ba nós é ag filí cúnamh a lorg ó bhean an phátrúin chun achainí a dhéanamh ar a son. (Sampla de seo ná an dán *A Mhór, cuimhnigh an cumann*,¹⁰¹ le Tadhg Dall Ó hUiginn, ina n-impíonn an file ar Mhór, bean Bhriain Bhallaigh Uí Ruairc, teacht i gcabhair air agus fearg a fear céile a mhaolú.) Ábhar spéise é gur ar Ghearóid a dhíríonn Gofraidh a achainí, seachas ar Aibhilín, bean Mhuiris ag an am. Mar a pléadh i gCaibidil 4, tá an chuma ar an scéal gurbh é Gofraidh an t-oide a bhí ag Gearóid nuair a bhí Gearóid óg. Tharlódh mar sin, go raibh caidreamh níos dlúithe ag Gofraidh le Gearóid, ná mar a bhí aige le hAibhilín. Ní leagann Gofraidh amach sa dán cad a bhí déanta aige, ach dealraíonn sé go raibh Muiris mí-shásta toisc go raibh sé ag cumadh filíochta do thiarnaí nó do thaoisigh eile, dánta inar mhol sé do na Gaeil cur i gcoinne na nGall. Díríonn sé véarsaí áirithe ar Mhuiris féin níos faide anonn .i. ó véarsa 41 go deireadh an dáin, agus deir sé leis gan aird a thabhairt ar a leithéid. Tá clú agus cáil ar dhá véarsa díobh sin:

Dá chineadh dá gcumthar dán
i gcrích Éireann na n-uarán
na Gaoidhil-se ag boing re bladh
Is Goill bhraoininse Breatan

I ndán na nGall gealltar linn
Gaoidhil d'ionnarba a hÉireann;
Goill do shroineadh tar sál sair
I ndán na nGaoidheal gealltair.¹⁰²

⁹⁹ Ibid., véarsa 6.

¹⁰⁰ Ibid., véarsa 33.

¹⁰¹ *TD*, i, #15. Féach freisin McManus, 'Celebrating the Female in Classical Irish Poetry', 155.

¹⁰² *DiD.*, #67, véarsaí 45 agus 46.

Mheas scoláirí áirithe gur plé soinicíuil nó aoradh a bhí i gceist anseo ach tharlódh nach bhfuil i gceist ach Gofraidh ag tabhairt léamh macánta ar an scéal .i. gur bhraith sé gur ghnáthrud a bhí ann d'fhile a bhí ag lorg luach saothair freastal ar an dá thaobh. Bhí cur amach ag Gofraidh féin ar na deacrachtaí a bhain le bheith ag plé leis an dá aicme, mar a thugann sé le fios sna véarsaí seo.¹⁰³

Is léir ón dán go raibh Muiris ina phátrún ag Gofraidh ar feadh tamaill fán am seo. Tugann Gofraidh le fios go raibh ceangal aige le Muiris agus iarrann sé ar Ghearóid cabhrú leis réiteach a fháil ar an aighneas eatarthu:

Ar Mhuiris gCliach ‘gar chleachtas
ath-nuaidhigh ar n-aitheantas
san chruth i mbínn roimhe a-rís
ag rígh Broine go mbeimís.¹⁰⁴

Ábhar spéise sa dán seo is ea an ‘uir-sgéal cumtha’ a insíonn Gofraidh do Ghearóid. Insíonn sé miotas fé Fhionntan, seanfhear a tháinig ar pháiste sí, Iollann, agus nuair a phóg sé an páiste, deineadh ógfhear arís de.¹⁰⁵ Thóg sé an páiste sí abhaile chuig a bhean agus phóg sí an leanbh chomh maith. Dar le Gofraidh, dá gcabhródh Gearóid leis, bheadh sé mar a bhí Iollann d’Fhionntan agus a bhean:

Anál Iollainn, a ucht glan,
tug fóiridhin ar Fionntan;
cuir mar thúis anáil th’ochta
fam ghnúis d’fhagháil fhurtochta.¹⁰⁶

¹⁰³ Féach, mar shampla, Dooley, ‘The Poetic Self-fashioning’, 218; Cussen, *Gearóid Iarla*, 10-2; Caerwyn Williams, J. E. & Ní Mhuiríosa, M., *Traidisiún Liteartha na nGael* (An Clóchomhar, BÁC, 1979), 174; *TD*, i, xlvii; Carney, ‘Literature in Irish’, 696.

¹⁰⁴ *DiD.*, #67, véarsaí 32.

¹⁰⁵ Seanchaí ab ea Fionntán de réir traidisiúin, arbh é duine den chéad triúr fear a tháinig go hÉirinn é. Dar leis an traidisiún, tháinig Fionntan slán i ndiaidh na Díleann agus mhair sé go ceann cúig mhíle bliain go leith agus ba é a chaomhnaigh seanchas an Iarthair. Féach, mar shampla, *ARÉ*, s.a. 2242.1; Bergin, O. & Best, R. I., (eds.), *Lebor na hUidre: Book of the Dun Cow* (RIA, Dublin, 1929 - athchló, O’Gorman, Galway, 1970), 305; Hyde, D., ‘The Adventures of Léithin’, in *The Celtic Review*, 10:38 (June, 1915), 141; O’Donovan, J., *ARÉ*, i, 4, nóta (l); *Cat. BL*, ii, 500; *Cat. LNÉ*, i, 5; *FFÉ*, i, 148-150. Luaitear Fionntan go minic sa *Leabhar Gabhála* freisin. Féach, mar shampla, *LG*, i, 32 (§13); ii, 188 (§177); v, 22 (§385).

¹⁰⁶ *DiD.*, #67, véarsa 30.

Ní insíonn Gofraidh an scéal traidisiúnta fé Fhionntan a fhaightear i bhfoinsí éagsúla. Mar a deir sé féin sa dán: ‘Inneasad uir-sgéal cumtha dhuit ...’.

Bhí clú agus cáil ar Fhionntan Mac Bóchra, an seandúine a tháinig ‘i nInis Fáil find / cethri tráth déc ria ndilind’. Tháinig sé slán as an dílinn áfach - iontas nárbh fholáir a mhíniú. Luadh an athóige leis mar sin, ach ní gnáth í a lua lena bhean. Léitear in Agallamh Éan Acla [...] go raibh Fionntan lá le slua fear i nDroim Léith nuair a tháinig chucu ‘fer mór’. Bhí ‘cráeb thoruidh illáim an láeich’, a dúirt sé, craobh a thairg sé ar an slua: ‘in t-arracht ghlacus hí de/téit a n-óice assa haithle.’ Ba é Fionntan ‘do thóguib in mess’ agus is dá bharrsan a chuaigh sé in óige. Is suimiúla go mór leagan Ghofraidh áfach gona mhóitíf sheanbhunaithe: athóige de thoradh póige - agus an casadh cliste ina chlabhsúr. ‘Uirsgéal cumtha’ - níor mhiste é rá!¹⁰⁷

Mar a dúradh thuas, tá fianaise stairiúil áirithe sa dán nach bhfaightear in aon fhoinsé eile a phléann leis na Gearaltaigh. Deimhníonn Gofraidh gurbh í Aibhilín Nic Mhuiris máthair Ghearóid:

Dá ndearna tú is tuar deighshídh
mar deir mé, a mheic Aibhilín;
th’éara dot athair ní háil,
rachaidh séala ar an síothcháin.

[...]

A ubhall abhla cumhra
as uaisle náid órubhla,
a bhláth niamhdha, a chnú cheiníl
do chrú an Iarla is Aibhilín.¹⁰⁸

¹⁰⁷ Ó Caithnia, L. P., *Apalóga na bhFilí 1200-1650* (An Clóchomhar, BÁC, 1984), 107. Féach freisin Terry, M., ‘Gofraidh Fionn Ó Dálaigh’s Analogue to Geoffrey Chaucer’s *Wife of Bath’s Tale*’, in *Notes and Queries*, 48:2 (June 2001), 110-112.

¹⁰⁸ *DiD.*, #67, véarsaí 39 agus 41.

Cé gur léir gurbh í Aibhilín máthair Gearóid, ós rud é go bhfuair Caitilín de Búrca, céad bhean Mhuiris, bás sa bhliain 1331, níor tugadh an t-eolas sin i dtráchtairacht staire ar na Gearaltaigh go dtí an fichiú haois, mar ní raibh teacht ag staraithe ar aon fhoirse a dúirt sin go soiléir. Is sampla é seo d'fhaisnéis luachmhar atá le sonrú ó fhilíocht na scoil. Go deimhin, murach an dán seo agus *Mór ár bfearg riot, a rí Saxan*, ní bheadh aon fhianaise ann gurbh í Aibhilín máthair Ghearóid (agus Mhuiris Óig). Tharlódh gur mar thoradh ar an easpa faisnéise seo a cheap scoláirí ar feadh i bhfad go raibh an tríú bean ag Muiris.

Chomh maith leis an eolas seo, luann Gofraidh freisin gurbh oide Ghearóid Iarla é féin agus tugann sé le fios gur chaith Gearóid tréimhse i Londain ina óige, mar a pléadh i gCaibidil 4. Chomh maith leis sin, tugann an dán cur síos áirithe ar Ghearóid féin. Glaonn Gofraidh 'a úir dhóid-leabhair dhearc-cuirr'¹⁰⁹ agus 'a dheirg chais fhinn fhuilt-niamhdha'¹¹⁰ ar Ghearóid sa dán, rud a thugann le fios go raibh gruaig Ghearóid fionn. Mar a dúradh, ní fios cad ba chúis leis an aighneas seo idir Gofraidh agus Muiris, ach ós rud é go maireann dhá dhán eile le Gofraidh a chum sé do chlann Mhuiris, is dócha gur tháinig Gofraidh agus Muiris ar réiteach ar an aighneas a bhí acu sara bhfuair Muiris bás.

5.4.3 *Mór ár bfearg riot, a rí Saxan*

Dán é seo ar mheadaracht an tsnéadhbhairne a chum Gofraidh do Mhuiris Óg, dara hIarla Dheasmhumhan. Seo an t-aon dán de chuid Ghofraidh, nó a leagtar air pé scéal é, atá tagtha anuas chugainn sa mheadaracht seo. Arís, sa chás seo tá an mheadaracht foirfe, a bheag nó a mhór. Ní mhaireann an dán seo ach in aon lámhscríbhinn amháin.¹¹¹ Tá an dán in ainm is a bheith ina ghearán le Rí Shasana, mar tá sé ag coimeád Muiris, 'leannán'¹¹² na tíre .i. 'Banbha',¹¹³ nó 'Fódlá',¹¹⁴ ón tír féin, agus ó na Gaeil. Dar le Gofraidh, is ábhar bróin é seo don tír féin, dá mná agus dá filí:

¹⁰⁹ *DiD.*, #67, véarsa 1.

¹¹⁰ *Ibid.*, véarsa 34.

¹¹¹ RIA 743 [A iv 3].

¹¹² Bergin, *IBP*, #17, véarsa 2.

¹¹³ *Ibid.*, véarsa 2.

¹¹⁴ *Ibid.*, véarsaí 5 agus 36.

Ma a leannán d'foscadh na hégmuis,
d'uaim lé mór-rath,
inis Éirionn an gheal ghríanach,
as bean bhrónach¹¹⁵

Brón ar éicsibh innsi Fódla
's ar a bfonnmhnaíbh,
ó do fháguibh ún geal Gabhráin
fear úr Iomdháin¹¹⁶

Dar le Gofraidh is ag triail ar an bhFrainc atá Muiris, le dul ar slógadh an Rí Éadbhard,
is dócha:

Lé a oide, lé hairdrígh Saxan,
siobhal díoghainn,
téid isan bFraingc n-ealaigh n-áloinn
btleadhagh bfíonduinn.¹¹⁷

Ábhar spéise é go dtagraíonn Gofraidh do Rí Shasana mar 'oide' Mhuiris. Ós rud é gur tógadh Muiris i gcúirt Shasana, tharlódh go raibh dea-chaidreamh idir é agus an Rí. I véarsa 9, glaonn sé 'dalta rígh Saxan' air. B'fhéidir áfach, nach bhfuil i gceist ach go dteastaíonn ó Gofraidh tábhacht Mhuiris a léiriú.

Cé go nglaonn Gofraidh 'mac an Iarla'¹¹⁸ ar Mhuiris sa dán, i dtreo an deiridh deir sé:

Cuimhnigheadh céimionna a athar
as úr deighshén,
as amhlaidh as cóir gach coilén,
mar a cheinél.

¹¹⁵ Ibid., véarsa 2.

¹¹⁶ Ibid., véarsa 5.

¹¹⁷ Bergin, *IBP*, #17, véarsa 9.

¹¹⁸ Ibid., véarsaí 4 agus 9.

Tiomna do fháguibh a athair
ga fholt cráobhnocht,
a rath ‘sa ainm is a íarlacht
is a áobhdhacht.¹¹⁹

Tugann an méid sin le fios go bhfuil Muiris, an chéad Iarla, a fuair bás i mí Eanáir 1356, cailte fán am seo. Is follas, mar sin, gur idir Eanáir 1356 agus Aibreán 1358 .i. an t-am a cailleadh Muiris Óg, a cumadh an dán seo, ach tharlódh gur ag deireadh na tréimhse sin (in Aibreán na bliana 1358) a cumadh é. Mar sin, ní hé an turas a thug Muiris ar an bhFrainc sa bhliain 1355 atá i gceist,¹²⁰ ach turas eile chun na Fraince. Ní luaitear an dara turas seo sna foinsí atá tagtha anuas chugainn fé Mhuiris Óg. Fuair Muiris bás agus é ar thuras go Londain, áfach. Luann Gofraidh sa dán go bhfuil Muiris imithe go Londain, le dul chun na Fraince le Rí Shasana. Tharlódh gurbh é seo an turas céanna agus gur chum Gofraidh an dán seo, gan fhios aige go raibh Muiris tar éis bás d’fháil agus é ar bord loinge. Más fíor sin, b’fhéidir gur cumadh an dán seo thart ar dheireadh mhí Aibreáin 1358.

Ar an gcaoi chéanna le *A Ghearoid déana mo dháil*, tugann an dán seo fianaise bhreise dúinn fé Mhuiris, nach bhfaightear i bhfoinsí eile dúchasacha go minic. Arís, sa dán seo, insíonn Gofraidh gur mac le hAibhilín ab é Muiris:

Mac Eibilín, airgnioch Gaoidhiol,
gearr go ttora,
dár gcabhair tar mearthuinn mhara,
leathchuing Logha.¹²¹

Is é an dán seo an t-aon fhoinsé a deir go sonrach gur mhac le hAibhilín ab ea Muiris Óg. Ar fhianaise an dáin seo mar sin, is féidir a dhéanamh amach gur phós Muiris

¹¹⁹ Ibid., véarsaí 54 agus 55.

¹²⁰ Féach Caibidil 4.3.2.

¹²¹ *IBP*, #17, véarsa 51. Féach freisin Caibidil 6.4.2.

Aibhilín uair éigin idir 1333, nuair a scaoileadh as an bpríosún é, agus Deireadh Fómhair 1335, mar rugadh Muiris Óg ag deireadh mhí Iúil 1336.¹²²

An rud is suntasaí fén dán seo áfach, ná an cur síos fada ó véarsa 20 go dtí véarsa 49 ar scéal theacht Lugh go Teamhair. Sa scéal seo deir Gofraidh gur shlánaigh Lugh Éire ('Banbha') ó na Fomhóraigh agus é ar aois Mhuiris Óig (21). Ansin, tháinig sé go Teamhair (22), áit a raibh an doras dúnta. Bhuail sé cnag ar an doras (23) agus tháinig doirseoir chuige ag fiafraí dó cad a bhí uaidh (24). Dúirt sé le Lugh go raibh 'fear réd cheird san chathraigh'.¹²³ Bhí plé ag Lugh agus an doirseoir ansin fé scileanna éagsúla Lugh, agus é ag iarraidh go ligfí isteach é agus chuir a scileanna iontas chomh mór sin ar an doirseoir gur chuaigh sé chun cainte leis an Tuatha Dé Danann istigh (27-39). Nuair a dúirt sé leo go raibh fear gach ceard ag an doras, bhí a fhios acu gur Lugh a bhí ann:

Asé sin, ar sluagh na cathrach,
ar gceann báidhe
aonmhac Eithni.
saorshlat ar nach beirthi báire.¹²⁴

Chuir fear an dorais fáilte roimh Lugh, agus nuair a bhí sé ar tí an doras a oscailt, dúirt Lugh leis gan é sin a dhéanamh, mar ba 'geis don dúnadh oslugadh an dúin do dhéanamh arna dhúnadh.'¹²⁵ Le preab amháin, léim Lugh thar gheata Teamhrach agus isteach sa dún (45-7).¹²⁶ Dar Gofraidh, b'athghin Lugh é Muiris agus deir sé go raibh turas Mhuiris ar chúirt Rí Shasana cosúil le teacht Lugh go Teamhair:

Aithghin Logha nó Lugh a-rís,
go ráith Luimnigh,
a thréidhi acht gan teacht go Teamhraigh,
ceart ro chuimhnigh.

¹²² Féach Caibidil 3.2.5.

¹²³ Bergin, *IBP*, #17, véarsa 26.

¹²⁴ *Ibid.*, véarsa 40.

¹²⁵ *Ibid.*, véarsa 44.

¹²⁶ Dhein Eleanor Knott amach gur ar scéal ó Chath Maighe Tuireadh a bhí an eachtra seo bunaithe. Knott, *Irish Syllabic Poetry*, 101. Féach freisin *ibid.*, 54-8 agus 101-3; Stokes, W., 'The Second Battle of Moytura', in *Revue Celtique*, 12 (1891), 52-130, 306-308, go háirithe 74-80; Gray, E. A., (ed.), *Cath Maige Tuired: The Second Battle of Mag Tuired* (ITS lii) (ITS, Kildare, 1982), 38-42; MacNeill, M., 'The Coming of Lugh', in *Studies*, 51:201 (Spring 1962), 107; Ó Caithnia, *Apalóga*, 81.

Cosmhail cúairt Logha ó lios Eamhna
d'foghluim ghairníomh
as cúairt Muiris go lios Lonndún,
d'fios an airdríogh.¹²⁷

Is léir go raibh an-mheas ag Gofraidh ar Mhuiris Óg. Níor thuig an tAimhirgíneach, áfach, cad ba chúis leis an ardmholadh seo a bhí tugtha ag Gofraidh, seachas gur ghnáthfhoirmle filíochta a bhí i gceist:

But Maurice Fitz Maurice does not appear to have accomplished anything to justify the poet's extravagant laudation. Such complimentary phrases were part of the ordinary stock-in-trade of the Irish court poets of the period, to which, of course, parallels can be found in the court poetry of other ages and other lands. That such poems should be addressed to the head of a great Anglo-Norman house bears out what we know of the conciliatory policy of the Geraldines.¹²⁸

Ar an taobh eile den scéal, cé go raibh sé óg, tharlódh go raibh gaiscí déanta ag Muiris cheana féin. Deirtear go raibh seal caite aige sa Fhrainc ag troid ar son Rí Shasana. Ina theannta sin, ó fhianaise an dáin *A Ghearóid, déana mo dháil*, is dócha go raibh Gofraidh i gcaisleán Mhuiris (an chéad Iarla †1356) minic go leor, más rud é go raibh sé ina oide ag Gearóid Iarla. Go deimhin, is dócha go raibh aithne aige ar Mhuiris Óg ina óigesean.

5.4.4 *Iongaibh thú orm, a Iarla*

Ach oiread le *Mór ar bfearg riot, a rí Saxan*, níl ach aon chóip amháin den dán *Iongaibh thú orm, a Iarla* tagtha anuas chugainn.¹²⁹ Tá an dá dhán sa lámhscríbhinn chéanna.¹³⁰ Faightear rann as, áfach, sna Tráchtaisí Gramadaí chomh maith.¹³¹ Amhail

¹²⁷ Bergin, *IBP*, #17, véarsaí 48 agus 49.

¹²⁸ Bergin, *IBP*, 73.

¹²⁹ *DiD.*, #101; *Ir. Monthly* 47, 563-569.

¹³⁰ RIA 743 [A iv 3].

¹³¹ *IGT I*, §76; *IGT III*, §676. Féach freisin Mac Cárthaigh, *The Art of Bardic Poetry*, 240.

A Ghearoid déana mo dháil, is dán é seo ar mheadaracht an *deibhí* agus arís, tá sé foirfe.¹³²

Dán é seo a chum Gofraidh i bhfad níos déanaí ná na dánta eile leis do Ghearaltaigh ón dtréimhse seo. Glaonn sé Iarla¹³³ ar Ghearóid cúpla uair sa dán. Tar éis 1358 bhí briseadh san Iarlacht. Is dócha gur chum Gofraidh dánta eile idir an dá linn ach níl dabht ach go bhfuil mórán de shaothar Ghofraidh imithe ó thuairisc idir an ceathrú haois déag agus an lá atá inniu ann. Ós rud é nach dtagraítear do Ghearóid a bheith ina Iarla go dtí 1363, is dócha mar sin gur tar éis 1363 a cumadh an dán áirithe seo. Deineann Gofraidh gearán leis an Iarla sa dán. Dar le Mac Cionnaith:

An address to Gearóid after he had become Earl of Desmond [...] The preceding poem [*A Ghearóid, déana mo dháil*] had evidently failed to placate Muiris or even to win the favour of the young Gerald.¹³⁴

Is léir áfach go raibh réiteach tagtha ar an aighneas idir na Gearaltaigh agus Gofraidh sa dán *A Ghearóid, déana mo dháil* i bhfad roimhe seo mar chum Gofraidh *Mór ar bfearg riot, a rí Saxan* do Mhuiris in 1358 agus sa dán seo, *Longaibh thú orm, a Iarla*, deir sé gurbh é ollamh Ghearóid é, rud a thugann le fios gur lean sé leis ag cumadh filíochta do na Gearaltaigh:

Créad fhuil agaibh ‘na aghaidh
gan a íoc ret ollamhain?¹³⁵

Aighneas nua ar fad atá i gceist anso. Dar le Gofraidh, chaith cuid de lucht leanúna Ghearóid go holc leis agus dhódar a chuid arbhair:

Is ort as cóir a chumhal
d’ agra, a Iarla DheasMhumhan,

¹³² Ós rud é nach bhfuil ach leagan amháin ar marthain, tá fadhbanna áirithe leis an téacs ón lámhscríbhinn. Féach, mar shampla, *Ir. Monthly* 47, 567, véarsa 38d lena raibh fadhb ag Mac Cionnaith agus é á thrascríobh: ‘gidh tú as aithnidhe (?) i nÉireann’. Tagann réiteach seo Mhic Chionnaith leis an meadaracht, áfach.

¹³³ *DiD.*, #101, véarsaí 3 agus 5.

¹³⁴ *Ir. Monthly* 47, 563.

¹³⁵ *DiD.*, #101, véarsa 16.

lucht faghla nach rosgar ruibh
do losgadh mh'arbha ar th'ionchuibh.¹³⁶

Mar gur de lucht leanúna Ghearóid iad agus go bhfuil cosaint á tabhairt ag Gearóid dóibh go fóill, lorgaíonn Gofraidh cúiteamh ó Ghearóid féin:

Feall orm do chaibhdhin charraigh
ní leanabh é ar easurraidh;
'ma íoc ná déanaidh-se doirr;
m'éaraic-se is díot do dhleasoinn.¹³⁷

Ní dheineann Gofraidh tagairt d'aon seanscéal sa dán seo. Is gearán é an dán tríd síos agus deir Gofraidh go bhfágfaidh sé Gearóid. Is léir go bhfuil sé seo ag cur isteach go mór ar Ghofraidh, agus nach bhfuil Gearóid ag tabhairt cluaise dó. Deineann Gofraidh cinnte áfach, nach dtugann sé masla ar bith do bhean Ghearóid, Eilionóir. Mar seo a labhrann sé léi i véarsaí deireanacha an dáin:

Saor, a Eilionór, ar mh'fheirg
th'aghaidh leathain mhóir mhíndeirge;
gé tá míndeirge id ghnúis ghloin
ní i gcúis díbheirge deargthair.

A Chondaois Cóigid Mumhan
nar luigh ar lucht ealadhan
gidh tuar mo dhoirre a-dire
ní thuille uam oirbhire.¹³⁸

Is dócha go dtángthas ar réiteach ar an aighneas seo leis mar níor tháinig deireadh leis an gceangal a bhí ag Muintir Dhálaigh le hIarlaí Dheasmhumhan go ceann trí chéad bliain ina dhiaidh seo.¹³⁹

¹³⁶ Ibid., véarsa 5.

¹³⁷ Ibid., véarsa 10.

¹³⁸ Ibid., véarsaí 57 agus 58.

¹³⁹ Féach Caibidil 1.2.3-1.2.5.

Caibidil 6: Na Gearaltaigh, na Teaghlaigh Léannta, agus Pátrúnacht sa Chúigiú agus sa Séú hAois Déag

6.1 Réamhrá

Sa chaibidil seo, tabharfar léargas ar an bpátrúnacht a dhein na Gearaltaigh ar theaghlaigh léannta ó aimsir pháistí Ghearóid Iarla go dtí gur tháinig deireadh leis an Iarlacht sa bhliain 1583 agus ina dhiaidh sin, isteach sa seachtú haois déag. Féachfar ar fhianaise áirithe a cheanglaíonn na Gearaltaigh leis na teaghlaigh léannta agus ar chuid den ábhar a mhaireann ón tréimhse sin a chum an t-aos léinn. Ar dtús taispeánfar conas mar a lean an nasc pátrúnachta idir na Gearaltaigh agus Muintir Dhálaigh ó aimsir Ghofraidh Fhinn go dtí an seachtú haois déag. Ansin pléifear na nascanna a bhí ag na Gearaltaigh le teaghlaigh léannta éagsúla eile. Féachfar go háirithe ar an gceangal a bhí acu le Clann Uí Mhaoil Chonaire, as a d’eascair na téacsanna agus na cuntais is tábhachtaí atá tagtha anuas chugainn ar na Gearaltaigh, mar a pléadh i gcaibidil 1. Ag deireadh na caibidle, scrúdófar Séamus, an séú hIarla (†1463), Tomás an Droichid, an seachtú hIarla (†1468), agus a chlann siúd, mar shamplaí de phátrúin Shean-Ghallda a bhí ag na teaghlaigh léannta.

Go háirithe i gcás Shéamuis, tá easpa foinsí ann. Ní mhaireann aon dán a cumadh dó nó aon chuntas staire a scríobhadh dó. Go deimhin, níl ach corrrthagairt do Shéamus agus na nascanna a bhí aige le traidisiún léann na Gaeilge. É sin ráite, mar a thabharfar le fios ag deireadh na caibidle, tá an chuma ar an scéal gur phátrún tábhachtach ar theaghlaigh léannta ab ea Séamus, rud a thaispeánann an scrios tubaisteach a deineadh ar fhoinsí na hÉireann.

6.2 Na Gearaltaigh agus na Teaghlaigh Léannta

6.2.1 Teaghlaigh Léannta ar Thailte na nIarlaí, 1584

Bhí mórán filí agus teaghlach léannta ag saothrú léinn dosna Gearaltaigh sa séú haois déag. Ó fhianaise na tréimhse sin, cé nach bhfuil ann ach blúirí fánacha, faightear eolas ar Ghaelú na nGearaltach agus líon na dteaghlach léannta a bhí ag saothrú

dóibh. I gcáipéis i leabharlann Lambeth,¹ tugtar liosta ón mbliain 1584 de bhail den aos léinn a bhí ina gcónaí ar thailte Iarla Dheasmhumhan, sarar maraíodh é sa bhliain 1583.²

This text is hastily and untidily copied, and several readings are problematic, as the textual notes indicate. A list of signatories to it follows, subscribed at Cork on 7 November 1584, a date not long after the death of the fourteenth earl of Desmond, Gerald Fitz James FitzGerald (†11 November 1583). He had been in rebellion against the English administration in Ireland between 1579 and 1583. Evidently the list represents the results of an initiative to purge systematically the earl's territory of such sowers of sedition as 'Poetes, Cronyclers or Rymers' [...] were typically thought to be...³

Is fuirist sloinnte áirithe ar an liosta a aithint, mar bhail de theaghlaigh éagsúla léannta a raibh nasc pátrúnachta ag na Gearaltaigh leo, mar shampla, Ó Dálaigh ('Odaly fionne/Odaly') agus Mac Craith ('Mc Craghe'). Is spéisiúil freisin go dtugtar ainmneacha banfhillí sa liosta .i. 'Mary ny donoghye a she barde & Mary ny clanikye [an other] Rymers' (.i. Máire Nic Dhonnchadha agus Máire Nic Fhlannchadha).⁴ Luaitear filí, cláirseoirí,⁵ agus lucht seanchais ('Cronyclers') sa liosta seo agus cé nach féidir a bheith cinnte go raibh baint ag na daoine seo go léir le hIarlaí Dheasmhumhan, is dócha gur dhein na hIarlaí pátrúnacht ar chuid acu pé scéal é. Faraor, ní cosúil go maireann aon dán ar Iarlaí Dheasmhumhan le haoinne de na filí a luaitear sa liosta seo.⁶ Mar a dúirt an Rathileach sa pháipéar a thiomsaigh sé ar an ábhar seo as cáipéisí Gallda:

¹ [Lambeth Palace Library MS 627, f. 79-81] I gcló ag Fletcher A. J., *Drama and the Performing Arts in Pre-Cromwellian Ireland: Sources and Documents from the Earliest Times until c. 1642* (Brewer, Cambridge, 2001), 211-14. Féach freisin idem., *Drama, Performance and Polity*, 48-50; Ó Muireadhaigh, R., (eag.), 'Aos Dána na Mumhan 1584', in *Irisleabhar Muighe Nuadhat* (1960), 81-4; Nicholls, *Gaelic and Gaelicized*, 94-5.

² Tugtar an liosta seo ina iomláine ó Fletcher, *Drama and the Performing Arts*, 211-4, in Aguisín 5.

³ Fletcher, *Drama and the Performing Arts*, 526, nóta 196.

⁴ Ibid., 213.

⁵ Féach freisin ibid., 382-3, ina dtugann Fletcher cáipéis eile a luann cláirseoir, Cormac Ó Conchobhair, agus Iarla Dheasmhumhan.

⁶ Cé go bhfuil dán le file amháin díobh, 'Conoghor ny scolly a rymer of the late Erle of desmond', tagtha anuas chugainn a luann na hIarlaí. Féach thíos, Caibidil 6.2.4.

Two-thirds of them [.i. na fir léinn sna *Fiants*], it is pretty safe to say, will never be more than mere names to us; their very names in most cases would be for ever unknown were it not for their chance preservation in these English records. Facts like these help us to realize how small a fragment of our literature has survived the wreck of our native culture in the Elizabethan conquest and in the Cromwellian and Williamite re-conquests that succeeded it.⁷

Is léir ó líon na n-ainmneacha, áfach, go raibh slua mór den aos léinn ina gcónaí, agus ag saothrú, ar thailte na nGearaltach sa séú haois déag. Mar is léir ón geur síos ar Mhuiris Bacach, an naoú hIarla (†1520), i *Seanchas na nGearaltach* (1), bhí lucht leanúna ollmhór ag an Iarla, a d'fhéadfadh cath a throid ar a shon. Tugann an iontráil seo le fios chomh maith gur fhear thar a bheith léannta ab ea Muiris, rud nach ionadh, mar mhac le Tomás an Droichid:⁸

...fer is mó do rad do toici agus do tromchonách d'órdaibh agus d'egailsibh agus d'ollamnaibh; agus is hé ro bo glica guímartha goile agus gaiscid, agus ro bo toirbirtaighe do tuathaib agus do tromdhámhoibh, agus ro bo bláithi briathra re bandalaibh [...] agus fer lán d'egna agus d'eolus isna huile tengthaibh agus bérla agus béscnai. agus ba saoisium in gach saoireladhain, agus fer nár dhiult re dreich nduine. agus ro bo daighlón tabartha tochair agus bristi berna[dh] a mbídh ina farradh, ar a nimad agus ní haro mbeodhacht, d'ughdaruiph agus d'ollamnaibh, d'éigsibh agus d'filedaib, d'eisreachtaibh agus d'obhlóraib agus do lucht cecha céirde ar chena.⁹

Den chuid is mó, áfach, is in aimsir an Iarla dheireanaigh a fhaightear léargas ar phátrúnacht na nGearaltach. Maireann formhór na ndánta ón séú haois déag ón tréimhse seo agus is léir ón liosta a luadh thuas go raibh pátrúnacht á déanamh aige ar staraithe agus ar chláirseoirí freisin.

⁷ O'Rahilly, T. F., 'Irish Poets, Historians and Judges in English Documents, 1538-1615', in *PRIA*, 36C:6 (1922), 87.

⁸ Pléifear Tomás, a chlann, agus cúrsaí léinn ar ball - féach Caibidil 6.3.2-6.3.4 agus 6.4.2-6.4.3.

⁹ *CT*, i, 170. Féach freisin Fletcher, *Drama, Performance and Polity*, 411-2, nóta 4.

6.2.2 Na Gearaltaigh agus Muintir Dhálaigh sa Chúigiú hAois Déag

Mar a léiríodh i gcaibidlí 3 go 5, bhí nascanna pátrúnachta le rianú idir na Gearaltaigh agus Muintir Dhálaigh ó aimsir Mhuiris mhic Thomáis, an chéad Iarla (†1356). Lean na nascanna éagsúla seo go dtí tús na seachtú haoise déag. Ní haon ionadh mar sin go luaitear baill den teaghlach fileata sin i liosta an aosa léinn atá i leabharlann Lambeth, agus go háirithe, luaitear ‘Conoghor ny scolly a rymer of the late Erle of desmond...’¹⁰ Mar a dúirt Mainchín Seoighe, tugann an nasc seo idir Muintir Dhálaigh agus na Gearaltaigh léargas ar an nGaelú a bhí imithe ar an teaghlach sin ón gceathrú haois déag, nó níos luaithe:

An earlier Earl had brought members of Ó Dálaigh (anglcl. O Daly) to Connello, as West Limerick was generally called in the 16th and 17th centuries. Here they were settled on extensive lands as the official poets of the Geraldines. Like any important native Irish chief, the Earls of Desmond wanted to have a Gaelic poet of their own, a poet very learned in the Irish language, and in his art, who would compose fitting poems for all occasions requiring them: a laudatory *caithréim* for victory in battle; a gracious epithalamium for a marriage; a traditional *caoineadh* for a death to be lamented. Their employment of the Ó Dálaighs as their official poets was a measure of the Gaelicization of the Munster Geraldines.¹¹

De thoradh an scriosta a deineadh ar thaifid agus ar cháipéisí na Mumhan in aimsir Eilís Shasana agus sa seachtú haois déag, níl aon dán ón gcúigiú haois déag le duine de Mhuintir Dhálaigh d’Iarlaí Dheasmhumhan tagtha anuas chugainn. Luaitear i gcnuasach annála amháin, áfach, gur dhuine de Mhuintir Dhálaigh a bhí mar phríomhfhile ag Séamus, an séú hIarla (†1463):

O-Daly Chief Dan-maker [i.e. poet] of the Earl of Desmond mortuus est.¹²

¹⁰ Fletcher, *Drama and the Performing Arts*, 213.

¹¹ Seoighe, *The Story of Kilmallock*, 44.

¹² *AL*, s.a. 1450.5.

Ní léir cérbh é an file seo agus ní léir go bhfuil aon saothar dá chuid ar marthain. Tharlódh go raibh gaol éigin ag an bhfile seo le Gofraidh Fionn, ós rud é go raibh nasc pátrúnachta idir Gofraidh agus na Gearaltaigh cheana féin. Cinnte, mar a dúradh cheana, bhí mac amháin ag Gofraidh .i. Eoghan, agus tharlódh go raibh mac eile aige, Tadhg, a cailleadh sa bhliain 1437.¹³ N’fheadar an garmhac le Gofraidh a bhí i gceist anseo, b’fhéidir?

Cé nach maireann aon dán a chum Muintir Dhálaigh dosna hIarlaí féin san aois sin, tá dán amháin cáiliúil atá tagtha anuas chugainn ón gcúigiú haois déag a cumadh do bhean de shliocht na nGearaltach agus dá fear céile, *Ní théid an éigean i n-aisgidh*.¹⁴ Cumadh an dán seo d’Fhinghin Mac Cárthaigh Riabhach (†1505)¹⁵ agus dá bhean, Caitilín (†1506),¹⁶ iníon Thomáis an Droichid, seachtú hIarla Dheasmhumhan (†1468).

Níl ach leagan amháin den dán seo tagtha anuas chugainn,¹⁷ i Leabhar Mhic Cárthaigh Riabhaigh, nó Leabhar Leasa Móir,¹⁸ ceann de leabhair mhóra na hÉireann,¹⁹ atá i gcoimeád Chatsworth, áras Dhiúic Devonshire i Sasana anois.²⁰ Ní

¹³ Féach Caibidil 5.2.

¹⁴ Tá cur síos cuimsitheach tugtha ag Brian Ó Cuív ar an dán seo. Féach, Ó Cuív, B., ‘A Poem for Fínghin Mac Carthaigh Riabhach’, in *Celtica*, xv (1983), 96-110.

¹⁵ *AConn*, s.a. 1505.4. Féach freisin *ALC*, s.a. 1505; *ARÉ*, s.a. 1504.16, *AU*, s.a. 1505.

¹⁶ *ARÉ*, s.a. 1506.14.

¹⁷ Tá dhá chóip den dán le fáil, in *LNÉ G 63* agus *RIA 477 [23 H 5]*, ach is cóipeanna iad seo d’ábhar áirithe as Leabhar Mhic Cárthaigh Riabhaigh. Mar sin, ní mhaireann ach aon leagan amháin. Bhreac Edward O’Reilly agus beirt mhac leis, Patrick agus Miles *LNÉ G 63* thart ar 1825 agus bhreac Eoghan Ó Comhraí *RIA 477 [23 H 5]* sa bhliain 1839. Féach *Cat. LNÉ*, ii, 93-6; *Cat. RIA*, 1276.

¹⁸ ‘Leabhar Meg Cartaigh Riabhaigh’ a ghlaoih Micheál Ó Cléirigh ar an lámhscríbhinn sa bhliain 1629. Stokes, W., (ed.), *Anecdota Oxoniensia: Medieval and Modern Series 5: Lives of Saints from the Book of Lismore Edited with a Translation, Notes, and Indices* (Clarendon, Oxford, 1890), 348. I nóta a bhreac sé sa lámhscríbhinn sa bhliain 1816, mhaígh Donncha Ó Floinn gur bh é féin a thug ‘Leabhar Leasa Móir[e]’ ar an lámhscríbhinn ar dtús. Chat. LLM, f. 157v: ‘Agus do bhaist ort Leabhar Leasa Moire’. Féach freisin McCarthy, C. J. F., ‘Donncha Ó Floinn agus ‘Leabhar Leasa Móire’, in *Agus* xxii:7 (Iúil 1982), 15-7, agus xxii:8 (Lúnasa 1982), 8-9.

¹⁹ Féach, mar shampla, Carney, ‘Literature in Irish’, 690; Mac Giolla Phádraig, B., ‘Sean-Lámhscríbhinní na hÉireann’, in *Capuchin Annual* (1963), 319-32, go háirithe 331; Ó Cuív, ‘Ireland’s Manuscript Heritage’, 90-1; Slavin, M., *The Ancient Books of Ireland* (Wolfhound Press, Dublin, 2005), 68-85.

²⁰ Tá mórán staidéir déanta ar an lámhscríbhinn seo ó aimsíodh arís í sa bhliain 1814. Féach, mar shampla, Lloyd, Petrie, & Todd, ‘February 26, 1838’, 136; Windele, J., ‘The Book of Mac Carthy Reagh’, in *JRSAL*, 4 (1857), 370-80; O’Curry, E., *Lectures on the Manuscript Materials of Ancient Irish History* (Hinch & Traynor, Dublin, 1878), 196-200; Stokes, *Lives of Saints from the Book of Lismore*, go háirithe, v-xliv; O’Grady, S. H., (ed.), *Silva Gadelica: A Collection of Tales in Irish with Extracts Illustrating Persons and Places* (2 imleabhar) (Williams & Norgate, London, 1892), *passim*; Collins, J. T., ‘The Book of Lismore’, in *JCHAS*, 52:175 (1947), 88-90; Macalister, R. A. S., (ed.), *The Book of Mac Carthaigh Riabhach otherwise the Book of Lismore: Collotype Facsimile*

hamháin gur cumadh an dán seo d’Fhínghein agus Caitilín, ach tharlódh gur dóibh a tiomsaíodh an lámhscríbhinn freisin. Luaitear lánúin i nótaí imill ar leathanaigh éagsúla sa lámhscríbhinn.²¹ Ní féidir a bheith lánchinnte gurbh iad Fínghein agus Caitilín lánúin na lámhscríbhinne:

Scholars have identified the *lánamha* as Fínghein Mac Carthaigh Riabhach (†1505), lord of Cairbre, and his wife Caitilín (†1506) who was a daughter of Thomas Fitzgerald, eighth earl of Desmond. This identification is based firstly on a scribal note on fo. 92R b: ‘Aonghas O Callanain do scríbh so do Mhag Carrthaig .i. Finghen mac Diarmada, 7 beannacht leis dó’ [...], and secondly on a poem composed for Fínghein Mac Carthaigh Riabhach and his wife Caitilín which is found on fo. 116 and which is followed by an explanatory note. Ó Callanáin was not the chief scribe of the Book of Lismore and he was not the scribe of those leaves on which the marginal notes referred to above are found. It is by no means certain, then, that the identification of the *lánamha* as Fínghein Mac Carthaigh and his wife is correct. It is possible that the first part of the book as we now have it was made for some other husband and wife – possibly Fínghein’s father and mother – and that it was added to in Fínghein’s time.²²

Fós féin, mheas formhór na scoláirí a dhein staidéar ar an lámhscríbhinn, gur d’Fhínghein agus Caitilín a tiomsaíodh í. Pléann an dán féin, *Ní théid an éigean i n-aisgidh*, le comharbacht Mhic Cárthaigh Riabhaigh ag deireadh na cúigiú haoise déag, agus cearta Fhínghein ar an tiarnas sin. Dán casta is ea é, a dheineann argóint dlíthiúil le cearta Fhínghein a thaispeáint. Deineann an dán comparáid idir cás

(Stationery Office, Dublin, 1950); Ó Cuív, ‘Observations’; idem., ‘A Poem for Fínghein Mac Carthaigh Riabhach’, 96-110; <https://www.isos.dias.ie> [30 Márta 2017]; Carey, J., Herbert, M., & Knowles, J., (Aistritheoirí: Dawson, C., Ó Donnchadha, B., & Ruiséal, P.) *Travelled Tales - Leabhar Scéalach Siúlach: Leabhar Leasa Móir i gColáiste na hOllscoile Corcaigh* (Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, 2011); http://www.ucc.ie/celt/book_lismore.html [30 Márta 2017].

²¹ <https://www.isos.dias.ie> [30 Márta 2017]: f.41a: ‘[Beatha] Pa[draig] inso 7 tab[r]ad gach aon legfas bennacht for a[n]manaibh na lanamhna dar sc[r]íbhadh’, f. 49va: ‘Beath[a] Coluim Cille anso 7 tab[r]ad gach legfas a beanacht for anmannaib na lanumhan do cuir da scríbh[adh] hí’, f.53b: ‘Tabrad gach nech legfus in bethasa Brigdi beannacht for anmannaibh na lanaman’; f.59ra: ‘Tabrad lucht legta na bethadhsa. beannacht . ar anmannuibh na lanoman dar scribadh’, agus f.134rb: ‘Suigigud Teallaig Temra conuici sin. Finitt. Aonghus O Callanain do scríbh so do Mhag Carthaig .i. Finghean mac Diarmada 7 b[ea]nnacht leis dó’.

²² Ó Cuív, ‘Observations’, 269-70.

Fhínghein agus scéal Iarla Dheasmhumhan. Faraor, ní léir cé acu Iarla atá i gceist sa dán:

The references to ‘the Great Earl’ (§16) and more specifically the ‘Earl of Desmond’ (§21) add a further complication. They could refer to an Earl of Desmond of some earlier period, but it seems more likely that they relate to recent affairs. If that is so the Earl is likely to have been either Fínghein’s father-in-law Thomas Fitzgerald (†1468) or his brother-in-law James (†1487). [...] When Thomas was executed his brother Garret campaigned to succeed him as Earl and even claimed that James was not a legitimate son of Thomas. He was supported by Cormac (mac Donnchaidh) Mac Carthaigh who used the campaign to obtain the Lordship of Cairbre, but he was less successful than Mac Carthaigh and James Fitzgerald was proclaimed Earl [...]. Mention of the Earl of Desmond going to England (§21) and his obtaining the royal rule (*ríghe*) once more on his return (§24) could be taken as referring to the affairs of Thomas during the period when he was the King’s Deputy. In that case §25 might relate to his successor James.²³

Ós rud é gur dheartháir le Caitilín ab ea Séamus (†1487) agus gurbh é Tomás an Droichid (†1468) a hathair, is dócha gurbh iad siúd a bhí i gceist sa dán. Dar leis an bhfile b’ionann cásanna Fhínghein agus an Iarla (Séamus):

Inann eachtra d’Iarla Mhumhan
’s do Mhág Carrthaigh nár chaill sídh;
nír áil ceachtar díbh ’na dúthaigh,
beantar a [d]tír dúthaigh díbh.²⁴

Deineann an file cur síos moltach ar Chaitilín ag deireadh an dáin chomh maith. Ar mhí-ámharaí an tsaoil, tá cuid den leathanach áirithe sin sa lámhscríbhinn scriosta:

²³ Ó Cuív, ‘A Poem for Fínghein Mac Carthaigh Riabhach’, 99.

²⁴ Ibid., 105. Is spéisiúil go bhféadfaí an cur síos ar ‘Iarla Mumhan’ sa dán a chur i gcomparáid le scéal Mhuiris (†1356), an chéad Iarla, agus le scéal Thomáis (†1420), an cúigiú hIarla freisin.

Dá gcuartaighinn c< >ha Banbha
d< > aithne a mban
bean risin mnaí m< >
tar gnaei a bhfear as cneasda a c< >.

Caitilín inghean an Iarla
uirrim gach énmhná < >;
línaidh sin gach teach a dtriallann,
neach dá t/igh ní iarann hí.²⁵

Tugann an scríobhaí anaithnid dhá nóta i ndiaidh an dáin. Dar leis an gcéad nóta: 'Tríd nár cuireadh an chaithrém and so sis gu bhfuil sí san duanairi.'²⁶ Ní léir cén duanaire atá i gceist anseo. Mar a luaigh Ó Cuív, is dócha gur duanaire a bhain le Clann Chárthaigh, nó cuid eile den lámhscríbhinn seo, a bhí i gceist, ach atá cailte ó shin.²⁷ Sa dara nóta, tugann an scríobhaí a thuilleadh eolais, ag baint úsáid as téarmaí dlíthiúla le tacaíocht a thabhairt d'Fhíngin mar chomharba. Ag deireadh an nóta, luaitear file an dáin:

7 atá an laidh so tuas do-rinne Mathghamh[ain] mac Domhnaill mhic Eoghain hÍ Dháluigh, duba comhthrom do Chormac Mág Carrthaigh, 'gá dhearbhudh gurab égcóir do-rinne Cormac ar Dhiarmuid Mág Carrthaigh do bhí 'na éndearbhráthair athar aigi 7 'na chairdeas Crí(sd 7) 'na altroinn...²⁸

Ní léir cérbh é Mathghamhain Ó Dálaigh, file an dáin. Cé gur ghlaoiigh O'Grady 'hereditary rhymer to the Mac Carthys-Riach'²⁹ air, ní mhaireann aon dán eile dá

²⁵ Ibid., 108.

²⁶ Ibid., 109.

²⁷ Ibid., 100. I nóta ar an leathanach céanna luaigh Ó Cuív an dán *Ris féin is measta Mág Carthaigh* agus dúirt sé go raibh seans ann gurbh é seo an chaithrém a bhí i gceist. Ach is dócha gur d'Fhíngin Mac Cárthaigh, ar ghlaoiigh na Gaill 'Florence Mac Carthy' air (†1640) .i. an duine deireanach ar gairmeadh Mac Cárthaigh Mór air, a cumadh an dán seo. Is i lámhscríbhinní ón ochtú agus ón naoú haois déag a fhaightear an dán seo. I lámhscríbhinn amháin, NUIM M 97, tá nóta leis an dán a luann a bhliain 1649. Tá an dán le fáil sna lámhscríbhinní seo a leanas freisin: RIA 258 [23 G 25]; RIA 498 [23 B 24]; RIA 615 [24 M 33]; RIA 672 [RIA 23 C 21]; RIA 712 [23 H 28]; RIA 1382 [23 O 73].

²⁸ Ó Cuív, 'A Poem for Fíngin Mac Carthaigh Riabhach', 109. Féach freisin Ó Catháin, S., 'Some Studies in the Development from Middle to Modern Irish, based on the Annals of Ulster', in *ZCP*, xix (1933), 43-7.

²⁹ O'Grady, *Silva Gadelica*, i, xi.

chuid agus ní luaitear é sna hannála.³⁰ Aonghus mac Aonghusa Caoich ab ainm d'Ó Dálaigh Chairbre na linne sin agus Gofraidh mac Dhonnchadha ab ainm d'Ó Dálaigh Fionn.³¹ Is i gcraobhacha Uí Dhálaigh na Midhe agus Bhreifne den chuid is mó a fhaightear tagairtí annála do dhaoine darbh ainm Eoghan, thart ar an tréimhse sin.³² É sin ráite, Eoghan ab ainm do mhac Ghofraidh Fhinn Uí Dhálaigh (†1387).³³ Tharlódh go raibh duine de shliocht Ghofraidh Fhinn ag saothrú filíochta sa chuid sin tíre (.i. i nDeasmhumhain) ag an am. Níorbh ionadh, b'fhéidir, mar sin, go mbeadh a leithéid ag cumadh filíochta do Ghearltaigh agus do Chárthaigh, a bhí mar phátrúin ag Gofraidh.³⁴

6.2.3 Muintir Dhálaigh mar Thaidhleoirí

Tá fianaise tagtha anuas chugainn ó thús na séú haoise déag go raibh ceangal láidir ag Muintir Dhálaigh leis na Gearaltaigh go fóill. Ní hamháin sin, ach bhídís ag feidhmiú mar ambasadóirí ag na Gearaltaigh. Luaitear duine díobh, 'Anthony Daly' mar thaidhleoir ag Séamus, deichiú hIarla Dheasmhumhan. B'fhéidir nach aon ionadh é go raibh Muintir Dhálaigh ina n-ambasadóirí agus ina bhfilí ag na Gearaltaigh, ón idirphlé a bhíodh ag filí leis na ciníocha éagsúla a bhí in Éirinn ag an am:

Poets were trained diplomats. Even when they exercised the office of *ollamh* to a given prince they travelled and exercised their art for the benefit of other princes. Today's enemy might be tomorrow's friend, so that, while there are exceptions, poets praised one man in such generalised terms that they could not thereby incur the disfavour of another.³⁵

³⁰ Féach freisin Ó Cuív, 'A Poem for Fínghin Mac Carthaigh Riabhach', 98: '...Ó Dálaigh whom Standish O'Grady described as 'hereditary rhymers [...] but of whom I have no further record.'

³¹ Féach, mar shampla, *AU*, s.a. 1507; *ARÉ*, s.a. 1507.19; *AConn*, s.a. 1507.6; *ALC*, s.a. 1507.

³² Féach, mar shampla, *AL*, s.a. 1446 agus 1448; *ARÉ*, s.a. 1448.13; *AConn*, s.a. 1448.2; *AU*, s.a. 1471.

³³ Féach Caibidil 5.2.

³⁴ Mar shampla, chum Gofraidh an dán *Maith an locht airdríogh óige* do Dhomhnall Mac Cárthaigh Riabhach, sean-athair Fhínghin.

³⁵ Carney, 'Literature in Irish', 695. Féach freisin Breatnach, P. A., 'The Chief's Poet', in *PRIA*, 83C (1983), 55-7.

Is dócha gur leis an traidisiún seo a bhain Antaine Ó Dálaigh, a luaitear mar idirghabhálaí idir Séamus, deichiú hIarla Dheasmhumhan, agus Proinsias I, Rí na Fraince, in 1523:

The Earl of Desmond was the prime mover in Ireland. Alike, by reason of his connections, his wealth, and his ability, Desmond was one of the most powerful noblemen in the kingdom. He had relatives in the French army, and was probably well instructed as to the temper of Francis I. in 1523. His chief agent was Antony Daly – an Irishman of noble birth. A life of stirring incident, plots, and escapes had made this man wary and resourceful. He had been concerned in almost all the chief transactions of Desmond's career, and now, when he arrived at the court of Francis I., he gave proof of high diplomatic ability.³⁶

Dhealródh sé go raibh Ó Dálaigh ar na daoine ba thábhachtaí de lucht leanúna Shéamuis. Tharlódh, ón gcéadainm a bhí air, gur ball d'ord rialta a bhí ann. Ní ainm traidisiúnta Dálach é 'Antaine', ach ainm a shamhlófaí le hOrd San Proinsias. Luaitear baill eile de Mhuintir Dhálaigh, a raibh nasc acu leis na Gearaltaigh, a bhí sna hord rialta ó am go ham sna foinsí. Sa lámhscríbhinn ina bhfaightear *Annales de Monte Fernandi*,³⁷ i nótaí imill a cuireadh leis sa séú haois déag, luaitear bás 'Thadei I Daly' sa bhliain 1583 fé dhó.³⁸ Mheas Bernadette Williams gurbh é seo an fear céanna a gabhadh i Luimneach i 1579 agus a cuireadh chun báis ar ball.³⁹ Dar le Rothe agus Matthews, bhí Tadhg Ó Dálaigh ina shagart i mainistir na bProinsiasach in Eas Géitine sara bhfuair sé bás. Ba iad na Gearaltaigh a bhunaigh an mhainistir sin. Is léir go raibh nasc láidir idir na hIarlaí agus an mhainistir béal dorais sin. Ní hamháin sin, ach tá an chuma ar an scéal go raibh ceangal idir an *studium* sa mhainistir sin agus ionaid léinn ar an Mór-Roinn.⁴⁰

³⁶ Hogan, J., *Ireland in the European System* (Longmans et al., London, 1920), 13. Féach freisin [Ware, J. (†1666)], *The Antiquities and History of Ireland by the Right Honourable Sir James Ware, Kn'* (Crook, Dublin, 1705), 77.

³⁷ TCD LS 347.

³⁸ Williams, B., (ed.), *The 'Annals of Multyfarnham': Roscommon and Connacht Provenance* (FCP, Dublin, 2012), 26.

³⁹ Ibid. Féach freisin Jennings, B., 'Part II: Brevis Synopsis Provinciae Hiberniae FF. Minorum', in *Anal. Hib.*, 6 (1934), 174; Moran, P. F., *The Analecta of David Rothe, Bishop of Ossory* (Gill & Son, Dublin, 1884), 384.

⁴⁰ Féach Caibidil 2.2.2.

Níorbh aon ionadh é go gcuirfeadh Iarla Dheasmhumhan duine de mhuintir Dhálaigh chun na Fraince le hidirbheartaíocht a dhéanamh le Rí na Fraince. Mar a luaigh Carney agus Breatnach, ba thaidhleoirí iad na filí i gcoitinne. Ní hamháin sin, ach dar leis an Abbé Mac Eochagáin, agus plé á dhéanamh aige ar nascanna taidhleoireachta idir Éire agus an Fhrainc, bhí áit fé leith ag Muintir Dhálaigh ina leithéid:

Outre cette alliance politique des deux nations. [...] plusieurs entrèrent au service de Charles le Chauve, ayant pris des établissemens chez lui; & quelques-uns de leurs descendans conservent soigneusement encore la tradition qui les fait descendre de maisons Irlandoises, comme les nobles familles des Dales, qui tirent leur origine des ô Dalys de Corcaduin.⁴¹

Le cabhair Antaine, shínigh Séamus, Iarla Dheasmhumhan, conradh le Rí na Fraince i gCaisleán Eas Gétine ar an bhfichiú lá de mhí an Mheithimh 1523. Chuir spairí Shasana tuairisc ar an gconradh seo go Londain go luath ina dhiaidh sin.⁴² Dar leis an tuairisc seo, bhí an tIarla le troid i gcoinne na Sasanach agus bheadh tacaíocht aige ó ríocht na Fraince:

The French were to occupy three ports – Cork, Kinsale, and Youghal – as a security for their assistance in men, money, and munitions. This was the substance of the treaty between Desmond and Francis I. The ambassadors returned to France, probably accompanied by Antony Daly as Desmond’s

⁴¹ Mac Geoghegan [Ma-Geoghegan], J., *Histoire de L'Irlande Ancienne et Moderne, Tirée des Monumens les plus authentiques*, i (Boudet, Paris, 1758), 389: ‘Taobh amuigh den chomhghuallaíocht pholaitiúil idir an dá náisiún [...] chuaigh mórán [Éireannach] isteach i seirbhís Shéarlais Mhaoil, thógadar ionaid ina chúirt, agus coimeádann cuid dá sleachta go cúramach an traidisiún gur de theaghlaigh na hÉireann a shíolraíodar, cosúil le teaghlaigh léannta Uí Dhálaigh, a shíolraíonn ó Uí Dhálaigh Corca Adain.’

⁴² Brewer, J. S., (ed.), *Letters and Papers, Foreign and Domestic, of the Reign of Henry VIII. Preserved in the Public Records Office, The British Museum, and Elsewhere in England*, 4:2 (Longman et al., London, 1872), 1306-7. Féach freisin <http://www.british-history.ac.uk/letters-papers-hen8/vol3/pp1303-1316> [30 Márta 2017]; Downey, D. M., ‘Irish-European Inegration: The Legacy of Charles V’, in Clarke, H. B. & Devlin, J., (eds.), *European Encounters: Essays in Memory of Albert Lovett* (UCD, Dublin, 2003), 97-117.

representative, and the treaty was solemnly ratified by Francis I. at St. Germain-en-Laye.⁴³

Níor tháinig aon rud as an gconradh seo áfach. Ní luann na foinsí comhaimseartha cúis leis ach tharlódh gur mar thoradh ar na nascanna eile a bhí ag Séamus leis an Mór-Roinn a thit an comhaontas as a chéile. Bhí naimhdeas láidir idir Proinsias na Fraince agus an tImpire Rómhánach Naofa ag an am, Séarlas V. Tá cuntais áirithe tagtha anuas chugainn a thaispeánann go raibh caidreamh ag na hIarlaí le cúirt na Spáinne agus leis an Impire seo agus a dheartháir. Go deimhin, síníodh conradh eile idir Iarla Dheasmhumhan agus an tImpire Rómhánach Naofa sa Daingean in 1529.⁴⁴ B'fhéidir, mar sin, gur cheart cuimhneamh ar ról ag Muintir Dhálaigh sa chaidreamh sin.

I gcáipéis speisiúil ón tréimhse seo, deintear cur síos ar thuras a dhein an tArd-Diúc Ferdinand, a bhí ina Impire Rómhánach Naofa (1558-64) tar éis bhás a dhearthár, Séarlas V (†1556). Agus an long ar an tslí ón Spáinn go dtí an Ísiltír sa bhliain 1518, d'éirigh anfa mór agus bhí ar an long teacht i dtír ón stoirm i gCionn tSáile. Chaith Ferdinand agus a lucht leanúna ceithre lá sa bhaile sin. I gcuntas a scríobh sé, dhein duine dá lucht leanúna, Laurent Vital, cur síos ar an gcuairt seo ar Éirinn.⁴⁵ Tá taighde déanta ag an Dr. Hiram Morgan, go háirithe, ar an eachtra seo.⁴⁶

Sa chuntas, luaitear gur tháinig lucht leanúna thiarna áitiúil ('quelque grant seigneur d'Irlande'),⁴⁷ 'almost certainly the earl of Desmond',⁴⁸ mar a chreideann Morgan, le

⁴³ Hogan, *Ireland in the European System*, 18. Féach freisin McCormack, *Earldom*, 64.

⁴⁴ Downey, 'Irish-European Inegration: The Legacy of Charles V', *passim*. Féach freisin Maxwell, C., *Irish History from Contemporary Sources (1509-1610)* (Allen & Unwin, London, 1923), 91-3.

⁴⁵ Gachard, L. P. & Pilot, C., (eds.), *Collection des Voyages des Souverains des Pays-Bas*, iii (Hayez, Bruxelles, 1881), 276-96. Aistriúchán Béarla Dorothy Convery: <http://www.ucc.ie/celt/published/T500000-001/> [30 Márta 2017].

⁴⁶ Morgan, H., *Ireland 1518: Archduke Ferdinand's Visit to Kinsale and the Dürer Connection* (Crawford Art Gallery, Cork, 2015); idem., 'Sunday 6 June 1518 – the day the Renaissance came to Ireland', in *History Ireland*, 20:3 (May/June 2012), 18-21. Dar le Morgan níor tugadh mórán airde ar an téacs seo go dtí le déanaí agus ní luaitear an turas sna foinsí áitiúla nó sna páipéir stáit chomhaimseartha, 'though we can now assume that it was the subject of the letters Henry VIII received the following month from the earl of Desmond and the city of Cork': *ibid.*, 21. Féach freisin Brewer, *Letters and Papers Henry VIII*, 2:2, 1329; <http://www.british-history.ac.uk/letters-papers-hen8/vol2/pp1326-1343> [30 Márta 2017].

⁴⁷ Gachard & Pilot, *Collection des Voyages*, 294.

⁴⁸ Morgan, *Ireland 1518*, 39. Ba é Muiris Bacach (naou hIarla Dheasmhumhan, †1520) an tIarla ag an am.

bronntanas don Ard-Diúc .i. madraí maithe áirithe agus cúnna láidre ('certaines couples de beaulx chiens et fort puissans lévriers').⁴⁹ Ní hamháin sin, ach tháinig duine acu, 'serviteur à ung seigneur du pays, et de luy fort aymé',⁵⁰ i láthair Ferdinand ag seinm cruite, ag canadh agus ag snámh. Faraor, ní luaitear ainm an fhir seo, ach mar a phléigh Morgan, is fiú go mór an fear seo a chur i gcomparáid le fear eile a luaitear i dtuairiscí a chuir spairí Sasanacha go Londain ón Spáinn sa bhliain 1528:

...the chance landing had announced to the Irish [...] the emergence of a new power combining the might of Spain and the Low Countries on the Western seaboard of Europe. In which case, it might explain the speed with which the next and likewise pro-French Desmond – James, the 10th earl, turned to Spain when Henry VIII began divorce proceedings against Katherine of Aragon ten years later. We will probably never know the identity of his father's servant who put on the amazing display of singing and swimming for Ferdinand in Kinsale harbour, but the man arriving in October 1528 as ambassador to Spain sounds like a similar sort of Renaissance man. He was Galfrigidus, alias Pero and Sherek. An English spy reported his arrival at San Sebastian with three other Irishmen. Described as a man of large stature, he was greatly trusted by the earl of Desmond and was a ruler in his own right. He had gifts of hawks and greyhounds for the Emperor Charles V as well as letters of credence from his master. [...] Was this the same man as in 1518? If so, his mission in 1526 began a pattern of contacts eventually culminating in Spanish military intervention in Ireland...⁵¹

Tugtar trí ainm éagsúil ar an duine seo .i. Galfrigidus, Sherek, agus Pero. Tharlódh gur meascán idir theangacha éagsúla (.i. Spáinnis, Gaeilge, Laidin, agus Béarla) a chruthaigh an éiginnteacht seo. Ní léir cad is bun leis an ainm 'Pero',⁵² ach is dócha

⁴⁹ Gachard & Pilot, *Collection des Voyages*, 294.

⁵⁰ Ibid: 'seirbhíseach de thiarna na tíre, a bhí an-cheanúil air'.

⁵¹ Morgan, *Ireland 1518*, 58. Féach freisin Brewer, *Letters and Papers Henry VIII*, 4:2, 2110-2111 agus 2135; <http://www.british-history.ac.uk/letters-papers-hen8/vol4/pp2104-2119> [30 Márta 2017]; <http://www.british-history.ac.uk/letters-papers-hen8/vol4/pp2134-2150> [30 Márta 2017]. Féach freisin Maxwell, *Irish History from Contemporary Sources*, 91-3.

⁵² Tharlódh gur 'Peadar' a bhí i gceist agus gur ainm eile a bhí ag an fear seo é. Cé nach luaitear aon duine de Mhuintir Dhálaigh leis an ainm seo sna foinsí Gaeilge, bhí sagart darbh ainm 'Pedro Dalí' ina mhac léinn in Valladolid na Spáinne i lár na seachtú haoise déag. Schüller, K., *Die Beziehungen*

gur leagan de ‘Gofraidh’ é ‘Galfrigidus’. Mar a pléadh cheana, faightear an t-ainm Gofraidh i measc Mhuintir Dhálaigh (.i. Gofraidh Fionn (†1387), Gofraidh (†1507)).⁵³ An é gur Gofraidh eile, duine de Mhuintir Dálaigh a bhí i gceist anseo? Ní hamháin sin, ach tharlódh gur ‘Seathrún’ é ‘Sherek’ agus nach bhfuil anseo ach dhá leagan den ainm céanna. Dá mba rud é go raibh Séamus sásta Antaine Ó Dálaigh a chur chun na Fraince mar ambasadóir, n’fheadar an duine den teaghlach céanna a chuir sé chun na Spáinne thart ar an am céanna? Ní foláir nó gurbh fhear léannta Galfrigidus nó Sherek, agus ós rud é gur duine de lucht leanúna na nGearaltach a bhí ann, tharlódh gur de phór na nDálach é. Go deimhin, níos mó ná céad bliain ina dhiaidh sin, bhí fear eile den teaghlach léannta sin, an tAth. Domhnall Ó Dálaigh, nó Dominic de Rosario, ina ambasadóir idir teaghlaigh ríoga na Spáinne, na Fraince, agus na Portaingéile, fear go raibh dlúthcheangal idir é agus traidisiún léinn agus fileata mhuintir Dhálaigh.

6.2.4 Cúchonnacht, Conchobhar na Scoile, agus an tAth. Domhnall Ó Dálaigh

Mar a dúradh cheana, is ó dheireadh na séú haoise déag tromlach fianaise na pátrúnachta a dhein na Gearaltaigh ar Mhuintir Dhálaigh, agus is dócha gur scriosadh formhór na ndánta a chum an teaghlach léannta seo roimhe sin nuair a loisceadh caisleáin agus leabharlanna na nGearaltach sarar maraíodh an tIarla deireanach sa bhliain 1583. Tá dánta a chum filí anaithnide dosna Gearaltaigh ar marthain ón tréimhse seo, agus cá bhfios ach gur filí de shliocht Mhuintir Dhálaigh a chum iad?⁵⁴

Sa chur síos a dhein spiaire Sasanach ar Galfrigidus, an fear a bhí sa Spáinn, dúradh gur ‘a great ruler’⁵⁵ é féin. Dá mba rud é gur dhuine de Mhuintir Dhálaigh a bhí ann, tharlódh gur ag tagairt dosna gabháltais a bhí ag an teaghlach céanna an tuairisc seo. Bhí gabháltais éagsúla ag Muintir Dhálaigh i gCúige Mumhan. I gcásanna áirithe, bhíodar sin i seilbh an teaghlaigh ar feadh i bhfad, mar shampla, i Muintir Bháire, in

zwischen Spanien und Irland im 16. Und 16. Jahrhundert: Diplomatie, Handel und die soziale Integration Katholischer Exulanten (Aschendorff, Münster, 1999), 245.

⁵³ Féach freisin O’Rahilly, ‘Poets, Historians, Judges’, 112, §51.

⁵⁴ Mar shampla, *Fada ó chéile gasraidh Ghréag agus Truagh sin, a chinn mo chroidhe*. Féach ABM, #227 agus #484.

⁵⁵ Brewer, *Letters and Papers Henry VIII*, 4:2, 2110; <http://www.british-history.ac.uk/letters-papers-hen8/vol4/pp2104-2119> [30 Márta 2017].

Iarthar Chorcaí.⁵⁶ Chomh maith leis sin, ós rud é go rabhadar ina bhfilí pearsanta ag Iarlaí Dheasmhumhan ar feadh cúpla céad bliain, bhí gabhátais agus cearta fé leith acu san Iarlacht féin. Bhí tailte acu go háirithe gar do Dhúthaigh Ealla, agus tá tagairtí do logainmneacha a bhain le Muintir Dhálaigh le fáil sa litríocht.⁵⁷ Ní hamháin sin, ach ó chás cúirte a tharla i gCorcaigh sa bhliain 1576, maireann fianaise fé na cearta a bhí acu:

According to a presentment of sessions held in Cork in 1576 ‘when anye frehoulder or inhabitant within their [all the lords of this country] severall countries is married, the rumor [rimer] of that lord caulled Olaff Danie [ollamh dána] will take the best apparail of the woman so married or the juste value thereof’, and in another presentment from the same sessions it is reported that ‘one Dermond Odayly in the name and to the use of Odaly Fynyne came to Kile Weybowd in the countie of Cork in June last past’, and ‘haith forceably taken of Margaret ny Scally of the said Kile wraiebowed all the rayment that shee did weare, that day being newly mareid, or else the valwe of the same, to his oune contentacon, alleadinge the same to be due to the forsaid Odayley of everye womane that is married throughowt all Desmond and McDonoghe countrye, because he is their cheef Rymor otherwise called Ollowe Dane’.⁵⁸

Tugann fianaise na ngabháltas agus na gceart céanna léargas ar thábhacht na bhfilí, agus go háirithe Muintir Dhálaigh, dosna hIarlaí. Bhí craobh amháin de Mhuintir Dhálaigh a raibh an-chaidreamh acu leis na Gearaltaigh ag deireadh na séú haoise déag. Dealraíonn sé go rabhadar bunaithe i gCill Searcan, i mbarúntacht Thriúcha an

⁵⁶ Féach, mar shampla, O’Sullivan, A., ‘Tadhg O’Daly and Sir George Carew’, in *Éigse*, xiv (Samhradh 1971), 27-38; Fitzpatrick, E., ‘The Landscape and Settlements of the Uí Dhálaigh Poets of Muintir Bháire’, in Duffy, S., (ed.), *Princes, Prelates and Poets in Medieval Ireland: Essays in honour of Katharine Simms* (FCP, Dublin, 2013), 460-80.

⁵⁷ Féach, mar shampla, Butler, *Gleanings*, 63 agus 172; O’Rahilly, ‘Poets, Historians, Judges’, 111-12; idem., ‘A Poem by Piaras Feiritéar’, in *Ériu*, 13 (1942), 113-18; Seoighe, *The Story of Kilmallock*, 44.

⁵⁸ Mac Cana, P., ‘An Archaism in Irish Poetic Tradition’, in *Celtica*, viii (1968), 174; O’Rahilly, ‘Poets, Historians, Judges’, 115-6; McGrath, ‘Ó Dálaigh Fionn’, 189; Butler, *Gleanings*, 68; Hore, H. F., ‘The Munster Bards’, in *Ulster Journal of Archaeology*, 7 (1859), 103-4.

Aicme i gContae Chiarraí.⁵⁹ Is ón gcrabhadh sin a shíolraigh an tAth. Domhnall Ó Dálaigh O. P., an sagart Doiminiceach cáiliúil.

Sa bhliain 1655 i Liospóin, cuireadh cló ar an gcéad leabhar staire ar Ghearltaigh Dheasmhumhan .i. *Initium, Incrementa, et Exitus Familiae Geraldinorum Desmoniae Comitum...*,⁶⁰ nó ‘Bunús, Fás, agus Imeacht Clann Ghearrailt, Iarlaí Dheasmhumhan...’, leis an Ath. Dominic de Rosario O Daly. Domhnall Ó Dálaigh an t-ainm baiste a bhí air, agus thóg sé an t-ainm Dominic de Rosario nuair a chuaigh sé isteach sna Doimnicigh. Thug Ó Dálaigh le fios sa saothar luachmhar seo go raibh a athair féin, ‘Cornelius’ ar lucht leanúna an Iarla dheireanaigh, Gearóid (†1583): ‘Cornelius erat peritia militari clarus, & ea in Comitem constantia atque fide...’⁶¹

Mar a phléigh an Rathileach in ‘Poets, Historians and Judges...’ is dócha gurbh é Conchubhar mac Mhaoilsheachlainn Óig, nó Conchobhar ‘na Sgoile’ Ó Dálaigh, athair Dhomhnaill:

The author’s real name was Domhnall Ó Dálaigh. He was born in 1595, and was closely related to the Conchubhar Ó Dálaigh of whom I speak above; indeed from what he says elsewhere of his father, it is almost certain that Friar Dominic was a son of this very Conchubhar.⁶²

Cé nach maireann aon saothar fileata dá chuid, luaigh Eoghan Ó Dubhthaigh Maoilsheachlainn, athair Chonchobhair, agus é ag tagairt d’fhilí éagsúla, Donnchadh an tSneachta Mac Craith agus Seán Ó Maoil Chonaire ina measc, ina dhán cáiliúil, *Léig dod chomhmórtas dúinn* a cumadh thart ar 1579:

Mao[i]lsheachloinn Óg Ó Dáluigh

⁵⁹ Luaitear an bharúntacht seo freisin sa dán *Canfaidher liom lorg na bhfear*, agus i *Seanchas na nGearaltach* (3), mar an áit ina raibh cónaí ar Thomás ‘an Triúcha’ .i. mac le Seán Challainne. Féach, mar shampla, Aguisín 2, §9 agus Aguisín 3, véarsa (68).

⁶⁰ *Initium*.

⁶¹ *Ibid.*, 136: ‘Fear ard-chumais ab ea Conchobhar i gcúrsaí saighdiúrachta, agus é dílis i gcónaí don Iarla’.

⁶² O’Rahilly, ‘Poets, Historians, Judges’, 113, nóta 1.

Bhí ar a laghad beirt mhac ag Maoilsheachlainn .i. Conchobhar agus Cúchonnacht. Cé nach léir go raibh aon pháirt ag Cúchonnacht (†1642) sa chogaíocht i gCúige Mumhan inar maraíodh Gearóid, Iarla Dheasmhumhan (†1583), is léir gur fhág sé an Mhumha ag an am agus gur chuaigh sé ó thuaidh. Chum sé dán d'Aodh Ruadh Ó Domhnaill ag deireadh na séú haoise déag, *Cionnas do fhúigfinn-se Aodh?*. Dar le Marc Caball tugann an dán seo le fios 'that Cú Chonnacht was closely associated with Ó Domhnaill in the closing decade of the sixteenth century'.⁶⁴ Is léir gur fhág sé tuaisceart na tíre go luath ina dhiaidh seo agus dealraíonn sé gur chaith sé tréimhse i gCo. Chill Mhantáin le Féilim Ó Broin, nuair a chum sé dán, *Ursa an choguidh críoch Laighean* dó. D'fhill sé ar Chontae Chiarraí roimh 1601, agus luaitear é sna *Fiants* an t-am sin.⁶⁵ Is léir gur chaith sé deireadh a shaoil i gContae Luimnigh, agus ansan bhí Gearaltach mar phátrún aige arís .i. Éamonn Mac Gearailt, Tiarna na Claonghlaise. Maireann dán leanbaíochta a chum Cúchonnacht do Sheán, mac Éamoinn, *A hógaibh éirgheas fine*,⁶⁶ agus is léir go raibh scoil filíochta aige i ndúthaigh darbh ainm Tulcha.⁶⁷ Tharlódh gur anseo a d'fhoghlaim Dáibhí Ó Bruadair a cheard. Chum Dáibhí dán dar teideal *D'aithle na bhFileadh*, a thugann le fios nár lean páistí Chúchonnacht leis an bhfilíocht.⁶⁸

⁶³ Mhág Craith, *Dán na mBráthar Mionúr*, i, #27, véarsa 51. Ní dócha gurb aon ionadh é go leanann an véarsa fén bhfile seo an véarsa ar Dhonnchadh an tSneachta Mac Craith, ós rud é go raibh nascanna acu beirt le hIarlaí Dheasmhumhan. Féach thíos, Caibidil 6.2.5.

⁶⁴ Caball, M., 'Notes on an Elizabethan Kerry Bardic Family', in *Ériu*, 43 (1992), 182. Féach freisin Breatnach, P. A., 'Cú Chonnacht Ó Dálaigh's Poem before Leaving Aodh Ruadh', in Breatnach, L., McCone, K., & Ó Corráin, D., (eds.), *Sages, Saints and Storytellers: Celtic Studies in Honour of Professor James Carney* (An Sagart, Maynooth, 1989), 32-42.

⁶⁵ O'Rahilly, 'Poets, Historians, Judges', 112.

⁶⁶ *DB*, i, 184-195. Craobh shóisearach de Ghearaltaigh na Mumhan ab iad Tiarnaí na Claonghlaise. Féach Caibidil 1.3.3, ina bpléitear an dán *Canfaidher* [nó *Leanfaidher*] *liom lorg na bhfear*. Is dócha gur file eile de shliocht Mhuintir Dhálaigh a chum an dán seo .i. Muireadhach nó Murchadh Ó Dálaigh, sa bhliain 1601. Is cosúil go raibh nasc pátrúnachta idir file an dáin seo agus Tiarnaí na Claonghlaise.

⁶⁷ Tharlódh gur Tulach Léis i gCo. Chorcaí a bhí i gceist. Bhí tailte ag Muintir Dhálaigh agus na Gearaltaigh sa chuid sin tíre céad bliain roimhe sin, ach baineadh díobh iad agus fuair Iarlaí Urmhumhan smacht orthu. Féach, mar shampla, Seoighe, *The Story of Kilmallock*, 44; McGrath, 'Ó Dálaigh Fionn', 189-90, nóta 11: 'In 1540-1 "Odale the rymor" and "John FytzMoryce" lost Tullylease and Killagholehan, which they held between them [...]. They were granted to Thomas, Earl of Ormond in 1578.' Féach freisin White, N. B., (ed.), *Extents of Irish Monastic Possessions, 1540-1541 from Manuscripts in the Public Record Office, London* (Stationary Office, Dublin, 1943), 189; O'Rahilly, 'Poets, Historians, Judges', 90. Tharlódh go nglaoití 'Tulach Gofraidh Fhinn' ar an áit seo freisin, i gcuimhne ar Ghofraidh Fionn Ó Dálaigh (†1387). O'Rahilly, 'A Poem by Piaras Feiritéar', 116.

⁶⁸ Féach, mar shampla, Caball, 'Notes on an Elizabethan Kerry Bardic Family', 185-6; O'Rahilly, 'Poets, Historians, Judges', 112; *DB*, i, 138-9 agus 184-5; *DB*, iii, 4-5; Doan, J. E., 'The Ó Dálaigh

Mar a thug an tAth. Domhnall Ó Dálaigh le fios, is léir gur ghlac Conchobhar Ó Dálaigh páirt mhór sa chogadh idir na Gearaltaigh agus fórsaí Shasana. Go deimhin, dar le fianaise Uí Dhálaigh, ní raibh Conchobhar i bhfad ó Ghearóid sara bhfuair an tIarla bás:

Cornelio o Dalaeo militum tunc praefecto, in eadem valle illo idiomate vocata Gleannanguintae haud procul absente...⁶⁹

Tacaíonn cuntas comhaimseartha Béarla leis an ráiteas seo:

In a statement made by Eoin O'Moriarty on 26 November 1583, regarding the circumstances leading to the death of Gerald of Desmond, O'Moriarty claims that the earl had sent a raiding party against the home and property of Maurice MacOwen O'Moriarty near Castlegregory. Included in this group was Conchubhar Ó Dálaigh or *Corroghore ne Scolly*, as O'Moriarty refers to him.⁷⁰

Níl dabht ach gurbh é Conchobhar, athair Dhomhnaill, an fear céanna a luaitear ag deireadh liosta an aosa léinn ar thailte na nGearaltach sa cháipéis i leabharlann Lambeth.⁷¹ Maitheadh an pháirt a ghlac sé sa chogaíocht dó, ach, cé nár maraíodh é, in ainneoin a chuid iarrachtaí, níor éirigh leis a chuid tailte a choimeád i gContae Chiarraí. Dar le hÓ Rathile:

Family of Bardic Poets, 1139-1691', in *Éire/Ireland*, 20:2 (Summer 1985), 26; O Raghallaigh, T., *Duanta Eoghain Ruaidh Mhic An Bhaird* (O Gormain, Gaillimh, 1930), 39; Ó Madagáin, B., 'Dáibhí Ó Bruadair and Irish Culture in Limerick, 1691', in *The North Munster Antiquarian Journal*, xxxiii (1991), 41-54; Hartnett, M., 'France, O Bruadair and Sir John Fitzgerald', in *The Old Limerick Journal*, (Summer 1989 - French Edition), 8-10.

⁶⁹ *Initium*, 135: 'Ní raibh Conchobhar Ó Dálaigh, ceann na saighdiúirí ag an am, i bhfad uathu [.i. ó Ghearóid agus a lucht leanúna], sa ghleann sin ar a nglaoitear 'Gleann an Ghuintigh' sa teanga dhúchasach.' Is i nGleann an Ghuintigh a dúnmharaíodh Gearóid thart ar an am sin.

⁷⁰ Caball, 'Notes on an Elizabethan Kerry Bardic Family', 180. Féach freisin Churchyard, T., *A Scourge for Rebels: Wherin are Many Notable Seruices Truly Set Out, and Thorowly Discoursed of, with Euerie Particular Point Touching the Troubles of Ireland, as Farre as the Painfull and Dutiful Service of the Earle of Ormound in Sundrie Sortes is Manifestly Knowen* (Thomas Cadman, London, 1584), 11: 'from whence he [Gearóid, ceathrú hIarla déag Dheasmhumhan, †1583] sent ii. of his Horsmen (called Conoghore neScolly et Shane Deleo) with xviii. kearnes to bring him a pray...'

⁷¹ Féach thuas, nóta 6.

A year afterwards (18 Dec., 1584) we find a pardon granted to “Conoghor O Daly alias Conoghor ny Scolly,” of Co. Kerry [no. 4555]. But though his life was spared, his property was confiscated. An inquisition held in Dingle in 1584 found that “Conogher O Dalye of Kiltarcon [Kilsarkan] in the said county of Kerry, gentleman,” had entered into rebellion with the late Earl of Desmond, “and that at the time of his entering into the said rebellion he was seised in his lordship as of fee of Kiltarcon aforesaid with its appurtenances containing seven carucates of land.” [...] Some years afterwards we find him making an ineffectual attempt to get his property restored.⁷²

Mar a deir an Rathileach, níor éirigh le Conchobhar seilbh a fháil ar na tailte a bhí aige i dTriúcha an Aicme, agus lean sé a dheartháir (nó b’fhéidir gur le chéile a chuadar) ó thuaidh. Sa tuaisceart dó, chum sé dán, *Gabh m’égnach, a Chú Chonnacht*, do Chú Chonnacht Mag Uidhir, Tiarna Fhear Manach (†1589). Iarracht a bhí ann ar phost a fháil mar ollamh ag Mag Uidhir, ach níor éirigh leis, mar dob é Eochaidh Ó hEoghusa a fuair gradam na hollúnachta.⁷³ Cé nach Conchobhar ‘na Scoile’ a thugtar ar fhile an dáin seo, ach Conchobar ‘Crón’ Ó Dálaigh, mar a luaigh Ó Rathile agus Caball is ionann an bheirt:

What is recorded of Conchubhar suggests that he was *ollamh* to Gerald, the fifteenth earl of Desmond. T. F. O’Rahilly identified a ‘Conoghor O Daly alias Conoghor ny Scolly’ mentioned in English documents with Conchubhar Crón Ó Dálaigh, author of a single poem in the poem-book of Cú Chonnacht Mág Uidhir. Despite the difficulty in reconciling the epithets *na Sgoile* and *Crón*, the weight of the extant evidence favours this identification. The association of *sgoil* with the name of Ó Dálaigh implies that he presided over a school of bardic instruction. The epithets are not mutually exclusive, and given that all other factors are in accordance with

⁷² O’Rahilly, ‘Poets, Historians, Judges’, 113-4. Féach freisin Caball, ‘Notes on an Elizabethan Kerry Bardic Family’, 180; *Kerry Archaeological Magazine*, 4 (1910), 271.

⁷³ Féach, mar shampla, Carney, *The Irish Bardic Poet*, go háirithe 16-7; Ó Coileáin, S., ‘James Carney’, in Ó Riain, P., (ed.), *The Poems of Blathmac Son of Cú Brettan: Reassessments* (ITS, Dublin, 2015), 30-2.

the proposed identification, it seems safe to assume that ‘Conoghor ny Scolly’ and Conchubhar Crón refer to the same individual.⁷⁴

Ní mhaireann an dán seo ach in aon lámhscríbhinn amháin, Duanaire Mhéig Uidhir.⁷⁵ Cé gur do Chú Chonnacht Mag Uidhir a chum Conchobhar an dán seo, deir sé sa dán gur fhág sé Cúige Mumhan i ndiaidh dá phátrún bás a fháil. Is léir ón dán go raibh an-chaidreamh aige le Gearóid, an ceathrú hIarla déag (†1583), lena dheartháir Seán (†1582), agus le Séamus mac Muiris Mhic Gearailt (†1579):

Do-chuadar, fá cúis tuirrsi,
mo *thrí chéile chumaindse*
sgoth ríoghuidhe an taobha tiar
craobha míonMhuighe Maicniadh.

Bás an trír dá *ttucas toil*
do *chuir* misi a ccéin *chugaibh*;
iomdha lem thiar dá *ttoirimh*
triar dob *fherr* le a n-athoighidh.

Do-chuaidh – gá ní is doilghe damh ?-
Geróid iarla fhóid Mhumhan,
céidfher fa crádh lem *chroidhe*
lámh darbh éigen ionmhoine.

Torchair Seaán, fa saoth liom,
lendán fhileadh fhóid Éiriond;
ránag cend m’*aithmhéile* ass
aithchéile is ferr dá *bhfuarass*.

⁷⁴ Caball, ‘Notes on an Elizabethan Kerry Bardic Family’, 179; O’Rahilly, ‘Poets, Historians, Judges’, 114: ‘Previous to this, between 1584 and 1589, it would appear that he spent some time in Maguire’s country, if I am right in identifying him with Conchubhar Crón Ó Dálaigh, who, as a poem of his informs us, left Munster after the death of the three Geraldine leaders, James fitzMaurice, Sir John of Desmond, and the Earl, and sought a new patron in Cúchonnacht Mag Uidhir (†1589).’

⁷⁵ Cop. Ny Kgl. Saml. 268^b, ff.15-6. Féach freisin Stern, L., ‘Über eine Sammlung Irischer Gedichte in Kopenhagen’, in *ZCP*, ii (1899), 346-8; Doan, ‘The Ó Dálaigh Family of Bardic Poets’, 25-6; Greene, D., (ed.), *Duanaire Mhéig Uidhir: The Poembook of Cú Chonnacht Mág Uidhir, Lord of Fermanagh 1566-89* (DIAS, Dublin, 1972), #xix.

Mac Muiris mac an Iarla,
torchair an t-óg airmniamhdha;
fer céime a ttress do thabhach
mo thres céile carthanach.⁷⁶

Cé gur léir gur cúis bhróin dó bás an triúir seo, ní chaoineann sé cás na nGearaltach i gcoitinne, mar a bhí á dhéanamh ag filí eile a chum dánta dosna Gearaltaigh sa tréimhse sin.⁷⁷ Is tábhachtaí do Chonchobhar sa dán seo a chinntiú go mbeidh pátrún nua aige, mar a phléigh Caball:

What is unusual about this piece are the circumstances in which the poet lost three patrons. Yet Ó Dálaigh does no more than allude to the demise of his sometime supporters, offering no comment on the violent deaths of James Fitzmaurice, John of Desmond and his brother the earl. The political landscape of Munster had changed dramatically. Yet Conchubhar is unconcerned with this in his poem. His most immediate priority now is to find a new patron to replace those he had lost.⁷⁸

D'fhill Conchobhar ar Chiarraí go luath ina dhiaidh seo agus dhein sé iarracht eile a thailte a fháil ar ais sa bhliain 1592:

Among the records of the Exchequer, for the year 1592, there is a mass of pleadings before commissioners in the countries of Desmond and Kerry, between the remnant of the followers of the late Earl of Desmond and the English grantees of the escheated properties. One of these pleadings is a petition of Connoher O'Dalie, praying to be restored to the family estate. Poetry adorns whatever touches upon it, so that the fortunes of the ill-fated bards of that earl, (the *ingens rebellibus exemplar* of Irish history,) demand sympathy and inquiry. The petitioner states that his grandfather, Melaghlin MacDonoghe O'Dalie, was seized of Kiltoghercon, in the County of Kerry,

⁷⁶ Ibid, véarsaí 3-7.

⁷⁷ Mar shampla, sna dánta *Fada ó chéile gasraidh Ghréag, Truagh sin, a chinn mo chroidhe*, agus *Liaigh mo thuirse tásg mo ríogh*.

⁷⁸ Caball, 'Notes on an Elizabethan Kerry Bardic Family', 188.

containing five ploughlands, which descended to Melaghlin *Oge*, the petitioner's father, who died, says the record, "about a year before Mr. Davells was killed." The event referred to was, indeed, a noted epoch, for the act of murdering this noble Englishman was the pledge that his murderer, the Earl's brother, gave of his sincerity in rebellion. The petitioner further states that he forsook the lands, and that he was not in rebellion, nor was he attainted. On reference, however, it was found that he had been especially attainted.⁷⁹

Dar le Caball, 'Conchubhar disappears from the historical record after this date'.⁸⁰ Go luath ina dhiaidh seo (ca. 1595) a rugadh a mhac, Domhnall nó Dominic de Rosario.⁸¹

Rugadh agus tógadh an tAth. Domhnall Ó Dálaigh gar do shean-thailte a mhuintire i dTriúcha an Aicme i gCo. Chiarraí. Deirtear gur chuaigh sé isteach in ord na nDoiminiceach i mainistir Thrá Lí, mainistir a bhunaigh Gearaltaigh Dheasmhumhan thart ar 1243.⁸² Cé gur ghabh fórsaí Shasana seilbh ar an mainistir seo in 1580, dá mba rud é gur chaith an Dálach tréimhse ann, caithfidh go raibh sé ar ais i seilbh na nDoiminiceach fán am sin. Ní léir cathain a dúnadh an mhainistir sin.⁸³ Ghlac sé a mhóideanna in Lugo i nGalicia na Spáinne agus ansin dhein sé staidéar ar an bhfealsúnacht agus ar an diagacht in ollscoil Burgos. Oirníodh é go luath ina dhiaidh sin agus chuaigh sé ag múineadh na diagachta i mBordeaux na Fraince. Ina dhiaidh sin chaith sé tréimhsí sa Loháin agus bhí sé i Maidrid sa bhliain 1629, mar ionadaí ag ceann ord na Seanmóirithe (Doimnicigh). Idir an dá linn, chaith sé ar a laghad tréimhse amháin in Éirinn, i nImleach, idir Luimneach agus Tiobraid Árann.⁸⁴

⁷⁹ Hore, 'The Munster Bards', 107.

⁸⁰ Caball, 'Notes on an Elizabethan Kerry Bardic Family', 182.

⁸¹ Coleman, *Appendix to O'Heyne*, 67.

⁸² Féach Caibidil 1.2.2.

⁸³ Flynn, *Irish Dominicans*, 45 agus 49-50.

⁸⁴ Tá staidéar áirithe déanta ar shaol Uí Dhálaigh. Féach, mar shampla, Harris, *Ware: Writers*, 142-4; Coleman, *Irish Dominicans of the Seventeenth Century*, 112-15; idem., *Appendix to O'Heyne*, 67-70; Curtin, B., 'Dominic O'Daly: An Irish Diplomat', in *Stud. Hib.*, 5 (1965), 98-112; Mac Curtain, B., 'An Irish Agent of the Counter-Reformation, Dominic O'Daly', in *IHS*, xv (1966-7), 391-406; O'Neill, J., 'Distinguished Kerymen', in *JKAHS*, 30 (1997), 78.

I ndiaidh dó bheith i Maidrid, chuaigh Ó Dálaigh le taidhleoireacht agus bhí nascanna aige le mórtheaghlaigh ríoga na hEorpa ag an am. Mar a luaigh an tSiúr Margaret (Benvenuta) MacCurtain, níor neamhghnách a chás i gcomhthéacs na nÉireannach eile ar an Mór-Roinn sa tréimhse chéanna:

Daniel O'Daly reflects in his life and writing the vigour and talent of the Irish counter-reformation in its formative years. Like his contemporaries, the Franciscan Luke Wadding and Francis Lavalin Nugent, leader of the Capuchin mission to Ireland, O'Daly moved with ease in European circles among church figures including popes and cardinals, politicians, and heads of states. The inscription on O'Daly's tomb recorded that he was 'In variis regum legationibus felix... Vir prudentia, litteris, et religione conspicuus: successful in embassies for kings... a man distinguished for prudence, knowledge, and virtue'.⁸⁵

Tharlódh gurbh é an t-idirphlé a bhí aige le Pilib IV na Spáinne agus (III) na Portaingéile (†1665) a chuir tús le saol Dhomhnaill mar thaidhleoir. Fuair Domhnall cead ón Rí mainistir Dhoimniceach Éireannach a bhunú i Liospóin agus bhunaigh sé mainistir Corpo Santo go luath ina dhiaidh sin, coláiste do mhic léinn Doimniceacha Éireannacha ar ball. Chomh maith leis sin, bhunaigh sé clochar Bom Successo, an clochar Doimniceach Éireannach is sine ar domhan, a osclaíodh sa bhliain 1639.⁸⁶ Leis an tacaíocht seo a fháil ó Rí na Spáinne, bhí ar Ó Dálaigh turasanna a thabhairt ar Éirinn le saighdiúirí a earcú do sheirbhís na Spáinne.⁸⁷ Ní haon ionadh, b'fhéidir, ó nascanna Uí Dhálaigh leis na Gearaltaigh, go raibh mac le Ridire Chiarraí, Uilliam Mac Gearailt, ag cabhrú leis.⁸⁸

Níor fhan an Dálach i bhfad i Maidrid agus go luath ina dhiaidh sin, bhí sé sa Phortaingéil, ina chomhairleoir ag Muintir Braganza, a bhí tar éis coróin na Portaingéile a fháil ar ais, agus é ina oide faoistine ag an mBanríon nua, Luiza de

⁸⁵ *DIB*, 'O'Daly, Daniel (Dominic; Domingos do Rosario) (1595-1662)'.

⁸⁶ Féach, mar shampla, O'Connell, P., *The Irish College at Lisbon 1590-1834* (FCP, Dublin, 2001), 22-3, nótaí 4 agus 5.

⁸⁷ Tostado, I. P. & Troncarelli, F., 'A Plot Without *'Capriccio'*: Irish Utopia and Political Activity in Madrid, 1639-40', in Downey, D. M. & Crespo MacLennan, J., (eds.), *Spanish-Irish Relations through the Ages* (FCP, Dublin, 2008), 124 agus 134.

⁸⁸ *Ibid.*, 124; Flynn, *Irish Dominicans*, 282-3.

Guzman.⁸⁹ Is léir go raibh an-mhuinín ag an Rí Seán (João IV, Rí na Portaingéile, †1656) as, agus bhí sé ina thaidhleoir ag Seán go minic ina dhiaidh sin, i gCúirt Shéarlais I Shasana, le Séarlas II Shasana agus é ar deoraíocht, agus fiú ar chúram rúnda go dtí an Pápa Innocentius X. Go háirithe, chuir an Rí é mar ambasadóir oifigiúil go cúirt na Fraince, ag plé leis an gCairdinéal Mazarin agus Áine na hOstaire, máthair Louis XIV, tar éis 1656.⁹⁰ Is léir go raibh Rí agus Banríon na Portaingéile an-sásta leis agus moladh é mar ardeaspag ar Braga agus mar phríomháidh ar Goa, ach dhiúltaigh sé don dá phost. Ar deireadh ghlac sé le ceapachán mar Easpag Coimbra, ach cailleadh é ar an tríochadú lá de mhí an Mheithimh 1662 sarar thosaigh sé sa phost sin. Cuireadh i gCorpo Santo, an coláiste a bhunaigh sé i Liospóin, é.

Níl dabht ach go raibh an-bhuanna aige mar thaidhleoir agus ní haon ionadh sin. Nuair a chuimhnítear ar Antaine Ó Dálaigh (agus b'fhéidir Galfrigidus nó Sherek), a tháinig roimhe, is fuirist traidisiúin an léinn agus na taidhleoireachta a bhí ag Muintir Dhálaigh a aithint ar an Ath. Ó Dálaigh. Ní hamháin sin, ach thaispeáin sé féin, sa leabhar a scríobh sé ar na Gearaltaigh, go raibh tuiscint aige ar an gcúlra agus ar na traidisiúin seo, agus, go háirithe, ar na pátrúin a spreag na traidisiúin sin.

Mar a dúradh cheana, d'fhoilsigh an tAth. Ó Dálaigh *Initium, Incrementa et Exitus...* i Liospóin sa bhliain 1655, agus ba é sin an chead saothar staire a foilsíodh fé na Gearaltaigh. Is léir ón leabhar féin go raibh cur amach cuimsitheach aige ar na hIarlaí agus ar stair na hIarlachta, ní nach ionadh, má bhí a athair Conchobhar ina fhile ag an Iarla Gearóid (†1583). Faraor, ní léir cé na foinsí a bhí in úsáid ag an Dálach nuair a bhreac sé a shaothar, ach tharlódh go raibh stair a cumadh dosna Gearaltaigh, atá cailte anois, ina sheilbh aige agus é á scríobh. Tá cuntas staire i mBéarla tagtha anuas chugain ón tréimhse chéanna,⁹¹ atá an-chosúil le saothar Uí

⁸⁹ Tostado, I. P., *Irish Influence at the Court of Spain in the Seventeenth Century* (FCP, Dublin, 2008), 80; Recio Morales, O., *Ireland and the Spanish Empire 1600-1825 (Translated by Michael White)* (FCP, Dublin, 2010), 123-4; Curtin, 'Dominic O'Daly: An Irish Diplomat', 99.

⁹⁰ *Ibid.*, *passim*.

⁹¹ Thomas Russell, *Relation of the Fitzgeralds of Ireland written in the County of Clare, 22 die Octobris, Anno Dom. 1638*. Tá an bhunchóip le fáil i lámhscríbhinn i mbailiúchán Clements in iarsmalann *Victoria and Albert* i Londain anois. Sa chéad chuid de na *Unpublished Geraldine Documents*, chuir Samuel Hayman, staraí Eochaille, eagar ar an téacs seo as cóip atá sa lámhscríbhinn 3 B 40 in Acadamh Ríoga na hÉireann anois. *Unpub. Ger. Docs.*, i, 1-39. Féach freisin Hyde & O'Donoghue, *Catalogue of the Books & Manuscripts of the Late Sir John T. Gilbert*, 961; Graves, J.,

Dhálaigh, a scríobh fear dár bh ainm Thomas Russell. Ní mór an t-eolas atá tagtha anuas chugainn féin bhfear seo, ach ón lámhscríbhinn féin, is léir gur thiomsiagh sé an lámhscríbhinn do Richard Boyle, céad Iarla Chorcaí, agus go raibh sí i seilbh James Ware ar ball.⁹² Tá an stair seo an-spéisiúil, mar tá an-chuid cosúlachtaí idir í agus cuid de shaothar Dhomhnaill Uí Dhálaigh .i. *Initium*.... Tharlódh gur bhunaigh Ó Dálaigh agus an Ruiséalach a saothair ar stair na nGearaltach atá cailte ó shin.

Stair thar a bheith luachmhar ar Ghearltaigh Dheasmhumhan is ea saothar Uí Dhálaigh, agus go deimhin bíonn muinín ag scoláirí as mar fhoinse iontaofa ar na hIarlaí fiú sa lá atá inniu ann. Is léir go raibh éileamh ar an leabhar seo agus d'aistrigh an Abbé Joubert é go Fraincis agus foilsíodh an leabhar i Dunkerque sa bhliain 1697.⁹³ Ní hamháin sin, ach san ochtú haois déag, dhein an scríobhaí Uilliam Ó Murchú aistriúchán Gaeilge de,⁹⁴ ar fholáireamh fhile de phór na nGearaltach, Piaras Mac Gearailt.⁹⁵ Ní fios cad a tharla do bhunlámhscríbhinn an aistriúcháin a rinne Uilliam ach is léir go raibh sé fós ar fáil i lár na naoú haoise déag, nuair a bhí sé i seilbh Mhichíl Mhic Cárthaigh ó Dhoire na nÚll.⁹⁶ Tharlódh go ndearna fear eile darbh ainm Séamus Ó Liatháin aistriúchán de freisin, thart ar an am céanna le

'No. 2. The Earls of Desmond', in *JRSAI*, 10 (1868-9), 460; O'Sullivan, W., 'A Finding List of Sir James Ware's Manuscripts', in *PRIA*, 97C:2 (1997), 76-7. Mo bhuíochas le Diane Spaul ó iarsmalann *Victoria and Albert* as eolas maidir leis an mbunlámhscríbhinn a roinnt liom.

⁹² Féach, mar shampla, Graves, 'No. 2', 459; Mac Carthy (Glas), D., 'Appendix', in *JRSAI*, 10 (1868-9), 534; Harris, *Ware: Writers*, 101; Grosart, A. B., (ed.), *The Lismore Papers (First Series) viz. Autobiographical Notes, Remembrances and Diaries of Sir Richard Boyle, First and 'Great' Earl of Cork. Never Before Printed*, iv (Chiswick, London, 1886), 15; Hickson, M. A., 'Russell's History of the Geraldines', in *JRSAI*, 22 (1892), 439-40; Little, P., 'The Geraldine Ambitions of the First Earl of Cork', in *IHS*, 33:130 (2002), 151; O'Sullivan, 'Finding List', 97: '...Richardo nuper comiti Corcagiae dedicata, à Russello authore.' Cheap Graves gur mhac é an Ruiséalach le fear darbh ainm James Russell, a luaitear i gcáipéis ó 1578. Más fíor, is spéisiúil go bhfuil fear den ainm agus sloinne céanna leis an duine sin, James Russell, luaite san inscríbhinn Gaeilge ar chruit Sheáin mhic Éamoinn Mhic Gearailt, duine de phór na nGearaltach a chónaigh i ndeoise Chluana, ó 1621. Féach, mar shampla, Graves, 'No. 2', 459. Féach freisin Mac Carthy, 'Appendix', 534; [Gan ainm], 'The Fitzgerald or 'Dalway' Harp', in *JCHAS*, 50:171 (1945), 40; Ahern, M., 'The Fitzgerald Harp', in Ó Loingsigh, P., *The Book of Cloyne: Leabhar Chluain Uamha* (Litho, Midleton, 1994), 174-6. Ar ámharaí an tsaol, tá cuid den chruit ar marthain in iarsmalann *Victoria and Albert* i Londain chomh maith.

⁹³ [Abbé Joubert, *Commencement progrès et la fin de la famille de Geraldins...* (Antoine van Ursel, Dunkirk, 1697)]. Féach, mar shampla, Walsh, M. O'N., 'Irish Books Printed Abroad 1470-1700', in *The Irish Book*, 2:1 (Winter 1962-3), 22; Hyde & O'Donoghue, *Catalogue of the Books & Manuscripts Comprising the Library of the Late Sir John T. Gilbert*, 596.

⁹⁴ *GJ*, xvii (1907), 340, 354, 376, 387, 414, agus 418.

⁹⁵ Féach, mar shampla, Ó Foghludha, R., *Amhráin Phiaraís Mhic Gearailt: An Té ba Cheann Comhairle ar Chúirt na mBúrdún maille le Cunntas Éigin ar a Bheathaidh, agus Foclóir* (Conradh na Gaedhilge, BÁC, 1905); Ó Cróinín, B., *Piaras Mac Gearailt: a Shaol agus a Shaothar* (An Sagart, An Daingean, 2015).

⁹⁶ *Cat. LNE*, ix, 23.

hUilliam ach ní léir cad a tharla don leagan sin ach an oiread.⁹⁷ Tá cóipeanna de leagan Gaeilge Uilliam tagtha anuas chugainn, áfach, agus tharlódh gur deartháir leis, Seán Ó Murchú, a rinne an chóip is luaithe díobh in 1751.⁹⁸

Tá tábhacht fé leith ag baint le *Initium...* Uí Dhálaigh, ní hamháin toisc gurbh é an chéad leabhar a foilsíodh fé Ghearaltaigh Dheasmhumhan, ach chomh maith leis sin, mar tugann sé léargas ar shaibhreas agus ar thábhacht an traidisiúin phátrúnachta a nasc Muintir Dhálaigh leis na Gearaltaigh. Is leis an leabhar sin a tháinig deireadh leis an nasc pátrúnachta céanna, a mhair níos mó ná trí chéad bliain, ó aimsir Ghofraidh Fhinn Uí Dhálaigh agus Mhuiris mhic Thomáis (†1356) go dtí seachtó bliain i ndiaidh deireadh na hIarlachta. Níl dabht ach gur chuir an nasc pátrúnachta seo go mór le *corpus* litríochta agus léinn na hÉireann áfach.

6.2.5 Donnchadh an tSneachta Mac Craith

Mar a luadh ag tús na caibidle, luaitear baill áirithe de Chlann Chraith sa liosta ó 1584 .i. ‘Owen mc Craghe and his son Iohn’ mc Owen cronickers & rymers.’⁹⁹ Cé gur Buitléaraigh is mó a dhein pátrúnacht ar Chlann Chraith b’fhéidir,¹⁰⁰ maireann eolas áirithe ar fhile amháin den teaghlach sin a bhí ag cumadh filíochta dosna Gearaltaigh sa séú haois déag .i. Donnchadh an tSneachta Mac Craith. Measann Katharine Simms go raibh Donnchadh ina fhile pearsanta ag Gearóid, ceathrú hIarla déag Dheasmhumhan (†1583).¹⁰¹ Is léir, cinnte, gur ghlac Donnchadh páirt in éirí amach na nGearaltach in aimsir an Iarla dheireanaigh. Luaitear sna páipéir stáit gur

⁹⁷ Ibid., 21. Féach freisin Ó Conchúir, B., *Scríobhaithe Chorcaí 1700-1850* (An Clóchomhar, BÁC, 1982), 79, 241, agus 337, nótaí 94-6; Ní Shéaghdha, N., (eag.), *Stair Fhír-Cheart ar Éirinn: Hugh Reily do Scríobh...* (Oifig an tSoláthair, BÁC, 1941), ii-iv; Ó Foghludha, *Amhráin Phiarais Mhic Gearailt*, 9-10; Ó Cróinín, *Piaras Mac Gearailt*, 30-1.

⁹⁸ Tá cóip Sheáin Uí Mhurchú in LNÉ G 383. Tá na cóipeanna eile in RIA 185 [23 O 12]; RIA 365 [23 A 38]; NUIM M 40 [3 E 6]; RIA 297 [23 B 14]; BL Add. 18945; RIA 497 [23 B 22]. Féach freisin *GJ*, xvii (1907), 340, 354, 376, 387, 414, agus 418, ina bhfuil cuid den téacs sin i gcló. Sa naoú haois déag, dhein Charles Meehan aistriúchán Béarla den téacs freisin. Meehan, *The Rise, Increase, and Exit of the Geraldines*.

⁹⁹ Fletcher, *Drama and the Performing Arts*, 213.

¹⁰⁰ de Buitléir, *Buitléaraigh*, 151, 154-5, 301-3, 308-10; eadem., ‘Dánta Gaeilge ar Bhuitléaraigh’, in Ó Coileáin, S., Ó Murchú, L. P., & Riggs, P., (eag.), *Séimhfhear Suairc: Aistí in ómós don Ollamh Breandán Ó Conchúir* (An Sagart, An Daingean, 2013), 48-50.

¹⁰¹ Simms, ‘The Geraldines and Gaelic Culture’, 273-4: ‘Donnchadh an tSneachta Mág Raith, who seems to have been the earl of Desmond’s own poet...’

dhuine de na ‘rebels’ é Donnchadh in 1582,¹⁰² agus luaitear gur ghéill sé d’fhórsaí Shasana an bhliain dar gcionn, cúpla mí roimh bhás Ghearóid:

The Baron of Lixnaw, Donnoghoe M^cCormac, alias M’Donnoghoe, Donnoghoe M’Crahe and 335 rebels have submitted.¹⁰³

Dar leis an Rathileach, tugadh pardún dó fé dhó, in 1577 agus 1585.¹⁰⁴ Gabhadh é ar deireadh, tar éis d’Uachtarán na Mumhan oíche a chaitheamh mar aoi ina thigh. Thug Ó Súilleabháin Béarra cur síos ar an eachtra, agus dúirt sé gur chuir Mac Craith damhsaí agus cluichí ar fáil don Uachtarán,¹⁰⁵ ach níor dhein san aon tairbhe dó; i bhfocail Fletcher:

The hospitality lavished was finally unavailing, however. Some few days later, the Lord President invited Mac Craith and his retinue to Cork, and subsequently ordered the execution of several of those same servants on the grounds that no honest and frugal man had need of so many, unless he were up to no good – treacherous action in view of the hospitality he had received, which is precisely what the Catholic author of this passage wished us to understand, but predictable, because the English administration had reason to mistrust Mac Craith and fear where his native sympathies lay.¹⁰⁶

Cuireadh Mac Craith chun báis ar deireadh mar is léir ó *Pacata Hibernia*, ina luaitear gur chuir ‘The manner of execution of Donogh MacCragh and Redmond

¹⁰² *CSPI*, ii [1574-85], 399 [22 Meán Fómhair 1582]: ‘The Seneschal of Imokilly gathers up the corn of John Fitz Edmund and hides it in woods. Donough M^cCragh and Thomas Oge M^cRory M^cCragh lie in the Decies innning the subjects’ corn.’

¹⁰³ *Ibid.*, 439 [5 Aibreán 1583]. Féach freisin O’Rahilly, ‘Poets, Historians, Judges’, 103; Bagwell, *Ireland Under the Tudors*, iii, 112, nóta 1: ‘Ormond to Burghley and to Walsingham, July 10, 1583. The nobles and gentlemen who came to Ormond at Cork and gave pledges were as follows [...] Donogh MacCragh (a rhymer)...’

¹⁰⁴ O’Rahilly, ‘Poets, Historians, Judges’, 103-4.

¹⁰⁵ Kelly, M., (ed.), *Historiae Catholicae Ibernae Compendium, Domino Philippo Austriaco, Hispaniarum, Indiarum, Aliorum Regnorum atque Multarum Ditionum Regi Catholico Monarchaeque Potentissimo Dicitum, a D. Philippo O’Sullevano Bearro, Ibero. Cum Facultate S. Inquisitionis, Ordinarii et Regis, Ulyssipone Excusum a Petro Crasbeeckio Regio Typographo: Anno Domini 1621* (O’Daly, Dublinii, 1850), 130.

¹⁰⁶ Fletcher, *Drama, Performance, and Polity*, 245. Féach freisin O’Rahilly, ‘Poets, Historians, Judges’, 104.

FitzGerald' scéin ar Ghaeil na Mumhan.¹⁰⁷ Ní léir conas a maraíodh é ach dar leis an Rathileach, bhí sé marbh roimh an gcúigiú lá fichead de mhí na Samhna 1597, nuair a bronnadh a chuid gabhálas ar George Sherlocke.¹⁰⁸

Mar a phléifear thíos, tá dán amháin a chum Donnchadh dosna Gearaltaigh tagtha anuas chugainn, *Liaigh mo thuirse tásg mo ríogh*.¹⁰⁹ Tharlódh freisin, gur chum Donnchadh dán d'Eilionóir de Buitléir, bean chéile Ghearóid, freisin. Sa dán *Léig dod chomhmórtas dúinn*, a chum Eoghan Ó Dubhthaigh, luann an file dán le Donnchadh atá cailte anois de réir dealraimh:

Do-ní Donnchadh an tSneachta
imreas bearta fa chéile
go lúthgháireach don chonnaois
pro bluinbís dán[a] bréige.¹¹⁰

Cheap an Rathileach gur do Chuntaois Urmhumhan a cumadh an dán a luaitear anseo,¹¹¹ ach níor aontaigh an tAth. Cuthbert Mág Craith leis an tuairim sin:

Ó tharla gur duine de lucht leanúna Iarla Deasmhumhan é, luíonn sé le ciall a mheas gurb í bean an Iarla seo (Gearóid Mac Gearailt) atá i gceist. Tá cur síos ar an bhfile seo ag Tomás F. Ó Rathile [...]. Ceapann an t-údar seo gurb í bean Iarla Urmhumhan atá i dtrácht.¹¹²

Ní dócha go raibh aon nasc pátrúnachta idir na Buitléaraigh agus Donnchadh, cé go raibh idirghabháil áirithe aige le Tomás Dubh, deichiú hIarla Urmhumhan, fear a bhronn pardún air.

¹⁰⁷ O'Grady, S. H., (ed.), *Pacata Hibernia or A History of the Wars in Ireland during the Reign of Queen Elizabeth, Especially within the Province of Munster under the Government of Sir George Carew and Compiled by his Direction and Appointment*, i (Downey, London, 1896), 221-2.

¹⁰⁸ O'Rahilly, 'Poets, Historians, Judges', 104.

¹⁰⁹ Féach thíos, Caibidil 6.2.6.

¹¹⁰ Mhág Craith, *Dán na mBráthar Mionúr*, i, #27, véarsa 50.

¹¹¹ O'Rahilly, 'Poets, Historians, Judges', 103: "Donnchadh an tSneachta" is mentioned as a poet in Eoghan Ó Dubhthaigh's satire on Miler Magrath the satirist taxes him with having composed, ca. 1579, a poem in laudation of the Countess of Ormond..."

¹¹² Mhág Craith, *Dán na mBráthar Mionúr*, ii, 180-1.

Sa lámhscríbhinn RIA 3 B 40, luaitear file darbh ainm Donnchadh Mac Craith, a chum dán d'Éamonn Mac Ghiobún, an t-aonú Ridire Fionn déag, ceann craoibhe sóisearaí de chuid na nGearaltach. Tharlódh gur Donnchadh an tSneachta a bhí i gceist:

...as old Donogh M^cCraith, that was well versed in the Irish tongue, has well noted and expressed in his elegant Irish poetry which he composed in honour of Edmond, the late Whyte Knight, for his welcome home out of England, after being committed in the Tower of London, when his adversaries expected he should never more be seen in Ireland; but beyond their expectation he came over with great honor and the restitution of his estate, though not of the one half of what his father had.

I shall insert here onely that verse, translated the best I can at present in English:-

“Three renowned knights of Gerald’s powerfull race
“In Ireland (well ‘twas known), being stoutest had the place;
“To distinguish each of these Gallants progenye,
“By right of birth and worth, the White Knight bore the sway.”¹¹³

Ós rud é gur scaoileadh an Ridire Fionn as an bpríosún sa bhliain 1589 agus nár maraíodh Donnchadh go dtí 1597, tharlódh gurbh é a chum an dán seo. Faraor, dealraíonn sé go bhfuil an chuid eile den dán seo cailte anois.

Mar a dúradh thuas, ní mór an fhianaise a mhaireann de phátrúnacht na nGearaltach ón séú haois déag. Fós féin, mar is léir, tá go leor di sin ar marthain le nascanna láidre pátrúnachta a aithint idir na Gearaltaigh agus leithéidí Dhonnchaidh Mhic Craith. Maireann níos mó eolais fós ar theaghlaigh léannta a raibh nascanna oidhreachtúla acu leis na Gearaltaigh. Gan trácht ar Mhuintir Dhálaigh, bhí Muintir Bhruaidealha agus Muintir Ifearnáin ina measc.

¹¹³ *Unpub. Ger. Docs*, iv, 6.

6.2.6 *Liaigh mo thuirse tásg mo ríogh*

Dán é seo a chum Donnchadh thart ar deireadh na bliana 1583. Tuigtear ón dan go bhfuil scéal bhás an Iarla dheireanaigh, Gearóid (†1583), cloiste ag Mac Craith le déanaí. Caoineann sé a bhás agus bás Sheáin, deartháir an Iarla (†1582) agus bás Shéamuis mhic Mhuiris Mhic Gearailt (†1579). Deineann sé cur síos ar Ghearóid mar rí, agus ar Shéamus agus Sheán mar rídhamaí:

Dá ríodhamhna is rí dénta
ní trúagh nach trí sáoirécha
fúarus treisi an trír curadh
do shín meisi médughadh.¹¹⁴

Ní mhaireann an dán seo ach in aon lámhscríbhinn amháin, Leabhar Uí Chonchubhair Dhoinn.¹¹⁵ Faraor, ós rud é go bhfuil an eiseamláir a bhí in úsáid ag an scríobhaí agus é ag breacadh na lámhscríbhinne sin cailte anois, níl fágtha ach leagan atá easnamhach agus lochtach. Is léir gur dán i meadaracht an *deibhí* a bhí ann ar dtús ach tá an dán mar atá sé lochtach go maith ó thaobh na meadarachta sin de. Tá siollaí breise i línte áirithe agus ní bhíonn an *rinn* agus *airdrinn* ag teacht le chéile go minic. Go deimhin, tá cuma an óglachais ar véarsaí áirithe. Ar an taobh eile den scéal, tá véarsaí áirithe ann a leanann rialacha an *deibhí* go foirfe, le *rinn* agus *airdrinn* ag freagairt dá chéile agus *comhardadh* inmheánach iontu fresin:

Tainig timchioll mo cridhe
tonnbhróin tuirrsi thinntighe
sdair Gháoidhiol is Grég tar linn
gur bhrég áoinfhior as m'inntinn.¹¹⁶

Mar is léir ón véarsa seo thuas, luann Donnchadh an traidisiún gur Ghréagaigh iad na Gearaltaigh. Mar a pléadh i gCaibidil 1, ba nós é seo ag na filí, bunaithe ar stair mhíotaseolaíoch na nGearaltach, agus ba threise an nós seo ná riamh sa tréimhse inar

¹¹⁴ *ABM*, #299, véarsa 19.

¹¹⁵ Tá cóip den dán le fáil in RIA 626 [3 C 13] freisin ach is cóip de BOCD, a bhreac Eoghan Ó Comhraí, an lámhscríbhinn sin.

¹¹⁶ *ABM*, #299, véarsa 2.

cumadh an dán seo .i. ag deireadh na séú haoise déag.¹¹⁷ Go deimhin, tagraíonn Mac Craith dó seo fé thrí sa dán, ag cur síos ar stair na nGearaltach mar ‘sdair ... Grég’ sa véarsa thuas, ag cur síos ar Shéamus mar dhuine den ‘fpór Gréag-sa’ agus ar ‘táire an Gréagfhuil’¹¹⁸ a deineadh ar Ghearóid.

Ní léir go cinnte cad é atá i gceist leis an bhfocal ‘Liaigh’ i gcéadlíne an dáin. Dar le Katharine Simms, d’féadfadh gur ‘Liag’ .i. leac uaighe, a bhí i gceist.¹¹⁹ Pé focal a bhí i gceist ag an bhfile, cuireann sé a bhrón agus a dhólás in iúl go soiléir sa dán, ag insint nárbh i mbás an Iarla ach tragóid i ndiaidh roinnt mhaith tragóidí eile. Ach deir sé gur chuir an t-uafás sin cuimhne an dá bhás eile as a intinn:

An dá céadchás do chláoidh sinn
do-chóidh a ccoimhne as m’inntinn
deoch n[e]imhe deire an deigh[fh]e[is]
don nimh(e) eile as innleigheis.¹²⁰

Ní hamháin go bhfuil an-mheas aige ar an triúr a fuair bás agus go gcaoineann sé a mbás ach freisin, deineann sé cur síos orthu, ag baint úsáid as meafar, cailliúint a dhá lámh, mar chompánaigh agus mar chéilí. Gan amhras, ba nós seanbhunaithe i measc na bhfilí cur síos a dhéanamh ar phátrún mar chéile an fhile:

Do ledradh mo lámh dhes
mo lámh chlí do cailleas
crann gan éndos a Dhé ar ndáil
mé gan Sémos na Se[a]án.

Lámh chlí gach céile grádach
lamh dhes duine a chompánach
búan goimh na ccon a ttochta
goin tre croidhe comholta.¹²¹

¹¹⁷ Féach Caibidil 1.3.2.

¹¹⁸ *DIL*, ‘táire’. <http://dil.ie/39693> [30 Márta 2017].

¹¹⁹ Simms, ‘The Geraldines and Gaelic Culture’, 274.

¹²⁰ *ABM*, #299, véarsa 8.

¹²¹ *Ibid.*, véarsaí 16-7.

Ag deireadh an dáin deineann an file cur síos ar chinniúint a thrí rí, agus insíonn sé gur dícheannadh iad uile:

Terc inmhe da n-anta ris
a cinn tShemuis mic Muiris
nach ttréigfinn ar ttocht ad chenn
ort a ceidhchinn do chaillsem.

An dara cenn do chaill me
a-tá ar cúaille a ccúirt Life
cáoi daghchuimsi níor dhíol linn
do líon th'athuirrsi mh'inntinn.

A chinn mo rí[ogh] ráinig soir
ó Shliabh Lúachra go Lunndoin
do-dhéna mé a chinn mo croidhe
mo ré rinn na heólchuire.¹²²

Cé go gcaoineann sé an triúr arís is arís eile sa dán, is léir, áfach, go raibh an-chion ag Donnchadh ar Ghearóid, Iarla Dheasmhumhan. Mar a dúradh cheana, measann Katharine Simms gurbh é Donnchadh an file pearsanta a bhí ag Gearóid.¹²³ Thabharfadh an dán seo le fios go raibh dlúthcheangal eatarthu, cinnte:

Mór béim da ttabharrtur cor
féch a tharracht a ttéid an sáoghal
a fhir tarla a ttreisi an fhóid
meisi am ghadhar fa Geróid.¹²⁴

¹²² Ibid., véarsa 24-6. Ábhar spéise i véarsa 26 ná go dtagraíonn sé do cheann Ghearóid mar 'a chinn mo croidhe'. Is macalla é seo ar dhán eile a cumadh thart ar an am céanna, ar bhás Sheáin, deartháir an Iarla (†1582) .i. *Truagh sin a chinn mo chroidhe*. Ní leagtar an dán sin ar aon fhile. Tharlódh, b'fhéidir, gur Donnchadh a chum.

¹²³ Féach thuas, Caibidil 6.2.5.

¹²⁴ *ABM*, #299, véarsa 23.

6.2.7 Muintir Ifearnáin agus Clann Bhruaidealha

Cé nach maireann aon dán a chum file de shliocht Mhuintir Ifearnáin d'Iarlaí Dheasmhumhan, faightear tagairtí éagsúla don teaghlach léannta sin i gcomhthéacs na nGearaltach. Bhí an teaghlach lonnaithe i Srónaill, gar do bhaile Thiobraid Árann, ar imeall ghabháltas na hIarlachta:

Ó 1600 anonn go 1800 ba é Srónaill bunáit na nIfearnánach dá dtugtar liosta fada sna *Fiant*. Is cosúil go raibh na hIfearnánaigh chéanna seo ina bhfilí oifigiúla ag Iarlaí Dheasmhumhan...¹²⁵

Bhain Ó Rathile na baill seo a leanas den teaghlach a chónaigh i Srónaill as na *Fiants*.¹²⁶

§10	Maolmhuire mac Aonghusa; ¹²⁷ Fearchar mac Maolmhuire; Mac-raith & Aithirne; ¹²⁸ “Oharney”; ¹²⁹ Seán; ¹³⁰ Muircheartach ¹³¹ mac “Rery” (Ruairí?) & Ee (Aodh?) mac Muircheartaigh; ¹³² Ruairí; ¹³³ Tadhg; ¹³⁴ Seán an Ghleanna (“Eglany”); Donnchadh mac Sheáin; Aonghus mac Sheáin; Maolmhuire mac Ghiolla na Naomh & Fearchar (“Ferragher”) mac Ghiolla na Naomh. ¹³⁵
§15	Mathghamhain. ¹³⁶
§16	Aonghus Ruadh. ¹³⁷ Aodh mac Murchaidh; ¹³⁸ Muircheartach (“Murtagh”) ¹³⁹ mac Aonghusa. ¹⁴⁰

¹²⁵ Prút, L., ‘Aon-File an Leanúnachais: Liam Dall Ó hIfearnáin’, in McGrath, T. G. & Nolan, W., (eds.), *Tipperary: History and Society: Interdisciplinary Essays on the History of an Irish County* (Geography Publications, Dublin, 1985), 186. Féach freisin O’Rahilly, ‘Poets, Historians, Judges’, 90: ‘The Shronell district was the principal seat of the ‘O Hifearnáin family’.

¹²⁶ Ibid., 89-90 agus 92-3. Deineadh iarracht sa tábla seo ar leaganacha Gaeilge a chur ar na hainmneacha a thugann Ó Rathile ó na *Fiants*. As O’Rahilly, ‘Poets, Historians, Judges’ a thógtar na tagairtí seo agus leantar córas tagartha Uí Rathile (§§10-18).

¹²⁷ Aonghus Ó hEarnáin?

¹²⁸ [*Fiant* #3102], 12 Meán Fómhair 1577. Féach §18.

¹²⁹ [*Fiant* #5006], 1597.

¹³⁰ [*Fiant* #3043], 1577.

¹³¹ Muircheartach Ruadh/Liath?

¹³² [*Fiant* #3097], 1577. Féach §18.

¹³³ [*Fiant* #4526], 1584.

¹³⁴ [*Fiant* #4743], 1585.

¹³⁵ [*Fiant* #6490], 1601.

¹³⁶ [*Fiant* #4642], 15 Bealtaine 1584; [*Fiant* #3547], 1579; [*Fiant* #1567], 1579; [*Fiant* #5006], 1587.

¹³⁷ [*Fiant* #4644], 14 Bealtaine 1585; [*Fiant* #6565], 6 Lúnasa 1601.

¹³⁸ [*Fiant* #6565], 6 Lúnasa 1601.

§18	Muircheartach mac Ruairí; ¹⁴¹ Maolmhuire Stócach ¹⁴² & Fearchar stócach; ¹⁴³ Conchobhar Ruadh. ¹⁴⁴
-----	---

Is féidir cúigear den teaghlach léannta seo a nascadh leis na Gearaltaigh sa séú haois déag .i. Aonghus (§10 sa tábla thuas), Muircheartach Ruadh (§10/16/18?), Muircheartach Liath (§10/16/18?), Conchobhar Ruadh (§18), agus Mathghamhain (§15). Bhí fear darbh ainm Aonghus Ó hEarnáin (leagan eile den sloinne Ó hIfearnáin) ar lucht leanúna Shéamuis, tríú hIarla déag Dheasmhumhan (†1558). In aimsir Shéamuis, cuireadh coimisiúin ar bun timpeall na tíre ar ordú ó Anraí VIII Shasana le mainistreacha na nOrd Rialta a dhíscaoileadh. Is léir go raibh smacht áirithe ag Séamus ar an gcoimisiún i gCúige Mumhan, ós rud é go raibh duine de Mhuintir Ifearnáin air.¹⁴⁵

Seirbhíseach ag Seán, deartháir an Iarla dheireanaigh, Gearóid (†1583), ab ea Muircheartach Ruadh. Mharaigh fear darbh ainm ‘Piers Butler Fitz Edmund’ é,¹⁴⁶ sa bhliain 1580:

Also at the same time and place [‘In October 1580, at the Easter,¹⁴⁷ in the County of Kilkenny’] he slew Moriortaghe Rowe O’Hiffernan, servant and guide to the traitor John of Desmond in his rebellion.¹⁴⁸

Cúpla bliain ina dhiaidh sin, nuair a bhí gearáin á ndéanamh fé Mhaolmhuire Mag Raith, Ardeaspag Protastúnach Chaisil, tógadh ráiteas ó Mhuircheartach Liath Ó hIfearnáin, agus is léir go raibh sé féin ar lucht leanúna an Iarla dheireanaigh:

¹³⁹ Muircheartach Ruadh/Liath?

¹⁴⁰ Ibid.; [*Fiant* #6490], 1601.

¹⁴¹ Féach §10. Muircheartach Ruadh/Liath?

¹⁴² Maolmhuire mac Aonghusa? Féach §10.

¹⁴³ Fearchar mac Maolmhuire? Féach §10.

¹⁴⁴ [*Fiant* #4733], 8 Iúil 1585. Dar le hÓ Rathile, tharlódh gurbh é Conchobhar atá i gceist i *Fiant* eile freisin: ‘Knoghor Ó Hiffernan, of Lattin’. [*Fiant* #6564], 1601.

¹⁴⁵ Féach Bradshaw, *Dissolution*, 163-7.

¹⁴⁶ Féach, mar shampla, Fletcher, *Drama and the Performing Arts*, 219, 339, 528, nóta 223, agus 554, nóta 502.

¹⁴⁷ Ibid., 554, nóta 502: ‘Esker, in the barony of Fassadinin, co. Kilkenny’.

¹⁴⁸ *CSPI*, iv [1588-92], 285-6 [Nollaig 1589]: ‘Petition of Pers Butler FitzEdmond, of Butler’s Wood, in the county of Kilkenny, to the Privy Council. His good service against rebels and traitors in Kilkenny, Carlow and Tipperary. Prays for a pension of 5s. or 40l. in fee form’. Féach freisin O’Rahilly, ‘Poets, Historians, Judges’, 90.

Deposition and examination of Murtagh Leaghe O’Hiffenan, against the Archbishop Milerus McGrath. O’Hiffenan, was a messenger between the Archbishop and the Earl of Desmond at the time of the Earl’s last rebellion, and was the bearer of one caliver, two pistols, and 12 lbs. of powder from the said Archbishop to the said Earl.¹⁴⁹

Faraor, dealraíonn sé nach bhfuil a thuilleadh eolais féin triúr seo .i. Aonghus, Muircheartach Liath agus Muircheartach Ruadh, tagtha anuas chugainn. Maireann níos mó eolais fé Chonchobhar Ruadh áfach. Ó scéal atá le fáil i mbeathaisnéis John Perrott, Uachtarán na Mumhan, is léir go raibh sé ina fhile ag Séamus mac Muiris Mhic Gearailt (†1579). Dar leis an scéal seo, chuir Séamus comhrac aonair ar Perrott, agus ghlac Perrott leis an dúshlán:

Thither came the Lord President, and thither came most of the Nobilitie and Gentlemen of that Province, to see this Combatt performed. When the Time of Performance came, *James Fitz-Moris* came not, but sent a cunning and subtle Excuse, by one *Cono Roe Oharnan*, beinge an *Irish* Poet, saying, That he would not fight with the Lord President at all, not soe much for feare of his Life, but because on his Life did depend the Safetie of all such as were of his Party. For said he, if I should kyll Sir *John Perrott*, the Queene of *England* can send another President into this Province, but if he do kyll me, there is none other to succede me, or to command as I doe, therefore I will not willingly fight with hym, and so tell hym from me.¹⁵⁰

Mar is léir ó na *Fiants*, maitheadh an pháirt a ghlac Conchobhar Ó hÍfearnáin sa chogaíocht i gCúige Mumhan dó, agus tharlódh go raibh sé fós beo sa bhliain 1601.¹⁵¹ Ní mhaireann aon dán a chum an file seo dá phátrún, Séamus mac Muiris

¹⁴⁹ *CSPI*, iv [1588-92], 419 [11 Meán Fómhair 1591]. Féach freisin *ibid.*, 429-30 [11 Meán Fómhair 1591]; O’Rahilly, ‘Poets, Historians, Judges’, 90.

¹⁵⁰ Rawlinson, R., (ed.), *The History of that most Eminent Statesman, Sir John Perrott, Knight of the Bath, and Lord Lieutenant of Ireland* (London, 1728), 62-3. Féach freisin Meehan, *The Rise, Increase, and Exit of the Geraldines*, 70-1n; Seoighe, *The Story of Kilmallock*, 64.

¹⁵¹ O’Rahilly, ‘Poets, Historians, Judges’, 93.

Mhic Gearailt, áfach. Tharlódh go raibh gaol idir an file seo agus file mór le rá san ochtú haois déag, Liam Dall Ó hIfearnáin.¹⁵²

There is a list of the numerous properties held by the White Knight in 1590, and in it we find the following: “Ballenvestelladon, in the tenure of Conoher Roe O Hernan”. The tenant here is surely none other than Fitzmaurice’s poet, Conchúr Rua Ó hEarnáin. Ballenvestelladon (Baile Mhistéala na dTamhan) is today known as Mitchelstowndown, and lies about two miles south of Knocklong. The name of the townland appears as Mitchelstown in the Civil Survey of 1654. The name of the proprietor then was given as James Heffernan; he is described as an Irish Papist, and he owned 527 acres of land. This he lost at the time of the Cromwellian Plantation. Underlining the connection between Liam Dall Ó hIfearnáin’s family and the Co. Limerick townland once owned by Conchúr Rua Ó hEarnáin is a very definite family tradition, the most recent reference to which occurs in a collection of poems, *The Liam Poems*, by Thomas Heffernan, published by the Dragon’s Teeth Press, Georgetown, California in 1981. A note in the collection says “...it is recorded that Liam Dall’s stepmother had him rock the children’s cradles and grind the family quern. The family mill near Knocklong at Mitchelstown had passed by confiscation into other hands...”¹⁵³

Cé nach maireann aon rian d’fhillíocht a chum Aonghus, Muircheartach Ruadh, Muircheartach Liath, ná Conchobhar Ruadh Ó hIfearnáin, tá trí nó ceithre dhán tagtha anuas chugainn a chum an duine deireanach a raibh nasc aige leis na Gearaltaigh, Mathghamhain Ó hIfearnáin.¹⁵⁴ Ghlac an file seo páirt in Iomarbhágh na bhFileadh,¹⁵⁵ agus mar chuid de sin, chum sé dán, *Créad fá dtá Tadhg is*

¹⁵² Féach, mar shampla, Prút, ‘Liam Dall’; Heffernan, P., *The Heffernans and their Times: A Study in Irish History* (Clarke, London, 1940), go háirithe 148; Ó Foghludha, R., (eag.), *Ar Bhruach na Coille Muire* (Oifig an tSoláthair, BÁC, 1939).

¹⁵³ Seoighe, *The Story of Kilmallock*, 64.

¹⁵⁴ .i. *A mheic, ná meabhraigh éigse, Ceist! cia do cheimneóchadh dán?, Créad fá dtá Tadhg is Lughaidh?*, agus *Caoin tú féin, a dhuine bhoicht!*. Ní féidir a bheith cinnte gurbh é Mathghamhain a chum *Caoin tú féin, a dhuine bhoicht!*, áfach. Tugtar ainmneacha filí éagsúla sna lámhscríbhinní. Féach, mar shampla, <https://bardic.celt.dias.ie> [30 Márta 2017]; McKenna, *Iomarbhágh na bhFileadh*, i, xi.

¹⁵⁵ Féach, mar shampla, *ibid.*; Leerksen, J., *The Contention of the Bards (Iomarbhágh na bhFileadh) and its Place in Irish Political and Literary History (Irish Texts Society Subsidiary Series 2)* (ITS,

Lughaidh?,¹⁵⁶ ar Thadhg mac Dáire Mhic Bhruaidealha (†ca. 1652) agus Lughaidh Ó Cléirigh (†ca. 1630). Chum Mathghamhain dhá dhán a léiríonn nasc idir é féin agus na Gearaltaigh. Sa chéad dán, *Ceist! cia do cheinneóchadh dán?*,¹⁵⁷ deineann an file gearán nach féidir pátrúnacht a fháil i gCúige Mumhan a thuilleadh agus nach fiú dó filíocht a scríobh:

Gé dán sin go snadhmadh bhfis,
gach margadh ó chrois go crois
do shiobhail mé an Mhumhain leis-
ní breis é a-nuraidh ná a-nois.

Ceard mar so ní sochar dhún,
gé dochar a dol fa lár :
uaisle dul re déiniomh cíor-
ga bríogh d'éinfhior dul re dán?¹⁵⁸

Luann an file pearsana éagsúla ón litríocht agus ó stair na hÉireann .i. Corc Chaisil, Cian, Síol Éibhir, Cobhthach agus Tál, atá marbh, agus dá bharr, ní fiú don aos léinn leanúint leis an bhfilíocht. Ag deireadh an dáin, i ndiaidh an liosta ainmneacha seo, luann sé na Gearaltaigh agus tugann sé le fios gurbh é imeacht na nGearaltach an chúis is mó dó gan filíocht a chumadh:

Mé im luing cheannaigh ar gcaill laist
d'éis Chlann nGearailt do thuill teist:
ní chluinim – is cás rom loisg:
fás an toisg fá gcuirim ceist.¹⁵⁹

Sa dara dán, *A mheic, ná meabhraigh éigse*,¹⁶⁰ tá an scéal a bheag nó a mhór mar an gcéanna. Sa dán seo, impíonn sé ar a mhac gan a bheith ina fhile, mar nárbh fhiú

Dublin, 1994); Minahane, J., *The Contention of the Poets: An Essay in Irish Intellectual History* (Sanas Press, Bratislava, 2000).

¹⁵⁶ McKenna, *Iomarbhágh na bhFileadh*, i, #xi.

¹⁵⁷ Bergin, O., (ed.), 'Who Will Buy a Poem?', in *The Irish Review (Dublin)*, 3:26 (April 1913), 82-3; idem., *IBP*, #37.

¹⁵⁸ Ibid., véarsaí 2 agus 4.

¹⁵⁹ Ibid., véarsa 7.

d'aoinne a leithéid a dhéanamh a thuilleadh. Deir Mathghamhain leis gan filíocht a chumadh ar an múnla a leantaí riamh, ach 'rabhán gnáth briathra boga, nach beg a mbeith comfhoda' a chumadh. Is léir nach gceapann sé go nglacfar le filíocht na mbard a thuilleadh:

Ná mol aoinfher ná haor fer
dá molair ná mol gaoidel;
tuar faladh d'aoinfher lér b'áil
maladh gaoidel do ghabáil.

Sgar riu ná ríomh a naithecht
ná cuimnig a cronaicecht;
iul molta gaoidel ná gab
gach aoinfher rompa ríomhtar.¹⁶¹

Molann sé dó na Gaeil a cháineadh agus 'molsa clú gasraide gall'. Arís sa dán seo, tugann sé le fios go bhfuil pearsana na hÉireann imithe ón tír, Clann Mhíl, Clann Luirc, Clann Chárthaigh, Conn Céadchathach agus mórán eile. Arís ag deireadh an dáin, caoineann sé deireadh ré na nGearaltach, agus deir sé nach fiú filíocht a chumadh ina ndiaidh, mar níl aoinne fágtha a bhainfeadh aon mhaitheas as an bhfilíocht:

Léig tar cel cuimne a nemhuile
stór filed fuil ríggheuilt;
nár thuill goradh do ghrád chruid
dán dá moladh ná mebhruig

Muna maith le nech anois
tréithe nó tuicsin eolais;
ní mac samhla fál fá ar
gá tarbha dán do dhéanam.¹⁶²

¹⁶⁰ *Cat. BL*, i, 392-3; Ní Ógáin, R., *Duanaire Gaedhilge*, iii (Comhlucht Oideachais na hÉireann, BÁC, 1930), 16-7 agus 98-9.

¹⁶¹ *Cat. BL*, i, 392.

Cé nach féidir a mhaíomh gur dhánta ‘Gearaltacha’ iad seo, is léir ón dá dhán seo a chum Mathghamhain go raibh an-chion aige ar na Gearaltaigh, agus go rabhadar mar phátrúin aige, nó duine amháin acu ar a laghad. Tá an dá dhán an-ghearr agus is léir ó fhianaise na lámhscríbhinní go raibh móréileamh orthu. Tá níos mó cóipeanna (ca. 30) de *A mheic, ná meabhraigh éigse* tagtha anuas chugainn ná aon dán eile atá ceangailte leis na Gearaltaigh agus tá mórán cóipeanna (ca. 20) den dán *Ceist! cia do cheinneóchadh dán?* ar marthain freisin.¹⁶³

Níl an oiread céanna fianaise tagtha anuas chugainn fén bpátrúnacht a dhein na Gearaltaigh ar Chlann Bhruaidealha. Ina shaothar, luaigh an Rathileach beirt den teaghlach seo, Maoilín Óg agus Tadhg:

§24 “Miellien oge M^c Brodie, of the Synnganagh,” 17 July, 1585 [no. 4753]. This is the well-known *Maoilín ‘Og Mac Bruaidealha* (†1601), of Shingaunagh, in the par. of Kilmacrehy, near Liscannor, Co. Clare

§25. (a) “Teig M^c Brodie, of Knockinalbie,” 18 May, 1586 [no. 4860]. (b) “Teige M^c Brody, of Knockan albany, gentleman,” 1 May, 1602 [no. 6615]. Here we have *Tadhg Mac Bruaidealha*, i.e. Tadhg mac Dáire, who, as we also know from another source, resided at Knockanalban, (*Cnoc an Albanaigh*), in the par. of Kilmurry, in the west of Co. Clare.¹⁶⁴

Mar a mhínigh Katharine Simms, ba de chraobhacha difriúla de Chlann Bhruaidealha iad, ach bhí gaol eatarthu. Chomh maith leis sin, bhí craobh eile díobh ina gcónaí sa taobh céanna tíre:

¹⁶² Ibid.

¹⁶³ *A mheic ná meabhraigh éigse*: BOCD; RIA 744 [A v 2]; RIA 2 [23 F 16]; RIA 5 [23 D 4]; RIA 18 [23 M 28]; LNÉ G 114; NUIM C 88; LNÉ G 312; LNÉ G 429; Maz 4470; RIA 308 [23 M 16]; NUIM M 56 [3 F 4]; RIA 256 [23 G 23]; RIA 253 [F vi 2]; RIA 73 [3 B 9]; UCC T. xlv; NUIM M 11 [3 C 11]; BL Eg. 111; RIA 170 [23 K 25]; NUIM M 2 [3 C 2]; NUIM M 14 [3 C 14]; RIA 1064 [24 A 34]; Wis 180; RIA 125 [23 E 14]; LNÉ G 90; Card. 2395; RIA 639 [24 M 43]; Camb. Add. 6532; Camb. Add. 7089; RIA 325 [24 B 7]; RIA 888 [12 F 8]. *Ceist! cia do cheinneóchadh dán?*: RIA 18 [23 M 28]; LNÉ G 114; LNÉ G 312; LNÉ G 429; CF 22; NUIM M 56 [3 F 4]; RIA 256 [23 G 23]; RIA 253 [F vi 2]; RIA 73 [3 B 9]; UCC T. xlv; NUIM M 11 [3 C 11]; NUIM M 2 [3 C 2]; NUIM M 14 [3 C 14]; RIA 1382 [23 O 73]; RIA 125 [23 E 14]; LNÉ G 90; Card. 2395; RIA 639 [24 M 43]; Camb. Add. 6532; Camb. Add. 7089; RIA 325 [24 B 7].

¹⁶⁴ O’Rahilly, ‘Poets, Historians, Judges’, 96.

In the historical records we find three branches of the family living in Co. Clare, all related to one another, although the exact links are unclear. One branch were learned ecclesiasts [...]. A second branch specialized as court poets to the O'Brien chieftains of Thomond – Daire and his two sons, Domhnall mac Daire and Tadhg mac Daire. Tadhg lived at Knockanalban or Mount Scott, near to the O'Brien chief seat at Ennis, although he also held land as a tenant of the bishop of Killaloe. The third branch were hereditary *ollamhs* of history and poetry to the territories of Uí Breacáin and Cinéal Fermaic near Miltown Malbay and they ran a bardic school at Lettermoylan on the slopes of Mount Callan. It was to this branch that Maoilín Óg belonged. [...] Donough O'Brien, had been fostered as a young child by the sister of Tadhg mac Daire Mac Bruaideadha, and Tadhg mac Daire achieved life-long status as court poet and historian to the fourth earl of Thomond, leaving Maoilín Óg to become head of the family and of the Mount Callan school in succession to his uncle Giolla Brighde sometime before 1599.¹⁶⁵

Is é an Tadhg mac Dáire Mhic Bhruaideadha seo an té a chuir tús le hIomarbhágh na bhFileadh, nuair a chum sé an dán *Olc do thagrais, a Thorna*.¹⁶⁶ Ní raibh an cháil chéanna ar Chlann Bhruaideadha mar theaghlach léannta is a bhí ar Mhuintir Dhálaigh nó Clann Uí Mhaoil Chonaire, ach dar le Joep Leerssen, is de thoradh áit Thaidhg san Iomarbhágh a bhaineadar clú agus cáil amach:

Tadhg Mac Bruaideadha is usually mentioned as one of the leading literati of his day, and his family as one of the great bardic families, alongside the Ó Dálaigh, Ó hUiginn, Mac Aodhagáin, Ó Cléirigh and Mac an Bhaired poets. That picture seems to be somewhat flattering, and is probably partly due to the *éclat* Tadhg gained for himself as a result of the Contention which he instigated. [...] the Mac Bruaideadha seem to take their place in the literary record more or less coincidentally with the rise of the O'Briens

¹⁶⁵ Simms, K., 'The Poet's Tale', in Booker, S. & Peters, C. N., (eds.), *Tales of Medieval Dublin* (FCP, Dublin, 2014), 162-3, nóta 188. Féach freisin McGrath, C., 'Materials for a History of Clann Bhruaideadha', in *Éigse*, iv (1943), 48-66; Ó Murchadha, D., 'The Origins of Clann Bhruaideadha', in *Éigse*, xxxi (1999), 121-30.

¹⁶⁶ McKenna, *Iomarbhágh na bhFileadh*, i, #v.

in regional politics. The only named Mac Bruaideadha poet to antedate the sixteenth century is Seaán Buidhe, a fourteenth-century poet...¹⁶⁷

Bhí beirt deartháireacha ag Tadhg, Diarmaid agus Domhnall. Dar le Láimhbheartach Mac Cionnaith, bhí Domhnall níos sine ná Tadhg agus tháinig Tadhg i gcomharbacht air mar ollamh Thuadhmhumhan.¹⁶⁸ Is ag Domhnall a bhí an nasc leis na Gearaltaigh. Maireann dánta leis do phátrúin éagsúla, go háirithe do Bhrianaigh .i. Conchobhar Ó Briain, tríú hIarla Thuadhmhumhan (†1581),¹⁶⁹ agus a mhac, Toirrdhealbhadh Ó Briain (†1581).¹⁷⁰ Tharlódh gur chum sé dánta cráifeacha freisin, ach leagtar iad sin ar fhilí eile go minic sna lámhscríbhinní.¹⁷¹

Cé nach bhfuil aon dán tagtha anuas chugainn a chum Domhnall d'Iarlaí Dheasmhumhan féin,¹⁷² maireann dán amháin leis, *Cia as sine cairt ar chrích Néill?*, a chum sé do Shéamus mac Muiris Mhic Gearailt (†1579).¹⁷³ Tá macalláí den dán is cáiliúla ar na Gearaltaigh, *Cá méad gabhál fhuair Éire?*,¹⁷⁴ le feiscint sa dán seo, a dheineann cur síos ar chairt na nGearaltach a thugann ceannas na hÉireann dóibh:

The opening section [...] places the Fitzgerald family [...] firmly within the native framework of successive invaders as worked out in *Lebor Gabála Éirenn*. Enumerating each of the forces traditionally held to have occupied Ireland following the Flood, the poet presents the Fitzgeralds as the last group of occupiers. [...] The poet then tells us that the Fitzgeralds came to Ireland with a charter to its land (i.e. that granted to the Anglo-Normans by Henry II), thereby answering the question posed in the poem's opening line. He makes the case in quatrain 10 that the Fitzgeralds, though foreign in origin, are now also native. Then he challenges them (q. 11) over the

¹⁶⁷ Leerssen, *The Contention of the Bards*, 31.

¹⁶⁸ McKenna, *Iomarbhágh na bhFileadh*, i, ix.

¹⁶⁹ *Lá dá rabha ós ráith Luimnigh agus Ceolchair sin, a chruit an ríogh*.

¹⁷⁰ *Créad an t-uamhan-so ar fhéin Ghall?*

¹⁷¹ Féach, mar shampla, Leerssen, *The Contention of the Bards*, 32; *AithD.*, xix-xx.

¹⁷² Luaitear Séamus, tríú hIarla déag Dheasmhumhan (†1558), sa dán *Ní dual cairde ar creich ngeimhil*, a chum sé do Phádraigín Mac Muiris, Tiarna Chiarraí (†1600), mar iníon le Séamus ab ea Máiréad (†1563), máthair Phádraigín. Bergin, *IBP*, 52 agus *ibid.*, #11, véarsa 4: 'm[h]ac inghini an iarla', agus véarsa 41: 'dúa Sémuís na sleagh rinnghér'.

¹⁷³ In eagar in Ó Raghallaigh, *Poems from the Nugent Manuscript*, 123-37 agus 232-48. Tugann Ó Raghallaigh cur síos cuimsitheach ar an dán sa tráchtas sin. Féach freisin, Simms, 'The Geraldines and Gaelic Culture', 272-3; Caibidil 2.4.2-2.4.3.

¹⁷⁴ Féach thuas, Caibidil 1.3.2.

usefulness of their long-standing claim, given the recent successes by the English.¹⁷⁵

Is léir ó na véarsaí seo, a luann Ó Raghallaigh, go raibh Mac Bruaideadha, ar a laghad, sásta go raibh na Gearaltaigh Gaelaithe go hiomlán fán am seo. Agus is dócha gur ag iarraidh Séamus a spreagadh chun troda a bhí sé i véarsa 11.

Uaisle cníochtGhall chríche Luirc,
cia a-mháin acht maicne Ghearailt
don tshlóg lannúrthais tar linn
nach pór andúthchais d'Éirinn?

Fad a gceirt ar chlár seanAirt
gá feirrde fuil ríGhearailt
do Shaghsaibh ó a-né go a-niugh
an magh-soin Té dá dtréighear.¹⁷⁶

Níos faide ar aghaidh sa dán, tugann an file sracfhéachaint tapaidh ar an léann, an ceol agus an comhluadar atá le fáil i ndúiche na nGearaltach. Is véarsaí spéisiúla iad seo, mar is annamh a fhaightear cur síos soiléir ar a leithéid sa litríocht ar na Gearaltaigh:

Riu sin na seachnadh deadhailt:
soighin chaoín chlann ríGhearailt,
táibhle a ngealtor sídhgheal seang,
cleachdadh fínfhleadh as fithcheall.

Éisdeacht cheóil a gcrot síthe
as sgaoileadh sgéal gcoigcríche,
gnás a bhfionnbhan 's a bhfileadh:
do chás iongnadh fhúigfidhear.¹⁷⁷

¹⁷⁵ Ó Raghallaigh, *Poems from the Nugent Manuscript*, 30.

¹⁷⁶ *Ibid.*, 126.

¹⁷⁷ *Ibid.*, 136.

Leagtar dán eile a cumadh dosna Gearaltaigh ar Dhomhnall go minic, .i. *Do cuireadh ceathrar cloinne*, go háirithe sa téacs *Craobhsgaoileadh Sleachta na hIarlachta*,¹⁷⁸ ach ní dócha gurbh é a chum. Is giota é *Do cuireadh ceathrar cloinne* de dhán atá i bhfad níos faide, *Canfaidher liom lorg na bhfear*. Leagtar an dán sin ar Mhuireadhach (nó ar Mhurchadh) Ó Dálaigh i nach mór gach lámhscríbhinn ina bhfaightear é.¹⁷⁹ Mar sin, má bhí aon chaidreamh ag Domhnall mac Dáire Mhic Bhruaideadha leis na hIarlaí féin, níl aon rian de le feiscint anois. Is léir, áfach ón dán *Cia as sine cairt ar chrích Néill?*, go raibh ard-mheas aige ar na Gearaltaigh, ní nach ionadh nuair a scrúdaítear fairsinge na pátrúnachta a dheineadar.

6.2.8 Filí Gearaltacha agus Tagairtí do Theaghlaigh Léannta Eile ag Deireadh na 16^a hAoise

Cé nár tháinig slán formhór na bhfoinsí a thabharfadh léargas agus fianaise ar phátrúnacht na nGearaltach, tá fianaise áirithe tagtha anuas chugainn a thaispeánann saibhreas na pátrúnachta sin. Maireann an fhianaise sin go háirithe ón gceathrú agus ón séú haois déag. Chomh maith leis sin, ag deireadh na séú haois déag agus ag tús na seachtú haois déag, bhí Gearaltach amháin ar a laghad .i. Muiris mac Dáibhí Dhuibh Mhic Gearailt, ag cumadh filíochta. Más fíor do Richard Stanihurst, tá an chuma ar an scéal go raibh a athair, Dáibhí, ag cumadh filíochta freisin.

Tharlódh gur bhaill de chraobh shóisearach Ghearaltach, Ridirí Chiarraí, iad Dáibhí agus Muiris.¹⁸⁰ Thug Stanihurst cur síos ar Dháibhí mar dhuine d’fhir léinn na hÉireann i *Chronicles Holinshed* (1577 agus 1586):

Dauid Fitzgiral, vsuallie called Dauid Duffe, borne in Kerie, a ciuilian, a maker in Irish, not ignorant of musike, skilfull in physike, a good & generall craftsman much like to Hippias, surpassing all men in the multitude of crafts, who comming on a time to Pisa to the great triumph called

¹⁷⁸ *LM*, 287: ‘Gon[adh] ar an gceathrar cloinne sin tSeáin Challainne adubhairt Domhnall, mac Dáire, Míc Bruaideadha na rainnso: *Do cuireadh ceathrar clainne...*’

¹⁷⁹ Féach Aguisín 3.

¹⁸⁰ Williams, N., (eag.), *Dánta Mhuiris Mhic Dháibhí Dhuibh Mhic Gearailt* (An Clóchomhar, BÁC, 1979), 7: ‘Gach uile sheans gur le síol Ridirí Chiarraí a bhain athair an Mhuiris seo againne, Dáibhí Dubh Mac Gearailt.’

Olympicum, ware nothing but such as was of his owne making; his shooes; his pattens, his cloke, his cote, the ring that he did weare, with a signet therin verie perfectlie wrought, were all made by him. He plaied excellentlie on all kind of instruments, and soong therto his owne verses, which no man could amend. In all parts of logike, rhetorike, and philosophie he vanquished all men, and was vanquished of none.¹⁸¹

Dar leis na *Fiants*, bhí oiliúint ar Dháibhí sa dlí.¹⁸² Faraor, níl aon cheann de dhánta Dháibhí Dhuibh Mhic Gearailt tagtha anuas chugainn. Maireann ar a laghad trí dhán déag a leagtar ar Mhuiris. Ní mór an t-eolas a mhaireann féna shaol áfach. Tá an chuma ar an scéal gur chaith sé tréimhse sa Spáinn, agus deirtear go raibh sé sa Fhrainc freisin.¹⁸³ Is léir go raibh ar a laghad deartháir amháin aige, Seán, agus deirfiúr, Susanna. Ní luaitear áfach an raibh aon chlann aige lena bhean, Eibhlín.¹⁸⁴ Is léir go raibh cáil ar Mhuiris lena linn, de thoradh a shaothair filíochta. Dar le húdair áirithe,¹⁸⁵ is pearsa é Muiris i *Pairlement Chloinne Tomáis*.¹⁸⁶

Cé nach mór an t-eolas a mhaireann fúthu, luaitear baill áirithe de theaghlaigh léannta eile seachas Muintir Ifearnáin, Muintir Dhálaigh, Clann Bhruaideadha agus Clann Craith a bhí ag saothrú dosna Gearaltaigh. Ceal fianaise, áfach, ní féidir saibhreas nó tábhacht na nascanna sin a dheimhniú. Mar shampla, maireann cáipéisí ón mbliain 1562, a thugann liosta den lucht leanúna a bhí ag Gearóid, 14^ú hIarla Dheasmhumhan.¹⁸⁷ Mar chuid den liosta sin, luaitear gurbh é Matha Ó hIarlaithe séiplíneach Iarla Dheasmhumhan. Chomh maith leis sin, luaitear lia a bhí ag an Iarla,

¹⁸¹ Hooker, *Holinshed's Chronicles*, vi, 60. Tugtar an t-eolas céanna in eagrán Holinshed féin (1577). Féach freisin O'Rahilly, 'Poets, Historians, Judges', 111; Ó Conchúir, D., 'Éirí Amach Ghearltaigh Dheasmhumhan i gCorca Dhuibhne', in Ó Cíosáin, M., (ed.), *Céad Bliain 1871-1971: Stair agus Seanchas Pharóiste an Fheirtéaraigh* (Muintir Phiarais, Baile an Fheirtéaraigh, 1973 - athchló, Oidhreacht Chorca Dhuibhne, Trá Lí, 2005), 78.

¹⁸² Williams, *Dánta Mhuiris Mhic Dháibhí Dhuibh*, 7-8; *The Irish Fiants of the Tudor Sovereigns During the Reigns of Henry VIII, Edward VI, Philip & Mary, and Elizabeth I*, ii [1558-86] (de Búrca, Dublin, 1994), #3354 [4 Iúil 1578]: '[...] and David duff Fitz Garrald, of Kerrey, learned in the law...'

¹⁸³ Féach, mar shampla, de Brún, et al., *Nua-Dhuanaire*, i, 176; Williams, *Dánta Mhuiris Mhic Dháibhí Dhuibh*, 10 agus 15-6.

¹⁸⁴ O'Rahilly, 'Poets, Historians, Judges', 96; Williams, *Dánta Mhuiris Mhic Dháibhí Dhuibh*, 8.

¹⁸⁵ Féach, mar shampla, de Brún et al., *Nua-Dhuanaire*, i, 177; Williams, *Dánta Mhuiris Mhic Dháibhí Dhuibh*, 10.

¹⁸⁶ Williams, N. J. A., (ed.), *Pairlement Chloinne Tomáis* (DIAS, Dublin, 1981), 27-30 [línte 852-950]. Leagtar téacs *Pairlement Chloinne Tomáis* ar Mhuiris i lámhscríbhinní áirithe, ach níor cheap Williams gurbh é a chum. Williams, *Dánta Mhuiris Mhic Dháibhí Dhuibh*, 14-5.

¹⁸⁷ Féach, mar shampla, McCormack, *Earldom*, 46; Curtis, E., *Calendar of Ormond Deeds*, v [1547-1584] (Irish Manuscripts Commission, Dublin, 1941), 133-4, #118 [28 Bealtaine, 1563].

Seán Ó Nialláin. Ábhar spéise é seo, mar cé nach maireann ach corrthagairt don phátrúnacht ar na teaghlaigh léannta a dhein Gearaltaigh Chill Dara, luaitear go sonrach in *Chronicles Holinshed* go raibh file ag Tomás, 10^ú hIarla Chill Dara, darbh ainm Ó Nialláin, agus gurbh é sin a bhaist Tomás ‘an tSíoda’ ar an Iarla.¹⁸⁸ Cá bhfios ach go raibh gaol éigin idir an file seo agus lia Iarla Dheasmhumhan.

Maidir le cúrsaí dlí, in iontráil ó 1578, tugann *Annála Ríoghachta Éireann* le fios go raibh ar a laghad duine amháin de Shíol Fhlannchadha mar bhreitheamh ag na Gearaltaigh:

Sean mac Domhnaill, mic Tomais, mic Taidhcc Mécc Flannchadha ollamh iarla Desmumhan lé breithemhnus d’écc. Ní bhaoí dna mac breitheman tuaithe i n-Erinn an tan-sin rob ferr treabhaire 7 tighedas inás.¹⁸⁹

Faraor, ní léir go bhfuil mórán fianaise fágtha den nasc pátrúnachta idir na Gearaltaigh agus Síol Fhlannchadha.¹⁹⁰ Ar an taobh eile den scéal, tá go leor fianaise tagtha anuas chugainn fén bpátrúnacht a dhein na Gearaltaigh ar Chlann Uí Mhaoil Chonaire.

6.3 Na Gearaltaigh agus Clann Uí Mhaoil Chonaire

6.3.1 Clann Uí Mhaoil Chonaire

Mar a luadh i gCaibidil 1 agus i gCaibidil 2, bhí nasc láidir pátrúnachta idir na Gearaltaigh agus Clann Uí Mhaoil Chonaire mar a thug an Dubhaltach Mac Fhirbhisigh orthu,¹⁹¹ a bhí ar na mórtheaghlaigh ba léannta in Éirinn sna meánaoiseanna:

The Ó Maoil Chonaire family offers a clear example of the complex influence exercised by the *literati* upon centuries of culture and politics in

¹⁸⁸ Hooker et al., *Holinshed’s Chronicles*, vi, 192.

¹⁸⁹ *ARÉ*, s.a. 1578.18.

¹⁹⁰ Féach McInerney, L., ‘A MacFhlannchadha Fosterage Document, c. 1580’, in *The Irish Genealogist*, 13:2 (2011), 93-128, ina dtugtar cur síos cuimsitheach ar Shíol Fhlannchadha.

¹⁹¹ Carney, J., (ed.), ‘De Scriptoribus Hibernicis’, in *Celtica*, i (1946), 91.

Ireland. Evidence revealed in extant sources tells us much about their direct involvement in history, law and poetry, combined with their close links to other professional disciplines. [...] In addition, they may have held their lands in a secularised clerical capacity, which may help to explain the inclusion of certain content in the manuscripts...¹⁹²

Ar feadh i bhfad, bhí an teaghlach léannta seo ina n-ollúna ag Muintir Chonchobhair, Ardríthe agus Ríthe Chonnacht. Ó lár na cúigiú haoise déag ar aghaidh, áfach, lorgaíodar pátrúnacht ó mhórtheaghlaigh Shean-Ghallda na hÉireann:

...an established family of *seanchaidh* in Roscommon, traditionally attached to the Ó Conchobhair kings of Connacht. As the Ó Conchobhair family in the fifteenth century split into three branches and diminished in power and wealth, their Ó Maolchonaire historians moved out from their homeland and sought patronage elsewhere, with the Bermingham family in Kildare, and with the Geraldines.¹⁹³

Ní hamháin go raibh Gearaltaigh Dheasmhumhan mar phátrúin acu, ach tá fianaise phátrúnacht Ghearaltaigh Chill Dara agus Buitléaraigh Urmhumhan ar an teaghlach seo le feiscint sa chúigiú agus sa séú haois déag freisin. Bhí mórán nascanna pósta idir na teaghlaigh Shean-Ghallda seo sa tréimhse seo agus tharlódh gur bhog baill de Chlann Uí Mhaoil Chonaire ó theaghlach go teaghlach mar thoradh ar na póstaí seo:

...bhí naoú hIarla Urmhumhan pósta le Siobhán, iníon Iarla Dheasmhumhan. B'ise a oidhre agus an t-aon leanbh amháin a bhí aige. Tharlódh gur lean roinnt de mhuintir Mhaoil Chonaire, a bhí ag obair do Ghearaltaigh Dheasmhumhan, isteach i ndúthaigh na mBuitléarach í.¹⁹⁴


¹⁹² Hazard, B. J., *An Irish Medieval Legacy: Case Studies of the Ó Maoil Chonaire Family and Three Sixteenth-Century Gaelic Manuscripts* (Tráchtas MA, UCC, 2002), 5.

¹⁹³ Simms, 'The Geraldines and Gaelic Culture', 269. Féach freisin eadem., 'Bards and Barons: The Anglo-Irish Aristocracy and the Native Culture', in Bartlett, R. & McKay, A., (eds.), *Medieval Frontier Societies* (Clarendon, Oxford, 1989), 191-2.

¹⁹⁴ de Buitléir, *Buitléaraigh*, 251.

6.3.2 Na Gearaltaigh agus Idirphósadh leis na Buitléaraigh 1468-1614

Phós Siobhán, iníon seachtú hIarla Dheasmhumhan, Tomás an Droichid (†1468), Tomás Mac Gearailt, seachtú hIarla Chill Dara (†1478). Mac leo ab ea Gearóid Mór (ochtú hIarla Chill Dara, †1513). Bhí iníon leis siúd, Máiréad, pósta le Piaras Ruadh, ochtú hIarla Urmhumhan (†1528). Phós mac leo, naoú hIarla Urmhumhan, Séamus, Siobhán, iníon Shéamuis Mhic Gearailt, deichiú hIarla Dheasmhumhan, go luath sa séú haois déag. Nuair a cailleadh Séamus, Iarla Urmhumhan, sa bhliain 1546, phós Siobhán feidhmeannach Sasanach agus ar ball, in 1551, phós sí Gearóid, Iarla deireanach Dheasmhumhan. Cailleadh í sa bhliain 1565, agus bhí ina chogadh dearg idir na Gearaltaigh agus na Buitléaraigh as sin, go dtí bás Ghearóid sa bhliain 1583. Mar is léir ón léaráid thíos, bhí an-chuid nascanna idir na teaghlaigh seo ag an am.¹⁹⁵ Feictear i bhfianaise na lámhscríbhinní go raibh baili áirithe de Chlann Uí Mhaoil Chonaire ag saothrú an léinn don trí theaghlach seo (.i. Iarlaí Urmhumhan, Chill Dara, agus Dheasmhumhan) sa tréimhse seo. Ní haon ionadh san b'fhéidir, nuair a fheictear an t-idirphlé leanúnach idir na teaghlaigh Shean-Ghallda éagsúla seo, mar is léir ón léaráid thíos:¹⁹⁶



¹⁹⁵ Chomh maith leis na nascanna éagsúla seo, bhí na Gearaltaigh ag pósadh shliocht Bhuitléaraigh Dhúin Búinne freisin. Tar éis bhás Shuibhain (†1565), phós Gearóid, Iarla Dheasmhumhan, Eilionóir de Buitléir agus phós iníon leo, Eibhlín, Éamonn, Tiarna Dhúin Búinne (garmhac dheartháir Eilionóra), sa bhliain 1632. Féach, mar shampla, Chambers, *Eleanor, Countess of Desmond*, 236. Chum an file Eoin Ó Con Mhuighe dhá dhán d'Eibhlín agus dá fear céile, Éamonn .i. *Ad-chiú néall neamhdha ós an raon agus Soirbh bhur ttoisg, a thriath Siúire*. Féach Carney, J., *Poems on the Butlers of Ormond, Cahir, and Dunboyne (A.D. 1400-1650)* (DIAS, Dublin, 1945), #XIII agus #1.

¹⁹⁶ Bunaithe ar *NHI*, ix, 167-9.

6.3.3 Clann Uí Mhaoil Chonaire, na Gearaltaigh, agus na Buitléaraigh 1468-1600

Is féidir nascanna a rianú idir an-chuid de na hIarlaí éagsúla seo agus baill éagsúla de Chlann Uí Mhaoil Chonaire sa tréimhse chéanna. É sin ráite, ós rud é go raibh gaol ag na hIarlaí éagsúla seo lena chéile agus go raibh na lámhscríbhinní is tábhachtaí a nascann iad le Clann Uí Mhaoil Chonaire sa tréimhse seo i seilbh na nGearaltach seal, agus seal eile i seilbh na mBuitléarach, tá sé an-deacair a dhéanamh amach cé acu Gearaltaigh a bhí mar phátrúin ag na fir léinn éagsúla.

Is ó chraobh amháin de Chlann Uí Mhaoil Chonaire a shíolraigh na baill éagsúla a raibh baint acu leis na Gearaltaigh agus na Buitléaraigh. Cailleadh an chéad duine acu a deirtear go raibh baint aige leo, Torna Mór Ó Maoil Chonaire, sa bhliain 1468:

Torna h. Maolconuire ollam Sila Muredaig meic Fergusa a senchus 7 filidecht do eg ina tig fein i ILius Ferban *l- Gerbain* iar mbuaid n-aithrige iar fel Patric, 7 a adnagal fo ditin Patric 7 San Froinses a nOil Finn, 7 Urard h. Mailconuire a n-ollamnacht da esi.¹⁹⁷


Mar is léir ón iontráil seo, agus na hiontrálacha sna hannála eile, ní luaitear na Sean-Ghaill le Torna Mór in aon chor. Go deimhin, tá an chuma ar an scéal go raibh sé ina ollamh ag Muintir Chonchobhair go dtí deireadh a shaoil.¹⁹⁸ Mhaígh scoláirí áirithe gur ‘poet and historian to the earls of Desmond at the beginning of the fifteenth century’¹⁹⁹ ab ea Torna Mór, ach is dócha gur mheascadar Torna Mór le Torna Óg, mac leis. Cé nach dócha go raibh baint ag Torna Mór le hIarlaí Dheasmhumhan, is léir go raibh ag a shliocht. Mar is léir ón léaráid thíos, bhí ar a laghad cúigear mac ag

¹⁹⁷ *AConn*, s.a. 1468.11. Féach freisin *ALC*, s.a. 1467; *ARÉ*, s.a. 1468.18; *AU*, s.a. 1468; *Frag*, s.a. 1467.13.

¹⁹⁸ Féach, go háirithe, *AU*, s.a. 1468: ‘h-Ua Mail Conaire, d’h-eg, .i. Torna, ollam h-Ui Concobuir Connacht’. Tá ar a laghad dán amháin leis tagtha anuas chugainn, *Gabh umad, a Fheidhlimidh*, a chum sé d’Fheidhlimidh Fionn Ó Conchobhair Ruadh thart ar 1465.

¹⁹⁹ *LGÉ*, i, xv. Féach freisin Scowcroft, R. M., ‘Leabhar Gabhála. Part I: The Growth of the Text’, in *Ériu*, 38 (1987), 86, nóta 19; Curry, E., (ed.), *Cath Mhuighe Léana or the Battle of Magh Leana; Together with Tochmharc Mhoméra or the Courtship of Momera* (Celtic Society, Dublin, 1855), 35, nóta (p). Tharlódh gur mar thoradh ar an dán *Cá méad gabhál fhuair Éire?* a cheapadar seo, ach is léir nár chum Torna Mór an dán, nó an dán ar fad, pé scéal é. Féach thuas, Caibidil 1.3.2.

Torna Mór .i. Maolchonaire, Domhnall, Seán, Maoilín agus Torna Óg.²⁰⁰ Is féidir Seán agus a mhac Sighraidh a nascadh le hIarlaí Dheasmhumhan, agus Maoilín Óg, mac Maoilín, agus b'fhéidir Torna Óg, a nascadh le hIarlaí Chill Dara.



Níl na nascanna leis na Buitléaraigh an-soiléir. Chum Torna mac Maoilín mhic Thorna Mhóir dán dar teideal *Fada re a choimhead clú Roisdeard*, do Risteard, céad Bhíocunta Mhóta Gairéad (†1571).²⁰¹ Tharlódh, freisin, gur dhuine de Chlann Uí Mhaoil Chonaire a bhreac *Seanchas Buitléarach*. B'fhéidir gur thart ar an am céanna le *Seanchas na nGearaltach* (1) a cumadh é.²⁰²

Ba é athair an fhile seo (Torna mac Maoilín) .i. Maoilín mac Thorna Mhóir, an chéad duine de Chlann Uí Mhaoil Chonaire a cheanglaítear go cinnte leis na Gearaltaigh sna foinsí dúchasacha:

Maoilin mac Torna h. Maoilconoire ollam hSíol Murethaig, fer lan do rath 7 d'ecna et fer do toghadur Geraltaig et Goill tar ollomnaib Erenn, fer do gheipedh seoid 7 maoíne o gac aon fora sireth, et dobheired-sium úadha co hanoirces an ni fogheiped, 7 a ecc a Mainesdir Derg a Tepa.²⁰³

²⁰⁰ Is ó Thorna Óg a shíolraigh an chraobh a lonnaigh i dTuadmhumhain sa séú haois déag. Féach, mar shampla, Ó Dálaigh, B., 'The Uí Mhaoilchonaire of Thomond', in *Stud. Hib.*, 35 (2008-9), 45-68; Hazard, *An Irish Medieval Legacy*, 12; *Cat. BL*, i, 156.

²⁰¹ Féach, mar shampla, de Buitléir, *Buitléaraigh*, 249-64; Carney, *Poems on the Butlers*, #1; Simms, 'Bards and Barons', 192.

²⁰² de Buitléir, *Buitléaraigh*, 35-6, go háirithe 36, nóta 145. Pléitear na leaganacha éagsúla de *Seanchas na nGearaltach* i gCaibidil 1.

²⁰³ *AConn*, s.a. 1519.9. Féach freisin *ALC*, s.a. 1519; *ARÉ*, s.a. 1519.10. Mar a pléadh cheana, ní féidir muinín iomlán a bheith ag scoláirí as na hannála mar thoradh ar an gclonadh polaitiúil a bhíonn iontú. Sa chás seo, áfach, is féidir brath ar an iontráil sa mhéid is go ndeir sé go raibh baint ag

Ní léir an iad Gearaltaigh Dheasmhumhan nó Gearaltaigh Chill Dara atá i gceist anseo. B'fhéidir go raibh Maoilín ag saothrú don dá theaghlach. Ní mhaireann aon saothar dá chuid, áfach.²⁰⁴ Tá téacs an-spéisiúil tagtha anuas chugainn a bhreac fear dár bh ainm Maoilín Óg. Tá an chuma ar an scéal go raibh Maoilín Óg ag obair mar scríobhaí do Ghearáid Óg, naoú hIarla Chill Dara, agus bhreac sé conradh idir Gearáid agus Muintir Mhic Raghnaill sa bhliain 1530:

The political tentacles of the earls of Kildare spread over much of Ireland in the late fifteenth and early sixteenth centuries. Even the Mág Raghnaills paid rent to the earl according to the sixteenth-century Kildare rental. The agreement in Irish relating to this rent survives and was drawn up by Maoilín Óg Ó Maelconaire between Mág Raghnaill and the earl of Kildare at Maynooth on 5 November 1530. According to the agreement the Mág Raghnaills were to pay the earl a shilling yearly for every quarter of land on which rent was paid to Ua Ruairc, the overlord of the Mág Raghnaills, and in return the earl agreed to protect them against all men subject to his authority.²⁰⁵

Cé nach luaitear Maoilín Óg sna hAnnála, ós rud é go raibh sé ag saothrú dosna Gearaltaigh sa tréimhse seo agus go luann sé sa chonradh gur Maoilín Ó Maoil Chonaire ab ainm dá athair, tá an-seans ann gur mac le Maoilín mac Thorna Mhóir a bhí ann mar ní luaitear aon duine eile den ainm sin a bheadh in aois oiriúnach thart ar 1530:

Na daíne maithe adubramar [.i. Gearáid Óg agus Muintir Mhic Raghnaill] remainn do eachtaigh in cunnradh sin 7 Maílín Óg mac Maílín hÍ Maílconaire do scríbh hé ina fiadhnuise féin in cúiced lá do mhí Nouimber a Magh Nuadat.²⁰⁶

Maoilín leis na Gearaltaigh, mar luaitear go sonrath iad san iontráil, cé nach gá go ndéanfaí a leithéid mar luaitear na Gaill i gcoitinne.

²⁰⁴ Leagtar *Seanchas na nGearaltach* (1) air, ach ní dócha gurbh é a scríobh. Féach Caibidil 2.3.1.

²⁰⁵ Manning, C., 'The grave-slab of Charles Reynolds in Rome', in *JRSAI*, 140 (2010), 25.

²⁰⁶ Ó Lochlainn, C., (eag.), *Tobar Fíorghlan Gaedhilge: Deismireachta na Teangadh 1450-1853* (Comhartha na dTrí gCoinneal, BÁC, 1939), 3. Féach freisin idem., (ed.), *Irish Men of Learning: Studies by Father Paul Walsh* (Sign of the Three Candles, Dublin, 1947), 37; Russell, C. W., 'On an

Is é Torna Óg mac Thorna Mhóir, áfach, is mó a luaitear i gcomhthéacs phátrúnacht na nGearaltach. De réir na nAnnála, cailleadh an fear léinn seo sa bhliain 1532.²⁰⁷ Mar a pléadh i gCaibidlí 1 agus 2, leagtar an dán *Cá méad gabhál fhuair Éire?* agus *Seanchas na nGearaltach* (1) ar Thorna. Bhreac sé cuid den lámhscríbhinn cháiliúil, Leabhar Clainne Suibhne,²⁰⁸ agus is léir gur chaith sé tréimhse gar do ghabháltais na nGearaltach freisin, mar bhreac sé liosta de thailte na Róisteach i Leabhar Fhear Maighe:

...misi Torna mac Torna .h. Maoil Chonaire do scribh an cairtso do Dáibhíth mac Muiris meic Dáibhíth meic Muiris meic Daibith Moir 7 d'Oilen ingen Semuis meic Semuis meic Emainn Meig Piarois a mBaile an Caisleáin an Roitsigh a longpurt ughdur 7 ollamhan 7 deoradh 7 damh-scol Erenn...²⁰⁹

Ag tús na séú haoise déag, dhein Torna Óg agus nia leis, Sighraidh, leasú áirithe ar an lámhscríbhinn cháiliúil Laud Misc. 610.

6.3.4 Na Gearaltaigh, Laud Misc. 610, agus Clann Uí Mhaoil Chonaire

Mar a dúirt an tAth. Pól Breatnach, is lámhscríbhinn í Bodl. Laud Miscellany 610 'of the highest value to Irish students'.²¹⁰ Tá an lámhscríbhinn cháiliúil seo in Oxford anois, ach tiomsaíodh ar dtús í d'Éamonn mac Risteaird de Buitléir (†1464) agus dá

Agreement, in Irish, between Gerald, Ninth Earl of Kildare, and the Mac Rannalls, Executed at Maynooth, November 5, 1530', in *PRIA*, 10 (1866-9), 480-9;

<http://www.ucc.ie/celt/published/G102002/index.html> [30 Márta 2017]. Tá an conradh féin tagtha anuas chugainn - LNÉ, LS 18,997.

²⁰⁷ *AConn*, s.a. 1532.9; *ALC*, s.a. 1532; *ARÉ*, s.a. 1532.12.

²⁰⁸ Walsh, P., (ed.), *Leabhar Chlainne Suibhne: An Account of the MacSweeney Families in Ireland, with Pedigrees* (Dollard, Dublin, 1920), lviii. Féach freisin Ó Muraíle, 'Caithréim Thoirdealbhaigh: The Appendices', 45-6.

²⁰⁹ RIA 1134 [23 E 29 - Leabhar Fhear Maighe], f. 153. Tugtar an dáta 1461 ag deireadh an leathanaigh, ach tharlódh gur scríobhaí eile a bhreac an dáta. Pléadh an lámhscríbhinn seo i gCaibidil 3.3.6.

²¹⁰ O Lochlainn, *Irish Men of Learning*, 38.

uncail, Séamus, ‘an tIarla Fionn’, ceathrú hIarla Urmhumhan (†1452).²¹¹ Tá go leor airde tugtha ag scoláirí ar an lámhscríbhinn seo, go háirithe le blianta beaga anuas.²¹²

Leis an gceangal a bhí ag na Gearaltaigh leis an lámhscríbhinn seo a thuiscint, caithfear sracfhéachaint a thabhairt ar an gcaidreamh idir na Buitléaraigh agus na Gearaltaigh. Bhí aighneas leis na Buitléaraigh ina chuid lárnach de stair na nGearaltach ó aimsir Mhuiris mhic Thomáis, céad Iarla Dheasmhumhan (†1356), go dtí bás an Iarla dheireanaigh sa bhliain 1583. Is spéisiúil, mar sin, go raibh cúrsaí idir an dá theaghlach ciúin go leor in aimsir an séú hIarla, Séamus mac Ghearóid Iarla (†1463).²¹³ Lean an tsíocháin (a bheag nó a mhór) idir an dá theaghlach ó thart ar an am ar deineadh Iarla de Shéamus (.i. ca. 1420) go dtí 1444, nuair a chuaigh Séamus ar slógadh i dtailte na mBuitléarach.²¹⁴ Mar chuid den tsíocháin seo, aontaíodh idir na hIarlaí go bpósfadh oidhre Shéamuis, Tomás an Droichid (†1468), Áine, iníon an Iarla Fhinn, ach níor tharla an pósadh riamh:

A second attempt at a *rapprochement* was made in May 1429, when James Butler, fourth earl of Ormond, the ‘White Earl’, agreed to give his daughter Anne in marriage to Thomas Fitzgerald, son and heir of James Fitzgerald, seventh earl of Desmond. The accord was signed by the two earls in Dublin and called for Thomas, then a minor, to be reared by Joan, countess of Ormond. Should Thomas or Anne die before the marriage, another son of Desmond or daughter of Ormond was to fulfill the agreement. Both earls were to ‘maintain, cherish, love and defend’ the couple against all enemies. Ormond agreed to enfeoff Thomas and Anne with the cantred of Imokilly, the barony of Inchiquin and the town of Youghal, with Desmond to enjoy

²¹¹ Féach, mar shampla, de Buitléir, G., ‘Aighneas Polaitíochta sa Chúigiú hAois Déag: Dán le Tadhg Óg Ó hUiginn ar Cheathrú hIarla Urmhumhan’, in *Ossory, Laois and Leinster*, 4 (2010), 107-27; eadem., *Buitléaraigh*, 147-69; Empey & Simms, ‘The Ordinances of the White Earl’, 161-83.

²¹² Féach, mar shampla, Ó Cuív, B., *Catalogue of Irish Language Manuscripts in the Bodleian Library at Oxford and Oxford College Libraries*, i (DIAS, Dublin, 2001), 62-87; Dillon, ‘Laud Misc. 610’; idem., ‘Laud Misc. 610 (cont)’, in *Celtica*, vi (1963), 135-55; O’Sullivan & O’Sullivan, ‘Three Notes’, 131-51; Best, R. I., ‘Bodleian MS. Laud 610’, in *Celtica*, iii (1956), 338-9; Todd, J. H., ‘Account of an Ancient Irish Manuscript, in the Bodleian Library, Oxford’, in *PRIA*, 2 (1840-44), 336-46; de Buitléir, *Buitléaraigh*, 55-74; Ó Macháin, P. ‘Tuileagna Ó Maoil Chonaire and the Book of Pottlerath’, in *Ossory, Laois & Leinster*, 4 (2010), 244-48. Féach freisin <http://image.ox.ac.uk/show?collection=bodleian&manuscript=mslaudmisc610> [30 Márta 2017].

²¹³ Cé gur ghlac Séamus páirt áirithe san aighneas idir na Buitléaraigh agus John Talbot. Féach, mar shampla, Crooks, ‘James the Usurper’, 159-184.

²¹⁴ Féach, mar shampla, *AL*, s.a. 1444.6 agus 1444.7; Empey & Simms, ‘Ordinances of the White Earl’, 164.

the said territories until the young couple reached their maturity. In spite of the elaborate arrangements, the marriage did not take place, although Desmond remained in possession of the specified lands.²¹⁵

Thit an socrú seo as a chéile agus ar ball, i ndiaidh 1444,²¹⁶ d'fhás an t-aighneas idir na teaghlaigh arís, go dtí 1462, nuair a troideadh cath idir Tomás an Droichid²¹⁷ agus Éamonn mac Risteaird, i mBaile an Phuill, i gCo. Chill Chainnigh:

Sa bhliain 1462 troideadh Cath Bhaile an Phuill. Bhí Éamonn ar thaobh amháin agus Tomás Mac Gearailt (ochtú hIarla Dheasmhumhan go gairid ina dhiaidh sin) ar an dtaobh eile. Buadh ar na Buitléaraigh agus gabhadh Éamonn féin. B'éigean dá lucht leanúna a lámhscríbhinn [.i. Laud 610 nó cuid di] a thabhairt do na Gearaltaigh chun Éamonn a fhuascailt. Léiríonn sé seo a luachmhaire a bhí lámhscríbhinní mar seo agus an tóir a bhí orthu. Cailleadh Éamonn féin cúpla bliain dár gcionn (1464). An fhad is a bhí an lámhscríbhinn i seilbh na nGearaltach scríobh baill de mhuintir Mhaolchonaire, ina measc Torna mac Torna, nótaí inti. [...] Tá an chuma ar an scéal, áfach, gur tháinig an teaghlaim ar ais i seilbh na mBuitléarach uair éigin sa séú haois déag. Ní heol dúinn go cinnte cathain a tharla sé seo. Ach bhí sí i dtigh duine dá lucht leanúna, an Cosnamhach Mac Fhlannchadha, sa bhliain 1591.²¹⁸

²¹⁵ McCormack, A., 'Sleeping with the Enemy: Intermarriage between the Butlers of Ormond and the Fitzgeralds of Desmond', in *Journal of the Butler Society*, 4:3 (2003), 470. Féach freisin Crooks, P., *Factionalism and Noble Power in English Ireland, c. 1361-1423* (Tráchtas PhD, TCD, 2007), 64; Curtis, E., *Calendar of Ormond Deeds*, iii [1413-1509] (Irish Manuscripts Commission, Dublin, 1935), 72-3, #88 [10 Bealtaine, 1429].

²¹⁶ Ní léir cén fáth ar thit an socrú as a chéile, ach cailleadh Anne sa bhliain 1435. Féach, mar shampla, de Buitléir, *Buitléaraigh*, 147, nóta 4 agus Lodge & Archdall, iv, 14.

²¹⁷ Is dócha go raibh an tIarla Séamus aosta go leor fán am sin agus mar sin, bhí ceannas ag Tomás, a oidhre, sa chath seo. Go deimhin, cailleadh Séamus go luath ina dhiaidh seo, agus deineadh Iarla de Thomás sa bhliain 1463.

²¹⁸ de Buitléir, *Buitléaraigh*, 59-60. Féach freisin *ibid.*, 191-2; O'Donovan, J., (ed.), 'Art.XIV. -The Annals of Ireland, from the Year 1443 to 1468, translated from the Irish by Dudley Furbise, or, as he is more usually called, Duaid Mac Firbis, for Sir James Ware, in the Year 1666', in *Misc. Ir. Arch. Soc.*, i (1846), 295; Lydon, J., 'The Middle Nation', in Crooks, P., (ed.), *Government, War and Society in Medieval Ireland: Essays by Edmund Curtis, A.J. Otway-Ruthven and James Lydon* (FCP, Dublin, 2008), 345; Henry & Marsh-Micheli, 'Manuscripts and Illuminations', 803; O'Brien, 'Desmond's Navy', 88; Butler, G., 'The Battle of Pilltown, 1462', in *The Irish Sword*, 6 (1963-4), 196-212.

Mar a thugann nóta imill sa lámhscríbhinn le fios, tógadh ‘Saltair mic Ruisderd Buitiler .i. Emainn Buitiler’ agus ‘leabur na Carruigi’ ó na Buitléaraigh le hÉamonn a fhuascailt.²¹⁹ Mar a luadh i gCaibidil 2, níl scoláirí ar aon fhocal fé cé acu lámhscríbhinn atá i gceist le ‘leabur na Carruigi’.²²⁰ Is ag deireadh na séú haoise déag a scríobhadh an nóta sin,²²¹ agus mar sin, tharlódh go raibh mearbhall ar an scríobhaí, agus nach bhfuil ann ach gur dhá chuid den lámhscríbhinn chéanna a bhí i gceist, agus gurbh é ‘leabur na Carruigi’ an chuid di a tiomsaíodh don Iarla Fionn.

Mar a phléifear ar ball,²²² bhí an-spéis ag Tomás an Droichid agus a pháistí sa léann agus sa litríocht. Ní haon ionadh mar sin gur chuir Tomás agus a mhac, Muiris Bacach (†1520), an-suim sna lámhscríbhinní seo (‘Saltair mac Ruisderd Buitiler’ agus ‘leabur na Carruigi’) agus gur chuireadar scríobhaithe á ndeisiú nuair ba ghá:

They [.i. ‘Saltair mac Ruisderd Buitiler’ agus ‘leabur na Carruigi’] remained in Geraldine hands for over a hundred years. The earls of Desmond [Bhí Tomás (†1468), Séamus (†1487) agus Muiris (†1520) ina nIarlaí sa tréimhse atá idir lámha anseo], too, valued the so-called Psalter highly and had faded passages – themselves evidence of much use – lovingly restored.²²³

Is ar scríobhaí nó scríobhaithe de phór Uí Mhaoil Chonaire a thit an obair seo. Dhein Sighraidh Ó Maoil Chonaire leasú ar an lámhscríbhinn do Mhuiris Bacach, naóú hIarla Dheasmhumhan (†1520), agus dhein Torna Óg leasú uirthi freisin.²²⁴ Tugtar fianaise dá leithéid sna nótaí imill atá sa lámhscríbhinn. Sarar scríobh Sighraidh agus Torna Óg na nótaí sin, áfach, cuireadh dhá nóta eile sa lámhscríbhinn go luath i ndiaidh Chath Bhaile an Phuill, is dócha, nó ar a laghad sara bhfuair Tomás an Droichid bás sa bhliain 1468. Ar f. 92r ag bun an leathanaigh, faightear an t-ainm

²¹⁹ Ó Cuív, *Cat. Bodl.*, i, 75 [f. 110v marg. sup. agus 110v marg. inf.]; Dillon, ‘Laud Misc. 610 (cont.)’, 150 [lxxxiii agus lxxiv]. Féach freisin Plummer, C., *On the Colophons and Marginalia of Irish Scribes* (British Academy, London, 1926), 10.

²²⁰ Féach Caibidil 2.3.1.

²²¹ O’Sullivan & O’Sullivan, ‘Three Notes’, 145; de Buitléir, *Buitléaraigh*, 73 agus 73, nóta 90; Dillon, ‘Laud Misc. 610 (cont.)’, 144 [liv]; Ó Cuív, *Cat. Bodl.*, i, 73 [f. 71r, marg. inf.].

²²² Féach thíos, Caibidil 6.4.2.

²²³ Lydon, ‘The Middle Nation’, 345.

²²⁴ Ní féidir a bheith cinnte, áfach, gur d’Iarlaí Dheasmhumhan a bhí Torna Óg ag obair mar a phléifear ar ball.

‘Thomas of Desmond’.²²⁵ Cá bhfios ach gur síniú an Iarla féin atá i gceist anseo? Chomh maith leis sin, tá nóta eile, nach bhfuil i lámh Thorna nó Shighraidh, ag bun f. 43v, a deir ‘[Orai]d annso dfhir in leabair seo .i. do Thomas mac Semais mic Gearoit’.²²⁶ Is léir gur freagra é seo ar nóta, i lámh eile arís, ar bharr an leathanaigh chéanna a deir ‘Oraid annso dfir an leabar so .i. dEmunn Butiler 7 co tugad Dia do gach ni do crichnugud anois m[ar] do crichnaig riam.’²²⁷ Ós rud é nach ionann an pheannaireacht sa nóta fé Thomás agus lámh Thorna nó Sighraidh, is léir gur duine eile a bhreac é. Tharlódh go raibh duine eile de Chlann Uí Mhaoil Chonaire (nó duine de theaghlach léannta eile) ag obair ar an lámhscríbhinn freisin, ach níor shíníodar an lámhscríbhinn más ea. Ar an taobh eile den scéal, b’fhéidir gurbh é Tomás an Droichid féin a bhreac. Cé go bhfuil an-difríocht idir an lámh a bhreac an ‘síniú’ thuasluaite, agus lámh an nóta seo, ní haon ionadh sin, ós rud é go mbeadh stíleanna difriúla scríbhneoireachta á n-úsáid ag scríobhaithe agus teangacha éagsúla á scríobh acu. Ní féidir a bheith cinnte arbh é Tomás féin a scríobh, ach bhí cáil an léinn air, mar a phléifear ar ball,²²⁸ Tá an chuma ar an scéal, áfach, gur taisce fé leith ag Iarlaí Dheasmhumhan ab ea Laud 610 mar a deir Katharine Simms:

Once the *Saltair* of Mac Richard Butler passed into the hands of the Great Earl of Desmond, he treasured it also. A marginal entry reads: ‘This is a prayer for the owner of this book, Thomas son of James son of Gerald’.²²⁹

Is dócha, mar sin, go raibh an lámhscríbhinn seo mar ábhar bróid agus mar thaisce ag Tomás an Droichid. É sin san áireamh agus ós rud é go raibh cáil an léinn ar Thomás, tharlódh gurbh é féin a scríobh na nótaí seo sa lámhscríbhinn úd.

Tá ceithre nó cúig nóta imill in Laud 610 a bhreac Sighraidh mac Sheáin (†1517) mhic Thorna Mhóir Uí Mhaoil Chonaire. Tá an chuma ar an scéal gur scríobhaí mór le rá ab ea Sighraidh. Go deimhin, dar le Hazard, ba é Sighraidh príomhscríobhaí ceann de ‘leabhair mhóra na hÉireann’ .i. BL Eg. 1782, nó Leabhar Airt Bhuidhe Mhic Mhurchadha Chaomhánaigh:

²²⁵ <http://image.ox.ac.uk/images/bodleian/mslaudmisc610/92r.jpg> [30 Márta 2017]. Féach freisin Ó Cuív, *Cat. Bodl.*, i, 74; Dillon, ‘Laud 610 (cont.)’, 146.

²²⁶ <http://image.ox.ac.uk/images/bodleian/mslaudmisc610/43v.jpg> [30 Márta 2017].

²²⁷ *Ibid.* Féach freisin Ó Cuív, *Cat. Bodl.*, i, 72; Dillon, ‘Laud 610 (cont.)’, 142.

²²⁸ Féach thíos, Caibidil 6.4.2.

²²⁹ Simms, ‘The Geraldines and Gaelic Culture’, 269.

At folio 40b of the manuscript, the chief scribe inserts a comment upon a reference to the people of the Conmaicne [...], thereby revealing a certain discernment in dealing with his sources. Sixteenth century colophons from the White Earl's Book and a manuscript of Irish Lives of Saints for Róis Ó Domhnaill, record the name of Sighraidh (mac Seaán) Ó Maol Chonaire. I suggest that he was the chief scribe of the Book of Art Buidhe Mac Murchadha Caomhánach.²³⁰

Níl i ndá nóta a bhreac Sighraidh in Laud 610 ach promhadh pinn (f.18v) agus síniú gairid (f. 77r).²³¹ Tugann sé le fios sna nótaí eile, áfach, gur ag saothrú do Mhuiris Bacach, naoú hIarla Dheasmhumhan (†1520), a bhí sé:

[f. 4v:] Oraid andso do Sighraidh mac Seaain mic Mhaoilín Móir ua Maíl Chonaire fil ag lesugad an libhair se do Muiris mac Tomáis .i. iarla Desmuman 7 sé a nEas Geibhtine anú im thaiti na Belltaine tar éis deiscirt Erenn da ríarugad iter Gall 7 Goeidel.

[f. 91r:] Gurab slan rena imrád d'fir an libhair se acht gidh gerr ata se in ar n-egmais .i. do Mhuiris mac Tomais mic tSemais mic Geroid mic Muiris (mic Tomais mic Muiris) mic tSeaáin (mic Muiris) mic Thomais (mic Muiris mic Geruillt) mic Muiris mic Gerailt .i. Giuisdís na hEreann (is ón Gerailt deighenach ataid Geroltaigh). ise an cet Muiris adubhramar tipra na teallach téchtaighthi 7 cenn cothaighthi gacha maithiusa archena or is loc tairismech ellam do gach ealadain é. Sighraidh do graiff sin le drochaidmib.²³²

²³⁰ Hazard, *An Irish Medieval Legacy*, 33.

²³¹ Dillon, 'Laud 610 (cont.)', 138: 'Fechuin glesa Sidraigh', 148: 'promadh pin[n]', agus 146: 'Amen. Misi Sighraidh'. Féach freisin Ó Cuív, *Cat. Bodl.*, i, 70, agus 74. Dar le Dillon, is le Sighraidh an promhadh pinn ar f. 87r freisin, ach ní leor an méid atá sa nóta le bheith cinnte gurbh é a bhreac é. Féach Dillon, 'Laud 610 (cont.)', 148: 'promadh pin[n]'; Ó Cuív, *Cat. Bodl.*, i, 73.

²³² Dillon, 'Laud Misc. 610 (cont.)', 136 agus 146. Féach freisin *ibid.*, 146, nóta 3: 'Words in brackets are added in the manuscript above and below with reference marks'; Ó Cuív, *Cat. Bodl.*, i, 70 agus 74.

Is léir mar sin, gur do Mhuiris Bacach, an tIarla a ndeirtear go raibh slua ollmhór den aos léinn timpeall air,²³³ a dhein Sighraidh leasú ar an lámhscríbhinn seo, agus gur dhein sé ar a laghad cuid den obair sin i gCaisleán Eas Géitine. Faraor, ní fios cathain go díreach a scríobh Sighraidh na nótaí seo, ach is léir gur roimh 1520 (.i. nuair a cailleadh Muiris Bacach) a bhreac sé iad. Tá nóta eile sa lámhscríbhinn ar f. 34r, a scríobhadh thart ar an am céanna. Níl an pheannaireacht chomh gléasta is atá sna nótaí eile a bhreac sé, ach fós féin, ón bpeannaireacht agus ó ábhar an nóta, tá an-sheans ann gurbh é Sighraidh a scríobh an nóta seo freisin:

Oraid annso dom fetir [*sic*] .i. Muiris mac Tomais mic Semais inti dar lessaighius an bec so thuas le drochaidmib.²³⁴

Más fíor gurbh é Sighraidh a scríobh, is ábhar spéise é go nglaoonn sé ‘fetir’²³⁵ ar Mhuiris anseo. Tharlódh nach bhfuil i gceist ach moladh dá phátrún, ach b’fhéidir gur tagairt do léann Mhuiris a bhí i gceist sa nóta seo.

Níl ach nóta amháin sa lámhscríbhinn seo a leagtar ar Thorna Óg Ó Maoil Chonaire, agus cé go bhfuil sé ráite ag mórán scoláirí gur dosna Gearaltaigh a bhí sé ag saothrú ag an am,²³⁶ níl go leor fianaise sa lámhscríbhinn lena leithéid a chruthú. Dar le Torna Óg:

Ni maith an chulaidh athnuaighithi so agum[.] Misi Torna Og mac Torna isin Churrach Mor dam oidche feil Brighde.

²³³ Féach thuas, nóta 9.

²³⁴ Dillon, ‘Laud Misc. 610 (cont.)’, 140; Ó Cuív, *Cat. Bodl.*, 71.

²³⁵ *DIL*: ‘fithidir’, ‘fithir’. <http://www.dil.ie/22251>; <http://www.dil.ie/22252> [30 Márta 2017]: ‘a teacher, esp. one who instructed scholars (écsíni) in the poetic art’.

²³⁶ Féach, mar shampla, Ó Cuív, *Cat. Bodl.*, i, 67; *Cat. BL*, ii, 471; Dillon, ‘Laud Misc. 610’, 67; Hazard, *An Irish Medieval Legacy*, 16-7: ‘...marginalia in *Leabhar na Rátha* identify the work of the initial scribes on behalf of Émann mac Risterd Buitler and also that of Torna Óg (mac Torna) Ó Maoil Chonaire and his nephew Sighraidh, son of Seaán, who restored faded sections under the aegis of Maurice Fitzgerald, tenth earl of Desmond.’

Ní dócha gur leor an méid seo le tabhairt le fios gur dosna Gearaltaigh a bhí Torna ag saothrú. Measann scoláirí áirithe go raibh Torna ag leasú *Saltair Chaisil*,²³⁷ i gCo. Chill Dara agus go raibh an chóip a bhí i leabharlann Iarlaí Chill Dara á húsáid aige:

Torna Óg's marginal entry in the *Saltair* of Mac Richard in which he records re-inking its lettering while staying in the Curragh of Kildare may be connected to the fact that a list of books in the library of Gearóid Mór, the Great Earl of Kildare, drawn up c. 1500, includes a copy of the *Saltair* of Cashel, perhaps transcribed from the *Saltair* of Mac Richard while Torna was doing his restoration work on it.²³⁸

Ní gá gur Currach Chille Dara a bhí i gceist ag Torna nuair a dúirt sé go raibh sé sa 'Churrach Mor', áfach:

It is unclear where the Currach Mór in question was located; there are, for example, three townlands called Curraghmore in Co. Kilkenny, four in Co. Tipperary and five in Co. Galway, and at least seventeen elsewhere in Ireland.²³⁹

B'fhéidir gur i gCo. Phort Láirge an lae inniu, sa Churrach Mór, a bhí Torna ag scríobh, mar shampla. Tá an ceantar seo gar do thailte Iarlaí Urmhumhan agus Iarlaí Dheasmhumhan, gan trácht ar chraobhacha eile den dá theaghlach sin. Mar a luadh cheana, b'fhéidir gur sna 1520idí a dhein Torna deisiú ar an lámhscríbhinn, i ndiaidh do Shiobhán, iníon Shéamuis, deichiú hIarla Dheasmhumhan, Séamus mac Phiarais Ruadh, naoú hIarla Urmhumhan a phósadh.²⁴⁰ Ní leor an fhianaise seo le Torna a nascadh le hIarlaí Dheasmhumhan, áfach.

Go deimhin, tá an argóint gur thug Iarlaí Dheasmhumhan pátrúnacht do Thorna Óg bunaithe ar an dán a chum sé, *Cá méad gabhál fhuair Éire?* agus ar leaganacha éagsúla de *Seanchas na nGearaltach*. Mar a pléadh cheana, is é is dóichí gurbh é

²³⁷ Féach, mar shampla, Ó Riain, P., 'The Psalter of Cashel: a Provisional List of Contents', in *Éigse*, xxiii (1989), 107-30.

²³⁸ Simms, 'The Geraldines and Gaelic Culture', 270. Féach freisin eadem., 'Bards and Barons', 192. Maidir le leabharlann Iarlaí Chill Dara, féach Caibidil 2.2.2.

²³⁹ Ó Muraíle, 'Caithréim Thoirdealbhaigh: The Appendices', 46.

²⁴⁰ Féach thuas, Caibidil 6.3.1.

Torna Óg a bhreac *Seanchas na nGearaltach* (1), cé nach féidir gurbh é a bhreac na leaganacha eile den seanchas.²⁴¹ Is léir gur nasc mórán scríobhaithe agus scoláirí Torna Óg le hIarlaí Dheasmhumhan agus leis na Gearaltaigh i gcoitinne. Ní léir go bhfuil aon fhianaise chinnte ann go raibh sé ag saothrú dosna hIarlaí fén am seo, áfach, cé gur dóichí gurbh é a chum *Cá méad gabhál fhuair Éire?* agus a bhreac *Seanchas na nGearaltach* (1) an chéad lá riamh. Pé freagra atá ar chás Thorna Óig agus na nGearaltach, is léir go raibh an-chur amach aige ar an teaghlach agus ar stair an teaghlaigh freisin. Ní haon ionadh san b'fhéidir, nuair a fhéachtar ar na nascanna éagsúla a bhí idir na Gearaltaigh agus Clann Uí Mhaoil Chonaire sa tréimhse seo. Dhealródh sé mar sin, mar a tharla sa cheathrú haois déag, agus nasc pátrúnachta ag na Gearaltaigh le Gofraidh Fionn Ó Dálaigh, ardollamh Éireann ag an am, nach raibh, sa chúigiú agus sa séú haois déag freisin, aon easpa scoláirí ná aosa léinn den chaighdeán is airde ar na Gearaltaigh.

6.4. Séamus mac Ghearóid Iarla, Tomás an Droichid, agus an Léann sa Chúigiú hAois Déag

6.4.1 Séamus mac Ghearóid Iarla agus an tAos Léinn

Is léir, ón méid seo thuas, go raibh an-spéis ag na Gearaltaigh sa léann agus sa litríocht, agus go rabhadar ar na teaghlaigh ba mhó in Éirinn a dhein pátrúnacht ar fhilí, ar staraithe, ar údair, agus ar cheoltóirí. Ní hamháin sin, ach tá fianaise áirithe ann gur chas Iarlaí éagsúla Dheasmhumhan ar an léann iad féin, agus go deimhin, i gcás Gearóid Iarla (†1398), bhí cáil air mar gheall ar a leithéid. Mar a pléadh roimhe seo, is mar thoradh ar chúlra na pátrúnachta a bheith ag na Gearaltaigh cheana in aimsir Ghearóid, a bhí sé de mhuinín aige, ní hamháin filíocht a chumadh, ach gur tharla é a bheith ar dhuine de mhórfhilí na hÉireann sa cheathrú haois déag.²⁴² Is in aimsir Iarlacht Shéamuis, mhic Gearóid .i. ca. 1420-1463, a fhaightear an bhearna mhór san fhianaise maidir le saothrú lámhscríbhinní agus an léinn. Fiú amháin, níl aon chuntas staire ná dán ar marthain a cumadh dosna Gearaltaigh sa tréimhse sin.

²⁴¹ Féach Caibidil 1.2.5.

²⁴² Caibidil 4.4.

Ón méid sin amháin, b'fhéidir a mheas nach raibh spéis ag Séamus ina leithéid, ach a mhalairt atá fíor nuair a dheintear scrúdú géar ar an scéal.

Ar an gcéad dul síos, chuaigh Séamus isteach ar shaol na Gaeilge agus é an-óg. Sa bhliain 1388, fuair Gearóid Iarla cead speisialta le Séamus a chur ar altramas leis na Brianaigh i dTuadhmhain.²⁴³ Dar le John O'Donoghue, tharlódh go raibh sé ar slógadh leis na Brianaigh fiú sa bhliain 1409:

In the entry of the Four Masters at the year 1409, descriptive of this battle, they state that the son of the earl of Kildare who happened to be along with O'Brien was taken prisoner. It is extremely probable that they confound one Geraldine with another, and that they substitute "Kildare" for "Desmond." No member of the Leinster family appears to have been in Thomond at this time, while James the son of earl Garret was the foster-child of the O'Briens, and most likely with them at the very time of this engagement, devising means to gratify his ambition of possessing the dignities of his family. With the Geraldine was also taken prisoner in this engagement Dermot the brother of Conor O'Brien.²⁴⁴

Go luath ina dhiaidh seo ghabh Séamus smacht ar an Iarlacht in 1411 agus dhíbir sé nia leis, Tomás, a cailleadh sa Fhrainc in 1420.²⁴⁵ Aithníodh Séamus mar Iarla sa bhliain chéanna agus bhí sé ina Iarla ansan ar feadh trí bliana is daichead, níos faide ná aon Iarla eile. Bhí réimeas Shéamus mar Iarla síochánta go leor. Cúis mhór leis seo ná Iarla Urmhumhan a bheith tógtha suas le cúinsí polaitiúla. Tháinig feabhas ar an aighneas idir an dá theaghlach sa tréimhse sin agus tháinig borradh agus fás ar an Iarlacht mar thoradh air sin. Dhein Colm Donnelly cur síos ar ghné amháin den bhorradh sin:

²⁴³ *RCH*, 139a-b, §82 [recte §88]. Féach Caibidil 4.2.2.

²⁴⁴ O'Donoghue, *Historical Memoir of the O'Briens*, 480-1, nóta 10. Féach freisin *ARÉ*, s.a. 1409.11: 'Coccadh mor eittir Ua m-Briain cona cloinn 7 clann Bhriain Uí Briain. Do-rala etorra gur ro sraoínedh for Ua m-Briain, 7 ro gabadh mac Iarla Chille Dara do-rala ina fharradh 7 Diarmait, 7 ro h-iondarbadh Ó Briain as in Mumain móir amach la cloinn Uí Briain'.

²⁴⁵ Féach, mar shampla, *Initium*, 13; *Russell*, 364-5; *AConn*, s.a. 1411.16; *ALC*, s.a. 1411; *AU*, s.a. 1411; *ARÉ*, s.a. 1411.8; *Holinshed's Chronicles*, vi, 266; Nicholls, 'Late Medieval Irish Annals', 89; Crooks, 'James the Usurper', *passim*.

Political, economic and social stability would be required to generate the wealth necessary to support the tower house construction industry. Can any optimum time period, therefore, be identified in the historical record? One period when all these factors were in place within Limerick society presents itself during the long and stable reign of James, the 6th earl of Desmond, who held the title from 1411 to 1462. [...] Ormond's preoccupation with political events helped to diffuse the traditional enmity which existed with the Desmond earldom, and the two lordships were at peace with each another for a period of some twenty years. [...] The peace which existed between the two magnates would have undoubtedly fostered greater security within Limerick society.²⁴⁶

Deirtear gurbh é Séamus an chéad duine d'Iarlaí Dheasmhumhan a d'úsáid gallóglaiigh. Bhí Muintir Mhic Shíthigh mar ghallóglaiigh ag na Gearaltaigh ar feadh i bhfad i ndiaidh aimsir Shéamuis.²⁴⁷ Thuig Séamus go maith gur idir dhá chultúr a bhí sé suite, agus tá an chuma ar an scéal gur réitigh sé go maith leis na Gaeil agus leis na Sean-Ghail araon. Bhronn sé tailte de chuid na hIarlachta ar na Brianaigh,²⁴⁸ rud a bhí glan i gcoinne Statúid Chill Chainnigh, ach fós féin, bhí caidreamh maith go leor idir é féin agus na Gaill go raibh sé mar athair baiste ag Seoirse, Diúc Clarence, in 1449.²⁴⁹

Is ó aimsir Shéamuis freisin a fhaightear an fhianaise is luaithe de nascanna idir na Gearaltaigh agus Gherardini na hIodáile. I stair Eugenio Gamurrini, *Istoria Genealogica delle Famiglia Nobili Tuscan e Umbre*,²⁵⁰ thug sé cuntas as leabhar taifid ('un libro di Ricordi') le Signor Antonio d'Ottaviano di Rossellino Gherardini di Fiorenza, inar dúradh gur tháinig sagart darbh ainm 'Maurizio della Famiglia

²⁴⁶ Donnelly, 'Tower Houses', 327. Bhí síocháin aige le Muintir Mhic Muiris i gCo. Chiarraí ag an am chomh maith. Féach, mar shampla, Nicholls, 'Fitzmaurices', 38.

²⁴⁷ Féach, mar shampla, Nicholls, *Gaelic and Gaelicized*, 103; Donnelly, 'Tower houses', 327.

²⁴⁸ Curtis, *A History of Medieval Ireland*, 306.

²⁴⁹ Ware, James (ed.), *Ancient Irish Histories, the Works of Spenser, Campion, Hanmer, and Marleburrough* (2 imleabhar) (athchló, Kennikat Press, New York, 1970 - céad eagrán: *The Historie of Ireland*, Dublin, 1633), i (Campion), 146; Curtis, E., 'Richard, Duke of York, as Viceroy of Ireland, 1447-1460: with Unpublished Materials for his Relations with the Native Chiefs', in Crooks, P., (ed.), *Government, War and Society in Medieval Ireland: Essays by Edmund Curtis, A.J. Otway-Ruthven and James Lydon* (FCP, Dublin, 2008), 246.

²⁵⁰ Gamurrini, E., *Istoria Genealogica delle Famiglia nobili Tuscan e Umbre* (4 imleabhar) (Guccio Nauesci, Fiorenza, 1668-73).

Gherardini abitante nell Isola d'Ibernia Frate dell Ordine di S. Agostino',²⁵¹ go Flórans sa bhliain 1413. Bhuail sé leis na Gherardini agus phléadar an gaol a maíodh a bheith acu le chéile. Bhí cur amach ag na Gearaltaigh ar na Gherardini cheana féin, mar tháinig fear darbh ainm Antonio di Giovanni Mannini go hÉirinn roimhe sin in 1411 agus bhuail sé le hIarla Chill Dara.²⁵² Lean na nascanna seo ar feadh i bhfad idir Gearaltaigh Dheasmhumhan agus Chill Dara, agus na Gherardini. Go deimhin, in aimsir Shéamuis féin, sa bhliain 1440, cuireadh fear óg den teaghlach sin, Giovanni Betti de'Gherardini, go hÉirinn le litir ó Leonardo Bruni, seansailéir Fhlórans, don Iarla.²⁵³ Is dócha gurbh é seo an fear céanna le 'John de Geraldyns, merchant of Florence' a bhfuair Séamus cead dó feidhmiú mar cheannáí sa bhliain 1443.²⁵⁴

Ba phátrún eaglasta é Séamus freisin, agus dealraíonn sé gurbh é Séamus a bhunaigh Mainistir na bProinsiasach in Eas Géitine:

At the Franciscan friary of Askeaton, County Limerick, the chief patron of the time was the Anglo-Irishman James, seventh earl of Desmond. Judging from its fine craftsmanship, the cloister which he gave to the friars, apparently c. 1420-40, must have been one of the most costly of the whole century. This Anglo-Irish participation in the great upsurge of building was continued by the earl's daughter, Joan, who, with her husband, Thomas, seventh earl of Kildare, added (probably between 1427 and 1464) the charming, English-inspired, window-type cloister of the Augustinian friars' house at Adare, County Limerick.²⁵⁵

²⁵¹ Ibid., ii, 111: 'Muiris de theaghlach na Gherardini, a bhí ina gcónaí in Oileán na hÉireann, bráthair d'Ord Naomh Agaistín'.

²⁵² Féach, mar shampla, Picard, J-M., 'The Italian Pilgrims', in Haren, M. & de Pontfarcy, Y., (eds.), *The Medieval Pilgrimage to St. Patrick's Purgatory; Lough Derg and the European Tradition* (Clogher Historical Society, Enniskillen, 1988), go háirithe 179-80.

²⁵³ Féach, mar shampla, Ó Catháin, 'Some Reflexes of Latin Learning', 29-31; Bryan, *The Great Earl*, 6; Meehan, *The Rise, Increase, and Exit of the Geraldines...*, 242-5.

²⁵⁴ Dryburgh & Smith, *Handbook of Sources for Medieval Ireland*, 207 [E 28/71/12]. Mo bhuíochas le Diarmaid Ó Catháin as an tagairt seo a roinnt liom.

²⁵⁵ Rae, E. C., 'Architecture and Sculpture, 1169-1603', in *NHI*, ii, 766. Féach freisin Conlan, P., 'The Franciscan Friary at Askeaton', in *North Munster Antiquarian Journal*, 47 (2007), 91-4; Harris, *Ware: Antiquities*, 279; Westropp, T. J., 'Notes on Askeaton, County Limerick', in *JRSAL*, 33 (1903), 25-40, 153-174, 239-254, 425, agus 34 (1904), 111-32, go háirithe 33, 239-254; *ARÉ*, s.a. 1420.1: 'Mainistir .S. Franseis i n-Ess Gephtine isin Mumhain ar brú na Sionna i n-epscoipóit-teacht Luimnigh do denamh do Braithribh .S. Franseis la h-iarla Deasmhumhan, 7 do chumhdaigh tumba dhó fein, 7 dia siol ina deadhaidh innte'. Tharlódh gur Gearóid Iarla a bhunaigh, ach ní mór an fhianaise a mhaireann

Mainistir an-tábhachtach ab ea Eas Géitine is léir, agus bhí na Gearaltaigh mar phátrúin ag lucht na fondúireachta sin go dtí gur dhóigh Nicholas Malby í in 1579. Ní hamháin gur mainistir a bhí anseo áfach, ach bhí *studium* inti chomh maith, agus tá foinse tagtha anuas chugainn a deir gur tháinig duine de mhuintir Mhic Aodhagáin ag múineadh ann in aimsir Shéamuis.²⁵⁶

Luaitear duine de theaghlach léannta eile, Muintir Íceadha, a bheith ina shéiplíneach ag Séamus thart ar an tréimhse chéanna:

In 1447 the Roman court was informed of the transgressions of Dermot Yhicki, the perpetual vicar of Athdare in the diocese of Limerick, who had kept a woman as a concubine. He was the son of a priest and an unmarried woman, as well as being the chaplain to the earl of Desmond who obviously did not object either to his chaplain's family background or to his keeping of a concubine.²⁵⁷

Ní dócha gur chomhtharlúint é go bhfeictear baill de dhá theaghlach léannta thábhachtacha sa tréimhse seo agus caidreamh acu le hIarla Dheasmhumhan. Is léir go raibh nasc áirithe ag Séamus le Muintir Íceadha agus cá bhfios ach go raibh le Muintir Mhic Aodhagáin freisin? Mar a dúradh ag tús na caibidle, tá nóta in *Annála Leacáin* go bhfuair file an Iarla seo, duine anaithnid de Mhuintir Dhálaigh, bás sa bhliain 1450.²⁵⁸ Ní haon ionadh, b'fhéidir, go mbeadh baill éagsúla de theaghlaigh léannta na hÉireann ag teannadh ar chaisleán Eas Géitine le pátrúnacht a fháil ó Shéamus. Tá an chuma ar an scéal gur spreag sé a leithéid. Ba eisean a thóg an halla mór i gcaisleán na nGearaltach in Eas Géitine.²⁵⁹

dó sin. Féach, mar shampla, FitzMaurice & Little, 170 agus 180-1; Ó Clabaigh, *The Franciscans in Ireland*, 15.

²⁵⁶ Féach Caibidil 2.2.2.

²⁵⁷ Kenny, *Anglo-Irish and Gaelic Women*, 124. Lianna ab ea Muintir Íceadha.

²⁵⁸ *AL*, s.a. 1450.5.

²⁵⁹ Féach, mar shampla, Westropp, 'Notes on Askeaton', (1904), go háirithe 123-4.

6.4.2 Tomás an Droichid agus a Chlann mar Phátrúin

Mar sin, tá fianaise áirithe ann gur spreag Séamus pátrúnacht ar na teaghlaigh léannta, cé nach mór an fhianaise a mhaireann. Má scrúdaítear a mhac agus a chlann siúd, áfach, faightear léargas ar an spéis a chuir na hIarlaí agus a gclanna sa léann agus sa litríocht sa chúigiú haois déag. Bhí cáil ar Thomás an Droichid, mac Shéamuis, fiú ag tús na séú haoise déag, mar phátrún. San iontráil air i *Seanchas na nGearaltach* (1), moltar a phátrúnacht:

Tomás .m. Sémuís .m. Geróid iarla: cleithe agus superláid fher nEirenn an Tomás sin ar einech agus ar engnam, ar tobartus agus ar tidlacad d’ugdaruib agus d’ollamnaip agus do lucht cecha céirde ar chena; agus duine is coicinne ro báí in gach érnail maithiusa dá dtáinic fria reimhius.²⁶⁰

Ní hamháin sin, ach i *Seanchas na nGearaltach* (2), deirtear gur fear léannta a bhí ann, i Laidin, i mBéarla agus sa Ghaeilge:

Ba tigerna erghna eolach i Laitin, i mBerla, et i senscreptraibh Gaoidilge an Tomas sin.²⁶¹

Ní haon ionadh, mar sin, gur lorg sé lámhscríbhinní mar luach fuascailte ar Éamonn mac Risteáird de Buitléir i ndiaidh chath Bhaile an Phuill agus go bhfuil a ainm le fáil sa lámhscríbhinn Laud Misc. 610, nó gur shínigh sé í b’fhéidir. Más fíor go raibh sé eolach ‘i senscreptraibh Gaoidilge’, tharlódh gurbh é féin a scríobh an ‘oraid’ ar folio 43v freisin.²⁶² Deirtear sna foinsí Béarla gur tógadh Tomás i Sasana, go raibh léann an Bhéarla air chomh maith, agus gur file a bhí ann:

This declaration, drawing in part upon sources in the Irish language, is to inform you [...]. The earl’s grandfather [i.e. Tomás] was brought up in the

²⁶⁰ *CT*, i, 169.

²⁶¹ *Ó Cléirigh*, §2139.

²⁶² Féach thuas, Caibidil 6.3.4, go háirithe nótaí 225-226.

king's household where he became a learned man and an accomplished poet.²⁶³

Níl dabht ach gurbh fhear mór léinn é Tomás. Ní hamháin gur pátrún a bhí ann, ach tharlódh gur file agus údar a bhí ann freisin. Bhunaigh sé coláiste in eaglais Naomh Mhuire in Eochail, ²⁶⁴ agus dhein sé iarracht ar ollscoil a bhunú i nDroichead Átha in 1465. ²⁶⁵ Nuair a dúnmharaíodh é in 1468, cuireadh an-olc ar na Gearaltaigh agus cuireadh tús leis an scoilt le coróin Shasana a leanfadh go dtí deireadh na hIarlachta ag deireadh na séú haoise déag. Tugtar cúiseanna éagsúla le bású an Iarla seo, ²⁶⁶ ach b'fhéidir nach raibh ann ach go raibh sé ró-Ghaelaithe agus gur cuireadh olc ar chúirt Shasana dá bharr. Phós formhór a shleachta amach ansan mná de phór na nGael. Sa bhliain 1483, deirtear nach raibh aon chur amach ag Iarla Dheasmhumhan ar fheisteas na Sasanach:

By 1483 the earl of Desmond [Séamus, mac Thomáis, ochtú hIarla Dheasmhumhan, †1487] had become so Irish that the king's special emissary to him carried with him items of English clothing in order to persuade the earl 'to renounce the wering and usage of the Irisshe arraye, and from thensfurthe to geve and applie him self to use the maner of thapparelle for his persone after the Englisshe guyse'.²⁶⁷

Mar a pléadh cheana féin, tá mórán fianaise tagtha anuas chugainn ar an bpátrúnacht a dhein clann Thomáis an Droichid ar an aos léinn. Tá fianaise chinnte ann gur dhein Séamas (†1487), an t-ochtú hIarla, Muiris Bacach (†1520), an naoú hIarla, agus a mhac siúd, Séamus (†1529), pátrúnacht ar na teaghlaigh léannta, go háirithe Clann Uí Mhaoil Chonaire. Chomh maith leis sin, tá an-seans ann gur d'iníon Thomáis an Droichid, Caitilín, agus dá fear céile, Finghín Mac Cárthaigh Riabhach, a tiomsaíodh

²⁶³ Lennon, C., (ed.), *Calendar of State Papers Ireland: Tudor Period 1547-1553* (Irish Manuscripts Commission, 2015), 191, #402. Féach freisin *Cal. Carew MSS.*, i [1515-1574], 7-8; ii, cv-cviii, ina dtugtar an litir chéanna, ach deirtear gur cóip í de litir a scríobh Séamus, an tríú hIarla déag, chuig cúirt Shasana i nGaeilge.

²⁶⁴ Ronayne, *History of the Earls of Desmond and Earl of Cork*, 51; Hayman, *Hand-Book*, i agus xiii.

²⁶⁵ Pochin Mould, *The Irish Dominicans*, 20; Féach freisin Ó Catháin, 'Reflexes of Latin Learning', 20-1.

²⁶⁶ Féach, mar shampla, Cosgrove, 'The Execution of the Earl of Desmond', ina bpléitear na cúiseanna éagsúla seo.

²⁶⁷ Cosgrove, 'Hiberniores Ipsis Hibernis', 14. Macalla spéisiúil é seo ar scéal Chaitríona, iníon Ghearóid Iarla. Féach Caibidil 4.2.2.

Leabhar Mhic Cárthaigh Riabhaigh. Ach tá tionchar an léinn agus na pátrúnachta seo le feiscint ach go háirithe ar an dara hIarla déag (*de facto*), Seán ‘mac an Iarla’ (†1536).

6.4.3 Seán ‘Mac an Iarla’ (†1536)

Ba é Seán an ceathrú mac a bhí ag Tomás an Droichid agus, mar aon le Gearóid Iarla sa cheathrú haois déag, is léir nár cheap sé go dtitfeadh an Iarlacht air, agus tá fianaise ann gur chuaigh sé leis an léann. Mar a luadh i gCaibidil 2,²⁶⁸ maireann téacs i Laidin agus i nGaeilge i lámhscríbhinn in Bibliothèque nationale de France a bhreac Seán. Is léir ón nóta seo go raibh Maileachlainn mac Uilliam Mhic an Leagha mar oide aige agus go raibh an lámhscríbhinn i gCaisleán Charraig Uí gConaill ag an am.²⁶⁹ Ós rud é gur idir an cúigiú agus an séú haois déag a scríobhadh an lámhscríbhinn seo, ní féidir a bheith cinnte cathain go díreach a scríobh Seán an giota seo.²⁷⁰ Tharlódh gur scríobh sé sa chúigiú haois déag í. Is léargas spéisiúil í mar sin ar an nGaelú a chuaigh i bhfeidhm ar na Gearaltaigh, gur duine díobh féin a d’fhág an t-aon bhlúire léinn a bhaineann leis na Gearaltaigh ón aois sin.

Tá foinse amháin eile a luann Seán, an scéal *Ceithearnach Uí Dhomhnaill*,²⁷¹ ón séú haois déag. Sa scéal seo, insítear gur tháinig an Ceithearnach chuig ‘Seán mac in iarla’ .i. Seán mac Thomáis an Droichid, agus é ‘i naonach ocus i nárdoirechtus’ ar chnoc Áine i gCo. Luimnigh:

Táinic Seán mac in iarla ar cuairt chuige fó’n am sin. ocus do labair sé leis go mín muintir da ocus issedh adubairt: dar liom is fada do chodlad. ocus ní hingnad duit é óir do b’fada do shiubal andé. acht do chualas go rabais tréigthech ar lebraib ocus ar chláirsig ocus bud maith liom do chloisdin ar maidin ar cetharnach. tugad lebar chuige ocus nír léig aonfhocal. tugad cláirsech dá innsaigid ocus nír sheinn aonphort. is comail go ndeachaid do

²⁶⁸ Féach thuas, Caibidil 2.2.1.

²⁶⁹ Ibid.; Todd, ‘Irish Manuscript Preserved in Paris’, 228.

²⁷⁰ Tá dátú áirithe ar an lámhscríbhinn, ach ní gá go raibh Seán ag scríobh ag an am céanna.

²⁷¹ Féach, mar shampla, O’Grady, *Silva Gaedelica*, i, 276-89; Ua Muirgheasa, É., (eag.), *Ceithearnach Uí Dhomhnaill nó Eachtra an Cheithearnaigh Chaoil-Riabhaigh do Réir Druinge* (Connradh na Gaedhilge, BÁC, 1912); *Cat. BL*, ii, 350-1.

cheol is do léigenn uait ar Seaan mac in iarla. ocus ar in adbar sin dorignes rann duit:

Uch a dhia is mór in clú. nach léighenn líne lebair!

Dubartán O Dubartáin. ‘s gan aonfhocal do mhebair.²⁷²

Ní hamháin go dtugann an giota seo léargas ar phátrúnacht Sheáin, agus é i mbun oireachtais agus ceoil agus a lucht leanúna timpeall air, ach chomh maith leis sin, cuirtear rann ina leith. Arís, is sampla é a léiríonn an áit lárnach a bhí ag Seán i gcomhthéacs léann agus litríocht na tíre ag an am.

Tugann na nithe éagsúla seo léargas áirithe ar raon na pátrúnachta a dhein na Gearaltaigh sa chúigiú haois déag, cé nach maireann aon dán ná aon tráchtas staire a cumadh dóibh ón tréimhse sin. Nuair a chuimhnítear ar Éamonn mac Risteaird de Buitléir, agus ar an Iarla Fionn, feictear torthaí na pátrúnachta sin sa lámhscríbhinn luachmhar Laud Misc. 610. Bhí na tiarnaí seo ar chomhchaighdeán le huaisle na hAthbheochana ar an Mór-Roinn. Dá mairfeadh na foinsí, níl aon dabht ach go mbeadh Séamus, séú hIarla Dheasmhumhan, agus Tomás an Droichid, seachtú hIarla Dheasmhumhan, ar an leibhéal céanna leis na fir seo a chur spéis sa léann agus a chaith dua leis. Tá tionchar spéise an dá Iarla sin le feiscint ar chultúr na pátrúnachta agus an léinn inar mhair na Gearaltaigh idir lár na cúigiú agus lár na séú haoise déag. Agus, gan dabht, tá an spéis sin ag teacht le fianaise na pátrúnachta a thug Gearaltaigh éagsúla dosna teaghlaigh léannta ón gceathrú haois déag go dtí an seachtú haois déag.

²⁷² O’Grady, *Silva Gaedelica*, i, 279-80. Féach freisin Ua Muirgheasa, *Ceithearnach*, 5-6; O’Sullivan, C. M., *Hospitality in Medieval Ireland 900-1500* (FCP, Dublin, 2004), 48, 98, nóta 170, agus 241.

Conclúid

Is é a bhí mar aidhm ag an tráchtas seo ná léargas soiléir cuimsitheach a thabhairt ar shaibhreas na pátrúnachta a dhein Iarlaí Gearaltacha Dheasmhumhan ar theaghlaigh léannta na hÉireann agus freisin, ar an spéis a chuir na hIarlaí céanna sin sa léann a bhí á shaothrú dóibh ag an aos léinn sa mhéid is gur chrom cuid acu ar ábhar léannta a chumadh agus a bhreacadh i lámhscríbhinní Gaelacha na hÉireann.

Ar an gcéad dul síos, scrúdaíodh na téacsanna Gaeilge is tábhachtaí, a phléann le stair na nGearaltach, atá tagtha anuas chugainn .i. an Seanchas Gearaltach. Scrúdaíodh, go háirithe, na téacsanna *Seanchas na nGearaltach* (1), (2) agus (3) mar fhoinsí staire iontu féin agus mar fhianaise ar shaibhreas an léinn a saothraíodh dosna Gearaltaigh. Léiríodh gur téacsanna iomlán difriúla óna chéile iad na cuntais seo, cé go dtugtar an t-ainm céanna orthu uile. Taispeánadh áfach, gur féidir próiseas leanúnach saothraithe agus cumadóireachta a aithint ó lár na cúigiú haoise déag go dtí tús na seachtú haoise déag nuair a scrúdaítear na téacsanna sin i gcomhthéacs an naisc a bhí acu leis na dánta *Cá méad gabhál fhuair Éire?* agus *Canfaidher liom lorg na bhfear*, ar dhánta iad atá bunaithe ar an traidisiún ceannann céanna. Pléadh an saibhreas a bhaineann leis na dánta sin agus na téacsanna lena ngabhann siad ó thaobh na staire de, ach, freisin, ó thaobh scéal na pátrúnachta de. Luadh gur cheart téacsanna eile, mar *Craobhsgaoileadh Sleachta na hIarlachta*, Stair na nGearaltach i lámh Uí Ghormáin (nár cuireadh eagar uirthi riamh roimhe seo) agus *Obitus* Laidine na nGearaltach, a mheas mar chuid den *corpus* seanchais céanna le *Seanchas na nGearaltach* (1), (2), (3) agus na dánta ginealais. Cruthaíodh go leanann an tráchttaireacht seo ar stair na nGearaltach trí na haoiseanna ó aimsir Thorna Óig Uí Mhaoil Chonaire i lár na cúigiú haoise déag, anuas go dtí an t-ochtú haois déag, i bhfad i ndiaidh bhás Ghearóid, an tIarla deireanach, in 1583. Deineadh tagairt freisin don áit lárnach a bhí ag Torna Óg (nó b'fhéidir Torna Mór) Ó Maoil Chonaire i dtraidisiún cóipeála agus athscríofa Sheanchas na nGearaltach.

Mar a luadh sa réamhrá, ní féidir plé cuimsitheach a dhéanamh ar stair na meánaoiseanna in Éirinn, nó ar stair na pátrúnachta, gan dul isteach i scéal na lámhscríbhinní. Bhí áit lárnach ag ní hamháin breacadh agus cóipeáil na

lámhscríbhinní, ach freisin ag úinéireacht na gcáipéisí sin, i ndomhan na pátrúnachta. Léiríodh, sa dara chaibidil, an spéis a chuir na Gearaltaigh i lámhscríbhinní agus an luach a bhraitheadar a bheith ar na cnuasaigh éagsúla a bhí ina seilbh acu, arb é Laud Miscellany 610 atá i leabharlann Bodley in Oxford anois, an sampla is follasaí den chleachtas sin. Pléadh ansin leis na lámhscríbhinní is tábhachtaí ina bhfaightear na leaganacha éagsúla de *Seanchas na nGearaltach*, le béim fé leith ar an traidisiún cóipeála ar féidir é a aithint ar na lámhscríbhinní éagsúla sin. Ó anailís a dhéanamh ar na lámhscríbhinní sin, agus ar an tráchtareacht tháinisteach, léiríodh nárbh é an leagan de *Seanchas na nGearaltach* (1) atá in BL Add. 30512 an leagan ar ar bhunaigh Seán Mac Solaidh agus Risteárd Tuibéar a gcuid cóipeanna, cé gur an-chosúil lena chéile iad na cóipeanna éagsúla sin. Cuireadh an teoiric chun cinn freisin gurbh í cóip Thorna Uí Mhaoil Chonaire an chóip ba shine den téacs agus b'fhéidir an bhunchóip, agus gur chóip lochtach a bhí sa lámhscríbhinn sin ar a dtugtaí Leabhar na Cathrach, atá cailte anois is dócha. Gan dabht, chuirfeadh cuardach córasach trí chnuasaigh uile lámhscríbhinní na Gaeilge ar lorg tagairtí don lámhscríbhinn cailte sin le réiteach na faidhbe seo a sholáthar. Chomh maith leis sin, b'fhiú go mór cuardach den saghas céanna a dhéanamh le comparáid a dhéanamh idir leaganacha éagsúla na dtéacsanna atá in BL Add. 30512, le háit na lámhscríbhinne sin i dtraidisiún cóipeála na lámhscríbhinní a aithint. Mar a léiríodh i gCaibidil 3, tá nascanna áirithe le feiscint idir an lámhscríbhinn sin agus Leabhar Fhear Maighe, a bhuíochas, is cosúil, le saothar Thorna Óig.

Sa phlé ar na lámhscríbhinní, pléadh freisin na lámhscríbhinní is tábhachtaí ina bhfaightear dánta de chuid na nGearaltach, go minic na cóipeanna is luaithe díobh, nó cóipeanna aonair fiú. Deineadh iarracht le léargas a thabhairt ar na cúiseanna gur cuireadh na dánta sin i lámhscríbhinní tábhachtacha mar an Duanaire Núinseannach agus Leabhar Uí Chonchobhair Dhoinn. Tugadh sracfhéachaint freisin ar na hiarrachtaí a dhein Gearaltaigh dhéanacha san ochtú agus sa naoú haois déag ar dhul i ngleic lena stair féin ó fhianaise na lámhscríbhinní BL Add. 31156 agus NUIM C 63. Ba thairbheach an obair í eagar a chur ar na cuntais éagsúla atá iontu, go háirithe, sa lámhscríbhinn BL Add. 31156. Mar chuid den obair chéanna, b'fhiú go mór athchóiriú a dhéanamh ar mhórshaothar Hayman, Graves, agus scoláirí eile, *Unpublished Geraldine Documents*, atá lán d'eolas luachmhar maidir leis na Gearaltaigh ach atá thar a bheith achrannach mar fhoinse scolártha.

Le tuairim a thabhairt fé cad as ar tháinig an dlúthnasc a bhí ag Gearaltaigh Dheasmhumhan le saol agus le léann na Gaeilge ón gceathrú go dtí an séú haois déag, pléadh na nascanna luatha a bhí ag an teaghlach sin leis na Gaeil agus le domhan na Gaeilge ó theacht na nGearaltach go dtí aimsir an chéad Iarla, Muiris, i lár na ceathrú haoise déag. Taispeánadh freisin an chuimhne a bhíodh ar na Gearaltaigh i measc an aosa léinn mar Iarlaí ‘Seanaide’ agus ‘Callainne’, ag tagairt siar do luathstair Gheartaigh na Mumhan sa dara agus sa tríú haois déag. Deineadh mionfhiosrú ar na ceangail a bhí ag na Gearaltaigh leis an lámhscríbhinn thábhachtach sin, Leabhar Fhear Maighe, agus léiríodh na cúiseanna go bhfaightear an cnuasach dar teideal *Duanaire Ghearóid Iarla* sa lámhscríbhinn áirithe sin.

Is féidir an tráchtas seo a roinnt ina thrí théama éagsúla atá fite fuaite le chéile .i. tráchttaireacht ar na teaghlaigh léannta, plé ar na dánta agus ar na téacsanna a chruthaigh na teaghlaigh sin dosna Gearaltaigh, agus an rannchuidiú a dhein na Gearaltaigh féin le *corpus* léinn na Gaeilge.

Maidir leis na teaghlaigh léannta, sa tráchtas seo léiríodh arís is arís eile, in ainneoin na gcailliúintí tríd na haoiseanna, an fhianaise atá tagtha anuas chugainn fé na nascanna suntasacha a bhí ag Gearaltaigh le haos léinn na tíre seo. Is féidir cumarsáid leanúnach a léiriú idir na hIarlaí agus mórtheaghlaigh léannta na hÉireann. Fiú i gcásanna ina bhfuil formhór na fianaise caillte anois, fós féin, is léir go raibh na nascanna sin láidir go leor chun go mairfeadh bhloghanna anso is ansúd. Ar na nascanna sin, go háirithe ón séú haois déag, is féidir nasc pátrúnachta a rianú idir na Gearaltaigh agus Muintir hIfearnáin le dánta leis an bhfile Mathghamhain Ó hIfearnáin atá ar marthain, cé gur dánta iad a chum sé ag caoineadh na nIarlaí; le Clann Chraith, go háirithe Donnchadh an tSneachta, ar léir gur dhuine de lucht leanúna an Iarla dheireanaigh a bhí ann agus a bhfuil dán leis tagtha anuas chugainn fé bhás chaptaein éagsúla na nGearaltach, an tIarla sin ina measc .i. *Liaigh mo thuirrse tásg mo ríogh*, Tá fianaise de nasc an-luath leis an teaghlach léannta céanna le fáil sa dán *Mise a Aimi ar h'inchaibh féin*, a chum Maolmhuire Mac Craith d’Aimi Nic Gearailt ag druidim le deireadh na ceathrú haoise déag. Is léir freisin go raibh nasc áirithe idir na Gearaltaigh agus Clann Bhruaideadha. Ceal fianaise, ní féidir a rá go cinnte gur shaothraíodar do phríomhlíne na nIarlaí féin, ach tá dán, *Cia as sine cairt ar chrích Néill?* ar marthain

a chum duine acu, Domhnall, do Shéamus mac Muiris Mhic Gearailt. Tá tagairtí fánacha tagtha anuas chugainn go raibh nascanna pátrúnachta áirithe ag na hIarlaí le teaghlaigh léannta éagsúla eile, Muintir Íceadha, Clann Mhic Aodhagáin, Síol Fhlannchadha agus b'fhéidir fiú, le Muintir Iarlaithe. Tharlódh go raibh i bhfad níos mó plé ag na teaghlaigh seo leis na Gearaltaigh ach go bhfuil an fhianaise imithe ó thuairisc nó nach bhfuil tagtha uirthi go fóill. Thar aon ní eile, taispeánann liosta na dteaghlach léannta ar thailte na nIarlaí ón mbliain 1584 go soiléir an áit lárnach a bhí ag an aos léinn i nDeasmhumhain le linn na hIarlachta. Tá géarghá le saothair fhoilsithe a dheineann tráchttaireacht ar na mórtheaghlaigh léannta agus na lámhscríbhinní a bhreacadar. Níl dabht ach go dtiocfadh a thuilleadh fianaise dá leithéid seo as taighde mar sin.

I gcomhthéacs na nascanna pátrúnachta a bhí ag na hIarlaí le teaghlaigh léannta, tá tábhacht fé leith ag an mbaint a bhí acu le Clann Uí Mhaoil Chonaire. Is ón nasc sin a tháinig an dán *Cá méad gabhál fhuair Éire?*, traidisiún cóipeála an tseanchais dár luadh thuas, agus nótaí imill luachmhara a thugann eolas dúinn ar spéis na nIarlaí sa léann (gan trácht ar an gconradh a bhreac Maoilín Óg d'Iarlaí Chill Dara). Tharstu san fiú, tá tús áite sa chomhthéacs seo ag Muintir Dhálaigh. Is féidir traidisiún pátrúnachta leanúnach ar an teaghlach ildánach sin a shonrú ó aimsir an chéad Iarla go dtí deireadh na hIarlachta. Mar a léiríodh sa tráchtas tríd síos, ní hamháin gur léir gurbh iad filí oidhreachtúla na nIarlaí iad, ó aimsir Ghofraidh Fhinn go haimsir Chonchobhair na scoile agus Chúchonnacht ach thairis sin, is follas freisin an tábhacht a bhain leis an teaghlach seo i sféar na nGearaltach mar thaidhleoirí agus mar idirghabhálaithe, ní hamháin le taoisigh áitiúla ach le cúirteanna ríoga na hEorpa freisin. Mar a pléadh, ba dhuine de Mhuintir Dhálaigh a bhí mar idirghabhálaí ag Séamus, deichiú hIarla Dheasmhumhan le Proinsias, Rí na Fraince, agus is é is dóichí gur chuir sé duine den teaghlach chéanna chuig an Impire Rómhánach Naofa. Nuair a chuirtear an traidisiún sin san áireamh, ní haon ionadh gur thaidhleoir agus ambasadóir tábhachtach agus ardchaighdeán é an tAth. Domhnall Ó Dálaigh, agus é ag triall ar chúirteanna ríoga na Fraince, na Spáinne, na Portaingéile agus Shasana, gan trácht ar an Vatacáin. Cinnte, níorbh aon ionadh le Domhnall féin é agus is léir an meas a bhí aige ar na Gearaltaigh óna mhórshaothar *Initium, Incrementa et Exitus Familiae Geraldinorum*, a d'fhoilsigh sé i Liospóin in 1655.

Mar a dhealraíonn sé, thosnaigh an nasc ríthábhachtach le Muintir Dhálaigh in aimsir an chéad Iarla le Gofraidh Fionn Ó Dálaigh, ard-ollamh Éireann agus fear achrannach go maith, is léir. Cé go raibh aighneas idir é agus beirt den triúr Iarla dár saothraigh sé, fós féin, d'fhoilsigh sé dánta breátha dóibh - na dánta Gearaltacha is luaithe atá tagtha anuas chugainn .i. *A Ghearóid, déana mo dháil* do Mhuiris mac Thomáis, *Mór ár bhfearg riot a rí Saxan*, do Mhuiris Óg, cé go bhfuil an chuma ar an scéal nár chuala an tIarla sin riamh é, agus *Iongaibh thú orm a Iarla* do Ghearóid Iarla. Deineadh iarracht tábhacht na ndánta seo a léiriú, ní hamháin mar fhoinsí stairiúla fé na Gearaltaigh, ach mar shárshaothair fhileata iontu féin ó ard-ollamh na hÉireann le dán, ní nach ionadh. Chuir na dánta seo tús freisin le traidisiún as ar tháinig mórán dánta eile ar an gcuma chéanna a cumadh dosna Gearaltaigh: *Mise a Aimi ar h'inchaibh féin* ón gceathrú haois déag; *Cá méad gabhál fhuair Éire?*, an dán is clúití fé na Gearaltaigh is dócha, ón gcúigiú haois déag, agus mórán dánta ón séú haois déag, *Liaigh mo thuirrsi tásg mo ríogh* agus *Cia as sine cairt ar chrích Néill* ina measc. Pléadh na dánta uile seo sa tráchtas agus deineadh plé níos doimhne ar na dánta is tábhachtaí díobh.

Leis an léann agus fir léinn ar gach taobh ag na Gearaltaigh, ní haon ionadh é gur chromadar féin ar shaothrú an léinn agus, go deimhin, níor thóg sé i bhfad orthu. Ní féidir aon phlé a dhéanamh ar Ghaelú na nGearaltach gan trácht ar Ghearóid Iarla. Mar a léiríodh i gcaibidil 4, ní hamháin gur féidir tionchar seachtrach a bhrath ar a chuid filíochta, ach freisin, taispeánann na dánta sin an oiliúint agus an tuiscint chuimsitheach a fuair Gearóid ar thraidisiúin liteartha na nGael ó Ghofraidh Fionn Ó Dálaigh agus óna chairde, Clann Cárthaigh. Mar a dúradh thuas, is cuma nach mórshamplaí d'fhillíocht na mbard iad dánta Ghearóid Iarla. Is díol spéise é gur scríobh sé a leithéid in aon chor. Thar éinne eile de shliocht na nGearaltach, is féidir tionchar an léinn a aithint go soiléir ar Ghearóid Iarla. Mar a léiríodh sa tráchtas seo, níorbh é féin amháin a chrom ar an léann ach an oiread. Mar a thugann ualach na fianaise le fios, ba é Muiris, an chéad Iarla a bhreac na *Proverbia Comitum Desmonie* sa lámhscríbhinn úd BL Harl. 913 agus tá cáil an léinn ar Iarlaí éagsúla, Tomás an Droichead, Tomás mac Ghearóid Iarla (†1420), Seán na Siúire agus Gearóid, an Iarla deireanach ina measc.

Dúshlán amháin a eascraíonn as an taighde don tráchtas seo ná fadhb achrannach na cúigiú haoise déag. B'fhiú go mór aghaidh a thabhairt ar scéal na nGearaltach sa chéad

leath den chúigiú haois déag, go háirithe a fhad a bhí Séamus, mac Ghearóid Iarla, ina Iarla (1420-63). Mhair an tIarla seo níos mó ná cúig bliana is seachtó agus bhí síocháin san Iarlacht lena linn. Mac le Gearóid Iarla, fear an-Ghailithe, ab ea Séamus, agus chaith sé a óige ar altramas leis na Brianaigh. Tharlódh gur leisceán a thosnaigh an ceangal idir na Gearaltaigh agus Clann Uí Mhaoil Chonaire agus tá fianaise ar marthain go raibh nascanna pátrúnachta aige le Muintir Íceadha, Muintir Dhálaigh agus Clann Aodhagáin. In ainneoin na gceangal sin go léir, ní mhaireann aon dán a chum file do Shéamus, ná níl aon bhlúire de lámhscríbhinn a breacadh dosna Gearaltaigh in aimsir Shéamuis tagtha chun solais. Is bearna an-mhór í seo i scéal phátrúnacht na nGearaltach.

Tá traidisiún léinn le feiscint a thosnaíonn in aimsir Shéamuis féin, a raibh páirt ag a pháistí agus a gclanna siúd ann ina dhiaidh freisin. An sampla is fearr de seo ná Seán ‘mac an Iarla’. Mar a pléadh sa tráchtas seo, tá cosúlachtaí áirithe idir é agus Gearóid Iarla. Páistí le deartháireacha níos sine iad beirt agus chrom an bheirt acu ar an léann, is cosúil. Ní dócha gur mheas ceachtar acu go dtitfeadh an Iarlacht orthu choíche. Ach tharla, agus b’Iarlaí ábalta iad de réir cosúlachtaí. Tá tionchar an léinn agus an nasc a bhí ag Gearóid leis le brath ar a chuid filíochta, gan amhras, ach i gcás Sheáin, níl fágtha ach dán a leagtar air sa scéal *Ceithearnach Uí Dhomhnaill* agus blúire beag i nGaeilge agus i Laidin in MS celtique 1 i bPáras. Cé gur blúire é, taispeánann an nóta a bhreac Seán ann go raibh nasc aige féin le mac le hUilliam Mac an Leatha. Gan amhras, ba é Uilliam a bhreac formhór na lámhscríbhinne BL Add. 30512, inar bhreac Torna Óg *Cá méad gabháil fhuair Éire?* agus *Seanchas na nGearaltach* (1). An nasc breise é MS celtique 1 sa bhaint a bhí ag na Gearaltaigh le BL Add. 30512? Agus cá bhfios ach go bhfuil foinsí luachmhara eile dá leithéid ar choimeád i leabharlanna ar an Mór-Roinn mar a bhfuil go leor lámhscríbhinní Gaeilge nach bhfuil cláraithe, nó cláraithe i gceart go fóill?

Fiú leis an easpa fianaise ón gcúigiú haois déag, tá lear mór fianaise ann ar an bpátrúnacht a dhein Gearaltaigh Dheasmhumhan ar aos dána na hÉireann. Ní haon ionadh go mbeadh cáil ar na Gearaltaigh mar theaghlach a bhí Gaelithe nuair a thuigtear, ar an gcéad dul síos, go rabhadar ina bpátrúin thábhachtacha, ach chomh maith leis sin, gur chuireadar féin le *corpus* léinn na Gaeilge, agus dá bharr sin, nach beag an tionchar a bhí ag na hIarlaí seo, mar phátrúin, agus mar údair, ar léann agus

litríocht na Gaeilge i gcoitinne. Feictear an tionchar seo go soiléir i mblúire ar chúl lámhscríbhinne inar breacadh cóip de *Seanchas na nGearaltach* (3) san ochtú haois déag, inar bhreac an scríobhaí anaithnid rann filíochta, agus tharlódh gurbh é féin a chum mar níl aon chóip eile de ar marthain, agus léirigh sé an dólás a bhí ar aos léinn na hÉireann ó tháinig deireadh le hIarlacht Dheasmhumhan:

*Mairidh do chonairc Clann Gearailt
Is bheith na mbeadhtha na néagmus
Bheith dá ríomha is dom dlíghthir
Óir badh cuibhe dhom a dhéanamh.¹*

¹ Camb. Add. 6557, f. 227.

AGUISÍNÍ

Aguisín 1

Craobhacha Ginealaigh na nGearaltach

San aguisín seo, mar áis thagartha don tráchtas, tabharfar craobhacha ginealaigh na nGearaltach. Den chuid is mó tá an t-eolas bunaithe ar *NHI*, ix, 166-168, le heolas áirithe breise as an taighde a deineadh don tráchtas féin.

Is iad seo a leanas na craobhacha:

1. Other – Muiris Mac Gearailt

Craobh ghinealaigh na nGearaltach ó ‘Dominus Other’ anuas go dtí Muiris Mac Gearailt, an chéad duine díobh a tháinig go hÉirinn.

2. Muiris Mac Gearailt – Iarlaí Chill Dara agus Dheasmhumhan

Craobh ghinealaigh a thugann eolas ar shliocht Mhuiris Mhic Gearailt agus sinsir na gcrabhacha éagsúla, go háirithe barúin Ó bhFailí.

3. Tiarnaí na nGearaltach: Other – Gearóid Iarla


Craobh ghinealaigh a thaispeánann sinsir Iarlaí Dheasmhumhan amháin agus tiarnaí an tsleachta sin go dtí aimsir Ghearóid Iarla.

4. Iarlaí Dheasmhumhan

Craobh ghinealaigh na nIarlaí agus cuid de na mná céile a bhí acu (máithreacha na n-oidhrí). Ní aontaíonn an chraobh seo go hiomlán leis an eolas atá le fáil i *NHI*, go háirithe maidir le hord na nIarlaí. Dar leis an taighde is déanaí, níor thit an Iarlacht riamh ar Mhuiris (†1401), mac Ghearóid Iarla.¹


¹ Féach Caibidil 4.2.2.

1. Other – Muiris Mac Gearailt



¹ Rí Shasana 1100-35.


2. Muiris Mac Gearailt – Iarlaí Chill Dara agus Dheasmhumhan




(1) = Barúin Ó bhFailí

¹ Tharlódh go raibh páistí eile ag Muiris. Luann *Pedigree* Betham triúr eile .i. Uaitéar, Réamonn, agus Aodh.

3. *Tiarnaí na nGearaltach: Other – Gearóid Iarla*



4. Iarlaí Dheasmhumhan



¹ Iarla *de facto* ó 1411 go 1463.

² Iarla *de iure* go dtí 1420.

Aguisín 2

Seanchas na nGearaltach (3)

Tá an téacs seo le fáil i lámhscríbhinní éagsúla.¹ Tugtar an leagan as RIA 153 [23 M 17] anseo. Tá an téacs le fáil i mórán lámhscríbhinní ón 18^ú agus ón 19^ú haois. Is é RIA 153 an leagan is sine atá tagtha anuas chugainn. Scríobhadh an lámhscríbhinn thart ar 1714. Is dócha gur cóip de lámhscríbhinn níos sine í ón uair gur Seán Mac Solaidh a scríobh. Dar leis an Athair Pól Breathnach:

He cultivated Irish literature, not, however, as an original author. He is known as a diligent copier of MSS., and as friend of Tadhg O Neachtain, the lexicographer.²

Tharlódh mar sin, gur téacs ón 17^ú haois atá i gceist, a chóipeáil mac Solaidh ó bhunleagan atá cailte anois. Is iad seo a leanas na cóipeanna is sine a fuarthas den téacs:

1. RIA 153 [23 M 17], ff. 158-63, 'A'.
p. 1714 - Seán Mac Solaidh
2. LNÉ G 177, ff. 84-7.
ca. 1724 - Risteáird Tuibéar
3. RIA 1404 [24 P 41], (b), ff. 146-52, 'P'.
ca. 1725 - Tadhg Ó Neachtain
4. LNÉ G 534, ff. 535-51.
ca. 1740 - Micheál Ó Longáin
5. CF 23, ff. 242-5, 'C'.
ca. 1747 - Seán Ó Laochadh
6. IL 1, (e), 97-100.
a. 1767 - Micheál Ó Longáin
7. RIA 489 [23 N 14], ff. 69-71m [Lochtach].

¹ Féach Caibidil 2.3.3.

² Walsh, P., (ed.), *Gleanings from Irish Manuscripts* (Sign of the Three Candles, Dublin, 1918 - dara heagrán, 1933), 197.

- a. 1774 - Ribeárd Breatnach
- 8. RIA 781 [23 G 5], ff. 110-3, 'G'.
 - a. 1798 – Micheál Ó Cathasaigh
- 9. RIA 87 [23 E 2], ff. 379m-385, 'E'.
 - a. 18^ú haois - ?

Tá LNÉ G 177 agus RIA 153 nach mór díreach mar an gcéanna: 'pointing to a common exemplar for these manuscripts.'³

Úsáideadh na leaganacha seo a leanas san aguisín seo:

- RIA 1404 ('P') atá cosúil le RIA 153 ('A') ach le hathruithe áirithe. Tugtar na hathruithe súntasacha sna nótaí.
- RIA 87 ('E') agus CF 23 ('C') – Tá an dá leagan seo a bheag nó a mhór focal ar fhocal le RIA 153 ('A'). D'athraigh scríobhaí RIA 87 aimneacha na mban a phós na Gearaltaigh agus tá corr-nóta imill breise sa dá leagan seo. Tugtar iad sna nótaí.
- RIA 781 ('G') – Cóip é seo le Micheál Ó Cathasaigh as 'leabhar Sheáin Uí Chatháin' dar le hÓ Cathasaigh féin. Tá cuid de leagtha amach mar chraobh ghinealaigh. RIA 679 [23 G 4], a bhreac Ó Catháin, a bhí i gceist sa nóta seo ag Ó Cathasaigh. Faraor tá cuid mhaith den lámhscríbhinn sin cailte anois.⁴ Ní mhaireann ach cóip de *Seanchas na nGearaltach* (2) sa chuid den lámhscríbhinn sin atá tagtha anuas chugainn. Tá cóip den chuid is mó den téacs thíos, mar atá sé ag Ó Cathasaigh, sna lámhscríbhinní UCC M 1, RIA 12 [23 G 12] agus LNÉ G 87, ('M'),⁵ a bhreac Seán Ó Cléirigh. Tugtar nótaí thíos leis na difríochtaí idir na leaganacha sin.⁶

³ *Cat. NLI*, v, 24. Bhí aithne mhaith ag Tuibéar agus Mac Solaidh ar a chéile mar is léir ón gcomhfhreagras a mhaireann eatarthu. Féach, mar shampla, Walsh, *Gleanings from Irish Manuscripts*, 197-204; Ó Cuív, B., 'Litir ó Seón Mac Solaidh chun Riostaird Tuibear', in *Éigse*, xi:iii (1965-6), 196 agus 295; O'Rahilly, T. F., 'Irish Scholars in Dublin in the Early Eighteenth Century', in *Gadelica*, i (1912-13), 159 agus 161.

⁴ *Cat. RIA*, 2101: 'The index at the end of the book shows the loss of a considerable portion of the MS.' Féach freisin Caibidil 2.3.2-2.3.3

⁵ Tá an trí leagan seo díreach mar an gcéanna. Tagraítear dóibh mar aon leagan amháin 'M'. Tugtar tagairtí do leathanaigh as UCC M 1.

⁶ Tagraítear freisin sna nótaí do *Seanchas na nGearaltach* (1) [CT, i, 168-71] agus *Craobhsgaoileadh Sleachta na hIarlachta* [LM, 286-90].

§§ & ff.	RIA 153 [23 M 17], ff. 158-63	Nótaí agus Comparáid ⁷
<p>§1 [f.158a]</p>	<p><i>Seanchus Gearaltac</i> an so síos le Torna Ó Maolchonairre, ó <i>theacht Mhuiris mac Gearailt ar ttús an Eirinn</i> go haimsir <i>Sheamuis mac Gearóid an Dana</i>.</p>	<p>i. Ní thugtar an giota seo in P. Leanann an téacs leagan lochtach de <i>Seanchas</i> (1). Níl de theideal air sin ach ‘Craobha comhneas Gearaltaibh Eireann’ [f. 145].</p> <p>ii. Tugtar teideal mar seo do <i>Seanchas</i> (3) de ghnáth. Ní bhíonn teideal ar <i>Seanchas</i> (1) ach bíonn colafan ag deireadh an téacs de ghnáth.⁸</p> <p>iii. Ní dócha gur Torna Ó Maoil Chonaire a scríobh. Fuair Torna Mór bás sa bhliain 1468 agus Torna Óg sa bhliain 1532.⁹</p> <p>iv. Ní léir cén fáth go nglaoitear Gearóid an Dána ar Ghearóid (†1583) in A, C, E agus G. ‘Gearóid an Tighearna deanach’ atá ag M [f. 197]. Tharlódh gur botún atá ann. ‘Gearóid an Dána’ a thugtar ar Ghearóid Iarla (†1398).</p> <p>v. Muiris (†1176) mac Ghearailt (†a. 1136); Séamus (†1601) mac Ghearóid (14^ú hIarla †1583).</p>
<p>§2 ...mheic [f.158b] Muiris...</p>	<p>(1) Muiris mac Gearailt an <i>chéad</i> duine <i>tháinig an Erinn díobh ar bhfaghail Locha Garmann</i> 7 <i>Chríche Cualann</i>, 7 <i>Choigeadh Laighean uile dhon druing tainig leis o rígh Saxan</i>, 7 <i>do chuaigh an Muiris so go Coigeadh Uladh</i>, 7 is leis <i>do tóghbhadh Carrig Fheargusa</i>, 7 <i>do ghlúais as sin go ttainig tair Eirne anall</i>, 7 <i>as e do rinne Caisleán Sligigh, Bhaile an Mhuta, Teach an Teampla, Árd na Ríadh, Céall Aladh, Caisleán an Eich, Caisleán mheic Muiris na mBírighe agus Árd Ratháin a</i></p>	<p>vi. Tá dhá chóras uimhrithe sa leagan seo den téacs: (1)-(5) ó Mhuiris (†1176) mac Ghearailt (†a. 1136) go Seán Challainne (†1261) áit a stopann an chéad chóras agus (1)-(18) ó Mhuiris (Céad Iarla †1356) mac Thomáis (†1298) go Gearóid (14^ú hIarla †1583).</p> <p>vii. P: ‘go hÉirinn 7 do bhuadhaigh féin is an Gallshluagh táinig go hÉirinn na chuideachta, ar Loch Garmon...’ [f. 146].</p> <p>viii. P: ‘go hUladh ionnar {supra: ath} togaid an Dún Daingean Carruig Fheargus...’ [f. 146].</p> <p>ix. P: ‘tar Eirne go Coigeadh Connacht ionar thógaidh Caisleán Sligigh...’ [f. 146].</p> <p>x. G & M: ‘Caislean mac Muiris na nAtharighe’ [G f. 110 agus M f. 197].</p> <p>xi. G & M: ‘bo mac do Gearalt’ [G f. 110 agus M f. 197].</p> <p>xii. P: ‘...Ricard 7 is é an sinnsear ar Gearaltaibh Éireann é.’ [f. 146].</p>

⁷ Tugtar ainmneacha agus dátaí báis na nGearaltach [craobh na nIarlaí] a luaitear sa nóta deireanach a bhaineann le gach alt.

⁸ Féach Caibidil 2.3.1.

⁹ Féach Caibidil 1.3.2.

	cCluain Ríocard, 7 is do <i>badh mac Gearailt</i> .	xiii. E: ‘Riocard, 7 iliomad Caislean oile a ccóige <i>Chonnacht</i> 7 fa mac do <i>Ghearailt mac Muiris...</i> ’ [f. 379]. xiv. Muiris (†1176) mac <i>Ghearailt</i> (†a. 1136); <i>Gearalt</i> (Céad Bharún Ó bhFailí, †ca. 1204) mac <i>Mhuiris</i> (†1176).
§3	(2) <i>Gearailt mac Muiris, inghin Rugruidhe Ui Conchubhair a bhean</i> . Do bhí sé na giusdís <i>ar Eirinn</i> 32 bliadna is dó <i>badh mac Muiris</i> .	xv. in E ag bun f. 379 deirtear gur phós <i>Gearalt</i> ‘ <i>inghean Rúghruídhe Uí Chonchubhair Rígh Deighionach Eirionn re teacht Gall.</i> ’ Ach ar f. 380 deirtear gur phós sé ‘ <i>inghean mheic Muiris sinsear an Iarla Ciaruighe.</i> ’ Eva de Birmingham ab ainm dá bhean. xvi. <i>Gearalt</i> (Céad Bharún Ó bhFailí, †ca. 1204) mac <i>Mhuiris</i> (†1176); <i>Muiris</i> (2 ^ú Barún Ó bhFailí, †1257).
§4	(3) <i>Muiris mac Gearailt dár mac Tomás</i> as e an <i>Muiris</i> so <i>céad duine tháinig don Mumhain</i> , 7 do <i>chuir trí taoisigh do leataoibh a nDuthaigh</i> .i. Ua Coiléin, Ua hInneirge, 7 Ua Séidhíocháin, 7 as e an <i>Muiris</i> so do rinne <i>Mainisdir S^t</i> . Proinnsias a nEochail 1231 7 do <i>ghlac fein cradhbadh ar mbeith na ghiuisdis ar Eirinn</i> do 52 bliadna go bhfuair bás na <i>bhrathair bhocht</i> don <i>órd céadna</i> .	xvii. E: ‘ <i>inghean an Iarla Ruadh a bhean</i> , fa mac do son <i>Tomas...</i> ’ [f. 380]. xviii. Bhunaidh <i>Muiris</i> mainistir na bProinsiasach in Eochail sa bhliain 1224. Ní sheasann an mhainistir sin anois. xix. <i>Muiris</i> (2 ^ú Barún Ó bhFailí, †1257).
§5	(4) <i>Tomás do mhair ocht mbliadhna</i> , a <i>dhís mic Sean</i> , 7 <i>Tomás</i> . <i>inghean mheic Muiris a bhean</i> .	xx. Stopann na huimhreacha anseo i C. Tosáonn siad arís le <i>Muiris</i> (Céad Iarla †1356) mac <i>Thomáis</i> (†1298). xxi. E: ‘fá hí <i>inghean Domhnaill mhic Mururachuidh Rígh Láighean a bhean.</i> ’ [f. 380]. Ní fios cad ba shloinne do bhean <i>Thomáis</i> . Sadhbh ab ainm baiste di. ¹⁰ xxii. Bhí beirt mhac ag <i>Tomás</i> : <i>Seán</i> agus <i>Muiris</i> . Ni raibh aon mhac aige darbh ainm <i>Tomás</i> . Mac le <i>Muiris</i> (2 ^ú Barún Ó bhFailí, †1257) agus athair chéad Iarla Chill Dara an dara <i>Tomás</i> a luaitear anseo.

¹⁰ Féach Caibidil 3.3.1.

		xxiii. Tomás Mór (†1213); Seán Challainne (†1261); Tomás (†1271) mac Mhuiris (2 ^ú Barún Ó bhFáilí, †1257).
§6	(5) <i>Seaán do mhair 4e bliadhna, do bhí na Ridire an Ghairtéir, 7 as é do rinne Mainisdir S^t Doiminic a tTráigh Lí Ano Domini 1243. As é an Seaán so, 7 a mhac Muiris mhic Seaáin do marbhadh a gCaillainn Ghlinne Ó Rúachtáin le Finghín Reanna Róin .i. Mag Carrthaigh Mór a ndíoghailt droch mharbhta do rinne an Seaan Chaille so roimhe sin ar Mhac Carrthaigh Mor dar bhainm Domhnall God. Do marbhadh leis a mBaile Ui Dumh Mhaighe a naimsir an céad Eadbhaird do rioghuibh Saxon.</i>	xxiv. Stopann an chéad chóras uimhrithe anseo in A. xxv. M: ‘do bhí ana Ghuistis na hErenn et iona Ridire an Gairtearadh...’ [f. 197]; E: ‘†1260 & do bhí na guistis cheithre bliaghain.’ [f. 380]. Ní fíor gur Ghiúistís na hÉireann a bhí ann. xxvi. Ní fhéadfadh Seán bheith ina Ridire an Ghartéir toisc nár bunaíodh an t-ord sin go dtí lár na 1340idí ar a luaithe. Tugtar an t-eolas céanna i <i>Craobhsgaoileadh Sleachta na hIarlachta</i> , áfach: ‘Isé an Seán Challuinne so fuair bheith ‘na Ridire an Gháirtéir...’ ¹¹ xxvii. Ábhar spéise é dáta bhunú Mhainistreach na nDoiminiceach i dTrá Lí. Bunaíodh an mhainistir sa bhliain 1243, ach ní thugtar an dáta sin in aon cháipéis nó in aon chúntas eile ar Ghearltaigh Dheasmhumhan a fuarthas. Sa ghiota staire atá le fáil i lámhscríbhinní Mhuiris Uí Ghormáin, is é an dáta 1236 a thugtar. ¹² xxviii. Maraíodh Seán agus Muiris i gCath Challainne i 1261. ¹³ xxix. M: ‘...ag Calluinn Glean Ui Ruachtainn le Finghinn Rana Maoin et le Muinntir Suileamhain andioghailt...’ [f. 197]. xxx. Mharaigh Seán Challainne Domhnall ‘God’ mac Cárthaigh sa bhliain 1252. ¹⁴ xxxi. Seán Challainne (†1261); Muiris (†1261) mac Sheáin Challainne.
§7	Tomas óg mac Tomais mac Muiris mac Gearailt .i. Dearbhrathair an tSeaain Chaille so a dubhramar, céad bharún Ui bhFáilghe, 7 is úaidh tháinig Iarla Chille Dara .i.	xxxii. Tugtar an t-alt seo idir §5 agus §6 in M [f. 197]. Tá sé san áit chéanna le A sna leaganacha eile. xxxiii. Seo athair chéad Iarla Chill Dara arís (Féach nóta xxii thuas). Mac a bhí ann le dara Barún Ó bhFáilí. Ní raibh sé féin ina Bharún ar chor ar bith. Ba é Seán a mhac, an cúigiú

¹¹ LM, 288, Féach Caibidil 3.3.4

¹² Féach Agusín 4. Sa stair chéanna, tugtar na dátaí eile seo a leanas: Teachnt na Normannach 1149; Bás Chuileain Uí Chuiléin 1291; Bás Ghearailt mhic Mhuiris, céad Bharún Ó bhFáilí 1205; Bás Mhuiris, dara Barún Ó bhFáilí, 1257; Cath Challainne 1261.

¹³ Féach Caibidil 3.3.3.

¹⁴ Ibid.

	<i>céad Iarla Eirinn gona ghabhladh geineileadh</i>	Bharún, sarar deineadh Iarla de sa bhliain 1316. Cailleadh é sa bhliain chéanna. xxxiv. Ní fíor gurbh é Seán an chéad Iarla Éireannach. Mar shampla, cruthaíodh Iarlacht Uladh roimhe sin (1205). xxxv. Tomás (†1271) mac Mhuiris 2 ^ú Barún Ó bhFailí, †1257); Seán Challainne (†1261); Seán (Céad Iarla Chill Dara, †1316) mac Thomáis (†1271).
§8	<i>Muiris mhic Seaáin Chaille si, do marbhadh an einfheacht 7 a athair. A sí ba bean dó .i. inghean tSeaфра Muireis, 7 is leis an mnaoisi do frith ceannus Ciarraighe, 7 cíos Deasmumhan, 7 is don Muiris so badh mac Tomais an nApa.</i>	xxxvi. I ngach leagan a fuarthas den <i>Seanchas</i> seo, deirtear gur phós Muiris mac Sheáin Challainne iníon ‘tSéafra Muiréis’. Phós Muiris bean darbh ainm Matilda de Barry. Is in aimsir a athar, Seán, a fuair na Gearaltaigh ceannas ar Chiarraí agus ar Dheasmhumhan i gcoitinne, nuair a phós sé siúd Margery FitzAnthony. ¹⁵ xxxvii. Muiris (†1261) mac Sheáin Challainne (†1261); Tomás an Ápa (†1298).
§9	<i>Do bhadar ceathrar mac ag an Seaán so adubhramur, nochar chlann phósda .i. Muiris Buidhe Ó Cinnéidhe, Seaán Ó Cuileáin, Giobún mac Tomais Uí Coinneighe 7 Tomas an Triucha.</i>	xxxviii. P: ‘Bhádár ceathrar dearbhathar ag an Muiris so, nar fridhe a goeing phósta .i. ...’ [f. 147]. G & M: ‘Do bhadar ceathrar mac eile ag <i>Seaan</i> Calluinne so an eagmuisa a mhic lena mnáoi phosta .i. Giobún le <i>inghin</i> Uí Coinin. O <i>Ghiobún</i> do thainic An Ridire Fionn gona <i>Sliocht</i> . <i>Seaan</i> na Suirisaine le <i>inghin</i> Uí Coillean. O <i>Seaan</i> ata <i>tighearna</i> na Claoinglaise et Ridire an Ghleana. Muiris le <i>inghin</i> Cinneide. O Muiris ata an Ridire <i>Ciaruidhe</i> . Tomas le <i>inghin</i> Uí Conchobhair 7 o <i>Thomas</i> ataid Gearaltaigh <i>Dhuineacha</i> ’ [f. 111 agus f. 198b-199b]. Tugann M an dán <i>Do cuireadh ceathrar cloinne</i> ag deireadh an ailt seo. Níl an dán i G. E: ‘Do bhadar ceathrar mac ag <i>Seaghan</i> Calluinne do rugadh ar <i>leanántacht</i> , .i. Muiris Buidhe le <i>hinghean</i> Uí Cinneide, 7 uaidh sin Gearaltaicc <i>Aoibh</i> mo Coille, <i>Seaghan</i> na Sursuinge an <i>dara</i> mac le <i>hinghean</i> Uí Coilléain, is úaidh táinig Ridre an <i>Ghleanna</i> 7 <i>Tiagearna</i> na Claoinglaise. Giobún an <i>treas mac</i> , <i>inghean</i> Uí Conuing a <i>mhaithir</i> Is úaidh táinig an Ridre <i>Fionn</i> 7 <i>Clann</i> Giobún uile. Tomás an <i>truchadh</i> le <i>hinghean</i> Uí

¹⁵ Féach Caibidil 3.2.2.

		<p><i>Conchubhair</i>: is uaidh táinig Ceap Gearaltach na nDuibhneacha.’ [f. 381].¹⁶</p> <p>xxxix: Seán Challainne (†1261).</p>
§10	<p>Tomas an Apa 32 bliadhna as i badh bean dó Eilis <i>inghean</i> an <i>Bharraigh Mhóir</i>. A mhac .i. Muiris <i>céad Iarla Deasmumhon</i>.</p>	<p>xl. E: ‘1296’ [f. 381].</p> <p>xli. G & M: ‘...xxxii. bliadhain ionna Guistis...’ [f. 111 agus 198a]. Bhí sé ina Ghiúistís sa bhliain 1295.</p> <p>xlii. Bhí Tomás an Ápa pósta le Margaret de Berkeley.¹⁷</p> <p>xliii. Tomás an Ápa (†1298); Muiris (Céad Iarla, †1356) mac Thomáis an Ápa.</p>
§11	<p>(1) Muiris mac Tomais <i>céad Iarladh Deasmumhan</i> do bhí pósta ar ttús re <i>hingean Dhiúce Ó Buicingam</i>, noch do <i>bhi</i> amrid, ⁷ na <i>dhiaig sin</i> re <i>hingean Iarladh Uladh</i>, go rug si <i>triúr</i> [f. 159b] mac dhó .i. Muiris, <i>Seadan</i> ⁷ <i>Gearoid</i>. Do <i>bhi</i> na <i>ghiúisdís</i> ⁷ do <i>mhair</i> 59 bliadhna.</p>	<p>xliv. Tosnaíonn an dara córas uimhrithe anseo in A.</p> <p>xlv. E: ‘d’<i>éag</i> 1322’ [f. 381].</p> <p>xlvi. Ba é Ralph de Stafford Diúc Buckingham. Bhí a iníon, Beatrice pósta le Muiris Óg (†1358). Ní luann P Diúc Buckingham san alt seo ach fós deir sé go raibh Muiris Óg pósta le duine de na Brianaigh. (féach §12).</p> <p>xlvii. Níorbh í iníon Iarla Uladh (Caitilín de Búrca, †1331) máthair na bpáistí a luaitear anseo. Aibhilín nic Mhuiris ab ainm di.¹⁸</p> <p>xlviii. Tugann G & M mac breise dó, Tomás. [f. 111 agus f. 198a]. Bhí ceathrar mac aige ach Nioclás ab ainm don mhac atá in easnamh san alt seo.¹⁹</p> <p>xliv. Mhair sé 58 bliain ó bhás a athar sa bhliain 1298 (.i. †1356).</p> <p>l. Muiris (Céad Iarla, †1356); Tomás an Ápa (†1298); Muiris Óg (2^ú hIarla, †1358); Seán (†1369) mac Mhuiris (†1356); Gearóid Iarla (3^ú hIarla, †1398).</p>

¹⁶ *Craobhsgaoileadh Sleachta na hIarlachta* [LM, 286-7]: ‘Ag so síos do shliocht Sheáin, mic Muiris, mic Tomáis, mic Muiris, mic Gearailt Mhóir, ré ráidhtear Seán Challainne: .i. Muiris mac Seáin lena mhnaoi phósta; agus Muiris eile lé mnaoi Í Chinnéidigh, agus is uaidh sin táinig an Ridire Ciarraigheach; Giobún le mnaoi Í Choinín, agus is ar a shliocht táinig an Ridire Fionn, agus Clann Ghiobúin Árd na Sgiath agus na Coille Móire; Seán Mór na Sursainge lé mnaoi Í Choileáin, agus is ar a shliocht táinig Tighearna na Claonglaise, Ridire an Ghleanna, agus Pobal na Sgeach; agus Tomás le mnaoi Í Chonchubhair, agus is uaidh atá sliocht Seáin Chiarraigheach agus na Duibhnigh.’ Leanann an dán *Do cuireadh ceathrar cloinne* an méid seo.

¹⁷ Féach Caibidil 3.2.3.

¹⁸ Féach Caibidil 3.2.4.

¹⁹ Ibid.

§12	(2) Muiris Óg an dara hIarla do mhair dha bliadhain do bhí pósda re hinghean Uí Bhríain, 7 níor luidh lé acht áon oidhche, 7 fuair bás a nDún Garbhán re plagha.	li. G & M: 'Onóra <i>inghean</i> Uí Briain' [f. 111 agus f. 198a]. Beatrice de Stafford ab ainm dá bhean. lii. Phós Muiris Óg agus Beatrice sa bhliain 1350. liii. Bádh Muiris Óg agus é ag taisteal ó Londain go hÉirinn (Aibreán-Bealtaine 1358). ²⁰ liv. Muiris Óg (2 ^ú hIarla, †1358).
§13	(3) Seaán mac Muiris do mhair 12 bliadhna, 7 is uaidh ataid clann mhic Thomáis san Mumhan.	liv. E: 'fuair bás san mblíaghain 1352' [f. 381]. lv. Cé nach nglaoitear Iarla air, áirítear Seán mar Iarla anseo mar a dheineann <i>Seanchas</i> (1) agus (2). Níl aon fhianaise ann go raibh Seán ina Iarla. ²¹ lvi. Is ó uncail Sheáin, Seán mac Thomás an Ápa (†1324) a shíolraigh Clann Mhic Thomáis. ²² lvii. Seán (†1369) mac Mhuiris (Céad Iarla, †1356).
§14	(4) Gearoid mac Muiris, an treas mac don céad Iarla .i. do Mhuiris. Do mhair 22 bliadhna, 7 a si badh bean dó Eilionór <i>inghean</i> Riosdaird Buitléir .i. Riosdaird mhic Seamuis Buitléir. Do rug triar mac dhó .i. Muiris, Seaán na Siúire 7 Seamus.	lviii. E: '...Muiris fuair bás an aon bhlíaghain len aithir...' [f. 381]. lix. E: 'bás Gearóid an Dána 1397' [f. 382]. lx. M. '...rucc si triur mac do .i. Muiris, <i>Seaan</i> , Seamus. <i>Gearóid</i> .' Is dócha gur botún é seo san LS. Ní raibh mac aige darbh ainm Gearóid agus níl an t-ainm le fáil san áit seo i G. lxi. Gearóid Iarla (3 ^ú hIarla, †1398); Muiris (Céad Iarla, †1356); Muiris (mac Ghearóid Iarla, †1400); Seán na Siúire (4 ^ú hIarla, †1399); Séamus (6 ^ú hIarla, †1463) mac Ghearóid Iarla.
§15	(5) Muiris mac Gearoid an Dana dha bhliadhain do mhair.	lxii. Tugtar an cúigiú hIarla ar Mhuiris ó am go ham, ach ní dócha go raibh sé riamh ina Iarla. Tharlódh, áfach, go raibh cumhacht na hIarlachta aige i ndiaidh bhás Sheáin, an ceathrú hIarla (†1399), go dtí go bhfuair sé féin bás (†1400). ²³ lxiii. Muiris (mac Ghearóid Iarla, †1400); Gearóid Iarla (3 ^ú hIarla, †1398).

²⁰ Féach Caibidil 3.2.5.

²¹ Féach Caibidil 1.2.5.

²² Féach Caibidil 3.2.3.

²³ Féach Caibidil 4.2.2.

<p>§16</p>	<p>(6) Seán na Siuire mac Gearóid an Dána, aon bliadhain amhain an Iarladh, do bhí posda re hinghean mheic Murchaidh Laighean. Do bathadh é a nAth Arda Fionnáin ar Siúr, 7 is dó badh mac Tomás an seachtmhadh hIarladh. Do bathadh Seadan sul do rugadh Tomas.</p>	<p>Ixiv. E: ‘1402’ [f. 382]. Ixxv. G & M: ‘Seaan na Suire mac Gearoid an dana aon bliadhain amhain an Iarla 7 do phós inghin mac Muirchadh .i. an Caomhanach 7 do bathadh e an Aith Chille Fionnann sa Siuir et bo mac do Tomas da bhliadhain an aois leinibh 7 dearbhrathair ata na Caíptín air Gearaltach 7 do bhi bean uasal torach ó Seaán et do rug si mac 7 do ttugadh trí tuatha do .i. Tuath Mhuighealladh, Tuath Chille Colmain 7 Tuath Broithill.’ [f. 111 agus 199a].²⁴ Ixxvi. Ní thugtar ainm bhean chéile an fhir seo in aon fhoinse níos luaithe ná an seachtú haois déag. Ixxvii. Rugadh Tomás thart ar 1386. Mar sin bhí sé 13 nó 14 bliana d’aois nuair a bádhdh a athair. Ixxviii. Seán na Siúire (4^ú hIarla, †1399); Gearóid Iarla (3^ú hIarla, †1398); Tomás (5^ú hIarla, †1420) mac Sheáin (4^ú hIarla, †1399).</p>
<p>§17 [160]²⁵</p>	<p>(7) Tomas mac Seaáin na Siuire 28 mbliadhna an Íarladh ó aois leinbh an aimsir sin, 7 dearbrathair a athair iona Chai[p]tín ar Ghearaltaigh an feadh sin. Thug an Tomás sin a cheart ar an duthaigh uile do dhearbrathair a athair ar a bhfuair adhúadh dá cosnadh, 7 da coimhead. Níor chuir ar Sheamus .i. brathair a athair a ndíáigh adhuatha, 7 a thabairtus do thabhairt go brath dhó féin, 7 . da oighridhibh iona dhíáigh; acht bean úasal .i. inghean Uí Súileabain mhoir .i. Maire do bhi torrach úaidh .i. ón Tomas sin, beatha chosmhuil nó iomchuibhe</p>	<p>Ixix. E: ‘is do fúair bás 1420’ [f. 382]. Ixx. P: ‘...28 bliadhna na Iarla dó, 7 ionn leanbhaois ba hé Seamus mac Gearóid an dana .i. dearbhrathair...’ [f. 148]; E: ‘...do bhí mac dearbhrathair aithir aige, 7 tug trí tuatha dó .i. Tuath Mhuigh Ealladh, Tuath Chille Colmáin 7 Tuath Brothuill. Séamas...’. Ixxi. M: ‘Tomas mac Seaain na Suire fúair bas a gcathair Rotomagi.’ [f. 199a] Seo Rouen na Fraince.²⁶ Ixxii. Shroich Tomás aois fir sa bhliain 1407. Bhí sé ina Iarla ó 1406-20. Ixxiii. Maraon le bean Sheán na Siúire (nóta Ixxvi), ní thugtar ainm bhean chéile Thomáis i gcáipéisí níos luaithe ná an seachtú haois déag. Ixxiv. Bhí beirt mhac mídhlisteanach ag Tomás mac Sheán na Siúire, Muiris agus Seán. Maraíodh an bheirt acu sa bhliain 1452. Ixxv. Tomás (5^ú hIarla, †1420) mac Sheáin (†1399); Séamus (6^ú hIarla, †1463); Muiris (†1452) mac Thomáis (†1420).</p>

²⁴ Féach §17.

²⁵ Colún amháin as seo amach.

²⁶ Féach Caibidil 4.2.2.

	<p>do <i>thabhairt</i> don mnaoí úasail, 7 da <i>mhac</i>, dá <i>madh mac</i> do <i>bhearadh</i>, <i>beatha</i> meic <i>Tigerna</i> do <i>thabhairt</i> don <i>mac</i>, 7 da <i>madh inghean</i>, <i>spréidh</i> mna uaisle <i>thabhairt dhi</i>. Do rug an <i>bhean</i> uasalso <i>mac</i>, 7 tugadh <i>Muiris</i> d'<i>ainm ar</i>, 7 ní hé <i>Seamus</i> nar <i>chomhail</i> a <i>ghealladh</i>, 7 thug trí tuatha dhó .i. <i>Tuaithe Mhaighe</i> Alla, <i>Túaithe Chille Colmain</i>, 7 <i>Tuaithe Bhrothail</i>. <i>Inghean</i> meig <i>Carrthaigh</i> bean <i>Mhuiris</i>.</p>	
§18	<p>(8) <i>Seamus</i> an <i>treas mac</i> do <i>Gearoid</i> an <i>Dána</i>, 7 in <i>tochtmadh</i> hIarla ar <i>Dheasmumhan</i>. A <i>bhean</i> phósda <i>Maire inghean Uilliam</i> a <i>Burc</i> .i. <i>mac Uilliam Chlainne Riocaird</i>, 7 rug <i>dias mac dhó</i> .i. <i>Tomás</i>, 7 <i>Gearoid</i>, do bhí 22 bliadhna san <i>Iarluidheacht</i>, 7 is leis do <i>togbhadh</i> <i>Caislean</i> na <i>Mainge</i>, na <i>Curíghní</i>, <i>Coirgrai</i>, <i>Tairbeart</i>, 7 halla mór <i>árd Asgeithín</i>. As é do <i>sholathair</i> <i>Contai bheag Luimnigh</i>, <i>Barúntacht Rósa Mair</i> sna <i>Déisibh</i>, <i>Baruntacht Cille Siláin láimh</i> le <i>Clúain Meala</i>. Cíos I Néill ó nEóin, Cíos <i>Chluana Meala</i> tre uisge na <i>Siuire</i> .i. <i>Tuisdiún ar gach aon nDeatach</i>, an <i>Chumarach</i>, <i>Íbh Muchaille</i>, 7 <i>Ciarraighe</i>,</p>	<p>lxxvi. G & M: 'phos se Onora <i>inghean mac Uilliam Cloine Riocaird</i>...' [f. 111 agus f. 199a]. Máire de Búrca ab ainm dá bhean, mar atá in A.</p> <p>lxxvii. Bhí Séamas ina Iarla ar feadh 43 bliain ó 1420 go 1463. Roimh 1420 ba é an tIarla <i>de facto</i> é ó 1411, nuair a dhíbir sé Tomás as an tír.²⁷</p> <p>lxxviii. Séamus (6^ú hIarla, †1463); Gearóid Iarla (3^ú hIarla, †1398); Tomás an Droichid (7^ú hIarla, †1468); Gearóid na nDéise (†1486).</p>

²⁷ Féach Caibidil 4.2.2.

	<p>Cucuirighthe, Mairt O cCairbre, Magh Colpa, 7 na Déise Deisceartach. As é an <i>Seamus</i> so thug íad so uile, 7 morán nach <i>airimhthear</i> ann so leis fa phaitent, 7 fa <i>sheala mor</i> an righ .i. an cuigeadh Henri .i. na ghabhailtais, is an mbliadainso daois an tigearna do <i>thairraing</i> an phaitent reimhraití 1413.</p>	
§19	<p>D'fáiguibh an <i>Seamus</i> so urmhór a sholatair uile ag an dara mac do bhí aige .i. Gearoid na nDéise dá ttainig cogadh, 7 ceannairaic do theacht ider an Gearóid sin 7 mac a dearbhrathair .i. <i>Seamus Ratha Gáola</i>.</p>	<p>lxxix. Tá cuid den eolas san alt seo ceangailte le §18 in M. [f. 199b].</p> <p>lxxx. Roinn Séamas, an séú hIarla (†1463), a thailte idir an beirt mhac a bhí aige, Tomás an Droichid, agus Gearóid na nDéise. Is as seo a d'eascair cuid mhaith den chogaíocht a tharla i measc Ghearlaigh Dheasmhumhan ina dhiaidh sin, agus idir Ghearlaigh Dheasmhumhan agus Buitléaraigh Urmhumhan.</p> <p>lxxxi. Séamus (6^ú hIarla, †1463); Gearóid na nDéise (†1486); Séamus Ráth Caola (8^ú hIarla, †1487).</p>
§20 [f. 161]	<p>(9) Tomás mac Seamuis .i. an mac ba ²⁸ sine ag <i>Seamus mac Gearoid</i>, ar a ttiubharthaoi Tomas Dhroichid Atha, cuig bliadhna dhó ina Iarladh ar na dhícheannadh le Galluibh ann Anno Domini 1467. 15^a February 25 of Edward 4th a 7 é na ghiúisdís ar Eirinn. Eilís inghean an Bharraigh Mhóir badh bean don Tomás sin. A chródh ge be eile ón mBarrach mór, Cineil Talmhain 7 Cos Bhride. A chuigear</p>	<p>lxxxii. E: '1467' [f. 383].</p> <p>lxxxiii. ^a Úsáidtear stíl scríbhneoireachta difriúil in A nuair a scríobhtar i mBéarla ach is dócha gur Mac Solaidh a bhreac an t-ábhar Béarla mar sin féin.²⁹</p> <p>lxxxiv. Tomás an Droichid (7^ú hIarla, †1468); Séamas (6^ú hIarla, 1463); Gearóid Iarla (3^ú hIarla, †1398); Séamus Ráth Caola (8^ú hIarla, †1487); Muiris Bacach (an Charbaid) (9^ú hIarla, †1520); Tomás Maol (11^ú hIarla, †1534); Seán (12^ú hIarla <i>de facto</i>, †1536); Gearóid Óg (†1520).</p>

²⁸ 'ag *Seamus*' ar ceal.

²⁹ Féach §24 agus nóta xcvi; §37 agus nóta cxxxv.

	mac .i. <i>Seamus Ratha Gáola</i> , <i>Muiris an Charbuid</i> , Tomás Máol na Madhmann, <i>Seaán</i> 7 <i>Gearoid</i> .	
§21	(10) <i>Seamus Ratha Gáola mac Tomais Dhroichid Ata trí bliadhna deag iona Iarla, do drochmarbadh é le Seaán Mantach mac Giobúin, gan mhac gan mhnaoi dibadh</i>	lxxxv. (idir §20 agus §21) G & M: ‘Do tainic iomad cogadh 7 ceanaraithe idir <i>Gearoid</i> na nDeise 7 <i>Seamus Ratachaola</i> 7 <i>Tomas og ionnus gur baineadh</i> an ceann do <i>Seamus</i> .’ [f. 112 agus f. 202 (f. 200 agus 201 bán in M)]. ³⁰ Ba é Tomás Óg, 11 ^ú hIarla Dheasmhuman (†1534). lxxxvi. E: ‘1480’ [f. 383]. lxxxvii. M: ‘do phos se <i>Onora inghin</i> an Roisticc 7 do biad a clann dis mac 7 dis <i>inghin</i> .i. <i>Seamus</i> , <i>Tomas</i> , <i>Siobhan</i> do <i>bhi phosta</i> ag <i>Mac Carta</i> .i. <i>mathair Cormac</i> 7 <i>Ceallachain</i> 7 do <i>marbadh</i> iad <i>ar áon</i> . <i>Eilios</i> posta ag <i>Concobhair O Briain</i> . Do rug ceitear mac do.’ [f. 202]. ³¹ lxxxviii. <i>Seanchas</i> (1): ‘...do díchendadh hi ráith ghaola la <i>Seaán manntach .m.</i> <i>Emaind Meicc Gibún</i> .i. fuigheall fochaidmidh agus fanamhaid bhfer nEirenn...’ ³² lxxxix. <i>Séamus Ráth Caola</i> (8 ^ú hIarla, †1487).
§22	(11) <i>Muiris an Chairbaid mac Tomais Dhroichiod Atha, a bean inghean an Roisdigh, a cClann aráon días mac, 7 días inghean .i. Seamus, Tomas, Siubhán, 7 Eilís. 33 bliadhna na Iarla don Tomas so, 7 dimigh gan sliocht.</i>	xc. G: ‘ <i>Muiris an Charbaid do ghabail na hIarlacht</i> . 16 bliadhna.’ [f. 112]; M: ‘ <i>Muiris an Charbaid do ghabail na hIarlacht</i> .xvi. Bo mac do <i>Seamus</i> ...’ [f. 202]. ³³ xci. Elén de Róiste ab ainm dá chéad bhean. xcii. Is é <i>Muiris</i> a chaith 33 bliana ina Iarla (1487-1520). Ba é Tomás, a mhac, a cailleadh gan sliocht. xciii. <i>Muiris Bacach</i> (an <i>Charbaid</i>) (9 ^ú hIarla, †1520); <i>Séamus</i> (10 ^ú hIarla, †1529); <i>Tomás</i> (†a. 1520) mac <i>Mhuiris</i> (†1520); <i>Siobhán</i> ; <i>Eilís</i> .
§23	<i>Siubhan bean Cormaic Óig, mathair Ceallachain, 7 Cormaic do marbadh íad aráon. Eilis inghean</i>	xciv. Maraíodh <i>Cormac</i> agus <i>Ceallachán mac Cárthaigh</i> sa bhliain 1540. ³⁴ xcv. E: ‘... <i>Conchubhair Ó Briain</i> 7 do rug triúr mac <i>dho</i> , 7 do fúair <i>Muiris an Charbaid</i> bás a

³⁰ Féach §19 agus nóta lxxx.

³¹ Féach §22 agus §23.

³² *CT*, i, 169.

³³ Féach §23.

³⁴ *NHI*, ix, 156.

	Mhuiris an Charbaid ag Conchubhair .i. O Bríain go rug ceathrar mac dhó.	nEóchuill, 7 do hadhlacadh san Mainistir a nEochuill e Anno 1520 7 fá hé an deichmhad hIarla é.' [f. 383]. xcvi. Siobhán; Eilís; Muiris Bacach (9 ^ú hIarla, †1520).
§24	(12) Seamus mac Muiris an Chairbaid, as i ba bean dó inghean an Easbuig Í Bhríain .i. Chille Dha Lúadh. Do thorchair é ag deanamh Mainistreach na Móna le Cormac Laidir, 7 ní raibh mac aige. An inghean so Siubhán do bhí na mnaoí ag Iarla Úrmhumhan, as i badh mathair do Thomas Dubh, do bhí na Iarla, 7 na thresurer, 7 na Ridire Gairtéir. Ingean ag Tomas Dubh re na mhnaoí phosda dar b'ainm Isibéul, 7 do posadh a ninghean sin Thomais le ^a my Lord Singwell ^a dar gairmeadh Iarladh Deasmumhan, 7 do rug sí ingean don Iarla Deasmumhan sin, 7 do posadh í re Seamus Buitléair mac Tomais do bhí na Íarla, na Mhar ^a ques ^a , na Dhiúic Urmhumhan, 7 na ^a Lord L ^t ^a a nEirinn deich mbliadna.	xcvi. G & M: 'Bo mac do Seamus Iarla mac Muiris a Charbad posta ag inghin Easbog Uí Briain .i. Easbog Cilldaluadh 7 do marbadh e 7 edeanamh Mainistear na Maighne mona a gContae Corce le Cormac mac Cormac agus deir daoine eile gur be [M: Eoghan – scriosta] Cormac mac Eoghain mac Cartha mic Taidhg Eidhlinn da ngoirtear an Coilleach dearg do mharbh e. Ni roibh do clann aige act Siobhan bhi posta ag Iarla Urmhumhan Seamus Buitler do bhí na Duke Urmhumhan agus Guistis.' [f. 112 agus 202]. xcvii. Amy Ní Bhriain ab ainm do bhean chéile Shéamuis. xcviii. ^a Stíl difriúil scríbhneoireachta anseo arís. ³⁵ xcix. Phós Siobhán, iníon Shéamuis trí huair. An chéad fhear chéile a bhí aici ab ea Séamus, 9 ^ú hIarla Urmhumhan. Ba í máthair Thomáis Dhuibh, 10 ^ú hIarla Urmhumhan. I ndiaidh bhás Shéamuis (1546), phós sí Francis Bryan (Giústís Éireann ca. 1549, †1550). Ba é Gearóid, 14 ^ú hIarla Dheasmumhan (†1583) an tríú fear chéile a bhí aici. Cailleadh í i 1565. c. P: 'Triath Singull' [f. 149]; C: 'Lord Singwell' [f. 244]; E: 'Íarla Singwell'. Tiarna Dingwall atá i gceist. Phós Isibéal/Eilís, iníon Thomáis Duibh, Iarla Urmhumhan, fé dhó. Richard Preston, Tiarna Dingwall an dara fear chéile a bhí aici. I ndiaidh deireadh na hIarlachta, deineadh Iarla Dheasmumhan de Preston sa bhliain 1628 de bharr an phósta seo. ci. Séamus (10 ^ú hIarla, †1529); Siobhán (iníon Shéamuis, Cuntaois Urmhumhan agus Cuntaois Dheasmumhan †1565).
§25	(13) Tomás Óg mac Tomais Dhroichid Atha da ngairmthi Máol	cii. Bhí Tomás Óg / Tomás Maol ina Iarla ó 1529-34.

³⁵ Féach §20 agus nóta lxxxiii; §37 agus nóta cxxxv.

	na Madhmann, do bhí cuig bliadhna na Iarla. A bhean Eibhilín inghean Chormaic Óig. Rug si mac dhó .i. Muiris an Ghúagáin.	civ. Iníon Chormaic Óig Láidir, Tiarna Múscraighe ab ea Eibhilín. Ba í Caitilín, ‘Sean-Chuntaois’ Dheasmhumhan, an dara bean a bhí ag Tomás Óg. ciii. Tomás Maol (11 ^ú hIarla, †1534); Muiris an Ghúagáin (†1529).
§26 [f. 162]	(14) Muiris an Ghúagáin, is uime tugadh an tainm sin <i>ar</i> , óna bhreith san áit re nabarthar Gúagán Barradh. Mhic Tomáis óig mhic Tomáis Duibh. A bhean inghean an Ridire Finn, rugadh mac dó .i. Seamus mac Muiris, do bhí an Muiris so sé bliadhna na Iarladh.	civ. C: ‘...mhic Tomáis Óig mhic Tomáis Droichid Átha...’ [f. 144]. Is dócha gur botún é ‘Duibh’ in A. Ní luaitear an dá ainm seo (Tomás agus Tomás) sna cóipeanna eile a ceadáíodh. cv. G & M: ‘...Guagan Barrad an Aoib Laoighuire et í aig tabhairt a turus an la Patrún .i. Lúan Cinchisidh 7 inghin an Rideare Fionn rug mac do .i...’ [f. 112 agus f. 202]. cvi. Siobhán Nic Ghiobúin ab ainm dá bhean. cvii. Cailleadh Muiris roimh a athair. Mar sin ní raibh sé riamh ina Iarla. cviii. Muiris an Ghúagáin (†1529) mac Thomáis (11 ^ú hIarla, †1534); Séamus (12 ^ú hIarla <i>de iure</i> , †1541).
§27	(15) Séamus mac Muiris mhic Tomáis Mhaoil ³⁶ na Iarla aon mhí amháin, 7 do marbadh é le Muiris Dubh mhic Seaáin mhic Tomáis Dhroichid Atha a nGleann Lice an Sgáil <i>ar mbeith</i> ag fiadhach dhó, inghean Píarrus Buitléar a bhean.	cix. P: ‘...aoin bhliaduin...’ [f. 150]; G: ‘...aon bliadhain amháin...’ [f. 112]; M: ‘...aon bhliadhain...’ [f. 202]; E: ‘...aon bhliaghain amháin...’ [f. 384]. Aontaíonn C le A áfach: ‘...aon mhí...’ [f. 144]. Tháinig Séamus chun na hIarlachta sa bhliain 1534 ach ghlac uncail a athar, Seán (†1536) chuige féin é. I ndiaidh do Sheán bás a fháil, tháinig a mhac sin, Séamus (†1558) chun na hIarlachta. Cailleadh Séamus mac Mhuiris sa bhliain 1541. cx. Glaoití Muiris an Tóiteáin ar Mhuiris Dubh a luaitear anseo. cxi. Bhí Séamus pósta le Máire Nic Cárthaigh. cxii. Séamus (12 ^ú hIarla <i>de iure</i> , †1541); Muiris an Tóiteáin (†1564), mac Sheáin (12 ^ú hIarla <i>de facto</i> , †1536).
§28	(16) Seadhán mac Tomáis Dhroiciod Atha ceathromh mhic Thomáis, a bhean Mór ní Bhriain inghean Tigearna Chairrge Ó	cxi. E: ‘...ó cCoinmioll (7 a mhac san Séamas .i. aithir Ghearóid mac Séamais do básuigheadh fá bhainríoghan Elizabeth)...’ [f. 384].

³⁶ ‘a bean inghean’ ar ceal.

	gCoineall, na Iarla sé bliadhna, a triur mac Seamus, Muiris, 7 Seadhan.	cxii. Seán (12 ^ú hIarla <i>de facto</i> , †1536); Tomás an Droichid (7 ^ú hIarla, †1468); Séamus (13 ^ú hIarla, †1558); Muiris an Tóiteáin (†1564); Seán Óg (†p. 1580).
§29	(17) <i>Seamus mac Seaain mac Tomáis D. A. ocht mbliadhna na Iarla. Áon bhean do cheathrar ban do bhí aige, inghean an Roisdig .i. Siúbhan. Rug si mac dhó .i. Tomás, an Tomás sin posda re hEilis inghean tSeaáin Puérach, rug Eilís días mac don Tomás sin .i. Seamus 7 Seadhán, 7 días inghean .i. Mairghreag do bhí pósda ag Mag Carrthaig .i. Domnall na bPíopuidhe, 7 Caitilín fuair bás san spás sin.</i>	cxiii. E: ‘Séamus Dubh...’ [f. 384]. cxiv. Séamus (13 ^ú hIarla, †1558); Siobhán de Róiste; Tomás Rua (†1585); Eilís de Paor; Séamus (Iarla ‘an tSúgáin’, †1607); Seán (†p. 1615 sa Spáinn); Mairghreag; Caitilín.
§30	(18) <i>Gearóid mac Seamus, dar mhathair Mor inghean Mhaoilruanaigh Ui Chearbhuill 7 do bhean Eilinóir Buitléir. Do bhí ocht mbliadhna 20 iona Iarladh. Do chuaigh fa choill, 7 dar baineadh a cheand de a nGlean an Ghingce Anno Domini 1582. A mhac so Seamus mac Gearóid.</i>	cxv. G & M: ‘Gearoid mor mac Seamus móir phos Eilionor inghin Diuice Urmumhan no Iarla Urmumhan 7 do chaith xxviii bliadhain an Iarla gur bheigionn do tre mioghrasaibh ³⁷ <i>Seaan mac an Iarla 7 tre mailais urmhor an da Rioghacht eirghe aguine na Bainrioghna adhbhar ee. fos do bhi aige on gcróin do brigh an ceangail do bhi ris an gcreidiomh Catoilice 7 leis na hEirionchaibh or badh hionnmhuine leis iad na Gaill fa dheogh a seasam xviii bliadhain ag cogadh aguine na Bainrioghan do eigionn do dul fa coilltibh ceilt fein gur baineadh a cheann de a nGleann na nGince.’ [f. 112 agus f. 203]. cxvi. Ag an bpointe seo stopann G & M. Tá meascán eolais ag an bpointe seo in G & M. Tá colafan breise in M (UCC M 1).³⁸ cxvii. Bhí Gearóid ina Iarla ó 1558 go 1583 .i. 25 bliana.</i>

³⁷ M: ‘Seann’.

³⁸ Féach nóta cxix.

		cxviii. Gearóid (14 ^ú hIarla, †1583); Eilionóir de Buitléir (†p. 1638); Séamus (†1601).
§31	<i>An treas bean do bhí ag Seamus mac ³⁹ Seadhain, Caitilín inghean Phiarrus Rúaidh .i. Iarla Urmumhan d'imigh gan sliocht.</i>	cxix. M (UCC M 1): 'As Leabhar Ardmacha do sscríobh an brathair bocht Micheál O Cleirigh san mbliadhain 1627 as leabhar Micheail Ui Cleirigh do sgríobh Seán O Cathain san mbliadhain 1722 as leabhar Sheaghain Ui Chathain do scríobh Micheil O Cathasaigh Anno Domini 1798 an reim Gearaltaigh soinn as leabhair Micheil Ui Chathasaigh do scríobh Seaghan O Cleirigh Ano Domini 1825.' ⁴⁰ cxx. Séamus (13 ^ú hIarla, †1558); Caitilín de Buitléir (†1553).
§32	<i>An ceathromadh bean inghean Dhomhnaill Mheig Carrthaigh .i. athair an céad Íarladh do bhí mac, 7 inghean do chlann aige eatorra .i. Seamus na tTínóil d'imigh gan tsliocht ar na crochadh a gCorcaigh. Do posadh an inghean .i. Eilís le hÉadbhard Buitléar, 7 rug sí mac dhó .i. Seamus do thuit le Brían Ríabach Ó Mordha a Laoighis gan sliocht.</i>	cxxi. Eibhlín Nic Cárthaigh ab ainm don cheathrú bhean a bhí aige. cxxii. Séamus na dTionól (†1580); Eilís.
§33	<i>Muiris mac Seadháin mhic Tomáis Dhroichid Atha , do bhí dás mac aige re na mhnaoí phósda, dar bhainm Tomas, 7 Seamus 7 cuigear inghean re Sile ní Maoílríaghain. Tomas do eag gan sliocht.</i>	cxxiii. Seo Muiris Dubh 'an Tóiteáin'. cxxiv. Bhí mac amháin ag Tomás, Tomás Óg (†1581). cxxiv. E: 'Séamas mac Gearóid a mhac, dís mhaic aige .i. Tomás 7 Muiris 7 cúigear ingen, déag Tomás gan sliocht. Ag seo an cúigear inghean .i....' [f. 385]. ⁴¹ cxxvi. Muiris an Tóiteáin (†1564); Tomás (†1567); Séamus (†1579) mac Mhuiris Mhic Gearailt; Síle.

³⁹ 'Gearoid' ar ceal.

⁴⁰ Féach Caibidil 2.3.3.

⁴¹ Féach §34.

§34 [f. 163]	Agus <i>Seamus mac Muiris</i> ag araibh áon <i>mhac amháin</i> do <i>eaug</i> san Spáin, 7 aon <i>inghean</i> .i. <i>Onora inghean Seamuis</i> . Cuigear <i>inghean Muiris Duibh</i> .i. <i>Siubhan pósda</i> ag <i>Donchad mac Meig Carrthaigh Riabhaigh</i> .i. <i>matair Fhinghín</i> , do <i>eaug</i> a Londuin, 7 <i>Diarmuid Máol</i> do <i>marbadh</i> .	cxxvi. Bhí beirt <i>mhac</i> ag <i>Séamus</i> , .i. <i>Gearóid</i> agus <i>Muiris</i> . Cailleadh an bheirt acu sa bhliain 1588. cxxvii. <i>Séamus</i> (†1579); <i>Gearóid/Muiris</i> (†1588); <i>Onora</i> ; <i>Muiris an Tóiteáin</i> (†1564); <i>Siobhán</i> .
§35	<i>Síle</i> ag <i>Ó Súileabhan Mór</i> . <i>Eibhilín</i> ag <i>Diarmuid</i> .i. <i>Tigearna Muscraighe</i> , <i>Eilionóir</i> ag an <i>Roisdeach</i> .i. <i>Muiris</i> .	cxxviii. P: ‘7 <i>Onora</i> ag an <i>Roisteach</i> ’ [f. 151]. cxxix. <i>Síle</i> (iníon <i>Mhuiris</i> , †1564); <i>Eilionóir</i> (iníon <i>Mhuiris</i> , †1564).
§36	Do bhí <i>Dearbhrathair</i> oile ag an <i>nGearoid</i> so do <i>marbadh</i> a <i>nGleann an Ghingce</i> .i. <i>Seadhan mac an Íarla</i> do <i>crochadh</i> a <i>gCorcaigh</i> . Ní raibh do <i>clann</i> aige <i>acht inghean</i> re na <i>mnaoí pósda</i> .i. re <i>hOiléin inghean Taidg Mheic Cormaic Óig</i> . A hainm sin, <i>Eibhilín</i> , <i>posda</i> ag <i>Domnall Óg mac Domnaill mac Domnaill</i> an <i>céad Íarla</i> , an <i>mac</i> sin <i>Dhonnaill Óig</i> , do bhí se <i>pósda</i> re <i>Maire inghean Uí Shuilebháin Mhóir</i> .	cxxx. E: ‘a <i>cCorcaicc</i> . <i>Muiris mac Gearoid</i> , ní raibh do <i>chloinn</i> aige re na <i>mnaoi pósda</i> a[cht] aon <i>inghean</i> .i. <i>Eibhlín</i> do bhí <i>pósda</i> ag <i>Dómhnall</i> an <i>céad Íarla</i> . Tar éis...’ [f. 385]. ⁴² cxxx. <i>Gearóid</i> (14 ^ú <i>hIarla</i> , †1583); <i>Seán</i> (†1582, <i>mac Shéamuis</i> , 13 ^ú <i>hIarla</i> , †1558); <i>Eibhilín</i> .
§37	<i>Tar éis bháis Gearoid mhic Seamuis mhic Seadhain mhic Tomais Dhroichid Atha</i> do <i>bhadur Gearaltaidh</i> gan <i>Iarladh</i> no <i>Tigearna orrtha</i> no aca, go <i>ceand seacht mbliadhna</i> deis <i>Gearoid</i> . Is	cxxxii. C: ‘...do <i>ghabh Seamus mhic Tomáis mhic Seamuis mhic Seadhain mhic Tomáis Droichid Átha ceannus...</i> ’ [f. 145]; P: ‘ <i>Seamus mhic Tomais Ruaidh, mhic Seamuis, mhic Seain, mhi Tomais Dhroithchid Atha...</i> ’ [f. 152]; E: ‘ <i>Seamas mhic Tomáis rémhráite mc Séamais mc Seághain mhic Tomáis Droithid Áithe...</i> ’ [f. 385].

⁴² Féach §37.

<p>ann sin do thoghaibh, no do gabh <i>Seamus mac Tomais Ruaidh mhic</i>⁴³ <i>Seamuis [mhic Seadháin mhic Tomáis]</i>⁴⁴ Dhroichid Atha ceannus, 7 gairm Iarladh ar 7 do chuaigh a seilbh na duithche go hiomlán. Tar thoil an phrionnsa, 7 na banríoghan do mhair fan am sin .i. Iosabeul a hainm. Táinig don eirghe amach sin <i>Sheamuis mac Tomais Ruaidh</i> gur léig, 7 fós gur chuir an bhanríoghain <i>Seamus mac Gearoid</i> (do bhí aice ar cumhdach on aimsir do marbadh a athair roimhe sin) go hEirinn an ainm <i>Iarla Deasmumhan ionnus</i> go ttiucfadh dhe <i>Seamus mac Tomais</i> do chur a neimbrígh, 7 thainig sin leis, 7 níor bhfearr de ceachtar aca é, do chuaigh <i>Seamus mac Gearoid</i> go Saxuibh, 7 fuair bás. Do gabhadh <i>Seamus mac Tomais</i> re a nUaimh na Caorach Glaise a cClainn Ghiobuin, leis an <i>Ridire Fionn</i>, 7 do cuireadh go Saxuibh é, 7 do éug ann. Aois Chríosa an tan sin 1607. Anno.^a Eliz.^a 44.</p>	<p>cxxxiii. E: ‘Tar toil bhainríoghan Elizabeth. Agus táinig don eirghe.’ [f. 385]. cxxxiii. E: ‘Do gabhadh Seamas mhic Tomais a nUaimh na cCat no na Caerach Glaise...’ [f. 385]. cxxxiv. E: ‘gur éag ann. Annsin do thuit Íarluidheacht Deasmhúmghain go huile.’ [f. 385]. cxxxv. ^a Stíl difriúil in úsáid anseo arís.⁴⁵ cxxxvi. Gearóid (14^ú hIarla, †1583); Séamus (Iarla ‘an tSúgáin’, †1607); Séamus (†1601, mac Ghearóid, †1583).</p>
---	---

⁴³ ‘Tomáis’ ar ceal.

⁴⁴ Fágadh seo ar lár in A. Tá sé le fáil i P, E agus C áfach.

⁴⁵ Féach §20 agus nóta lxxxiii; §24 agus nóta xcvi.

Aguisín 3

Canfaidher liom lorg na bhfear

1. Lámhscríbhinní:

#LS	Dáta LS	Scríobhaí LS	ff. / lgh.	File ainmnithe ¹	Véarsaí
<i>Leanfaidher...</i>					
UCD Add. Ir. 14	1649-53	Dubhaltach Mac F.	793-8		62 (<i>DMacF</i>) ²
LNÉ G 144	1767	Muiris Ó Gormáin	143-4	Tadhg mhac Dáire	62 (<i>Cat</i>)
TCD 1345, ii [H.4.2]	18 ^ú	Muiris Ó Gormáin	128-39		63/4
RIA 583 [23 P 1] ³	18 ^ú ?	?	793-8		63 (<i>Cat</i>)
RIA 582 [C vi 2] ⁴	1836	Eoghan Ó Comhraí	452-6		63 (<i>Cat</i>)
RIA 865 [4 A 6] ⁵	19 ^ú	J O'Beirne Crowe	?		63 (<i>Cat</i>)

¹ Áit nach dtugtar ainm an fhile, ní raibh ainm le fáil sa lámhscríbhinn.

² 64 véarsaí atá sa leagan in *ABM*, deighilt dhifriúil idir na véarsaí atá i gceist. Úsáidtear córas uimhrithe *DMacF* thíos.

³ Cóip de Leabhar Mór na nGenealach.

⁴ Cóip de Leabhar Mór na nGenealach.

⁵ Cóip de Leabhar Mór na nGenealach.

<i>Canfaidher...</i>					
RIA 153 [23 M 17]	<i>p.</i> 1714	Seán mac Solaidh?	167-73	Muireadhach Ó Dála	97 (<i>Cat</i>)
LNÉ G 177 ⁶	1724	Riosdaird Tuibear	91-5	Muireadhach Ó Dála	98 (<i>Cat</i>)
RIA 1404 [24 P 41]	ca. 1725	Tadhg Ó Neachtain	(b) 157-64		97 (<i>Cat</i>)
LNÉ G 534	<i>a.</i> 1740	Micheál Ó Longáin	551-8	Muréadhach Ó Dála	97 ½ (<i>Cat</i>)
CF 23 ⁷	ca. 1747	Seán Ó Laochadh	246-50	Muireadhach Ó Dála	95 (<i>Cat</i>)
TCD 1346 [H.4.4]	<i>a.</i> 1752	Hugh O'Daly	113-21	Muirios Ó Dálaigh	97
RIA 710 [23 H 25]	1780idí	?	20r-22v	Muireadhach Ó Dála	398II (<i>Cat</i>)
RIA 781 [23 G 5]	1797-8	Micheál Ó Cathasaigh	115-9	Murchadh Ó Dála	97 (<i>Cat</i>)
Camb. Add. 6557	18 ^ú ?	?	221-7	Muiréadhach Ó Dála	98 (<i>Cat</i>)
RIA 87 [23 E 2]	18 ^ú	?	390m-402i	Murchadh Ó Dála	97 (<i>Cat</i>)
RIA 673 [23 C 23]	18 ^ú	?	13-9	Murchadh Ó Dála	96 (<i>Cat</i>)
LNÉ G 433	18 ^ú -19 ^ú	Donnchadh Ó Floinn	109-17	Muireadhach Ó Dála	98 (<i>Cat</i>)
NUIM M 8	1818	Seán Ó Muláin	372-81	Muireadhach Ó Dála	?
NUIM M 13	1820	Micheál Óg Ó Longáin	288i-299	Muiréadhach Ó Dála	97 (<i>Cat</i>)
LNÉ G 87 ⁸	ca. 1823	Seán Ó Cléirigh	203-9	Muirchadh Ó Dála	97 (<i>Cat</i>)

⁶ Cóip ó RIA 153 [23 M 17]

⁷ Cóip ó RIA 153 [23 M 17]

⁸ Cóip ó RIA 790 [23 D 17 - ginealaigh Uí Chléirigh] go dtí lch 203 agus ó 215 go deireadh na lámhscríbhíne. Cuireadh ábhar breise a bhaineann leis na Gearaltaigh leis an téacs sin ó lch 204-13. Tá an t-ábhar breise le fáil in RIA 12 [23 G 12] freisin.

UCC M 1 ⁹	ca. 1825	Seaghan Ó Cléirigh	191-196	Muirchadh Ó Dálaigh	97 (<i>Cat</i>)
RIA 596 [24 C 5]	1886	Eamonn Ó Maghthamhna	543m-559	Murchadh Ó Dála	96 (<i>Cat</i>)
CF 9	19 ^ú	Eadhmon Ó Mathghamhna	307-15	Murchadh Ó Dála	95 (<i>Cat</i>)
NUIM C 63 ¹⁰	19 ^ú	Eoghan Ó Comhraí	[f.] 138-61	Muireadach O'Daly	115 (118 O'C) ¹¹
RIA 12 [23 G 12]	19 ^ú	Seán Ó Cléirigh	191-202	Muirchadh/Muireadhach	97 <i>Cat</i>

2. Eagrán agus Aistriúchán:

a. *Leanfaidher*

i. Eagrán agus Aistriúchán:

1. *DMacF*, §§793-8

ii. Eagrán:

1. [Ó UCD Add. Ir. 14 - Leabhar Mór na nGenealach]: *ABM*, #296 (401-4).

b. *Canfaidher*

i. Gan Eagrán

ii. Aistriúchán:

1. Ó Comhraí, NUIM C 63, ff. 138-61 [lgh. 283-306]

⁹ Cóip ó RIA 781 [23 G 5].

¹⁰ Aistriúchán Béarla Uí Chomhraí.

¹¹ Téann uimhriú Uí Chomhraí díreach ó véarsa 49 go véarsa 53. Ní dócha go bhfuil leathanach ar lár toisc go leanann an dán féin díreach ar aghaidh.

3. Comparáid: *Leanfaidher... ó DMacF, Canfaidher... ó RIA 153 [23 M 17], agus NUIM C 63*

<i>DMacF, §§793-8</i>	<i>RIA 153 [23 M 17], ff. 167-74</i>	<i>Ó Comhraí, NUIM C 63, ff. 137-61</i>
<p>(1) Leanfuidhear liom lorg na bhfear, Clann Gheairilt na ngníomh ngaisgidh, ó thangadar in Éirinn uill go rangadar Cés Choruinn.</p> <p>(2) Do chum Torna gan chláon ccam dúain tsheanchuis na ríogh romham; dúain a ndíagh dhúaine Thorna bíaidh uainne go hughdardha.</p> <p>(3) Atáid re tremsi fhada do nós Lughaidh Lamhfhada ag glec fá íath Emhir Fhinn, míán gach énfhir don fhoirinn.</p>	<p>[167] Muireadhach Ó Dála <i>cecinit</i>.</p> <p>(1) Canfuidhear liom lorg na bhfear clann Gearailt na ngníomh nglanmhear ó thangadur a nEirinn uill go rangadur Cés Choruinn</p> <p>(2) Do chom Tórna gan chláon gcam dúain tseanchuis na ríogh rómhain dúain a ndíagh dhúaine Thórna bíaidh úainne go húghdardha</p> <p>[168] (3) Atáid ré tréimsi fháda dós lughad lamhfhada ag glec fá íath Eibhir Fhinn Míán gach énfhir don fhuirinn</p>	<p>[138] Muireadach O'Daly <i>cecinit</i>. 1601 –</p> <p>(1) I shall follow the course of the Men – The Clan Gearald of brilliant deeds From their coming into noble Erinn Until they reach to Ceis Corainn</p> <p>(2) Torna composed without bias or partiality An historical poem on the Kings, before me, A poem after the poem of Torna Shall they have from us authoritively.</p> <p>(3) A long, long time have they been After the manner of Lugaid Long-hand Waging proud war for Heber Finn's land Of every man of them that was the ambition</p>

<p>(4) Dá n-áirmhinn íad ré tremsi an táin laoch so luaighimsi, ar Ghort Cuinn as cobhsaigh crúaidh, puinn ní faghthar dá n-anbhúain.</p>	<p>(4) Dá <i>nairmhín feadh</i> a ttréimse an táin laochso lúaidhímse <i>ar ghort Chuinn is Chobthadh crúaidh</i> puinn ní <i>fhághthar</i> da nanbhúain</p>	<p>[137] (4) Their early history had I unfold This band of heroes of whom I write In the land of Conn and of Coffy the brave No power was found to disturb their sway [137]</p>
<p>(5a) Sáorshliocht Gearailt go líon lann</p>	<p>(5) Sáorshliocht <i>Ghearailt</i> dó líon lann is riú do <i>cheangbhus</i> cumann níor <i>chrúaidh</i> na <i>gealchroinn</i> ní <i>neamhchruinn</i> uaim a <i>náiríomh</i></p>	<p>[138] (5) The Geraldine race of sabres bright With whom I am by love combined [139] The noblest trees of the towering forest, It well becomes me them to celebrate.</p>
<p>(5a) tangadar, trén an tarraing, (5b) gan taom time ina t(t)raigh. i ccúan caomh Cille Manntáin.</p>		<p>(6) Lions proud with lances countless- They came – noble the expedition The host without fear or backward thinking To the beautiful harbour of Kill Manntan</p>
<p>(6) Aoís Mec Dé go dearbh am’ chairt an tan táinic mac Gearailt seacht mbliadhna seasgad is céad, is míle nocha moirbhreg.</p>	<p>(6) Aois <i>mhic Dé</i> ga <i>dearbh</i> im <i>chairt</i> an <i>tan tháinig</i> mac Gearailt <i>seacht mbliadhna seasgad</i> is <i>céad</i> Is <i>míle nocha mórbhréag</i></p>	<p>(7) Of the son of God, the age in my book It the time when the sons of Gerald came Was seven years seventy and an hundred And one thousand I truly state.</p>

<p>(7) Cosnaid annsin leath ar leath iath Laighean na learg siobhlach is iath Mídhe na múr nglan; a ndlíge ar ccúl níor cuireadh.</p> <p>(8) Do cosnadh leó a los na lann Loch Garman is críoch Chúalann, táin tríath nár tubhadh a mbladh, go hiath nUladh níor hanadh.</p> <p>(9) A mbreatha ann níorbh' usa, thall in ionadh Fhearghusa, go ndearnadh leó dún daingean, a ngleó súd níor sáraigheadh.</p> <p>(10) Go hEas Rúaidh tar Erne anall tangadar fá réim ro-mhall na fir fá garg gluinn goile 's nárbh' ard suim i sadhaile.</p>	<p>(7) Cosnaid <i>ann sin leath ar leath</i> <i>iath Laighean na learg bhfuighleach</i> is <i>íath Mhídhe</i> na múr ngeal a ndlíge <i>ar gcúl níor cuireadh</i></p> <p>(8) Do <i>cosnadh</i> leó a lós lann <i>Loch Garmann</i> is <i>Críoch Chúalann</i> an táin <i>thríath nar tubhadh abhladh</i> go <i>híath Uladh</i> níor hanadh</p> <p>(9) A <i>mbreatha ann níor bhusa</i> <i>thall a bhfionmáigh Fhearghusa</i> go <i>ndearnadh</i> leó dún daingean a ngleó súd níor <i>saruigheadh</i></p> <p>(10) Go h<i>Easrúaidh tar</i> Eirne anall <i>thangadur</i> fa réim romhall fir fa <i>garg gluin goile</i> 's <i>nar bhard</i> suim a sadhaile</p>	<p>(8) Then they battled hand to hand For the lands of Leinster of happy plains And of Meath of the White mansions- Till their power no force was found to repel.</p> <p>(9) They then won by their trusty swords Loch Garman and the land of Cualann The band of Chiefs of invincible force No resting sought till the[y] reached to Ulster</p> <p>(10) Their [sic] life there was no life of ease Within the land of Fergus Mac Roigh [140] Unchecked however, their force remained Till they had raised a strong-built Fort</p> <p>(11) To Easroe – over the Erne hither The[y] came in their steady career Men of valour fierce in battle And who gave to ease nor time nor thought</p>
---	---	---

<p>(11) Go Sligeach na sreabh sídhe tangadar na tréinmhíle; do rónsat ann obair chloch, thall níorbh' obair gan úalach.</p>	<p>(11) Go Sligeach na sreabh sídhe <i>Thángadur</i> na tréinmhíle do ronnsad a nobair <i>chloch</i> <i>thall mór obair gan ualach</i></p>	<p>(12) To Sligo of the rushing torrents Next came the brave warriors And there they raised a fabric of stone, - No dangerless work we can assert.</p>
<p>(12) Ro hanadh leo, fá mén gan mheath, ó Chorann síos go Sligeach ag déanam gach daingin dóibh, an mhainnear thrénfhear thromshloigh.</p>	<p>(12) Ró hadhnadh leó méin <i>gan mheith</i> on <i>Choruinn</i> síos go Sligioch ag <i>deanamh gach daingean</i> ann an maindear <i>seimhfhear sáorchlann</i></p>	<p>(13) Then did they impale with active haste All from the Corann down to Sligo By lines of forts and fastness strong – A manor for the brave and noble Clan.</p>
<p>(13) Sligeach, Baile an Mhóta mhóir, Teach na Teampla, ní héuccóir, Ard na Ríadh, an dún daingean, clíar san múr níor mothuígheadh.</p>	<p>(13) Sligioch, Baile an Mhóta mhóir <i>Teach an Teampladh</i> ní héagcóir <i>Árd na Ríadh</i> an dún daingean <i>Clíar sa múr níor mothuígheadh</i></p>	<p>(14) Sligo, and the great Ballimote Teach-na-Teampla – no injustice Ard-na-Riagh the strong-built fort Company in that place was not perceived</p>
<p>(14) Cill Eala na mínmagh nglan, Caislén an Eich go humhal, Caislén Mec Muiris na mBrídh, cuiris leic ar leith esídh.</p>	<p>(14) Ceall Ala na mínmhagh nglan Caisleán an Eich go húasal Caisleán <i>mheic Mhuiris</i> na mBrígh <i>Cuirios leic ar le heisígh</i></p>	<p>(15) Killala of the green smooth plains Caislen-an-Eich, without ostentation [141] The Castle of that Maurice of Brees Was fully slated in the midst of Conflicts</p>

<p>(15) Trí glúine dhíobh dáidh a ndíaigh i gcrích Chonnacht gan aoncháigh go gabháil an Iarla Rúaidh, dháibh fá anáir gan anbhúain.</p>	<p>(15) Trí glúine dhíobh dáigh a ndíaigh a gcrích <i>Connacht gan éin cíach</i> go gabhail an <i>Íarladh Rúaidh</i> <i>dháibh níor bhanair gan anbhúain</i></p>	<p>(16) Three generations in right succession Of them in Connaght bore cheerful sway Till the Conquest of the Red Earl, - They enjoyed not their honour without contention</p>
<p>(16a) Anmanna na nglún go glan atá linne 'nar leabhar,</p>	<p>(16) <i>Anmonna</i> na nglún go glan <i>atáid linne nar leabhair</i> <i>Muiris mac Gearailt glór ait</i> <i>mac Muiris mhóir mac Gearailt</i></p>	<p>(17) The names of these reproachless generations We have fairly let down in our book, Maurice FitzGerald of sweetest voice FitzMaurice the great, FitzGerald.</p>
	<p>(17) <i>Íar ndeanamh gach oibre ann</i> <i>do Mhuiris do fhlaith fionnghall</i> <i>do ghabh an tÍarladh Rúadh rod</i> <i>ríaghladh nach dúal do dhearmód</i></p>	<p>(18) After all the great operations Of Maurice FitzGerald, Lord of the Normans The Red Earl Conquered the land He was a Ruler not to be forgotten.</p>
